Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

# Tuarascáil ar

# Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022

Meán Fómhair 2023

© Cóipcheart Rialtas na hÉireann

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2022

Ceanglaíonn Airteagal 33 (4) de Bhunreacht na hÉireann orm tuarascálacha a chur os comhair Dháil Éireann ar thrátha áirithe mar a chinnfear le dlí. Tugann Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an bunús príomha do thuairisciú den chineál sin.

### *Forálacha reachtúla tuairiscithe*

Ceanglaíonn Alt 3 (10) d'Acht 1993 orm tuarascáil scríofa a ullmhú a chuireann san áireamh

- aon chúrsa a gceapaim go bhfuil sé iomchuí le tuairisciú a thagann ó m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa arna n-ullmhú ag na hOifigigh Cuntasaíochta de ranna agus oifigí rialtais i ndáil leis na leithreasuithe ar vótáil Dáil Éireann ina leith don bhliain airgeadais roimhe sin
- aon chúrsa a gceapaim go bhfuil sé iomchuí le tuairisciú a thagann ó m'imscrúduithe ar na rialuithe inmheánacha cuntasaíochta arna n-oibriú ag ranna agus oifigí rialtais (sa bhliain airgeadais reatha nó roimhe sin) chun rialtacht a n-idirbheart, cruinneas a n-íocaíochtaí agus a bhfáltas, iontaofacht agus iomláine a dtaifid cuntasaíochta agus cumhdach na sócmhainní atá ina seilbh agus faoina smacht a chinntiú
- torthaí m'imscrúduithe ar chuntais ioncam an Stáit a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim agus ar na cuntais de dhaoine eile a fhaigheann airgead atá iníoctha de réir dlí don Státchiste — áirítear leis na himscrúduithe seo mheasúnú maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na cuntais iomlán agus cruinn, agus ar bunaíodh nó nár bunaíodh córais, nósanna imeachta agus cleachtais atá leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh ceart na n-ioncam a urrú.

Ceanglaíonn reachtanna eile orm tuarascálacha a ullmhú agus a chur i láthair do Dháil Éireann maidir le cúrsaí áirithe sainithe in éineacht le mo thuarascáil a luaitear in alt 3 (10).

Ar leithligh, forálann alt 11 d'Acht 1993 dom chun tuarascálacha áirithe sainithe a ullmhú.

## *Cur i láthair na tuarascála seo*

Is í seo mo thuarascáil faoi Alt 3 (10) d'Acht 1993 a bhaineann le bliain airgeadais 2022. Leagtar amach an tuarascáil i gceithre chuid, a dhéileálann leis na cúrsaí a leanas

- Ciste Láir an Státchiste
- caiteachas vótáilte in 2022
- imscrúduithe ar fháltais an Stáit
- tuarascálacha ar chúrsaí eile lena n-áirítear tuarascálacha reachtúla ar na hiniúchtaí ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus cuntais Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann.

Ullmhaíodh an tuarascáil bunaithe ar fhaisnéis ó iniúchtaí, nuair a bhí sí ar fáil, agus faisnéis, cáipéisíocht agus mínithe a fuarthas ó na ranna agus oifigí ábhartha rialtais. Seoladh dréachtaí de mhíreanna ábhartha den tuarascáil chuig na ranna agus oifigí bainteacha agus iarradh orthu a dtráchtanna a thabhairt. Nuair ba chuí, corpraíodh na tráchtanna seo isteach i leagan deiridh na tuarascála.

Baineann an tuarascáil le cuntasacht na seirbhísí poiblí i ndáil lena riar ar chistí poiblí. Ní chóir tagairtí do thríú páirtithe a léamh ach amháin sa chomhthéacs sin.

Cuirim leis seo mo thuarascáil i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2022 i láthair do Dháil Éireann de réir Alt 3 (11) d'Acht 1993.

## *Cur i láthair na gcuntas leithreasa 2022*

Ceanglaíonn Alt 3 (11) d'Acht 1993 orm na cuntais leithreasa do na Vótaí éagsúla a chur i láthair do Dháil Éireann, in éineacht leis an tuarascáil a ullmhaíodh faoi alt 3 (10).

Dheimhnigh mé gach cuntas leithreasa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus cuirim na cuntais sin, in éineacht le mo dheimhnithe iniúchta, i láthair do Dháil Éireann.



**Seamus Mac Cárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

29 Meán Fómhair 2023

# Clár Ábhar


**Rialtas Ábhar**

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Toradh airgeadais an Státchiste don bhliain 2022 | 11 |
| 2 | Idirbhearta AE na hÉireann a thuairisciú | 27 |
| 3 | Maoiniú d'údaráis áitiúla ón rialtas lair | 45 |
| 4 | Cuntasacht as maoiniú lárnach na n-údarás áitiúil | 59 |

**Caiteachas vótáilte**

| | | |
|---|---|---|
| 5 | Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid | 71 |
| 6 | Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais: dul chun cinn ar chur chun feidhme | 91 |
| 7 | An tseirbhís pasanna a athrú ó bhonn | 111 |
| 8 | Feidhmíocht scéimeanna áirithe iarfheistithe áiteanna cónaithe | 129 |
| 9 | Cibearshlándáil san earnáil phoiblí a mheasúnú | 153 |
| 10 | Bainistíocht eastáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 165 |
| 11 | Láithreáin na Scéime Comhiomlánaithe Talún a Úsáid | 177 |
| 12 | Bainistíocht stoic in Óglaigh na hÉireann | 193 |
| 13 | Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh | 213 |
| 14 | Íocaíochtaí ex-gratia le bainisteoirí brainse leasa shóisialaigh | 227 |
| 15 | Ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a ardú | 235 |
| 16 | Ró-íocaíochtaí leasa a aisghabháil | 257 |
| 17 | Athbhreithniú achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh | 281 |
| 18 | Maoiniú agus tuairisciú airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 293 |
| 19 | An Ciste Náisiúnta Oiliúna | 301 |

**Ioncaim an Stáit**

| | | |
|---|---|---|
| 20 | Measúnacht a dhéanamh ar Cháin Mhaoine Áitiúil agus í a bhailiú | 321 |
| 21 | Scéim Stórasaithe Fiachais Cánach na gCoimisinéirí Ioncaim | 347 |
| 22 | Caillteanais cánach corparáide | 361 |

**Nithe eile**

| | | |
|---|---|---|
| 23 | Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 377 |
| 24 | Feidhmíocht chiste eascró Apple na hÉireann | 395 |
| 25 | Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann | 399 |

# Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022

# Rialtas láir

# 1 Toradh airgeadais an Státchiste don bhliain 2022

## Achoimre fhioscach

1.1 Íoctar ioncam uile an Stáit isteach i bPríomh-Chiste an Státchiste mura gcinntear a mhalairt de réir dlí.[1] Is chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú go príomha agus chun fiachas an Stáit a sheirbhísiú a úsáidtear eisiúintí ón bPríomh-Chiste.

1.2 Léiríonn na Cuntais Airgeadais bhliantúla na fáltais isteach sa Phríomh-Chiste agus na heisiúintí uaidh, in éineacht leis na mionsonraí maidir le hiasachtaíocht ar thug Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) fúithi thar ceann an Stáit.[2]

1.3 Bhí barrachas an Státchiste beagán faoi bhun **€5 billiún** in 2022. Léirigh sé sin feabhas suntasach ar iarmhéid an Státchiste ón easnamh €7.4 billiún a tuairiscíodh in 2021 (féach Fíor 1.1). Ba iad na harduithe ar ioncam cánach in 2022 agus an laghdú ar chaiteachas a bhain le paindéim Covid-19 ba chúis leis an bhfeabhas de bheagnach €12.4 billiún.

**Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste, agus iarmhéideanna an Státchiste agus an rialtais ghinearálta, 2007 go 2022[a]**




Foinse: Cuntais Airgeadais, 2007 go 2022 (iarmhéid an Státchiste). An Phríomh-Oifig Staidrimh: Cuntais Airgeadais, Aibreán 2023 (iarmhéid an rialtais ghinearálta).

Nóta: a Áirítear le fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste seirbhísiú ar an bhfiachas náisiúnta ach ní áirítear leo iasachtaíocht ar thug GBCN fúithi thar ceann an Stáit agus aisíoc an fhiachais náisiúnta. Féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.1 le haghaidh anailís ar fháltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste le haghaidh 2017 go 2022.

1 Áirítear le hioncam an Stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Phríomh-Chiste, mar shampla, fáltais Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC) a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

2 Is ionann na hidirbhearta a thaifeadtar sna Cuntais Airgeadais agus thart ar 80% d'ioncam agus caiteachas iomlán an rialtais ghinearálta.

**1.4** Nuair a fhaightear léargas níos iomláine ar fheidhmíocht fhioscach an Stáit in 2022, is léir go raibh barrachas ginearálta rialtais de thart ar **€8.1 billiún** ann. Is feabhas é sin de thart ar €14.9 billiún (nó 219%) ar an easnamh ginearálta rialtais de €6.8 billiún in 2021.[1]

## Fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste

**1.5** B'ionann fáltais an Phríomh-Chiste in 2022 agus **€90.8 billiún**. B'ionann cánacha agus 92% de na fáltais (féach Fíor 1.2).[2] B'ionann iomlán na n-eisiúintí in 2022 agus **€85.8 billiún**, a chuimsigh eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte (85%), seirbhísiú an fhiachais náisiúnta (5%), ranníocaíochtaí chuig AE (4%) agus caiteachas neamhvótáilte eile (6%).

**Fíor 1.2 Fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste in 2022**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2022. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

## Fáltais Státchiste

**1.6** Tháinig méadú thart ar €8.5 billiún ar fháltais iomlána an Phríomh-Chiste in 2022. Rinneadh méadú €14.7 billiún ar fháltais chánach a fhritháireamh go páirteach ag laghdú thart ar €6.9 billiún ar fháltais iasachta Státchiste le linn 2022.

### *Fáltais chánach*

**1.7** B'ionann fáltais chánach in 2022 agus €83.1 billiún, an toradh cánach ba mhó a bhailigh an Stát riamh. Chuir méaduithe suntasacha ar cháin ioncaim (15%), ar cháin chorparáide (48%) agus ar CBL (20%) leis an toradh ollmhór sin (féach Fíor 1.3).

1 Is tomhas níos leithne ná iarmhéid an Státchiste é iarmhéid an rialtais ghinearálta. Tomhaiseann sé feidhmíocht fhioscach na hearnála rialtais ghinearálta, agus tá sé ina thagarmharc caighdeánach a úsáidtear chun críocha comparáide ar fud an Aontais Eorpaigh. Ullmhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh staidreamh bliantúil agus ráithiúil maidir le hairgeadas an rialtais ghinearálta. Féach Iarscríbhinn 1A le haghaidh achoimre ar an staidreamh sin.

2 Leagtar amach anailís ar fháltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste (gan iasachtaíocht GBCN a áireamh) le haghaidh na mblianta idir 2017 agus 2022 in Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.1.

**Fíor 1.3 Fáltais ioncaim chánach agus ÁSPC, 2011 go 2022**




***Athrú bliain i ndiaidh bliana de réir an chineáil fáltais***




Foinse: Cuntais Airgeadais. Cuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh.

Nóta: a Íoctar fáltais ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

1.8 Ba iad fáltais ó cháin chorparáide an dara sruth ioncaim ba mhó sa Stát in 2022, agus iad níos mó ná fáltais CBL den chéad uair riamh. B'ionann cáin chorparáide agus 27% d'fháltais iomlána chánach an Státchiste, agus b'ionann fáltais CBL agus 22%.

## Eisiúintí an Phríomh-Chiste

1.9 Tháinig laghdú ar eisiúintí ón bPríomh-Chiste in 2022 go €85.8 billiún — síos €3.8 billiún nó 4% ar an mbliain roimhe sin (€89.6 billiún) (féach Fíor 1.4).

**Fíor 1.4 Eisiúintí iomlána an Státchiste, 2012 go 2022**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2012 go 2022

### *Eisiúintí vótáilte*

**1.10** Tháinig méadú €1.26 billiún (2%) ar mhíreanna caiteachais Vótáilte go €72.8 billiún agus léirigh siad leithdháileadh maoinithe chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna costais maireachtála agus tacaíocht do dhídeanaithe ón Úcráin. Tháinig nach mór 50% den chaiteachas vótáilte ó dhá roinn — an Roinn Sláinte agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (féach Fíor 1.5).

**Fíor 1.5 Eisiúintí le haghaidh caiteachas Vótáilte roinne, 2021 agus 2022**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2022

Nóta: a Áirítear leis seo an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ar tugadh €2.9 billiún in 2021 agus €3.2 billiún in 2022 di.

### *Íocaíocht faoisimh fiachais*

**1.11** I mí Eanáir 2020 agus i mí na Bealtaine 2021, thoiligh an tAire Airgeadais sciar na hÉireann d'acmhainní i gcuntais bhainistithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) a aistriú chuig Cuntais Riartha CAI don tSomáil agus don tSúdáin, chun críche riaráistí atá dlite don Chiste ag an dá thír a ghlanadh ó tá fiacha troma orthu agus iad bocht. Bhronn Éire thart ar €8.36 milliún san iomlán. Bhí thart ar €6.5 milliún den tsuim sin inchurtha i leith Bhanc Ceannais na hÉireann (CBI), agus an t-iarmhéid inchurtha i leith an Státchiste.

**1.12** I mí Aibreáin 2022, chinn an Banc Ceannais Eorpach (BCE) go raibh úsáid acmhainní an Bhainc Ceannais chun faoiseamh fiachais CAI a sholáthar ag teacht salach ar Airteagal 123(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta, agus go raibh bearta ceartaitheacha riachtanach. I bhfianaise chinneadh BCE, ceanglaíodh ar an Státchiste aisíocaíocht a dhéanamh leis an mBanc Ceannais. Mar thoradh air sin, rinneadh íocaíocht aonuaire de thart ar €6.5 milliún leis an mBanc Ceannais i mí na Nollag 2022.[1,2,3]

1 Is féidir *Tuarascáil Bhliantúil* an Bhainc Ceannais le haghaidh 2022 mar aon lena *Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta* don tréimhse 2022–2023 a fháil anseo.

2 Is féidir tuarascáil bhliantúil an Bhainc Ceannais Eorpaigh le haghaidh 2022 a fháil anseo.

3 Soláthraítear leis an Acht um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 2022, bunús dlí don íocaíocht.

### *Muirir úis ar iarmhéideanna cistí poiblí*

**1.13** Úsáidtear an cuntas Barrachas Airgid Caiteachais Phoiblí (BACP) chun airgead barrachais a choinneáil, ar bhonn sealadach, i gcuntais agus i gcistí ar fud an chórais caiteachais phoiblí. Tá an cuntas á shealbhú sa Bhanc Ceannais.

1.14 In 2022, fuarthas suimeanna arbh fhiú €28.2 billiún iad san iomlán (2021: €20.6 billiún) sa chuntas BACP agus íocadh iomlán a bhí comhionann a bheag nó a mhór leo as an gcuntas. Ba é €2.1 billiún an méid a bhí i gcuntas BACP ag deireadh na bliana.

1.15 Gearradh ús diúltach ar chuntais an Bhainc Ceannais idir 2014 agus Meán Fómhair 2022 (nuair a d’fhill sé ar rátaí dearfacha). Tháinig méadú suntasach arís ar tháillí diúltacha úis a bhaineann leis an gcuntas BACP in 2022 (féach Fíor 1.6). Gearrtar táillí den sórt sin a eascraíonn as an gcuntas BACP ar an Vóta Airgeadais.

**Fíor 1.6 Táillí úis dhiúltaigh ar an gcuntas BACP, 2018 go 2022**




Foinse: Cuntas Barrachas Airgid Caiteachais Phoiblí (BACP)

## Sócmhainní Státchiste

### *Iarmhéid airgid thirim an Phríomh-Chiste*

1.16 B'ionann luach an airgid thirim a bhí i seilbh an Státchiste agus €23.3 billiún ag deireadh 2022 (féach Fíor 1.7). Léiríonn an laghdú de bhreis €4 billiún (15%) bliain ar bhliain tionchar na n-aisíocaíochtaí glanfhiachais de €7.8 billiún, méadú €1.4 billiún ar shócmhainní airgeadais eile agus an barrachas Státchiste de bheagnach €5 billiún. Féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.2.

**Fíor 1.7 Iarmhéid airgid thirim an Phríomh-Chiste, 2009 go 2022**




Foinse: Cuntais Airgeadais, 2009 go 2022

### *Iasachtú an Státchiste*

**1.17** Ag an 31 Nollaig 2022, bhí €3 billiún (2021: €1.7 billiún) de nótaí ráthaithe ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe ar áireamh i sócmhainní airgeadais an Státchiste, €25 mhilliún de bhillí Státchiste agus €10 milliún de nótaí ráthaithe Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSC).

**1.18** Mura gcuirtear an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe ar áireamh, tháinig laghdú (thart ar €312 mhilliún) ar bhillí Státchiste agus nótaí ráthaithe CBSÉ, glaniasachtaí agus airleacain a soláthraíodh ón bPríomh-Chiste in 2022, agus díreach faoi bhun €1.8 billiún gan íoc ag deireadh na bliana (féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.3).

**1.19** Le linn 2022, tugadh €2.4 billiún ar aghaidh chuig an gCiste Árachais Shóisialaigh chun críocha sreafa airgid. Níor fabhraíodh aon ús ar an iasacht agus aisíocadh í ina hiomláine roimh dheireadh na bliana.

**1.20** D'eisigh an Príomh-Chiste €112 mhilliún san iomlán in 2022 chuig Uisce Éireann (Irish Water roimhe seo) faoi chomhaontú iasachta a rinneadh leis an Aire Airgeadais i mí an Mheithimh 2020. Cuirfear os cionn €1 billiún ar fáil d'Uisce Éireann faoin gcomhaontú chun fiachas tráchtála neamhthí atá ann cheana a aisíoc agus chun a riachtanais maidir le hiasachtaí uisce neamhthí a mhaoiniú amach anseo. B'ionann an tsuim iomlán a tarraingíodh anuas ag deireadh 2022 agus €614 mhilliún (féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.3).

### *Scairsheilbh i gcuideachtaí Éireannacha*

**1.21** Nochtar scairshealbha i 23 cinn de chuideachtaí Stáit agus phríobháideacha sna Cuntais Airgeadais.[1,2] Taifeadtar leas an Stáit sna cuideachtaí sin ag costas stairiúil, agus b'ionann é agus €7.96 billiún an 31 Nollaig 2022.

**1.22** Is ionann na scairshealbha ar chostas i gCorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc Teoranta (IBRC), in Permanent TSB Group, in CGA Coillte, in Uisce Éireann agus in Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus díreach os cionn 95% (de réir luacha) de na scairshealbha iomlána mar a nochtadh iad i gCuntas Airgeadais 2022.

**Fíor 1.8 Gluaiseacht i nglanluach sócmhainní an scairchaipitil i leith costas stairiúil, ag deireadh 2022**




Foinse: An Roinn Airgeadais, Cuntais Airgeadais 2022

1 Féach ráiteas 1.8(A) de na Cuntais Airgeadais, 2022, is féidir a rochtain anseo.

2 Tá sé luaite ag an Roinn Airgeadais nach ráitis chuimsitheacha airgeadais don Stát, dá shócmhainní agus dá dhliteanais iad na Cuntais Airgeadais agus go bhfuil leas ag an Stát i níos mó eintiteas ná na heintitis sin a leagtar amach sna Cuntais Airgeadais.

**1.23** I mí na Nollag 2022, cheannaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 4.9 milliún scair i gCuideachta Graí Náisiúnta na hÉireann ar chostas €6.2 milliún.

**1.24** Go dtí deireadh 2013, nochtaí mionsonraí freisin sna Cuntais Airgeadais ar ghlanluach sócmhainní (NAV) na scaireanna.[1] Léirítear i bhFíor 1.8 an difríocht idir glanluach sócmhainní agus an costas cothromais stairiúil le haghaidh na n-ocht gcuideachta a raibh an ghluaiseacht ab airde acu. Ba é €11.74 billiún NAV iomlán na n-ocht gcuideachta sin amhail an 31 Nollaig 2022 agus ba é €7.67 billiún an costas stairiúil, difríocht de bheagnach €4.1 billiún. Mar sin féin, tá meath suntasach tagtha ar chaillteanais oibriúcháin a thabhaigh IBRC agus Permanent TSB ar luach scairshealbha an Stáit sna cuideachtaí (- €3.6 billiún agus - €895 mhilliún, faoi seach) agus bhí méadú suntasach ar infheistíocht an Stáit in Uisce Éireann (€4.4 billiún).

### *Cuntas Airgid Ilearraí*

**1.25** Is cuntas sealadach coinneála é an Cuntas Airgid Ilearraí a thaifeadann idirbhearta agus iarmhéideanna a fhaightear isteach i bPríomh-Chiste an Státchiste de ghnáth, ach a choinnítear siar go dtí go bhfaightear treoracha cuí leordhóthanacha don diúscairt deiridh. Is í an Roinn Airgeadais a bhainistíonn an cuntas agus, ag tosú in 2022, tugtar cuntas air in aguisín a ghabhann leis na Cuntais Airgeadais. Ó thaobh riaracháin de, is é an cuspóir ná an t-am a shealbhaítear cistí sa chuntas a íoslaghdú, lena chinntiú go bhfaightear iad isteach sa Phríomh-Chiste go pras.

**1.26** B'fhiú díreach os cionn €548 milliún iomlán na bhfáltas isteach sa Chuntas Airgid Ilearraí (SMA) in 2022 agus b'fhiú agus €508 milliún na haistrithe amach chuig an bPríomh-Chiste. Ba é €195 mhilliún an t-iarmhéid a bhí sa chuntas ag deireadh 2022 agus fuarthas níos mó ná leath an mhéid sin sa 30 lá roimhe sin (féach Fíor 1.9). Ba é €156 mhilliún an t-iarmhéid ag deireadh 2021.

**1.27** Ina dhiaidh sin, aistríodh formhór mór na bhfáltas chuig an SMA in 2022 amach as an gcuntas laistigh de cheithre mhí ón am a fuarthas iad. San áireamh san iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022 tá €2.9 milliún d'fháltais a coinníodh ar feadh tréimhsí níos faide ná 12 mhí. D'fhan roinnt méideanna níos lú san SMA ar feadh tréimhsí fada. Coinníodh dhá fháltas arbh fhiú €80,000 iad san iomlán sa chuntas le breis agus trí bliana.

**Fíor 1.9 Iarmhéideanna deireadh bliana an Chuntais Airgid Ilearraí, 2011 go 2022**




Foinse: An Cuntas Airgid Ilearraí, 2011 go 2022

1 Is ionann an glanluach sócmhainní, nó NAV, agus luach sócmhainní atá ag cuideachta lúide a dliteanais.

## Dliteanais an Státchiste

### *Fiachas náisiúnta*

**1.28** Tháinig laghdú 2.5% (beagnach €6 billiún) ar fhiachas náisiúnta na hÉireann in 2022 go €231.2 billiún ag deireadh na bliana (féach Fíor 1.10).[1]

**1.29** Iasachtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha ba ea thart ar 84% (€195.3 billiún) den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2022. Chuimsigh sé sin go príomha bannaí rialtais (ráta seasta, ráta comhlúthach, amúchadh agus bannaí atá nasctha le boilsciú), iasachtaí chláir AE (an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach agus an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais) agus an ionstraim Eorpach um thacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE).

**1.30** B'ionann an fiachas a tháinig as na scéimeanna éagsúla coigiltis Stáit agus €20 billiún, nó 9% den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2022.

**Fíor 1.10 Fiachas náisiúnta ag luachanna ainmniúla infhuascailte, ó dheireadh 2011 go deireadh 2022**




***Comhdhéanamh an fhiachais náisiúnta ag deireadh 2022[a]***




Foinse: Ráitis Airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann, 2022, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

1 Sainmhínítear 'fiachas náisiúnta' in alt 1 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, mar fhiachas an Státchiste atá neamhíoctha de thuras na huaire.

**1.31** B’ionann fiachas gearrthéarmach agus €15.9 billiún den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2022. Chuimsigh sé sin 'páipéar gearrthéarmach' dar luach €9.9 billiún; iasachtaí €3.9 billiún ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist; agus €2.1 billiún de chistí barrachais an Phámháistir Ghinearálta.[1,2]

**1.32** Tá an €9.9 billiún de pháipéar gearrthéarmach comhdhéanta de nótaí Státchiste agus nótaí an chisteáin lárnaigh. Bhí timpeall €8.4 billiún de na nótaí sin i seilbh comhlachtaí earnála poiblí, lena n-áirítear sealúchais shuntasacha ag an gCúlchiste Náisiúnta Barrachais (€2 billiún), ag an gCiste Árachais Shóisialaigh (€1.8 billiún) agus ag an gCiste Náisiúnta Oiliúna (€1.4 billiún). Bhí €1.4 billiún eile ina seilbh ag údaráis áitiúla.

**1.33** B'ionann eisiúint bannaí fadtéarmacha GBCN in 2022 agus €7.1 billiún (2021: €19.3 billiún).[3] Eisíodh bannaí ag meánaibíocht ualaithe de bheagnach 15 bliana agus meántoradh ualaithe 1.1% acu. Áiríodh san fhiachas eisiúint bannaí a raibh aibíocht idir deich mbliana agus 28 mbliana acu (féach Fíor 1.11). Bhí eisiúint banna shindeacáite nua amháin ann (banna 10 mbliana) trínar tiomsaíodh €3.5 billiún.[4]

**1.34** Chomh maith leis sin, thiomsaigh GBCN €0.2 billiún breise (2021: €1 billiún) i bhfiachas fadtéarmach eile faoina *chlár Nótaí Meántéarmacha Euro*. Bhí dhá láithriú phríobháideacha ar ráta seasta ann a raibh aibíochtaí fada idir 60 agus 100 bliain acu mar aon le meántoradh díreach os cionn 2%.[5]

**Fíor 1.11 Eisiúintí bannaí rialtais GBCN, 2022[a]**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Cuimsítear leis seo ceantanna neamhiomaíocha.

### *Banna Glas Ceannasach na hÉireann*

**1.35** Áirítear in iarmhéid bannaí rialtais ag deireadh 2022 €6.9 billiún (2021: €6.9 billiún) de bhannaí glasa arna n-eisiúint faoi Chreat Bhannaí Glasa Ceannasacha na hÉireann (ISGB).[6] Tá na Bannaí Glasa deartha chun na gnéithe airgeadais a sholáthar d'infheisteoirí a bhaineann le bannaí caighdeánacha rialtais na hÉireann in éineacht le cleachtas margadh bannaí glasa ceannasacha, agus chun cabhrú le maoiniú a dhéanamh ar aistriú na hÉireann chuig geilleagar ísealcharbóin a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de agus a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

1 Tá aibíocht bhunaidh atá níos lú ná bliain amháin ag fiachas airgid ghearrthéarmaigh páipéir.

2 Taifeadtar sa chuntas barrachas airgid caiteachais phoiblí (BACP) na hiasachtaí agus aisíocaíochtaí na gcistí barrachais a choinnítear i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

3 Cuimsítear leis seo €0.1 billiún (€0.8 billiún in 2021), a eisíodh i gceantanna bannaí neamhiomaíocha.

4 Is éard is díolachán banna shindeacáite atá ann ná eisiúint banna nua nó banna atá ann cheana trí shindeacáit déileálaithe príomha de bhannaí rialtais Éireannacha. Faoi láthair, aithníonn GBCN 14 dhéileálaí phríomha — ar forais idirnáisiúnta airgeadais iad a bhformhór — atá freagrach as cruthú margaidh agus díol agus dáileadh bhannaí rialtais na hÉireann ar infheisteoirí deiridh.

5 Is éard is láithriú príobháideach ann ionstraimí fiachais (nótaí) a dhíol trí dhéileálaí príomha le hinfheisteoir deiridh aonair nó le roinnt infheisteoirí deiridh. Is gnách go dtarlaíonn na hidirbhearta sin mar gheall ar theagmháil ó infheisteoir le déileálaí príomha aitheanta a dhéanfaidh idirbheartaíocht maidir le téarmaí na heisiúna le GBCN.

6 Ligeann creat BGCÉ d’Éirinn tionscadail ‘ghlasa’ bhailí a mhaoiniú trí BGCÉnna a eisiúint. Tar éis cinneadh comh-aireachta i mí Iúil 2018, d’fhaomh an Rialtas an Creat.

### *Costais seirbhísithe fiachais*

**1.36** Ba é €3.84 billiún an costas a bhain le fiachas náisiúnta na hÉireann a sheirbhísiú in 2022 — méadú 2.6% i gcomparáid le 2021 (féach Fíor 1.12). Chuimsigh an costas glan-ús de €3.59 billiún ar an bhfiachas náisiúnta, glan-ús a íocadh ar airgead tirim a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais agus ar shócmhainní airgeadais eile de €112 mhilliún, agus táillí agus speansais oibriúcháin de €140 milliún.[1]

**Fíor 1.12 Costais seirbhísithe fiachais, 2009 go 2022 (bunús airgid thirim)**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**1.37** Is é an míniú atá ag GBCN ar an laghdú fada ar an gcostas maidir le seirbhísiú fiachais idir 2014 agus 2021 ná gur tharla sé go príomha mar gheall ar aibiú na mbannaí cúpóin arda — a eisíodh den chuid is mó le linn na géarchéime airgeadais ag deireadh na 2000idí — agus maoiniú níos saoire a chur ina n-ionad, mar aon le comhbhrú torthaí bannaí ceannasacha, rud a tharla de bharr chlár maolaithe chainníochtúil an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

**1.38** Léirítear na tosca sin freisin i meánchostas iasachtaí Stáit. Ag deireadh na bliana, measadh gurbh ionann an meánchostas ualaithe foriomlán seirbhísithe fiachais agus 1.63% (féach Fíor 1.13). Tháinig méadú beag air sin bliain ar bhliain freisin, ó 1.59% in 2021.

**Fíor 1.13 Meánchostas ualaithe seirbhísithe fiachais, de réir an chineáil fiachais, 2012 go 2022**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a I mí an Mhárta 2021, chuir GBCN i gcrích aisíoc iasacht dhéthaobhach na hÉireann ón Ríocht Aontaithe — cuid de chlár chúnamh airgeadais AE/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.

1 Ní áirítear sa ghlan-ús a íoctar ar airgead atá á choinneáil ag an mBanc Ceannais an €2.7 milliún d'ús diúltach an Bhainc Ceannais ar iarmhéideanna an chuntais BACP, a cuireadh de mhuirear ar Vóta 8 Oifig an Aire Airgeadais.

### *Sprioc fiachais an rialtais ghinearálta*

**1.39** Is tomhas níos cuimsithí ar fhéichiúnas an Stáit ná an fiachas náisiúnta é fiachas an rialtais ghinearálta (GGD), agus is é an tomhas caighdeánaithe a bhfuil dualgas dlíthiúil ar gach tír AE é a thuairisciú faoi Chonradh Maastricht é.[1]

**1.40** Ag deireadh 2022, b'ionann GGD agus €224.8 billiún. Tá an difríocht (thart ar €6.5 billiún) ann idir GGD agus fiachas náisiúnta mar gheall ar ghlanluacháil (ar chomhdhlúthú) na n-urrús fiachais atá i seilbh comhlachtaí rialtais eile agus mar gheall ar iasachtaí rialtais áitiúil lasmuigh d'earnáil an rialtais a chur leis.

**1.41** Sonraíonn rialacha fioscacha na hEorpa nár cheart GGD na mBallstát a bheith níos mó ná 60% den OTI nó, más mó é ná an figiúr sin, gur cheart é a laghdú go seasta i dtreo na sprice 60%.[2] De thoradh fás láidir OTI laghdaigh cóimheas GGD na hÉireann go 44.4% ag deireadh 2022, i gcomparáid le 54.4% ag deireadh 2021 (féach Fíor 1.14).

**1.42** Tá sé ráite ag an Roinn Airgeadais, mar gheall ar shaobhadh staitistiúil ar OTI na hÉireann, nach dtugann cóimheasa a bhaineann le OTI léiriú ceart ar acmhainn aisíocaíochta gheilleagar na hÉireann. De bharr na cúise sin, glacadh sprioc nua d'Éirinn in 2019 a bhí bunaithe ar OIN*.[3] Is é an sprioc náisiúnta ná an cóimheas fiachais le OIN* atá ag rialtas ginearálta na hÉireann a laghdú go 60% de réir a chéile, agus tá sprioc eatramhach ann 85% den OIN* a shroicheadh faoi 2025 (féach Fíor 1.14).

**1.43** Ag deireadh 2022, ba é 82.3% an cóimheas fiachais le OIN* (101.2% in 2021), i.e, níos fearr ná an spriocleibhéal do 2025.[4]

**Fíor 1.14 Cóimheasa fiachais na hÉireann le OTI agus le OIN*, 2010 go 2022 (céatadán)**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. An Roinn Airgeadais.

1 Cuimsíonn fiachas an rialtais ghinearálta dliteanais fiachais an rialtais láir, an rialtais áitiúil agus na gcistí slándála sóisialaí, gan fiachas atá dlite ó earnáil amháin den rialtas d'earnáil eile a áireamh.

2 Lig an Coimisiún Eorpach do bhallstáit AE ceanglais a chur ar fionraí ar bhonn sealadach chun a gcuid spriocanna fioscacha a bhaint amach agus bearta buiséadacha cuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí eisceachtúla a bhaineann le paindéim COVID-19.

3 Sainmhíníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh Ollioncam Náisiúnta (OIN*) mar tháscaire atá deartha go sonrach chun méid gheilleagar na hÉireann a thomhas trí éifeachtaí an domhandaithe a eisiamh.

4 Tuairiscíodh an cóimheas fiachais le OIN* le haghaidh 2021 mar 105.6% ar dtús. Leasaíodh an figiúr sin ina dhiaidh sin go 101.2%, mar a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i mí Iúil 2023.

## Dliteanais eile

### *Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí*

**1.44** Is éard atá i gcomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) ná socrú idir údarás poiblí agus comhpháirtí príobháideach atá deartha chun sócmhainní agus/nó seirbhísí bonneagair phoiblí a fháil agus a sholáthar faoi chonarthaí fadtéarmacha. Déanann an comhpháirtí príobháideach an tsócmhainn a mhaoiniú agus a thógáil, agus ina dhiaidh sin cuirtear ar fáil í lena húsáid ag an bpobal agus íocann an Stát agus/nó úsáideoirí aisti (trí mhuirir úsáideora) thar thréimhse fhada (25 bliana de ghnáth). Tagann an tsócmhainn faoi úinéireacht an Stáit ansin.

**1.45** De ghnáth, breathnaítear ar CPPanna mar shásra maoinithe 'lasmuigh den chlár comhardaithe' ó thaobh an rialtais ghinearálta de, toisc nach gcuirtear dliteanais faoi chonarthaí CPP ar áireamh go hiondúil agus GGD á ríomh. Comhlíontar dliteanais de réir mar a eascraíonn siad as eisiúintí vótáilte as an bPríomh-Chiste, nó as muirir úsáideoirí i gcás tionscadail lamháltais CPP.

**1.46** Déanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe na gealltanais a dhéanfar amach anseo faoi thionscadail CPP a rianú. Ag deireadh 2022, bhí 30 scéim CPP ag feidhmiú go hiomlán agus bhí sé cinn acu ag céim na forbartha. Ag an dáta sin, bhí ceangaltais CPP don todhchaí díreach os cionn €6.3 billiún (féach Fíor 1.15).

**1.47** B'ionann an caiteachas ar íocaíochtaí aonadacha CPP agus thart ar €334 mhilliún in 2022. Faoi na margaí atá i bhfeidhm faoi láthair, tá an Státchiste tiomanta do thart ar €335 mhilliún in aghaidh na bliana ar an meán a íoc go dtí 2035.[1] Ina dhiaidh sin, tiocfaidh laghdú ar íocaíochtaí faoi na comhpháirtíochtaí sin, rud a tharlóidh go príomha toisc gur críochnaithe a bheidh na conarthaí níos sine a bhaineann leo.[2]

**Fíor 1.15 Comhdhéanamh an chostais iomláin réamh-mheasta ar gach íocaíocht CPP gan íoc**




Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Náisiúnta, agus Athchóirithe

1 D'fhéadfadh go dtiocfaí méadú ar leibhéil bhliantúla chomhiomlána na n-aisíocaíochtaí le linn na tréimhse seo de réir mar a chuirtear conarthaí nua CPP i bhfeidhm.

2 I gCaibidil 5 *Cuntasaíocht Vóta agus Bainistíocht Buiséid*, tugtar breac-chuntas ar thionchar iomlán an bhoilscithe ar chonarthaí i gcuntais leithreasa dar luach os cionn €10 milliún.

## Iarscríbhinn 1A Staidreamh airgeadais rialtais ón bPríomh-Oifig Staidrimh

Ceanglaíonn Europol, údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh, ar gach ballstát raon staidreamh airgeadais a tháirgeadh a chomhlíonann na sainmhínithe comhchuibhithe agus na caighdeáin chomhchuibhithe laistigh de Chóras Eorpach na gCuntas 2010.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh freagrach as tuairisciú oifigiúil a dhéanamh ar staidreamh airgeadais rialtais ghinearálta na hÉireann.

Cuimsíonn na haschuir airgeadais rialtais ghinearálta agus an staidreamh rialtais ghinearálta ón bPríomh-Oifig Staidrimh na príomhráitis seo a leanas

- Tábla 1.1 — airgeadas rialtais ghinearálta
- Tábla 1.2 — idirbhearta rialtais ghinearálta: ioncam, caiteachas, maoiniú agus easnamh
- Tábla 2.1 — rialtas ginearálta; aicmiú mionsonraithe ar ioncam agus aschur
- Tábla 2.2 — rialtas ginearálta; aicmiú mionsonraithe ar chaiteachas agus tomhaltas
- Tábla 3.1 — ollfhiachas rialtais ghinearálta agus glanfhiachas rialtais ghinearálta
- Tábla 3.2 — idirbhearta airgeadais rialtais ghinearálta
- Tábla 3.3 — rialtas ginearálta: miondealú mionsonraithe ar a ghlanfhiúchas
- Tábla 3.4 — glanfhiúchas rialtais ghinearálta, ollfhiachas rialtais ghinearálta agus glanfhiachas rialtais ghinearálta.

Cuimsítear in earnáil an rialtais ghinearálta an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, comhlachtaí neamhthráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus cistí buiséadacha breise, na comhlachtaí tithíochta ceadaithe is mó agus ospidéil dheonacha.

Tá liosta iomlán na n-eintiteas foilsithe ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh.

## Iarscríbhinn 1B Táblaí sonraí

### Fíor 1B.1 Comhdhéanamh fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste, 2017 to 2022[a]

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Fáltais** | | | | | | |
| ***Fáltais reatha*** | | | | | | |
| Ioncam cánach | 50,737 | 55,557 | 59,314 | 57,165 | 68,410 | 83,130 |
| Ioncam barrachais an Bhainc Ceannais[b] | 1,836 | 2,108 | 2,395 | 2,050 | 666 | 1,068 |
| Fáltais ón gCrannchur Náisiúnta | 227 | 225 | 251 | 270 | 290 | 258 |
| Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit | 324 | 261 | 262 | 133 | 152 | 199 |
| Ioncam barrachais GNBS | — | — | — | 2,000 | 1,000 | 500 |
| Ioncam reatha eile | 478 | 311 | 440 | 197 | 422 | 413 |
| ***Fáltais chaipitil*** | | | | | | |
| Iasachtaí a réamhíocadh/a aisíocadh[c] | 1,021 | 933 | 1,055 | 1,680 | 10,382 | 3,474 |
| Bearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais | 3,723 | 341 | 682 | 3 | — | — |
| An Cúlchiste Barrachais Náisiúnta | — | — | — | 1,500 | — | — |
| Fáltais ó AE | — | 89 | 24 | 25 | 645 | 277 |
| Fáltais chaipitil eile | 30 | 483 | 6 | 5 | 274 | 1,455 |
| **Iomlán na bhfáltas** | **58,376** | **60,308** | **64,429** | **65,028** | **82,240** | **90,774** |
| **Eisiúintí** | | | | | | |
| Eisiúintí maidir le caiteachas vótáilte | 46,291 | 50,445 | 54,146 | 67,849 | 71,579 | 72,840 |
| Seirbhísiú fiachais náisiúnta | 6,227 | 5,967 | 5,220 | 4,676 | 3,745 | 3,841 |
| Ranníocaíocht le buiséad AE | 2,016 | 2,519 | 2,432 | 2,569 | 3,507 | 3,557 |
| Coimisiún an Oireachtais | 110 | 131 | 126 | 132 | 133 | 137 |
| Iasachtaí/airleacain[c] | 963 | 975 | 935 | 1,523 | 10,264 | 3,162 |
| Uisce Éireann (scaireanna, ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí) | 270 | — | 758 | 372 | 130 | — |
| Aistriú chuig an gCiste Rialtais Áitiúil[d] | 480 | 12 | — | — | — | — |
| An Cúlchiste Barrachais Náisiúnta | — | — | — | — | — | 2,000 |
| Íocaíochtaí eile | 113 | 160 | 165 | 224 | 255 | 251 |
| **Iomlán na n-eisiúintí** | **56,470** | **60,209** | **63,782** | **77,345** | **89,612** | **85,788** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | **1,906** | **99** | **647** | **(12,317)** | **(7,372)** | **4,985** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2017 go 2022. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nótaí:

a Is comhdhlúthaithe atá idirbhearta chuntas an Phríomh-Chiste agus an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Coinníonn GBCN an cuntas deireanach sin chun fiachas náisiúnta agus idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta a sheirbhísiú.

b Is éard atá sa mhéid a fhaightear isteach sa Phríomh-Chiste gach bliain go príomha an t-ioncam barrachais don bhliain airgeadais roimhe sin, de réir ráitis airgeadais iniúchta Bhanc Ceannais na hÉireann.

c Féach Fíor 1B.3 le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

d Bainteach le cur i bhfeidhm fáltas cánach maoine áitiúla (CMÁ), a cuireadh ar áireamh in ioncam cánach roimh 2018. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, íocann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais CMÁ go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil, seachas go hindíreach tríd an bPríomh-Chiste.

**Fíor 1B.2 Gluaiseachtaí in iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2017 go 2022**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** | **19,200** | **29,149** |
| Glan-iasachtaíocht/(aisíocaíochtaí) an Státchiste sa bhliain | 193 | 4,276 | 297 | 12,981 | 17,321 | (7,783) |
| Barrachas/(easnamh) Státchiste | 1,906 | 99 | 647 | (12,317) | (7,372) | 4,985 |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **13,217** | **17,593** | **18,536** | **19,200** | **29,149** | **26,351** |
| **Comhdhéanamh airgid thirim agus sócmhainní airgeadais ag an 31 Nollaig** | | | | | | |
| Iarmhéid airgid thirim an Phríomh-Chiste | 10,533 | 15,338 | 16,502 | 17,362 | 27,474 | 23,306[a] |
| Billí Cisteáin | — | — | — | — | — | 25 |
| Nótaí meántéarmacha ráthaithe ag CBSÉ[b] | 85 | 85 | 25 | — | 10 | 10 |
| Nótaí ráthaithe ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 1,742 | 1,558 | 1,913 | 1,586 | 1,665 | 3,010 |
| Maoiniú comhthaobhachta | 857 | 612 | 96 | 252 | — | — |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **13,217** | **17,593** | **18,536** | **19,200** | **29,149** | **26,351** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2017 go 2022. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nótaí:
a Áirítear leis iarmhéid €204,000 atá á shealbhú sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC) (2021: €216,000).

b Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) faoin Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Is é an aidhm atá léi rochtain ar mhaoiniú solúbtha a chinntiú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann trí sholáthar maoinithe ar chostas níos ísle agus táirgí solúbtha a éascú. Is leis an Aire Airgeadais scairchaipiteal eisithe CBSÉ.

**Fíor 1B.3 Iasachtaí agus airleacain, 2017 go 2022**

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 770 | 740 | 725 | 750 | 670 | 655 |
| Aisíocaíochtaí | (770) | (740) | (725) | (750) | (670) | (655) |
| Iasachtaí a eisíodh | 740 | 725 | 750 | 670 | 655 | 670 |
| **Iarmhéid deiridh** | **740** | **725** | **750** | **670** | **655** | **670** |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | |
| Iarmhéideanna tosaigh | — | — | — | — | — | — |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | (600) | (9,370) | (2,380) |
| Airleacain | — | — | — | 600 | 9,370 | 2,380 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** |
| **An Ciste Cúitimh Árachais** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 706 | 636 | 636 | 556 | 414 | 345 |
| Aisíocaíochtaí | (70) | — | (80) | (142) | (69) | (185) |
| Iasachtaí a eisíodh | — | — | — | — | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **636** | **636** | **556** | **414** | **345** | **160** |
| **Tacaíocht cobhsaíochta AE don Ghréig** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 347 | 347 | 347 | 347 | 344 | 323 |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | (3) | (22) | (13) |
| **Iarmhéid deiridh** | **347** | **347** | **347** | **344** | **323** | **310** |
| **Uisce Éireann** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | — | — | — | — | 372 | 502 |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | — | — | — |
| Airleacain | — | — | — | 372 | 130 | 112 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **372** | **502** | **614** |
| **Iasachtaí agus airleacain eile** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 194 | 236 | 293 | 228 | 296 | 284 |
| Comhshó iasachtaí/aisíocaíochtaí | (181) | (193) | (250) | (185) | (253) | (241) |
| Iasachtaí a eisíodh | 223 | 250 | 185 | 253 | 241 | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **236** | **293** | **228** | **296** | **284** | **43** |
| **Iarmhéid deiridh iomlán** | **1,959** | **2,001** | **1,881** | **2,096** | **2,109** | **1,797** |

Foinse: Cuntais Airgeadais, 2017 go 2022. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

# 2 Idirbhearta AE na hÉireann a thuairisciú

**2.1** Tá ranníocaíocht na hÉireann le buiséad an Aontais Eorpaigh (AE) méadaithe go mór mar thoradh ar an bhfás eacnamaíoch ó ghéarchéim bhaincéireachta 2008, agus Éire ina glan-ranníocóir ó bhí 2013 ann (féach Fíor 2.1). In 2022, ranníoc Éire thart ar €3.6 billiún le buiséad an Aontais. Tuarann an Roinn Airgeadais go leanfaidh ranníocaíocht na hÉireann ar aghaidh ag dul i méid gach bliain, agus go sroichfidh sí beagnach €4.5 billiún faoin mbliain 2027.

**Fíor 2.1 Ranníocaíochtaí agus fáltais ó bhuiséad an Aontais/le buiséad an Aontais 1973 – 2022**




Foinse: Ireland: Staitisticí Buiséadacha 2021 (An Roinn Airgeadais) agus na Cuntais Airgeadais 2022

Nóta: a Ní raibh figiúirí le haghaidh fháltais 2022 ar fáil tráth an fhoilsithe.

**2.2** Ceadaítear buiséad an Aontais go bliantúil laistigh de théarmaí na gcomhaontuithe sin ar a dtugtar Creataí Airgeadais Ilbhliantúla (CIA), ar gnách go gclúdaíonn siad tréimhse seacht mbliana.[1] Ritheann an CIA reatha, a comhaontaíodh i mí Iúil 2020, ó 2021 go 2027 agus tá buiséad iomlán de thart ar €1.211 trilliún (i bpraghsanna reatha) aige.[2]

**2.3** Mar fhreagairt do thionchair phaindéim Covid-19, chomhaontaigh an tAontas ciste nua téarnaimh freisin, ar a dtugtar NextGenerationEU (NGEU), agus buiséad €807 billiún (i bpraghsanna reatha) aige. Is é príomhchiste NGEU ná an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a chuimsíonn suas le €338 billiún i ndeontais agus €386 billiún in iasachtaí.

**2.4** Cruthaíodh Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (CCB) dar luach €5 billiún freisin chun tacú leis na ballstáit is mó a raibh tionchar ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas orthu.

**2.5** Tugadh faoin scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí na hÉireann le buiséad an Aontais agus fáltais na hÉireann uaidh; ar conas a thugtar cuntas i leith fáltas san Aontas i gcuntais leithreasa bhliantúla na Roinne, agus i gCuntais Airgeadais bhliantúla an Roinn Airgeadais; agus ar na socruithe dearbhaithe atá i bhfeidhm maidir le cistiú an Aontais.

1 Ní mór gach CAI a bheith comhionann le cúig bliana ar a laghad ach is gnách go gclúdaíonn sé seacht mbliana. Molann an Coimisiún Eorpach buiséad bliantúil laistigh de na teorainneacha atá socraithe ag an CIA don Chomhairle Eorpach agus do Pharlaimint na hEorpa. Tugtar ceadú deireanach don bhuiséad nuair a ritheannParlaimint na hEorpa é.

2 Bhí an buiséad tosaigh bunaithe ar phraghsanna 2018 agus socraíodh ag €1.074 trilliún é. Eascraíonn an difríocht ón gcoigeartú bliantúil le haghaidh boilscithe. Tá *buiséad fadtéarmach 2021-2027 an Aontais agus an tuarascáil NextGenerationEU* ar fáil anseo.

## Ranníocaíocht na hÉireann leis an Aontas

2.6 Ranníoc Éire €3.6 billiún le buiséad an Aontais in 2022 — €50 milliún nó 1.4% níos mó ná mar a ranníocadh in 2021 (féach Fíor 2.2).[1] Cuimsíonn an ranníocaíocht na gnéithe seo a leanas.

- Ranníocaíocht 'acmhainní dílse' OIN (€2.6 billiún) — bunaithe ar an leibhéal ioncaim mar atá sainithe ag ollioncam náisiúnta (OIN) ballstáit.[2]
- Ranníocaíocht acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) (€482 mhilliún) — bunaithe ar dhleachtanna custaim arna mbailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le hiompórtálacha ó áiteanna taobh amuigh den Aontas, a bhfuil 75% díobh iníoctha leis an Aontas.
- Ranníocaíocht atá bunaithe ar CBL (€323 mhilliún) — 0.3 faoin gcéad ar bhonn CBL na hÉireann.[3]
- Ranníocaíocht atá bunaithe ar dhramhaíl pacáistíochta plaistí neamh-athchúrsáilte (€197 milliún) — ó bhí 2021 ann, déanann ballstáit ranníocaíocht atá bunaithe ar ráta de €0.80 in aghaidh an kg de dhramhaíl pacáistíochta plaistí neamh-athchúrsáilte.

**Fíor 2.2 Ranníocaíocht na hÉireann le buiséad an Aontais, 2017 go 2022**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2017 go 2022 (Féach Iarscríbhinn 2A)

## Fáltais na hÉireann ón Aontas

2.7 Léirítear le staitisticí buiséid a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais go bhfuair Éire nach mór €2.5 billiún ón Aontas in 2021 (féach Fíor 2.3).[4] Ba le haghaidh na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe a bhí an chuid is mó den chistiú Aontais a fuarthas.

2.8 Cé go bhfuil fáltais an Aontais ag dul in airde go measartha ó bhí 2017 ann, tharla méadú níos mó idir 2020 agus 2021 — méadú de thart ar 26% nó €505 mhilliún. Baineann formhór an mhéadaithe sin le fáltais ón CCB.

1 Ní áirítear leis na figiúirí sin íocaíochtaí ó Éirinn a eascraíonn as maoiniú a d'aisghabh an tAontas agus fíneálacha a ghearr an tAontas.

2 Meastar gurb í ranníocaíocht OIN óna acmhainní dílse an ghné chothromaithe a chinntíonn go gcuimsíonn iomlán na n-ioncam sa bhuiséad gach caiteachas comhaontaithe atá i mbuiséad bliantúil de chuid an Aontais. Ag brath ar iomlán na n-ioncam bliantúil atá ag teastáil chun caiteachas a mhaoiniú, cuirtear glaoráta aonfhoirmeach i bhfeidhm ar OIN gach ballstáit. Athraíonn an glaoráta ó bhliain go bliain.

3 Tá uasteorainn curtha le ranníocaíochtaí CBL-bhunaithe ag 50% de OIN an Bhallstáit.

4 Ní raibh figiúirí le haghaidh fháltais 2022 ar fáil tráth an fhoilsithe.

**2.9** Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi deara gurb amhlaidh, tar éis thabhairt isteach Rialachán CCB i mí Dheireadh Fómhair 2021, gur soláthraíodh maoiniú sonrach de €389 milliún i mBuiséid 2022 agus 2023 thar roinnt earnálacha. Leithdháileadh nach mór 70% den mhaoiniú sin (€271 mhilliún) leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le haghaidh cláir éagsúla um chúnamh deontais.

**2.10** Chomh maith leis sin, fuair an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta leithdháileadh mór maoinithe (€37.3 milliún) ón CCB a chuimsigh, mar shampla, maoiniú i dtreo oiliúna agus athoiliúna do ghnólachtaí agus dhaoine aonair a raibh tionchar ag an mBreatimeacht orthu.

**2.11** Shonraigh DPENDPDR freisin go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh aige faoi láthair ar chaiteachas atá bainteach le Brexit thar an tréimhse incháilitheachta um chuimsiú féideartha in éileamh CCB na hÉireann ar Choimisiún an Aontais i mí Mheán Fómhair 2024. Is é atá i gceist leis sin plé le ranna maidir le caiteachas Breatimeachta laistigh den chaiteachas a bhí leithdháilte faoi Bhuiséid 2022 agus 2023, agus go dtí seo tá figiúr de thart ar €0.7 billiún sainaitheanta chuige sin. Thug sé faoi deara freisin gur dóchúil go mbeadh méid suntasach den fhigiúr sin de €0.7 billiún inchurtha i leith na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an obair sainaitheanta sin ar siúl agus leanfaidh sí ar aghaidh in 2024. Cuirfear an t-éileamh deireanach isteach i Meán Fómhair 2024.

**Fíor 2.3 Foinsí d'fháltais na hÉireann ó bhuiséad an Aontais, 2017 go 2021**




Foinse: Éire: Staitisticí Buiséadacha 2021 (Nollaig 2022), An Roinn Airgeadais

Nótaí: a Ní raibh figiúirí le haghaidh fháltais 2022 ar fáil tráth an fhoilsithe.

B Le haghaidh 2021, chuimsigh 'nithe ilghnéitheacha' €68 milliún le haghaidh clár atá bainteach le pobail agus forbairt tuaithe, €39 milliún le haghaidh clár atá bainteach leis an oideachas, €8 milliún le haghaidh an Chiste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíochta agus €4 mhilliún le haghaidh clár atá bainteach leis an talmhaíocht.

## Cuntas a thabhairt i leith idirbhearta na hÉireann leis an Aontas

**2.12** Níl faisnéis faoi ghlanstaid airgeadais na hÉireann san Aontas ar fáil go héasca mar nach bhfuil idirbhearta na hÉireann leis an Aontas taifeadta i sraith shingil de ráitis airgeadais. I dtús 2020, thug an Roinn Airgeadais gealltanas chun tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú, ina dtabharfaí dearcadh comhdhlúite ar na hidirbhearta idir Éire agus an tAontas.[1,2]

**2.13** Bhain aga moille, áfach, leis an tuairisciú ón Roinn Airgeadais. D'fhoilsigh an Roinn an chéad tuarascáil, ar idirbhearta 2018, i mí Mheán Fómhair 2020, agus tuarascálacha bliantúla le haghaidh 2019 agus 2020 i mí an Mheithimh 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2022 faoi seach.[3] Shonraigh an Roinn go bhfoilseofaí an tuarascáil bhliantúil le haghaidh 2021 in R3 2023, agus nach mbeidh an tuarascáil bhliantúil ar fáil go dtí 2024 toisc nach ndearbhófar fáltais bhuiséid an Aontais le haghaidh 2022 go dtí deireadh 2023.

**2.14** I dtuarascálacha na Roinne Airgeadais le haghaidh 2018 – 2020, cuireadh faisnéis faoi láthair ar fháltais agus ranníocaíochtaí le linn na mblianta faoi seach, ach níor cuimsíodh faisnéis maidir le hiarmhéideanna deiridh bliana, aon mhíliúntais nó fíneálacha a tabhaíodh, nó aon ghealltanais fhadtéarmacha mheasta.

**2.15** Déanann an Roinn Airgeadais bainistíocht ar ranníocaíochtaí na hÉireann le buiséad an Aontais agus tugtar cuntas iomlán ina leith sna Cuntais Airgeadais. Déanann ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí éagsúla bainistiú agus taifeadadh ar fháltais ó bhuiséad an Aontais. Tugadh cuntas i leith níos lú ná leath na gcistí a fuarthas ón Aontas in 2021 trí chuntais an rialtais láir a chuirtear faoi bhráid an Oireachtais (féach Fíor 2.4).

**Fíor 2.4 Cuntas a thabhairt i leith fháltais ón Aontas, 2021**




Foinse: Cuntais leithreasa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus na Cuntais Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus Éire: Staitisticí Buiséadacha 2021 (Nollaig 2022), An Roinn Airgeadais

Nóta: a Tagraíonn 'díreach' d'fháltais ón Aontas arna n-íoc go díreach le tairbhithe. Mar shampla, i gcás an RFTP, íoctar na fáltais go díreach le feirmeoirí.

1 Bhí an gealltanas seo ina fhreagairt do mholadh a bhí i dtuarascáil speisialta 105 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste: Idirbhearta na hÉireann leis an Aontas Eorpach in 2017. Is féidir an tuarascáil a aimsiú anseo.

2 Chuaigh sé sin in ionad cuntais bhliantúil ilchodaigh ar oibríochtaí bliantúla an RFTP, an CETFT agus an EMFF, a rinneadh de réir comhaontú fhoirmiúil idir DPENDPDR, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Cuireadh an tuarascáil sin i dtoll a chéile i dtosach mar fhreagairt d'iarraidh ón gCoiste um Chuntais Phoiblí.

3 Is féidir an tuarascáil ó 2020 a aimsiú anseo.

### *Cuntais leithreasa*

**2.16** Tugadh cuntas i leith nach mór cúigiú (€459 milliún) d'fháltais ón Aontas mar leithreasaí-i-gcabhair i gcuntais leithreasa 2021. Tugadh isteach an ceanglas faisnéis a áireamh faoi chur i bhfeidhm fháltais an Aontais sna cuntais leithreasa i 1992 le haghaidh maoinithe arna fháil ón CFRE agus ón FEE.[1] Rinneadh athbhreithniú air sin le haghaidh chuntais leithreasa 1995 chun faisnéis a áireamh faoi ioncam ar bith ó chiste Aontais arna thabhairt i gcuntas.[2] Ó shin, ní dhearnadh aon athruithe suntasacha ar na ceanglais tuairiscithe le haghaidh mhaoiniú an Aontais sna cuntais leithreasa.

**2.17** Ní thugtar ach méid teoranta mionsonraí sna nochtaí reatha i gcuntais leithreasa maidir le maoiniú an Aontais. Mar gheall air sin, is deacair d'úsáideoirí na gcuntas sin — lena n-áirítear comhaltaí den Oireachtas — measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht de chuid roinn rialtais láir nó oifig rialtais láir maidir le bainistíocht ar aon mhaoiniú Aontais a fhaigheann sí, nó maidir le cistí a bhfuil rochtain aici orthu a tharraingt anuas. Mar shampla, leis an bhformáid reatha, ní cheanglaítear na cineálacha faisnéise seo a leanas a chur i láthair.

- ***Méid iomlán arna leithdháileadh ar an Stát i ndáil leis an gciste.*** I mbuiséad an Aontais, leagtar amach 'leithreasaí gealltanais' — an t-uasmhéid bliantúil a fhéadfaidh an tAontas a chaitheamh ar mhírcheann sonrach. Tá feidhm ag na leithdháiltí sin le linn shaolré an CAI. Ní léirítear sna cuntais leithreasa an buiséad iomlán atá ar fáil d'Éirinn, ná an cion de sin a tarraingíodh anuas go rathúil go dtí seo, nó de réir plean maoinithe nó phróifíl maoinithe.
- ***Ceartúcháin airgeadais sa tréimhse.*** Ní thugtar aon fhaisnéis sna cuntais leithreasa faoi na ceartúcháin airgeadais éagsúla arna ndéanamh ar éilimh an Aontais (amhail aisghabháil cistí ag an Aontas, tarraingt siar éileamh nó leithreasaí a saoradh).
- ***Fíneálacha sa tréimhse.*** Ní cheanglaítear faisnéis a thabhairt sna cuntais leithreasa faoi fhíneálacha Aontais arna dtabhú ag ranna as sáruithe ar rialacha an Aontais.

**2.18** Nocht 18 gcinn san iomlán de ranna rialtais agus d'oifigí rialtais leibhéal éigin de mhaoiniú Aontais sna cuntais leithreasa dá gcuid le haghaidh 2022, le leibhéil éagsúla de nochtadh. In éagmais treoir chríochnúil, tá raon feidhme fairsing ag oifigigh chuntasaíochta maidir leis an bhfaisnéis bhreise a chuirtear i láthair i gcuntais leithreasa. Mar thoradh air sin, tá cur i láthair neamhsheasmhach ar fud na vótaí, agus cuirtear srian le measúnuithe ar fheidhmíocht maidir le bainistíocht maoinithe le himeacht ama agus idir réimsí vóta.

**2.19** Cuirtear méid suntasach faisnéise faoi idirbhearta an Aontais a shreabhann trí vótaí ar fáil sna cuntais leithreasa le haghaidh Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir, Vóta 26 Oideachas agus Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht. I gcás an vóta le haghaidh Talmhaíochta, Bia agus Mara, cuirtear faisnéis achomair ar fáil freisin sa chuntas leithreasa i dtaobh an mhéid a chaitear ar íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí, rud a mbainistíonn an Roinn é thar ceann Choimisiún an Aontais.

1 Ciorclán 18/92 ón Roinn Airgeadais *Faisnéis sna Cuntais Leithreasaithe agus sna Meastacháin.*

2 Ciorclán 1/96 ón Roinn Airgeadais *Ceanglais an Chuntais Leithreasa le haghaidh 1995 agus saincheisteanna gaolmhara.*

### *Ceartúcháin airgeadais*

**2.20** Úsáidtear ceartúcháin airgeadais chun earráidí agus neamhrialtachtaí i gcaiteachas an Aontais a chur i gceart. Déanann an Coimisiún iad siúd chun caiteachas nach bhfuil i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin a eisiamh. Maidir le roinnt éileamh, féadfar a cheadú caiteachas malartach a chur in ionad an chaiteachais eisiata, ionas nach laghdófaí fáltas foriomlán an Aontais.

**2.21** Féadann ceartúcháin airgeadais eascairt ó rialuithe agus iniúchtaí ar leibhéal ar bith den chóras rialúcháin i mballstáit nó ó iniúchtaí ag fiosrúcháin an Choimisiúin, Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) nó OLAF. Mar shampla:

- Tá sé sonraithe ag DPENDPDR, maidir le cúig bliana anuas, go bhfuil caiteachas dearbhaithe aige de nach mór €30 milliún san iomlán i dtaobh an CFRE a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin agus ar cuireadh caiteachas incháilithe eile ina ionad sa mhéid is nach raibh laghdú ar bith ar fháltais ón CFRE mar thoradh air.
- Mar a tuairiscíodh i gcuntais leithreasa na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, d'aisghabh an Coimisiún Eorpach maoiniú ón Aontas atá comhionann le nach mór €22 mhilliún i dtaobh chistí an Chomhbheartais Talmhaíochta le sé bliana anuas.

## Dearbhú maidir le rialtacht chistí an Aontais

**2.22** Riartar cistí an Aontais trí chreat um bainistíocht agus rialú maoinithe, agus formhór na bhfáltas de chuid na hÉireann ón Aontas á mbainistiú faoin tsamhail bainistíochta comhroinnte (féach Fíor 2.5). Leagtar amach ann róil na bpáirtithe faoi seach atá páirteach i mbainistíocht agus formhaoirseacht an chaiteachais.

**2.23** Tá struchtúir eile i bhfeidhm freisin chun dearbhú a thabhairt maidir le húsáid chistí an Aontais. Faightear an dearbhú sin uathu seo:

- An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE)
- An Coimisiún Eorpach (An Coimisiún)
- An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

**2.24** In Iarscríbhinn 2B, tugtar faisnéis bhreise faoi na róil agus na freagrachtaí faoi seach le haghaidh na n-institiúidí agus na n-oifigí sin.

**Fíor 2.5 Creat bainistíochta agus rialaithe — samhail bainistíochta comhroinnte**

**Samhail um bainistíocht chomhroinnte maoiniúcháin[a]**

*Déantar maoiniú a bhainistiú faoi chláir arna riar go comhpháirteach ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis náisiúnta. Ullmhaíonn gach ballstát comhaontú ina leagtar amach cén chaoi a n-úsáidfear maoiniú.*

**Creat bainistíochta agus rialaithe**

| | **Údarás bainistíochta** | **Údarás deimhniúcháin** |
|---|---|---|
| **Cistí an Chomhbheartais Talmhaíochta**<br> | *Gníomhaireacht íocaíochta arna ceapadh ag an Aontas a ndéanann údarás deimhniúcháin iniúchadh air* | *Iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar íocaíochtaí a dhéantar agus tuairim a thabhairt maidir le cibé acu an bhfuil an aisíocaíocht a iarrtar agus na haisíocaíochtaí ón Aontas dlíthiúil agus rialta.* |
| **RFTP** →<br>**CETFT** → | **DAFM[b]** | **Comhlacht seachtrach cuntasaíochta** |

| | **Údarás bainistíochta** | **Údarás deimhniúcháin** | **Údarás iniúchta** |
|---|---|---|---|
| **Cistí faoin mBeartas Struchtúrach agus Comhtháthaithe**<br> | *Bainistiú a dhéanamh ar chláir oibríochtúla, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha forfheidhmithe airgeadais* | *A dheimhniú go bhfuil iarratais íocaíochta ar an Aontas mar thoradh ar chórais chuntasaíochta iontaofa agus ar iomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas* | *A chinntiú go ndéantar iniúchtaí atá bunaithe ar shamplaí chun tástáil a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais bainistíochta agus rialaithe de chuid clár oibríochtúil* |
| **FEE** → | **DFHERIS[c]** | **DFHERIS[c]** | **Iniúchóireacht Inmheánach agus Aontais Eorpaigh DE[d]** |
| **ERDF** → | **Tionól Réigiúnach an Iardheiscirt**<br>**Tionól Réigiúnach an Deiscirt** | **DPENDPDR[e]** | **Aonad Inmheánach agus Aontais Eorpaigh, DPENDPR** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Feidhmíonn an tAontas dhá shamhail eile um bainistíocht maoinithe.

Samhail bainistíochta dírí — Cuireann an Coimisiún gach cúram buiséadach chun feidhme. Cuireann roinn i gceanncheathrú an Aontais, toscaireacht AE nó gníomhaireacht fheidhmiúcháin AE é sin i gcrích. Is iad an Coimisiún, toscaireachtaí AE nó gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an t-údarás conarthach agus déanann siad cinntí thar ceann tíortha comhpháirtíochta.

Samhail bainistíochta indírí — Fágtar forfheidhmiú an bhuiséid faoi údaráis náisiúnta (laistigh nó lasmuigh den Aontas), eagraíochtaí idirnáisiúnta nó gníomhaireachtaí forbartha ballstáit. Cuireann roinn i gceanncheathrú an Aontais, toscaireacht AE nó gníomhaireacht fheidhmiúcháin AE é sin i gcrích.

b DAFM = An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

c DFHERIS = An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

d DE = An Roinn Oideachais.

e DPENDPDR = An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta an Phlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

### *Tuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa*

**2.25** Fuarthas in iniúchadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar chuntais chomhdhlúite an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021 go raibh éifeacht ábhartha ag earráid ar chaiteachais buiséid an Aontais.[1] Mhéadaigh an leibhéal foriomlán measta earráide ó 2.6% in 2018 go 3% in 2021 (féach Fíor 2.6). Bhí an ráta earráide cuid mhaith ní b'airde i roinnt réimsí cláir i gcomparáid le réimsí eile.

**Fíor 2.6 Rialtacht idirbheart, i réimsí cláir an Aontais, 2018 go 2021[a]**

***Sliocht ó bharúil iniúchta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa***

*Is é an leibhéal foriomlán measta earráide le haghaidh chaiteachas buiséid a nglactar leis sna cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ná 3.0% Tá éifeacht ábhartha ag earráid ar chion suntasach den chaiteachas sin. Baineann sé sin go príomha le caiteachas atá bunaithe ar aisíocaíocht, ina bhfuil an leibhéal measta d'earráid comhionann le 4.7%. Mhéadaigh an caiteachas go €90.1 billiún in 2021. Is ionann é sin agus 63.2% dár ndaonra iniúchta. Mar sin, tá éifeachtaí na n-earráidí a d'aimsíomar ábhartha agus forleathan maidir le caiteachas na bliana ar glacadh leis.*




Foinse: Tuarascálacha bliantúla Chúirt Iniúchóirí na hEorpa 2018 go 2021

Nóta: a Cuimsítear san fhigiúr le haghaidh 'An Chaiteachais go Léir' faoi thrí cheannteideal buiséid an Aontais: 'Imirce agus Bainistíocht Teorann', 'Slándáil agus Cosaint' agus 'Comharsanacht agus an Domhan' nárbh fhéidir leibhéal earráide ar leithligh a shocrú lena n-aghaidh mar gheall ar theorainneacha ar mhéid sampla. Tá ceannteideal eile 'Riarachán Poiblí na hEorpa' toisc go bhfuarthas go bhfuil sé saor ó earráid ábhartha.

### *An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)*

**2.26** Tugann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) tacaíocht airgeadais do bhallstáit chun téarnamh eacnamaíoch a bhrostú tar éis thionchar na paindéime agus chun ballstáit a dhéanamh níos athléimní.[2] Is é DPENDPDR atá freagrach as a cur chun feidhme in Éirinn.

1 Is féidir Tuarascáil Bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa 2021 le haghaidh na bliana airgeadais a fháil anseo.

2 Bunaíodh RRF le Rialachán (AE) 2021/241 a tháinig i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021.

**2.27** Tá an tsamhail mhaoinithe a leanann RRF difriúil le cláir eile an Aontais. Tá an ciste bunaithe ar fheidhmíocht agus ciallaíonn sé sin nach n-íocann an Coimisiún méideanna le gach ballstáit go dtí go bhfuil na garspriocanna agus spriocanna comhaontaithe atá ar áireamh ina bplean bainte amach acu.

**2.28** Ar an iomlán, cuirtear cistí ar fáil do bhallstáit faoi RRF i bhfoirm iasachtaí agus/nó deontas, thar dhá thráinse. I gcás na hÉireann, níor iarradh ach maoiniú deontais. Faoin gcéad tráinse, leithdháileadh maoiniú deontais de €915 mhilliún san iomlán ar Éirinn. Bhain leithdháileadh an dara tráinse le tionchar Covid-19 ar fhás eacnamaíoch ballstát. Toisc go raibh geilleagar na hÉireann níos dianseasmhaí le linn phaindéim Covid-19 i gcomparáid le ballstáit eile, ní dhearnadh aon leithdháileadh deontais eile ar Éirinn faoi RRF.

**2.29** Chun rochtain a fháil ar mhaoiniú RRF, ceanglaíodh ar bhallstáit Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (PNTA) a ullmhú, ina leagfaí amach clár infheistíochtaí agus leasuithe atá beartaithe a chur i gcrích. Cheadaigh an tAontas PNTA na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2021.[1] Ní mór na hinfheistíochtaí agus a leasuithe go léir atá beartaithe faoin PNTA a chur i gcrích faoi mhí Lúnasa 2026.

**2.30** Forbraíodh PNTA na hÉireann agus aird tugtha ar cheanglais an RRF ina leith seo:

- 37% ar a laghad den chaiteachas a bheith ar an aeráid agus 20% ar a laghad den chaiteachas a bheith ar infheistíochtaí agus leasuithe digiteacha
- an gá le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin infheistíochta agus leasaithe a sainaithníodh sna 'moltaí atá sonrach don tír' ab ábhartha a ndearna an tAontas iad d'Éirinn le blianta beaga anuas
- tábhacht an ailínithe le pleananna náisiúnta eacnamaíocha agus infheistíochta.

**2.31** Cuimsíonn NRRP na hÉireann 16 infheistíocht agus naoi ngealltanas leasaithe, dar luach iomlán atá díreach faoi bhun €1 billiún, le tacú ag deontais ó RRF agus cistí náisiúnta araon (féach Fíor 2.7). Braitheann íostarraingt an mhaoinithe n RRF ar 109 gcinn de bhunspriocanna agus spriocanna gaolmhara a bheith á mbaint amach ag Éirinn.[2]

**Fíor 2.7 Tosaíochtaí Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann[a]**




Foinse: Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann, An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

1 Is féidir Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann 2021 a fháil anseo.

2 Iarscríbhinn leis an Togra le haghaidh Cinneadh Forfheidhmithe ón gComhairle maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta d'Éirinn a cheadú.

Nóta: a B'ionann leithdháileadh tosaigh na hÉireann agus €989 milliún, a bhí déanta den chéad tráinse de €915 mhilliún agus den dara tráinse de €74 mhilliún. Toisc go raibh feidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann in 2020 agus 2021 níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis, ní bhfaighfear aon mhaoiniú faoin dara tráinse, agus dá bharr laghdófar an dara tráinse go €915 mhilliún.

**2.32** Amhail mí Iúil 2023, bhí €153.4 billiún, nó 21% san iomlán den leithdháileadh iomlán (€724 billiún) scaipthe faoi RRF (féach Fíor 2.8). Bhí Éire ar cheann de dhíreach cúig bhallstát nach bhfuil éileamh íocaíocht ar mhaoiniú RRF curtha isteach acu fós.

**2.33** Maoinítear tionscadail RRF trí shaincheisteanna vótáilte ón Státchiste, agus ina dhiaidh sin aisíocann an tAontas iad tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna riachtanacha a bhaint amach agus a fhíorú. Shonraigh DPENDPDR go raibh a chéad éileamh íocaíochta ar €324 mhilliún curtha isteach ag Éirinn an 7 Meán Fómhair 2023, a bhain le 41 cheann de na 109 gcinn de gharspriocanna agus de spriocanna faoi PNTA na hÉireann a bhaint amach. Nuair a gheofar iad, íocfar cistí RRF isteach i bPríomh-Chiste an Státchiste.

**Fíor 2.8 Eisíocaíochtaí comhiomlána faoi RRF de réir ballstáit, amhail an 19 Iúil 2023[a]**




Foinse: Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin Eorpaigh. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nótaí:
- a Is iad na Ballstáit nach bhfuil éileamh íocaíochta curtha isteach acu fós ná Éire, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn agus an tSualainn.
- b Socraítear méid iomlán na n-iasachtaí a thugtar do gach ballstáit ag an measúnú ar a iarratas iasachta agus ní fhéadann sé 6.8% dá OIN le haghaidh 2019 a shárú.

### *Ábhair imní Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le rialú an RRF*

**2.34** In iniúchadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar chuntais chomhdhlúite an Aontais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021 (ar tuairiscíodh air i mí Dheireadh Fómhair 2022), clúdaíodh RRF den chéad uair agus fuarthas amach go raibh an caiteachas a thabhaigh RRF i mbliain an chuntais dlíthiúil agus rialta ar gach bealach.

2.35 I Márta 2023, áfach, i dtuarascáil ar dhearadh chóras rialaithe an Choimisiúin do RRF, tháinig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an tátal gurb ann do bhearna dearbhaithe agus cuntasachta ar leibhéal an Aontais maidir leis an tsamhail nua seachadta a dhearadh, d'ainneoin na gníomhaíochta fairsinge rialaithe a bhí beartaithe cheana. Mar shampla, is ionann neamhchomhlíonadh le rialacha ar sholáthar, chúnamh stáit agus incháilitheacht agus rioscaí suntasacha ach níl comhlíonadh na rialacha sin clúdaithe ag iniúchtaí córas an Choimisiúin, ach ní thugtar mórán treorach do bhallstáit chuige sin (féach Fíor 2.9).[1]

1 D'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascáil i mí an Mhárta 2023 a bhaineann le Dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin do RRF. Is féidir cóip den tuarascáil a aimsiú anseo.

**Fíor 2.9 Tuarascáil speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar chóras rialaithe RRF (Márta 2023): príomh-fhionnachtana agus príomh-mholtaí**

- Tá córas rialaithe deartha ag an gCoimisiún lena ndéantar soláthar do phróiseas fairsing chun comhlíonadh garspriocanna agus spriocanna a fhíorú. Ní sholáthraítear leis an gcóras rialaithe ach faisnéis fhíoraithe theoranta ar leibhéal an Aontais go gcloíonn tionscadail infheistíochta atá maoinithe faoi RRF le rialacha Aontais agus náisiúnta, rud a mbíonn tionchar aige ar an dearbhú a fhéadann an Coimisiún a thabhairt agus a mbíonn bearna cuntasachta ar leibhéal an Aontais mar thoradh air.
- Fuair CIE gurbh fhairsing na nósanna imeachta rialaithe maidir le garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh. Comhlánaítear seiceálacha ex-ante don réamh-mheasúnú ag seiceálacha breise ar an láthair. Níor sonraíodh go leordhóthanach na céimeanna éagsúla den réamh-mheasúnú áfach, agus ní dhearnadh taifeadadh iomlán orthu.
- Níl aon mhodh i bhfeidhm go fóill leis an tionchar a chainníochtú a bhaineann le bunsprioc nó sprioc a chomhlíonadh, agus ní ann do threoir ar bith lena dtugtar aghaidh ar an riosca atá i gceist mura sainaithnítear athrú birt nár comhlíonadh bunsprioc ná sprioc lena aghaidh.
- Tá iniúchtaí córais beartaithe ag an gCoimisiún i ngach ballstát lena ndíreofar ar chórais rialaithe ballstát i ndáil le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus maoiniú dúbailte. Ní chlúdófar leo, áfach, cibé acu an ndéanann ballstáit seiceáil leordhóthanach ar chomhlíonadh tionscadal infheistíochta atá maoinithe ag RRF le rialacha Aontais agus náisiúnta. Mar thoradh air sin, tá faisnéis fhíoraithe theoranta ar leibhéal an Aontais faoi chomhlíonadh tionscadal infheistíochta atá maoinithe ag RRF maidir leis na rialacha sin. Bíonn tionchar ag easpa aon fhaisnéise fíoraithe den sórt sin ar an dearbhú a fhéadann an Coimisiún a thabhairt chuige sin.
- Ní théann an fhreagracht atá glactha ag an gCoimisiún i dtaobh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint thar a chinntiú go n-aisghabhann an Coimisiún aon mhéid atá dlite i gcás calaoise, éillithe agus choinbhleacht leasa (áit ar mainnigh an ballstát déanamh amhlaidh) nó i gcás sárú tromchúiseach cruthaithe ar an gcomhaontú maoiniúcháin.
- Níl faisnéis láraithe ná caighdeánaithe sa Chóras Bainistíochta Mírialtachta faoi chalaois i ndáil le RRF agus ní sainithe go leordhóthanach atá leibhéil dhifriúla de cheartúcháin ar an mbunráta atá le cur i bhfeidhm i gcás easnamh ar chórais rialaithe ballstát.

Mhol CIE go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas

- feabhas a chur ar na nósanna imeachta um fhíoruithe ex-ante
- treoir a dhréachtú ar aisiompú birt i ndáil le garsprioc nó sprioc a bhí comhlíonta roimhe sin
- aghaidh a thabhairt ar an mbearna dearbhaithe ar leibhéal an Aontais maidir le comhlíonadh tionscadal infheistíochta atá maoinithe ag RRF maidir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta
- tuairisciú a ailíniú ar chalaois atá bainteach le RRF
- treoir inmheánach a fhorbairt maidir le ceartúcháin, mar a fhoráiltear dó sna comhaontuithe maoinithe.

Foinse: Tuarascáil speisialta: Dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin do RRF, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

## Conclúidí agus moltaí

2.36 Ó bhí 2013 ann, tá Éire ina glan-ranníocóir le buiséad an Aontais. Ranníoc Éire €3.6 billiún in 2022 agus meastar go rachaidh an méid sin in airde go nach mór €4.5 billiún faoi 2027. Mar ranníocóir suntasach agus méadaitheach le buiséad an Aontais, tá leas méadaitheach dá bhrí sin ag Éirinn maidir lena chinntiú go rialaítear caiteachas faoi bhuiséad an Aontais i gceart agus go mbaintear feidhm mhaith as.

### *Trédhearcacht idirbhearta an Aontais*

2.37 Níl faisnéis faoi ghlanstaid airgeadais na hÉireann san Aontas ar fáil go héasca mar nach bhfuil idirbhearta na hÉireann leis an Aontas taifeadta áit ar bith i sraith shingil de ráitis airgeadais. Cé gur thug an Roinn Airgeadais gealltanas chun tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina gcuirfí an fhaisnéis sin i láthair, baineann aga moille mór lena thuairisciú. Baineann an tuarascáil is deireanaí atá ar fáil (ó Dheireadh Fómhair 2022) leis an mbliain airgeadais 2020, agus ní chuimsítear inti an fhaisnéis go léir atá riachtanach chun staid airgeadais foriomlán na hÉireann leis an Aontas a thuiscint.

**Moladh 2.1**

Ba cheart don Roinn Airgeadais a tuarascáil bhliantúil ar idirbhearta na hÉireann leis an Aontas a fhoilsiú ar bhealach níos tráthúla.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais**

Comhaontaítear.

Ba cheart an tuarascáil bhliantúil ar idirbheart na hÉireann leis an Aontas a fhoilsiú ar bhealach níos tráthúla.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Geallann an Roinn tuarascáil 2021 ar Idirbhearta leis an Aontas a fhoilsiú i bhfómhar na bliana 2023. Ní bheidh sonraí iomlána le haghaidh fháltais ón Aontas do 2022 ar fáil don Roinn go dtí deireadh 2023. Tugann an Roinn gealltanas tuarascáil bhliantúil 2022 a fhoilsiú tráth nach déanaí ná an dara ráithe de 2024 agus leanúint ar aghaidh le foilsiú na tuarascála don bhliain roimhe sa dara ráithe de gach bliain.

**Moladh 2.2**

Ba cheart an tuarascáil bhliantúil ar idirbhearta na hÉireann a leathnú chun faisnéis níos fearr a thabhairt faoi fheidhmíocht fhoriomlán na hÉireann maidir le maoiniú an Aontais a bhainistiú, e.g., iarmhéideanna deiridh bliana i ndáil le héilimh arna gcur isteach, maoiniú arna aisghabháil ag an Aontas, fíneálacha agus ceangaltais fhadtéarmacha mheasta.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais**

Comhaontaítear.

Níl rochtain ag an Roinn Airgeadais faoi láthair ar fhaisnéis faoi iarmhéideanna deiridh bliana i ndáil le héilimh arna leagan isteach, le dícheaduithe, le fíneálacha agus ceangaltais fhadtéarmacha mheasta. Bheadh an Roinn, toilteanach, áfach, lena iniúchadh cén chaoi ar féidir an fhaisnéis sin a aimsiú agus cibé acu arbh indéanta í a chuimsiú in eagráin amach anseo.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Tiocfaidh an Roinn ar ais chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste roimh an deireadh bliana i ndáil le hindéantacht ó thaobh an fhaisnéis bhreise atá sa mholadh a chur in eagráin den tuarascáil amach anseo.

**2.38** Fuair Éire nach mór €2.5 billiún ón Aontas in 2021 agus tugadh cuntais i leith níos lú ná leath an mhéid sin trí chuntais an rialtais láir.

**2.39** Tugadh cuntas i leith nach mór €460 milliún d'fháltais ón Aontas mar leithreasaí-i-gcabhair i gcuntais leithreasa 2021. Tá easpa trédhearcachta ann sna nochtaí gaolmhara atá san áireamh sna cuntais agus ní thugtar ach dearbhú teoranta leo maidir le bainistíocht chistí an Aontais ag ranna agus oifigí an rialtais. Mar shampla, ní fhéadann úsáideoir a fheiceáil ó na cuntais sin na méideanna atá ar fáil don Stát i dtaobh chistí áirithe an Aontais, méideanna a tarraingíodh anuas go dtí seo, éilimh a cuireadh isteach, a íocadh agus/nó a tarraingíodh siar le linn na tréimhse; nó ceartúcháin airgeadais agus fíneálacha a tháinig chun cinn le linn na tréimhse. Dá mbeadh an cineál sin faisnéise ar fáil, chabhrófaí leis an Roinn chun raon feidhme a tuairiscithe a fheabhsú maidir le hidirbhearta an Aontais.

*Tuairim ne Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe*

**2.40** Comhaontaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe gur cheart cur chuige níos caighdeánaithe a ghlacadh i dtreo tuairisciú ar mhaoiniú an Aontais ar mhaithe le trédhearcacht. Tá an Roinn den tuairim, áfach, nach é an cuntas bliantúil leithreasaithe a fhoilsítear ar nó faoin 30 Meán Fómhair gach bliain don bhliain roimhe an uirlis tuairiscithe is fearr don fhaisnéis sin maidir le cláir ilbhliantúla an Aontais.

**2.41** Comhaontaíonn an Roinn nach mór an fhaisnéis sin i ndáil le maoiniú an Aontais a dhéanamh níos inrochtana don phobal agus don Oireachtas agus déanfaidh sí iniúchadh ar shásra chun faisnéis a thuairisciú faoi tharraingt anuas agus aisíocaíocht chistí an Aontais ar bhealach níos tráthúla, níos cuimsithí agus aonfhoirmí.

**2.42** Agus an staid sin á leagan amach, is ábhar machnaimh lárnach é clár na Roinne um leasú ar thuairisciú airgeadais atá idir lámha faoi láthair. Mar chuid de na leasuithe sin, ba mhaith leis an Roinn go gcuirfí cuntais leithreasa shínithe faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste níos luaithe. Chun an toradh sin a bhaint amach, is gá machnamh grinn agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara chun a iniúchadh cén chaoi is fearr ar féidir faisnéis a thuairisciú, amhail faisnéis i ndáil le maoiniú an Aontais, mar gheall ar a chasta atá sí de bharr tosca lena n-áirítear cineál ilbhliantúil na gclár, agus an difríocht idir tréimhsí cuntasaíochta ina dtabhaítear an caiteachas, an t-éileamh arna chur isteach, agus an maoiniú arna fháil.

### *Leithdháileadh an Chiste Téarnaimh agus Athléimneachta a tharraingt anuas*

**2.43** Bunaíodh Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) an Aontais de €724 billiún chun téarnamh eacnamaíoch a bhrostú tar éis thionchar phaindéim Covid-19 agus chun cur ar chumas ballstát bheith níos athléimní maidir le freagairt do thurraingtí móra. Leanann RRF samhail atá difriúil le samhlacha traidisiúnta maoinithe an Aontais, sa mhéid is nach scaipeann an Coimisiún cistí ó RRF ar thír go dtí go bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhaontaithe bainte amach. Ní mór gach infheistíocht agus leasú atá beartaithe faoi RRF a thabhairt chun críche faoi mhí Lúnasa 2026.

**2.44** Cheadaigh an Rialtas plean na hÉireann ina leagtar amach tionscadail agus garspriocanna le haghaidh maoiniú RRF i mí Mheán Fómhair 2021. Mar fhreagairt don phlean, leithdháileadh maoiniú deontais de €915 mhilliún ar Éirinn. Amhail mí Iúil 2023, bhí Éire ar cheann de dhíreach cúig bhallstát nach raibh éileamh íocaíochta RRF curtha isteach acu fós. Faoin uair sin, bhí 21% de bhuiséad iomlán RRF scaipthe.

**2.45** An 7 Meán Fómhair 2023, leag DPENDPDR isteach a chéad iarratas íocaíochta le haghaidh €324 mhilliún faoi RRF.

## Iarscríbhinn 2A Coigeartuithe ar ranníocaíochtaí ballstát

**Teorainn ranníocaíochta**

Ní fhéadann ranníocaíochtaí ag ballstáit uasráta de 1.4% de OIN iomlán an Aontais a shárú. Chun an NextGenerationEU (NGEU) agus an Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta a mhaoiniú, méadaíodh an teorainn go sealadach go 2% in 2020. Ní hionann an méadú sin agus méadú ar ranníocaíocht le buiséad an Aontais, ach feidhmíonn sé mar ráthaíocht chomhpháirteach um eisiúint bannaí Aontais chun an NextGenerationEU a mhaoiniú. Déanfar sin a aisiompú tar éis aisíoc na ndliteanas a bhaineann leis an NGEU.

**Ceartúcháin airgeadais**

Tá an ranníocaíocht bunaithe ar GIN faoi réir ceartúchán airgeadais freisin a n-aontaíonn an Chomhairle Eorpach orthu. Ós rud é nach nglacann an Danmhairg ná Éire páirt i mbeartais eile i ndáil le ceartas agus gnóthaí baile, laghdaítear a ranníocaíocht ar aon dul leis an ‘gcoigeartú JHA’. In 2022, laghdaíodh ranníocaíocht na hÉireann faoi €22.5 milliún i dtaobh an choigeartaithe JHA.

Tugtar laghduithe bliantúla cnapshuime chun an ranníocaíocht OIN atá iníoctha ag ballstáit áirithe a laghdú. Mar shampla, laghdóidh ceartúcháin chnapshuime an ranníocaíocht OIN arna híoc ag an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Ostair agus an tSualainn le haghaidh na tréimhse 2021 go 2027.

**Cleachtas comhardaithe**

Coigeartaítear ranníocaíochtaí bliantúla réamh-mheasta nó measta do bhuiséad an Aontais go rialta mar de réir mar a sholáthraítear nó mar a fhoilsítear sonraí nuashonraithe ó raon leathan foinsí. Anuas air sin, tugtar faoi chleachtaí bliantúla cothromaithe i ndáil le gnéithe OIN agus CBL de na ranníocaíochtaí. Is éard atá i gceist leis sin ná comparáid iardhearcach idir na réamh-mheastacháin le haghaidh OIN agus CBL, arna soláthar ag na ballstáit don bhliain roimhe, leis an olltoradh.

Tá na híocaíochtaí míosúla a dhéanann Éire leis an Aontas bunaithe ar fhigiúr comhghéillte idir an Roinn Airgeadais agus an Coimisiún Eorpach, agus tá sé sin bunaithe ar mheastacháin a ullmhaíonn an dá pháirtí. Is gnách go dtiteann an figiúr comhghéillte áit éigin idir an dá mheastachán. Nuair atá na figiúirí iarbhír ar fáil an bhliain dar gcionn, ullmhaítear ríomhanna atá fíoraithe suas agus íoctar suimeanna leis an Aontas nó faightear aisíocaíochtaí uaidh.

**Oll-ranníocaíochtaí agus ollchoigeartuithe OIN agus CBL na hÉireann le haghaidh na tréimhse 2019 go 2022**

| Bliain ábhartha | Oll-ranníocaíochtaí OIN agus CBL[a] | Coigeartú na bliana dar gcionn[b] | Coigeartú céatadáin |
|---|---|---|---|
| | €m | €m | % |
| **2019** | 1,992 | (44.5) | (2.2) |
| **2020** | 2,187 | 84.5 | 3.9 |
| **2021** | 2,740 | 185.7 | 6.8 |
| **2022** | 2,727 | 101.5 | 3.7 |

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí:
a Léirigh na suimeanna ollíocaíochtaí OIN agus CBL agus ní áirítear leo aon choigeartú eile a rinneadh i ndáil le ballstáit eile.
b Is féidir le coigeartuithe a bheith bainteach le níos mó ná bliain amháin agus is gnách go dtarlaíonn siad i Meitheamh na bliana dar gcionn.

## Iarscríbhinn 2B Dearbhú seachtrach

| Institiúidí agus eintitis | Ról agus freagrachtaí |
|---|---|
| **Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG)** | I gcás ina thugann roinn nó comhlacht Stáit a iniúchann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntas i leith chistí nó idirbhearta an Aontais ina gcuid ráiteas airgeadais, déantar iniúchadh ar fháil agus chur i bhfeidhm chistí an Aontais ar an gcaoi chéanna le hidirbhearta eile ag an gcomhlacht sin.<br>Cuirtear san áireamh sa phleanáil iniúchta an obair atá déanta agus ábhair imní atá ardaithe ag dreamanna eile, lena n-áirítear an Coimisiún, CIE, údaráis iniúchóireachta, aonaid iniúchóireachta inmheánaí agus an comhlacht deimhniúcháin um thacaí airgeadais.<br>Cuimsíonn an obair iniúchóireachta tástáil ar chomhlíonadh rialacha náisiúnta a rinneadh a thrasuí ó threoracha agus rialacháin an Aontais. |
| **Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE)** | Is é Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) iniúchóir seachtrach an Choimisiúin. Is é is aidhm dó an bealach a bhainistítear airgeadas an Choimisiúin a fheabhsú agus cur le cuntasacht phoiblí maidir le buiséad an Aontais a ardú agus a chaitheamh trí dhearbhú agus trí chomhairle.<br>Déanann sí a cuid oibre trí iniúchtaí airgeadais, trí iniúchtaí comhlíonta agus trí iniúchtaí feidhmíochta.<br>Déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh ar ioncam agus chaiteachas an Aontais, tugann sí tuairisc ar fhionnachtana agus mholtaí d'institiúidí an Aontais (amhail an Coimisiún) agus do bhallstáit, tugann sí tuairisc ar chalaois mheasta do OLAF agus molann sí cén chaoi ar fearr cistí an Aontais a bhainistiú. |
| **An Coimisiún Eorpach (CE)** | Is é an Coimisiún Eorpach atá freagrach i ndeireadh na dála as buiséad an Aontais a bhainistiú. Cuireann gach roinn den Choimisiún Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta i dtoll a chéile agus cuimsítear ann deimhniú ar dhearbhú, arna shíniú ag Ard-Stiúrthóir na roinne, go raibh idirbhearta na roinne dlíthiúil agus rialta.<br>Feidhmíonn an Coimisiún próiseas um imréiteach comhlíonta chun a fhíorú, trí mheán cigireachtaí ar an láthair go príomha, cibé acu an bhfuil úsáid cheart bainte ag na ballstáit as na cistí agus an bhfuil córais fheidhmiúla bhainistíochta agus rialaithe acu a fhéadann a chinntiú gur rialta atá íocaíochtaí le tairbhithe. |
| **An Ghníomhaireacht Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)** | Is é atá san Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) comhlacht Aontais ar tugadh sainordú dó chun calaois a bhrath, a fhiosrú agus a chosc i ndáil le cistí an Aontais. Tá OLAF neamhspleách agus is féidir leis ábhair a fhiosrú i ndáil le hioncam agus caiteachas an Aontais. |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# 3 Maoiniú d’údaráis áitiúla ón rialtas láir

Faigheann údaráis áitiúla sciar measartha mór dá maoiniú bliantúil ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais láir éagsúla (féach Fíor 3.1).

Is é is aidhm na tuarascála seo forléargas a thabhairt ar na cistí a shreabhann ó fhoinsí rialtais láir agus tríothu, leis, chuig údaráis áitiúla agus ar na cuspóirí ar soláthraíodh na cistí lena n-aghaidh.

Is iad an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (trí Vóta 34 agus tríd an gCiste Rialtais Áitiúil); agus an Roinn Iompair príomhfhoinsí an chistithe rialtais láir.

**Fíor 3.1 Sreabhadh maoinithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2022**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Seans nach ionann an sreabhadh cistithe chuig an gCiste Rialtais Áitiúil agus ar ais in aon bhliain faoi leith.

## Cuid 1 Aistrithe an rialtais láir agus iarratas ar mhaoiniú rialtais láir

In 2022, tháinig maoiniú de nach mór €6.04 billiún san iomlán ó rialtas láir chuig údaráis áitiúla. B'ionann é sin agus glanmhéadú thart ar €270 milliún (5%) le hais 2021, agus méadú tuairim is 127% tagtha air ó 2017 i leith (féach Fíor 3.2). Tháinig laghdú de €440 milliún ar mhaoiniú atá bainteach le Covid-19, i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Ar na príomhchúiseanna ba bhun le maoiniú rialtas láir a sholáthar bhí tithíocht shóisialta agus infheistíocht iompair a chur ar fáil; cabhair airgid a thabhairt i leith gníomhaíochtaí údaráis áitiúil i gcoitinne (tacaíocht bhuiséid); agus tacú leis an bhfreagairt do thionchair a bhaineann le paindéim Covid-19 (féach Fíor 3.4).

**Fíor 3.2 Maoiniú rialtais láir, 2017 – 2022**




**Fíor 3.4 Cuspóir an mhaoinithe rialtais láir, 2022**




**Fíor 3.3 Anailís ghrúpáilte ar an gcistiú rialtais áitiúil de réir chatagóir an chláir, 2022**




Foinse: Iarscríbhinn 3A

Nóta: a Fágtar as an áireamh anseo €40.6 milliún de ranníocaíochtaí aoisliúntais breise agus de tháillí iniúchóireachta ó údaráis áitiúla

## Cuid 2 Tithíocht agus athnuachan

Is as an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a thagann mórchuid an chistiúcháin a bhíonn le caitheamh ag na húdaráis áitiúla ar thithíocht agus athnuachan — meastar gur tháinig 98% den chaiteachas seo ón Roinn in 2022. Caitheann na húdaráis áitiúla an maoiniú ar stoc tithíochta sóisialta a sholáthar (arb iad na húdaráis áitiúla nó na comhlachtaí tithíochta ceadaithe a bhainistíonn é) agus ar thacaíochtaí tithíochta eile, lena n-áirítear an íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP), an scéim cóiríochta cíosa (SCC) agus cóiríocht do dhaoine gan dídean. Baintear úsáid as an maoiniú chomh maith chun feabhas a chur ar aonaid reatha tithíochta údaráis áitiúil agus deontais oiriúnaithe a sholáthar do dhaoine breacaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas.

Dáileann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar na húdaráis áitiúla le haghaidh athnuachan tuaithe a dhéanamh - €53 mhilliún sa bhliain 2022. Baintear úsáid as an maoiniú chun tacú le scéimeanna atá dírithe ar fhoirgnimh fholmha, ar bhonneagar le tithíocht a fhorbairt i lár an bhaile, agus ar áiseanna pobail nó poiblí a fhorbairt a chuireann leis an oidhreacht nó a fheabhsaíonn sócmhainní pobail eile.

**Fíor 3.5 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla le hinfheistiú sa tithíocht agus san athnuachan, 2017 - 2022**







**Fíor 3.6 Miondealú ar an maoiniú le haghaidh na tithíochta agus na hathnuachana, 2022**




Foinse: Iarscríbhinn 3A

Nóta: a Áirítear leis seo €371,000 a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt.

Cuireann an Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú ar fáil d'údaráis áitiúla le hinfheistiú i mbóithre agus san iompar poiblí. Cuireann an Roinn Iompair maoiniú ar fáil le haghaidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla, agus le haghaidh taisteal gníomhach, leis, caol díreach chuig na húdaráis áitiúla, agus soláthraítear maoiniú faoi chomhair cúiseanna eile trí bhíthin an Údaráis Náisiúnta Iompair agus Bhonneagar Iompair Éireann. Cuireann údaráis áitiúla áirithe airgead ar fáil le caitheamh ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha (€16.5 milliún in 2022) agus an maoiniú sin tógtha ó leithdháiltí cánach maoine áitiúla.

**Fíor 3.7 Maoiniú rialtais láir le húdaráis áitiúla don infheistíocht iompair, 2017 - 2022**




**Fíor 3.8 Infheistíocht iompair, de réir eagraíochta agus róil, 2022[b]**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Áirítear leis seo cistiú le haghaidh bonneagair d'fheithiclí leictreacha.

b Ní áirítear leis an bhfíor seo an maoiniú ó leithdháiltí cánach maoine áitiúla de €16.5 milliún a bhí le caitheamh ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha.

## Cuid 4 Tionscnaimh thimpeallachta

Soláthraítear maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh réimse seirbhísí timpeallachta, lena n-áirítear tionscadail uisce agus sláintíochta, bainistíocht dramhaíola agus cosaint tuilte.

Thug OOP maoiniú de thart ar €28 milliún d'údaráis áitiúla in 2022 faoi chomhair oibreacha cosanta tuilte.

Sa bhliain 2022, faoi mar a tharla in 2021, cuireadh maoiniú €3 mhilliún ar fáil do Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus do Chomhairle Contae an Longfoirt chun cúiteamh a dhéanamh ar na híocaíochtaí rátaí tráchtála a cailleadh nuair a dúnadh móinstáisiúin chumhachta ina gceantair féin tamall ó shin.

**Fíor 3.9 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla le haghaidh tionscnaimh thimpeallachta, 2017 – 2022**




**Fíor 3.10 Tionscnaimh thimpeallachta — foinsí agus cuspóirí an chistithe, 2022**




Foinse: Iarscríbhinn 3A

Nóta: a Áirítear leis seo maoiniú de €4 mhilliún ón gCiste Rialtais Áitiúil.

## Cuid 5 Cláir chaipitil ilghnéitheacha

Thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €44 mhilliún (2021: €47 milliún) d'údaráis áitiúla i leith an chláir LEADER; tuairim is €5 mhilliún faoi chomhair an chláir feabhsaithe pobail; agus tugadh an fuílleach de thart ar €4 mhilliún do réimse clár éagsúla eile.

Fuair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail aisíocaíochtaí ó na húdaráis áitiúla de €4.9 milliún san iomlán in 2022, lenar áiríodh aisíocaíocht de €1.6 milliún ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi chomhair oibreacha caipitiúla a mhaoiniú, ar tarraingíodh anuas go mícheart é i gcaitheamh na tréimhse 2017 – 2019.

Dháil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniú caipitil de thart ar €52 mhilliún, trí bhíthin an Bhoird Iascaigh Mhara, faoi chomhair gníomhaíochtaí gnó agus cósta. Dháil sí díreach faoi bhun €1.6 milliún, leis, (2021: €4 mhilliún), ar thionscadail forbartha cuain.

Trí bhíthin Bhord Fáilte, dháil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, maoiniú de thart ar €5 mhilliún ar chláir chaipitil ilghnéitheacha.

**Fíor 3.11 Maoiniú rialtais láir le húdaráis áitiúla faoi chomhair cláir chaipitil ilghnéitheacha, 2017 - 2022**




**Fíor 3.12 Cláir chaipitil ilghnéitheacha — foinsí agus cuspóirí an mhaoinithe, 2022**




Foinse: Iarscríbhinn 3A

Nótaí: a Tá maoiniú comhlán le sonrú anseo. Ní áirítear leis seo aisíocaíochtaí €4.9 milliún ó údaráis áitiúla.

b Déantar suimeanna a shlánú go dtí an milliún is gaire.

## Cuid 6 Scéimeanna fostaíochta

Dháil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail beagán le cois €48 milliún (2021: €40 milliún) ar údaráis áitiúla le haghaidh an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CGISP) — féachann an clár sin le tacaíochtaí foghlama agus margaidh saothair a thabhairt do dhaoine aonair faoi mhíbhuntáiste agus le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le comhionannas sóisialta agus le heisiamh. Ba chun tacú le daoine ón Úcráin a bhí thart ar €5 mhilliún den mhaoiniú méadaithe in 2022.

Trí bhíthin Fhiontraíocht Éireann, dháil an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta €37 milliún (2021: €31 mhilliún) in 2022 ar údaráis áitiúla le haghaidh an chláir um fhorbairt fiontar áitiúil arna reáchtáil ag na hoifigí fiontair áitiúil (OFÁnna).

**Fíor 3.13 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla le haghaidh scéimeanna fostaíochta, 2017 - 2022**




Foinse: Iarscríbhinn 3A

## Cuid 7 Seirbhísí eile

In 2022, i measc na seirbhísí eile ar thacaigh maoiniú rialtais láir leo bhí €16 mhilliún ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhair lóistín a thabhairt do theifigh ón Úcráin. Mar chuid de freisin bhí maoiniú €7 milliún (2021: €8 milliún) ón Roinn Sláinte ar íocadh é trí bhíthin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoi chomhair seirbhísí tréidliachta údaráis áitiúil agus €4 mhilliún (2021: €4 mhilliún) ón Roinn Cosanta faoi chomhair gníomhaíochtaí cosanta sibhialta.

Dháil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoiniú de €15.5 milliún (2021: €16.5 milliún) ar údaráis áitiúla in 2022 trí bhíthin Spórt Éireann.

Dáileadh suim iomlán de €32.6 milliún in 2022 chun tacú le seirbhísí dóiteáin agus éigeandála (2021: €8.3 milliún). Fuarthas €23.4 milliún le dáileadh ón vóta Tithíochta (2021: €8.3 milliún). Dháil FSS €9.2 milliún eile d'fhonn tacú le Seirbhís Otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (féach freisin Caibidil 5).

**Fíor 3.14 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí eile, 2017 - 2022**




Nóta: a Cuimsítear leis seo maoiniú le haghaidh linnte snámha i gcomhair na tréimhse 2017 – 2018.

**Fíor 3.15 Seirbhísí eile — foinsí agus cuspóirí an mhaoinithe, 2022**




Foinse: Iarscríbhinn 3A

Nóta a Déantar suimeanna a shlánú go dtí an milliún is gaire.

## Cuid 8 Maoiniú speisialta chun tionchar phaindéim Covid-19 a mhaolú

In 2022, dháil an rialtas láir cistiú breise de €197 milliún (2021: €637 milliún) ar na húdaráis áitiúla chun tionchar leantach phaindéim Covid-19 ar a gcuid oibríochtaí a mhaolú. Tháinig €183 mhilliún, nó 93% den mhaoiniú a dáileadh, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta trí bhíthin an Chiste Rialtais Áitiúil (CRÁ). Is leis an mbliain 2021 a bhain thart ar €120 milliún den €183 mhilliún a íocadh ón CRÁ in 2022.

Maidir leis an gcuid is mó den mhaoiniú a íocadh ar aghaidh in 2022, bhí sí i riocht tacaíochta do na húdaráis áitiúla as ioncam laghdaithe ó rátaí tráchtála mar gheall ar tharscaoiltí rátaí a deonaíodh mar fhreagairt do shrianta phaindéim Covid-19. Tháinig deireadh leis an scéim tarscaoilte deiridh ag deireadh ráithe 1, 2022.

**Fíor 3.16 Tacaíochtaí díreacha le cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla, 2020 agus 2022[a]**




Nóta: a Níor íocadh aon mhéid i leith 'Cúnamh eile a íocadh tríd an CRÁ' in 2020.

**Fíor 3.17 Tacaíochtaí do ghnólachtaí ar riar na húdaráis áitiúla iad, 2020 agus 2022**




Foinse: Iarscríbhinn 3A

## Cuid 9 An Ciste Rialtais Áitiúil

Is é is an Ciste Rialtais Áitiúil (CRÁ) ann ná lárchiste speisialta a ndéanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) bainistiú air, a dháileann maoiniú ar údaráis áitiúla ón Státchiste (tríd an Vóta) agus ó fháltais ón gcáin mhaoine áitiúil (LPT) a mbailíonn na Coimisinéirí Ioncaim iad le linn na bliana.

I dtreo dheireadh gach bliana, déanann an Roinn an toradh LPT a mheas a bheidh faoi dhliteanas ar mhaoin don bhliain dár gcionn. Anuas ar an ranníocaíocht chomhionannaithe ón Státchiste, is é seo an leithdháileadh LPT a thabharfar d'údaráis áitiúla an bhliain sin (féach Iarscríbhinn 3B le teacht ar ríomh leithdháileadh LPT 2022).

Bíonn seans ann i gcónaí nach mbeidh an LPT a bhailítear i mbliain ar leith cothrom le leithdháileadh na bliana sin ós féidir le húinéirí maoine a gcuid LPT a íoc sa bhliain roimh a ndliteanas, nó mar íocaíocht dhéanach an bhliain dár gcionn. Mar shampla, fuarthas €75 mhilliún d'fháltais LPT in 2022 faoi chomhair bhliain dliteanais 2023, fad is a bhain €125 mhilliún de na fáltais LPT a fuarthas in 2021 leis an mbliain dliteanais 2022. Lena chois sin, fuarthas €52 mhilliún in 2022 faoi chomhair blianta dliteanais roimh 2022.

Is léir ó Fhíor 3.18 gur tháinig méadú de réir a chéile ar chúlchistí CRÁ ó €95 mhilliún ag deireadh 2017, go tuairim is €203 mhilliún ag deireadh 2022, méadú arb ionann é agus breis agus 110%. Más fíor don Roinn, mar chuid de na cúlchistí ag deireadh 2022 bhí cistiú ar cuireadh i leataobh é le caitheamh sa tréimhse amach romhainn, lena n-áirítear €75 mhilliún de réamhíocaíochtaí LPT, €60 milliún de chistiú breise mar gheall ar bhrúnna maoiniúcháin a bhain le costais fuinnimh den chuid is mó, mar aon le €8 milliún faoi chomhair maoiniú comhionannaithe LPT i gcomhair 2023.

**Fíor 3.18 Cúlchistí deireadh bliana an Chiste Rialtais Áitiúil, 2017 – 2022**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil

## Iarscríbhinn 3A Aistrithe rialtais áitiúil chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2017 – 2022

Léirítear i bhFíor 3A.1 na treochtaí i maoiniú a dáileadh ar údaráis áitiúla i gcaitheamh na tréimhse ó 2017 go 2022. D’fhéadfadh nach suimítear roinnt figiúirí de bharr slánú.

### *Foinsí maoiniúcháin*

Is iad seo a leanas na foinsí maoiniúcháin atá tuairiscithe i bhFíor 3A.1 thíos

Oifig na nOibreacha Poiblí

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

An Roinn Iompair

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

An Roinn Sláinte

An Roinn Dlí agus Cirt

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Roinn Coimirce Sóisialaí

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

An Roinn Cosanta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil

## Iarscríbhinn 3A.1 Aistrithe rialtais áitiúil chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2017 go 2022[a]

| Catagóir chaiteachais | 2017 €m | 2018 €m | 2019 €m | 2020 €m | 2021 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tithíocht agus athnuachan** | | | | | | |
| Soláthar tithíochta sóisialta | 1,133 | 1,704 | 2,024 | 2,156 | 2,413 | 2,693 |
| Tithíocht inacmhainne, etc. | 3 | — | — | — | 4 | 9 |
| Maoiniú bonneagair | — | 7 | 22 | 32 | 16 | 17 |
| Tacaíochtaí tithíochta eile | 79 | 215 | 258 | 340 | 324 | 420 |
| Athnuachan | 78 | 86 | 79 | 67 | 82 | 90 |
| | **1,293** | **2,012** | **2,383** | **2,595** | **2,839** | **3,229** |
| **Infheistíocht iompair** | | | | | | |
| Feabhsú bóithre náisiúnta | 239 | 315 | 330 | 429 | 517 | 449 |
| Feabhsú bóithre réigiúnacha agus áitiúla | 368 | 461 | 512 | 573 | 606 | 644 |
| Iompar poiblí agus taisteal gníomhach | 30 | 36 | 40 | 109 | 209 | 348 |
| | **637** | **812** | **882** | **1,111** | **1,332** | **1,441** |
| **Tionscnaimh thimpeallachta** | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 98 | 102 | 107 | 63 | 73 | 74 |
| Oibreacha cosanta tuilte | 28 | 31 | 28 | 31 | 26 | 28 |
| Bainistíocht dramhaíola | 17 | 25 | 23 | 26 | 39 | 37 |
| Bearta timpeallachta eile | 7 | 13 | 6 | 3 | 8 | 13 |
| | **150** | **171** | **164** | **123** | **146** | **152** |
| **Clár caipitil ilghnéitheacha** | **22** | **64** | **85** | **103** | **62** | **111** |
| **Scéimeanna fostaíochta** | **81** | **84** | **86** | **91** | **77** | **92** |

**Iarscríbhinn 3A.1 Aistrithe rialtais áitiúil chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2017 go 2022 (ar lean)**

| Catagóir chaiteachais | 2017 €m | 2018 €m | 2019 €m | 2020 €m | 2021 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí eile** | | | | | | |
| Linnte snámha | 6 | 1 | — | — | — | — |
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 12 | 13 | 13 | 12 | 8 | 33[b] |
| Seirbhís leabharlainne | 7 | 7 | 6 | 7 | 7 | 4 |
| Deontais spóirt, clóis súgartha agus tionscadail chultúrtha | 13 | 22 | 30 | 45 | 40 | 49 |
| Seirbhísí oidhreachta (oidhreacht sheandálaíoch) | 2 | 1 | 4 | 5 | 10 | 13 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha eile | 27 | 44 | 34 | 48 | 58 | 80 |
| | **67** | **88** | **87** | **117** | **123** | **179** |
| **Tacaíochtaí Covid-19** | | | | | | |
| Maoiniú a bhaineann le Covid-19 le haghaidh rátaí tarscaoilte | — | — | — | 730 | 423 | 123 |
| Maoiniú a bhaineann le Covid-19 do ghnólachtaí | — | — | — | 687 | 78 | 14 |
| Cúnamh eile Covid-19 | — | — | — | — | 136 | 60 |
| | **—** | **—** | **—** | **1,417** | **637** | **197** |
| Leithdháiltí LPT — nach bhfuil sonrach don chlár/atá lánroghnach | 393 | 395 | 394 | 410 | 422 | 423 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le luach saothair íoctha ón CRÁ | 20 | 60 | 86 | 109 | 130 | 210 |
| **Maoiniú iomlán a soláthraíodh d’údaráis áitiúla** | **2,662** | **3,686** | **4,167** | **6,076** | **5,768** | **6,035** |

Foinse: Iarscríbhinn 3A

Nóta:
a D’fhéadfadh nach suimítear roinnt figiúirí de bharr slánú.
b Mar chuid de seo tá maoiniú de €9.2 milliún ón Roinn Sláinte, ar íocadh trí FSS é, do Sheirbhís Otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Níor cuireadh an maoiniú sin ar áireamh i bhfigiúirí na mblianta roimhe mar gheall ar earráid a rinne an Roinn.

## Iarscríbhinn 3B Leithdháileadh na cánach maoine áitiúla

Leagtar amach sa sceideal leithdháilte bliantúil a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na Roinne an méid cánach maoine áitiúla (LPT) a fuair gach údarás áitiúil, agus an méid a bhfuil sé de chead ag údaráis áitiúla é a chaitheamh chun a gcríoch féin (is é sin, maoiniú lánroghnach). Tá meabhrán Rialtais mar bhonn faoin gcóras leithdháilte, meabhrán ina leagtar amach, *inter alia*, an t-uasmhéid de mhaoiniú lánroghnach LPT atá gach údarás áitiúil i dteideal a fháil.

Tá gach údarás áitiúil i dteideal méid íosta maoinithe a fháil ar a dtugtar maoiniú bonnlíne. Más rud é nach bhfuil bonn maoine láidir go leor ag údaráis áitiúla chun an leibhéal íosta maoinithe sin a bhaint amach, déantar an sciar acu a mhéadú i bpróiseas ar a dtugtar comhionannú. Is iad an 20 údarás áitiúil céanna a rinneadh a sciar a mhéadú gach bliain ó 2020 i leith.

Coimeádann údaráis áitiúla 80% dá dtoradh tuartha LPT i dtosach agus déantar an 20% atá fágtha a athdháileadh ar údaráis áitiúla atá faoi bhun na bonnlíne. Cuireann an rialtas láir maoiniú leis an gcomhionannú nuair nach leor an ciste athdháileacháin sin (€34 mhilliún in 2022).

Tá cead ag údaráis áitiúla an ráta ag a n-íocann úinéirí maoine áitiúla an LPT a athrú. Nuair a chuireann údaráis áitiúla athruithe aníos i bhfeidhm, déanann siad an t-ioncam méadaithe a choimeád, agus tá leithdháileadh laghdaithe ann mar thoradh ar leasú anuas. Tháinig méadú €4 mhilliún ar leithdháiltí LPT ar an iomlán in 2022 (2021: méadú €3 mhilliún) mar gheall ar athruithe áitiúla.

I gcás na n-údarás áitiúil atá os cionn na bonnlíne, ceanglaítear orthu roinnt dá sciar a chaitheamh ar thithíocht agus ar iompar, rud a mhaoineofaí as an Státchiste murach sin. €101 milliún san iomlán a bhí san fhigiúr sin in 2022 (2021: €108 milliún). Ceadaítear do na húdaráis áitiúla sin an fuílleach dá bhfarasbarr LPT a choimeád faoi réir uasmhéid de 20% den toradh atá á thuar.

Faoi phróiseas leithdháilte 2022, ceadaíodh do na ceithre údarás áitiúla de chuid Bhaile Átha Cliath maoiniú lánroghnach de €40.8 milliún a fháil le cois a leibhéil bonnlíne de mhaoiniú. Le linn 2022, chuir an Roinn €8 milliún leis an maoiniú lánroghnach LPT. Mínítear an coigeartú seo a thuilleadh i gCaibidil 5 Cuntasaíocht vótaí agus buiséadú.

| | Coinneáil 80% > bonn | Coinneáil 80% < bonn | 2022 Gach ceann | 2021 Gach ceann |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na n-údarás áitiúil** | **11** | **20** | **31** | **31** |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Toradh tuartha LPT iomlán | 332 | 161 | 494 | 492 |
| Coinneáil áitiúil (80%) | 266 | 129 | 395 | 394 |
| Maoiniú comhionannaithe | | | | |
| - Athdháileadh LPT (20%) | — | 99 | 99 | 98 |
| - Ranníocaíocht Státchiste | — | 34 | 34 | 35 |
| **Leithdháiltí LPT roimh an athrú** | **266** | **262** | **528** | **527** |
| Coigeartú le haghaidh athruithe áitiúla sa ráta cánach | (20) | 16 | (4) | 3 |
| **Leithdháiltí LPT i ndiaidh an athraithe** | **246** | **278** | **524** | **530** |
| **Lena n-áirítear** [b] | | | | |
| **- le haghaidh úsáid ghinearálta an údaráis** | **146** | **278** | **423** | **422** |
| **- féinmhaoiniú tithíochta agus bóithre** | **101** | **—** | **101** | **108** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nótaí: a Seans nach mbeidh roinnt figiúirí ag réiteach lena chéile de bharr slánú.

b Déantar an méadú ar mhaoiniú lánroghnach a fhritháireamh trí laghdú €8 milliún a dhéanamh ar LPT féinmhaoinithe. Maidir leis na méideanna a luadh sa sceideal leithdháilte a foilsíodh do 2022, bhain €415 mhilliún le húsáid ghinearálta agus €109 milliún le críocha féinmhaoinithe

# 4 Cuntasacht as maoiniú lárnach na n-údarás áitiúil

4.1 Faigheann údaráis áitiúla leibhéal suntasach maoinithe ón Státchiste gach bliain ó roinnt ranna agus gníomhaireachtaí de chuid an rialtais láir. Tá forbhreathnú le fáil i gCaibidil 3 ar an maoiniú a shreabhann ó fhoinsí an rialtais láir chuig údaráis áitiúla agus tríothu araon, agus ar na críocha ar chucu a cuireadh na cistí sin ar fáil.

4.2 Rinneadh nochtadh sa ráiteas faoi rialú inmheánach a tíolacadh le cuntas leithreasa 2021 do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail. Bhain an nochtadh sin le cás inar tharraing údarás áitiúil maoiniú deontais anuas ar bhonn nár chomhlíon téarmaí agus coinníollacha scéime deontas vóta-mhaoinithe. Thángthas ar an scéal mar thoradh ar obair chigireachta a rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus mar sin bhí ar an údarás áitiúil maoiniú deontais suntasach a thabhairt ar ais.

4.3 Ceanglaítear ar sholáthraithe mhaoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maoirseachta um maoiniú deontais i bhfeidhm a thagann le forálacha Chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe an Phlean Forbartha Náisiúnta (DPENDPDR) dar teideal *Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Cuntasacht as na Cistí sin* (Ciorclán 13/2014).[1]

4.4 Tá freagracht iomlán dhlíthiúil ar údaráis áitiúla, mar eintitis chorparáideacha neamhspleácha, as cur i gcrích a gcuid feidhmeanna agus as a chinntiú go dtugtar cuntas ceart ar mhaoiniú ón Státchiste agus go ndéantar é a bhainistiú i gceart.

4.5 Tá freagracht ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) as beartas, reachtaíocht, cuntasacht don Oireachtas agus, thar réimse leathan, as maoirseacht, i leith an chórais rialtais áitiúil. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla cloí le haon chód cleachtais cuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001.[2]

4.6 Tá DHLGH freagrach freisin as ciorcláin arna n-eisiúint ag DPENDPDR agus as treoir ar chaiteachas na hearnála poiblí a chur in iúl d'údaráis áitiúla.

4.7 Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ciorclán áirithe a cuireadh ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le maoiniú ón Státchiste. Go háirithe, athbhreithnítear ann sampla de chláir arna maoiniú ag an Státchiste agus arna mbainistiú ag údaráis áitiúla maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann siad Ciorclán 13/2014 agus na ceanglais um nochtadh i gcás ráitis airgeadais bhliantúla na n-údarás áitiúil.

## Ciorclán 13/2014

4.8 Leagtar amach i gCiorclán 13/2014 na prionsabail, na nósanna imeachta agus na ceanglais tuairiscithe maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí atá le leanúint ag deontóirí agus deontaithe i gcás maoiniú deontais ón Státchiste.[3] Leagtar amach i rannán 3 den chiorclán ceanglais áirithe do dheontóirí an mhaoinithe ón Státchiste agus leagtar amach i rannán 5 na hoibleagáidí nach mór dóibh siúd a fhaigheann maoiniú ón Státchiste a chomhlíonadh.

1 Foilsíodh an ciorclán i mí Mheán Fómhair 2014.

2 Sonraítear in Alt 107 Cuntais a choimeád in Acht 2001 go gceanglaítear ar údaráis áitiúla aon chód cleachtais cuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire, nó aon leasuithe air, a eiseoidh an tAire a eisiúint ó am go ham a chomhlíonadh.

3 Bhí caibidil ar *Bainistíocht Deontas Rialtais* sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2014 inar scrúdaíodh na socruithe athbhreithnithe maidir le rialú agus cuntasacht deontas a eascraíonn ó Chiorclán 13/2014.

**4.9** D'athbhreithnigh an fhoireann scrúdaithe na trí chlár seo a leanas maidir le comhlíonadh phríomhfhorálacha Chiorclán 13/2014 (féach Fíor 4.1).

- **Éire Ildánach** — clár cultúir agus folláine uile-rialtais, ina ndéantar cuid de ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh an chláir a sholáthar trí údaráis áitiúla.[1] Tá an clár á riar ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus na Meán (DTCAGSM) agus tá sé á pháirtmhaoiniú ag an gCiste Rialtais Áitiúil. Fuair údaráis áitiúla timpeall €8.3 milliún in 2022 agus tháinig €1 mhilliún de sin ón gCiste Rialtais Áitiúil. Rinneadh athbhreithniú ar íocaíochtaí arbh fhiú thart ar €550,000 iad le seacht n-údarás áitiúla sa scrúdú seo.
- **Iarfheistiú éifeachtúlachta fuinnimh** — clár atá á reáchtáil ag DHLGH chun éifeachtúlacht fuinnimh stoc tithíochta na n-údarás áitiúil a uasghrádú. Fuair údaráis áitiúla €54.2 milliún faoin gclár in 2022. Rinneadh athbhreithniú ar íocaíochtaí a tugadh d'ocht n-údarás áitiúla sa scrúdú seo. Chuimsigh sé sin athbhreithniú ar mhaoiniú le haghaidh ocht dteaghais a iarfheistiú, rud a bhí mar chuid de bhaisc íocaíochtaí arbh fhiú díreach os cionn €4 mhilliún iad.
- **Taisteal gníomhach** — clár atá á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) d'údaráis áitiúla chun bonneagar rothaíochta agus cosáin a thógáil. Fuair údaráis áitiúla timpeall €300 milliún faoin gclár in 2022. Rinneadh athbhreithniú ar íocaíochtaí arbh fhiú €41.4 milliún iad le deich n-údarás áitiúla sa scrúdú seo.

**Fíor 4.1 Comhlíonadh phríomhfhorálacha Chiorclán 13/2014[a,b]**

| Foráil den chiorclán | Éire Ildánach | Iarfheistiú éifeachtachta fuinnimh | Taisteal gníomhach |
|---|---|---|---|
| *De cheangal ar dheontóirí* | | | |
| Cuspóirí maoinithe | Comhlíonadh iomlán | Comhlíonadh iomlán | Comhlíonadh iomlán |
| Téarmaí agus Coinníollacha | Comhlíonadh iomlán | Comhlíonadh páirteach | Comhlíonadh iomlán |
| Comhaontú seirbhíse | Comhlíonadh iomlán | N/B | N/B |
| Monatóireacht agus tuairisciú | Comhlíonadh iomlán | Comhlíonadh páirteach | Comhlíonadh iomlán |
| Cigireacht | Comhlíonadh iomlán | Neamhchomhlíonadh | Comhlíonadh iomlán |
| Caiteachas dearbhaithe | Comhlíonadh páirteach | Comhlíonadh iomlán | Comhlíonadh páirteach |
| Réamhíocaíocht | N/B | N/B | Comhlíonadh páirteach |
| Ceanglais riaracháin agus rialaithe | Comhlíonadh iomlán | Comhlíonadh iomlán | Comhlíonadh iomlán |
| Foinsí maoinithe iolracha | N/B | N/B | N/B |
| *De cheangal ar dheontaithe* | | | |
| Nochtadh i ráitis airgeadais | Neamhchomhlíonadh | Neamhchomhlíonadh | Neamhchomhlíonadh |

Comhlíonadh iomlán / Comhlíonadh páirteach / Neamhchomhlíonadh

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Baineann na forálacha san fhíor leis na coinníollacha ginearálta maidir le bainistiú maoinithe deontais ag deontóirí (rannán 3) agus freagrachtaí an deontaí (rannán 5) den chiorclán.

b Measadh go raibh gach clár comhlíontach sa chás go raibh an fhoráil ábhartha den chiorclán comhlíonta den chuid is mó nó go hiomlán.

1 Is é cuspóir an chláir daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a athrú trí chruthaitheacht. I measc na ngníomhaíochtaí atá bunaithe ar chultúr tá taispeántais ealaíne, ceardlanna, díospóireachtaí painéil le healaíontóirí agus údair, taispeáint scannán agus imeachtaí poiblí eile, mar shampla, drámaí faoin aer.

### *Cuspóirí, agus téarmaí agus coinníollacha, maidir le maoiniú deontais*

**4.10** Ceanglaítear ar chomhlachtaí maoinithe cuspóirí na ndeontas a chuirtear ar fáil a leagan amach go soiléir agus fógra a thabhairt do dheontaithe faoi théarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe ionas go mbeidh siad ar an eolas go hiomlán faoina gcuid freagrachtaí.

**4.11** Cuireadh cuspóir na ndeontas mar aon leis na téarmaí agus na coinníollacha in iúl maidir leis na trí chlár. Mar sin féin, ní dhearnadh sa chomhaontú deontais a d'eisigh DHLGH d'údaráis áitiúla don chlár iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh aon tagairt don ghá atá le Ciorclán 13/2014 a chomhlíonadh. Rinneadh tagairt i gcomhaontuithe na scéimeanna eile don ghá atá le ceanglais an chiorcláin a chomhlíonadh.

**4.12** Dúirt DHLGH go gceanglaítear ar údaráis áitiúla in 2023 a dhearbhú go bhfuil na héilimh a sheoltar isteach ag teacht le ceanglas Chiorclán 13/2014 agus go n-áireofar an ceanglas sa chiorclán ón Roinn in 2024 a bheidh mar thaca faoin gclár iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh.

### *Comhaontuithe seirbhíse*

**4.13** Ba ag clár Éire Ildánach amháin a bhí comhaontuithe seirbhíse i bhfeidhm idir DTCAGSM mar dheontóir agus na húdaráis áitiúla mar fhaighteoirí.

**4.14** I gcásanna inar féidir na téarmaí seirbhíse, na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo agus na freagrachtaí a leagan amach go soiléir sa chomhaontú deontais, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le comhaontú seirbhíse iomlán ar leith. I gcás na gclár um thaisteal gníomhach agus na gclár um iarfheistiú éifeachtúlachta fuinnimh, faigheann údaráis áitiúla maoiniú le haghaidh tionscadail ar leith (e.g., do rotharbhealach ar leith, nó do theach aonair) nach mór a chur i gcrích de réir caighdeán nó dearadh atá sainithe go soiléir agus mar sin níl aon chomhaontú seirbhíse ina leagtar amach leibhéil seirbhíse ná táscairí feidhmíochta riachtanach.

### *Monatóireacht agus tuairisciú*

**4.15** Ceanglaítear ar dheontóirí socruithe cuí tuairiscithe airgeadais agus feidhmíochta a chur i bhfeidhm. Ba cheart deimhniú dearbhaithe atá sínithe ag beirt oifigeach shinsearacha den lucht bainistíochta a bheith ag gabháil leis na tuarascálacha, ina ndeimhnítear gur úsáideadh an t-airgead poiblí a deonaíodh de réir théarmaí agus choinníollacha an deontais.

**4.16** Cé go bhfuair na trí dheontóir faisnéis ar thoradh na gclár a mhaoinigh siad, níor léir i gcás an chláir iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh gur sholáthair an deontaí deimhniú dearbhaithe a bhí sínithe ag beirt ag an leibhéal cuí. Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara nach bhfuil áit don dara síniú sa teimpléad a úsáidtear don chlár.

**4.17** Dúirt DHLGH go síníonn Stiúrthóir Seirbhísí an údaráis áitiúil an deimhniú dearbhaithe agus go meastar gurb ionann agus an sínitheoir eile an fhoireann riaracháin a bhfuil sé de chúram uirthi an fhaisnéis a thiomsú agus a chinntiú go bhfuil sí cruinn. Luaigh sé go meastar go bhfuil an leibhéal sínithe sin cuí maidir le maoiniú deontais a fháil.

**4.18** Éilíonn DHLGH go gcuirfí deimhnithe rátála fuinnimh foirgnimh (RFF) ar fáil roimh thús na hoibre agus ina diaidh lena dheimhniú go ndearnadh gach teach a uasghrádú go dtí an caighdeán riachtanach, agus freisin go gcuirfí grianghraif den obair chríochnaithe ar fáil. Cé go bhfuarthas deimhnithe RFF réamhoibre agus iar-oibre agus go raibh siad ar comhad, ní raibh grianghraif den obair chríochnaithe sna comhaid a cuireadh ar fáil don fhoireann scrúdaithe.

**4.19** Dúirt DHLGH nach gcoinníonn sí grianghraif den obair chríochnaithe ar comhad ach go gcaithfidh na húdaráis áitiúla ghrianghraif a choinneáil mar fhianaise agus iad a sholáthar don Roinn, ar iarratas.

### *Cigireacht*

**4.20** Ceanglaítear ar dheontóirí deontaithe a chur ar an eolas, *inter alia*, maidir le ceart na ndeontóirí iniúchadh a dhéanamh ar thaifid na ndeontaithe. Ní raibh an ceanglas sin leagtha amach i dtéarmaí agus coinníollacha DHLGH do chlár iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh na n-údarás áitiúil. Tá sé ráite ag DHLGH go dtabharfar aghaidh air sin sa chéad leagan eile den chlár.

### *Dearbhú caiteachais*

**4.21** Go ginearálta, cuirtear maoiniú deontais ar fáil do dheontaithe ar bhonn aisíocaíochta. Roimh aisíocaíocht, ba cheart do dheontóirí na nithe seo a leanas a fháil

- sonraisc thacaíochta
- fianaise gur íocadh na sonraisc, agus
- deimhniú nach n-úsáidfear na sonraisc chéanna chun aisíocaíochtaí a lorg ó mhaoinitheoirí eile.

**4.22** Tá íocaíochtaí faoin gclár iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh agus faoi chlár Éire Ildánach bunaithe ar chaiteachas dearbhaithe agus ar fhianaise tacaíochta ábhartha a fuarthas. Mar sin féin, ní bhfuair DTCAGSM sonraisc bhunaidh i ngach cás sular aisíocadh údaráis áitiúla as tionscadail Éire Ildánach. Ní mór cruthúnas go ndearna an t-údarás áitiúil an íocaíocht a bheith leis an bhfoirm éilimh ar dheontas trí phriontáil amach ón gcóras bainistíochta airgeadais nó a leithéid. Tugtar le fios ar an bhfoirm nach gá sonraisc ná admhálacha a uaslódáil mura n-iarrtar iad. Go bunúsach, tá DTCAGSM ag brath ar bheartais na n-údarás áitiúil féin maidir le sonraisc a choinneáil mar fhianaise chun tacú le híocaíochtaí deontas.

**4.23** Dúirt DTCAGSM go leagtar amach sa chomhaontú seirbhíse atá i bhfeidhm do chlár Éire Ildánach an staid réamhshocraithe maidir le caiteachas dearbhaithe, i.e., nach n-íocfar maoiniú deontais ach amháin ar bhonn caiteachais dhearbhaithe. Dúirt sé go seoltar foirm forchúitimh atá deimhnithe ag oifigigh chuí an údaráis áitiúil a bheith ceart a sheoladh in éineacht le gach iarratas chuig an Roinn maidir le gach tarraingt anuas. Dúirt DTCAGSM freisin, chun freastal ar an ngá atá le caiteachas a fhíorú, go ndéanann sé spotseiceálacha bliantúla ar íocaíochtaí údaráis áitiúil, trí imeacht nó tionscnamh iomlán amháin a roghnú go randamach in aghaidh an údaráis áitiúil lena iniúchadh ar bhonn caiteachais dhearbhaithe.

### *Réamhíocaíocht*

**4.24** I gcásanna inar mian le roinn clár a réamh-mhaoiniú, ní mór di cead a fháil roimh ré ó DPENDPDR, agus na fáthanna agus na socruithe monatóireachta á leagan amach aici.

**4.25** Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) maoiniú faoin gclár um thaisteal gníomhach ar fáil d'údarás áitiúil ar chríochnú na hoibre ar conradh chun sástacht an údaráis áitiúil nuair a bhíonn an íocaíocht dlite don chonraitheoir, i.e., go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht. Cuirtear an maoiniú sin ar fáil sula gcuireann an t-údarás áitiúil na doiciméid dhearbhaithe ábhartha faoi bhráid NTA. Dúirt NTA go dtarlaíonn sé, toisc go ndéantar an íocaíocht deontais tar éis don dliteanas teacht in aibíocht, nach measann sé gur réamh-mhaoiniú é sin.

**4.26** Ní bhfuarthas réamhchead ó DPENDPDR chun íoc ar bhonn dliteanais aibithe seachas tar éis cáipéisíocht dhearbhaithe a fháil. I mí na Nollag 2022, scríobh NTA chuig an Roinn Iompair ag leagan amach, *inter alia*, go raibh an ceanglas maidir le héilimh a dhéanamh ar bhonn caiteachais dhearbhaithe neamhphraiticiúil agus go gcruthódh sé deacrachtaí suntasacha maidir le clár caipitil NTA a chur i bhfeidhm; agus go n-oibríonn NTA ar bhonn maoiniú a chur ar fáil do dhliteanais na n-údarás áitiúil atá tagtha in aibíocht. D'iarr NTA ar an Roinn cur i bhfeidhm Chiorclán 13/2014 a shoiléiriú le DPENDPDR.[1] I mí Aibreáin 2023, d'admhaigh DPENDPDR go raibh socrú NTA ag cloí leis an gciorclán agus go bhféadfadh sé maoiniú a sholáthar ar an mbonn sin.

### *Ceanglais riaracháin agus rialaithe*

**4.27** Ba cheart do dheontóirí a bheith sásta go bhfuil socruithe leordhóthanacha cuntasaíochta agus eagrúcháin ag deontaithe chun riar cuí an mhaoinithe deontais a chinntiú.

**4.28** Rinne na trí chomhlacht maoinithe athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí le déanaí ar na cláir faoi leith a mhaoiníonn siad.

**4.29** Níor sainaithníodh aon saincheisteanna suntasacha sna hathbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí a rinne na Ranna faoi seach ar chlár Éire Ildánach ná ar an gclár iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh.

**4.30** Mar sin féin, sainaithníodh in athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí NTA ar an gclár um thaisteal gníomhach roinnt cásanna ina raibh nósanna imeachta agus rialuithe laga riaracháin ar bun.[2] In 2022, rinneadh san iniúchadh inmheánach athbhreithniú ar dheontais chaipitil a íocadh le deich n-údarás áitiúla faoin gclár.[3]

- I gcás dhá údarás áitiúla, níor tugadh san iniúchadh inmheánach ach dearbhú teoranta ar leordhóthanacht na nósanna imeachta agus na rialuithe foriomlána atá i bhfeidhm do mhaoiniú an chláir um thaisteal gníomhach. Sainaithníodh sna tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí roinnt laigí rialaithe bunúsacha i bpróisis soláthair na n-údarás ar ghá aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir.
- I gcúig údarás áitiúla eile, sainaithníodh san iniúchadh inmheánach droch-chleachtais soláthair a measadh a bheith tábhachtach, agus ar ghá iad a cheartú laistigh de thrí mhí.

**4.31** I measc na saincheisteanna soláthair a sainaithníodh sna hathbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí bhí easpa fianaise gur seoladh soláthar iomaíoch; conarthaí nach raibh ar comhad; próisis soláthair mhíchearta a rinneadh; foirmeacha coinbhleachta leasa nár léir iad a bheith ar comhad; cásanna nár úsáideadh ríomhthairiscintí; agus cásanna nár insíodh toradh an phróisis soláthair do na tairgeoirí nár éirigh leo iontu.

1 Is ar mháthair-roinn NTA mar dheontóir bunaidh atá an dualgas teagmháil a dhéanamh le DPENDPDR thar ceann NTA.

2 Is é gnólacht iniúchóireachta tríú páirtí a thugann faoin bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí.

3 Rinneadh na hathbhreithnithe chun leordhóthanacht agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm a mheas i ngach ceann de na deich n-údarás, le haghaidh deontais chaipitil a íocadh in 2021 faoin gclár.

**4.32** Dúirt NTA go n-oibreodh sé le húdaráis áitiúla chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na torthaí ábhartha a sainaithníodh trína chlár iniúchóireachta inmheánaí. Áireofar leis sin grinnscrúdú breise ar ghnéithe éagsúla de sholáthar agus faireachán leantach lena chinntiú go bhfuil bearta iomchuí curtha i bhfeidhm.

### *Deimhniú nár tugadh aon mhaoiniú dúbailte*

**4.33** I gcás socruithe cómhaoinithe iolracha, ceanglaítear ar dheonaithe dearbhú bliantúil a sholáthar do gach deontóir faoi fhoinse, méid agus cuspóir an mhaoinithe eile ar fad, lena n-áirítear nach bhfuarthas maoiniú dúbailte don ghníomhaíocht chéanna. Ba cheart a lua sa dearbhú freisin má sháraigh an maoiniú ón Státchiste ó gach foinse 50% den ioncam iomlán.

**4.34** Sna trí chlár a scrúdaíodh, dheimhnigh na deontaithe nach raibh baint ag aon pháirtí maoinithe eile leo.

### *Nochtadh i ráitis airgeadais*

**4.35** Faoi mar atá leagtha amach i rannán a cúig (freagrachtaí an deontaí) den chiorclán, ceanglaítear mar choinníoll maoinithe ar dheontaithe faisnéis shonrach a nochtadh faoi mhaoiniú deontais Stáit a fhaigheann siad ina ráitis airgeadais, mar aon le faisnéis eile. Áirítear leis an bhfaisnéis sin: ainm an deontóra agus an deontais; cuspóir an deontais agus conas a thugtar cuntas air; mionsonraí áirithe ar dheontais chaipitil; an raibh an deontas le húsáid chun críche srianta; deimhniú gur comhlíonadh nósanna imeachta imréitigh cánach; agus mionsonraí faoi luach saothair fostaithe (e.g., príomhoifigeach feidhmiúcháin).

**4.36** Ceanglaítear ar dheontaithe freisin líon na bhfostaithe a nochtadh, ina bhandaí €10,000, ar sháraigh iomlán a sochar fostaithe (gan costais phinsin an fhostóra a áireamh) don tréimhse tuairiscithe €60,000; agus figiúr foriomlán faoi ranníocaíochtaí iomlána pinsin an fhostóra. Tá an nochtadh riachtanach fiú mura mbíonn tuarastail á maoiniú ag an Státchiste.

**4.37** Ní nochtann údaráis áitiúla aon chuid den fhaisnéis shonraithe ina ráitis airgeadais bhliantúla toisc nach n-éascaíonn formáid reatha ráitis airgeadais na n-údarás áitiúil a leithéid de nochtadh. I mí na Nollag 2020, d'iarr DHLGH maolú ar DPENDPDR maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe i rannán 5, mar gheall ar dheacrachtaí maidir le nochtadh den sórt sin a chur i bhfeidhm.[1] Tugadh faoi deara, *inter alia*, go dtarlódh sé, dá gcuirfí na ceanglais i bhfeidhm go docht, go gcaithfí formáid reatha ráitis airgeadais bhliantúla na n-údarás áitiúil a athrú.

**4.38** Níor chuir DPENDPDR an maolú a iarradh ar fáil. Ina fhreagra, luaigh DPENDPDR nach raibh sé i gceist go gcuirfeadh an ciorclán oibleagáidí díréireacha ar dheonaithe agus go raibh sé ar DHLGH cinneadh a dhéanamh sa deireadh thiar cad a bhí cuí sna himthosca, nuair a bhí sé sásta go raibh airgead poiblí á bhainistiú go héifeachtach agus go rabhthas freagrach as.

**4.39** Ina dhiaidh sin, i mí an Mheithimh 2021, d'eisigh an Roinn ciorclán roinne chuig údaráis áitiúla á rá go raibh GAWG sásta, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhairle thuas ó DPENDPDR agus í a mheas, go gcomhlíonann formáid reatha na ráiteas airgeadais bliantúil na ceanglais maidir le bainistiú éifeachtach airgid phoiblí agus cuntasacht as agus nach bhfuil gá le haon nochtadh breise.[2,3]

1 Dúirt DTCAGSM nach n-iarrtar faoi chlár Éire Ildánach go gcuirfí isteach cuntais iniúchta na n-údarás áitiúil. Molann sé díolúine a lorg maidir le ceanglais aighneachtaí faoi Chiorclán 13/2014.

2 Tá ionadaithe ó DHLGH, ionadaithe ó Sheirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil, cinn airgeadais ó na húdaráis áitiúla agus ionadaithe eile ón earnáil rialtais áitiúil sa Ghrúpa Oibre um Chuntais Ghinearálta (GAWG). Déanann DHLGH cathaoirleacht ar an ngrúpa.

3 DHLGH *Ciorclán Airgeadais 13/2021 Soiléiriú maidir leis an gceanglas tuairiscithe i gCiorclán 13/2014 dar teideal Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Cuntasacht as na gCistí sin.*

## Ceanglais rialachais agus nochta san earnáil phoiblí

**4.40** Tar éis leagan nuashonraithe den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a fhoilsiú in 2016 (Cód 2016), d'fhoilsigh DPENDPDR doiciméad gaolmhar *dar teideal Treoir maidir leis na hImpleachtaí do na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus don Tuarascáil Bhliantúil.* Tugadh soiléiriú ar shainmhíniú agus suíomh nochtaí breise áirithe i ráitis airgeadais agus i dtuarascálacha bliantúla comhlachtaí Stáit (féach Fíor 4.2).[1,2] Leathnaíodh roinnt de cheanglais an Chóid ó shin chuig cuntais leithreasa ranna rialtais, e.g., nochtaí faoi bhandaí pá agus luach saothair príomhoifigigh.

**4.41** Níl feidhm ag Cód 2016 maidir le húdaráis áitiúla. Ina áit sin, tá an creat um rialachas corparáideach in údaráis áitiúla leagtha amach sna *Prionsabail Rialachais agus sa Chreat Rialachais don Earnáil Rialtais Áitiúil*.[3] Tá an creat bunaithe ar phrionsabail, agus ní éilíonn sé ar údaráis áitiúla caighdeán nochtaí caighdeánacha Chód 2016 a chur san áireamh.[4] Ceanglaítear ar údaráis áitiúla freisin na beartais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais Cuntasaíochta agus Rialacháin Chuntasaíochta* (ACOP) d'údaráis áitiúla, a foilsíodh i mí Iúil 2019, a chur i bhfeidhm agus a ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú acu. Forordaíonn ACOP formáid na ráiteas airgeadais freisin.[5]

1 Cuireadh an Cód in áit an chóid cleachtais roimhe a foilsíodh in 2009.

2 Foilsíodh an treoir i mí na Samhna 2017 agus is féidir í a fháil anseo.

3 D'fhorbair an Cumann Bainistíochta Cathrach agus Contae agus Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann an creat, a foilsíodh in 2015, i gcomhar leis an bhForas Riaracháin.

4 Tá an creat bunaithe ar shé phrionsabal rialachais agus ar phrionsabail tacaíochta ghaolmhara.

5 Tá GAWG freagrach as beartais chuntasaíochta nua a fhorbairt, treoir a sholáthar maidir lena gcur i bhfeidhm, athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais reatha ar gá iad a leasú, aghaidh a thabhairt ar gach saincheist a bhaineann le beartas cuntasaíochta in earnáil na n-údarás áitiúil, na ráitis airgeadais bhliantúla/doiciméid buiséid a nuashonrú de réir mar is gá agus nuair is gá agus an cód cleachtais cuntasaíochta a nuashonrú.

**Fíor 4.2 Ceanglais maidir le nochtadh sna ráitis airgeadais agus sna tuarascálacha bliantúla atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016***

| Nochtadh | Príomhcheanglais nochta |
|---|---|
| Ráiteas faoi rialú inmheánach[a] | • leagtar amach an cur chuige maidir le bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus rialachas corparáideach agus an fhreagracht as na nithe sin<br>• mínítear conas a fhaightear dearbhú rialaithe agus na socruithe leanúnacha monatóireachta agus athbhreithnithe<br>• nochtadh sonrach maidir le comhlíonadh rialacha agus threoirlínte soláthair na hOifige um Sholáthar Rialtais nó nochtadh cásanna neamhchomhlíonta<br>• deimhnítear athbhreithniú bliantúil an Bhoird ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha<br>• nochtar laigí ábhartha sna rialuithe inmheánacha agus an beart (atá le déanamh) chun dul i ngleic leis na laigí |
| Ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird | • leagtar amach conas a bunaíodh an t-eintiteas agus an Bord, conas a oibríonn an Bord, cinntí atá forchoimeádta don Bhord, cinntí arna dtarmligean chuig an bhFeidhmeannas, an sásra tuairiscithe idir an Bord agus an Feidhmeannas<br>• nochtar freagrachtaí agus comhaltas an Bhoird, cruinnithe a tionóladh agus an tinreamh orthu, buanmhíreanna ar an gclár oibre, táillí agus speansais a íocadh, athbhreithniú inmheánach/seachtrach ar éifeachtacht an Bhoird<br>• nochtadh i ndáil le catagóirí áirithe caiteachais, lena n-áirítear miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe, costais dlí agus socraíochtaí, taisteal agus cothú, costais sainchomhairleoireachta, caiteachas ar fháilteachas[b]<br>• ráiteas faoi chomhlíonadh cheanglais Chód 2016 nó míniú ar réimsí neamhchomhlíonta |
| Luach Saothair | • nochtar sochair chomhiomlána fostaithe (lena gcumhdaítear sochair ghearrthéarmacha na foirne, sochair foirceanta, costais sochair scoir, ranníocaíocht an fhostóra le coimirce shóisialach)<br>• nochtar luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta<br>• nochtadh ar leith ar thuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin |

Foinse: *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 — Treoir maidir leis na hImpleachtaí do na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus don Tuarascáil Bhliantúil,* Samhain 2017. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Cuirtear é seo in ionad an ráitis roimhe seo faoi rialú inmheánach airgeadais.

b I gcomhréir le Ciorclán 13/2014, ba cheart sochair ghearrthéarmacha fostaithe a chur i láthair sa nóta luach saothair sna ráitis airgeadais le haghaidh eintitis atá clúdaithe ag an gciorclán.

**4.42** Tá sé ráite ag DHLGH go bhfuil próiseas beagnach críochnaithe a bhaineann le geallsealbhóirí rialtais áitiúil maidir le cód nua rialachais a thabhairt isteach d'údaráis áitiúla. Luaigh sé go dtógfar leis sin ar chreat rialachais reatha earnáil na n-údarás áitiúil trí shocruithe comhlíonta rialachais atá cosúil leis na cinn atá i bhfeidhm don chuid eile den earnáil phoiblí a thabhairt isteach agus go bhfuil sé beartaithe an cód nua a chur i bhfeidhm ón mbliain airgeadais 2023 ar aghaidh. Luaigh sé freisin gurb amhlaidh, ós rud é gur tionscnamh nua a bheidh anseo agus go mbeidh impleachtaí acmhainne áirithe ag baint leis d'údaráis áitiúla, nach dócha go gcuirfear gnéithe comhlíonta uile an chóid nua i bhfeidhm go hiomlán i ngach údarás áitiúil in 2023, ach go bhfuil sé beartaithe go n-áireoidh gach údarás ráiteas faoi rialú inmheánach ina dtuarascálacha bliantúla do 2023.

## Conclúidí

**4.43** Ceanglaítear ar ranna agus ar na comhlachtaí rialtais láir atá faoina gcoimirce a sholáthraíonn maoiniú d'údaráis áitiúla Ciorclán 13/2014 *Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Cuntasacht as na Cistí sin* a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil rialuithe airgeadais cuí i bhfeidhm agus go mbaintear luach ar airgead amach.

**4.44** Athbhreithniú na foirne scrúdaithe ar thrí chlár — Éire Ildánach (DTCAGSM); iarfheistiú éifeachtúlachta fuinnimh (DHLGH); agus taisteal gníomhach (NTA) — fuarthas amach ann, go ginearálta, gur chomhlíon na deontóirí coinníollacha Chiorclán 13/2014 den chuid is mó.  Mar sin féin, bhí roinnt réimsí ann nár cuireadh coinníollacha an chiorcláin i bhfeidhm go leordhóthanach iontu.

**4.45** Éilítear le Ciorclán 13/2014 go dtarlóidh sé, más mian le roinn clár a réamh-mhaoiniú, go gcaithfear cead a fháil roimh ré ó DPENDPDR.  Cuireann NTA maoiniú ar fáil do na húdaráis áitiúla roimh cháipéisíocht dhearbhaithe a fháil, ar an mbonn go bhfuil na dliteanais ghaolmhara tagtha in aibíocht agus go bhfuil sé in am iad a íoc.  Cé nach raibh sé sin ag teacht leis na forálacha atá luaite i gCiorclán 13/2014, d'admhaigh DPENDPDR i mí Aibreáin 2023 go bhféadfadh NTA maoiniú a sholáthar ar bhonn dliteanas aibithe.

### *Nochtadh i ráitis airgeadais*

**4.46** Ceanglaítear ar dheontaithe faoi Chiorclán 13/2014 (rannán 5) nochtadh leormhaith a áireamh ina ráitis airgeadais bhliantúla chun dearbhú poiblí a sholáthar maidir leis an maoiniú rialtais láir a fhaigheann siad agus an caiteachas gaolmhar.  I mí na Nollag 2020, d'iarr DHLGH maolú ó DPENDPDR ar na ceanglais nochta riachtanacha don mhaoiniú a sholáthraíonn sé d'earnáil na n-údarás áitiúil.

**4.47** Cé nár sholáthair DPENDPDR an maolú a iarradh, leag sé amach ina fhreagra nach raibh sé i gceist go bhforchuirfeadh an ciorclán oibleagáidí díréireacha ar dheonaithe agus gur faoi DHLGH i ndeireadh na dála a bhí sé chinneadh a dhéanamh cad a bhí cuí sna himthosca sin, a luaithe a bheadh bainistíocht airgid phoiblí, agus cuntasacht as an airgead sin, curtha i bhfeidhm.

**4.48** Ina dhiaidh sin, i mí an Mheithimh 2021, d'eisigh DHLGH ciorclán roinne chuig údaráis áitiúla lena ligtear dóibh na nochtaí a éilítear faoin gciorclán a fhágáil ar lár ina ráitis airgeadais bhliantúla.

### *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016*

**4.49** Murab ionann agus formhór na gcomhlachtaí Stáit, ní cheanglaítear ar údaráis áitiúla ráiteas faoi rialú inmheánach ná ráiteas rialachais a chur i láthair in éineacht lena ráitis airgeadais bhliantúla, ná na nithe is gnáthnochtadh luach saothair earnála poiblí iad a chur ar áireamh ina ráitis airgeadais.

**4.50** Tá próiseas a bhaineann le geallsealbhóirí rialtais áitiúil beagnach críochnaithe chun cód rialachais nua a thabhairt isteach d'údaráis áitiúla.  Tógfar leis sin ar chreat rialachais reatha earnáil na n-údarás áitiúil trí cheanglais chomhlíonta rialachais atá cosúil leis na cinn atá i bhfeidhm cheana féin don chuid eile den earnáil phoiblí a thabhairt isteach.

**4.51** Tá sé beartaithe go n-áireoidh gach údarás áitiúil ráiteas faoi rialú inmheánach ina dtuarascálacha bliantúla do 2023.

# Caiteachas vótáilte

# 5 Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid

**5.1** Faigheann ranna agus oifigí Rialtais maoiniú bliantúil ón Státchiste chun a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Déantar soláthar do chaiteachas faoi 'vótaí' arna gceadú ag Dáil Éireann, agus clúdaíonn ceann amháin nó níos mó díobh feidhmeanna gach roinne nó oifige. Tugtar éifeacht dhlíthiúil chríochnaitheach do na vótaí san Acht Leithreasa bliantúil.

**5.2** Ceaptar ceann gach roinne nó oifige mar 'oifigeach cuntasaíochta' le haghaidh an vóta/na vótaí ábhartha, agus oibleagáid reachtúil air cuntas leithreasa bliantúil a ullmhú le haghaidh gach seirbhíse vótáilte ábhartha, ina gcuirtear an toradh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim a sholáthair Dáil Éireann. Tá na cuntais sin faoi réir iniúchadh ag an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**5.3** Foráladh leis an Acht Leithreasa, 2022, do chaiteachas dar luach iomlán €78.1 billiún ar sheirbhísí vótáilte (leithreasaí). Bhí sé sin le maoiniú ó €75.1 billiún a eisiúint ó Phríomh-Chiste an Státchiste chuig na vótaí (dá ngairtear deontais soláthair) agus trí úsáid a bhaint as fáltais vóta ionchais áirithe (dá ngairtear leithreasaí-i-gcabhair) dar luach €3 billiún. Ina theannta sin, tugadh maoiniú caipitil neamhúsáidte dar luach €819.3 milliún anonn ó 2021 lena chaitheamh in 2022, rud a d'fhág go raibh an maoiniú vóta iomlán a bhí ar fáil cothrom le €78.9 billiún.[1]

## Torthaí iniúchtaí 2022 ar chuntais leithreasa

**5.4** Tá iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2022 le haghaidh na vótaí ar fad curtha i gcrích. Tá gach cuntas, i dteannta na tuarascála iniúchóireachta gaolmhaire, á gcur faoi bhráid Dháil Éireann in éineacht leis an tuarascáil seo.

## Timthriall bliantúil caiteachais vótáilte

**5.5** Ba cheart an tsuim a bhfuiltear ag súil leis go gcaithfear í ar gach seirbhís roinne a léiriú sna meastacháin ar chaiteachas a leagtar faoi bhráid na Dála lena gceadú. Feidhmíonn siad mar uasteorainneacha airgid thirim.

**5.6** Sa chás go mbíonn coigeartuithe móra maoinithe ag teastáil i gcaitheamh na bliana tar éis don Dáil na meastacháin a cheadú, ní mór ceadú foirmiúil a lorg ón Dáil le haghaidh na gcoigeartuithe sin. Cuirtear é sin i gcrích tríd an bpróiseas meastachán forlíontach (féach Fíor 5.1 ). D'fhéadfaí an próiseas sin a úsáid chun airgead a aistriú idir cláir agus fo-mhírchinn chomh maith, más gá. Pléitear na mionsonraí a bhaineann leis na meastacháin fhorlíontacha a iarrtar ag na coistí Dála ábhartha (sa ráithe dheireanach den bhliain de ghnáth) sula lorgaítear ceadú ón Dáil féin.

1 Nuair a bhíonn meastacháin agus tuairiscí maidir le caiteachas vótáilte á gcur i láthair, déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí , Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna a chur ar áireamh san ollchaiteachas vótáilte iomlán de ghnáth. Ní leithreasaí vótáilte iad sin, ach tá an Roinn den tuairim go dtugtar léargas níos cruinne ar chaiteachas iomlán an Rialtais má chuirtear ar áireamh sna cásanna sin iad.

**Fíor 5.1 Seicheamh agus uainiú phróiseas meastachán 2022[a]**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá tuilleadh mionsonraí maidir leis na meastacháin agus maidir leis an bpróiseas cuntas leithreasa leagtha amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

## Éabhlóid na meastachán vóta in 2022

**5.7** Sna *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2022*, a foilsíodh i mí na Nollag 2021, rinneadh soláthar do mhaoiniú vótáilte iomlán arbh fhiú bheagnach €68.1 billiún é ar fud 45 vóta.

**5.8** Cuireadh €7 billiún sa bhreis ar fáil sna meastacháin fhorlíontacha cheadaithe agus, dá bhrí sin, cuireadh soláthar (glan) comhiomlán €75.1 billiún ar fáil le haghaidh seirbhísí vótáilte sa bhliain 2022. Bhí an maoiniú ceadaithe trí mheastacháin fhorlíontacha in 2022 níos mó ná cúig oiread na suime in 2021 (€1.3 billiún).

## Leithreasaí

**5.9** Tá achoimre ar na suimeanna a leithreasaíodh in 2022 le haghaidh seirbhísí poiblí vótáilte le fáil in Iarscríbhinn 5A (Fíor 5A.1). Tá an toradh don bhliain léirithe freisin, i dteannta na mbarrachas leithreasaí i gcomparáid le caiteachas.

## Toradh vóta

**5.10** Bhí an tsuim iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2022 cothrom le €76.4 billiún (féach Fíor 5.2). I ndiaidh leithreasaí-i-gcabhair réadaithe a bhí cothrom le €3.3 billiún a bhaint, bhí an glanchaiteachas sa bhliain cothrom le €73.1 billiún.

**Fíor 5.2 Olltoradh caiteachais vótáilte, 2013 — 2022**




Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2013 go 2022, Iarscríbhinn 5A Fíor 5A.1

## Vírmint na gcistí vótáilte le haghaidh tithíochta

**5.11** Soláthraítear le fo-mhírcheann A.8 de Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht maoiniú le haghaidh scéim iasachtaí caipitil agus fóirdheontas a n-oibríonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) í. Cuirtear an maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun costais iasachtaí caipitil a aisíoc leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, agus chun maoiniú a chur ar fáil do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe chun na haonaid a chuirtear ar fáil faoin scéim a bhainistiú agus a chothabháil.

**5.12** Sa mheastachán le haghaidh 2022, cuireadh €54.5 milliún ar fáil don scéim. Ba é an t-olltoradh don bhliain €62.7 milliún, i.e., róchaiteamh €8.2 milliún. Luaitear sa chuntas leithreasa go raibh caiteachas faoi fho-mhírcheann A.8 níos mó ná an soláthar mheastacháin *'..… go príomha mar gheall ar ath-leithdháileadh €8 milliún d'fhéinmhaoiniú cánach maoine áitiúla (CMÁ) a fheidhmiú do na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath.'*

**5.13** Faoi shocrú seanbhunaithe, soláthraíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath — ar rannán de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath í — seirbhís otharchairr i mórcheantar Bhaile Átha Cliath mar ghníomhairí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) Ba é an costas ar an tseirbhís sin a sholáthar le haghaidh 2022 ná €28 milliún (2021: €26 mhilliún). Sholáthair FSS €9.2 milliún i dtreo chostas na seirbhíse in 2022 (2021: €9.2 milliún). Bhí ar na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath íoc as an iarmhéid.

**5.14** Lorg na ceithre údarás áitiúla maoiniú breise ó RTRÁO le híoc as na costais a bhain le seirbhís otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Mar sin féin, níl aon ról ná feidhm ag RTRÁO maidir le soláthar sláinte poiblí agus, dá réir sin, ní raibh sí in ann go dlíthiúil aon mhaoiniú díreach ón Státchiste a chur i dtreo na gcostas sin.

**5.15** Chun an t-ualach airgeadais ar na húdaráis áitiúla a mhaolú, lorg agus fuair RTRÁO comhaontú ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (RCPSPFNÁ) chun an tsuim a bheadh ar na húdaráis áitiúla a ghealladh de ghnáth ó fháltais CMÁ do sheirbhísí tithíochta a laghdú faoi €8 milliún agus, dá réir sin, méadaíodh a gcaiteachas lánroghnach faoi shuim choibhéiseach. Chuir sé sin ar chumas na n-údarás áitiúil a gcistí neamhshrianta a úsáid chun íoc as cuid de na costais seirbhíse otharchairr nár sholáthair FSS. Deonaíodh an ceadú ó RCPSPFNÁ don mhaoiniú sin a ath-leithdháileadh ar bhonn aonuaire, agus ní raibh feidhm aige ach maidir le 2022 amháin.

**5.16** Mhéadaigh RTRÁO a íocaíochtaí leis na ceithre údarás áitiúla ó fho-mhírcheann A.8, chun ionadú a dhéanamh ar mhaoiniú CMÁ a bhí beartaithe roimhe sin don tithíocht. Chun é sin a bhaint amach, d'aistrigh RTRÁO airgead neamhchaite ó fho-mhírcheann A.6 (Scéim íocaíochta cúnaimh tithíochta) go fo-mhírcheann A.8, agus ceadú á fháil aige an athuair ó RCPSPFNÁ.[1]

1 *Tugtar tuilleadh mionsonraí faoi vírmint agus ath-leithdháileadh maoinithe idir fo-mhírchinn i gcaibidil 4 den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2021 dar teideal* Athdháileadh mhaoinithe vótáilte. .

## Bainistíocht barrachas vóta

**5.17** Ní cheadaítear do ranna agus oifigí níos mó ná an tsuim a leithreasaíodh le haghaidh gach vóta a chaitheamh. I gcás go bhfuil an glanchaiteachas sa bhliain níos lú ná an tsuim a cuireadh ar fáil, dlitear an barrachas a ghéilleadh don Státchiste.

**5.18** Taifeadadh barrachas i ngach vóta in 2022. B'ionann barrachais 2022 agus €2,794 mhilliún (féach Fíor 5.3). As an tsuim sin, ceadaíodh €687 milliún san iomlán a thabhairt anonn go 2023. Bhí an t-iarmhéid €2,107 milliún le géilleadh.

**5.19** Idir 2020 agus 2022, níor úsáideadh sna vótaí i mbliain na gcuntas méid mór acmhainní a chuir Dáil Éireann ar fáil (féach Fíor 5.3).

**5.20** In 2022, taifeadadh in dhá vóta géilleadh mór neamhghnách mar chéatadán den soláthar meastacháin.

- Ghéill Oifig an Ard-Aighne (Vóta 3) €13.5 milliún nó beagán faoi bhun 40% den leithreasú iomlán.
- Bhí barrachas €769 milliún (47% den leithreasú iomlán) ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Vóta 32). Den tsuim sin, d'iarchuir sí €54.5 milliún go 2023 agus ghéill sí €715 mhilliún.

Tá na cúiseanna leis an ngannchaitheamh a taifeadadh i ngach vóta nochta sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa lena mbaineann.

**Fíor 5.3 Leithreasaí barrachais, 2013 — 2022**




Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2013 go 2022, Iarscríbhinn 5A Fíor 5A.2

### *An Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh*

**5.21** Bunaíodh an Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (CNÉF) sa bhliain 2014 chun maoiniú iasachta a chur ar fáil do chomhlachtaí príobháideacha agus poiblí araon chun tacaíocht a thabhairt do chláir um éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus chun forbairt margaidh le haghaidh bearta um éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú a chur chun cinn.[1] I ndiaidh úsáid a bhaint as CNÉF ar feadh roinnt blianta, beartaíodh go ndúnfaí é, agus go n-aistreofaí na hiarmhéideanna a bhí fágtha go dtí an Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide.

1 Tugtar tuilleadh mionsonraí i gcaibidil 9 den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2017 dar teideal An Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh..

**5.22** In 2021, aistríodh €160 milliún de mhaoiniú neamhchaite ó Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid go CÉNF chun géilleadh na gcistí ar ais go dtí an Státchiste a sheachaint ag deireadh na bliana, mar a cheanglaítear le gnáthrialacha bainistíochta vóta.  Cheadaigh RCPSPFNÁ an t-aistriú sin go CÉNF faoi na coinníollacha seo a leanas

- ba shocrú aonuaire é nach ndéanfaí arís le haghaidh aon ghannchaitheamh caipitil amach anseo
- ní íocfaí na cistí ach amháin sa bhliain 2022, agus
- ní bhainfí úsáid as an maoiniú ach amháin le haghaidh cuspóirí sonraithe.

**5.23** I gcomhréir leis an gcoinníoll 'cuspóirí sonraithe', leithdháileadh €100 milliún ar chláir iarfheistithe cónaithe agus pobail, agus leithdháileadh €60 milliún ar scéim ráthaíochta iasachta iarfheistithe cónaithe  Mar sin féin, cuireadh moill ar fhorbairt na scéime iasachta agus níor tabhaíodh aon airgead ina leith sa bhliain 2022.

**5.24** Den €100 milliún a leithdháileadh ar scéimeanna tacaíochta iarfheistithe cónaithe agus pobail, caitheadh €49 milliún trí mhodh aistrithe go hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann sa bhliain 2022.[1]

**5.25** Thug RCPSPFNÁ ceadú chun an €111 mhilliún a bhí fágtha a thabhairt anonn laistigh de CÉNF ag deireadh na bliana 2022 (€60 milliún don scéim ráthaíochta iasachta, agus €51 mhilliún do chlár iarfheistithe ÚFIÉ) do chaiteachas sa bhliain 2023.

## Difríocht buiséid

**5.26** Léirítear réamhaisnéis na suime atá ag teastáil chun costas na seirbhísí atá le soláthar ó gach vóta a chlúdach sna suimeanna atá ceadaithe ag Dáil Éireann don bhliain 2022. Is ionann an difríocht buiséid agus an difríocht idir na meastacháin sin ar ghlanchaiteachas agus an t-olltoradh iarbhír i mbliain ar leith.[2] Bhí an glanchaiteachas €4.2 billiún níos mó ná an réamhaisnéis bhunaidh sa bhliain 2022.  Ba é sin an chéad uair riamh ó 2015 i leith gur sháraigh an glanchaiteachas comhiomlán an réamhaisnéis bhunaidh (féach Fíor 5.4).

**Fíor 5.4 Difríocht idir glanchaiteachas agus an buiséad, na vótaí uile, 2013 — 2022**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Tá níos mó faisnéise ar fáil i gcaibidil 8 Feidhmíocht scéimeanna áirithe iarfheistithe cónaithe.

2 Tá foráil reachtúil ann lena gceadaítearleithdháiltí caipitil neamhchaite a thabhairt anonn go dtí an bhliain dár gcionn don úsáid chéanna, le comhaontú ó RCPSPFNÁ.  Sa tuarascáil seo, caitear le suimeanna mar sin a thugtar anonn mar chuid de na leithreasaí bliantúla (don bhliain dár gcionn).

**Fíor 5.5 Difríocht glanchaiteachais, mar sciar den bhuiséad tosaigh, vótaí roghnaithe 2022**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**5.27** I gcás 13 vóta, bhí an t-olltoradh glanchaiteachais níos mó ná an meastachán bunaidh. Leagtar amach i bhFíor 5.5 an difríocht chomhréireach idir an caiteachas iarbhír agus an meastachán bunaidh sa bhliain 2022, do na vótaí sin inar mhó nó inar lú an difríocht ná deich faoin gcéad.

### *Difríocht buiséid sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide*

**5.28** Bhí an róchaitheamh céatadánach is airde ag Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid i gcomparáid lena meastachán bunaidh (157%). Bhí sé sin mar gheall go príomha ar na bearta éigeandála a tugadh isteach de dheasca na bpraghsanna fuinnimh méadaithe. Níor cuireadh costas na gcreidmheasanna leictreachais a cuireadh i bhfeidhm i leith cuntais bhaile (€1.588 billiún) ar áireamh sa mheastachán bunaidh, ach soláthraíodh dó trí mheastacháin fhorlíontacha é .

**5.29** Den chaiteachas €1.588 billiún a tabhaíodh ar scéimeanna sochar éigeandála costas leictreachais in 2022, bhain €793 mhilliún le creidmheasanna leictreachais a cuireadh i bhfeidhm i leith cuntais bhaile in 2023. Taifeadadh an tsuim sin mar réamhíocaíocht agus tá sí nochta sa ráiteas faoin staid airgeadais sa chuntas leithreasa ábhartha.

## Athruithe i struchtúr vótaí sa bhliain 2022

**5.30** Féadtar struchtúr ranna rialtais athrú ó bhliain go bliain chun léiriú a dhéanamh ar leithdháileadh fheidhmeanna na nAirí aonair, cruthú ranna nua nó cumaisc roinne. Tarlaíonn na hathruithe sin sa tréimhse díreach i ndiaidh an olltoghcháin de ghnáth, ach féadfaidh an Taoiseach iad a thionscnamh ag am ar bith i gcaitheamh a théarma/téarma.

**5.31** Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022 i leith, aistríodh freagracht as an mBinse Luachála ón Oifig Luachála go dtí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**5.32** An 1 Feabhra 2023, tháinig an tOrdú Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2023, i bhfeidhm chun éifeacht dhlíthiúil a thabhairt d'athrú ainm a d'fhógair an Taoiseach an 17 Nollaig 2022. D'athraigh sé sin ainm na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

**5.33** I gcaitheamh 2022, cruthaíodh i roinnt vótaí fo-mhírchinn nua chun cuntas a thabhairt i maoiniú forlíontach a soláthraíodh mar fhreagra ar eachtraí a tháinig chun cinn i rith 2022.

- Thabhaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige caiteachas €515 mhilliún ar fho-mhírcheann nua i Vóta 40 chun taifead a dhéanamh ar chostais a bhaineann leis an méadú ar líon na dtairbhithe cosanta sealadaí mar thoradh ar an gcoimhlint san Úcráin.
- Chruthaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide fo-mhírcheann nua i Vóta 29 agus thabhaigh sí caiteachas €151 mhilliún i dtaca le bearta éigeandála chun toilleadh giniúna leictreachais a mhéadú agus cúiteamh a dhéanamh ar easnamh féideartha leictreachais.
- Chruthaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta fo-mhírcheann nua i Vóta 32 le haghaidh scéim shealadach chun tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí freastal ar phraghsanna méadaithe fuinnimh. Soláthraíodh meastachán forlíontach €650 milliún i mí na Nollag 2022. Mar sin féin, bhí an t-olltoradh ar an bhfo-mhírcheann cothrom le €5.5 milliún amháin.

**5.34** Tá níos mó faisnéise ar fáil sa chuntas leithreasa ábhartha.

## Fáltais Státchiste

**5.35** Dlitear gach fáltas de chuid ranna agus oifigí rialtais láir a thaisceadh leis an Státchiste, mura gcinneann Dáil Éireann go bhféadfar iad a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair.

**5.36** I measc na samplaí d'fháltais nach gcaitear leo mar leithreasaí-i-gcabhair tá fáltais na hÉireann ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, táillí an Údaráis Clárúcháin Maoine, fíneálacha an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus fáltais ó fhíneálacha cúirte. Aistrítear iad sin chuig an bPríomh-Chiste, agus gairtear fáltais 'bhreise' Státchiste díobh. Is iondúil go dtugtar cuntas i bhfáltais amhantair ar an tslí sin freisin, lena n-áirítear fáltais ó dhíolacháin shuntasacha mhaoine, fáltais de bhun ioncam barrachais nó brabúis de chuid cuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil agus cúiteamh.

**5.37** Tá na fáltais bhreise Státchiste a réadaíodh in 2022 léirithe sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa ábhartha. Bhí na fáltais bhreise Státchiste a thaifead ranna agus oifigí cothrom le €394 mhilliún in 2022 (2021: €370 milliún). Tá faisnéis faoi shuim chomhiomlán na bhfáltas sin a tuairiscíodh i ngach cuntas leagtha amach in Iarscríbhinn 5A (Fíor 5A.3).

## Tionchar an bhoilscithe ar chonarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí

**5.38** Is ionann Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP) agus socrú idir an earnáil phoiblí agus phríobháideach lena ngabhann comhaontú soiléir maidir le cuspóirí comhroinnte chun soláthar bonneagair phoiblí agus/nó seirbhísí poiblí ag an earnáil phríobháideach, rud a sholáthrófaí ar shlí eile trí sholáthar traidisiúnta earnála poiblí.

**5.39** Tá mionsonraí faoi gach conradh CPP ar mhó a luach ná €10 milliún léirithe ar leithligh sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa ábhartha Bhí luach na gconarthaí CPP a thaifead ranna agus oifigí cothrom le €5.9 billiún in 2022 (2021: €5.1 billiún). Anuas ar na conarthaí nua a rinneadh, méadaíodh luach na gconarthaí uile ó 2021 go 2022 mar gheall ar bhoilsciú a bheith ní b’airde ná mar a tuaradh. Is é €88 milliún an tionchar measta iomlán a bhí ag boilsciú ar chonarthaí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2021. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi chonarthaí CPP, féach iarscríbhinn 5A (Fíor 5A.4).

## Iarscríbhinn 5A Olltoradh airgeadais Vóta

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí mheastacháin a cheadú ar na suimeanna a theastaíonn le haghaidh na seirbhísí seo in imeacht bliana agus trí éifeacht reachtúil á tabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Soláthraítear an caiteachas faoi shraith 'vótaí'. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a tháirgeadh le haghaidh gach vóta. Ní mór don chuntas mionsonraí a sholáthar maidir leis an toradh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim arna cur ar fáil ag Dáil Éireann.

Tugtar i bhFíor 5A.1 achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2022, de réir vóta.

Léirítear i bhFíor 5A.2 an dóigh ar úsáideadh leithreasaí barrachais in 2022 — trí chaiteachas a iarchur go 2023 nó trí chaiteachas a ghéilleadh don Státchiste.

Léirítear i bhFíor 5A.3 na fáltais bhreise Státchiste a taifeadadh in aghaidh gach vóta in 2022.

Tá míniú tugtha thíos ar roinnt de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí.

| | |
|---|---|
| **Deontas soláthair** | An t-airgead a dheonaigh (nó a vótáil) Dáil Éireann le haghaidh gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2021** | An tsuim maoinithe caipitil nár caitheadh sa bhliain 2021 agus a tugadh anonn lena caitheamh ar sheirbhísí caipitil sa bhliain 2022. Rinne Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin a cheadú. |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | Fáltais Roinne a bhféadfar iad a choimeád, le comhaontú ó Dháil Éireann, le híoc as costais an vóta lena mbaineann siad. |
| **Iomlán na leithreasaí** | Suim an deontais soláthair, airgead iarchurtha 2021 (más ann dó) agus leithreasaí-i-gcabhair. |
| **Barrachas don bhliain** | Barrachas iomlán na leithreasaí ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas in éineacht le barrachas ar bith ar leithreasaí-i-gcabhair. Dlitear an barrachas don bhliain a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Géilleadh iarchurtha** | An tsuim maoinithe caipitil nár caitheadh sa bhliain 2022 agus a tugadh anonn lena caitheamh sa bhliain 2023. Rinne Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin a cheadú. |
| **Barrachas le géilleadh** | An tsuim airgid a leithreasaíodh sa bhliain 2022 ach nár caitheadh le linn na bliana agus nár iarchuireadh go 2023 agus, dá bhrí sin, arbh éigean í a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise Státchiste** | Fáltais roinne nach leithreasaí-i-gcabhair an vóta iad, ach a ndéantar iad a aistriú go dtí an Státchiste. |

**Fíor 5A.1 Achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2022, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | An tsuim a leithreasaíodh | | | | Olltoradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2021 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glanchaiteachas | Ollbharrachas (oll-easnamh) | Barrachas/ (easnamh) i bhfáltais | Glanbharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 4,750 | — | 83 | 4,833 | 3,829 | 110 | 3,719 | 1,004 | 27 | 1,031 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 38,025 | — | 909 | 38,934 | 32,367 | 864 | 31,503 | 6,567 | (45) | 6,522 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 33,286 | — | 705 | 33,991 | 20,445 | 631 | 19,814 | 13,546 | (74) | 13,472 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 103,485 | — | 2,120 | 105,605 | 102,071 | 2,531 | 99,540 | 3,534 | 411 | 3,945 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 51,277 | — | 820 | 52,097 | 50,878 | 831 | 50,047 | 1,219 | 11 | 1,230 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 49,658 | — | 850 | 50,508 | 45,442 | 996 | 44,446 | 5,066 | 146 | 5,212 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 42,900 | — | 1,080 | 43,980 | 40,390 | 1,038 | 39,352 | 3,590 | (42) | 3,548 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 9,365 | — | 6,685 | 16,050 | 15,874 | 7,665 | 8,209 | 176 | 980 | 1,156 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 441,102 | 493 | 55,322 | 496,917 | 491,699 | 64,152 | 427,547 | 5,218 | 8,830 | 14,048 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 3,443 | — | 79 | 3,522 | 2,989 | 62 | 2,927 | 533 | (17) | 516 |
| 11 | Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe | 46,525 | — | 2,905 | 49,430 | 44,902 | 3,852 | 41,050 | 4,528 | 947 | 5,475 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 353,428 | — | 433,192 | 786,620 | 762,551 | 509,226 | 253,325 | 24,069 | 76,034 | 100,103 |

| Vóta | Seirbhís | An tsuim a leithreasaíodh | | | | Olltoradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2021 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glanchaiteachas | Ollbharrachas (oll-easnamh) | Barrachas/ (easnamh) i bhfáltais | Glanbharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 581,481 | 20,700 | 15,444 | 617,625 | 541,848 | 33,551 | 508,297 | 75,777 | 18,107 | 93,884 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 11,056 | — | 1,096 | 12,152 | 11,725 | 1,070 | 10,655 | 427 | (26) | 401 |
| 15 | Rúnseirbhís | 2,000 | — | — | 2,000 | 1,189 | — | 1,189 | 811 | — | 811 |
| 16 | An Oifig Luachála | 19,441 | 325 | 785 | 20,551 | 15,163 | 492 | 14,671 | 5,388 | (293) | 5,095 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 19,963 | — | 270 | 20,233 | 19,578 | 301 | 19,277 | 655 | 31 | 686 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 67,092 | — | 6,358 | 73,450 | 65,203 | 6,634 | 58,569 | 8,247 | 276 | 8,523 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 12,288 | — | 505 | 12,793 | 11,434 | 470 | 10,964 | 1,359 | (35) | 1,324 |
| 20 | An Garda Síochána | 2,035,325 | — | 124,795 | 2,160,120 | 2,153,194 | 130,515 | 2,022,679 | 6,926 | 5,720 | 12,646 |
| 21 | Príosúin | 403,697 | 3,601 | 10,409 | 417,707 | 412,631 | 11,142 | 401,489 | 5,076 | 733 | 5,809 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 129,334 | 3,648 | 36,133 | 169,115 | 163,564 | 35,836 | 127,728 | 5,551 | (297) | 5,254 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 34,471 | 100 | 660 | 35,231 | 32,095 | 692 | 31,403 | 3,136 | 32 | 3,168 |
| 24 | Dlí agus Ceart | 422,891 | 5,122 | 100,446 | 528,459 | 501,840 | 103,485 | 398,355 | 26,619 | 3,039 | 29,658 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 7,533 | — | 81 | 7,614 | 7,610 | 101 | 7,509 | 4 | 20 | 24 |
| 26 | Oideachas | 9,816,335 | — | 391,216 | 10,207,551 | 10,176,293 | 408,847 | 9,767,446 | 31,258 | 17,631 | 48,889 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 633,902 | — | 1,030 | 634,932 | 632,022 | 1,676 | 630,346 | 2,910 | 646 | 3,556 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 335,395 | — | 65,000 | 400,395 | 396,179 | 78,872 | 317,307 | 4,216 | 13,872 | 18,088 |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 2,601,391 | 57,917 | 10,486 | 2,669,794 | 2,365,624 | 7,398 | 2,358,226 | 304,170 | (3,088) | 301,082 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | 1,577,222 | 29,900 | 407,429 | 2,014,551 | 1,893,409 | 408,796 | 1,484,613 | 121,142 | 1,367 | 122,509 |

| Vóta | Seirbhís | An tsuim a leithreasaíodh | | | | Olltoradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2021 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glanchaiteachas | Ollbharrachas (oll-easnamh) | Barrachas/ (easnamh) i bhfáltais | Glanbharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 31 | Iompar | 3,523,893 | 161,100 | 23,462 | 3,708,455 | 3,531,089 | 20,846 | 3,510,243 | 177,366 | (2,616) | 174,750 |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 1,495,929 | 79,660 | 62,396 | 1,637,985 | 884,674 | 78,577 | 806,097 | 753,311 | 16,181 | 769,492 |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin | 1,023,424 | 18,400 | 252,606 | 1,294,430 | 1,227,785 | 237,455 | 990,330 | 66,645 | (15,151) | 51,494 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 5,872,039 | 275,800 | 61,089 | 6,208,928 | 5,632,481 | 71,378 | 5,561,103 | 576,447 | 10,289 | 586,736 |
| 35 | Arm-Phinsin | 274,974 | — | 4,963 | 279,937 | 278,353 | 5,064 | 273,289 | 1,584 | 101 | 1,685 |
| 36 | Cosaint | 812,211 | — | 24,220 | 836,431 | 835,922 | 33,659 | 802,263 | 509 | 9,439 | 9,948 |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 12,615,148 | 1,200 | 291,085 | 12,907,433 | 12,817,407 | 352,730 | 12,464,677 | 90,026 | 61,645 | 151,671 |
| 38 | Sláinte | 23,144,408 | 104,000 | 440,920 | 23,689,328 | 23,664,752 | 458,409 | 23,206,343 | 24,576 | 17,489 | 42,065 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 19,429 | 35 | 400 | 19,864 | 18,293 | 471 | 17,822 | 1,571 | 71 | 1,642 |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige | 2,778,430 | 3,200 | 34,660 | 2,816,290 | 2,729,967 | 35,055 | 2,694,912 | 86,323 | 395 | 86,718 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 3,856 | — | 70 | 3,926 | 3,399 | 72 | 3,327 | 527 | 2 | 529 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 335,448 | 16,860 | 53,250 | 405,558 | 389,242 | 55,667 | 333,575 | 16,316 | 2,417 | 18,733 |
| 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 43,302 | — | 165 | 43,467 | 43,154 | 220 | 42,934 | 313 | 55 | 368 |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 22,949 | — | 285 | 23,234 | 16,876 | 233 | 16,643 | 6,358 | (52) | 6,306 |

| Vóta | Seirbhís | An tsuim a leithreasaíodh | | | | Olltoradh | | | Barrachas/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2021 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glanchaiteachas | Ollbharrachas (oll-easnamh) | Barrachas/ (easnamh) i bhfáltais | Glanbharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 3,228,179 | 37,200 | 80,804 | 3,346,183 | 3,283,629 | 92,361 | 3,191,268 | 62,554 | 11,557 | 74,111 |
| | **Iomlán** | **75,081,680** | **819,261** | **3,007,268** | **78,908,209** | **76,371,061** | **3,264,033** | **73,107,028** | **2,537,148** | **256,765** | **2,793,913** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2022. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nóta: a Cuimsíonn an glanbharrachas barrachas iomlán na leithreasaí ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas in éineacht leis an mbarrachas (easnamh) ar leithreasaí-i-gcabhair.

**Fíor 5A.2 Cur i bhfeidhm leithreasaí barrachais 2022, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Barrachas don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go 2023) | Barrachas don ghéilleadh | An barrachas a géilleadh mar % den leithreasú iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 1,031 | — | 1,031 | 21% |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 6,522 | — | 6,522 | 17% |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 13,472 | — | 13,472 | 40% |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 3,945 | — | 3,945 | 4% |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 1,230 | — | 1,230 | 2% |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 5,212 | — | 5,212 | 10% |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 3,548 | 100 | 3,448 | 8% |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 1,156 | — | 1,156 | 7% |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 14,048 | — | 14,048 | 3% |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 516 | — | 516 | 15% |
| 11 | Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe | 5,475 | — | 5,475 | 11% |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 100,103 | — | 100,103 | 13% |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 93,884 | 27,000 | 66,884 | 11% |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 401 | — | 401 | 3% |
| 15 | Rúnseirbhís | 811 | — | 811 | 41% |
| 16 | An Oifig Luachála | 5,095 | 590 | 4,505 | 22% |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 686 | — | 686 | 3% |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 8,523 | 1,200 | 7,323 | 10% |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 1,324 | — | 1,324 | 10% |
| 20 | An Garda Síochána | 12,646 | — | 12,646 | 1% |
| 21 | Príosúin | 5,809 | 3,205 | 2,604 | 1% |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 5,254 | 1,850 | 3,404 | 2% |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 3,168 | — | 3,168 | 9% |
| 24 | Dlí agus Ceart | 29,658 | — | 29,658 | 6% |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 24 | — | 24 | 0% |
| 26 | Oideachas | 48,889 | — | 48,889 | 0% |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 3,556 | — | 3,556 | 1% |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 18,088 | 2,250 | 15,838 | 4% |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 301,082 | — | 301,082 | 11% |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | 122,509 | 27,500 | 95,009 | 5% |

| Vóta | Seirbhís | Barrachas don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go 2023) | Barrachas don ghéilleadh | An barrachas a géilleadh mar % den leithreasú iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | |
| 31 | Iompar | 174,751 | 137,956 | 36,795 | 1% |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 769,492 | 54,500 | 714,992 | 44% |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin | 51,494 | 20,000 | 31,494 | 2% |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 586,736 | 340,000 | 246,736 | 4% |
| 35 | Arm-Phinsin | 1,685 | — | 1,685 | 1% |
| 36 | Cosaint | 9,948 | — | 9,948 | 1% |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 151,671 | 1,390 | 150,281 | 1% |
| 38 | Sláinte | 42,065 | — | 42,065 | 0% |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 1,642 | 35 | 1,607 | 8% |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige | 86,718 | — | 86,718 | 3% |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 529 | — | 529 | 13% |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 18,733 | 14,500 | 4,233 | 1% |
| 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 368 | — | 368 | 1% |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 6,306 | — | 6,306 | 27% |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 74,111 | 55,169 | 18,942 | 1% |
| **Iomlán** | | **2,793,914** | **687,245** | **2,106,669** | **3%** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Fíor 5A.3 Fáltais bhreise Státchiste 2022, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais a réadaíodh |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 96 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | — |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 50 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | — |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 856 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | — |
| 11 | Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe | 37 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | — |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | — |
| 15 | Rúnseirbhís | — |
| 16 | An Oifig Luachála | — |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | — |
| 19 | Oifig an Ombudsman | — |
| 20 | An Garda Síochána | 4,950 |
| 21 | Príosúin | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 10,041 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 75,309 |
| 24 | Dlí agus Ceart | 37 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | — |
| 26 | Oideachas | 30 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | — |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | — |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 260,195 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | — |
| 31 | Iompar | 9,726 |

| Vóta | Seirbhís | Fáltais a réadaíodh |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 1,654 |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin | 21 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 564 |
| 35 | Arm-Phinsin | — |
| 36 | Cosaint | — |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 11 |
| 38 | Sláinte | 53 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 61 |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige | 8,851 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | — |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 16 |
| 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | — |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 17,640 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 3,349 |
| **Iomlán** | | **393,547** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is glanfhigiúirí atá sna fáltais atá luaite.

**Fíor 5A.4 Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP), 2021 agus 2022**

| Vóta | Seirbhís | Tionscadal CPP | Iomlán ionchasach an tionscadail 2021 | Iomlán ionchasach an tionscadail 2022 | Tionchar an bhoilscithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath | 763,251 | 765,550 | 2,299 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | Ionad Cúirteanna Coiriúla | 588,709 | 598,247 | 9,538 |
| | | Beart CPP | 404,679 | 411,040 | 6,361 |
| 26 | Oideachas | Cúig threoirscoil | 282,616 | 283,701 | 1,085 |
| | | An 1ú beart | 243,583 | 248,555 | 4,972 |
| | | An 2ú beart | 330,016 | 339,557 | 9,541 |
| | | An 3ú beart | 409,257 | 416,870 | 7,613 |
| | | An 4ú beart | 209,094 | 213,999 | 4,905 |
| | | An 5ú beart | 255,917 | 261,284 | 5,367 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | Beart tithíochta 1 | 339,726 | 344,847 | 5,121 |
| | | Beart tithíochta 2 | 292,211 | 294,267 | 2,056 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | Ceol-Scoil Chorcaí | 219,140 | 224,223 | 5,083 |
| | | Cearnóga Ghráinseach Ghormáin | 590,098 | 605,836 | 15,738 |
| | | Beart CPPIAO I[a] | — | 717,667 | — |
| | | Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann | 187,694 | 196,275 | 8,581 |
| **Iomlán** | | | **5,115,991** | **5,921,918** | **88,260** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear tógáil sé fhoirgneamh nua thar roinnt campas ardoideachais sa Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí um Bonneagar Ardoideachais (CPPIAO).

# 6 Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais: dul chun cinn ar chur chun feidhme

**6.1** I mí Feabhra 2012, chinn an Rialtas samhail seirbhísí comhroinnte a chur chun feidhme le haghaidh feidhmeanna áirithe riaracháin in earnáil phoiblí na hÉireann.[1] Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) in 2014 mar oifig riaracháin laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (an Roinn), ach lena vóta féin (Vóta 18). I mí Eanáir 2018, rinneadh oifig státseirbhíse nua ar leith go hoifigiúil den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá a hoifigeach cuntasaíochta féin aici.

**6.2** Tá trí shnáithe le rolladh amach na samhla seirbhísí comhroinnte arna bainistiú ag NSSO — acmhainní daonna, párolla agus bainistíocht airgeadais. Tá an chéad dá sheirbhís á bhfeidhmiú thar réimse leathan ranna agus oifigí.

**6.3** D'fhormheas an Rialtas an cás gnó maidir leis an gclár um sheirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais (FMSS) i mí Eanáir 2016. Tá sé mar aidhm leis an gclár FMSS córas TF amháin a gheobhadh tacaíocht ó ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais nua a chur in ionad 31 cheann de chórais éagsúla bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais, atá in úsáid ar fud 52 cheann de ranna rialtais láir agus d'oifigí rialtais láir.

**6.4** Tá sé beartaithe faoi láthair go gcuirfear an córas FMSS in úsáid thar cheithre 'shruth' de chliantchomhlachtaí seirbhíse poiblí (féach Iarscríbhinn 6A). Cuireadh an córas i bhfeidhm do chliantchomhlachtaí shruth 1 i mí Aibreáin 2022.

**6.5** De réir mar a aistreoidh cliantchomhlachtaí seirbhíse poiblí chuig an gcóras FMSS, cuirfidh NSSO roinnt seirbhísí airgeadais ar fáil dóibh, lena n-áirítear

- tacaíocht chun ráitis airgeadais agus próisis iniúchóireachta a ullmhú
- cuntais iníoctha agus infhaighte
- bainistíocht máistirshonraí
- cuntasaíocht sócmhainní seasta agus bainistíocht sócmhainní
- cuntasaíocht agus cánachas an mhórleabhair ghinearálta
- cuntasaíocht fardail.

**6.6** D'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil ar chur chun feidhme an FMSS i Meán Fómhair 2020.[2] Tugadh breac-chuntas sa tuarascáil ar an dóigh ar cuireadh moill shuntasach ar an gclár FMSS agus gur tabhaíodh róchaiteachas costais tionscadail de €10.3 milliún leis faoi dheireadh 2019.

**6.7** I mí Mheán Fómhair 2020 chomh maith, d'aontaigh an Rialtas le moladh ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le húsáid leanúnach an chórais FMSS

- thar amlíne shínte go dtí 2025 agus
- le buiséad tionscadail leathnaithe suas le €115 mhilliún, CBL san áireamh.

1 Moladh in athbhreithniú a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) in 2008 gur cheart do sheirbhís phoiblí na hÉireann tús áite a thabhairt d'fhorbairt seirbhísí comhtháite agus comhroinnte. *Ireland: Towards an Integrated Public Service*, athbhreithniú bainistíochta poiblí ECFE, Meitheamh 2008. Bhí cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte ina phríomhghné i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2011.

2 *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2019*, Caibidil 5 Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais a chur chun feidhme.

## An fócas sa scrúdú seo

**6.8** Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag NSSO maidir le rolladh amach an chórais FMSS faoin bplean infheistíochta athbhreithnithe agus faoin amlíne shínte.

**6.9** Ba éard a bhí i gceist leis sin ná athbhreithniú ar dhoiciméadú, anailísí buiséid agus costais, agallaimh le baill foirne ábhartha in NSSO agus sa Roinn, agus iniúchadh ar an láthair ar chóras tuairiscithe airgeadais Oracle FMSS agus ar an gcóras deisce tacaíochta (JitBit).[1]

**6.10** Sonraíodh san aighneacht don Rialtas an cás gnó bunaidh don FMSS nach raibh CBL san áireamh sa bhuiséad molta. Chun gur féidir comparáid a dhéanamh idir an cás gnó agus tuarascáil roimhe ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tá na méideanna a chuirtear i láthair anseo gan CBL mura sonraítear a mhalairt.

## Achar ama agus dul chun cinn

**6.11** Sa chás gnó bunaidh don chlár FMSS a formheasadh i mí Eanáir 2016, áiríodh plean chun an córas FMSS a úsáid i gcliantchomhlachtaí seirbhíse poiblí i gcúig shruth, d'fhonn é a bhaint amach go hiomlán faoi mhí an Mheithimh 2020 (féach Fíor 6.1). Níor baineadh é sin amach, agus faoi Mheán Fómhair 2020 bhí an tionscadal tite ar gcúl trí bliana agus naoi mí, agus níor cuireadh tús le húsáid an chórais i gcomhlachtaí shruth 1.

**6.12** Cé go raibh amlíne tháscach den riachtanas maoiniúcháin in aghaidh na bliana thar an tréimhse 2020 – 2025 ar fáil i meabhrán mhí Meán Fómhair 2020 don Rialtas, níor cuimsíodh ann aon amlíne mhionsonraithe ná aon phríomh-gharspriocanna maidir le húsáid an chórais i ngach ceann de na sruthanna cliantchomhlachtaí seirbhíse poiblí faoi 2025.

**6.13** I mbarúlacha an Aire a cuireadh ar áireamh sa mheabhrán, luadh nach raibh aon amlíne le haghaidh gníomhaíochtaí ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí maidir leis an aistriú chuig FMSS agus moladh gur cheart d'fhoireann an chláir FMSS comhordú le hAonad Cuntasaíochta an Rialtais sa Roinn chun amlíne aonair chomhleanúnach a sholáthar do chomhlachtaí na hearnála poiblí

- maidir le cur chun feidhme FMSS agus
- maidir leis na hathchóirithe airgeadais agus cuntasaíochta gaolmhara.

### *Formhaoirseacht Bhord an Chláir ar an amlíne*

**6.14** Léirítear i miontuairiscí chruinnithe Bhord an Chláir FMSS go raibh amlíne mhionsonraithe maidir le húsáid an chórais FMSS thar shruth 1 á hiarraidh go rialta ag an mBord, ó mhí Feabhra 2020 i leith.[2] Dúirt NSSO gach uair go raibh an plé le comhpháirtí cur chun feidhme an chórais dírithe go heisiach ar rolladh amach shruth 1.[3]

**6.15** I mí an Mheithimh 2021, chuir Ceannaire an chláir FMSS trí chás i láthair (féach Iarscríbhinn 6B) le haghaidh úsáid sruthanna amach anseo i mBord Bainistíochta NSSO. Mhol sí go ndéanfaí machnamh ar na cúig bhunsruth úsáide a chomhdhlúthú ina gceithre shruth athchumraithe atá le rolladh amach idir R4 2020 agus R4 2025, agus roghanna a bheith ann chun uasghráduithe ailtireachta córais a dhéanamh ag an am céanna.

1 Feidhmítear seirbhís do chustaiméirí FMSS NSSO trí chóras ticéadaithe ar a dtugtar JitBit.

2 Déanann Bord an Chláir FMSS formhaoirseacht ar an bpríomhchinnteoireacht agus soláthraíonn sé comhairle agus tacaíocht maidir leis an gclár. Áirítear ar na comhaltaí de Bhord an Chláir FMSS ionadaithe ó ranna agus oifigí rialtais ar leibhéal ard-rúnaí, rúnaí chúnta agus stiúrthóra.

3 Tá comhpháirtí cur chun feidhme an chórais freagrach as an gcóras bainistíochta airgeadais aonair a sholáthar lena oibriú san ionad FMSS agus ar fud cliantchomhlachtaí seirbhíse poiblí. Áirítear leis sin freisin soláthar seirbhíse bainistithe chun tacú leis an gcóras.

**Fíor 6.1 Comparáid idir amlínte réamh-mheasta agus amlínte iarbhír, 2016 – 2025**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**6.16** I mí na Samhna 2021, d'iarr Bord an Chláir FMSS arís go ndéanfaí nuashonrú ar an bplean do shruthanna amach anseo. Cé gur bhreithnigh an Bord Bainistíochta cásanna i mí an Mheithimh 2021, níl aon taifead ann gur cuireadh plean athbhreithnithe le haghaidh na sruthanna go léir ar fáil do Bhord an Chláir.

**6.17** I mí Feabhra 2023, chuir NSSO an t-eolas is deireanaí ar shruth 2 ar fáil do Bhord an Chláir FMSS ar bhealach cuimsitheach. Cuireadh rébhealach agus amlíne tháscach maidir le húsáid an chórais i sruth 2 faoi bhráid Bhord an Chláir FMSS i mí Iúil 2023. Sonraíodh leis an eolas sin gurbh é deireadh 2024 an dáta 'cur i bhfeidhm' táscach is luaithe do shruth 2; agus níor sholáthair sé dáta táscach le haghaidh chur i gcrích na sruthanna eile.

**6.18** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur coinníodh Bord an Chláir FMSS ar an eolas i gcónaí maidir le dul chun cinn an tionscadail, agus go raibh an fócas ar shruth 1 a sholáthar. Cuireadh iarrachtaí is fearr NSSO i bhfeidhm chun an t-eolas is deireanaí ar an bpleanáil do shruthanna amach anseo a sholáthar, ach d'aithin foireann chur chun feidhme an tionscadail agus Bord an Chláir FMSS gurbh é 'cur i bhfeidhm' shruth 1 an fócas tosaíochta. Dá bhrí sin, tugadh tús áite do na hacmhainní a bhí ar fáil chun díriú ar chur i bhfeidhm shruth 1 agus ar a chobhsaíocht ina dhiaidh sin.

### *Amlíne bheartaithe agus amlíne iarbhír don soláthar*

**6.19** I gcomparáid leis an gcás seachadta a leagadh amach don Bhord Bainistíochta i mí an Mheithimh 2021, is cosúil go bhfuil an tionscadal FMSS tite ar gcúl go mór ó thaobh a sprice de. Cé go raibh sé beartaithe ag an am sin go mbeadh rolladh amach shruth 2 crutha i gcrích faoi mhí Mheán Fómhair 2023, tá sé á thuar ag NSSO anois go mbainfear é sin amach faoi dheireadh 2024, i.e., moill 15 mhí.

### *Sruth 1 a chur in úsáid*

**6.20** Leagadh amach i gcomhaontú NSSO le comhpháirtí cur chun feidhme an chórais achar ama 13.5 mí chun an córas FMSS a chur in úsáid go hiomlán i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí shruth 1 ó dháta tosaithe a mheastar a bheith níos luaithe ná an 9 Samhain 2020 ar a dhéanaí.[1] Eagraíodh rolladh amach an chórais thar thrí chéim déag, agus bhí sé sceidealaithe go ndéanfaí cuid acu a reáchtáil i gcomhthráth lena chéile. Bhíothas ag súil go gcuirfí an córas i bhfeidhm in R4 2021.

1 D'aontaigh NSSO Doiciméad Tionscnaimh an Tionscadail (PID) go foirmiúil chun an córas FMSS a úsáid i gcliantchomhlachtaí shruth1 le comhpháirtí cur chun feidhme an chórais an 9 Deireadh Fómhair 2020.

**6.21** Cé gur cuireadh tús leis an bpróiseas úsáidte de réir an sceidil, cuireadh roinnt moilleanna ar an gclár a raibh tionchar aige ar a sholáthar iomlán.

**6.22** Cuireadh an córas FMSS i bhfeidhm do chomhlachtaí seirbhíse poiblí shruth 1 an 19 Aibreán 2022, ceithre mhí níos déanaí ná mar a bhí beartaithe. Bhí sé beartaithe ar dtús go mairfeadh an tacaíocht oibriúcháin (i ndiaidh 'cur i bhfeidhm') sé seachtaine, ach méadaíodh é sin go hocht seachtaine, ag críochnú i Meitheamh 2022.

**6.23** Soláthraíodh cuntais leithreasa 2022 uile na n-ocht gcinn de ranna agus d'oifigí a bhí bainteach le haistriú shruth 1 faoin dáta reachtúil chun na cuntais a chur isteach lena n-iniúchadh.

*Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta*

**6.24** Cuireadh roinnt moilleanna ar chur chun feidhme an chláir FMSS, rud nach bhfuil coinne leis i gclár ar an scála sin. Rinneadh sruth 1 a athshlógadh, a chur chun feidhme agus a úsáid le linn phaindéim COVID-19. Mar thoradh air sin, tionóladh na cruinnithe agus an rannpháirtíocht le cliaint shruth 1 i dtimpeallacht lánchianda. Bhí tionchar suntasach ag an easpa rannpháirtíocht phearsanta ar úsáid agus ar eispéireas aistrithe na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí go léir lenar bhain. Bhí an t-am a ghlac sé chun an tseirbhís a chobhsú níos faide ná mar a bhí beartaithe ach measadh go raibh sé riachtanach agus cuí ionas go mbeifí ábalta bogadh ar aghaidh chuig slógadh shruth 2 ansin.

**6.25** Tá creidiúnú ISAE de Chineál I bainte amach ag NSSO don chóras FMSS. Tá NSSO ag obair anois i dtreo creidiúnú ISAE de Chineál II a bhaint amach.[1]

***Eispéireas úsáideora shruth 1***

**6.26** An 13 Iúil 2022, d'eisigh Ard-Rúnaithe na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, litir chomhpháirteach chuig Oifigeach Cuntasaíochta NSSO inar tuairiscíodh go raibh úsáideoirí FMSS laistigh de na Ranna míshásta le feidhmíocht agus feidhmiúlacht an chórais. Sainaithníodh dhá réimse imní, a measadh a bheith difriúil leis na fadhbanna tosaigh measta a bhaineann le córas nua a sheoladh, eadhon

- cumas tuairiscithe an chórais nua
- an laghdú ar tháirgiúlacht foirne mar thoradh ar an bpróiseas a bhaineann le horduithe ceannaigh a ardú agus úsáid foirmeacha cliste.

I gceangaltán leis an litir, leagadh amach aon ghníomhaíocht déag a theastaíonn ó NSSO chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a shainaithin úsáideoirí an chórais.[2]

**6.27** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta i bhfreagra an 19 Iúil 2022 gur éirigh go maith le cur i bhfeidhm an chórais FMSS ó thaobh an tseachadta de agus gur tharla cuid de na fadhbanna d'ardaigh an dá Roinn le linn sheachtainí tosaigh na n-oibríochtaí agus gur réitíodh iad ó shin.

**6.28** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go rabhthas ag féachaint cheana ar na fadhbanna eile a ardaíodh agus go raibh dul chun cinn á dhéanamh lena réiteach, nó go raibh athruithe i gceist leis an dearadh a dhaingnigh Grúpa an Údaráis um Dhearadh Próiseas go foirmiúil in 2019 agus go mbeadh gá le hathfhorbairt chostasach a dhéanamh ar an gcóras.[3] Thug sí dearbhú go ndéanfadh NSSO machnamh ar conas tacaíocht bhreise a thabhairt d'úsáideoirí córais trí oiliúint bhreise spriocdhírithe a sholáthar.

1 I dtuarascáil ISAE de Chineál I, déantar cur síos ar na rialuithe atá i bhfeidhm maidir le seirbhís ag pointe ama. I dtuarascáil de Chineál II, déantar cur síos ar na rialuithe atá i bhfeidhm agus déantar tástáil ar a n-éifeachtacht oibriúcháin thar thréimhse shonraithe.

2 I mí Dheireadh Fómhair 2022, scríobh oifigigh airgeadais agus riarthóirí soláthair as sé cinn d'ocht gcinn de chliantranna agus de chliant-oifigí shruth 1 chuig NSSO freisin, ag cur imní den chineál céanna in iúl.

3 Tá údarás cinnteoireachta ag Grúpa an Údaráis um Dhearadh Próiseas maidir le dearadh feidhmiúil agus próisis an chórais a rolladh amach chuig cliantchomhlachtaí seirbhíse poiblí FMSS.

**6.29** Bainistíonn an Roinn Airgeadais Príomh-Chiste an Státchiste (an Státchiste). Bhí an Státchiste ina chuid de chur in úsáid bheartaithe shruth 1. Socraíodh go rithfeadh an Státchiste an córas FMSS agus a chóras reatha go comhuaineach ó Aibreán 2022 ar aghaidh chun feidhmiúlacht agus iontaofacht an chórais nua FMSS a chruthú. Cé go raibh sé beartaithe an rith comhuaineach a dhéanamh ar feadh trí mhí, agus gurbh é Iúil 2022 an dáta do chur i bhfeidhm an Státchiste, lean sé ar aghaidh ar feadh cúig mhí. I mí Mheán Fómhair 2022, chinn an Roinn Airgeadais go gcuirfí aistriú an Státchiste go FMSS ar sos, mar gheall, go sonrach, ar imní maidir le cumas an chórais a cheanglais tuairiscithe ar leith a chomhlíonadh.[1] Rinneadh teagmháil leis an Roinn Airgeadais chun na fadhbanna a réiteach, ach tá an t-aistriú ar fionraí fós.

**6.30** Rinne NSSO daichead nuashonrú ar thuarascálacha a bhí ann cheana agus d'imlonnaigh sé cúig thuarascáil nua idir Lúnasa 2022 agus Aibreán 2023 mar fhreagairt ar fhadhbanna a d'ardaigh úsáideoirí an chórais. D'éascaigh NSSO roinnt seisiún 'Lón agus Foghlaim' idir mí Mheán Fómhair 2022 agus mí Feabhra 2023.

**6.31** Choimisiúnaigh NSSO athbhreithniú iar-chur chun feidhme neamhspleách ar an gcéad sruth den chlár FMSS i mí Mheán Fómhair 2022. Cuimsítear san athbhreithniú

- sraith ceardlann a eagrú le príomhpháirtithe leasmhara agus le gach comhlacht d'ocht gcliantchomhlacht seirbhíse poiblí shruth 1
- soláthar tuarascála i scríbhinn (an tuarascáil athbhreithnithe) ar na príomhghníomhaíochtaí a d'eascair as na ceachtanna a foghlaimíodh ó shruth 1, lena n-áirítear moltaí maidir le dearadh eagraíochtúil agus athruithe nó feabhsuithe rialachais, le cur i bhfeidhm in úsáidí amach anseo.

**6.32** Reáchtáladh ceardlanna in R4 2022. Bhí seisiún comhpháirteach athbhreithnithe iar-chur chun feidhme le comhlachtaí seirbhíse poiblí shruth 1 le bheith ar siúl an 28 Aibreán 2023 agus bhí sé measta gurbh é sin an rannpháirtíocht deiridh sula dtabharfaí an tuarascáil athbhreithnithe chun críche. D'iarr cliaint shruth 1 an seisiún a chur siar go dtí go gcuirfí dréacht den tuarascáil athbhreithnithe ar fáil dóibh. Amhail deireadh mhí Iúil 2023, níor tionóladh an cruinniú sin ná níor athsceidealaíodh é agus ní dhearna an tuarascáil athbhreithnithe a chomhroinnt ná a thabhairt chun críche. Dúirt NSSO gur bhuail sé leis an athbhreithneoir i lár mhí Iúil 2023 chun na dréacht-torthaí a phlé agus go bhfuil an t-athbhreithneoir i mbun an tuarascáil a thabhairt chun críche.

### *Cur in úsáid na sruthanna atá fágtha*

**6.33** I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhormheas an Rialtas plean athbhreithnithe chun an tionscadal FMSS a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2025. Tá NSSO ag súil anois go rachaidh an amlíne do sholáthar iomlán an chláir FMSS thar an dáta sin. Tá NSSO rannpháirteach le cliaint shruth 2 ó bhí deireadh 2022 ann agus tá sé ag súil go mbeidh plean foirmiúil cur chun feidhme i bhfeidhm faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2023, agus tá sé ag pleanáil le haghaidh rolladh amach na sruthanna a chríochnú faoi dheireadh mhí na Nollag 2024. Tá sé de rún ag foirne NSSO ceardlanna a thosú le cliaint shruth 2 ó mhí Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh.

1 Foilsítear tuairisceáin mhíosúla Státchiste ar an dara lá oibre den mhí ina dhiaidh sin.

**6.34** Tabharfar faoi PID agus plean cur chun feidhme a ullmhú agus a thabhairt chun críche faoi chomhair shruth 2 i gcomhthráth leis an dá shruth oibre eile.

- De bhrí go bhfuil an conradh leis an gcomhpháirtí i mbun an córas a chur chun feidhme faoi láthair le teacht chun deiridh i mí Mheán Fómhair 2024, tá sé beartaithe ag NSSO glao ar thairiscintí a dhéanamh ar an margadh oscailte le haghaidh conradh ionaid.[1] Táthar ag súil go mbeidh an próiseas soláthair faoi dheireadh 2023.
- Bheartaigh NSSO ar an mbonneagar crua-earraí FMSS crua-earraí a uasghrádú agus iad ag súil go gcríochnófar é faoi mhí an Mheithimh 2024.

**6.35** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur éirigh le forbairt shruth 1 an chuid is mó den fheidhmiúlacht choiteann a úsáidfidh gach cliant FMSS comhlachtaí seirbhíse poiblí iad, agus go gcuirfear an fheidhmiúlacht eile i gcrích a bheag nó a mhór i sruth 2. Mar gheall air sin, díreoidh sruthanna 3 agus 4 ar chomhéadain le córais sheachtracha seachas ar an gcroíleagan feidhmiúil, agus táthar ag súil dá réir nach dtógfaidh sé an oiread sin ama an córas FMSS a fheistiú sa dá shruth dheireanacha. Tá cleachtadh pleanála ar siúl faoi chomhair shruthanna 3 agus 4.

### *Uasghrádú ar an gcóras*

**6.36** I mí Mheán Fómhair 2016, tháinig NSSO agus an comhpháirtí atá i mbun an córas a chur chun feidhme ar chomhaontú maidir le hardán atá bunaithe ar Oracle a fháil don chóras FMSS. Tháinig deireadh leis an tacaíocht faoi ráthaíocht i mí na Nollag 2022, agus tacaíocht theoranta ar fáil as sin amach.

**6.37** I mí Aibreáin 2023, chuir Oracle togra faoi bhráid NSSO i dtaobh leagan nua den ardán a sholáthar, a chur isteach agus a chumrú ar chostas €4.2 milliún. I nóta a ullmhaíodh do Bhord Bainistíochta NSSO, moladh dul ar aghaidh leis an uasghrádú Oracle agus, maidir leis an tacaíocht theoranta a thabharfadh Oracle i leith an bhonneagair crua-earraí atá ann cheana tar éis mhí na Nollag 2022, dúradh go gcuirfeadh sé isteach ar phaisteáil slándála, go gcuirfeadh sé leis an gcostas bliantúil agus go gcuirfeadh sé leis na rioscaí do NSSO. Cheadaigh an tOifigeach Cuntasaíochta ceannach an uasghrádaithe i mí Aibreáin 2023.

## Costais an tionscadail agus airgead a sábháladh

**6.38** Sa chás gnó bunaidh ar cheadaigh an Rialtas é i mí Eanáir 2016, moladh infheistíocht iomlán de €47.4 milliún mar thaca don chóras FMSS nua a chur ar fáil go hiomlán faoi lár 2020. Áiríodh leis sin

- €3.8 milliún a caitheadh cheana féin ar chleachtadh bonnlíne, ar staidéar indéantachta agus ar phróiseas tairisceana le haghaidh an chláir FMSS.
- €40 milliún de chostais chaipitil
- soláthar le haghaidh teagmhas de €3.6 milliún ar eagla go dtitfeadh rioscaí don tionscadal amach nó go mbainfí moilleanna as.

**6.39** Faoi dheireadh 2019, bhí €38.4 milliún caite ar an tionscadal FMSS. Tar éis moilleanna nach beag a bheith bainte don tionscadal agus an gá le dearadh córais nua a cheapadh, struchtúir rialachais a fheabhsú agus bearnaí acmhainneachta a shárú, mhéadaigh plean infheistíochta athmheasta ar cheadaigh an Rialtas é i mí Mheán Fómhair 2020 buiséad ceadaithe iomlán an tionscadail go thart ar €95 mhilliún.[2]

1 Mar chuid den chonradh comhpháirtí chun an córas bunaidh a chur i bhfeidhm bhí soláthar le haghaidh seirbhís bhainistithe a dhéanamh ar an ardán teicneolaíochta chomh maith le tógáil theicniúil an chórais FMSS [Bainistíochta Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte]. Shocraigh NSSO an dá ghné seo a scaradh óna chéile agus gheofar iad astu féin.

2 Sa mheabhrán don Rialtas, moladh buiséad de €115 mhilliún, CBL san áireamh.

**Fíor 6.2 Miondealú ar chostais an tionscadail FMSS, 2014 – 2022**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**6.40** Amhail deireadh 2022, bhí €62 mhilliún caite ag NSSO ar an tionscadal, agus €30 milliún de sin caite ar chostais forbartha caipitil, agus caiteachas reatha sa €32 mhilliún eile (féach Fíor 6.2). Ní áirítear ar na costais iomlána na costais chothabhála ar an bpríomhchóras dar luach €1.6 milliún a íocadh le Oracle.

**6.41** Tá caiteachas ar an tionscadal FMSS de réir an bhuiséid arna leithdháileadh faoi láthair, cé gur tabhaíodh caiteachas níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis sa phlean infheistíochta athmheasta mar gheall ar na moilleanna a cuireadh ar an gcóras FMSS a sholáthar do chliantchomhlachtaí shruth 1 (féach Fíor 6.3).

**Fíor 6.3 Caiteachas iomlán ar an gclár FMSS in aghaidh na bliana, 2014 – 2025**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte; Meabhrán 2020 don Rialtas, Córas Bainistíochta Airgeadais agus Tuairiscithe Comhtháite don Rialtas Láir ("FMSSP"). Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Costais réamh-mheasta*

**6.42** Faoi dheireadh 2022, bhí caiteachas de réir an bhuiséid arna leithdháileadh, agus 35% fós le caitheamh. I mí Iúil 2023, chuir NSSO an t-eolas is déanaí ó thaobh cúrsaí airgeadais de faoi bhráid Bhord an Chláir FMSS, lena n-áirítear an costas a measadh a bheadh de dhíth chun sruth 2 a chríochnú. Níl aon chostas réamh-mheasta ann faoi láthair i leith shruthanna 3 agus 4 a fheidhmiú.

### *An coigilteas a bhfuiltear ag súil leis agus aisíoc*

**6.43** De réir an cháis gnó bhunaidh a rinneadh ar son an chláir FMSS i mí Eanáir 2016, bheadh coigilteas de €15.4 milliún ann in aghaidh na bliana a luaithe a bheadh an clár ag feidhmiú go hiomlán. Bhíothas ag súil gurbh amhlaidh a bheadh toisc nach mbeadh gá leis an oiread sin daoine a fhostú in aonaid airgeadais chliantchomhlachtaí an chórais FMSS agus costais níos lú a bheith ag baint leis an gcóras.

**6.44** Rinneadh trácht i meabhrán 2020 don Rialtas nach ndearnadh an méid airgid a shábhálfar a athbhailíochtú ó bhí 2016 ann ach go raibh sé fós ábhartha mar sin féin. Dúradh go ndéanfaí an méid airgid a shábhálfar a athbhailíochtú agus a rianú de réir mar a cuireadh an córas ar fáil do gach sruth.

**6.45** Ní dhearna NSSO aon anailís fhoirmiúil costais is tairbhe, chun bonn eolais a chur faoi dhréachtú mheabhrán 2020 nó ó cheadaigh an Rialtas an meabhrán i mí Mheán Fómhair 2020.

**6.46** Cé nach bhfuil ach sruth 1 i mbun feidhme go fóill agus tá tuairim is 65% den bhuiséad caite cheana féin, b'amhlaidh, ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2023, nach ndearnadh aon ríomh go fóill faoin méid airgid a sábháladh i leith an tionscadail.

**6.47** Rud eile de, leagadh amach sa chás gnó bunaidh tréimhse aisíocaíochta réamh-mheasta de 7.1 bliain bunaithe ar an mbuiséad bunaidh. Mar sin féin, faoi mhí an Mhárta 2021, thuairiscigh NSSO go rachadh deich mbliana nó níos mó thart sula bhféadfaí an méid airgid a caitheadh ar an gclár FMSS a fháil ar ais.

## An t-aistriú atá beartaithe go cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe

**6.48** Moladh i dtuarascáil 2019 ó ECFE go gcuirfí tuairisciú airgeadais phoiblí agus leasuithe cuntasaíochta i bhfeidhm, agus go háirithe ó thaobh cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe de, in Éirinn.[1] Leagadh béim sa tuarascáil ar an tábhacht a bhain leis an gclár FMSS a chur i gcrích — de réir raon feidhme agus sceidil — le gur féidir cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe a chur chun feidhme.

**6.49** I mí Dheireadh Fómhair 2019, thoiligh an Rialtas go n-aistreofaí ranna agus oifigí an rialtais láir go creat nua cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe bunaithe ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS).[2] Leagtar amach sa treochlár arna chéadú ag an Rialtas conas a fhorbrófar agus a ghlacfar leis an gcreat nua seo ina gceithre chéim idir 2019 agus 2025.

**6.50** Má ghlacann ranna agus oifigí an rialtais láir le cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe, measann an Roinn go bhfuil sé d'acmhainn aige seo cur le tionscadal níos fadtéarmaí lena mbeartaítear tuairisciú airgeadais níos leithne agus leasuithe cuntasaíochta a chur i gcrích d'fhonn cuntais 'uile-rialtais' a bhaint amach ó 2030 amach. Leagann an Roinn achar ama táscach amach faoin gcaoi ina bhféadfadh sé sin feidhmiú (féach Fíor 6.4).

1 *Financial Reporting in Ireland*, irisleabhar ECFE ar bhuiséadú, imleabhar 1, 2019.

2 Tá an Coimisiún Eorpach i mbun ballstáit a spreagadh faoi láthair chun cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe a chur i bhfeidhm do chomhlachtaí san earnáil phoiblí trí leas a bhaint as IPSAS [Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí]; creat tagartha a oireann do Chaighdeáin Eorpacha Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí a fhorbairt.

**Fíor 6.4 An céimniú beartaithe de thuairisciú airgeadais agus de na leasuithe cuntasaíochta**




Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (2019)

**6.51** Tá glacadh leis an tionscadal cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe tite ar gcúl go mór. Tugtar cuntas i bhFíor 6.5 faoin dul chun cinn atá déanta i dtaca le tuairisciú airgeadais agus creat cuntasaíochta nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ag deireadh mhí Aibreáin 2023, bhí an Roinn i mbun Céim 2 den tionscadal a chríochnú. Ba éard a bhí i gceist i dtosach báire ná é sin a thabhairt chun críche in 2020.

**6.52** Maidir leis na 29 gcaighdeán cuntasaíochta atá beartaithe, roinneadh iad ina dhá ghrúpa de dhá chaighdeán tosaíochta dhéag le cur i bhfeidhm go luath, agus 17 gcaighdeán 'neamhthosaíochta' (féach Iarscríbhinn 6C). Tá sé ar intinn ag lucht na Roinne naoi gcinn den dá chaighdeán tosaíochta dhéag a thabhairt isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.[1] Tiocfaidh an chuid eile de na caighdeáin i bhfeidhm de réir a chéile ón 1 Eanáir 2025 amach.

**6.53** Dúirt an Roinn go bhfuil obair mhionsonraithe agus cuid mhór comhairliúcháin le déanamh thar chúpla bliain ar a laghad sula dtiocfaidh an chuid eile de na caighdeáin i bhfeidhm. Déanfar athbhreithniú ar an amlíne in 2024 tar éis na chéad naoi gcaighdeán a thabhairt isteach.

1 Táthar tar éis dhá leath a dhéanamh den chaighdeán i leith sochair fostaí (CGAS 39): sochair neamhphinsin, agus sochair pinsin. Tá sé i gceist an ghné a bhaineann le pinsin a thabhairt isteach in éineacht leis an gcuid eile de na caighdeáin ón 1 Eanáir 2025 amach.

### Fíor 6.5 Tuairisciú airgeadais agus leasuithe cuntasaíochta a chur chun feidhme: cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe a ghlacadh

| Céim | Amlíne bhunaidh | Gníomhaíocht | Stádas |
|---|---|---|---|
| 1 | **2019:**<br>**Tús agus bunú an tionscadail** | • Cuspóirí, torthaí agus costais réamh-mheasta an athchóirithe a dhoiciméadú. | Críochnaithe |
| | | • Socruithe rialachais mar aon le heagrú agus treochlár an tionscadail a thabhairt chun críche. | Críochnaithe |
| | | • Socruithe rialachais an tionscadail/buanghrúpa/grúpaí oibre a chur ar bun. | Críochnaithe |
| | | • Iniúchadh a dhéanamh ar aibíocht agus ar inniúlacht cuntasaíochta ar fud ranna rialtais. | Críochnaithe |
| | | • Sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar bearnaí cuntasaíochta a mheas/eagrú agus treochlár an tionscadail a thabhairt chun críche. | Críochnaithe |
| 2 | **2019 – 2020:**<br>**An creat nua a shainiú** | • Creat coincheapúil a fhorbairt le haghaidh athchóiriú cuntasaíochta. | Críochnaithe |
| | | • An chéad sraith riamh de chaighdeáin chuntasaíochta a ghlacadh (caighdeáin tosaíochta amháin). | Idir lámha |
| | | • Athruithe ar rialuithe inmheánacha airgeadais a shainaithint agus treoracha a fhorbairt. | Idir lámha |
| | | • Socruithe iniúchóireachta nua a chinneadh. | Idir lámha |
| | | • Measúnú a dhéanamh ar an gcairt cuntas an FMSS faoi láthair. | Críochnaithe |
| | | • An chéad chéim den chreat nua a reáchtáil ar bhonn píolótach i líon beag de ranna rialtais. | Gan tús curtha leis go fóill |
| | | • Baill foirne a chur faoi oiliúint sna caighdeáin chuntasaíochta nua. | Gan tús curtha leis go fóill |
| | | • Na hathruithe reachtacha is gá a shainaithint. | Idir lámha |
| 3 | **2021 – 2024:**<br>**An creat nua a chur chun feidhme** | • Cuntais a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe. | Gan tús curtha leis go fóill |
| | | • Cláir chomhardaithe tosaigh a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe. | Gan tús curtha leis go fóill |
| 4 | **2023 – 2024:**<br>**Measúnú idirmheánach ar an tionscadal** | • Athbhreithniú foirmiúil iar-chur chun feidhme a chur i gcrích. | Gan tús curtha leis go fóill |
| | | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus an plean faoi choinne chríochnú na n-athchóirithe a bhailíochtú nó a leasú más gá. | Gan tús curtha leis go fóill |
| 5 | **2025:**<br>**Cur chun feidhme an chórais a thabhairt chun críche** | • Na caighdeáin chuntasaíochta atá fágtha a chur chun feidhme. | Gan tús curtha leis go fóill |
| | | • Cláir chomhardaithe tosaigh a ullmhú do gach eintiteas rialtais láir agus úsáid á bhaint as an gcreat nua. | Gan tús curtha leis go fóill |

● Críochnaithe ● Idir lámha ● Gan tús curtha leis go fóill

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Athbhreithniú neamhspleách*

**6.54** A luaithe a chuirfear an FMSS i bhfeidhm, beidh freagracht ar NSSO as seirbhísí caighdeánaithe próiseála airgeadais agus cuntasaíochta a chur fáil don rialtas láir. Bheadh sé ina phríomh-mhodh chun an bealach a réiteach do chuntasaíocht ar bhonn fabhraithe seachas a bheith ina socraitheoir den chaighdeán cuntasaíochta. Rinne an Coimisiún Eorpach — trí bhíthin a sheirbhíse tacaíochta um leasú struchtúrach — conradh le sainchomhairleoir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar chairt cuntas an FMSS in 2021.

**6.55** Ba é tátal an athbhreithnithe go mbeidh an córas FMSS, a luaithe a chuirfear i bhfeidhm é, in ann freastal ar chairt iltoiseach de chuntais ar féidir í a húsáid le córais chuntasaíochta atá bunaithe ar airgead tirim agus le córais chuntasaíochta ar bhonn fabhraithe. Dearbhaíodh ann freisin go bhfuil sé d'acmhainn ag an gcóras freastal ar chreat cuntasaíochta ar nós IPSAS atá bunaithe ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí.

### *Buanghrúpa comhairleach maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais an rialtais*

**6.56** Tá NSSO mar bhall den bhuanghrúpa comhairleach maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais an rialtais a bhunaigh an Roinn é in 2020. Bunaíodh an grúpa chun sainchomhairle a thabhairt faoi chlár chuntasaíocht agus thuairisciú airgeadais na Roinne.

**6.57** Dúirt NSSO go bhfuil sé mar aidhm ag a ionadaithe ar an mbuanghrúpa comhairleach féachaint chuige go gcuirtear an clár FMSS agus clár leasuithe na Roinne maidir le gach forbairt tuairiscithe ar comhréim i gcónaí.

**6.58** Mar bhaill den bhuanghrúpa comhairleach tá daoine den lucht léinn, saineolaithe ar chuntasaíocht agus príomhpháirtithe leasmhara, oifigigh airgeadais ó ranna ábhartha san áireamh. Tháinig an grúpa le chéile sé huaire idir mí Mheán Fómhair 2020 agus mí Iúil 2021 chun

- athbhreithniú a dhéanamh agus a n-ainmneacha a chur leis an g*Creat Coincheapúil do Rialtas Láir na hÉireann chun Tuairisciú Airgeadais Ilchuspóireach a dhéanamh*
- cuidiú le suirbhé ar acmhainneacht airgeadais a fhorbairt ar ranna rialtais
- comhairle agus treoir a thabhairt maidir le 29 gCaighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir nua (CGAS), agus na lámhleabhair chuntasaíochta a ghabhann leo.

**6.59** Níor tionóladh cruinniú ar bith idir mí Lúnasa 2021 agus mí Feabhra 2023. Mhínigh an Rialtas gur tharla próiseas ina ndearnadh cuid mhór comhairliúcháin agus ullmhúcháin le linn na tréimhse sin, rud a chuir bonn eolais faoi fhorbairt CGASanna agus na lámhleabhar cuntasaíochta a cuireadh faoi bhráid an bhuanghrúpa chomhairligh ina dhiaidh sin le hathbhreithniú deiridh a dhéanamh orthu. Thosaigh na cruinnithe arís i mí an Mhárta 2023.

### *Grúpa páirtithe leasmhara*

**6.60** In 2021, chuir an Roinn grúpa páirtithe leasmhara ar bun ar a raibh ionadaithe óna hAonad Cuntasaíochta Rialtais féin, ó NSSO agus ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ba éard ab aidhm leis an ngrúpa ná na lámhleabhair chuntasaíochta do na CGASanna a mheas.

**6.61** Tháinig an grúpa páirtithe leasmhara le chéile ceithre huaire idir mí Dheireadh Fómhair 2021 agus mí an Mhárta 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na lámhleabhair chuntasaíochta a ghabhann leis na CGASanna tosaíochta. Lena chois sin, tá plé rialta neamhfhoirmiúil ar siúl idir Cuntasaíocht Rialtais agus NSSO.

## Conclúidí agus moltaí

**6.62** Seoladh an clár FMSS in 2016 agus é i gceist buiséad €47.4 milliún (gan CBL a áireamh) a bhronnadh air le hé a chríochnú laistigh d'achar ama ceithre bliana. In 2020, tar éis cead a fháil ón Rialtas ina leith, méadaíodh an buiséad go tuairim is €95 mhilliún agus cuireadh síneadh suas go dtí 2025 leis an amlíne ina gcaithfear é a chríochnú. Moladh do NSSO comhordú a dhéanamh le hAonad Cuntasaíochta Rialtais na Roinne chun aon amlíne chomhleanúnach amháin a thabhairt do chliantchomhlachtaí san earnáil phoiblí maidir le cathain a chuirfear an FMSS agus na leasuithe airgeadais agus cuntasaíochta i bhfeidhm.

### *Próiseas cur chun feidhme*

**6.63** Maidir leis an meabhrán ba bhun le cinneadh an Rialtais cur le cistiú agus síneadh a chur leis an amlíne ina gcuirfí an FMSS i bhfeidhm, níor áiríodh leis sceideal mionsonraithe faoi conas a chuirfeadh NSSO an clár i gcrích faoi 2025. San áireamh leis, áfach, bhí amlíne tháscach faoi na riachtanais mhaoinithe a bheadh de dhíth in aghaidh na bliana.

**6.64** Agus é de fhreagracht air formhaoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal, tá Bord an Chláir FMSS tar éis a iarraidh arís agus arís eile go gcuirfí amlíne iomlán don tionscadal ar fáil, ach níor éirigh le NSSO ceann a chur i láthair go fóill. Bhí a n-aird go príomha ar shruth 1 den soláthar ar bhonn céimneach, do dhornán cliantchomhlachtaí nach raibh riachtanais fheidhmiúlachta chomh casta sin acu. Cuireadh tús leis an gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach i mí na Samhna 2021 agus bhí sé críochnaithe faoi Aibreán 2022 — thart ar cheithre mhí tar éis an ama chríochnaithe a bhí beartaithe.

**6.65** Cuireadh rébhealach táscach agus amlíne ina gcuirfí an córas ar fáil do shruth 2 faoi bhráid Bhord an Chláir i mí Iúil 2023, in éineacht leis an scéala is déanaí maidir le struchtúr shruth 3 agus shruth 4 agus na hachair ama lena bhfuiltear ag súil.

**6.66** Dar le NSSO, táthar ag súil anois nach gcríochnófar seachadadh an chláir FMSS ina iomláine go dtí tar éis 2025, agus é i gceist an soláthar ar bhonn céimneach do chliaint shruth 2 a chríochnú faoi dheireadh 2024.

**Moladh 6.1**

Ba cheart do NSSO amlíne a dhoiciméadú agus a chomhaontú go foirmiúil don chuid eile den tionscadal FMSS agus í a chomhroinnt leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta NSSO**

Comhaontaítear.

Chuir NSSO amlíne agus príomhchéimeanna shruth 2 faoi bhráid Bhord an Chláir i mí Iúil 2023. Comhroinneadh na hamlínte sin agus na príomhchéimeanna oibre le cliaint shruth 2 freisin mar chuid de rannpháirtíocht leanúnach. Leanfaidh NSSO le pleanáil ardleibhéil do shruthanna 3 agus 4 a chur chun cinn de réir mar a théann sruth 2 ar aghaidh agus cuirfear na hamlínte mionsonraithe do na sruthanna sin in iúl de réir mar a bheidh siad críochnaitheach. Comhroinnfear na hamlínte go léir leis an Aonad Cuntasaíochta Rialtais. Léiríonn an méid a foghlaimíodh ó chláir comhsheirbhísí an rialtais roimhe seo gur cheart amlínte na gclár a choigeartú de réir mar is gá agus fós ag fanacht laistigh den bhuiséad.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Comhroinnfear amlínte táscacha le cliaint shruthanna 3 agus 4 i Ráithe 1 2024 agus déanfar iad a nuashonrú de réir mar a théann sruth 2 ar aghaidh.

### *Ábhair imní úsáideoirí maidir le hoibriú FMSS*

**6.67** B'éigean forbairt a dhéanamh ar fhormhór na feidhmiúlachta coitinne pleanáilte don chóras de bharr chliantchomhlachtaí agus chuntais shruth 1 . Tá sé beartaithe an fheidhmiúlacht choiteann eile a chur i bhfeidhm mar chuid de rolladh amach shruth 2. Le sruthanna 3 agus 4, éileofar feidhmiúlacht shaincheaptha bhreise a fhorbairt do chuid de thascanna bainistíochta airgeadais na sprioc-chomhlachtaí poiblí.

**6.68** Sna sé mhí tar éis rolladh amach shruth 1 den FMSS, chuir formhór na n-úsáideoirí in iúl go foirmiúil do NSSO a míshástacht le gnéithe d'fheidhmíocht agus d'fheidhmiúlacht an chórais, go háirithe maidir le feidhmiúlacht tuairiscithe agus feidhmíocht an chórais. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir an Roinn Airgeadais stop le haistriú bhainistíocht airgeadais Phríomh-Chiste an Státchiste chuig an FMSS mar gheall ar imní maidir le cumas an chórais chun freastal ar shainriachtanais tuairiscithe na Roinne Airgeadais don Státchiste. Tá an t-aistriú ar fionraí fós.

**6.69** D'admhaigh NSSO tuairimí na n-úsáideoirí, ach thug sé faoi deara gur réitíodh cuid de na saincheisteanna a d'ardaigh úsáideoirí go tapa, agus gur breathnaíodh ar na saincheisteanna eile nó go raibh athruithe dearaidh i gceist leo a d'éileodh atógáil chostasach ar an gcóras FMSS.

**6.70** Chomh maith le tuarascálacha nua a thabhairt isteach, tuarascálacha reatha a athdhearadh agus seisiúin fhairsinge foghlama a dhéanamh chun cabhrú le cliaint shruth 1, choimisiúnaigh NSSO athbhreithniú neamhspleách iar-chur i bhfeidhm ar an gcéad sruth i mí Mheán Fómhair 2022. Cuireadh de chúram ar an athbhreithneoir an méid a foghlaimíodh a leagan amach chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe don chuid eile den chlár.

**6.71** Níor tharla seisiún rannpháirtíochta deiridh a bhí sceidealta i mí Aibreáin 2023 idir an t-athbhreithneoir agus úsáideoirí shruth 1 toisc nár cuireadh cóip den dréacht-tuarascáil ar fáil do na húsáideoirí. Níor bhuail NSSO leis an athbhreithneoir chun na dréacht-torthaí a phlé ach i mí Iúil 2023, agus níl an tuarascáil athbhreithnithe tugtha chun críche fós (i Meán Fómhair 2023).

**6.72** Deis thábhachtach foghlama a bhí sa choimisiúnú d'athbhreithniú neamhspleách ar oibriú an FMSS tar éis shruth 1, roimh rolladh amach beartaithe an chórais chuig úsáideoirí eile. Is ábhar imní, áfach, é an mhoill maidir leis an tuarascáil sin a thabhairt chun críche agus an méid a foghlaimíodh a chuimsiú i bpleananna amach anseo.

### *Costais agus coigilteas tionscadail*

**6.73** Bhíothas ag súil le meánchoigilteas bliantúil de €15.4 milliún sa chás gnó bunaidh don chlár FMSS, agus tréimhse aisíocaíochta de thart ar 7.5 bliain. Agus faomhadh á lorg do mhaoiniú breise agus d'amlíne shínte don tionscadal in 2020, níor athbhailíochtaíodh na coigiltis mheasta. Níl aon anailís fhoirmiúil costais is tairbhe déanta ag NSSO i bhfianaise an eispéiris le sruth 1.

#### Moladh 6.2

Ba cheart do NSSO coigilteas measta 2016 a bhfuiltear ag súil leis ón tionscadal a athríomh, agus an t-eispéireas ó rolladh amach shruth 1 á chur san áireamh.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá sé beartaithe ag NSSO tús a chur le próiseas athbhailíochtaithe ar na coibhéisí lánaimseartha airgeadais agus na costais neamhphá atá ag an rialtas láir i gcleachtadh a chuirfear i gcrích i gcomhthráth le rannpháirtíocht shraith 2. Cleachtadh cuimsitheach a bheidh ann ina mbeidh líon suntasach páirtithe leasmhara páirteach. Mar chuid den phróiseas sin, saineoidh NSSO creat freisin chun na tairbhí a bhaineann leis an gclár straitéiseach seo a thagarmharcáil agus a rianú.

Déanfar na tairbhí a thaifeadadh faoi chatagóirí ar leith.

- Tairbhí tráchtála: coigilteas costais simplí maidir le líon na ndaoine, costais teicneolaíochta, etc.
- Tairbhí straitéiseacha: cuntasaíocht fheabhsaithe fabhraithe a chumasú; tacú le trédhearcacht fhioscach trí phrionsabail chuntasaíochta IPSAS a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an rialtais láir; tacú le lúfaireacht agus freagrúlacht do riachtanais tuairiscithe atá ag teacht chun cinn; comhlíonadh na dtreoracha ríomhsholáthair a éascú; rochtain ar shonraí láraithe a sholáthar; etc.
- Tairbhí oibriúcháin/eispéireas úsáideoirí: éifeachtúlachtaí in oibríochtaí, e.g., cuntais soláthraithe roinnte; tuairisciú níos éasca ar chaiteachas de réir soláthraí/cineál costais; feabhsuithe ar eispéireas úsáideoirí amhail próiseas faofa níos éasca; etc.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Déanfar an creat chun na tairbhí a thagarmharcáil agus a rianú, lena n-áirítear coigilteas, a fhorbairt in 2024 chun go mbeidh rianú réadaithe tairbhí tar éis shruth 2 in ann dul beo.

**6.74** Ag deireadh 2022, b'ionann an caiteachas iomlán ar an gclár FMSS agus €62 mhilliún. Is ionann é sin agus beagnach dhá thrian den bhuiséad a leithdháiltear faoin bplean infheistíochta athbhreithnithe. Cé go bhfuil caiteachas taobh thiar den phróifíl bheartaithe, tá an seachadadh ar gcúl freisin, agus níl sé chomh cuimsitheach ó thaobh raon feidhme de. Níl réamh-mheastachán caiteachais athbhreithnithe ag NSSO don tionscadal iomlán. Le nuashonrú airgeadais chuig Bord an Chláir FMSS i mí Iúil 2023 rinneadh réamh-mheastachán ar chostais chun sruth 2 a chríochnú ach ní raibh aon réamh-mheastacháin ann maidir le sruthanna 3 agus 4. Tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta, áfach, go bhfuiltear ag súil go bhfanfaidh an tionscadal laistigh den bhuiséad.

**6.75** Tá an conradh reatha leis an gcomhpháirtí feidhmithe córais le tabhairt chun críche in 2024. Thug NSSO faoi deara, mar gheall ar an ngá atá le conradh feidhmithe córais nua a fháil agus a chur i bhfeidhm, go bhféadfadh tionchar a bheith ar chostais ghaolmhara forbartha tionscadail.

**Moladh 6.3**

Ba cheart do NSSO meastachán a dhéanamh ar na costais a bhfuiltear ag súil leo go gcríochnófar gach sruth den tionscadal FMSS. Ba cheart aon chostálacha cothrom le dáta agus anailís costais is tairbhe a bheith ag gabháil le haon mholadh a d’fhéadfadh NSSO a dhéanamh amach anseo chun a amlíne agus/nó a bhuiséad a shíneadh.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Déanann NSSO nuashonrú rialta ar na costais réamh-mheasta chun sruth 2 a chríochnú, lena n-áirítear aon tionchar ar an teagmhas sa bhuiséad chun a chinneadh an leor an teagmhas chun an amlíne a chlúdach. Cuirtear na costais réamh-mheasta sin i láthair na bhfóram rialachais go léir ar bhonn rialta lena n-áirítear Bord an Chláir FMSS, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord Comhairleach. Nuair a bheidh an soláthar tugtha chun críche don díoltóir feidhmithe córais, déanfar athbhreithniú ar na costálacha. Leanfaidh NSSO ar aghaidh de gach iarracht a dhéanamh an clár seo a sheachadadh laistigh den bhuiséad.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Leanfaidh na costais a bhfuiltear ag súil leo le críochnú de bheith mar chuid d’athbhreithnithe leanúnacha, lena n-áirítear athbhreithniú foriomlán tar éis sruth 2 do ghabháil beo.

### *Seachadadh an tionscadail cuntasaíochta fabhraithe chomhthreomhair*

**6.76** Moladh i dtuarascáil OECD in 2019 go n-aistreofaí córais chuntasaíochta rialtas láir na hÉireann ón gcóras airgeadbhunaithe reatha chuig bonn fabhraithe. Ghlac an Rialtas leis an moladh, rud inar ordaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2019 creat cuntasaíochta fabhraithe nua a fhorbairt bunaithe ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS), ar bhonn céimnithe idir 2019 agus 2025.

**6.77** Is cumasóir lárnach é forbairt an FMSS chun athrú ranna agus oifigí an rialtais láir go cuntasaíocht fabhraithe a sheachadadh. Baineadh de thátal as athbhreithniú neamhspleách ar an gcóras FMSS a choimisiúnaigh an Coimisiún Eorpach gur cheart dearadh an FMSS a bheith in ann freastal ar an aistriú atá beartaithe go creat cuntasaíochta ar nós IPSAS.

**6.78** Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe freagrach as na caighdeáin chuntasaíochta ábhartha a leagan síos. Cé go bhfuil an tionscadal um shocrú caighdeán ar gcúl, tá sé tugtha le fios ag an Roinn go bhfuil naoi gcinn den dhá chaighdeán déag de thosaíochtaí cuntasaíochta tugtha isteach do gach roinn agus oifig an rialtais láir do na blianta cuntasaíochta dar tús an 1 Eanáir 2024. Is é an plean reatha ná go dtiocfaidh na caighdeáin atá fágtha i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ón 1 Eanáir 2025.

**Moladh 6.4**

Ba cheart don Roinn amlíne a dhoiciméadú agus a chomhaontú go foirmiúil don chuid eile den tionscadal athchóirithe airgeadais agus cuntasaíochta agus í a chomhroinnt leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

**Freagra Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne**

Comhaontaítear.

Tá an Roinn de réir sceidil a bheag nó a mhór le cinneadh an Rialtais caighdeáin bunaithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS) a thabhairt i bhfeidhm do na 46 vóta rialtais láir faoi dheireadh na bliana 2025.

Tá an chairt a thaispeántar i bhFíor 6.5 bunaithe ar an amchlár bunaidh a moladh i meabhrán 2019 don Rialtas. Mar sin féin, ba ghá roinnt gníomhaíochtaí thar na céimeanna a bheith ar siúl i gcomhthráth agus ní i gcéimeanna ar leith mar a bhí beartaithe ag an am. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, tá an Roinn in ann naoi gcinn de Chaighdeáin Chuntasaíochta tosaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a mhol OECD a chur i bhfeidhm in 2024. Tabharfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe an t-eolas is déanaí don Rialtas maidir leis an amlíne do thabhairt isteach céimnithe CGAS.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Soláthróidh an Roinn fráma ama nuashonraithe maidir le rolladh amach an tuairiscithe airgeadais agus athchóirithe cuntasaíochta do vótaí an rialtais láir tar éis don Aire an t-eolas is déanaí a thabhairt don Rialtas in R4 2023.

## Iarscríbhinn 6A Sruthanna cliant FMSS

**Fíor 6A.1 Comhdhéanamh shruthanna cliant FMSS**

| Sruth 1 | Sruth 2 | Sruth 3[b] | Sruth 4[b] |
|---|---|---|---|
| • An Roinn Airgeadais<br>• An Státchiste[a]<br>• Oifig an Ombudsman<br>• Teaghlachas an Uachtaráin<br>• An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe<br>• Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais<br>• An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte<br>• An Oifig um Sholáthar Rialtais<br>• Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | • Tailte Éireann<br>• Ard-Mhúsaem na hÉireann<br>• Roinn an Taoisigh<br>• An Roinn Dlí agus Cirt<br>• An Garda Síochána<br>• Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána<br>• Seirbhís Phríosúin na hÉireann<br>• An tSeirbhís Chúirteanna<br>• An tÚdarás Sábháilteachta Póilíneachta agus Pobail<br>• An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán<br>• An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>• An Coimisiún um Chosaint Sonraí<br>• An Roinn Iompair | • An Roinn Gnóthaí Eachtracha<br>• An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta<br>• Oifig na nOibreacha Poiblí<br>• Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí<br>• An tOireachtas<br>• An Phríomh-Oifig Staidrimh<br>• An Roinn Sláinte<br>• An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>• An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí<br>• Na Coimisinéirí Ioncaim<br>• An Coimisiún um Achomhairc Chánach<br>• An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta<br>• An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí<br>• Leabharlann Náisiúnta na hÉireann<br>• Coimisiún na Scrúduithe Stáit<br>• Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | • An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide<br>• Oifig an Ard-Aighne<br>• Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit<br>• An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige<br>• An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí<br>• An Roinn Oideachais<br>• An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta<br>• An Roinn Coimirce Sóisialaí<br>• An Roinn Cosanta<br>• An tSaotharlann Stáit<br>• An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara<br>• Gailearaí Náisiúnta na hÉireann<br>• Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann<br>• An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Nótaí: a Ghlac an Roinn Airgeadais an cinneadh stop a chur le rannpháirtíocht Phríomh-Chiste an Státchiste in FMSS i mí Mheán Fómhair 2022. Tá an t-aistriú sin ar fionraí fós.

b Tá comhdhéanamh shruthanna 3 agus 4 fós faoi réir athraithe agus deimhneofar é i dtús an phróisis slógaidh do gach sraith.

## Iarscríbhinn 6B Cásanna maidir le himscaradh sruthanna amach anseo a cuireadh faoi bhráid Bhord Bainistíochta NSSO an 17 Meitheamh 2021

**Fíor 6B.1 Cás 1: imscaradh iomlán i gcúig shruth agus gan aon bhreithniú ar uasghrádú ailtireachta an chórais**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

**Fíor 6B.2 Cás 2: ceithre shruth agus ailtireacht an chórais a uasghrádú tar éis imscaradh iomlán**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

**Fíor 6B.3 Cás 3: ceithre shruth agus ailtireacht an chórais a uasghrádú ag an am céanna**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Nótaí: a Baineann Roghanna 1 agus 3 le céim dheartha shruth 3 nó shruth 4 a rith ag an am céanna le huasghrádú ar ailtireacht an chórais.

b Tá Rogha 2 bunaithe ar an toimhde go dtarlóidh an chéim thógála do shruth 3 ar an ardán nua in R1 2024.

## Iarscríbhinn 6C Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir

| Uimhir CGAS | Caighdeáin tosaíochta[a] |
|---|---|
| 1 | Na ráitis airgeadais a chur i láthair |
| 2 | Ráitis faoi shreabhadh airgid |
| 3 | Beartais chuntasaíochta, athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta agus earráidí |
| 12 | Fardail |
| 13 | Leasanna |
| 17 | Maoin, gléasra agus trealamh |
| 19 | Soláthairtí, dliteanais theagmhasacha agus sócmhainní teagmhasacha |
| 21 | Bearnú sócmhainní nach ngineann airgead |
| 26 | Bearnú sócmhainní a ghineann airgead |
| 31 | Sócmhainní doláimhsithe |
| 32 | Socruithe lamháltais seirbhíse: deontóir |
| 39 | Sochair fostaithe[b] |

| Uimhir CGAS | Caighdeáin neamhthosaíochta |
|---|---|
| 4 | Éifeachtaí athruithe i rátaí malairte eachtraí |
| 5 | Costais iasachta |
| 9 | Ioncam ó idirbhearta malartaithe |
| 11 | Conarthaí tógála |
| 14 | Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe |
| 20 | Nochtaí páirtithe gaolmhara |
| 22 | Nochtadh faisnéise airgeadais faoi earnáil an Rialtais Ghinearálta |
| 23 | Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte (cánacha agus aistrithe) |
| 24 | Faisnéis bhuiséid a chur i láthair i ráitis airgeadais |
| 27 | Talmhaíocht |
| 28 | Ionstraimí airgeadais: cur i láthair |
| 30 | Ionstraimí airgeadais: nochtaí |
| 34 | Ráitis airgeadais ar leith |
| 35 | Ráitis airgeadais chomhdhlúite |
| 38 | Nochtadh leasanna in eintitis eile |
| 41 | Ionstraimí airgeadais |
| 42 | Sochair shóisialta |

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

Nótaí: a Cuirfidh an Roinn caighdeáin atá aibhsithe i nglas i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

b Ní shocraítear nithe a bhaineann le pinsin a thabhairt isteach ach le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

# 7 An tseirbhís pasanna a athrú ó bhonn

**7.1** Leagtar amach in Acht na bPasanna 2008, arna leasú (an tAcht), an bonn reachtúil chun pasanna Éireannacha a eisiúint.[1] Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha (an Roinn), ag gníomhú di thar ceann an Aire Gnóthaí Eachtracha, freagrach as pasanna a sholáthar tríd an tseirbhís pasanna. Is í príomhfhreagracht na seirbhíse pasanna iarratais ar phas a phróiseáil agus pasanna a eisiúint chuig saoránaigh Éireannacha a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus thar lear.[2]

**7.2** In 2020 agus 2021, chuaigh srianta a forchuireadh mar fhreagra ar phaindéim Covid-19 i bhfeidhm ar an tseirbhís pasanna, go dtí gur ainmníodh í mar sheirbhís riachtanach an 29 Aibreán 2021. Cuireadh sos ar ghnáthoibríochtaí pasanna roinnt uaireanta le linn 2020 agus 2021 — thart ar ocht mí san iomlán.[3] In 2022, bhain éileamh gan fasach ar phasanna don tseirbhís pasanna mar gheall ar éileamh faoi chois ar thaisteal.

**7.3** Tugadh faoin scrúdú seo chun measúnú a dhéanamh ar na córais a bhí i bhfeidhm chun pasanna a eisiúint go tráthúil, agus cuireadh béim ar leith ar mhonatóireacht feidhmíochta agus socruithe tuairiscithe, lena n-áirítear méadrachtaí feidhmíochta maidir le pasanna a eisiúint.

## Soláthar pasanna a bhainistiú

**7.4** In 2022, fuair an tseirbhís pasanna os cionn milliún iarratas ar phas. Ba mhéadú suntasach de thart ar 21% é sin i gcomparáid le 2019, an bhliain ina ndearnadh an líon ab airde iarratas roimhe sin. Mar aon le líon méadaithe iarratas, áfach, tháinig athrú tapa suntasach ar an modh iarratais freisin: mhéadaigh iarratais ar líne (lena n-áirítear cártaí pas ar líne) ó 52% den iomlán in 2019 go 91% de na hiarratais go léir a fuarthas in 2022. (féach Fíor 7.1).

**Fíor 7.1 Líon na n-iarratas ar phas a fuarthas, 2015 – 2022**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a I mí an Mhárta 2017, seoladh iarratas ar líne ar athnuachan pas aosaigh agus tugadh isteach an rogha iarratas a dhéanamh ar leabhar pas agus ar chárta pas mar bheart Go dtí deireadh 2021, áiríodh an t-iarratas ar bheart mar dhá iarratas. In 2022, áirítear iarratais ar bheart mar iarratas amháin.

1 Leagtar amach san Acht cé hiad na daoine a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ar phas; cineálacha agus bailíocht na bpasanna; ceanglais aitheantais agus saoránachta; na ceanglais maidir le pasanna a eisiúint do leanaí; na forais ar a bhféadfar pas a dhiúltú, a chúlghairm nó a chealú, agus ar a a bhféadfar cinneadh a achomharc; agus cionta éagsúla faoin Acht.

2 Ó 2019 i leith, tá an tseirbhís pasanna freagrach freisin as saoránacht Éireannach a dheonú i leith daoine a rugadh lasmuigh d’Éirinn, mar a fhoráiltear in alt 7(3) d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 (arna leasú).

3 Cuireadh ghnáthoibríochtaí ar sos idir an 27 Márta 2020 agus an 8 Meitheamh 2020; idir an 21 Deireadh Fómhair 2020 agus an 1 Nollaig 2020; agus an 26 Nollaig 2020 agus an 4 Bealtaine 2021.

**7.5** Is seirbhís faoi thionchar an éilimh í an tseirbhís pasanna. Úsáidtear córas réamhaisnéisithe agus pleanála, a tugadh isteach in 2021, chun an t-éileamh ar phasanna a thuar. Roimh Covid-19, bhí an t-éileamh ar phasanna intuartha den chuid ba mhó, ag méadú faoi 9% ar an meán sa bhliain idir 2015 agus 2019. Thit na hiarratais siar go mór de dheasca na srianta taistil a bhain le Covid-19, ach faoi 2022, bhí siad ag thart ar an leibhéal treochta fadtéarmach, i.e., bheadh thart ar 1.25 milliún iarratas in 2022 mar thoradh ar fhás leanúnach 9% in aghaidh na bliana, beagán os cionn an 1.2 milliún ceann a fuarthas.

### *Cealú iarratas ar phas*

**7.6** Leagtar amach i nósanna imeachta inmheánacha na seirbhíse pasanna go bhféadfar iarratas ar phas a chealú ar cheachtar ceann de dhá chúis

- iarrann an t-iarratasóir go gcealófaí an t-iarratas
- ní féidir an t-iarratas a chur ar aghaidh i ndiaidh sé mhí i ndiaidh é a fháil, mar gheall ar dhoiciméid neamhleora nó mar gheall nár cuireadh aon doiciméid isteach go príomha.

**7.7** Ní fhoráiltear in Acht na bPasanna do chealú iarratas. Leagtar amach in alt 12 den Acht, áfach, na himthosca ina bhféadfar diúltú do phas. Dúirt an Roinn nach ndéanann sí monatóireacht ar líon na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh, agus go gcuirtear iarratais ar diúltaíodh dóibh ar áireamh i líon na n-iarratas a cealaíodh.

**7.8** Ó 2015 i leith, tá méadú tagtha ar ráta cealaithe na n-iarratas ar phas bliain ar bhliain. Bhí méadú suntasach ar líon na gcealuithe idir 2019 agus 2022 — ó 1.5% de na hiarratais ar fad a fuarthas in 2019, go dtí os cionn 7% in 2022. B'ionann iarratais chéaduaire a cealaíodh agus díreach os cionn aon trian de na cealuithe go léir in 2015; faoi 2022, bhí sé sin méadaithe go dtí os cionn dhá thrian de na cealuithe go léir (féach Fíor 7.2).

**Fíor 7.2 Iarratais (cártaí pas san áireamh) a cealaíodh mar chéatadán de na hiarratais ar fad a fuarthas, 2015 – 2022**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

**7.9** Dúirt an Roinn gur lean iarratasóirí le hiarratas a dhéanamh ar líne, le linn 2020 agus 2021, ach nach rabhthas ábalta iarratais chasta a phróiseáil toisc go raibh an tseirbhís pasanna ag feidhmiú ar bhonn teoranta nó ar bhonn éigeandála agus nach raibh an fhoireann ábalta freastal ar an ionad oibre.[1] Níor próiseáladh a lán de na hiarratais sin laistigh den achar ama sé mhí agus b'éigean iad a chealú ina dhiaidh sin agus b'éigean aisíocaíochtaí a eisiúint. Sa chéad leath de 2022, i gcás ina raibh na hagaí slánúcháin níos faide ná mar ba ghnách, chuir roinnt iarratasóirí isteach ar phas trí bhealaí iomadúla, i.e., chuir iarratasóirí iarratas isteach ar líne agus freisin ar páipéar. Mar gheall air sin, cealaíodh iarratais dhúblacha agus eisíodh aisíocaíochtaí.[2]

**7.10** Dúirt an Roinn go bhfuil athrú tagtha ar phatrún iompair iarratasóirí mar gheall ar fhorbairt an chórais ar líne. Is cosúil go ndéanann roinnt iarratasóirí iarratas ar líne ach go dteipeann orthu na doiciméid riachtanacha a chur isteach. Eisítear trí mheabhrúchán ríomhphoist, ach mura bhfaightear doiciméid ar bith mar fhreagra ar na ríomhphoist sin, meastar na hiarratais a bheith tréigthe, cealaítear iad agus eisítear aisíocaíochtaí chuig na hiarratasóirí.

**7.11** Toisc nach dtaifeadann an Roinn na cúiseanna le hiarratais a cealaíodh, áfach, ní fhéadfadh sí miondealú a thabhairt ar líon na gcealuithe a bhí ann mar gheall ar thréigean iarratasóirí.

### *Eisiúint pasanna*

**7.12** In 2022, d'eisigh an tseirbhís pasanna 16% níos mó pasanna ná mar a eisíodh in 2019, roimh Covid-19. Cé go bhfuarthas díreach faoi bhun 1.2 milliún iarratas in 2022, eisíodh thart ar 1.09 milliún pas.

**7.13** Nuair a chuirtear iarratais a cealaíodh san áireamh, d'éirigh leis an tseirbhís pasanna gach iarratas a fuarthas a dhiúscairt agus, seachas agaí próiseála sínte nuair a bhí tréimhsí ardéilimh ann, níl riaráiste leabaithe iarratas aici.

**7.14** Cuireadh moill shuntasach ar eisiúint pasanna le linn 2020 agus 2021, mar gheall ar fhormhór na seirbhísí pasanna a chur ar sos ó am go chéile faoi shrianta sláinte poiblí Covid-19. Le linn na dtréimhsí sin, bhí an tseirbhís pasanna ag feidhmiú ar bhonn teoranta nó ar bhonn éigeandála.

**7.15** Dúirt an Roinn, de bharr Covid-19 in 2020 agus 2021 freisin, go raibh fadhbanna suntasacha ann sa slabhra soláthair domhanda maidir le hamhábhar agus go raibh sé sin an-ghéar i soláthar na sliseanna a úsáidtear i bpasanna.[3] Chuir an Roinn bearta maolaithe i bhfeidhm in 2022 chun soláthar pasanna suas go deireadh 2024 a chinntiú. I mí Iúil 2023, chinn an Roinn sliseanna breise a cheannach chun riachtanais réamh-mheasta soláthair pasanna a chlúdach go dtí mí an Mheithimh 2025.

**7.16** Nuair a athosclaíodh an tseirbhís go hiomlán i mí na Bealtaine 2021, bhí riaráiste iarratas ar phas ann. Dúirt an Roinn gur lean saoránaigh le hiarratais a dhéanamh ar phas nuair a bhí cur isteach ar an tseirbhís. Fuarthas cuid shuntasach de na hiarratais riaráiste le linn na gcéad cheithre mhí de 2021, ag am nárbh fhéidir iad a phróiseáil. Faoi dheireadh mhí Iúil 2021, bhí dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an riaráiste a ghlanadh agus bhí gach iarratas riaráiste a bhí comhlánaithe i gceart próiseáilte agus bhí pasanna eisithe chuig iarratasóirí. Amhail mí Aibreáin 2023, ní raibh aon riaráiste ann agus bhí na hagaí próiseála ar fad d'iarratais ar líne ag teacht leis na gnáthamanna próiseála roimh Covid-19.

1 Áirítear le hiarratais chasta gach iarratas céaduaire agus iarratais ar athnuachan pas linbh. Áirítear leo freisin iarratais ar athnuachan pas aosaigh i gcás ina bhfuil na hiarratasóirí ag athrú a n-ainm teaghlaigh.

2 Ag tús 2023, shainaithin an Roinn fadhb ina ndearnadh aisíocaíochtaí dúblacha mar gheall ar earráid córais maidir le hiarratais ar páipéar. Rinneadh an chuid is mó de na ró-íocaíochtaí sin in 2022-2023. Rinneadh líon beag acu in 2019. Féach Vóta 28 Cuntas Leithreasa Gnóthaí Eachtracha 2022 ag www.audit.gov.ie

3 Mhéadaigh an tréimhse tosaigh do sholáthar sliseanna ó 12 sheachtain (roimh Covid-19) go 18 mí.

*Agaí slánúcháin pasanna*

**7.17** Ríomhann an tseirbhís pasanna an sprioc-aga slánúcháin (a thomhaistear ina laethanta oibre) chun iarratais a phróiseáil trí chóras réamhaisnéisithe agus pleanála lena mbaineann samhaltú staidreamh comhtháite agus cumais anailíse cásanna. Dúirt an Roinn gurb ionann sprioc-agaí slánúcháin agus spriocanna soláthair seirbhíse atá bunaithe ar mheán-agaí slánúcháin, arna gcomhaontú ar leibhéal an bhoird bainistíochta agus arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne.[1] Shonraigh sí go n-úsáidtear sprioc-agaí slánúcháin mar bhonn le pleanáil lucht saothair agus acmhainní. Luaigh sí freisin go léirítear leis na hagaí slánúcháin iarbhír cé chomh fada agus a ghlacann sé na cineálacha éagsúla iarratas a phróiseáil laistigh de thréimhse ar leith.

**7.18** Chuir an tseirbhís pasanna tús leis na meán-agaí slánúcháin le haghaidh iarratais ar líne ar athnuachan pasanna a ríomh i mí an Mhárta 2017. Leathnaíodh é sin chuig cineálacha eile iarratas ar líne de réir mar a leathnaíodh an tseirbhís ar líne chun, *inter alia*, iarratas ar athnuachan pas linbh agus iarratais chéaduaire ó thíortha eile a chur ar áireamh.

**7.19** In 2021, thaifead an tseirbhís pasanna na meán-agaí slánúcháin ab fhaide riamh: 40 lá oibre le haghaidh iarratais chéaduaire ar páipéar agus ar líne. Cé gur laghdaigh an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratais chéaduaire ar líne go 20 lá oibre faoi mhí Mheán Fómhair 2022, níor tháinig athrú ar bith ar an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratais ar páipéar. Toisc go bhfuil na sprioc-agaí slánúcháin bunaithe ar mheán-agaí slánúcháin iarbhír, thug an Roinn na sprioc-agaí slánúcháin faoi seach cothrom le dáta dá réir sin chun an méid a bhí á bhaint amach a léiriú.

**7.20** Shonraigh an Roinn go raibh siad seo a leanas i measc na gcúiseanna leis an moill ar iarratais ar phas a phróiseáil in 2022

- borradh faoin éileamh i ndiaidh maolú a dhéanamh ar shrianta taistil a bhain le Covid-19
- éileamh méadaithe ó chónaitheoirí na Ríochta Aontaithe (RA) mar thoradh ar Brexit
- acmhainní neamhleora a bheith i bhfeidhm ag an am chun déileáil leis an éileamh méadaithe.

*Líne theileafóin an Oireachtais*

**7.21** I mí Dheireadh Fómhair 2021, thug an Roinn líne theileafóin thiomnaithe isteach do chomhaltaí an Oireachtais, trína bhféadfaidh comhaltaí nuashonrú stádais a fháil ar iarratais toghthóirí ar phas.[2]

**7.22** Shonraigh an Roinn nach n-eisítear pasanna bunaithe ar uiríll ó pholaiteoirí, agus nach áis í líne theileafóin an Oireachtais chun iarratais a bhrostú go míchuí.

## Leibhéal soláthair foirne

**7.23** Bíonn éilimh ar leith ar sholáthar seirbhíse ag an tseirbhís pasanna sa chéad leath den bhliain, agus bhí na leibhéil éilimh ab airde le déanaí ann i mí Feabhra (2022), i mí Aibreáin (2018, 2019) agus i mí na Bealtaine (2016, 2017). Is gnách gur i mí na Nollag a bhíonn an t-éileamh is lú ar phasanna. Chun aghaidh a thabhairt ar shéasúracht an éilimh ar phasanna, fostaíonn an Roinn baill foirne shealadacha bhreise do na tréimhsí is gnóthaí (féach Fíor 7.3).

1 Tá difríochtaí idir na sprioc-agaí slánúcháin de réir an chineáil iarratais.

2 Dúirt an Roinn go bhfuilcomhaltaí an Oireachtais a úsáideann líne theileafóin an Oireachtais teoranta do 20 fiosrú a dhéanamh in aghaidh na seachtaine.

**Fíor 7.3 Líon foirne na seirbhíse pasanna 2015 – 2022 amhail an 1 Iúil gach bliain**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

**7.24** Ag deireadh mhí an Mheithimh 2022, bhí 41% d'fhoireann na seirbhíse pasanna fostaithe ar bhonn sealadach i gcomparáid le 33% in 2015 agus 28% in 2019. Dúirt an Roinn, chun freastal ar an éileamh ard leanúnach atá réamh-mheasta do 2023, gur ghlac sí an chéim gan fasach na baill foirne shealadacha ar fad a choinneáil trí shíntí conartha lena áirithiú go gcoinneofaí saineolas agus go gcoinneofaí na leibhéil foirne ar bun. Tá sí ag súil leis go méadóidh líon foirne na seirbhíse pasanna go 874 bhall foirne in 2023 chomh maith.

**7.25** Ó 2019 i leith, tá foireann na seirbhíse pasanna bainteach freisin le hiarratais ar chlárú breitheanna eachtracha (FBR) a phróiseáil agus le teastais bhreithe eachtracha a eisiúint. Cé gur tháinig méadú 74% ar líon iomlán na n-iarratas a fuarthas (do phasanna agus FBRanna araon) idir 2015 agus 2022 — ar bhain 70% díobh sin le hiarratais ar phas — tháinig méadú 77% ar líon na mball foirne thar an tréimhse chéanna.[1]

**7.26** Dúirt an Roinn go bhfuil méadú tagtha ar an líon ball foirne atá fostaithe ag an tseirbhís pasanna mar fhreagra, *inter alia*, ar an leibhéal méadaithe iarratas ar phas a fuarthas, bunú foirne chun tacú leis an athrú ó chóras ar páipéar go córas ar líne, soláthar seirbhísí breise lena n-áirítear FBR, seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí, foireann cosanta sonraí, leathnú na foirne sláine agus bunú aonaid AD agus oiliúna intí.[2]

## Costas an tsoláthair seirbhíse pasanna

**7.27** Gineann an tseirbhís pasanna tuairim is 90% dá hioncam ó tháillí a ghearrtar ar shaoránaigh as pasanna a eisítear — braitheann an táille a ghearrtar ar an gcineál iarratais.[3] Is iad €80 d'aosaigh agus €30 do leanaí na táillí reatha d'iarratais ar phas ar páipéar. Rinneadh na táillí le haghaidh iarratais ar líne d'aosaigh agus do leanaí a laghdú faoi €5, go €75 agus €25 faoi seach, in 2019.[4]

**7.28** Níl beartas foirmiúil féinmhaoinitheach ag an Roinn, i.e., trína ngintear dóthain ioncaim ó tháillí pasanna chun na costais a bhaineann le soláthar na seirbhíse a chlúdach.[5]

**7.29** Cé gur tháinig méadú 68% ar an ioncam iomlán (do phasanna agus FBRanna) idir 2015 agus 2022, tháinig méadú 113% ar na costais dhíreacha iomlána thar an tréimhse chéanna (féach Fíor 7.4).

1 Áirítear leis an méadú ar iarratais ar phas thar an tréimhse go dtí deireadh 2021 cártaí pas mar iarratas ar leith.

2 Tá forbairtí móra a rinneadh sa tseirbhís pasanna thar an tréimhse 2015 go 2022 leagtha amach in Iarscríbhinn 7A.

3 Gintear an t-ioncam atá fágtha ó tháillí do theastais bhreithe eachtracha a eisítear.

4 Seachas an laghdú sin, ní dhearnadh aon athruithe móra ar tháillí pas ó bhí 2013 ann.

5 I gcomparáid leis sin, ceanglaítear ar an tseirbhís pasanna sa Ríocht Aontaithe a bheith féinmhaoinitheach.

**Fíor 7.4 Ioncam agus costais dhíreacha na seirbhíse pasanna, 2015 – 2022[a]**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Nóta: a Áirítear le costais dhíreacha costais reatha agus costais chaipitil.

**7.30** Rinneadh thart ar 160 ball foirne de chuid na seirbhíse pasanna a ath-imlonnú go sealadach chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí chun cuidiú le bearta freagartha a bhain le Covid-19 le linn 2020 agus 2021. Cuireadh gnáthoibríochtaí na hoifige pasanna ar sos ó am go chéile ar feadh thart ar ocht mí san iomlán ó mhí an Mhárta 2020 go mí na Bealtaine 2021. Ba í an Roinn a d'íoc na costais foirne do na tréimhsí ath-imlonnaithe.

**7.31** Dúirt an Roinn gurb amhlaidh, toisc nach féidir na tréimhsí ath-imlonnaithe iarbhír a sholáthar, nárbh fhéidir léi na costais ghaolmhara a shainaithint. Dúirt an Roinn gur tharla sé sin mar gheall ar luaineacht na staide, lena n-áirítear na leibhéil éagsúla srianta a bhain le Covid-19.

**7.32** Dúirt an Roinn freisin go bhfuil seirbhísí breise feabhsaithe tugtha isteach do chustaiméirí ó bhí 2015 ann, rud as ar eascair costais bhreise.

### *Forchostais*

**7.33** Ní leithdháiltear ar an tseirbhís pasanna costais arna dtabhú ag an Roinn maidir le feidhmeanna áirithe riaracháin lárnacha. Áirítear orthu sin costais aonad amhail TFC, acmhainní daonna, airgeadas agus seirbhísí corparáideacha eile. Déantar iad sin a leithdháileadh idir cúig chlár caiteachais na Roinne chun críocha cuntasaíochta, ach ní clár neamhspleách í an tseirbhís pasanna. Mar thoradh air sin, ní féidir costas iomlán na seirbhíse pasanna a shuí go héasca.

### *Costas aonaid pasanna*

**7.34** Tomhas féideartha ar an leibhéal éifeachtúlachta atá bainte amach ag an Roinn is ea an costas aonaid a bhaineann le hiarratas ar phas a phróiseáil agus le pas a tháirgeadh. Mar sin féin, ní fhéadfadh an fhoireann scrúdaithe an costas aonaid a bhaineann le pas a tháirgeadh a mheas toisc nach ndéanann an tseirbhís pasanna costais dhíreacha a chionroinnt ar a haschuir (i.e., ní féidir na costais a bhaineann le hiarratais ar phas agus iarratais FBR a phróiseáil a shainaithint mar chostais ar leith). Ní dhéantar costais indíreacha a chionroinnt ar an tseirbhís ach an oiread.

**7.35** Dúirt an Roinn nach ndéanann sí monatóireacht ar chostas aonaid pasanna, agus measann sí nach tomhas cuí éifeachtúlachta é an costas aonaid toisc go bhfuil sé róchúng mar mhéadracht do sheirbhís pasanna atá casta agus mionsonraithe. Léirigh sí freisin go bhfuil sé dúshlánach luach bunúsach an phas Éireannaigh i dtéarmaí an mheasa atá air go hidirnáisiúnta agus na mbuntáistí agus na gcosaintí a thugtar do shaoránaigh leis a chainníochtú i dtéarmaí costais agus toraidh.

## Feidhmíocht na seirbhíse pasanna a thuairisciú

**7.36** Is é sprioc straitéiseach na Roinne don tseirbhís pasanna, mar atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise 2021 – 2023, seirbhísí pasanna nuachóirithe agus inrochtana a sholáthar do shaoránaigh agus an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as ardáin dhigiteacha.[1,2] Is é príomhchuspóir aschuir na Roinne don tseirbhís pasanna faoin sprioc straitéiseach sin ná *'freastal go héifeachtach ar an éileamh ard ar phasanna, trí athchóiriú agus digitiú leanúnach agus leibhéil arda riachtanas slándála agus cosanta sonraí á n-áirithiú'*.

**7.37** Tá tomhais forbartha ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhíse pasanna maidir lena cuspóir straitéiseach a bhaint amach. Foilsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (DPENDPDR) na tomhais sin, mar aon leis na spriocanna gaolmhara atá le baint amach, sna *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí* (meastacháin) ar bhonn bliantúil.

**7.38** Áirítear le meastacháin 2023 (a foilsíodh i mí na Nollag 2022) trí phríomh-mhéadracht feidhmíochta ardleibhéil don tseirbhís pasanna (féach Fíor 7.5).

**Fíor 7.5 Meastacháin ar mhéadrachtaí feidhmíochta na seirbhíse pasanna 2023**

| Príomhchuspóir aschuir | Príomh-mhéadracht ardleibhéil |
|---|---|
| Seirbhís pasanna fhreagrúil agus neartaithe dár saoránaigh[a] | • Céatadán na n-iarratas ar páipéar laistigh d'agaí próiseála foilsithe<br>• Céatadán na n-iarratas ar líne a próiseáladh laistigh de 20 lá oibre<br>• Ráta na ngearán de réir líon na bpasanna a eisíodh |

Foinse: *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2023,* an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

Nóta: a Léirítear ann an cuspóir atá ar áireamh i straitéis roimhe na Roinne don tréimhse 2017 – 2020.

**7.39** Tá na méadrachtaí feidhmíochta reatha dírithe go príomha ar thráthúlacht, agus tagann siad go páirteach le príomhchuspóir aschuir na seirbhíse pasanna mar atá leagtha amach i *Ráiteas Straitéise 2021 – 2023* na Roinne. Mar sin féin, ní thugann siad aghaidh ar ghnéithe slándála agus cosanta sonraí an chuspóra luaite.

**7.40** Tá athrú suntasach tagtha ar na méadrachtaí feidhmíochta a áiríodh sna meastacháin bhliantúla thar an tréimhse 2015 go 2023. Bhí an tuairisciú ina dhiaidh sin ar an bhfeidhmíocht iarbhír neamh-chomhsheasmhach agus neamhiomlán thar na blianta (féach Fíor 7.6).

1 Tá sé seo leagtha amach sa straitéis 2021 – 2023 faoi Sprioc ardleibhéil 1 na Roinne – 'Ár nDaoine: Freastal ar ár muintir sa bhaile agus thar lear agus athmhuintearas agus comhar a chur chun cinn'.

2 Seoladh ráiteas straitéise nua na Roinne don tréimhse 2023 – 2025 go luath i mí an Mheithimh 2023.

**Fíor 7.6 Forbairt na méadrachtaí a úsáidtear i gcreat feidhmíochta na seirbhíse pasanna 2015 – 2023[a]**

| Príomh-mhéadrachtaí ardleibhéil | 2015[b] | 2016[b] | 2017[b] | 2018 | 2019[d] | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Atá dírithe ar thráthúlacht** | | | | | | | | | |
| % de na mear-iarratais ar phas chun pasanna a eisiúint i gceann 10 lá nó roimhe sin | S: 83%<br>A: **Nóta c** | | | | | | | | |
| % de na hiarratais athnuachana intíre a próiseáladh laistigh de 15 lá oibre | | | S: 90%<br>A: 95% | S: 90%<br>A: **Nóta c** | S: 90%<br>A: **Nóta c** | | | | |
| % de na hiarratais chéaduaire intíre a próiseáladh laistigh de 15 lá oibre | | | S: 80%<br>A: 80% | S: 85%<br>A: **Nóta c** | S: 85%<br>A: **Nóta c** | | | | |
| % de na hiarratais ar phas ar líne a próiseáladh laistigh de 10 lá oibre | | | | | S: 95%<br>A: **Nóta c** | | | | |
| % de na hiarratais ar líne a próiseáladh laistigh de 20 lá oibre[d] | | | | | S: 95%<br>A: 98% | S: 95%<br>A: 88% | S: 95%<br>A: 71% | S: 95% | S: 95% |
| % de na hiarratais ar páipéar a próiseáladh laistigh de 30 lá oibre[d] | | | | | S: 95%<br>A: 88% | S: 95%<br>A: 87% | S: 95%<br>A: 33% | S: 95% | |
| % de na hiarratais ar páipéar laistigh d'agaí próiseála foilsithe | | | | | | | | | S: 95% |
| **Nach bhfuil dírithe ar thráthúlacht** | | | | | | | | | |
| % de na hiarratais ar leabhar pas ar diúltaíodh dóibh | S: 12%<br>A: 9.7% | S: 10%<br>A: 10.2% | S: 9%<br>A: 10% | S: 5%<br>A: **Nóta c** | S: 5%<br>A: **Nóta c** | | | | |
| Ráta na ngearán de réir líon na bpasanna a eisíodh[d] | | | | | S: 0.5%<br>A: 0.01% | S: 0.3%<br>A: 0.03% | S: 0.3%<br>A: 0.06% | S: 0.15% | S: 0.15% |
| Ráta sásaimh foriomlán na gcustaiméirí agus seirbhísí pasanna á n-úsáid | | | | S: 85%<br>A: 84% | S: 90%<br>A: **Nóta c** | S: 90%<br>A: **Nóta c** | | | |

Foinse: Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2015 – 2023. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Eochair: Léiríonn dath glas gur tuairiscíodh na haschuir iarbhír i gcoinne spriocanna faoin méadracht aschuir sa bhliain ábhartha.

Léiríonn dath ómra nár tuairiscíodh na haschuir iarbhír i gcoinne na spriocanna toisc gur tháinig athrú ar an méadracht.

Nótaí:

a S = sprioc; A = Aschur.

b Áiríodh na táscairí cáilíochtúla maidir leis an tseirbhís pasanna i meastacháin 2015, 2016 agus 2017 freisin.

c Dúirt an Roinn gur tugadh an mhéadracht cothrom le dáta agus nach ndearnadh í an athuair sa tréimhse ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, níor thuairiscigh an Roinn go poiblí toradh an aschuir toisc nach dteastaíonn sé sin ón bpróiseas meastachán.

d Níor cuireadh an mhéadracht seo ar áireamh i meastacháin athbhreithnithe 2019 ach rinneadh tuairisc orthu sna meastacháin athbhreithnithe 2020 (sprioc aschuir 2019) agus 2021 (sprioc aschuir 2019 agus toradh aschuir) faoi seach.

**7.41** Le haghaidh 2019, tugadh isteach méadracht nua chun iarratais ar phas ar líne a phróiseáil laistigh de dheich lá oibre le sprioc aschuir 95%. In 2020, athbhreithníodh é sin go 95% d'iarratais ar líne a phróiseáil laistigh de 20 lá oibre. Dúirt an Roinn gurbh é an phríomhchúis le hathbhreithniú a dhéanamh ar an méadracht leathnú na seirbhíse ar líne chun iarratais ar athnuachan pas linbh in 2018 agus iarratais chéaduaire ó Éirinn, ón Aontas Eorpach agus ó LEE in 2019 a chur ar áireamh, rud a raibh tionchar aige ar na hagaí próiseála le haghaidh iarratais ar líne.[1] Níor baineadh amach na spriocanna in 2020 agus 2021, mar gheall ar thionchar Covid-19 go príomha.

**7.42** In 2023, rinneadh mionathrú breise ar an méadracht feidhmíochta maidir le hiarratais ar páipéar — inar athraíodh an t-aga próiseála le haghaidh 95% de na hiarratais ó 'laistigh de 30 lá' go dtí an frása níos neamhchruinne 'laistigh de na hagaí próiseála foilsithe'.[2] Ní raibh an sprioc-chéatadán bainte amach ag an Roinn laistigh den teorainn ama a cuireadh in iúl sna trí bliana roimhe sin.

**7.43** Dúirt an Roinn gur athraíodh foclaíocht na méadrachta toisc gurb é ocht seachtaine ar an meán ó bhí 2021 ann an t-aga próiseála foilsithe le haghaidh iarratais ar páipéar.

**7.44** Dúirt an Roinn freisin go bhfuil sonraí stairiúla á gcoinneáil aici chun tacú leis na hagaí próiseála tuairiscithe a ríomh chun críche na meastachán athbhreithnithe, ach go bhfuil sé deacair na sonraí sin a bhaint as córais atá ann cheana chun críocha fíorúcháin. Soláthraíodh na ríomhanna maidir leis na torthaí a tuairiscíodh i meastacháin 2021 don fhoireann scrúdaithe.

**7.45** Áirithíonn an Roinn, ó cuireadh tús leis an scrúdú seo, go gcoinnítear sonraí tacaíochta maidir le hagaí próiseála agus go mbíonn siad inrochtana go héasca chun fíorú na dtáscairí feidhmíochta agus na dtorthaí iarbhír a éascú.

### *Socruithe monatóireachta agus tuairiscithe feidhmíochta*

**7.46** Úsáideann an Roinn feidhmchlár léirshamhlaithe sonraí fíor-ama atá nasctha leis an gcóras próiseála pasanna chun faisnéis a bhaint as chun críocha monatóireachta agus tuairiscithe feidhmíochta.

**7.47** Dúirt an Roinn go gcomhlíontar leis an gcóras an gá atá le monatóireacht chuí feidhmíochta trí chruinnithe éagsúla tuairiscithe rialta agus athfhillteacha. Déantar tuarascálacha feidhmíochta éagsúla a chruthú agus a scaipeadh go hinmheánach agus go seachtrach (féach Fíor 7.7). Dúirt an Roinn freisin go dtionóltar cruinnithe ráithiúla foirmiúla chun plé a dhéanamh ar an éileamh, na treochtaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh. Ní choinnítear miontuairiscí na gcruinnithe sin, áfach.

1 Is é LEE an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

2 Tá na hagaí próiseála bunaithe ar na hagaí slánúcháin agus foilsítear iad ar shuíomh gréasáin na Roinne.

**Fíor 7.7 Socruithe tuairiscithe na seirbhíse pasanna[a]**

| Cineál tuarascála | Aidhm na tuarascála | Aidhm na tuarascála | Arna soláthar do |
|---|---|---|---|
| Staidreamh laethúil | Tugtar chun suntais méaduithe agus laghduithe móra | Líon na n-iarratas a fuarthas, líon na n-iarratas ar láimh agus líon na bpasanna a eisíodh sna 24 huaire an chloig roimhe sin | • Leas-Ard-Rúnaí/Príomhoifigeach Oibriúcháin (DSG/COO)<br>• Ard-Stiúrthóir, Rannóg na Seirbhísí do Shaoránaigh<br>• Bainistíocht na seirbhíse pasanna |
| Staidreamh seachtainiúil | Léirítear baic agus treochtaí | Líon na n-iarratas a fuarthas in aghaidh na seachtaine, líon na n-iarratas ar láimh agus líon na bpasanna a eisíodh in aghaidh na seachtaine | • DSG/COO<br>• Ard-Stiúrthóir, Rannóg na Seirbhísí do Shaoránaigh<br>• Bainistíocht na seirbhíse pasanna |
| Obair sheachtainiúil atá ar siúl | Léirítear baic fhéideartha trí úsáid a bhaint as eolas oibríochta ar na céimeanna próiseála éagsúla | Sonraítear stádas reatha na n-iarratas ar phas de réir na céime próiseála | • Bainistíocht na seirbhíse pasanna |
| Staidreamh míosúil | Léirítear treochtaí<br>Comparáidí stairiúla | Sonraítear figiúirí agus treochtaí míosúla<br>Leibhéil soláthair foirne | • Bord Bainistíochta<br>• Ard-Rúnaí<br>• DSG/COO<br>• Bainistíocht na seirbhíse pasanna<br>• Ard-Stiúrthóir, Rannóg na Seirbhísí do Shaoránaigh |
| Staidreamh bliantúil | Léirítear treochtaí | Sonraítear figiúirí agus treochtaí bliantúla | • Eisítear iad go seachtrach i bhformáid preaseisiúna<br>• Comhaltaí iomchuí den bhord bainistíochta |
| Plean oibríochta bliantúil na seirbhíse pasanna | Áirítear leis seo an plean gníomhaíochta reatha, nuashonruithe tábhachtacha agus réamhaisnéisiú ar éileamh agus ar lucht saothair na bliana seo chugainn | Leagtar amach ann an t-éileamh reatha agus an t-éileamh réamh-mheasta, an lucht oibre reatha agus an lucht oibre a theastaíonn, príomh-nuashonrú staidrimh agus pleanáil don bhliain amach romhainn | • Bord Bainistíochta<br>• Ard-Rúnaí<br>• DSG/COO |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Nóta: a Thug an Roinn faoi deara go n-ullmhaítear tuarascálacha eile ar leibhéal oibríochta freisin. Tá siad sin leagtha amach in Iarscríbhinn 7B.

**7.48** Dírítear sna tuarascálacha a sholáthraítear go príomha ar staidreamh gníomhaíochta agus anailís treochtaí na seirbhíse pasanna seachas ar thorthaí inmhianaithe na seirbhíse pasanna. Ó mhí Eanáir 2023 i leith, áfach, déanann an tseirbhís pasanna comparáid idir sprioc-agaí slánúcháin agus meán-agaí slánúcháin iarbhír ina tuarascálacha seachtainiúla ar oibríocht pasanna. Tá scóip ann chun an réimse faisnéise a chuirtear ar áireamh sna tuarascálacha feidhmíochta a leathnú trí, mar shampla, sonraí a áireamh mar aon le spriocanna ábhartha lena bhféachtar le monatóireacht a dhéanamh orthu seo a leanas

- an costas a bhaineann leis an tseirbhís pasanna a reáchtáil
- an costas a bhaineann le hiarratais ar phas a phróiseáil
- laghdú/méadú céatadáin ar aga próiseála aonaid
- céatadán den mheánchostas aonaid a aisghabhadh trí ioncam táillí.

**7.49** Chomh maith leis sin, ó mhí Eanáir 2023 i leith, tionóltar cruinniú foirmiúil seachtainiúil d'fhoireann shinsearach na Roinne. Is staidreamh stairiúil é an staidreamh ar a ndéantar anailís le linn na gcruinnithe agus ní chuirtear i gcomparáid le spriocanna é.

## Conclúidí agus moltaí

**7.50** Bhí tionchar suntasach ag srianta Covid-19 ar an tseirbhís pasanna. Go dtí gur ainmníodh í mar sheirbhís riachtanach ag deireadh mhí Aibreáin 2021, cuireadh oibríochtaí táirgthe pasanna ar sos ar feadh thart ar ocht mí san iomlán. Ag an am céanna, tháinig laghdú suntasach ar líon na n-iarratas ar phas, mar gheall ar an laghdú ar phleananna taistil.

**7.51** Tar éis na srianta taistil a bhaint, shroich an t-éileamh ar phasanna buaic de bheagnach 1.2 milliún iarratas in 2022, an líon ab airde d'iarratais ar phas a fuarthas riamh, rud arbh ionann é agus méadú 21% i gcomparáid le 2019, an bhliain ina bhfuarthas an líon ab airde iarratas roimh Covid-19. Bhí an leibhéal éilimh sin ag teacht le leanúint leis an treocht i líon na n-iarratas ar phas sa tréimhse 2015 go 2019. Tháinig athrú mór ar an dóigh a bhfaightear iarratais, áfach. Fuarthas timpeall 90% de na hiarratais go léir ar phas in 2022 ar líne.

**7.52** Roimh 2022, rinne an Roinn iarratais ar bheart — i gcás ina ndéanann iarratasóirí iarratas ar líne ar phas agus ar chárta pas araon — a áireamh mar dhá iarratas. Ón 1 Eanáir 2022 i leith, áfach, chun tuairisciú níos cruinne a áirithiú, áirítear iarratas ar bheart mar iarratas amháin anois.

### *Cealú iarratas ar phas*

**7.53** Cealaíodh os cinn 7% d'iarratais ar phas in 2022. B'iarratais chéaduaire iad dhá thrian de na cealuithe.

**7.54** Leagtar amach i nósanna imeachta na Roinne go bhféadfar iarratas ar phas a chealú má iarrann an t-iarratasóir go gcealófaí é, nó go bhféadfar é a chealú mura gcuirtear an t-iarratas ar aghaidh i ndiaidh sé mhí ón dáta a bhfuarthas é, toisc nár cuireadh isteach na doiciméid riachtanacha go príomha. Níl córas i bhfeidhm ag an Roinn chun cúiseanna le cealuithe a thaifeadadh. Mar an gcéanna, ní dhéanann an Roinn monatóireacht ar chásanna ina ndiúltaítear d'iarratais de réir na bhforálacha faoi Acht na bPasanna 2008.

**Moladh 7.1**

Ba cheart don Roinn Gnóthaí Eachtracha próiseas a thabhairt isteach trína ndéanfar na cúiseanna le hiarratais ar phas a chealú nó le diúltú dóibh a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun treochtaí a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh nó ar dheacrachtaí féideartha sa phróiseas iarratais.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tabharfaidh an tseirbhís pasanna próiseas isteach chun iarratais ar phas a ndiúltaítear dóibh a rianú. Ní féidir catagóirí na n-iarratas ar phas a cealaíodh a mhiondealú tuilleadh leis an gcóras reatha pasanna. Trí chóras nua oibríochtaí pasanna a thabhairt isteach, dhéanfaí é sin a éascú.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Rianaire diúltaithe — deireadh mhí Mheán Fómhair 2023; rianaire cealuithe — deireadh 2024.

### *Eisiúint pasanna*

**7.55** D’eisigh an tseirbhís pasanna beagnach 1.1 milliún pas in 2022. Bhí sé sin 16% níos mó ná an figiúr do 2019 (roimh Covid-19).

**7.56** In 2021, tháinig méadú ar na meán-agaí slánúcháin iarbhír (agus dá réir sin na sprioc-agaí slánúcháin), ag buaicphointe 40 lá d’iarratais ar páipéar agus d’iarratais chéaduaire ar líne. I mí Mheán Fómhair 2022, laghdaigh an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratais chéaduaire ar líne go 20 lá. Mar sin féin, níor tháinig aon athrú ar an aga slánúcháin d’iarratais ar páipéar.

**7.57** Baineann na hagaí slánúcháin a tuairiscíodh sna meastacháin athbhreithnithe leis an méid ama a ghlacann sé formhór na bpasanna a eisiúint (e.g., 90% laistigh de 20 lá oibre). Cé gur luaigh an Roinn go bhfuil sonraí stairiúla á gcoinneáil aici chun tacú le ríomh na n-agaí próiseála tuairiscithe atá sna meastacháin athbhreithnithe, níl rochtain éasca ar na sonraí do bhlianta roimh 2021.

**7.58** Ó cuireadh tús leis an scrúdú seo, áirithíonn an Roinn go gcoinnítear sonraí tacaíochta maidir le hagaí próiseála agus go mbíonn siad inrochtana go héasca chun fíorú na dtáscairí feidhmíochta agus na dtorthaí iarbhír a éascú.

### *Leibhéil soláthair foirne*

**7.59** Bíonn an t-éileamh ar phasanna níos airde sa chéad leath den bhliain de ghnáth. Fostaítear baill foirne shealadacha bhreise chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh sin. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2022, bhí 804 bhall foirne fostaithe ag an tseirbhís pasanna agus bhí 41% acu fostaithe ar bhonn sealadach. Tá an Roinn ag súil le foireann na seirbhíse pasanna a mhéadú go 874 dhuine in 2023.

**7.60** Dúirt an Roinn go bhfuil méadú tagtha ar líon na mball foirne atá fostaithe ag an tseirbhís pasanna mar gheall go príomha ar an leibhéal méadaithe iarratas ar phas agus ar chlárú breitheanna eachtracha atá á bhfáil, ar an aistriú ó chóras páipéarbhunaithe go córas ar líne, ar sholáthar seirbhísí breise agus ar an bhfeabhas suntasach ar an tseirbhís do chustaiméirí.

### *Costas an tsoláthair pasanna*

**7.61** I dtéarmaí foriomlána, ní fios cén leibhéal cost-éifeachtúlachta a bhain an Roinn amach maidir leis an tseirbhís pasanna a sholáthar. Ní dhéanann an Roinn monatóireacht ar an leibhéal cost-éifeachtúlachta a bhaintear amach chun an tseirbhís pasanna a sholáthar.

**7.62** Ní éilíonn an Roinn go foirmiúil go mbeadh an tseirbhís pasanna féinmhaoinitheach. Déantar athbhreithniú ar na táillí ar iarratais ar phas ó am go chéile, ach ní chinntear iad trí anailís fhoirmiúil ar na costais aonaid a bhaineann le pasanna a tháirgeadh.

**7.63** Ní dhearnadh na costais indíreacha a bhaineann leis an tseirbhís pasanna a sholáthar a chainníochtú agus mar sin níl leithdháiltear iad ar an tseirbhís faoi láthair. Dá bhrí sin, ní eol na costais iomlána a bhaineann leis an tseirbhís pasanna a sholáthar.

**7.64** Idir 2015 agus 2022, tháinig méadú 113% ar chostais dhíreacha na seirbhíse pasanna. Tháinig méadú 74% ar líon na bpasanna agus na FBRanna ar a ndearnadh iarratas thar an tréimhse chéanna, agus tháinig méadú 68% ar fháltais ó tháillí. Chuir an tseirbhís pasanna tús le rannpháirtíocht i bpróiseáil FBRanna in 2019.

**7.65** Ní dhéanann an Roinn monatóireacht ar chostas aonaid na bpasanna. Cuireann sé sin teorainn le cumas na Roinne measúnú agus anailís a dhéanamh ar na leibhéil éifeachtúlachtaí costais a bhaineann an tseirbhís amach.

**7.66** Cé go measann an Roinn gur méadracht róchúng é an costas aonaid a bhaineann le pas do sheirbhís pasanna atá casta agus mionsonraithe, chuirfeadh monatóireacht ar athruithe ar an gcostas aonaid ar chumas na Roinne measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar atá ag costais mhéadaitheacha ar na táillí a ghearrtar ar shaoránaigh.

**Moladh 7.2**

Ba cheart don Roinn Gnóthaí Eachtracha beartas i scríbhinn a thabhairt isteach lena leagfar amach a mhéid ba cheart don ioncam ó tháillí costais iomlána na seirbhíse pasanna a chlúdach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá beartas ag an Roinn go gclúdóidh an tseirbhís pasanna an costas a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar agus go gcuirfidh sí le costais indíreacha na Roinne as seirbhísí a sholáthraítear go lárnach don tseirbhís pasanna. Cuirfidh an Roinn beartas i scríbhinn i bhfeidhm anois.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Deireadh Fómhair 2023.

**Moladh 7.3**

Ba cheart don Roinn Gnóthaí Eachtracha samhail leithdháilte costas a thabhairt isteach chun costais indíreacha/costais riaracháin lárnaigh a leithdháileadh go cuí ar an tseirbhís pasanna. Cuirfidh sé sin ar chumas na Roinne an costas aonaid iomlán a bhaineann le pasanna a sholáthar a ríomh agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar athruithe ar an gcostas aonaid le himeacht ama, lena n-áirítear an tionchar atá ag costais mhéadaitheacha ar na táillí a ghearrtar ar shaoránaigh.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Forbróidh an Roinn samhail leithdháilte costas chun costais na ceanncheathrún lárnaí, amhail TFC, Acmhainní Daonna, airgeadas, seirbhísí corparáideacha a leithdháileadh ar an tseirbhís pasanna. Breithneoidh an Roinn an leithdháileadh costas cuí agus méadrachtaí eile chun castacht na seirbhísí agus oibríochtaí na seirbhíse pasanna a léiriú.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Márta 2024.

### *Feidhmíocht na seirbhíse pasanna a thuairisciú*

**7.67** I bpríomhchuspóirí aschuir na Roinne don tseirbhís pasanna mar a áirítear sna *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2023* léirítear na cuspóirí atá ar áireamh i ráiteas straitéise roimhe na Roinne lena gclúdaítear an tréimhse 2017 – 2020.

**7.68** Ina theannta sin, cé go bhfuil na méadrachtaí feidhmíochta reatha, atá ar áireamh i meastacháin athbhreithnithe 2023, ag teacht go páirteach le príomhchuspóir na Roinne don tseirbhís pasanna, ní thagraíonn siad d'inrochtaineacht agus do shlándáil na seirbhíse pasanna. Ní dhíríonn príomh-mhéadracht feidhmíochta ar bith don tseirbhís pasanna ar chostais ná ar chostais aonaid.

**Moladh 7.4**

Ba cheart don Roinn Gnóthaí Eachtracha a áirithiú go gcuirfear faisnéis ábhartha ar áireamh sna meastacháin bhliantúla a fhoilsítear agus go bhfuil na méadrachtaí feidhmíochta ag teacht le cuspóirí lárnacha na seirbhíse pasanna. Ba cheart méadrachtaí agus spriocanna cost-éifeachtúlachta a bheith i gceist leis sin.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Breithneoidh an Roinn conas méadrachtaí feidhmíochta seirbhíse pasanna a ghabháil agus a thuairisciú go cuí, go háirithe ós rud é go bhfuil formhór na méadrachtaí a léireodh an tseirbhís leathan agus uileghabhálach a chuirtear ar fáil ina gcineál cáilíochtúil.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Márta 2024.

**7.69** Tá athrú tagtha ar mhéadrachtaí feidhmíochta na seirbhíse pasanna agus ar spriocanna gaolmhara mar a áirítear sna meastacháin athbhreithnithe bhliantúla thar an tréimhse 2015 go 2023. I gcás ina dtugtar isteach méadrachtaí nua, ní éilítear leis na nósanna imeachta athbhreithnithe meastachán go dtabharfaí tuairisc ar mhéadrachtaí 'scortha'. Dá bharr sin, níor thug an Roinn tuairisc ar an bhfeidhmíocht a baineadh amach do na méadrachtaí roimhe seo.

**7.70** Fágann an t-athrú ar mhéadrachtaí agus tuairisciú neamhiomlán ar aschur nach féidir feidhmíocht na seirbhíse pasanna le himeacht na mblianta a chur i gcomparáid le chéile go héasca nó go fiúntach. Mar gheall air sin, cuirtear teorainn le húsáideacht na méadrachtaí do chinnteoirí laistigh den Roinn agus do gheallsealbhóirí seachtracha.

**Moladh 7.5**

Ba cheart don Roinn Gnóthaí Eachtracha a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis feidhmíochta a thuairiscítear go bliantúil i méid na meastachán athbhreithnithe comhsheasmhach, iomlán agus úsáideach maidir le measúnú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na seirbhíse pasanna a éascú.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Ó 2015 i leith, tá aistriú bunathraitheach tagtha ar an tseirbhís pasanna ó phróiseas iomlán ar páipéar go seirbhís dhomhanda ar líne atá dírithe ar shaoránaigh. Dá réir sin, b’éigean na méadrachtaí a athrú ó bhliain go bliain de réir mar a d'athraigh an tseirbhís agus de réir mar a cuireadh seirbhísí breise léi. Tá méid na meastachán athbhreithnithe ina léiriú ar phointe ama agus, de réir mar a d’athraigh an tseirbhís, nuashonraíodh na méadrachtaí chun teacht leis sin. Amach anseo, i gcás ina n-athrófar na méadrachtaí, tabharfaimid tuairisc ar thoradh na méadrachta roimhe sin i méid na meastachán athbhreithnithe chomh maith leis an méadracht nua a thabhairt isteach.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Nollaig 2023.

## Iarscríbhinn 7A Mórfhorbairtí sa tseirbhís pasanna, 2015 – 2022

| Bliain | Príomhfhorbairt |
|---|---|
| 2015 | • Tugadh cárta pas isteach |
| 2016 | • Seoladh an córas aghaidh-aitheanta |
| 2017 | • Seoladh an tseirbhís pasanna ar líne le haghaidh athnuachan pasanna aosaigh (tá 40% d'iarratasóirí incháilithe don tseirbhís sin)<br>• Seoladh an tseirbhís comhrá ar líne |
| 2018 | • Leathnaíodh an tseirbhís pasanna ar líne chun iarratais ar athnuachan pasanna linbh agus ar athnuachan chasta pasanna aosaigh a chur san áireamh (tá 70% d'iarratasóirí incháilithe don tseirbhís sin) |
| 2019 | • Seoladh an tseirbhís pasanna ar líne d'iarratasóirí céaduaire in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (tá 97% d'iarratasóirí incháilithe don tseirbhís sin)<br>• Tugadh isteach córas seolta uathoibrithe le haghaidh pasanna<br>• Rinneadh Clárú Breitheanna Eachtracha a chomhtháthú isteach sa tseirbhís pasanna<br>• Cuireadh Mol Seirbhíse do Chustaiméirí ar bun |
| 2020 | • Leathnaíodh an córas seolta uathoibrithe le haghaidh pasanna |
| 2021 | • Leathnaíodh an tseirbhís pasanna ar líne chuig iarratasóirí céaduaire in SAM, i gCeanada, san Astráil, sa Nua-Shéalainn, i bPeiriú, sa Cholóim, in Eacuadór, sa tSile<br>• Seoladh córas ceapachán práinneach<br>• Tugadh líne theileafóin thiomnaithe isteach do chomhaltaí an Oireachtais |
| 2022 | • Leathnaíodh an tseirbhís pasanna ar líne d'iarratasóirí céaduaire i Singeapór, san Afraic Theas, sa tSiombáib, sa Bhotsuáin, i Leosóta, in Oileán Mhuirís, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, i gCatar, i gCuáit, san Afganastáin |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

## Iarscríbhinn 7B Tuarascálacha ar an leibhéal oibríochta

| Cineál tuarascála | Aidhm na tuarascála | Díriú na tuarascála | Arna soláthar do |
|---|---|---|---|
| Tuairisc laethúil ar oibríochtaí teileafóin | Taispeántar staidreamh oibríochtúil don ionad glaonna (trí WhatsApp) | Anailís laethúil ar líon iomlán na nglaonna, líon iomlán na nglaonna a freagraíodh, líon iomlán na nglaonna a tréigeadh, céatadán na nglaonna a freagraíodh, líon na mball foirne san ionad glaonna. | • Ard-Rúnaí<br>• Leas-Ard-Rúnaí/Príomhoifigeach Oibriúcháin (DSG/COO)<br>• Ard-Stiúrthóir, Rannóg na Seirbhísí do Shaoránaigh<br>• Stiúrthóir na Seirbhíse Pasanna<br>• Leas-Stiúrthóir na Seirbhíse Pasanna |
| Tuairisc sheachtainiúil ar sholáthar foirne na seirbhíse pasanna | Tugtar figiúirí agus réamh-mheastacháin soláthar foirne chun suntais | Athbhreithniú seachtainiúil ar an líon ball foirne buan agus sealadach, an líon ball foirne iarbhír agus réamh-mheasta, earcú nua, folúntais agus stádas na gcomórtas. | • Leas-Ard-Rúnaí/Príomhoifigeach Oibriúcháin (DSG/COO)<br>• Ard-Stiúrthóir, Rannóg na Seirbhísí do Shaoránaigh<br>• Stiúrthóir na Seirbhíse Pasanna<br>• Stiúrthóir AD<br>• Leas-Stiúrthóir na Seirbhíse Pasanna<br>• Leas-Stiúrthóir AD |
| Deais ionaid glaonna fíor-ama | Stádas fíor-ama oibríochtaí an ionaid glaonna | Faisnéis reatha do na línte teileafóin, an líon ball foirne atá logáilte isteach, an líon ball foirne a dhéileálann le fiosruithe, an fhoireann atá ar fáil, líon na nglaonna sa scuaine, glaonna a tréigeadh, an t-am feithimh is faide agus an t-am feithimh reatha, líon iomlán na nglaonna a fuarthas | • DSG/COO<br>• Ard-Stiúrthóir, Rannóg na Seirbhíse do Shaoránaigh<br>• Stiúrthóir na Seirbhíse Pasanna<br>• Leas-Stiúrthóir na Seirbhíse Pasanna<br>• Bainistíocht na seirbhíse pasanna<br>• Daoine eile, de réir mar is gá |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

# 8 Feidhmíocht scéimeanna áirithe iarfheistithe áiteanna cónaithe

**8.1** Foráiltear leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, go socrófaí uasteorainneacha astaíochtaí earnála, arb é is aidhm leo teorainn a chur le méideanna iomlána na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ceadaithe is féidir le gach earnáil den gheilleagar a tháirgeadh le linn tréimhse shonraithe ama.

**8.2** Leis an Acht, ceanglaítear ar Éirinn sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de laghdú 51% in astaíochtaí faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 2018. Tá gá le laghduithe i ngach earnáil den gheilleagar, ag athrú ó laghdú 25% ar astaíochtaí talmhaíochta go laghdú 75% ar astaíochtaí leictreachais.

**8.3** Déanann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn) raon clár inbhuanaithe fuinnimh a mhaoiniú chun tacú le baint amach an laghdaithe in astaíochtaí, le baint amach na spriocanna buaic-astaíochtaí earnála agus le laghdú na bochtaineachta fuinnimh. Chun na laghduithe astaíochtaí is gá a bhaint amach, ceanglaítear leis an Acht go n-ullmhófar buiséid carbóin cúig bliana. Tá ullmhú spriocanna na n-uasteorainneacha astaíochtaí earnála bunaithe ar na buiséid fhormheasta carbóin.

**8.4** Tacaíonn an plean náisiúnta iarfheistithe leis an bplean gníomhaithe ar son na haeráide 2023, lena dtuartar go mbeidh gá le laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí ón earnáil chónaithe.[1] Is é an sprioc chónaithe faoin bplean sin ná coibhéis 500,000 áit chónaithe a iarfheistiú ar scór B2/barrmhaith ó thaobh costais de den rátáil fuinnimh foirgnimh (RFF) (nó caighdeán coibhéiseach carbóin) faoi 2030.[2,3] Tugtar faoi deara leis an bplean náisiúnta iarfheistithe an gá atá le cur chuige 'uile-Rialtais' chun é a chur chun feidhme.

**8.5** Ceapadh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) mar chomhlacht náisiúnta seachadta iarfheistithe agus is é an phríomhghníomhaireacht é maidir le comhlíonadh fhormhór na spriocanna iarfheistithe cónaithe a bhrú chun cinn. Déantar SEAI a mhaoiniú ó Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid, lenar áiríodh soláthar meastacháin de €264 mhilliún do scéimeanna iarfheistithe cónaithe in 2022.

## Nithe ar díríodh orthu sa scrúdú

**8.6** Chuathas i mbun an scrúdaithe seo chun measúnú a dhéanamh ar na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht dhá cheann de na príomhscéimeanna cónaithe fuinnimh inbhuanaithe a maoiníodh ón Vóta. Déantar an méid seo a leanas leis an tuarascáil:

- cuirtear forbhreathnú ar fáil ar an stoc tithíochta in Éirinn a ndearnadh measúnú RFF air
- scrúdaítear feidhmíocht dhá cheann de na príomhscéimeanna cónaithe iarfheistithe laistigh den chlár fuinnimh inbhuanaithe — an scéim 'tithe fuinnimh níos teo' agus an scéim 'tithe fuinnimh níos fearr', agus
- scrúdaítear conas a dhéantar éifeachtacht na scéimeanna a mheasúnú i gcoinne na spriocanna a leagadh síos.

1 Tá an plean gníomhaithe ar son na haeráide 2023 ar fáil anseo agus tá an plean náisiúnta iarfheistithe ar fáil anseo.

2 Áiríodh an sprioc de 500,000 uasghrádú B2/barrmhaith ó thaobh costais de (nó caighdeán coibhéiseach carbóin) faoi 2030 mar sprioc freisin sa phlean gníomhaithe ar son na haeráide 2019.

3 Sainmhínítear an leibhéal barrmhaith ó thaobh costais de mar phríomhfheidhmíocht fuinnimh de níos lú ná 125 kWh in aghaidh an aonaid achar urláir in aghaidh na bliana (B2) nó uasghrádú ar an insliú balla, insliú síleála agus córas téimh. Tá an téarma "barrmhaith ó thaobh costais de" mar chuid de na rialacháin tógála.

**8.7** Chuir an fhoireann scrúdaithe agallamh ar bhaill foirne ó SEAI agus ón Roinn, bhreathnaigh sí ar chigireachtaí iarfheistithe a rinne gníomhaire bainistíochta thar ceann SEAI, rinne sí doiciméadú ar na príomhrialuithe agus rinne sí tástálacha siúlóide ar an bpróiseas iarratais don dá scéim. Cuireadh réimse doiciméad ar fáil don fhoireann scrúdaithe freisin maidir le feidhmíocht an chláir fuinnimh inbhuanaithe agus rinne an fhoireann athbhreithniú orthu.

## Stoc tithíochta in Éirinn a ndearnadh measúnú RFF air

**8.8** Éilítear deimhniú bailí RFF le haghaidh an chuid is mó de theaghaisí atá ar fáil ar cíos nó ar díol, le haghaidh foirgnimh nua agus le haghaidh deontais fuinnimh tí a fháil ó SEAI. Eisítear na deimhnithe bailí sin tar éis measúnú ag measúnóir atá cláraithe le SEAI. Is féidir le scór RFF ag foirgneamh aonair athrú le himeacht ama, e.g., tar éis feabhsú, nó meath, ar chreatlach an fhoirgnimh nó ar chóras téimh an fhoirgnimh. Is féidir scóir reatha agus scóir réamh-mheasta RFF a úsáid freisin chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an chláir idirghabhála, agus ar an méid dul chun cinn atá bainte amach ag idirghabháil.

**8.9** Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freagrach as an gcóras RFF. Tá SEAI ceaptha mar údarás reachtúil chun deimhnithe RFF a eisiúint.[1] Leis sin, bíonn an SEAI freagrach astu seo:

- clárú na measúnóirí RFF
- clár na measúnuithe agus deimhnithe RFF a chothabháil
- dearbhú cáilíochta na scéime RFF
- feasacht a ardú ar an scéim RFF, agus í a bhainistiú ar bhonn leantach.

**8.10** Ríomhtar an RFF ar bhonn an mhéid fuinnimh mheasta a theastódh ó theach cónaithe le haghaidh spás agus uisce a théamh, aerála agus soilsithe faoi áitíocht bharúlach. Cuirtear in iúl é mar ‘úsáid fuinnimh phríomhúil in aghaidh achar urláir an aonaid in aghaidh na bliana’ (kWh/m$^2$/bl), ar scála idir A1 agus G. Is iad foirgnimh a bhfuil rátáil A1 acu na cinn is tíosaí ar fhuinneamh (ag úsáid 25 kWh/ m$^2$/bl nó níos lú) agus is iad foirgnimh a bhfuil rátáil G acu na cinn is lú éifeachtúlacht (ag baint úsáid as níos mó ná 450 kWh/m$^2$/bl). Ní tomhas é an rátáil RFF ar an méid fuinnimh a chaitear go hiarbhír i dtréimhse shainithe, a bhraitheann ar cé acu atá nó nach bhfuil an foirgneamh áitithe agus conas a úsáidtear é.

### *Anailís sonraí RFF*

**8.11** Ag deireadh 2022, bhí deimhniú bailí RFF ag 827,634 theach cónaithe. Agus thart ar 2.1 milliún áitreabh san iomlán sa Stát, is ionann é sin agus díreach faoi bhun 40% den stoc tithíochta. Athraíonn an ráta tástála chun críocha RFF idir contaetha, agus an ráta measúnaithe is airde ann i mórcheantar Bhaile Átha Cliath (féach Fíor 8.1).

**8.12** As na réadmhaoine a ndearnadh measúnú RFF orthu, ní raibh rátáil B2 nó níos fearr ach ag 19% díobh (féach Fíor 8.2). Tá méadú ag teacht ar chomhréir na n-aonad cónaithe a fhaigheann an rátáil sin, rud a léiríonn críochnú ard-éifeachtúlachta tithe nua, chomh maith le roinnt uasghráduithe ar an stoc níos sine.

1 Faoi Ionstraim Reachtúil 243 de 2012.

**8.13** Tá áitribh a tógadh ó 2015 ar aghaidh i bhfad níos tíosaí ar fhuinneamh ná mar a tógadh roimhe seo. Tugadh scór RFF A do 99% d'áitribh a tógadh idir 2020 agus 2022, agus do 96% d'áitribh a tógadh idir 2015 agus 2019. I gcodarsnacht leis sin, ní bhfuair ach trian de na teaghaisí a tógadh idir 2010 agus 2014 rátáil A.[1] Luaigh SEAI gur léiriú é sin ar na hathruithe ar na rialacháin foirgníochta sna blianta ina dhiaidh sin.

**Fíor 8.1 Céatadán de stoc tithíochta na hÉireann a bhfuil rátáil RFF aige, de réir contae**




Foinse: SEAI agus an Phríomh-Oifig Staidrimh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Rátáil Fuinnimh Foirgnimh
Baile na Príomh-Oifige Staidrimh (POS), Ráithe 4, 2022.

**Fíor 8.2 Miondealú ar an RFF d'áitribh chónaithe ag deireadh 2022**




***Próifíl aoise na ndeimhnithe RFF don stoc tithíochta cónaithe bailí ag deireadh 2022***




Foinse: SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Treochtaí i gcaiteachas ar chláir fuinnimh inbhuanaithe

### *Caiteachas an Vóta*

**8.14** Sa tréimhse deich mbliana go dtí deireadh 2022, chuir an Roinn maoiniú de thart ar €1.2 billiún ar fáil do chláir fuinnimh inbhuanaithe (féach Fíor 8.3).[1] Cuireadh formhór an mhaoinithe sin — €1.1 billiún — ar fáil go díreach do SEAI.

**8.15** Bhí an soláthar maoinithe i meastachán an vóta do 2021 i bhfad níos airde ná mar a bhí sna blianta roimhe sin. Mar sin féin, bhí gannchaitheamh suntasach ar fud na scéimeanna fuinnimh níos fearr mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ar shrianta slabhra soláthair agus saothair. Chun nach ngéillfí don Státchiste an maoiniú vótáilte nár úsáideadh ag deireadh 2021 (rud a cheanglaítear faoi ghnáthrialacha bainistithe vótaí), aistríodh €160 milliún chuig an gCiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EENF).[2] Aistríodh thart ar €49 milliún ó EENF chuig SEAI in 2022.[3]

1 Go dtí deireadh 2021, áiríodh le fo-mhírcheann na gclár fuinnimh inbhuanaithe freisin na leithdháiltí maoinithe ar na scéimeanna gnó, ar scéim éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí agus ar fheithiclí leictreacha (a aistríodh chuig an Roinn Iompair in 2021). In 2022, rinneadh an clár iarfheistithe cónaithe/pobail d'fho-mhírcheann an chláir.

2 Bhí ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe ag an aistriú.

3 Ba é €124 mhilliún an t-iarmhéid in EENF ag deireadh 2022. Tá an ciste á rialú go díreach ag an Roinn, agus tugtar cuntas air i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa.

**8.16** Bhí ganncaitheamh breise de €170 milliún ann in 2022 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin de €321 mhilliún. Chath an Roinn €151 mhilliún (47%) den soláthar ar chláir iarfheistithe cónaithe/pobail. Thug an Roinn faoi deara gur chuir srianta slabhra soláthair agus lucht saothair an tionscail agus an mhoill ar an méadú ar ghníomhaíocht faoi dhá scéim — an scéim nua náisiúnta uasghrádaithe fuinnimh baile agus an scéim um pobail fuinnimh níos fearr — leis an nganncaitheamh. Ina theannta sin, thóg sé roinnt míonna ar na 'hIonaid Ilfhreastail' an próiseas clárúcháin a thabhairt chun críche.[1] Ritheadh dhá mheastachán fhorlíontacha lenar aistríodh €168 milliún ón bhfo-mhírchinn chuig fo-mhírchinn eile.[2]

**Fíor 8.3 Saincheisteanna vótáilte ar chláir fuinnimh inbhuanaithe, 2013 – 2022**




Foinse: Cuntais Leithreasa na Roinne 2013 – 2022

### *Caiteachas SEAI*

**8.17** Mhéadaigh caiteachas clár SEAI faoi cheathair ó €50 milliún in 2013 go €200 milliún in 2022 (féach Fíor 8.4), agus an caiteachas ag dúbailt, beagnach, idir 2021 agus 2022. Ba é an caiteachas iomlán ar an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo agus ar an scéim um thithe fuinnimh níos fearr le deich mbliana anuas ná €538 milliún. Gach bliain, b'ionann an dá scéim agus 60% ar an meán de chaiteachas iomlán SEAI faoi éifeachtúlacht fuinnimh chónaithe agus pobail. Mionsonraítear na coinníollacha chun cáiliú do na scéimeanna agus na huasghráduithe a fhaigheann tacaíocht faoi na scéimeanna ar shuíomh Gréasáin SEAI.[3]

1 Is samhail nua seachadta a seoladh i mí Feabhra 2022 iad Ionaid Ilfhreastail. Déanfaidh conraitheoirí cláraithe an próiseas iomlán a bhainistiú d'úinéirí tí. Ní mór d'uasghráduithe fuinnimh an teach a thabhairt chuig rátáil RFF B2 ar a laghad.

2 Tá níos mó faisnéise maidir leis an athraitheas agus na gluaiseachtaí ar fáil i gcuntas leithreasa Vóta 29.

3 Coinníollacha cáilitheacha agus deontais atá ar fáil

**Fíor 8.4 Caiteachas éifeachtúlachta fuinnimh cónaithe agus pobail SEAI 2013 – 2022**




Foinse: SEAI
Nóta: a In 2022, fuair SEAI maoiniú €49 milliún ó EENF.

## Scéimeanna cónaithe fuinnimh inbhuanaithe

### *Fuinneamh níos fearr, tithe níos teo*

**8.18** Tacaíonn an scéim um fhuinneamh níos fearr, thithe níos teo le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe faoi úinéireacht phríobháideach atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh agus tá sí maoinithe go hiomlán le deontas. Is é cuspóir na scéime ná tithe incháilithe a dhéanamh níos teo, níos sláintiúla agus níos saoire le reáchtáil. Thug an Roinn dá haire, mar sin, nach é laghdú ar astaíochtaí an t-aon chuspóir atá ag an scéim.[1] Tá an scéim teoranta dóibh siúd a fhaigheann sochair leasa áirithe.

**8.19** Nuair a mheastar iarratasóir a bheith incháilithe, déanfaidh suirbhéir SEAI suirbhé ar a dteach agus déanfaidh sé moltaí uasghrádaithe de réir mar is cuí. Cuireann SEAI obair ar fáil do chonraitheoirí de réir a socrúcháin sa chomórtas soláthair, de réir cumas seachadta conraitheoirí (i dtéarmaí méid) agus de réir feidhmíocht conraitheora.

**8.20** Le deich mbliana anuas, b'ionann caiteachas na scéime agus €336 mhilliún ar thart ar 55,000 uasghrádú. Thit líon na n-uasghráduithe a rinneadh gach bliain ó 2013 go dtí 2020, ag méadú arís in 2021 agus 2022.

**8.21** Go dtí 2018, dhírigh an scéim go príomha ar bhearta caomhnaithe fuinnimh 'éadomhain' a chur ar fáil, mar insliú áiléir agus cuasbhalla. I mí an Mhárta 2018, leathnaíodh an scéim chun bearta níos doimhne a áireamh ar nós insliú ballaí inmheánacha agus seachtracha. Ag léiriú dhoimhneacht an mheánphacáiste beart a cuireadh i bhfeidhm, chomh maith le harduithe ginearálta ar chostais, mhéadaigh an meánchostas in aghaidh an uasghrádaithe ó €1,864 in 2013 go €21,942 in 2022 (féach Fíor 8.5).

1 Thug an Roinn dá haire go ndírítear i scéimeanna eile SEAI ar iarfheistiú B2.

**Fíor 8.5 Líon agus meánchostas na n-uasghráduithe a cuireadh i gcrích faoin scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo 2013 – 2022**




Foinse: SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**8.22** In ainneoin gur tugadh isteach iarfheistiú níos doimhne in 2018, níor bhain ach 228 n-áitreabh RFF B2 i ndiaidh an iarfheistithe amach faoin scéim sa tréimhse 2019 go 2022.

**8.23** Luaigh an Roinn nach bhfuil an scéim dírithe ar sholáthar iarfheistithe B2. É sin ráite, dhírigh sraith phíolótach den scéim ar líon teoranta uasghráduithe B2 in 2022. Tá an treoirthionscadal sin ag bailiú fianaise chun eolas a thabhairt don phróiseas agus don chur chuige cuí chun líon na n-uasghráduithe B2 agus na suiteálacha caidéil teasa a sheachadtar faoin scéim seo a mhéadú. Thug an Roinn dá haire freisin go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar scéimeanna SEAI.

**8.24** As an tsuim €336 mhilliún a íocadh go deireadh 2022, íocadh €306 mhilliún (91%) le conraitheoirí a bhfuair SEAI iad as oibreacha a rinneadh.[1]

**8.25** Tá roinnt rialuithe ann maidir leis an scéim *inter alia*

- ceanglas go mbeadh an t-iarratas stampáilte ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun incháilitheacht a chruthú
- déantar na hoibreacha arna ndéanamh a chinneadh roimh ré trí shuirbhé ar gach teach agus
- measúnú RFF i ndiaidh na n-oibreacha (ó 2022 ar aghaidh tá measúnú RFF roimh na hoibreacha de dhíth freisin).

### *An scéim um thithe fuinnimh níos fearr*

**8.26** Is clár náisiúnta iarfheistithe í an scéim um thithe fuinnimh níos fearr atá ar fáil do gach úinéir tí, lena n-áirítear tiarnaí talún, agus ní dhéantar tástáil acmhainne lena aghaidh. Caithfidh an teach a bheith tógtha agus áitithe roimh 2011 chun cáiliú do dheontais inslithe agus rialaithe teasa, agus roimh 2021 do dheontais teaschaidéil agus córais in-athnuaite. Tá sé mar aidhm ag an gclár dreasachtaí a thabhairt d'úinéirí tí a dteach a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh trí dheontais a sholáthar.

**8.27** Rinneadh athbhreithniú ar mhéideanna na ndeontas don scéim an uair dheireanach in 2021 trí anailís chostais a rinne comhairleoirí seachtracha agus a nuashonraíodh i mí Feabhra 2022. As an gcaiteachas €202 mhilliún le deich mbliana anuas, bhain €176 mhilliún le thart ar 130,000 íocaíocht deontais.[2] Tá meánluach na ndeontas, in aghaidh an iarratais, méadaithe ó 2019 go thart ar €3,000 in aghaidh an iarratais cheadaithe (féach Fíor 8.6). Luaigh SEAI gur léiriú é sin ar na hathruithe ar an scéim thar an tréimhse seo chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1 Bhain an t-iarmhéid €30 milliún le seirbhísí teicniúla agus costais oibriúcháin.

2 Bhain an t-iarmhéid €26 mhilliún le seirbhísí teicniúla agus le costais oibriúcháin.

- scéimeanna deontais a chomhchuibhiú
- spreagadh a thabhairt d'úinéirí tí tabhairt faoi oibreacha iarfheistithe agus
- cuidiú leis an gcostas méadaithe maireachtála agus leis an mboilsciú.

**Fíor 8.6 Meánluach deontais in aghaidh an iarratais — an scéim um thithe fuinnimh níos fearr, 2013 go 2022**




Foinse: SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**8.28** Ní mór do chonraitheoir ó chlár SEAI, ina liostaítear thart ar 1,300 conraitheoir, na hoibreacha uile faoin scéim um thithe fuinnimh níos fearr a chríochnú. Bíonn úinéirí tí i mbun rannpháirtíocht go díreach lena gcuid conraitheoirí, agus íocann siad go díreach iad. Déanann an deontas an costas sin a fhritháireamh go páirteach. Ní thugann SEAI ceadú, ráthaíocht ná barántas maidir le hobair na gconraitheoirí cláraithe agus ní bhíonn aon ról aige maidir le praghas na n-oibreacha a dhéantar a shocrú.

**8.29** Tá roinnt rialuithe ann maidir leis an scéim, lena n-áirítear dearbhú oibreacha atá sínithe ag an gconraitheoir, ag an úinéir tí agus ag an measúnóir RFF trína ndeimhníonn an conraitheoir go gcomhlíonann na hoibreacha ar fad ceanglais an deontais ina n-iomláine faoin scéim um thithe fuinnimh níos fearr agus trína ndeimhníonn an t-úinéir tí go bhfuil sé sásta leis na hoibreacha a rinneadh. Tá measúnú RFF i ndiaidh na n-oibreacha de dhíth freisin.[1]

### *Cigireachtaí a rinneadh faoi na scéimeanna*

**8.30** Roghnaíonn aonad cigireachta a bunaíodh in 2014 réadmhaoin a iarfheistíodh faoi na scéimeanna lena n-iniúchadh ar bhonn rioscaí amhail

- meánfheidhmíocht pointí pionóis an chonraitheora le linn na trí mhí roimhe sin[2]
- an easpa fianaise maidir lena dhearbhú cáilíochta féin a bheith á chur chun feidhme ag an gconraitheoir
- saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta, etc.

**8.31** In 2022, rinneadh cigireacht ar 1,751 réadmhaoin a ndearnadh uasghrádú orthu faoin scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo, agus ar 2,104 réadmhaoin a bhain tairbhe as an scéim um thithe fuinnimh níos fearr (féach Fíor 8.7). B'ionann an méid sin agus rátaí cigireachta 41%[3] agus 18% faoi seach in 2022. Bhí siad sin beagán níos ísle ná na rátaí cigireachta do na scéimeanna sna blianta roimhe.

1 Ní mór don mheasúnóir RFF roinnt míreanna a dheimhniú, lena n-áirítear a) go bhfuil an RFF foilsithe aige agus Cód Cleachtais RFF á chomhlíonadh go hiomlán acu b) go bhfuil an mheastóireacht réamhdheonaithe ríofa aige de réir threoir SEAI agus c) gurb amhlaidh, agus an suirbhé RFF á dhéanamh aige, atá sé sásta go bhfuil na hoibreacha a fhaigheann deontas sonraithe i gcomhréir le comhartha an chonraitheora ar dhearbhú oibreacha ábhartha.

2 Tagraíonn feidhmíocht pointí pionóis conraitheora do phointí fabhraithe nuair a mheastar feidhmíocht conraitheora i ndáil le beart áirithe oibre a bheith míshásúil. Dá mhéad pointí a fhabhraíonn conraitheoir, is ea is mó cigireachtaí a mbeidh sé/sí faoina réir.

3 **Figiúr ceartaithe**. Ba é 39% an ráta cigireachta a luadh roimhe seo. Féach Fíor 8.7.

**Fíor 8.7 Cigireachtaí faoi na scéimeanna[a]**

| | Bliain | Réadmhaoine a ndearnadh cigireacht orthu[c] | Ráta cigireachta | Ráta pas | Athoibreacha ba ghá | Ráta pas i ndiaidh athoibreacha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fuinneamh níos fearr, tithe níos teo | 2015 | 3,335 | 49% | 87% | 422 | 100% |
| | 2016 | 1,938 | 29% | 83% | 331 | 100% |
| | 2017 | 2,171 | 33% | 77% | 504 | 100% |
| | 2018 | 2,073 | 40% | 80% | 429 | 100% |
| | 2019 | 1,406 | 46% | 71% | 402 | 100% |
| | 2020[b] | 656 | 43% | 61% | 257 | 100% |
| | 2021[b] | 1,077 | 51%[e] | 51% | 529 | 100% |
| | 2022 | 1,751 | 41%[e] | 45% | 971 | 98%[d] |
| Tithe fuinnimh níos fearr | 2014 | 1,957 | 20% | 52% | 944 | 93% |
| | 2015 | 1,815 | 15% | 54% | 837 | 92% |
| | 2016 | 3,179 | 21% | 47% | 1,700 | 91% |
| | 2017 | 3,498 | 24% | 41% | 2,055 | 90% |
| | 2018 | 3,696 | 26% | 50% | 1,841 | 90% |
| | 2019 | 3,693 | 20% | 54% | 1,706 | 94% |
| | 2020[b] | 2,710 | 22% | 58% | 1,137 | 95% |
| | 2021[b] | 1,914 | 24% | 54% | 883 | 93% |
| | 2022 | 2,104 | 18% | 54% | 970 | 95%[d] |

Foinse: SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Sonraí i ndáil le líon na gcigireachtaí roimh 2015 don scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo agus roimh 2014 don scéim um thithe fuinnimh níos fearr, níl siad ar fáil go héasca mar gheall ar athruithe ar na córais faisnéise a úsáideann SEAI.

b De bharr shrianta COVID-19, áirítear i bhfigiúirí 2020 agus 2021 iniúchtaí deisce 100 agus 102 faoi seach don scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo agus iniúchtaí 270 agus 231 faoi seach don scéim um thithe fuinnimh níos fearr.

c Féadfar cigireacht a dhéanamh ar roinnt beart ag réadmhaoin, le seiceálacha iolracha in aghaidh an bhirt. Sna tréimhsí ábhartha, rinneadh cigireacht ar 37,279 mbeart san iomlán don scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo agus rinneadh iniúchadh ar 33,675 bheart don scéim um thithe fuinnimh níos fearr. Thug SEAI dá aire nár éirigh le níos lú ná 1.1% de na seiceálacha iniúchta go léir sa scéim tithe níos teo le fuinneamh a fheabhsú agus nár éirigh le níos lú ná 2% díobh sa scéim um thithe fuinnimh níos fearr.

d I ngeall ar uainiú an scrúdaithe, ní raibh na hathoibreacha go léir a bhain le 2022 críochnaithe go fóill.

e **Ceartaithe.** Coigeartaíodh rátaí chun iarfheistithe a rinneadh faoin scéim teasa agus folláine a eisiamh ón ríomhaireacht.

**8.32** Ar an dá scéim, tá an ráta pas tosaigh ar an obair a ndearnadh cigireacht uirthi íseal, agus bhí gá le roinnt athoibre ar thart ar leath na dtionscadal a ndearnadh cigireacht orthu ar an scéim um thithe fuinnimh níos fearr. Mar gheall go ndéantar na cigireachtaí ar bhonn spriocdhírithe, is dócha nach léiríonn na torthaí caighdeán na n-oibreacha ar an iomlán. Ina ainneoin sin, tugtar le fios iontu go bhfuil baol suntasach ann go ndéanfaí obair neamhchomhlíontach faoin dá scéim.

**8.33** Luaigh SEAI go bhféadfadh go dteipfeadh ar oibreacha iarfheistithe a ndearnadh cigireacht orthu ar cheist fhánach, nó ar bheart amháin ach amháin nuair a rinneadh cigireacht ar roinnt beart ag áit chónaithe. Tá roinnt rialuithe i bhfeidhm aige maidir le teipeanna cigireachta. Mar shampla, mura mbíonn na hathoibreacha críochnaithe laistigh de shé seachtaine, tá conraitheoirí faoi réir díchláraithe go dtí go mbeidh na hathoibreacha críochnaithe.

**8.34** Fiú nuair a críochnaíodh na hathoibreacha tar éis na gcigireachtaí don scéim um thithe fuinnimh níos fearr, níor éirigh le céatadán idir 5% agus 10% de na réadmhaoine fós. Ag brath ar a thromchúisí agus atá na saincheisteanna atá i gceist, féadfar deontais a choinneáil siar ó úinéirí tí, nó féadfar aisíocaíocht a iarraidh i gcás cigireachtaí iaríocaíochta.

**8.35** Thug SEAI dá aire gurb iad príomhdhifríochtaí sa chaoi ina bhfeidhmíonn an dá scéim an phríomhchúis leis na difríochtaí sna rátaí pas idir na scéimeanna. D'fhéadfadh an líon mór conraitheoirí ar an scéim um thithe fuinnimh níos fearr (1,300 conraitheoir i gcomparáid le 33 chonraitheoir ar an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo) a bheith ina thoisc rannchuidithe freisin, toisc nach dócha ar an meán go mbeidh na conraitheoirí sin chomh heolach céanna ar riachtanais SEAI.

**8.36** D'fhreastail an fhoireann scrúdaithe ar cheithre chigireacht ar oibreacha iarfheistithe, agus bhreathnaigh siad na cigireachtaí sin: dhá chigireacht a bhain leis an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo agus dhá chigireacht a bhain leis an scéim um thithe fuinnimh níos fearr Thug an cigire faoi deara go raibh gá le hathoibreacha ar cheann de na teaghaisí faoin scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo a ndearnadh cigireacht orthu; agus go raibh gá le hathoibreacha ar an dá theach a ndearnadh cigireacht orthu faoin scéim um thithe fuinnimh níos fearr. Is ar an gconraitheoir a thiteann costais na n-athoibreacha den sórt sin sa scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo. Níl baint dhíreach ar bith ag SEAI le costais athoibreacha don scéim um thithe fuinnimh níos fearr.

### *Éifeachtúlacht na scéimeanna*

**8.37** Ríomhann SEAI roinnt aschur agus torthaí a bhaineann le feidhmíocht na scéimeanna iarfheistithe (féach Fíor 8.8).[1] Roimh 2022, áfach, ní raibh aon spriocanna comhfhreagracha ann chun measúnú feidhmíochta a éascú.

**8.38** Áirítear roinnt spriocanna aschuir ardleibhéil leis an meastachán bliantúil don Vóta, lena maoinítear na scéimeanna iarfheistithe. Mar shampla, in 2019, áiríodh sa mheastachán Vóta sprioc maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar do 4,609 dteach ar ioncam íseal. Mar sin féin, i gcás fhormhór na mblianta, níor chomhfhreagair na spriocanna a cuireadh ar áireamh sna meastacháin bhliantúla d'aschuir agus torthaí na scéime a raibh SEAI ag tuairisciú orthu mar a leagtar amach i bhFíor 8.8.

**8.39** Níl ríomh an choigiltis a fhaightear mar thoradh ar bhearta iarfheistithe bunaithe ar shonraí iarbhír gach iarfheistithe. Tá coigilteas fuinnimh agus $CO_2$ don dá scéim bunaithe ar mheastacháin theicniúla agus tá baint ag roinnt toimhdí leis na ríomhanna. Tá an cur chuige sin ar aon dul leis na roghanna atá ceadaithe faoin Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Leagtar amach in Iarscríbhinn 8A na foirmlí a úsáidtear i ríomhanna aschuir SEAI in 2022 don dá scéim.

1 Is ionann aschuir scéime agus líon na dtithe a iarfheistíodh agus is ionann na haschuir agus an coigilteas a bhaineann leis na hiarfheistithe.

.

**8.40** Tá tuarascáil conraitheora maidir le meastacháin innealtóireachta ar choigilteas na bliana 2017 mar bhonn agus thaca ag na bonnsonraí a úsáideadh agus an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo á ríomh. Rinneadh staidéar comhchosúil in 2019, ach dúirt SEAI gur measadh go raibh sé cuí leanúint ar aghaidh le meastacháin 2017 atá níos coimeádaí. Dheimhnigh SEAI nach raibh fianaise ar a mheasúnú ar chleachtadh 2019 ar fáil toisc nach raibh sé doiciméadaithe go foirmiúil.

**Fíor 8.8 Aschuir agus torthaí ó na scéimeanna[a]**

| | Bliain | Tithe iarfheistithe | Coigilteas measta fuinnimh | Coigilteas measta $CO_2$ | Caiteachas measta SEAI (saolré) in aghaidh an tona de $CO_2$ a sábháladh | Caiteachas measta SEAI sa bhliain in aghaidh an GWh a sábháladh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | GWh | kt | € | €m |
| Fuinnimh níos fearr, tithe níos teo | 2013 | 9,803 | 20.6 | 5.1 | 131 | 1.40 |
| | 2014 | 9,056 | 19.0 | 4.7 | 175 | 1.09 |
| | 2015 | 6,867 | 14.4 | 3.6 | 203 | 1.26 |
| | 2016 | 6,743 | 14.2 | 3.5 | 236 | 1.46 |
| | 2017 | 6,555 | 13.8 | 3.4 | 265 | 1.64 |
| | 2018 | 5,255 | 13.1 | 3.3 | 436 | 2.70 |
| | 2019 | 3,142 | 9.6 | 2.4 | 667 | 4.10 |
| | 2020 | 1,524 | 4.7[c] | 1.2 | 808 | 5.00 |
| | 2021 | 2,126 | 9.6 | 2.4 | 635 | 3.99 |
| | 2022 | 4,264 | 18.7 | 4.7 | 791 | 4.96 |
| Tithe fuinnimh níos fearr | 2013 | 13,710 | 68.6 | 17.0 | —[b] | —[b] |
| | 2014 | 9,927 | 54.6 | 13.5 | 32 | 0.20 |
| | 2015 | 12,227 | 61.1 | 15.2 | 39 | 0.24 |
| | 2016 | 14,972 | 74.9 | 18.6 | 38 | 0.23 |
| | 2017 | 14,618 | 80.4 | 19.9 | 35 | 0.22 |
| | 2018 | 14,238 | 78.3 | 19.4 | 38 | 0.20 |
| | 2019 | 18,531 | 100.1 | 24.8 | 39 | 0.20 |
| | 2020 | 12,227 | 66.0 | 16.4 | 45 | 0.30 |
| | 2021 | 7,928 | 42.8 | 10.7 | 56 | 0.35 |
| | 2022 | 11,806 | 63.8 | 16.0 | 90 | 0.57 |

Foinse: SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Leagtar amach in Iarscríbhinn 8A an mhodheolaíocht lena ndéantar na figiúirí a ríomh.

b Thug SEAI faoi deara gur tháinig athrú ar raon na meadarachta/na ríomhanna thar na blianta agus nár ríomhadh na meadarachtaí seo don bhliain 2013.

c **Ceartaithe.** Luadh é seo roimhe seo mar 4.4, mar gheall ar earráid chló.

**8.41** Ar an scéim um thithe fuinnimh níos fearr, eascraíonn na bonnsonraí as anailís a rinneadh in 2013 inar cuireadh úsáid fuinnimh i dtithe faighteora iarfheistithe i gcomparáid le grúpa rialaithe. Leis sin, cuireadh meánfhigiúr coigiltis measta ar fáil a chuirtear i bhfeidhm ar gach iarfheistiú scéime. In 2018, mhéadaigh SEAI an coigilteas toimhdithe ó iarfheistiú scéime faoi 47%. Luaigh SEAI go n-eascraíonn an méadú ar choigiltí toimhde ó na bearta iarfheistithe níos doimhne atá á ndéanamh. Mar sin féin, ní dhearna sé nuashonrú ar anailís 2013 ná níor dheimhnigh sé conas a d'fhíoraigh sé cruinneas an uasghrádaithe 47%.

*Infhaighteacht na sonraí faoi thomhaltas fuinnimh iarbhír*

**8.42** I mí Iúil 2023, d'eisigh AE treoir éifeachtúlachta fuinnimh lena gceadaítear roinnt modhanna chun coigilteas fuinnimh a ríomh, lena n-áirítear:

- coigilteas méadraithe — an laghdú iarbhír ar úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh a thaifeadadh
- coigilteas scálaithe — úsáid meastachán innealtóireachta arna ndéanamh ag saineolaithe neamhspleácha ar bhonn modheolaíochtaí agus tagarmharcanna atá bunaithe go náisiúnta.

**8.43** Bailíonn soláthraithe fóntais sonraí iarbhír a bhaineann le tomhaltas leictreachais agus gáis chónaithe in Éirinn mar chuid den ghnáthchleachtas. Mar sin féin, i ngeall ar oibleagáidí cosanta sonraí, níor cuireadh tomhaltas leictreachais méadraithe mionsonraithe ar fáil do SEAI i gcás teaghlaigh a fhaigheann scéimeanna deontais.

**8.44** Mar sin féin, thug SEAI dá aire go bhfuil an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) i mbun cód rochtana sonraí méadair chliste a fhorbairt, rud lena n-éascófar tomhaltas leictreachais baile a aistriú chuige, faoi choinníollacha ar leith le toiliú shealbhóir an chuntais leictreachais.

**8.45** Thug SEAI dá aire freisin go bhfuil siad i mbun cainteanna le Líonraí Gáis Éireann chun comhaontú comhroinnte sonraí a bhunú, i gcás sampla teoranta de 200 teaghais, agus tá siad ag plé comhaontuithe eile comhroinnte sonraí leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) ar leithligh.

## Measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht i gcoibhneas le spriocanna

**8.46** Is e sprioc aeráide fhoriomlán na hÉireann ná laghdú 51% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030. É sin ráite, i bhfianaise treochtaí, ní dócha go mbainfear é sin amach. I dtuarascáil a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023, déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a thuar, bunaithe ar na rátaí dul chun cinn reatha, nach mbainfear ach laghdú 29% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.[1]

**8.47** Dúirt an Roinn nach bhfuil dóthain sonraí ar fáil go fóill chun go bhféadfaí gach gníomh sa phlean gníomhaithe ar son na haeráide 2023 a shamhaltú agus, dá gcuirfí iad sin san áireamh i ríomhanna EPA, is é 42% an laghdú réamh-mheasta ar astaíochtaí faoi 2030. Tugtar faoi deara in athbhreithniú bliantúil 2023 ar an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide gurb amhlaidh, i gcás go gcuirfí an plean gníomhaithe ar son na haeráide 2023 chun feidhme go hiomlán, atá sé réamh-mheasta go bhfanfaidh an earnáil chónaithe laistigh dá dara huasteorainn earnála.

1 *Réamh-mheastachán Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa 2022 – 2040*, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2023).

**8.48** Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil an caiteachas ar laghdú gás ceaptha teasa chomh héifeachtach agus is féidir. Éilíonn sé sin go ndíreofar na hacmhainní atá ar fáil ar na gníomhaíochtaí agus na hidirghabhálacha a dhéanann na laghduithe uasta do gach euro a chaitear a sheachadadh, agus go ndéanfar tuairisciú rialta agus tráthúil ar an méid atá á bhaint amach i gcoibhneas le spriocanna.

**8.49** Is é an príomhthomhas ná astaíochtaí $MtCO_2eq$, i.e., na milliúin tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin. Mar thagarmharc, measadh gurb ionann astaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnáil chónaithe na hÉireann in 2018 agus 7 $MtCO_2eq$. Is é an sprioc ná go dtitfidh sé sin go figiúr nach mó ná 4 $MtCO_2eq$ faoi 2030 (arb í an bhliain deiridh den dara huasteorainn astaíochtaí earnála í) — laghdú 40% ar an sprioc.[1] Tugtar faoi deara i dtuarascáil ó EPA i mí an Mheithimh 2023 go bhfuiltear ag tuar go dtitfidh astaíochtaí san earnáil chónaithe go 3.7 $MtCO_2eq$ faoi 2030 le cur chun feidhme iomlán an phlean gníomhaithe ar son na haeráide 2023, rud lena gcomhlíonfar an sprioc.

**8.50** Luaigh SEAI go ndéantar pleananna gníomhaithe ar son na haeráide a fhorbairt ar bhonn bliantúil chun bealaí a shainiú chun na spriocanna maidir le huasteorainneacha astaíochtaí earnála a bhaint amach agus go léiríonn na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean gníomhaithe ar son na haeráide bliantúil cineál dúshlánach éabhlóideach an aistir chuig an dícharbónú. Gach bliain, déantar gníomhartha a fhoirmliú agus/nó a choigeartú mar fhreagairt do thorthaí go dtí seo, d’acmhainn atá á tógáil, do thionscnaimh bheartais nua agus atá ag teacht chun cinn agus do mhothúcháin agus iompraíochtaí tomhaltóirí.

**8.51** Leagtar amach i bhFíor 8.9 sprioc náisiúnta 2030 agus an sprioc náisiúnta iarfheistithe, agus laghduithe réamh-mheasta SEAI ó scéimeanna cónaithe uile SEAI go dtí 2030. Léirítear sa mhéid sin gur rannchuidigh caiteachas le blianta beaga anuas ar scéimeanna cónaithe SEAI go han-bheag leis an laghdú riachtanach ar astaíochtaí, agus go soláthróidh sé níos lú ná leath an sprioclaghdaithe iomláin chónaithe de 3 $MtCO_2eq$ ar a laghad faoi 2030. Tá sé tugtha faoi deara ag an Roinn agus ag SEAI go bhfuiltear ag súil freisin go rannchuideoidh bearta eile le laghduithe ar astaíochtaí sa timpeallacht thógtha chónaithe, lena n-áirítear scéimeanna téimh ceantair agus athruithe ar iompraíocht tomhaltóirí.

1 Tábla 3.2, an plean gníomhaithe ar son na haeráide 2023.

**Fíor 8.9 Sprioclaghdú in astaíochtaí in earnáil na timpeallachta tógtha cónaithe agus an rannchuidiú arna dhéanamh ag cláir iarfheistithe cónaithe/pobail SEAI, 2019 go 2030**




Foinse: Sprioclaghduithe astaíochtaí ó thimpeallacht thógtha chónaithe – uasteorainneacha astaíochtaí earnála, Meán Fómhair 2022; Spriocanna laghdaithe astaíochtaí an phlean náisiúnta iarfheistithe – an plean gníomhaithe ar son na haeráide 2023, Tábla 14.5; Coigilteas astaíochtaí réamh-mheasta ó chláir SEAI – SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Leagtar amach in Iarscríbhinn 8A sonraí maidir le conas a dhéantar meastacháin a ríomh a mhéid a bhaineann leis an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo agus an scéim um thithe fuinnimh níos fearr. Ar na príomhchláir iarfheistithe cónaithe eile tá Ionaid Ilfhreastail agus an Scéim Grianphainéal Fótavoltach.

b Thug an Roinn dá haire go gcuirfidh bearta díreacha agus bearta indíreacha araon leis an sprioc sin.

### *Sprioc aschuir iarfheistithe*

**8.52** Áirítear sa phlean náisiúnta iarfheistithe sprioc chun iarfheistiú a dhéanamh ar choibhéis 500,000 teaghais go RFF de B2 nó a choibhéis atá barrmhaith ó thaobh costais de faoi 2030. Sprioc eatramhach is ea coibhéis 120,000 teaghais a iarfheistiú go B2 nó a choibhéis atá barrmhaith ó thaobh costais de faoi dheireadh 2025. Is é an aidhm go mbainfí an méid sin amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- iarfheistiú 83,000 teach go B2 nó a choibhéis atá barrmhaith ó thaobh costais de, agus[1]
- iarfheistiú 102,000 sa bhreis chun iad a thabhairt chuig rátáil RFF de B3 nó níos ísle, chun coigilteas fuinnimh a bhaint amach atá comhionann le hiarfheistiú 37,000 teach go leibhéal B2 nó go leibhéal atá barrmhaith ó thaobh costais de.

**8.53** Amhail ag deireadh 2022, tá 28% den sprioc B2 nó an sprioc atá barrmhaith ó thaobh costais de bainte amach ag SEAI (féach Fíor 8.10). Teastóidh méadú an-suntasach ar an leibhéal gníomhaíochta chun go mbainfidh SEAI amach an chuid eile de bheagnach 48,000 uasghrádú.

1 Déanfaidh SEAI 66,500 de na hiarfheistithe sin a sheachadadh faoi 2025.

**Fíor 8.10 Sprioc 2025 agus toradh iarbhír faoi dheireadh 2022 - iarfheistiú tithe go RFF de B2**




Foinse: An plean náisiúnta iarfheistithe, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**8.54** Foilsíonn SEAI tuarascálacha ráithiúla maidir leis an dul chun cinn i leith an phlean náisiúnta iarfheistithe a sheachadadh. Ina thuarascáil ó mhí an Mhárta 2023, tugann sé dá aire go mbeidh méadú suntasach sa seachadadh ag teastáil chun na spriocanna a bhaint amach. Luaigh an Roinn go bhfuil an cur chuige maidir le baint amach na spriocanna iarfheistithe leagtha amach sa phlean náisiúnta iarfheistithe agus gur lean an fás ar líon na n-uasghráduithe a chonacthas in 2022 isteach in 2023.

**8.55** Foilsíonn Roinn an Taoisigh tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir leis an bplean gníomhaíochta aeráide go rialta. Tugtar faoi deara sa tuarascáil is déanaí a foilsíodh i mí Iúil 2023, gur baineadh 28,661 iarfheistiú as an ETF de 500,000 iarfheistiú B2 faoi 2030, arb ionann é sin agus 6% den sprioc.[1]

### *Údaráis Áitiúla*

**8.56** Cé go bhfuil SEAI ainmnithe mar chomhlacht náisiúnta seachadta iarfheistithe, ní hé an sprioc chun tithe a iarfheistiú go RFF de B2 nó a choibhéis atá barrmhaith ó thaobh costais de an t-aon fhreagracht atá ar SEAI. Sonraítear sa phlean náisiúnta iarfheistithe go ndéanfar 36,500 teach údaráis áitiúil a iarfheistiú go B2 nó a choibhéis atá barrmhaith ó thaobh costais de faoi 2030.[2]

**8.57** Tá sé tugtha faoi deara ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil uasghrádú déanta ag údaráis áitiúla ar 75,000 teaghais le hiarfheistiú éadomhain ó 2013 i leith. Iarfheistithe éadoimhne a bhí i ngach uasghrádú údaráis áitiúil roimh 2021, agus mar sin níor bhain siad caighdeán B2 ná caighdeán coibhéiseach atá barrmhaith ó thaobh costais de amach. In 2021 agus in 2022, sholáthair na húdaráis áitiúla 3,321 iarfheistiú go caighdeán B2 nó go caighdeán coibhéiseach atá barrmhaith ó thaobh costais de. Is ionann é sin agus díreach os cionn 9% de líon iomlán na n-iarfheistithe ar aonaid tithíochta sóisialta is gá faoi 2030 faoin bplean gníomhaithe ar son na haeráide.

### *Príomhtháscairí feidhmíochta scéim SEAI*

**8.58** Tá plean leibhéal seirbhíse ar cheann de na sásraí a úsáidtear chun a chinntiú go bhfuil soiléireacht idir roinn maoinithe agus gníomhaireacht mhaoinithe maidir leis an méid atá le baint amach agus le cén buiséad atá á chur ar fáil chun na críche sin.

1 Rinneadh leasú ar an tuarascáil a foilsíodh ar dtús chun a thabhairt faoi deara nach n-áirítear sa 6% den sprioc a baineadh amach tionchar na n-iarfheistithe nach iarfheistithe B2 iad.

2 Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a stoic tithíochta tríd an gclár iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh.

**8.59** Comhaontaíonn an Roinn agus SEAI plean seirbhíse bliantúil. Ba é an plean a chuir SEAI faoi bhráid na Roinne i mí Feabhra 2022 an chéad cheann inar leagadh amach spriocanna ETF atá mionsonraithe agus sonrach don scéim (féach Fíor 8.11). Leagtar amach spriocanna aschuir ardleibhéil — i.e., spriocanna nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna — sna meastacháin bhliantúla don Vóta.

**Fíor 8.11 ETFanna le haghaidh scéimeanna iarfheistithe SEAI, 2022**

| Fuinneamh níos fearr, tithe níos teo | | |
|---|---|---|
| **Bearta** | **Sprioc** | **Toradh** |
| Líon na dtithe a iarfheistíodh go RFF de B3 nó níos lú | 4,500 | 4,118[a] |
| Líon na dtithe a iarfheistíodh go RFF de B2 | 300 | 146 |
| Laghdú ar astaíochtaí (kt$CO_2$eq) | 3.7 | **4.7** |
| Coigilteas fuinnimh (GWh) | 14.7 | **18.7** |
| **Tithe fuinnimh níos fearr** | | |
| **Bearta** | | |
| Líon na dtithe a iarfheistíodh go RFF de B3 nó níos lú | 9,570 | 9,457 |
| Líon na dtithe a iarfheistíodh go RFF de B2 | 2,580 | 2,349 |
| Laghdú ar astaíochtaí (kt$CO_2$eq) | 17.1 | 16.0 |
| Coigilteas fuinnimh (GWh) | 68.0 | 63.8 |

Foinse: Plean leibhéal seirbhíse 2022 agus SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a **Ceartaithe.** B'ionann an figiúr roimhe seo agus líon iomlán na n-uasghráduithe sa bhliain.

**8.60** Léiríonn comparáid idir na luachanna tuairiscithe don dá scéim go raibh an fheidhmíocht gar do na spriocluachanna nó níos fearr ná iad. Bhí cúig cinn de na hocht méadracht laistigh de 90% den sprioc, agus sáraíodh dhá sprioc. I gcás na ETFanna a chomhlíonadh (ar an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo), ríomhadh an toradh trí úsáid a bhaint as tuarascáil 2017 ar mheastacháin choigiltis innealtóireachta.

**8.61** Samhlaítear sna spriocanna a socraíodh in 2022 don dá scéim go dtabharfar formhór na dtithe iarfheistithe go leibhéal RFF de B3 nó níos lú — 94% i gcás iarfheistithe faoin scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo, agus 79% don scéim um thithe fuinnimh níos fearr. Luaigh an Roinn go léiríonn an méid sin nach bhfuil ceanglas ar cheachtar den dá scéim uasghráduithe B2 a sholáthar.

### *Faireachán a dhéanamh ar ETFanna agus meastóireacht ar éifeachtacht*

**8.62** Déantar faireachán ar ETFanna na scéime ar bhonn míosúil trí chruinnithe idir an Roinn agus SEAI. Cuireann SEAI tuarascálacha ar fáil don Roinn ina léirítear na spriocanna agus na haschuir. Áiríodh tosca a rabhthas ag súil go mbeadh tionchar acu ar fheidhmíocht na scéimeanna sna tuarascálacha míosúla a cuireadh isteach agus pléadh iad ag na cruinnithe míosúla. I roinnt cásanna, rinneadh bearta chun dul i ngleic leis na saincheisteanna. Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar na miontuairiscí agus, cé go ndearnadh tagairt amháin maidir leis an eolas is deireanaí ar na spriocanna, ní raibh aon mhionsonraí taifeadta ar dhul chun cinn iarbhír na spriocanna bliantúla. Luaigh an Roinn gur cheart miontuairiscí an chruinnithe a léamh in éineacht leis na tuarascálacha mionsonraithe ó SEAI ina leagtar amach an dul chun cinn i gcoibhneas le spriocanna. Ar a bharr sin, níor cuireadh aon doiciméadacht ar fáil ina dtugtar breac-chuntas ar nósanna imeachta, ar na bearta atá le déanamh nó ar cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le mainneachtain na spriocanna a chomhlíonadh, más ann dóibh.

**8.63** Chuir an Roinn fianaise ar fáil, áfach, ar raon dúshlán a sainaithníodh mar chuid den phróiseas seo agus ar na bearta a rinneadh chun dul i ngleic leo.

**8.64** Luaigh SEAI go bhféadfaí níos mó coigiltis astaíochtaí in aghaidh an euro a chaitear a bhaint amach trí mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chaiteachais, ach nach mbainfí amach na spriocanna aeráide fadtéarmacha d'aeráidneodracht faoi 2050 dá ndíreofaí ar sin amháin. Thug SEAI dá aire fianaise ó thuarascálacha amhail an *Staidéar Náisiúnta Teasa,* an tuarascáil *Fuinneamh in Éirinn* agus an anailís a cuireadh ar fáil chun tacú leis an bplean gníomhaithe ar son na haeráide 2023, lena dtugtar le fios go bhfuil gá le gach beart chun an sprioc fhadtéarmach (is é sin glanastaíochtaí nialasacha) a bhaint amach seachas díriú ar an ngearrthéarma amháin.[1]

**8.65** Luaigh an Roinn go ndéanann sí faireachán ar éifeachtacht an chaiteachais ar na scéimeanna seo ar bhonn leanúnach trí thuarascálacha agus cruinnithe feidhmíochta míosúla. Thug an Roinn le fios freisin go ndearna Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe dhá athbhreithniú sheachtracha:

- Measúnú tionchair shóisialta – pleananna SEAI ina ndírítear ar bhochtaineacht fuinnimh
- Scéimeanna deontais d'éifeachtúlacht fuinnimh: Tithe fuinnimh níos fearr agus pobail fuinnimh níos fearr.

**8.66** Thairis sin, luaigh an Roinn gur cinneadh gur i measc na mbeart is cost-éifeachtaí iad tithe a iarfheistiú agus teaschaidéil a shuiteáil chun astaíochtaí a laghdú agus go ndéanfar faireachán níos ginearálta ar raon beart a ligeann don Roinn éifeachtacht a mheas.

### *Teorainneacha na sonraí atá ar fáil*

**8.67** Leis an scrúdú, tugadh faoi deara roinnt teorainneacha leis na sonraí arna ngabháil agus arna soláthar ag SEAI, rud a d'fhág nach bhféadfaí tabhairt faoi chineálacha áirithe anailíse chun tionchar na mbeart éagsúil iarfheistithe ar an laghdú ar ídiú fuinnimh, ar astaíochtaí agus ar choigilteas costais féideartha a chainníochtú.

1 Tá an *Staidéar Náisiúnta Teasa* ar fáil anseo agus tá an tuarascáil *Fuinneamh in Éirinn* ar fáil anseo.

**8.68** Cé go gcuirtear mionsonraí faoi shonraíochtaí agus faoi chostais in aghaidh an bhirt ar fáil do SEAI le linn an phróisis iarratais ar dheontas don dá scéim, ní fhaightear iad ar a bhunachar sonraí inmheánach. Ina theannta sin, ní fhaightear aon fhaisnéis maidir le tionchar ná cáilíocht na mbeart. Mar shampla, is féidir le tiús éagsúla a bheith ag insliú balla le líneáil thirim, rud a imríonn tionchar ar chaillteanas teasa ó theach. Trí thiús an inslithe (20 mm, 100 mm, etc.) a thaifeadadh, d'fhéadfaí anailís níos fearr a dhéanamh ar an gcoigilteas fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar na laghduithe astaíochtaí a bhaineann leis an tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil.

## Conclúidí agus moltaí

**8.69** San Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, rinneadh foráil d'fhorbairt uasteorainneacha astaíochtaí earnála agus do thabhairt isteach buiséid charbóin. Tá Éire tiomanta do sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% (ó bhonnlíne 2018) faoi 2030. De bharr an mhéid sin, beidh laghduithe i ngach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear an earnáil chónaithe, ag teastáil. Tá sprioc leagtha síos maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil chónaithe a laghdú faoi 40% faoi 2030, in ainneoin an mhéadaithe ar líon na n-áitreabh a mheastar a tharlóidh thar an tréimhse chéanna. Bainfear an sprioc sin amach trí raon leathan gníomhartha agus idirghabhálacha, lena n-áirítear caighdeáin arda éifeachtúlachta fuinnimh a fhorfheidhmiú d'aonaid chónaithe nua, agus iarfheistiú an stoic tithíochta atá ann cheana féin.

### *Éifeachtúlacht fuinnimh réadmhaoine cónaithe a thomhas*

**8.70** Leis an gcóras RFF, soláthraítear tomhas úsáideach le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh aonair, cé nach ndéanann sé tomhas ar an bhfuinneamh iarbhír a úsáidtear. D'fhéadfadh sé go soláthraíonn sé tomhas ábhartha agus iontaofa ar éifeachtúlacht fuinnimh an stoic tithíochta ina iomláine, agus ar an gcaoi a bhfuil sé ag athrú le himeacht ama. Cuireann sé tomhas úsáideach ar fáil freisin faoi thionchar na n-idirghabhálacha iarfheistithe ar réadmhaoine aonair.

**8.71** Tríd is tríd, níl an stoc tithíochta reatha tíosach ar fhuinneamh. Ag deireadh 2022, ní raibh rátáil chuí éifeachtúlachta fuinnimh (RFF) ag ach 39% den stoc tithíochta agus astu sin, bhí scóir B2 nó níos airde ag níos lú ná ceann amháin as gach cúig theaghais.

### *Maoiniú le haghaidh uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh*

**8.72** Sa tréimhse deich mbliana go dtí deireadh 2022, chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn) maoiniú de thart ar €1.2 billiún ar fáil do chláir fuinnimh inbhuanaithe. Cuireadh formhór an mhaoinithe sin — €1.1 billiún — ar fáil do SEAI le haghaidh a chuid clár.

**8.73** Chomh fada le deireadh 2022, b'ionann luach iomlán an chaiteachais ar dhá scéim — an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo, agus an scéim um thithe fuinnimh níos fearr — agus €538 billiún, nó beagnach leath chaiteachas SEAI ar chláir fuinnimh inbhuanaithe le linn na tréimhse a ndearnadh athbhreithniú uirthi. Úsáideadh é sin den chuid is mó i gcás obair iarfheistithe 'éadomhain' a raibh tionchar teoranta aici ar éifeachtúlacht fuinnimh na réadmhaoine a bhí i gceist.

**8.74** Leis an scéim um thithe fuinnimh níos fearr agus níos teo, tacaítear le huasghrádú éifeachtúlacht fuinnimh na dtithe dóibh siúd atá thíos le bochtaineacht fuinnimh. Tá oibreacha feabhsúcháin a ceadaíodh faoin scéim maoinithe go hiomlán ag deontais. B'ionann na deontais ar oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh agus €306 mhilliún idir 2013 agus 2022 i leith 55,000 cás.

**8.75** Cuireann an scéim um thithe fuinnimh níos fearr deontais luacha sheasta ar fáil d'úinéirí tí chun iad a dhreasú chun éifeachtúlacht fuinnimh a dtí a mhéadú. Le linn na tréimhse 2013 – 2022, eisíodh tuairim is 130,000 deontas dar luach €176 mhilliún.

**8.76** Rinneadh bearta suntasacha chun leibhéal na n-idirghabhálacha iarfheistithe a dhéantar i gcásanna a fhaigheann maoiniú deontais a dhoimhniú, chun tionchar níos mó ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Chuir an méid sin le méadú suntasach i meánleibhéal an chaiteachais in aghaidh an cháis.

### *Cigireachtaí faoi na scéimeanna*

**8.77** Mar bheart rialaithe cáilíochta, ceanglas de chuid na scéimeanna iarfheistithe is ea go gcaithfidh conraitheoir atá faighte ag SEAI don scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo agus conraitheoir cláraithe don scéim um thithe fuinnimh níos fearr na hoibreacha a fhaigheann tacaíocht airgeadais a dhéanamh.

**8.78** Déanann SEAI cigireachtaí ar iarfheistiú a dhéanann conraitheoirí faoi na scéimeanna. Bliain i ndiaidh bliana, luainigh an ráta cigireachta — idir 29% agus 49% de chásanna maoinithe ar an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo, agus idir 15% agus 26% ar an scéim um thithe fuinnimh níos fearr. Go ginearálta, roghnaíodh cásanna lena n-iniúchadh ar bhonn spriocdhírithe, e.g., bunaithe ar thosca riosca.

**8.79** Baineann an scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo úsáid as conraitheoirí a fhaigheann a gcuid seirbhísí ó SEAI. In 2022, rinneadh cigireacht ar 41%[1] de na cásanna a maoiníodh, agus fuarthas amach go raibh an obair sásúil i 45% de na cásanna a scrúdaíodh. I ndiaidh ceartúcháin, fuarthas amach gur réitíodh beagnach gach cás.

**8.80** Ar an scéim um thithe fuinnimh níos fearr, ina dtiteann formhór na gcostas ar úinéirí tí, níor éirigh le cion ard de theagmhais den saghas céanna sa chigireacht. Bunaithe ar ráta cigireachta de 18% de chásanna in 2022, níorbh ionann an ráta pas ach agus 54%. I ndiaidh oibreacha ceartúcháin, méadaíodh an ráta pas go 95% (go dtí seo) agus níl na hathoibreacha go léir críochnaithe go fóill.

**8.81** Tugtar le fios i bpatrún teipe na n-oibreacha iarfheistithe go bhféadfadh go mbeadh gá le ráta cigireachta níos airde do na scéimeanna seo, agus go háirithe don scéim um thithe fuinnimh níos fearr. D'fhéadfadh cásanna deontais nach ndéantar cigireacht orthu a bheith i mbaol obair neamhchomhlíontach freisin, rud a bhféadfadh nach mbeadh úinéirí tí — ná measúnóirí RFF fiú — in ann iad a shainaithint.

1 **Figiúr ceartaithe**. Ba é 39% an ráta cigireachta a luadh roimhe seo. Féach Fíor 8.7.

**Moladh 8.1**

Ba cheart do SEAI a chleachtas cigireachta a athbhreithniú. I dteannta an roghnaithe reatha rioscabhunaithe ar chásanna lena n-iniúchadh, ba cheart clár cigireachta de chásanna a roghnaíodh go randamach a mheas. Ba cheart clár aiseolais struchtúrtha ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chigireachtaí a fhorbairt, chun eolas níos fearr a thabhairt do chonraitheoirí, do mheasúnóirí RFF agus d'úinéirí tí maidir le cáilíocht na n-oibreacha a theastaíonn, agus cathain ba cheart athobair a bheith ag teastáil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta (SEAI)**

Comhaontaítear. Glacann SEAI leis an moladh chun an tsampláil randamach a mhéadú. Déanfaidh SEAI athbhreithniú ar a chuid cleachtas cigireachta de réir mar a fhásann na scéimeanna ó thaobh doimhneachta agus raon feidhme de. Tá feidhm bainistithe cáilíochta nua bunaithe ag SEAI le déanaí freisin. Leis sin, éascófar aiseolas níos struchtúrtha do chonraitheoirí agus feabhsú leanúnach.

**Amlíne don chur chun feidhme**

2023-2024

### *Éifeachtúlacht na scéimeanna*

**8.82** Chomh maith le cuidiú leo siúd atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, is iad na haschuir bheartaithe ón dá scéim iarfheistithe chónaithe ná astaíochtaí laghdaithe gás ceaptha teasa agus coigilteas ar thomhaltas fuinnimh. Tá siad sin mar chuid de chóras bainistithe agus tuairiscithe feidhmíochta SEAI. Tá an cur chuige sin ar aon dul leis na roghanna atá ceadaithe faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh.

**8.83** Faoi láthair, déantar meastacháin ar na torthaí a ríomh trí úsáid a bhaint as toimhdí atá bunaithe ar sheanfhoinsí sonraí nár tugadh cothrom le dáta ó tugadh isteach iad den chéad uair — don scéim um thithe fuinnimh níos fearr, tharla sé sin deich mbliana ó shin agus, don scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo, tharla sé sin sé bliana ó shin. Cé go bhféadfadh na toimhdí a bheith bailí fós, cuireann an easpa tástála tréimhsiúla ar a mbonn amhras faoi iontaofacht na meastachán aschuir.

**Moladh 8.2**

Ba cheart don Roinn agus do SEAI athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh go tréimhsiúil (gach trí bliana ar a laghad) ar na teicnící meastacháin agus na bunachair sonraí a úsáideann siad chun coigilteas tomhaltais fuinnimh agus laghduithe astaíochtaí atá inchurtha i leith na scéimeanna iarfheistithe tí a ríomh.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta (SEAI)**

Comhaontaítear. Glacann SEAI leis an moladh sin agus déanfaidh sé próiseas athbhreithnithe fhoirmiúil ar na teicnící meastacháin agus na bunachair shonraí a úsáidtear chun coigilteas tomhaltais fuinnimh agus laghduithe astaíochtaí atá inchurtha i leith na scéimeanna iarfheistithe tí a ríomh.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta (an Roinn)**

Comhaontaítear. Glacann an Roinn leis an moladh sin agus rachaidh sí i mbun oibre le SEAI i ndáil leis sin.

**Amlíne don chur chun feidhme**

2024 agus leanfar le trí thimthriall bhliantúla ón bpointe sin ar aghaidh.

**8.84** Is féidir an laghdú iarbhír ar ídiú fuinnimh a shuíomh trí úsáid a bhaint as sonraí a thaispeánann an tomhaltas fuinnimh bliantúil roimh iarfheistiú agus tar éis iarfheistithe. Tá na sonraí ar fáil do sholáthraithe fuinnimh ach níl siad ar fáil go fóill do SEAI. Le sonraí den sórt sin, d'éascófaí nuashonrú ar na meastacháin a úsáidtear agus dheimhneofaí toimhdí.

**Moladh 8.3**

Ba cheart don Roinn agus do SEAI leanúint leis an iniúchadh ar dheiseanna le haghaidh rochtain ar shonraí iarbhír ar ídiú fuinnimh agus le haghaidh na sonraí sin a úsáid ag leibhéal na réadmhaoine aonair, chun bonn eolais a chur lena thomhas ar thionchar iarfheistithe tithe.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta (SEAI)**

Comhaontaítear. Glacann SEAI leis an moladh seo agus leanfaidh sé d'iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna go léir le haghaidh rochtain ar shonraí iarbhír ar ídiú fuinnimh agus le haghaidh na sonraí sin a úsáid.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta (an Roinn)**

Comhaontaítear. Glacann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide leis an ngá chun leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh rochtain ar shonraí iarbhír ar ídiú fuinnimh agus le haghaidh na sonraí sin a úsáid.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Leanúnach.

### *Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht i gcomórtas le spriocanna*

**8.85** Chuir an Roinn agus SEAI plean leibhéil seirbhíse chun feidhme in 2022 a ullmhaíodh ar bhonn spriocanna agus buiséad — ag gníomhú dó mar phlean gnó comhaontaithe do SEAI go bunúsach. Is é plean 2022 an chéad cheann ina gcuirtear ar áireamh táscairí feidhmíochta mionsonraithe lena gcumasaítear measúnú níos doimhne ar fheidhmíocht do gach scéim.

**8.86** I gcás an dá scéim iarfheistithe chónaithe a ndearnadh athbhreithniú orthu don tuarascáil seo, athbhreithníodh an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis na spriocanna le haghaidh 2022. Bhí cúig bheart de na hocht mbeart laistigh de 90% den sprioc, agus sáraíodh dhá sprioc. I gcás an dá sprioc a baineadh amach, is é atá sna figiúirí toraidh a thuairiscítear ná meastacháin atá bunaithe ar thoimhdí agus ar shamhaltú, seachas ar luachanna tomhaiste.

**8.87** Tá teorainn leis an leibhéal dul chun cinn maidir le rátáil B2 a bhaint amach ó thithe a fhaigheann deontais le haghaidh iarfheistithe faoi na scéimeanna a breithníodh san athbhreithniú seo. Luaigh an Roinn nach ndíríonn go sonrach sna scéimeanna a breithníodh ar uasghráduithe B2 agus nach é laghdú astaíochtaí an t-aon chuspóir atá ag na scéimeanna.

**8.88** Tá sprioc ag SEAI chun tacú le hiarfheistiú 66,500 réadmhaoin chun RFF de B2 a bhaint amach faoi dheireadh 2025. Bhí beagán níos mó ná ceathrú den spriocleibhéal bainte amach aige faoi dheireadh 2022. Ag an ráta sin, níl sé soiléir conas a dhéanfaidh SEAI iarmhéid na n-iarfheistithe spriocdhírithe a sholáthar sna trí bliana 2023-2025 agus cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé amhlaidh.

**8.89** I dtuarascálacha ar an dul chun cinn ar an bplean gníomhaithe ar son na haeráide 2023 arna bhfoilsiú ag Roinn an Taoisigh, tugtar tuairisc ar an dul chun cinn i gcomórtas le spriocanna 2030, agus ní raibh ach 6% den sprioc B2 don bhliain 2030 bainte amach amhail mí Iúil 2023. (Ní áirítear leis sin an tionchar i dtéarmaí coigiltis fuinnimh atá ag iarfheistithe nach iarfheistithe B2 iad).

**8.90** Ó 2022 ar aghaidh, comhaontaíonn an Roinn agus SEAI ETFanna mionsonraithe agus áirítear iad mar chuid de phlean leibhéil seirbhíse SEAI. Luaigh an Roinn go ndéantar na spriocanna sin a athbhreithniú go míosúil mar chuid de chruinnithe ar dhul chun cinn idir an dá chomhlacht. Cuireann SEAI tuarascálacha míosúla ar fáil do na cruinnithe sin agus cuirtear tosca a bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar acu ar fheidhmíocht na scéimeanna ar áireamh sna tuarascálacha míosúla.

**8.91** Tugadh faoi deara na tosca a mbeadh tionchar acu ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach sna tuarascálacha míosúla agus sna miontuairiscí, chomh maith leis na bearta a rinneadh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Déantar tagairt amháin sna miontuairiscí don eolas is deireanaí ar spriocanna, ach ní raibh aon mhionsonraí taifeadta ar dhul chun cinn iarbhír na spriocanna bliantúla. Ar a bharr sin, níor cuireadh aon doiciméadacht ar fáil ina dtugtar breac-chuntas ar nósanna imeachta, ar na bearta atá le déanamh nó ar cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le mainneachtain na spriocanna a chomhlíonadh, más ann dóibh. Thug an Roinn faoi deara, áfach, gur pléadh dúshláin maidir le baint amach na spriocanna ar bhonn míosúil le SEAI.

## Iarscríbhinn 8A Ríomh thorthaí na scéime

### An scéim um fhuinneamh níos fearr, tithe níos teo - ríomhanna 2022

Tá coigilteas fuinnimh bunaithe ar mheastacháin innealtóireachta den choigilteas i gcás shonraí scéime 2017 arna ndéanamh ag comhairleoirí thar ceann SEAI. Rangaíodh na bearta a rinneadh a bheith éadomhain nó domhain. I measc na mbeart éadomhain bhí insliú áiléir amháin, insliú cuasbhalla amháin agus áiléir agus cuasbhalla, agus áiríodh le bearta doimhne uasghráduithe teasa agus insliú.

Tá coigilteas $CO_2$ bunaithe ar choigilteas iomlán fuinnimh sa scéim arna iolrú faoin bhfachtóir astaíochta. Is ionann fachtóir astaíochta agus comhéifeacht a chuireann síos ar an ráta ag a scaoileann gníomhaíocht/breosla ar leith gáis cheaptha teasa. Rinneadh nuashonrú ar an bhfachtóir $CO_2$ (ualaithe ag an bhfachtóir) i mí an Mhárta 2021 agus tá sé bunaithe ar réamh-mheastacháin náisiúnta fuinnimh 2020.

Agus caiteachas SEAI in aghaidh na saolré á ríomh, tá saolré 25 bliana glactha ag SEAI le haghaidh bearta cónaithe.

**Meánchoigilteas fuinnimh in aghaidh an tí**

An % de thithe ag a raibh bearta éadoimhne: **35%**[a] x coigilteas in aghaidh an tí ag a raibh éadoimhne: **3,867** kWh = **1,353** kWh

*agus*

An % de thithe ag a raibh bearta doimhne: **65%**[a] x coigilteas in aghaidh an tí ag a raibh bearta doimhne: **11,400** kWh = **7,410** kWh

= **8,763** kWh san iomlán (1,353 + 7,410) x sófhachtóir (**50**%) = **4,382** kWh

**Coigilteas measta fuinnimh**

Líon na dtithe a ndearnadh uasghrádú orthu: **4,264** x meánchoigilteas fuinnimh bliantúil in aghaidh an tí (kWh): **4,382** = 18,684,848 / 1,000,000 (le tabhairt chuig gigeavat-uair) = **18.684** GWh

**Coigilteas measta $CO_2$**

Coigilteas measta fuinnimh: **18.684** GWh (féach thuas) x **0.251:** Astaíochtaí $CO_2$ atá ualaithe ag an bhfachtóir = **4.6896** kt

**Caiteachas measta SEAI (saolré) in aghaidh an tona de $CO_2$ a sábháladh**

Caiteachas scéime SEAI 2022: **€92.7m** (seachas costais riaracháin) / **117,240** [**4.6896** (coigilteas measta $CO_2$) x **25** (tréimhse mheasta na n-oibreacha) x 1,000 (a athrú go cileathonna go tonna)] = **€791**

**Caiteachas measta SEAI sa bhliain in aghaidh an GWh a sábháladh**

Caiteachas scéime SEAI 2022: **€92.7m** (seachas costais riaracháin) / **18.684** GWh (féach thuas) = **€4.96 milliún**

Foinse: SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Baineann an scoilt 35% agus 65% le 2022 amháin, i.e., líon na dtithe a measadh go raibh toimhdí éadoimhne agus doimhne faoi seach acu, a athraíonn bliain ar bhliain.

b Áirítear i bhFíor 8.8 figiúirí slánaithe. Tá na figiúirí seo gan slánú chun críocha ríofa.

## An scéim um thithe fuinnimh níos fearr - ríomhanna 2022

Bhí an coigilteas sa ríomh thíos bunaithe ar anailís láimhdeachais ex-post a rinneadh in 2013 inar cuireadh úsáid fuinnimh i dtithe faighteora iarfheistithe i gcomparáid le grúpa rialaithe. B'ionann an coigilteas ón anailís sin agus 3,664 kWh in aghaidh an tí agus glacann SEAI anois coigilteas de 5,400 kWh (borradh 47%) in aghaidh an tí chun toimhdí níos doimhne a léiriú.

**Coigilteas measta fuinnimh**

Líon na dtithe a ndearnadh uasghrádú orthu: **11,806** x meánchoigilteas fuinnimh bliantúil in aghaidh an tí (kWh): **5,400** = 63,752,400/1,000,000 (le tabhairt chuig gigeavat-uair) = **63.8** GWh

**Coigilteas measta $CO_2$**

Coigilteas measta fuinnimh: **63.8** GWh (féach thuas) x **0.251:** Astaíochtaí $CO_2$ atá ualaithe ag an bhfachtóir = **16** kt

**Caiteachas measta SEAI (saolré) in aghaidh an tona de $CO_2$ a sábháladh**

Caiteachas scéime SEAI 2022: **€36.1m**[a] (seachas costais riaracháin) / **400,000** [**16** kt (coigilteas measta $CO_2$) x **25** (tréimhse mheasta na n-oibreacha) x 1,000 (a athrú go cileathonna go tonna)] = **€90.25**

**Caiteachas measta SEAI sa bhliain in aghaidh an GWh a sábháladh**

Caiteachas scéime SEAI 2022: **€36.1m**[a] (seachas costais riaracháin) / **63.8** GWh (féach thuas) = **€0.565m**

Foinse: SEAI. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ní áirítear ach caiteachas SEAI sa ríomh thuas agus ní áirítear ann caiteachas an úinéara tí.

# 9 Cibearshlándáil san earnáil phoiblí a mheasúnú

**9.1** Tagraíonn an téarma ‘cibearshlándáil’ don raon iomlán beart atá ceaptha chun córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chosaint chun rúndacht, sláine, barántúlacht agus infhaighteacht líonraí, gléasanna agus seirbhísí sonraí a áirithiú.

**9.2** Tá cibearshlándáil ríthábhachtach. Tá méadú ag teacht ar an méid sonraí atá á stóráil ag comhlachtaí poiblí agus tá feidhmeanna ríthábhachtacha á gcomhlíonadh ag an teicneolaíocht dhigiteach ar fud na seirbhísí poiblí. Ag an am céanna, tá raon méadaitheach de chibearbhagairtí ag comhlachtaí poiblí, agus mar atá léirithe ag an gcibirionsaí suntasach bogearraí éirice in aghaidh na seirbhísí sláinte in 2021, is féidir leis na teagmhais sin tionchar uafásach a bheith acu.[1]

**9.3** Tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn) freagrach as beartas cibearshlándála in Éirinn agus as freagairt éigeandála an rialtais ar aon teagmhais chibearshlándála ar an leibhéal náisiúnta a chomhordú. Comhlíonann an Roinn na freagrachtaí sin tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC).[2]

**9.4** I mí na Samhna 2021, d’fhoilsigh NCSC Caighdeáin Bonnlíne Cibearshlándála (CSBS) earnála poiblí ina leagtar amach na bearta ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí a chur chun feidhme chun a líonraí a dhaingniú.[3,4] Tá na caighdeáin ailínithe le creat Institiúid Náisiúnta Caighdeán agus Teicneolaíochta SAM (NIST) agus clúdaíonn siad cúig phríomhthéama (féach Fíor 9.1).[5]

**Fíor 9.1 Téamaí atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcreat um bearta cibearshlándála**

| Téama | Cur Síos |
|---|---|
| Sainaithin | Na struchtúir, na beartais agus na próisis a theastaíonn chun riosca cibearshlándála do chórais, do shócmhainní, do shonraí agus do chumais a bhainistiú a thuiscint. |
| Cosain | Bearta cibearshlándála cuí comhréireacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun seirbhísí agus córais riachtanacha eagraíochta a sholáthar agus a chosaint. |
| Braith | Cumais chuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun teagmhas cibearshlándála a d’fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí agus ar chórais riachtanacha a shainaithint agus a bhrath agus chun cosaint air. |
| Freagair | Gníomhaíochtaí cuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus iad curtha in ord tosaíochta trí phróiseas bainistíochta riosca na heagraíochta chun beart a dhéanamh chun na tionchair a bhaineann le teagmhas cibearshlándála a shrianadh agus a íoslaghdú. |
| Ghnóthaigh | Cumais chuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus iad curtha in ord tosaíochta trí phróiseas bainistíochta riosca na heagraíochta, chun seirbhísí riachtanacha a bhfuil tionchar ag teagmhais slándála orthu a athbhunú. |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Caighdeáin Bonnlíne Cibearshlándála Earnála Poiblí

1 Scrúdaíodh i gCaibidil 12 ‘Tionchar airgeadais an ionsaithe cibearshlándála’ den *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2021* tionchar an chibirionsaithe ar FSS agus ar chomhlachtaí eile.

2 Bunaíodh NCSC in 2011 de bhun chinneadh S180/20/10/481 ón Rialtas.

3 Sonraítear i mBeartas 8 den Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019 – 2024 go bhforbróidh NCSC caighdeán slándála bonnlíne a bheidh le cur i bhfeidhm ag gach roinn rialtais agus ag gach príomhghníomhaireacht.

4 Tá na caighdeáin bhonnlíne faoi réir athbhreithniú leanúnach. Rinneadh iad a athbhreithniú go deireanach i mí na Samhna 2022 chun soiléireacht cuid den insint reatha a fheabhsú.

5 Is é is creat cibearshlándála NIST ann ná creat a aithnítear go hidirnáisiúnta agus lena dtairgtear treoir dheonach atá bunaithe ar chaighdeáin, treoirlínte agus cleachtais atá ann cheana d’eagraíochtaí chun riosca cibearshlándála a bhainistiú agus a laghdú ar bhealach níos fearr. Foilsíodh an leagan is déanaí den chreat i mí Aibreáin 2018.

**9.5** Ina dhiaidh sin, i mí na Samhna 2022, d'fhoilsigh NCSC foirm féinmheasúnaithe um chaighdeáin bonnlíne cibearshlándála. Is seicliosta é an fhoirm (i bhformáid Excel) is féidir le comhlachtaí san earnáil phoiblí a úsáid go hinmheánach chun a staidiúir chibearshlándála a mheasúnú i gcoinne na gcaighdeán bonnlíne.[1]

**9.6** Rinneadh an scrúdú seo chun forbhreathnú a sholáthar ar an bhfoirm féinmheasúnaithe cibearshlándála a d'fhorbair agus a d'fhoilsigh NCSC agus chun roinnt den eispéireas úsáideora ina húsáid a chomhroinnt. Fuair an scrúdú cúnamh ó chomhairleoir a bhfuil taithí aige ar réimse na cibearshlándála chun saineolas teicniúil a sholáthar.

## Forbhreathnú ar fhoirm féinmheasúnaithe NCSC

**9.7** Déantar cur síos san fhoirm féinmheasúnaithe ar na rialuithe cibearshlándála a mbeifí ag súil leis go mbeadh siad i bhfeidhm ag eintiteas, i gcás inarb ábhartha dá oibríochtaí, faoi 43 chatagóir, agus iad roinnte thar na cúig phríomhthéama cibearshlándála (féach Iarscríbhinn 9A).[2] Éascaíonn an fhoirm an measúnú ar gach ceann de na 43 chatagóir i gcomparáid le ceithre bheart rialaithe – dearadh rialaithe, cur chun feidhme, éifeachtúlacht oibríochta agus athbhreithniú (féach Fíor 9.2).

### Fíor 9.2 Bearta rialaithe cibearshlándála

| Measúnú ar an mbeart rialaithe | Cur Síos |
|---|---|
| Córas bainistíochta beartas cibearshlándála, e.g., **cuspóirí dearaidh rialaithe** | Tá na cleachtais chearta agus na nósanna imeachta cearta i bhfeidhm lena áirithiú<br>▪ go dtugtar aghaidh ar na rioscaí ábhartha<br>▪ gur leor an raon feidhme<br>▪ nach féidir na rialuithe a sheachaint<br>▪ go gclúdaítear córais chearta agus próisis chearta |
| **Cur chun feidhme** | Maidir leis na rialuithe atá curtha chun feidhme,<br>▪ tá siad á n-oibriú ag daoine aonair cuí<br>▪ oibrítear iad ag an minicíocht leordhóthanach<br>▪ cumasaítear leo don oibreoir rialaithe rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa<br>▪ cumasaítear leo aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar shaincheisteanna a sainaithnítear |
| **Éifeachtúlacht oibríochta** | Leanann na rialuithe ag feidhmiú go héifeachtach agus<br>▪ tá siad fós bailí<br>▪ níor tháinig díghrádú orthu le himeacht ama<br>▪ níor tháinig méadú ar sháruithe rialaithe/neamhchomhlíonta |
| **Athbhreithniú ar rialuithe** | Déantar athbhreithniú rialta ar na rialuithe lena chinntiú go leanann siad ag baint amach na dtorthaí inmhianaithe |

Foinse: An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, Foirm féinmheasúnaithe na gCaighdeán Bonnlíne Cibearshlándála

1 Tá an fhoirm féinmheasúnaithe le fáil ag www.ncsc.gov.ie/guidance.

2 Roinntear cuid de na catagóirí tuilleadh ina bhfochatagóirí. Tá thart ar 100 fochatagóir san iomlán ann, thar na cúig théama.

**9.8** Chun bearnaí agus rioscaí cibearshlándála a shainaithint maidir le cibearshlándáil a éascú, sainmhínítear san fhoirm féinmheasúnaithe trí leibhéal measúnaithe atá bainte amach go hiomlán, a baineadh amach go páirteach nó nár baineadh amach do gach rialú cibearshlándála thar gach ceann de na bearta rialaithe. Sanntar scór do gach leibhéal (féach Fíor 9.3). Féadfaidh an scór foriomlán do gach ceann de na 43 chatagóir a bheith idir náid agus a ceathair de réir mar a chuirtear na ceithre mheasúnú ar bhearta rialaithe i bhFíor 9.2 i bhfeidhm ar gach ceann de na catagóirí agus déantar iad a scóráil ó náid go 1.

**Fíor 9.3 Measúnú ar rialuithe cibearshlándála**

| Leibhéal measúnaithe | Forbhreathnú ar an leibhéal rialaithe bainte amach | Scór |
|---|---|---|
| **Bainte amach go hiomlán** | Sainmhíníonn sé eagraíocht a bhaineann cur chun feidhme agus feidhmiú sraith chuimsitheach beartas agus cleachtas amach go hiomlán.<br>Tá sé i gceist go mbeadh gach táscaire dearfach i láthair de ghnáth chun tacú le measúnú ar 'bainte amach go hiomlán'.[a] | 1 |
| **Bainte amach go páirteach** | Sainmhíníonn sé eagraíocht a bhaineann cur chun feidhme agus feidhmiú sraith chuimsitheach beartas agus cleachtas amach go páirteach.<br>Tá sé tábhachtach freisin go bhfuil baint amach páirteach ag soláthar sochair chibearshlándála fhiúntacha ar leith.<br>Ba cheart measúnú 'bainte amach go páirteach' a léiriú go ndearnadh iarracht shuntasach chun sraith cleachtas agus nósanna imeachta a chur chun feidhme agus a fheidhmiú do gach fochatagóir ábhartha. | 0.5 |
| **Gan a bheith bainte amach** | Sainmhíníonn sé eagraíocht nach bhfuil ag baint amach cur chun feidhme agus oibriú sraith chuimsitheach beartas agus cleachtas.<br>Tá sé beartaithe gur leor aon táscaire amháin a bheith ann de ghnáth chun measúnú athbhreithnithe rialaithe 'gan a bheith bainte amach' a chosaint. | 0 |




Foinse: Foirm féinmheasúnaithe Caighdeán Bonnlíne Cibearshlándála, An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála

Nóta: a Tagraíonn gach táscaire dearfach do gach gné den rialú ábhartha a bheith i bhfeidhm.

**9.9** Is iad na daoine sin ar a bhfuil cúram rialachais orthu na daoine is fearr a chinnfidh an leibhéal cuí rialuithe agus cleachtas cibearshlándála d'eagraíocht. Ní mór na buntáistí a bhaineann le feidhmiú ar leibhéal níos airde a chothromú leis an gcostas méadaithe a bhaineann le haistriú go dtí an leibhéal sin.[1] Mar sin féin, níl sé cuí go mbeadh eagraíocht earnála poiblí ag feidhmiú ag an leibhéal 'gan a bheith bainte amach', ach amháin má measadh nach mbaineann an rialú le hábhar don eagraíocht.

**9.10** Tá sé ráite ag NCSC gur fhorbair sé an fhoirm chun críocha féinmheasúnaithe, agus mar sin meastar gur tacaíocht comhlíonta í seachas uirlis chun comhlíonadh a bhrú chun cinn.

**9.11** Fuarthas amach san athbhreithniú uainn go bhfuil an fhoirm ailínithe go maith leis na caighdeáin bonnlíne cibearshlándála. Áirítear léi ríomhanna torthaí táblaithe ar cheart go gcumasófaí leo tuairisciú éifeachtúil agus deaiseanna le haghaidh ceannaireacht éifeachtach do na comhlachtaí poiblí sin a úsáideann í mar a bheartaítear chun tacú le forbairt a réime slándála TFC. Tá na rátálacha simplí agus éasca le cur i bhfeidhm bunaithe ar na ceisteanna a cuireadh i láthair.

**9.12** Leis an uirlis measúnaithe, soláthraítear gnéithe úsáideacha lasmuigh den phríomh-scarbhileog féinmheasúnaithe Excel, lena n-áirítear

- scórchárta torthaí táblach agus painéal tuairiscithe achoimre
- bileoga oibre féinmheasúnaithe do gach ceann de na cúig théama bonnlíne, mar aon le treoir mhionsonraithe
- bileog oibre plean gníomhaíochta cheartaitheach, mar aon le rátálacha riosca agus rianú stádais
- miondealú staidrimh mionsonraithe ar thorthaí.

**9.13** Mar sin féin, ní luaitear doiciméadú ná taifeadadh sna ceisteanna samplacha a thugtar d'úsáideoirí chun cabhrú leo leibhéal aibíochta cibearshlándála a n-eagraíochta a mheas. In éagmais beartais agus nósanna imeachta iomlána agus láidre atá doiciméadaithe agus/nó taifeadta, is dócha go bhfuil roinnt rialuithe ag feidhmiú i dtimpeallacht ad hoc. D'fhéadfadh doiciméadú/taifeadadh tátal a bhaint as an bhfoirm féinmheasúnaithe ach bhainfeadh sé tairbhe as a lua go soiléir go mbeidh beartais agus nósanna imeachta atá doiciméadaithe/taifeadta ag córas maith bainistíochta a nuashonraítear de réir mar a thugtar isteach aon athruithe.

**9.14** Fuarthas amach san athbhreithniú seo freisin go bhfuil an fhoirm féinmheasúnaithe mionsonraithe agus fada, mar a bheifí ag súil leis. Mar sin féin, teastaíonn méid suntasach dua chun í a chur i gcrích agus is dócha go mbeidh gá le hiarracht chomhoibríoch laistigh d'aon eagraíocht chun an féinmheasúnú a dhéanamh.

## An t-eispéireas úsáideora i gcur i bhfeidhm na foirme féinmheasúnaithe

**9.15** Roghnaíodh an Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA) chun críche an scrúdaithe seo toisc go bhfuil baint aici le soláthar seirbhísí díreach agus ríthábhachtach do shaoránaigh. Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh aici ar a cibearshlándáil, agus d'fhostaigh a hAonad Measúnaithe agus Iniúchóireachta (EAU) soláthraí seirbhíse tríú páirtí go luath in 2022 chun measúnú a dhéanamh ar ullmhacht cibearshlándála DFA i gcomparáid le caighdeáin bhonnlíne NCSC — ní raibh uirlis féinmheasúnaithe NCSC ar fáil ag an am sin.[2] Chun críocha an scrúdaithe seo, d'aontaigh DFA freisin foirm féinmheasúnaithe NCSC a chomhlánú agus aiseolas a sholáthar maidir lena húsáid (féach Fíor 9.4).

1 Braitheann na buntáistí d'eagraíocht a bhaineann le feidhmiú ag leibhéal níos airde cibearshlándála ar a nádúr, ar a castacht agus ar a gníomhaíochtaí. Ba cheart d'eagraíocht a mheas cibé acu an mó nó nach mó na tairbhí ná na costais a bhaineann le feidhmiú ar an gcaighdeán is airde.

2 Chabhraigh an measúnú seo le DFA comhlánú a dhéanamh ar uirlis féinmheasúnaithe NCSC, faoi mar a a d'iarr an fhoireann scrúdaithe.

**9.16** Dúirt DFA gur cheart don eagraíocht féinmheasúnú a dhéanamh ar eagraíocht a úsáideann uirlis cosúil leis an bhfoirm féinmheasúnaithe, agus go ndéanfadh duine atá cáilithe go cuí tástáil ar na torthaí chun an luach is fearr a fháil ón gcleachtadh, chun a chinntiú go dtuigtear agus go dtugtar faoi deara i gceart rioscaí agus bearnaí agus chun an baol go dtarlódh torthaí dearfacha bréagacha/torthaí diúltacha bréagacha sa mheasúnú a sheachaint.

**9.17** Críochnaíodh an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí i Meán Fómhair 2022 agus chuimsigh sí cúig mholadh ardriosca, 33 mholadh meánriosca agus aon mholadh ísealriosca déag, a chlúdaigh go ginearálta na réimsí seo a leanas: beartais agus na nósanna imeachta; logáil agus monatóireacht; agus pleanáil leanúnachais gnó. D'fhorbair DFA plean forfheidhmithe mionsonraithe chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí.  Tá bord bainistíochta DFA ag formhaoirsiú an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme agus tuairiscíonn sé ar an dul chun cinn do choiste iniúchóireachta DFA.

**Fíor 9.4 An Roinn Gnóthaí Eachtracha — aiseolas ar úsáid na foirme féinmheasúnaithe[a]**

| Rialú | Cur Síos |
|---|---|
| **Maidir leis an bhfoirm féinmheasúnaithe** | ▪ Simplí<br>▪ Loighciúil<br>▪ Ailínithe le creat idirnáisiúnta cibearshlándála NIST |
| **Dúshláin** | ▪ Faisnéis íogair agus dearaí slándála a sheoladh chuig comhpháirtithe tacaíochta seachtracha — is féidir é a shárú trí níos mó léirithe ar an láthair, bailiú fianaise ar an láthair agus comhairliúcháin le príomhfhoireann theicniúil [b]<br>▪ Dúshlán a bhaineann le bogearraí oidhreachta agus amlínte athsholáthair chun roinnt príomhchaighdeáin a bhaint amach — rud a fhágann go bhfuil roinnt moltaí gan réiteach ar feadh tréimhsí fada<br>▪ Dúshlán maidir le torthaí caighdeánacha leanúnachais gnó – d'fhéadfadh go mbeadh an fhreagracht as moltaí a chur chun feidhme taobh amuigh den aonad TF<br>▪ Mar gheall ar roinnt forluí idir na caighdeáin bhonnlíne, nuair is féidir aghaidh a thabhairt ar thorthaí iolracha trí mholadh amháin a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbainfí amach roinnt caighdeán thar roinnt téamaí dá dteipfeadh ar thoradh mór amháin i gcaighdeán ar leith<br>▪ Éiríonn torthaí ó chur i bhfeidhm na foirme féinmheasúnaithe ina n-aschur an-rúnda — i bhfoirm dhoiciméadaithe de ghnáth — ar gá é a stóráil go cuí agus a chosaint agus rochtain air a shrianadh<br>▪ An dua a bhí i gceist leis an measúnú a chur i gcrích — dúirt DFA gur thóg sé thart ar dhá sheachtain chun an measúnú a chur i gcrích agus gur mhair an chéim tástála agus bailithe fianaise timpeall ceithre mhí |
| **Rud a d'oibrigh go maith** | ▪ Tá struchtúr na bhfoirmeacha ailínithe le creat cibearshlándála NIST ach tá sé deartha ag cuimhneamh ar chomhlachtaí poiblí, e.g., gan úsáid a bhaint as measúnú atá deartha d'eintitis phríobháideacha amháin<br>▪ Nuair atá an measúnú críochnaithe uair amháin, ceadaíonn sé sin an tírdhreach bonnlíne cibearshlándála a mhapáil, agus mar sin ba cheart go mbeadh sé éasca an cleachtadh a dhéanamh arís<br>▪ Cinntíonn cur chun feidhme chaighdeáin bhonnlíne NCSC go bunúsach go gcomhlíontar creat cibearshlándála NIST |
| **Ceachtanna a foghlaimíodh** | ▪ Ag tabhairt tomhas ó thráth ar leith, ba cheart é a úsáid chun bonnlíne a chruthú ar féidir é a thomhas ina haghaidh ina dhiaidh sin<br>▪ Níor cheart féachaint air mar thomhas ar fheidhmíocht TF<br>▪ Ba cheart bearnaí agus rioscaí a sainaithníodh a úsáid chun infheistíocht sa todhchaí nó aon ghníomhaíochtaí feidhmithe riachtanacha i bpleananna straitéise/gnó TFC a threorú<br>▪ Tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar aon chásanna dea-chleachtais agus ar a bhfuil á bhaint amach |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Nótaí: a Léiríonn an t-aiseolas freisin eispéireas DFA ón measúnú cibearshlándála a rinneadh in 2022.

b Baineann comhpháirtithe tacaíochta seachtracha le haon chomhlacht tríú páirtí a úsáideadh le linn an mheasúnaithe.

**9.18** Úsáideann NCSC forálacha na Treorach maidir le Slándáil na gCóras Gréasáin agus Faisnéise (NIS) faoi láthair chun an iarracht náisiúnta a chumadh chun bonneagar náisiúnta ríthábhachtach a chosaint.[1] I mí na Nollag 2022, foilsíodh Treoir athbhreithnithe — NIS 2.[2] Faoi Threoir NIS 2, tá ceanglas ar údarás inniúil náisiúnta seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha na Treorach I measc údaráis riaracháin phoiblí.

**9.19** Ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá chun Treoir NIS 2 a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoi lár mhí Dheireadh Fómhair 2024. Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil sé beartaithe aici ceadú an Rialtais a lorg do shamhail trasuímh NIS 2 le linn 2023.

## Conclúidí agus moltaí

**9.20** Is saincheist ríthábhachtach í an chibearshlándáil don chuid is mó de chomhlachtaí poiblí, atá ag brath níos mó ar TFC chun cabhrú le seirbhísí poiblí a sholáthar. Ní mór dóibh siúd atá freagrach as rialachas agus bainistiú comhlachtaí poiblí a bheith in ann dearbhú a thabhairt go poiblí do cháiníocóirí agus d’úsáideoirí seirbhísí go bhfuil ardleibhéal slándála TFC i bhfeidhm. Ní mór dearbhú poiblí den sórt sin a bhaint amach gan cúnamh a thabhairt do choirigh a d’fhéadfadh iarracht a dhéanamh leas a bhaint as laigí i gcórais comhlachtaí poiblí.

**9.21** Tá caighdeáin chibearshlándála foilsithe ag NCSC ina leagtar amach na bearta bonnlíne ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí a chur chun feidhme chun a líonraí a dhaingniú. D’fhoilsigh sé freisin seicliosta féinmheasúnaithe um chaighdeáin bonnlíne cibearshlándála chun cabhrú le comhlachtaí earnála poiblí a staidiúir chibearshlándála a mheas i gcomparáid leis na caighdeáin. Forbraíodh an fhoirm chun críocha féinmheasúnaithe seachas mar uirlis chun comhlíonadh a bhrú chun cinn.

**9.22** Tugtar le fios ónár n-athbhreithniú ar an ábhar treorach go bhfuil an fhoirm féinmheasúnaithe forbartha go maith agus cuimsitheach. Tá sí ailínithe go maith leis na caighdeáin bonnlíne cibearshlándála. Áirítear léi ríomhanna torthaí táblaithe ar cheart go gcumasófaí leo tuairisciú éifeachtúil agus deaiseanna le haghaidh ceannaireacht éifeachtach do na comhlachtaí poiblí sin a úsáideann í mar a bheartaítear chun tacú le forbairt a réime slándála TFC. Tá na rátálacha simplí agus éasca le cur i bhfeidhm bunaithe ar na ceisteanna a cuireadh i láthair.

**9.23** Tá an fhoirm féinmheasúnaithe mionsonraithe agus fada (mar a bheifí ag súil leis) agus teastaíonn méid suntasach dua agus comhoibrithe le hí a cur i gcrích. Bhainfí tairbhe as a lua go sainráite go mbeidh beartais agus nósanna imeachta atá doiciméadaithe/taifeadta ag córas maith bainistíochta TFC a nuashonraítear de réir mar a thugtar isteach aon athruithe.

**9.24** Chomhlánaigh an DFA an fhoirm féinmheasúnaithe agus fuarthas amach go raibh sí simplí agus loighciúil le húsáid. Cé gur shainaithin sí roinnt dúshlán leis an bpróiseas féinmheasúnaithe, lena n-áirítear an dua suntasach a bhain leis an measúnú a chríochnú, luaigh sí, nuair a bheidh an measúnú curtha i gcrích, rud lena n-éascaítear léarscáiliú an tírdhreacha cibearshlándála bonnlíne, gur cheart go mbeadh sé níos éasca é a dhéanamh arís. Mhol sí, tar éis an fhéinmheasúnaithe, gur cheart do dhuine neamhspleách cuí-cháilithe tástáil a dhéanamh ar thorthaí chun an luach is fearr a fháil ón gcleachtadh.

1 Ghlac AE Treoir (AE) 2016/1148 go foirmiúil i mí Iúil 2016 agus rinneadh í a thrasuí sa dlí náisiúnta i Meán Fómhair 2018 faoi I.R. 360 de 2018. Is é príomhchuspóir na Treorach a áirithiú go bhfuil comhleibhéal ard cibearshlándála ann ar fud na mBallstát.

2 Foilsíodh Treoir NIS 2 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar Threoir (AE) 2022/2555 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais.

**9.25** Tríd is tríd, is eiseamláir mhaith é an seicliosta féinmheasúnaithe do chomhlachtaí earnála poiblí chun measúnú a dhéanamh ar a gcleachtais agus a rialuithe cibearshlándála agus spreagtar na comhlachtaí sin chun an próiseas féinmheasúnaithe a chur isteach ina bpróisis athbhreithnithe cibearshlándála reatha. Tá scóip ann freisin do NCSC oibriú go dlúth le húsáideoirí na foirme féinmheasúnaithe go dtí go mbeidh sí leabaithe isteach i gcleachtais measúnaithe cibearshlándála na gcomhlachtaí earnála poiblí.

**Moladh 9.1**

Ba cheart do NCSC comhlíonadh Chaighdeáin Bonnlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí a chur chun cinn trí úsáid na foirme féinmheasúnaithe a chur chun cinn go gníomhach trí chumarsáid agus trí fhor-rochtain.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Comhaontaíonn NCSC leis an gcinneadh seo agus creideann sé go gcuirfidh comhlachtaí earnála poiblí go mór le slándáil sheirbhísí poiblí na hÉireann má ghlactar go forleathan leis na caighdeáin bonnlíne cibearshlándála (CSBS) go forleathan.

**Amlíne don chur i bhfeidhm**

Cuirfidh NCSC na caighdeáin bonnlíne cibearshlándála chun cinn i bhfeachtas beartaithe de chuid Mhí na Cibearshlándála i mí Dheireadh Fómhair 2023 i gcomhthéacs Threoir NIS 2 atá le teacht, rud lena gcuirtear údaráis riaracháin phoiblí faoi raon feidhme na rialála. Ina theannta sin, leanfaidh NCSC ar aghaidh ag ardú feasacht ar an treoir agus ar an uirlis féinmheasúnaithe ghaolmhar ina chuid imeachtaí poiblí agus príobháideacha ar bhonn leanúnach.

**Moladh 9.2**

Ba cheart do NCSC meicníocht aiseolais a thabhairt isteach trínar féidir le comhlachtaí poiblí comhroinnt a dhéanamh ar aon saincheisteanna nó dúshláin a shainaithnítear trí úsáid a bhaint as an bhfoirm féinmheasúnaithe ar féidir le NCSC aghaidh a thabhairt orthu i leaganacha amach anseo den fhoirm.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Comhaontaíonn NCSC go bhfuil aiseolas ó úsáideoirí a chuir an CSBS i bhfeidhm úsáideach chun feabhas leanúnach a chinntiú chun coinneáil ar an eolas faoi athruithe teicneolaíochta.

**Amlíne don chur i bhfeidhm**

Bunóidh NCSC bosca poist tiomnaithe agus tabharfaidh sé cuireadh d'úsáideoirí aiseolas a chur isteach ar a n-eispéireas i gcur chun feidhme an CSBS faoi R4 2023. Déanfaidh NCSC athbhreithniú agus nuashonrú (de réir mar is gá) ar an CSBS roimh R4 2024, á chinntiú go háirithe go bhfuil an treoir i gcomhréir leis na bearta um Bainistíocht Riosca Cibearshlándála atá leagtha amach i dTreoir NIS 2.

**9.26** Leagann Treoir NIS 2 raon ceanglas cibearshlándála ar eintitis agus ar earnálacha a chumhdaítear leis an Treoir, lena n-áirítear an ceanglas ar údarás inniúil náisiúnta a sheiceáil go gcomhlíonann an riarachán poiblí forálacha na Treorach.

**9.27** Go fóill, níl aon údarás den sórt sin ceaptha, cé gur luaigh NCSC go bhfuil na 'cinn bille' riachtanacha á ndréachtú ag an Roinn faoi láthair, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le hainmniú údaráis inniúil. Dúirt NCSC gurbh é an aidhm go mbeadh an reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt do Threoir NIS 2 a achtaíodh in 2024.

## Iarscríbhinn 9A Catagóirí cibearshlándála de réir téama




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Caighdeáin Bonnlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí

# 10 Bainistíocht eastáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**10.1** Tá punann eastáit luachmhar agus éagsúil de 85 cinn d'fhoirgnimh agus de cheapacha talún (1,724 heicteár) ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, suite ar fud an Stáit (féach Fíor 10.1).[1]

**10.2** Go ginearálta, bíonn talamh agus foirgnimh i seilbh ranna Rialtais agus comhlachtaí eile earnála poiblí chun cabhrú le seirbhísí poiblí a sholáthar agus chun rannchuidiú lena gcuspóirí straitéiseacha foriomlána a bhaint amach. Ba cheart an talamh ar fad agus na foirgnimh ar fad atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá faoi smacht roinne nó a bhfuil roinn i gceannas air nó orthu a chur ar áireamh i ráiteas na roinne sin faoin staid airgeadais.[2]

**10.3** Is príomhghné de chóras bainistíochta airgeadais maith é pleanáil éifeachtach maidir le sócmhainní a fháil, a chosaint, a úsáid, a choinneáil agus (nuair is cuí) a dhiúscairt.[3] Rinneadh an scrúdú seo lena fháil amach

- an mbainistíonn an Roinn a punann go gníomhach, ag súil le rioscaí gaolmhara agus á chinntiú go gcuireann cothabháil shásúil ar na réadmhaoine
- an dtugann an Roinn cuntas cruinn ar a punann réadmhaoine iomlán de réir na gnáthnósanna imeachta airgeadais poiblí agus treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

**10.4** Mar chuid den scrúdú, roghnaíodh sampla de 14 cinn d'fhoirgnimh agus de cheapacha talún (661 heicteár nó 38% de phunann na Roinne san iomlán) don athbhreithniú. Áirítear leis sin cuairteanna ar an láithreán ag an bhfoireann scrúdaithe.

**Fíor 10.1 Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáir atá rialaithe nó bainistithe ag an Roinn**




Foinse: Vóta 30 Cuntas Leithreasa Talmhaíochta, Bia agus Mara 2022

Nótaí: a Féach míreanna 10.24 agus 10.25 le haghaidh miondealú ar thailte agus foirgnimh eile.

b Bunaíodh Coimisiún Talún na hÉireann (CTÉ) sa bhliain 1881 mar chomhlacht socraithe cíosa agus forbraíodh é ina dhiaidh sin de réir dlí ina ghníomhaireacht ceannaigh ag tionóntaí. Díscaoileadh CTÉ sa bhliain 1999 mar thoradh ar fhorálacha an Achta um Choimisiún Talún na hÉireann (Díscaoileadh), 1992. Aistríodh talamh uile agus réadmhaoin eile CTÉ (seachas cearta iascaireachta agus iascaigh) chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

1 Tá talamh agus foirgnimh ag sé Ionad Iascaigh Cuain (IICanna) dílsithe don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá reachtaíocht á hullmhú faoi láthair chun feidhmeanna na IICanna a thabhairt le chéile leis an Roinn, agus tiocfaidh méadú suntasach ar shócmhainní na Roinne amach anseo dá bhrí sin. Féach Tuarascáil Speisialta 82 — *Bainistíocht Airgeadais agus Tuairiscithe le haghaidh Ionad Iascaigh Cuain*.

2 Foráiltear le Ciorclán 22/2022: *Ceanglais Cuntas Leithreasa 2022* (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe) gurb amhlaidh, áit ina bhfuil úinéireacht talún agus foirgneamh (a) dílsithe in Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) nó (b) dílsithe san Aire, ach rialaithe/bainistithe ag OOP, a chuirtear ar áireamh iad sna cuntais do OOP.

3 Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí, Rannán B.1.22, An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

## Bainistíocht eastáit

**10.5** Is sócmhainní luachmhara iad talamh agus foirgnimh agus caithfear iad a bhainistiú go héifeachtach. Ba cheart córas bainistíochta réadmhaoine éifeachtúil a bheith i bhfeidhm chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar shócmhainní den sórt sin, agus teastaíonn comhthiomsú agus cothabháil na sonraí bunúsacha maidir leis na sócmhainní ina leith sin (féach Fíor 10.2).

**Fíor 10.2 Bunriachtanais sonraí le haghaidh bainistíocht eastáit éifeachtach**

Ba cheart príomhshonraí faoi gach catagóir réadmhaoine atá faoi úinéireacht na Roinne a choinneáil i gcóras bainistíochta eastáit, amhail

- An láithreán díreach
- luach na réadmhaoine
- méid an láithreáin
- teideal bunúis úinéireachta
- na mionsonraí ar Chlárlann na Talún
- achar aon fhoirgnimh, cineál foirgnimh agus úsáid reatha
- mionsonraí faoi aois na bhfoirgneamh agus faoin mbail atá orthu
- na saoráidí atá ar fáil, lena n-áirítear cineál gach spáis/seomra
- mionsonraí faoi chláir oibreacha caipitil agus cothabhála atá críochnaithe, atá ar siúl agus/nó atá beartaithe
- sonraí bainistíochta saoráidí
- sceidil de shuirbhéanna láithreáin atá beartaithe agus curtha i gcrích
- mionsonraí faoi aon éasúintí nó oibleagáidí (e.g., móinchearta agus cearta féaraigh)[a]

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Is éard atá i gceist le móincheart ná an ceart móin chun agus smúdar portaigh a bhaint, a scaipeadh agus a thógáil ó láithreán áirithe nach bhfuil faoi úinéireacht shealbhóir an mhóinchirt.

**10.6** Níl córas bainistíochta eastáit láraithe i bhfeidhm ag an Roinn. Tá bainistíocht a punainne scaipthe thar roinnt rannóg laistigh den Roinn, ag brath ar chatagóir na réadmhaoine.

### *Bainistíocht riosca*

**10.7** Ba cheart rioscaí a bhaineann le punann réadmhaoine mór a shainaithint trí phróiseas measúnachta ina mbreithnítear an dóchúlacht go dtarlóidh eachtra agus a tionchar dóchúil. Ba cheart torthaí an phróisis sin a ghabháil go foirmiúil ar chlár rioscaí ba cheart bearta rialaithe a shannadh d’úinéir riosca cuí.

**10.8** Níl aon rioscaí a bhaineann go sonrach lena punann réadmhaoine ar chlár rioscaí na Roinne. Ní ghabhtar ann ach rioscaí a bhaineann le bainistíocht sócmhainní ginearálta agus le rialú rochtana fisiciúla. Seo a leanas na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis na réadmhaoine.

- Bainistíocht sócmhainní (ísealrátáil) — riosca go ndéanfaí mí-leithroinnt ar na sócmhainní atá in úsáid timpeall na Roinne nó nach ndiúscrófaí iad go cuí.
- Rialú rochtana fisiciúla (meánrátáil) — mura mbeadh bearta slándála cuí i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh rochtain fhisiciúil ag pearsanra neamhúdaraithe. Ní mór gach láithreán de chuid na Roinne a chosaint chun rochtain neamhúdaraithe a chosc.

**10.9** Maidir leis na rioscaí rialaithe rochtana fisiciúla ar chlár rioscaí na Roinne, tá siad ábhartha agus cuí d'fhoirgnimh atá á n-áitiú ag an Roinn. Ní théann siad i ngleic le rioscaí cúngaigh fhéideartha ná le húsáid neamhúdaraithe/neamhrialaithe foirgneamh neamháitithe nó talún neamháitithe.

**10.10** Luaigh an Roinn go bhfuil réadmhaoine ar leith ann, ar nós portach, atá neamhfhálaithe agus gan aon struchtúr fisiceach chun idirdhealú a dhéanamh idir ceapacha, ar ina leith a cheapann an Roinn nach féidir iad a chosaint go fisiciúil.

## Athbhreithniú ar shamplaí de thailte agus foirgnimh

**10.11** Roghnaíodh sampla de 14 cinn d'fhoirgnimh agus de cheapacha talún atá suite ar 12 láithreán ó liosta na Roinne maidir le cuairteanna scrúdaithe. Fuair an fhoireann scrúdaithe amach maidir le ceann de na láithreáin a roghnaíodh, atá liostaithe mar cheapach foraoise ar chlár sócmhainní na Roinne mar áit i nDarú, Co. Laoise, nach raibh an Roinn in ann mionsonraí an láithreáin a chur ar fáil. Ní raibh sé soiléir an raibh an cheapach sin ina ceapach a bhí faoi úinéireacht cheana féin agus ba cheart a bhaint ón gclár sócmhainní, nó an raibh láithreán faoi úinéireacht riamh ar an láithreán seo. Bhain an Roinn í sin óna clár sócmhainní ó shin.

**10.12** Dúirt an Roinn go ndearna sí athbhreithniú ar na ceapacha foraoise atá liostaithe ar a clár sócmhainní lena dheimhniú go bhfuil gach ceapach faoi úinéireacht ina n-iomláine. Déanfar stádas an láithreáin sin amach mar chuid den athbhreithniú seo.

**10.13** Léirítear i bhFíor 10.3 láithreán gach réadmhaoine atá faoi úinéireacht na Roinne, chomh maith leis na 13 cinn de thailte agus d'fhoirgnimh ag an 11 láithreán ar tugadh cuairt orthu mar chuid den scrúdú seo.

### *Clárúchán teidil*

**10.14** Tá sé éigeantach go gcláraíonn údarás stáit talamh a fhaightear i ndiaidh an 1 Eanáir 1967 le Clárlann na Talún.[1] Fuarthas amach sa scrúdú, maidir leis na 13 cinn d'fhoirgnimh agus de cheapacha talún,

- gur cláraíodh ocht gcinn i gceart
- nach bhfuil trí cheapach foraoise agus iarláithreán amháin de chuid Choimisiún na Talún taifeadta ar Chlárlann na Talún
- gur cláraíodh láithreán Choimisiún na Talún amháin i bpáirt — níl ach 1.61 heicteár as a 44.7 heicteár cláraithe.

1 An tAcht um Chlárú Teidil, 1964.

**Fíor 10.3 Láithreacha thailte agus fhoirgnimh na Roinne[a]**




Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Eochair léarscáile

- Tailte iar-Choimisiún na Talún
- Ceapacha foraoise
- Saotharlanna agus réadmhaoine eile
- Thug an fhoireann scrúdaithe cuairt ar láithreáin.

## Tailte iar-Choimisiún na Talún

**10.15** Is iad na tailte a fuair an Roinn le huacht ó iar-Choimisiún na Talún an chatagóir réadmhaoine is mó, agus í cothrom le 67% (1,155 heicteár) de phunann talún na Roinne faoi dheireadh na bliana 2022. Tá na tailte sin rangaithe mar thailte neamh-thalmhaíochta agus is tailte portaigh iad den chuid is mó.

**10.16** Nuair a díscaoileadh Coimisiún na Talún, ní raibh clár ar bith ar fáil maidir le tailte a bhí faoi úinéireacht na Roinne nó faoi bhainistiú an Choimisiúin. Thug an Roinn faoi chlár a chur le chéile agus shainaithin sí thart ar 2,660 heicteár de thalamh neamh-thalmhaíochta, ar diúscraíodh níos mó ná a leath ó shin i leith.

**10.17** Dúirt an Roinn go raibh sé ar intinn aici na tailte sin go léir a dhiúscairt. Tá an chuid is mó den talamh atá fágtha, áfach, faoi réir móinchearta a dháil iar-Choimisiún na Talún nó faoi réir cearta féaraigh, a fhágann nach bhfuil sé éasca déileáil leo.

**10.18** Is féidir le móinchearta a bheith

- bainteach (i.e., nasctha) le háit chónaithe áirithe a bhfuil ceart ag an úinéir móin a bhaint in áit áirithe di le haghaidh ídiú pearsanta an teaghlaigh, nó
- ar teachtadh i gcomhlán, áit a bhféadfaidh úinéir na ceapaí móin a bhaint chun críocha tráchtála.

**10.19** Luaigh an Roinn go bhfuil an dá chineál móinchirt leithroinnte ag iar-Choimisiún na Talún. Fuarthas amach sa scrúdú nach bhfuil clár sealbhóirí móinchirt ag an Roinn le haghaidh na réadmhaoine sin. Dá bhrí sin, níl a fhios aici cé leis an ceart rochtana ar na tailte sin, agus mar gheall air sin, níl rialú iomlán aici ar na sócmhainní sin. Ní dhéanann foireann na Roinne monatóireacht ar leibhéil na gníomhaíochta bainte móna ag láithreáin.

**10.20** Dúirt an Roinn nach raibh sé riamh mar bheartas ag iar-Choimisiún na Talún móinchearta agus cearta féaraigh a bhainistiú i ndiaidh leithroinnte/dílsithe. Dúirt sí chomh maith, áit ar leithroinn iar-Choimisiún na Talún móinchearta, go bhfuil taifead (i bhformáid pháipéir) aici, ag leibhéal comhaid eastáit, de na daoine ar leithroinneadh na cearta sin orthu ar dtús. Chuir an Roinn in iúl freisin nach bhfuil aon oibleagáid ar shealbhóirí móinchirt móin a bhaint.

**10.21** Bhí cúig láithreán ar thug an fhoireann scrúdaithe cuairt orthu ina láithreáin de chuid iar-Choimisiún na Talún. Bhí fianaise ann go ndearnadh móin a bhaint ar thrí cinn de na láithreáin sin — bhí conraitheoir tríú páirtí ag ceann amháin de na portaigh ar an láithreán ag baint móna le hinnealra speisialaithe ar lá na cuairte.

**10.22** Tá an láithreán is mó de chuid iar-Choimisiún na Talún suite i mBaile Uí Dhoinnléibhe i gContae Chiarraí (285 heicteár). Tugadh faoi deara le linn cuairt a thug an fhoireann scrúdaithe ar an láithreán

- gur limistéar suntasach de thalamh sléibhtiúil neamhiata é
- go n-oibríonn seachtar feirmeoirí ‘coimíneacht’ le móinchearta agus cearta féaraigh
- go bhfuil cuid den láithreán comhdhéanta de raon míleata, ach dúirt an Roinn nach bhfuil sé á úsáid le blianta beaga anuas ag Óglaigh na hÉireann
- go bhfuil cuid den láithreán comhdhéanta de limistéar faoi chaomhnú speisialta agus go bhfuil roinnt séadchomharthaí náisiúnta ar an talamh.

**10.23** Rinne an Roinn go leor iarrachtaí na tailte a dhiúscairt thar roinnt blianta, ach theip uirthi mar gheall ar easpa suime. Áiríodh leo sin iarrachtaí an talamh a aistriú chuig na feirmeoirí mar aon leis na cearta féaraigh, ach níorbh fhéidir leis na faighteoirí teacht ar chomhaontú maidir le roinnt na talún.

## Tailte agus foirgnimh eile

**10.24** Coinnítear talamh agus foirgnimh eile na Roinne ar chuspóirí éagsúla, agus áirítear leo sin tailte ag Bacastún (feirm Bhacastúin agus campas saotharlainne Bhacastúin) i gCo. Chill Dara — an réadmhaoin is mó de chuid na Roinne sa chatagóir seo, agus í cothrom le 150 heicteár.

**10.25** Áirítear leo chomh maith cúig shaotharlann tréidliachta réigiúnacha (i gContae Chorcaí, i gContae Chill Chainnigh, i gContae Luimnigh, i gContae Shligigh agus i gContae na hIarmhí); saotharlann tástála fola i gContae Chorcaí, saotharlann eolaíochta déiríochta i gContae Luimnigh, ionad tástála prátaí i gContae Dhún na nGall; coláistí Teagaisc i gContae na Gaillimhe agus i gContae Chill Chainnigh; agus Inis Sionnach i gCo. Chorcaí.

### *Tailte ag Bacastún*

**10.26** Tá campas saotharlainne Bhacastúin agus feirm Bhacastúin suite ar thailte faoi úinéireacht na Roinne. Déantar an campas saotharlainne agus na foirgnimh atá suite laistigh dá theorainneacha a bhainistiú ag OOP. Áirítear leis na foirgnimh sin Coimpléasc Lárnach Saotharlainne na Roinne agus foirgneamh riaracháin ina n-oibríonn baill foirne na Roinne.

**10.27** Tá spás sa champas seo chomh maith don tSaotharlann Stáit, do shaotharlann fhóiréinseach nua (saoráid de chuid na Roinne Dlí agus Cirt), saoráid seirbhísí comhroinnte agus naíolainne. Cuireadh an foirgneamh saotharlainne fóiréinsí nua i gcrích le déanaí agus tá ionad sonraí earnála poiblí seirbhísí comhroinnte á thógáil faoi láthair ar an gcampas.

#### Feirm Bhacastúin

**10.28** Oibríonn an Roinn feirm Bhacastúin agus tá oifigí agus foirgnimh feirme ar áireamh inti. Shainaithin an fhoireann scrúdaithe teach feirme Seoirseach (thart ar 235 mhéadar chearnacha) le linn na cuairte ar an láithreán agus fuair sí nach raibh taifead déanta de ar chlár sócmhainní na Roinne ná ar chlár sócmhainní OOP.

**10.29** Dúirt an Roinn go bhfuil maor na feirme ina chónaí sa teach feirme Seoirseach, agus chuir sí in iúl nach bhfuil aon chomhaontú tionóntachta i bhfeidhm mar tá sé riachtanach sa phost go mbíonn maor na feirme ina chónaí ar an bhfeirm. Dúirt an Roinn chomh maith gur cuireadh ar chlár sócmhainní na Roinne é.

#### Cotáiste Steach Cuimne

**10.30** Tá Cotáiste Steach Cuimne suite ar na tailte ag Bacastún (in aice le feirm Bhacastúin) agus tá sé faoi úinéireacht na Roinne ó thart ar an mbliain 1961 i leith. Bhíodh oibrí feirme agus a theaghlach ina chónaí ann roimhe sin, agus ina dhiaidh sin bhíodh a bhaintreach ina cónaí ann go dtí 2011.

**10.31** Tá comhaontú tionóntachta dlíthiúil — atá i bhfeidhm ó bhí an bhliain 2011 ann — ag an Roinn chun an réadmhaoin a ligean ar cíos do bhall foirne ar chostas cíosa bhliantúil ainmniúil €104 chun maolú a dhéanamh ar an réadmhaoin a fhágáil folamh ar feadh tréimhsí fada agus chun an réadmhaoin a sheachaint ó bheith tréigthe. Níor tháinig an scrúdú ar aon chuspóir ná beartas gnó soiléir atá i bhfeidhm maidir le húsáid an chotáiste. Dúirt an Roinn gur úsáideadh an cotáiste chun lóistín comhroinnte sealadach a chur ar fáil do bhaill foirne ar bhonn neamhfhoirmiúil ad hoc.

**10.32** Tá togra á fhorbairt ag an Roinn faoi láthair lena dtabharfar tús áite do rochtain d'eolaithe ar cuairt chun tacú le comhoibriú idir-shaotharlainne lena leithéidí i dTuaisceart Éireann agus le ballstáit eile d'AE eile. Is éard a bheidh i gceist leis an togra sin ná athrú agus athchóiriú a dhéanamh ar an réadmhaoin chun í a dhéanamh níos oiriúnaí le húsáid mar lóistín sealadach gearrthréimhseach d'eolaithe ar cuairt agus creideann an Roinn go n-éascóidh an togra rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhoibriú Thuaidh-Theas agus i ngníomhaíochtaí comhoibríocha AE.

### *Saotharlanna tréidliachta réigiúnacha*

**10.33** Áirítear cúig shaotharlann tréidliachta réigiúnacha ar chlár sócmhainní na Roinne. Le linn cuairt ar shaotharlann tréidliachta réigiúnacha, fuair an fhoireann scrúdaithe eallach ar le feirmeoir áitiúil é ar fhéarach ar chuid de thalamh na Roinne. Ní raibh comhaontú foirmiúil i bhfeidhm maidir le cearta féaraigh agus ní raibh ioncam gaolmhar ann ach oiread.

**10.34** Dúirt an Roinn gur comhaontú ad hoc é sin atá i bhfeidhm le 20 bliain anuas ar a laghad, agus téann sé chun tairbhe don dá thaobh ós rud é go ndéantar cothabháil ar a ngort gan costas breise. Ní mheasann sí go bhfuil riosca éilimh ná teideal i leith cearta féaraigh ann. Dúirt an Roinn gurb amhlaidh, mar gheall go bhfuil sé in am athfhorbairt a dhéanamh ar an láithreán, atá sé ar intinn aici deireadh a chur leis an gcomhaontú le húinéir an eallaigh. Tabharfar dóthain ama, áfach, d'úinéir an eallaigh socrúcháin mhalartacha a dhéanamh do na hainmhithe.

### *Ionad tástála prátaí*

**10.35** Tá ionad tástála prátaí na Roinne suite ag Tops Farm, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall, agus tá sé i bhfeidhm ó bhí an bhliain 1988 ann. Is í príomhfheidhm an ionaid síol miontiúbair réamhbhunúsach a tháirgeadh do rannpháirtithe i scéim deimhnithe prátaí síl na Roinne.[1] Úsáideann an t-ionad an talamh le haghaidh pórú prátaí, tithe gloine, polatholláin agus saotharlann tástála víris. Fuarthas amach le linn cuairt ón bhfoireann scrúdaithe ar an ionad go bhfuil dea-bhail ar an ionad agus go ndearnadh infheistíocht shuntasach (thart ar €212,500, CBL san áireamh) ar theach gloine sa bhliain 2022.

## Ceapacha foraoise

**10.36** Ó bhí 1989 ann, tá gníomhaíochtaí foraoise á ndéanamh ag Coillte, comhlacht Stáit tráchtála, a dhéanadh an Roinn roimhe sin.[2] Ag an am sin, aistríodh 396,000 heicteár d'fhoraois chuig Coillte. Choinnigh an Roinn 1,660 heicteár (202 réadmhaoin). Go luath sna 1990í, fuarthas amach i meastóireacht ar na réadmhaoine coinnithe gurbh amhlaidh, maidir le roinnt mhaith díobh, nach raibh luach athdhíolta réadúil acu, a bhí siad straitéiseach d'eastát foraoise Choillte nó a raibh leas caomhantais acu.

**10.37** Sa bhliain 1993, chomhaontaigh an Aire le 134 réadmhaoin (833 heicteár) a aistriú chuig Coillte agus 12 réadmhaoin (450 heicteár) a aistriú chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Dúirt an Roinn gur aistríodh roinnt réadmhaoine chuig Coillte le linn na mblianta idir an dá linn, ach bhí moill ar na haistrithe mar gheall ar fhadhbanna teidil agus dlí. I gcomhréir le Coillte, forbraíodh sásra chun na tailte a aistriú chuig Coillte sa bhliain 2015 agus cuireadh tús le haistriú na réadmhaoine a bhí fágtha.

**10.38** Dúirt Coillte go dtuigeann sé gur tugadh rialú agus seilbh éifeachtach na 134 réadmhaoin do Choillte le héifeacht ón mbliain 1993, agus teideal dlíthiúil le haistriú ina dhiaidh sin. Ar an gcúis sin, rinne Coillte taifead ar na ceapacha foraoise sin mar chuid dá fhardal foraoise agus tá sé freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar na ceapacha sin go leanúnach ón mbliain 1993 i leith.

**10.39** Tá 33 cheapach foraoise (7% de phunann reatha na Roinne) ann a fhanann ar an taifead ar chlár sócmhainní na Roinne. Thug an fhoireann scrúdaithe cuairt ar thrí cheapach foraoise agus baill foirne Choillte in éineacht léi. Maidir leis na trí cheapach foraoise ar fad, ní raibh baill foirne Choillte ar an eolas go raibh na láithreáin faoi úinéireacht na Roinne, mar bhí siad á mbainistiú agus á rialú go hiomlán ag Coillte.

1 Cuireann an scéim deimhnithe síl deimhniú ar fáil don cheannaitheoir go bhfuil lipéad ceart ar an síol, go bhfuil sé ar ardchaighdeán agus go bhfuil sé saor ó mhórlotnaidí agus ó ghalair.

2 Bunaíodh Coillte faoin Acht Foraoiseachta, 1988, mar chuideachta príobháideach theoranta a bhí cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 1963-86, agus a bhí faoina réir.

**10.40** Fuarthas amach le linn cuairt ar cheapach foraoise in Áth na Sceire, a taifeadadh mar láithreán amháin ar chlár sócmhainní na Roinne, go raibh dhá láithreán ar leith ann — ceann amháin i mbaile fearainn Leacan agus an ceann eile i mbaile fearainn na Mainistreach. Déanann Coillte an láithreán i Leacain a bhainistiú agus a rialú agus déanann an Roinn an láithreán sa Mhainistir a bhainistiú agus a rialú. Bhí sé i gceist an láithreán sa Mhainistir a thabhairt chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, ach níor tharla sé sin go fóill.

## Cuntas a thabhairt i dtalamh agus i bhfoirgnimh

**10.41** Foráiltear leis na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh cuntais chuí a ullmhú gur cheart an talamh ar fad agus na foirgnimh ar fad atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá á rialú agus á mbainistiú ag an Roinn a chur ar áireamh i ráiteas na Roinne faoin staid airgeadais. Nuair is cuí, ba cheart bunús luacháil na talún agus na bhfoirgneamh a mhíniú i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta ar an gcuntas leithreasa.[1]

**10.42** Ní dhearna an Roinn cinneadh ar luacháil na réadmhaoine éagsúla ina punann agus, dá bharr sin, ní dhéantar taifead orthu sin sa ráiteas faoin staid airgeadais. Ina ionad sin, cuirtear liosta réadmhaoine le cuntas leithreasa na Roinne.

**10.43** Dúirt an Roinn nach bhfuil sé i gceist lena polasaí cuntasaíochta, sa chuntas leithreasa, luach a chur ar réadmhaoine atá in úsáid chun a feidhmeanna straitéiseacha a sholáthar. Níl sé beartaithe na réadmhaoine sin a dhiúscairt. Dá mbeifí ag diúscairt ceann ar bith díobh, chuirfí an luacháil margaidh orthu nó, mar mhalairt air sin, gheofaí pionós cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

**10.44** Dúirt an Roinn chomh maith gurb amhlaidh, go stairiúil, a dhéantaí réadmhaoine Choimisiún na Talún a luacháil agus a dhíol ag praghas comhaontaithe ag am na leithroinnte. Bhí sé beartaithe na réadmhaoine a bhí fágtha, atá faoi úinéireacht na Roinne anois, a luacháil ag am na diúscartha.

### *Clár sócmhainní*

**10.45** Is príomhrialú bainistíochta airgeadais é clár sócmhainní lena gcumasaítear do chomhlachtaí poiblí luach a sócmhainní a rianú thar thréimhse ama agus lena gcinntítear nach ndéantar iad a chaillteanas ná a mhí-leithroinnt. I gclár sócmhainní na Roinne, taifeadtar sócmhainní aonair ar mó a luach ná €10,000 an ceann agus áirítear leis faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais le haghaidh gach sócmhainne. Déantar talamh agus foirgnimh na Roinne a thaifeadadh ar a clár sócmhainní le luach nialais.

**10.46** Mar chuid den scrúdú, cuireadh na tailte agus na foirgnimh a taifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne i gcomparáid leo siúd a taifeadadh ar chlár sócmhainní OOP. Fuarthas amach sa scrúdú go bhfuil taifead déanta de cheithre cinn de shaotharlanna agus de thailte na Roinne ag Feirm an Bhaile Fhada, Co. Chill Dara, ar chlár sócmhainní OOP, agus rinne OOP cinneadh ar luacháil ina leith (féach Fíor 10.4).

**10.47** Luaigh an Roinn go n-oibríonn agus go mbainistíonn sí na ceithre shaotharlann ar an láithreán atá faoi úinéireacht OOP agus is mar gheall air sin go bhfuil taifead déanta orthu ar a clár sócmhainní. Luaigh an Roinn agus OOP go leanfadh siad ar aghaidh le hidirchaidreamh a dhéanamh le chéile maidir le dúblálacha, d'fhonn a chinntiú nach mbeadh aon dúblálacha ann idir na heagraíochtaí amach anseo.

1 Foráiltear le Ciorclán 22/2022: *Ceanglais Cuntas Leithreasa 2022* (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe) gurb amhlaidh, áit ina bhfuil úinéireacht talún agus foirgneamh (a) dílsithe in Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) nó (b) dílsithe san Aire, ach rialaithe/bainistithe ag OOP, a chuirtear ar áireamh iad sna cuntais do OOP.

**Fíor 10.4 Cóipeanna de chlárúchán réadmhaoine sa Roinn agus in OOP araon**

| Cur síos | Luach[a] €000 |
|---|---:|
| Tailte agus foirgnimh ag an mBaile Fada | 23,792[b] |
| Saotharlann Tréidliachta Shligigh | 780 |
| Saotharlann Tréidliachta Chill Chainnigh | 668 |
| Saotharlann Tréidliachta Bhaile Átha Luain | 610 |
| Saotharlann Déiríochta Luimnigh | 315 |
| | **26,165** |

Foinse: Clár sócmhainní seasta OOP amhail an 31 Nollaig 2022

Nótaí: a Luacháiltear na sócmhainní seo ar a gcostas.

b Áirítear leis €7.1 milliún maidir le Feirm an Bhaile Fhada.

### *Breiseanna agus diúscairtí réadmhaoine le déanaí*

**10.48** Luadh sa scrúdú go dtagann athrú ó bhliain go bliain ar an liosta de réadmhaoine na Roinne a nochtar ina cuntas leithreasa. Taispeántar i mbreathnú siar thar thréimhse cúig bliana (2018 go 2022) ar bhreiseanna agus diúscairtí réadmhaoine na Roinne gur shainaithin an Roinn 24 cinn d'fhoirgnimh nó de cheapacha talún a raibh faoina húinéireacht nó faoina rialú agus ba cheart a bheith ar a chlár sócmhainní.

**10.49** Dúirt an Roinn gur gnách nach sainaithnítear láithreáin iar-Choimisiún na Talún ach amháin chun iad a chur ar áireamh sa chlár sócmhainní mar thoradh ar cheisteanna seachtracha ar chúrsaí ar nós teorainneacha, cearta bealaigh agus teideal dlíthiúil.

**10.50** Ba í an bhreis ba mhó sa tréimhse sin maidir le clár sócmhainní na Roinne ná talamh agus foirgnimh ag Feirm an Bhaile Fhada (féach Fíor 10.4). Cheannaigh OOP iad sin i mí na Nollag 2000, ar chostas thart ar €7.1 milliún. Ag teacht sna sála ar idirchaidreamh idir OOP agus an Roinn, cuireadh le clár sócmhainní na Roinne iad sa bhliain 2022 ar an mbonn go ndéantar an Roinn an fheirm a rialú agus a bhainistiú. Ar leithligh ón scrúdú sin, sainaithníodh san iniúchadh ar chuntas leithreasa 2022 go bhfuil baill foirne na Roinne ina gcónaí i bhfoirgnimh ag Feirm an Bhaile Fhada freisin.

**10.51** Thar an tréimhse chéanna (2018 go 2022), dhiúscair an Roinn 11 cheapach foraoise chuig Coillte.

## Conclúidí agus moltaí

### *Bainistíocht eastáit*

**10.52** Tá punann mhór tailte agus foirgneamh ar fud na hÉireann ag an Roinn. Áirítear leis sin réadmhaoine atá liostaithe in aguisín a ghabhann leis an Vóta do Thalmhaíocht, Bia agus Muir, agus talamh agus foirgnimh ag na hIonaid Iascaigh Cuain reachtúla. Níl córas bainistíochta eastáit láraithe i bhfeidhm ag an Roinn, áfach.

**10.53** Níl aon riosca a bhaineann lena punann réadmhaoine, ar nós riosca cúngaigh nó áitiú neamhrialaithe láithreáin ar chlár rioscaí na Roinne. Fuarthas amach i scrúdú ar shampla de réadmhaoine na Roinne earráidí suntasacha agus easnaimh shuntasacha i gclárúchán teidil. Chomh maith leis sin, maidir le ceapach foraoise liostaithe a roghnaíodh le haghaidh cuairte, fuarthas amach nach raibh sí ann.

**10.54** Fuarthas an chatagóir is mó réadmhaoine ata ag an Roinn faoi láthair ó oidhreacht ó iar-Choimisiún na Talún os cionn 20 bliain ó shin. Cé gur tailte portaigh iad formhór na dtailte sin agus go bhfuil siad faoi réir móincheart agus cearta féaraigh, ní choinníonn an Roinn clár de na cearta sin agus ciallaíonn sé sin nach bhfuil sé ar eolas aici cé leis rochtain ar na tailte sin agus, dá bhrí sin, níl rialú iomlán uirthi ar na sócmhainní sin.

**10.55** Bhí fianaise de ghearradh portaigh le déanaí ar thrí cinn de chúig láithreán iar-Choimisiún na Talún ar tugadh cuairt orthu. Bhí conraitheoir tríú páirtí ar phortach amháin ag baint móna le hinnealra speisialaithe. Bhí láithreán eile neamhiata agus seachtar feirmeoirí ag oibriú coimíneachta le móinchearta agus cearta féaraigh ar an talamh 285 heicteár ar fad, beagnach.

**10.56** Ní raibh fianaise shoiléir ann á léiriú go bhfuil rialú cuí ag an Roinn ar fheidhmiú na gceart dlíthiúil dóibh siúd atá i dteideal déanamh amhlaidh. Dúirt an Roinn nach raibh sé riamh mar bheartas ag iar-Choimisiún na Talún móinchearta agus cearta féaraigh a bhainistiú i ndiaidh leithroinnte/dílsithe. Measann an Roinn go bhfuil sé cuí go ndéanann sealbhóirí na gceart amhlaidh iad féin.

**10.57** Maidir le ceann de na saotharlanna ar tugadh cuairt air, fuarthas amach go raibh eallach, nach raibh faoi úinéireacht na Roinne, ar fhéarach ar chuid dá talamh gan aon chomhaontú cíosa foirmiúil a bheith i bhfeidhm agus gan aon ioncam gaolmhar a bheith i gceist. Ar láithreán eile, shainaithin an fhoireann scrúdaithe teach Seoirseach nach raibh taifead déanta air ar chlár sócmhainní na Roinne ná ar chlár sócmhainní OOP, agus bhí maor na feirme ina chónaí ann. Ní raibh comhaontú dlíthiúil i bhfeidhm don áitíocht. Dúirt an Roinn go raibh an maor in ainm a bheith ina chónaí ar an láithreán, ach ní raibh taifead déanta air sin ina chonradh fostaíochta.

**10.58** Sainaithníodh teachín eile ar an láithreán céanna agus é in úsáid ag baill foirne ar bhonn sealadach. Cé go ndúirt oifigigh ón Roinn gur éascaíodh an áitíocht ionas nach mbeadh sé tréigthe, ní raibh cuspóir ná beartas gnó soiléir i bhfeidhm ó thaobh a úsáide de. Fuarthas amach san iniúchóireacht airgeadais go raibh baill foirne na Roinne ina gcónaí i bhfoirgnimh ag Feirm an Bhaile Fhada chomh maith.

**Moladh 10.1**

Ba cheart don Roinn córas bainistíochta eastáit láraithe a chur i bhfeidhm chun a punann réadmhaoine a bhainistiú. Ar a laghad, ba cheart príomhfhaisnéis maidir leis an dúlra, leis an láthair, leis an teideal, leis an scála, leis an mbail agus le húsáid a sócmhainní réadmhaoine a ghabháil sa chóras.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Bunóidh an Roinn córas bainistíochta eastáit láraithe, agus na catagóirí faisnéise molta do gach réadmhaoin a ghabháil. Beidh sé faoi na Rannóga saineolacha ar fud na Roinne fós, áfach, an phunann réadmhaoine a bhainistiú.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Idir bliain amháin agus dhá bhliain (faoin mbliain 2025), mar d’fhéadfadh go mbeadh soláthar bogearraí de dhíth.

**10.59** Is rioscaí suntasacha iad na bearnaí agus na laigí sa dóigh a mbainistíonn an Roinn a punann réadmhaoine agus ba cheart iad a ghabháil ina clár rioscaí, ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar a dtionchar dóchúil agus gníomhaíochtaí a shainaithint chun an tionchar a mhaolú. Fuarthas amach sa scrúdú nach bhfuil aon rioscaí a bhaineann lena punann réadmhaoine ar chlár rioscaí na Roinne.

**Moladh 10.2**

Ba cheart don Roinn, mar chuid dá cleachtadh measúnachta riosca bliantúil, breithniú a dhéanamh ar na rioscaí áirithe a bhaineann le bainistíocht a punainne. Ní mór rioscaí arna sainaithint ón bpróiseas sin a chur leis an gclár rioscaí.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Breithneoidh an Roinn na rioscaí a bhaineann le bainistíocht a punainne réadmhaoine agus cuirfidh sí ar an gclár rioscaí iad.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Idir sé mhí agus naoi mí (faoi mhí an Mheithimh 2024). Déanfar an measúnú riosca bliantúil taobh le pleananna gnó bliantúla rannáin a dhréachtú.

### *Cuntas a thabhairt i dtalamh agus i bhfoirgnimh*

**10.60** Ní dhearna an Roinn cinneadh ar luacháil na réadmhaoine ina punann agus, dá bharr sin, ní dhéanann sí taifead orthu sin sa ráiteas faoin staid airgeadais. Ina ionad sin, liostaítear iad trí bhíthin aguisín a ghabhann leis an gcuntas sin.

**10.61** Méadaíonn cuimsiú beartaithe na ráiteas airgeadais do na hionaid iascaigh cuain isteach sa chuntas leithreasa an gá atá ag an Roinn le luacháil chuimsitheach agus tuairisciú airgeadais ar a sócmhainní réadmhaoine féin.

**10.62** Fuarthas amach i gcomparáid idir clár sócmhainní na Roinne le clár sócmhainní OOP go bhfuil taifead déanta ar chúig réadmhaoin de chuid na Roinne ar chlár sócmhainní OOP, agus tá an fhéidearthacht ann go mbeidh mearbhall ann maidir le freagrachtaí dá bharr. Bhí moill shuntasach ann maidir le réadmhaoine ag Feirm an Bhaile Fhada a chur ar chlár sócmhainní na Roinne.

**10.63** Chomh maith leis sin, le cúig bliana anuas, shainaithin an Roinn 24 cinn de cheapacha talún agus d’fhoirgnimh ba cheart a bheith ar a clár sócmhainní. Níor aimsíodh na sócmhainní sin ach amháin mar gheall ar cheisteanna seachtracha ar nós cásanna eastáit nó ceisteanna teorann, áfach. Thabharfaí na torthaí sin le fios nach bhfuil punann réadmhaoine na Roinne cruinn ná críochnaithe.

**Moladh 10.3**

Ba cheart don Roinn cinneadh a dhéanamh ar bhunús luachála dá réadmhaoine agus iad a chur san áireamh ina ráiteas faoin staid airgeadais ina cuntas leithreasa bliantúil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Luann an Roinn gur chuir an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe tús le hathchóirithe tuairiscithe airgeadais agus gur forbraíodh caighdeán cuntasaíochta áirithe chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a chlúdach. Leis an gcaighdeán cuntasaíochta sin, ceanglófar ar gach roinn aon réadmhaoine a luacháil agus iad a athluacháil ar bhonn sceidealaithe**.**

Bhí cainteanna ag an Roinn cheana féin leis an Aonad Cuntasaíochta Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le cur chuige cuí a chur chun feidhme i leith an chleachtaidh luachála sin. D'fhéadfadh go dtabharfadh roinnt gníomhaireachtaí ábhartha, amhail Teagasc agus Coillte, cabhair sa phróiseas sin.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Le cuimsiú i gcuntas leithreasa cuntasaíochta 2024 a fhoilseofar faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2025.

**10.64** Is ceapacha foraoise iad thart ar 7% de na tailte agus foirgnimh atá i seilbh na Roinne. Meastar na ceapacha sin a bheith straitéiseach maidir le heastát foraoise Choillte agus, den chuid is mó, comhdhéanann siad cuid de láithreáin mhóra Choillte atá faoi rialú agus faoi bhainistiú ag Coillte. Comhaontaíodh i bprionsabal sna 1990í go n-aistreofaí iad sin chuig Coillte. Cé go mbeartaíodh sásra chun na réadmhaoine sin a aistriú chuig Coillte sa bhliain 2015, níor aistríodh iad go léir go fóill.

**10.65** Fuarthas amach i gcuairteanna láithreáin ar thrí cheapach foraoise de chuid na Roinne go raibh na trí cinn acu go hiomlán faoi bhainistiú agus faoi rialú ag Coillte. Bhí réadmhaoin amháin a bhí liostaithe comhdhéanta de dhá láithreán ar leith: ceann amháin a bhí mar chuid d'fhardal Choillte agus an ceann eile a bhí coinnithe ag an Aire, go dtí go ndéantaí aistriú chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, de réir cosúlachta.

**Moladh 10.4**

Ba cheart don Roinn an t-aistriú maidir le teideal dlíthiúil na gceapach foraoise chuig Coillte a chur i gcrích, mar a comhaontaíodh sa bhliain 2015.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá sé de rún ag an Roinn fós na 33 cheapach atá fágtha le Coillte a dhiúscairt chomh luath agus is féidir. Caithfear fadhbanna teidil, fadhbanna clárlainne, cúiseanna riaracháin agus cúiseanna teicniúla dlí atá ar na láithreáin atá fágtha a shocrú sula bhféadfar an t-aistriú deiridh a dhéanamh. Tá measúnú gníomhach á dhéanamh ag an Roinn ar na láithreáin sin d'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas agus déanfaidh sí athbhreithniú ar na céimeanna riachtanacha chun na láithreáin atá fágtha a aistriú chuig Coillte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair maidir leis na cásanna sin. Ní féidir a rá ag an bpointe seo cé chomh fada is a thógfaidh na haistrithe sin. I bhfianaise na bhfadhbanna maidir le clárú talún, d'fhéadfadh sé roinnt blianta a thógáil chun na 33 aistriú go léir a chur i gcrích.

# 11 Láithreáin na Scéime Comhiomlánaithe Talún a Úsáid

**11.1** Tacaíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) le húdaráis áitiúla talamh a bhfuil sé i gceist tithíocht sóisialta agus inacmhainne a thógáil air a cheannach. Roimhe seo, mar chuid den tacaíocht sin, ba nós cead a thabhairt d'údaráis áitiúla iasacht a fháil ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe chun íoc as an gceannach talún. De dheasca na géarchéime airgeadais in 2008, bhí cuid mhór údarás áitiúil ann a raibh deacrachtaí acu a gcuid aisíocaíochtaí iasachta a íoc leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

**11.2** Bunaíodh an Scéim Comhiomlánaithe Talún (SCT) in 2010 chun an t-ualach airgeadais ar údaráis áitiúla a mhaolú chomh fada agus a bhaineann sé le hiasachtaí atá ag teacht in aibíocht ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, sa chás nár leanadh ar aghaidh le tithe cónaithe a fhorbairt ar thalamh a ghabhann leis.

**11.3** Mar chúiteamh ar mhaoiniú SCT, cuireadh d'iallach ar údaráis áitiúla an talamh gaolmhar a thabhairt ar láimh agus gan ach táille ainmniúil de €1 a ghearradh in aghaidh an láithreáin. Idir 2010 agus 2023, aistríodh na láithreáin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta, ar cuireadh de fhreagracht uirthi na láithreáin a bhainistiú, agus straitéis a fhorbairt i leith úsáid a bhaint as an gcúlsoláthar talún san áireamh.

**11.4** Faoin scéim, ní raibh cead ag údaráis áitiúla ach talamh a aistriú a raibh mianach réasúnta maith ann tithe cónaithe a fhorbairt air ach nach raibh sé beartaithe iad a fhorbairt sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Tar éis breithniú a dhéanamh ar mheasúnú a rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta, cheadaigh nó dhiúltaigh an Roinn do láithreáin a chur le SCT.

**11.5** Thug mé tuairisc roimhe seo ar an SCT roimhe, agus nithe a bhain le forbairt na scéime á bplé agam, chomh maith le haistriú láithreán chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus an fhorbairt a rinneadh ar na láithreáin sin ina dhiaidh sin.[1]

**11.6** Cíortar sa scrúdú seo an dul chun cinn atá déanta ag an nGníomhaireacht Tithíochta i leith na láithreáin SCT a fhorbairt ó 2019 i leith agus a mhéid a chuir sí na trí mholadh a bhí sa tuarascáil roimhe seo i bhfeidhm (féach Iarscríbhinn 11A). Mar chuid den scrúdú, roghnaíodh sampla de sheacht láithreán SCT (67.4 heicteár san iomlán) ar fiú €21 mhilliún iad d'fhonn tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu, lena n-áirítear an fhoireann iniúchta ag dul ar cuairt chuig na láithreáin.

## Aistriú talún chuig an nGníomhaireacht Tithíochta

**11.7** Tríd is tríd, d'fhaomh an Roinn 73 láithreán ar a raibh 247 heicteár san iomlán lena n-aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Chuimsigh an phunann seo réimse leathan láithreán a raibh éagsúlacht ann ó thaobh méide de idir 0.11 heicteár agus 24.21 heicteár, agus iad scaipthe thar 18 n-údarás áitiúla.

1 *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2013*, caibidil 6; *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2015*, caibidil 5; *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2019*, caibidil 12.

**11.8** Idir 2010 agus 2011, d'íoc an Roinn nach mór €111 mhilliún leis na húdaráis áitiúla mar mhalairt ar 47 láithreán le gur féidir leo na hiasachtaí gaolmhara a fhuascailt. In 2012, tugadh socruithe leasaithe isteach trínar athraíodh iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe ar 26 láithreán eile go morgáistí suas le 25 bliana, a raibh luach tosaigh de €52 mhilliún acu. Tá ceangaltas airgeadais a sheasann go fóill ag an Roinn do na húdaráis áitiúla i leith na morgáistí sin.

**11.9** Ghlac an Ghníomhaireacht Tithíochta seilbh ar na láithreáin SCT ar leith in imeacht roinnt blianta. Faoi dheireadh 2020, bhí gach ceann de na 73 láithreán cheadaithe aistrithe agus cláraithe faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta. Ó shin i leith, díoladh 15 láithreán nó codanna díobh ar ais leis na húdaráis áitiúla faoi choinne tithíocht a fhorbairt orthu — 13 cinn ar a bhfuil tógáil críochnaithe agus dhá cheann ar a bhfuil an tógáil ar siúl go fóill.[1] Díoladh sé láithreán eile nó codanna de láithreáin le tríú páirtithe a raibh úsáid eile ina leith ar intinn acu. Is ionann na tailte a díoladh agus 15% den chúlsoláthar talún SCT foriomlán (leagtar amach in Iarscríbhinn 11B na láithreáin agus an úsáid a bhí sé beartaithe a bhaint astu).

**11.10** Amhail mí Lúnasa 2023, tá 60 láithreán SCT fós faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta, agus luach margaidh measta beagán le cois €56 mhilliún acu.

## Dul chun cinn maidir le láithreáin SCT a fhorbairt

**11.11** Ó 2019 i leith, tógadh 578 n-aonad tithíochta sóisialta ar thailte SCT. Dá ainneoin sin, mar is léir ó Fíor 11.1, is beag dul chun cinn a rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta idir 2019 agus mí Lúnasa 2023 i dtaca leis an bpunann SCT a fhorbairt de. Cé gur athraigh stádas roinnt láithreán aonair i gcaitheamh na tréimhse, tá cuid mhaith de na tailte fós gan forbairt, in ainneoin na bpleananna a bhí beartaithe chun iad a fhorbairt. Dar leis an Roinn agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta, ba chonstaic nach beag i mbealach láithreáin SCT a fhorbairt iad na srianta Covid-19 le linn na tréimhse seo.

**11.12** Fearacht 2019, faoi dheireadh mhí Lúnasa 2023, ní raibh aon phlean foirmiúil forbartha i bhfeidhm ag beagnach leath an achair talún (39 láithreán) a bhí i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta.[2]

**11.13** In 2018, de réir measúnú a rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta, bhí sé d'acmhainn ag an bpunann SCT 5,365 theach shóisialta a sholáthar. Neart straitéisí i bhfeidhm chun é sin a chur i gcrích, lena n-áirítear forbairtí faoi stiúir údarás áitiúil agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTC), chomh maith le leas a bhaint as soláthar poiblí agus as comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí chun comhpháirtithe forbartha a shainaithint. Chuaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta i mbun cainte leis an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún chun athbhreithniú a dhéanamh ar láithreáin SCT agus láithreáin atá oiriúnach lena bhforbairt a shainaithint.[3]

### *Forbairtí atá críochnaithe — 14 láithreán*

**11.14** Amhail mí Lúnasa 2023, bhí 676 aonad tithíochta sóisialta tugtha chun críche ar 14 láithreán SCT agus daoine ina gcónaí i ngach ceann de na haonaid sin faoin am seo. Ba iad údaráis áitiúla a chríochnaigh 12 cheann de na forbairtí sin agus ba iad CTCanna a chríochnaigh dhá cheann eile.

**11.15** I gcás na 14 láithreán, díoladh 13 cinn díobh trí iad a aistriú chuig an údarás áitiúil ábhartha (féach Fíor 11B.1) agus, i gcás aon láithreáin amháin a bhfuil sé aonad tithíochta sóisialta ann, tá an Ghníomhaireacht Tithíochta fós i mbun úinéireacht air a aistriú chuig an údarás áitiúil ábhartha.

1 Maidir leis na húdaráis áitiúil óna bhfuarthas na láithreáin an chéad lá riamh, gearradh táille ainmniúil de €10 orthu chun iad a aistriú ar ais chucu.

2 Cuimsítear ann 31 láithreán iomlána agus ocht láithreán pháirteacha.

3 Is é is príomhfheidhm don Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún ná forbairt agus athnuachan talún agus réadmhaoine a bhainistiú, d'fhonn tithíocht a sholáthar.

**Fíor 11.1 An dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpunann SCT a fhorbairt de réir réimse, 2019 agus mí Lúnasa 2023**




Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Níl i gceist le hachar iomlán na láithreán sa chatagóir seo ach níos lú ná 1% den achar foriomlán.

### *Idir lámha — ocht láithreán*

**11.16** I gcás seacht gcinn de na láithreáin SCT, tá céimeanna éagsúla d'fhorbairt bainte amach agus táthar ag súil go gcuirfear 243 aonad tithíochta sóisialta ar fáil uathu idir deireadh na bliana 2023 agus tús na bliana 2026.

**11.17** Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta i mbun léas cúig bliana a chomhaontú freisin leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) maidir le láithreán amháin lenar féidir cóiríocht shealadach (42 theach chónaithe mhodúlacha) a sholáthar do theifigh ón Úcráin. Tá tógáil faoi lánseol ar an láithreán seo go fóill. Le linn cuairt ar an láithreán a tugadh i mí an Mheithimh 2023, tugadh suntas d'fhostruchtúr ar cuireadh suas é chun an bealach a réiteach d'aonaid mhodúlacha a thabhairt chomh fada leis an láithreán. Measann an Ghníomhaireacht Tithíochta go gcríochnófar na haonaid faoi dheireadh 2023.

**11.18** Thug an fhoireann scrúdaithe cuairt ar láithreán eile a raibh sé d'acmhainn aige, de réir measúnú a rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta in 2018, 90 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar ach ba léir le linn na cuairte nach raibh ach 12 theach críochnaithe ar chuid den láithreán. Dar leis an nGníomhaireacht Tithíochta, tá méid na forbraíochta ag teacht le riachtanais tithíochta sóisialta an cheantair agus é i gcomhréir leis an measúnú éilimh a rinne an t-údarás áitiúil ábhartha ar riachtanais tithíochta. Fós féin, tá forbairt phríobháideach eile á tógáil ar láithreán in aice láimhe, rud a thugann le fios go bhfuil éileamh breise ar thithíocht sa cheantar.

**11.19** Níl aon phlean ann chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcuid eile den láithreán, agus tá capaill ag iníor ar an gcuid den láithreán nach bhfuil aon úsáid á baint aisti agus nach bhfuil aon fhál timpeall uirthi.

### *An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún — trí láithreán*

**11.20** Fuair an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún cead pleanála le haghaidh 1,381 aonad tithíochta ar thrí láithreán SCT a bhfuil an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún i mbun iad a fhorbairt. Is méadú nach mór 50% é sin ar líon na n-aonad a bhí á thuar ag an nGníomhaireacht Tithíochta in 2018 (féach Fíor 11.2). Tá sé i gceist leis na láithreáin sin meascán de thithe nua sóisialta, de thithe inacmhainne agus de thithe atá ar cíos de réir costais a sholáthar, le cois taitneamhachtaí eile amhail saoráidí naíolainne agus aonaid mhiondíola.

**11.21** Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta le fios go ndíolfar láithreán Bheairic Devoy leis an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún i dtreo dheireadh 2023 agus go ndíolfar na láithreáin eile i dtús 2024. A luaithe a dhíolfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta na láithreáin sin, ní bheidh lámh ar bith aici feasta i bhforbairt na láithreán.

**Fíor 11.2 Stádas trí láithreán de chuid na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún**

| Láithreán | Méid (heicteáir) | Cead pleanála faighte | An chéim ag a bhfuil an fhorbairt faoi láthair | Líon na n-aonad a mheastar a sholáthrófar | Líon na n-aonad iarbhír atá beartaithe | Difríocht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Beairic Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara | 5.66 | R4 2022 | Céim na tairisceana | 142 | 219 | +54% |
| Hampton, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 22.80 | R1 2023 | Céim an deartha | 605 | 817 | +35% |
| Baile an Haicéadaigh, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath | 7.30 | R1 2023 | Céim na tairisceana | 183 | 345 | +89% |
| **Iomlán** | | | | **930** | **1,381** | **+48%** |

Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta

## Láithreáin SCT nach ndearnadh dul chun cinn ina leith

**11.22** Maidir leis na láithreáin SCT eile, arb ionann iad agus thart ar 66% (de réir réimse) den phunann SCT (féach Fíor 11.3), is beag rath a bhí ar iarrachtaí na Gníomhaireachta Tithíochta iad a fhorbairt go dtí seo.

### *Pleananna forbartha nó maoiniú ceadaithe — ceithre láithreán*

**11.23** Dúirt an Ghníomhaireacht Tithíochta go bhfuil láithreán ar Bhóthar Iósaif, Mala, Co. Chorcaí, á fhorbairt ag an údarás áitiúil. Táthar tar éis foireann deartha a cheapadh don láithreán, agus é de rún ag an údarás áitiúil 160 aonad tithíochta sóisialta agus inacmhainne a fhorbairt. Níl an fhoireann deartha ach i dtús an phróisis pleanála. Lena chois sin, ceadaíodh maoiniú i leith trí láithreán ar a mbeidh 37 n-aonad tithíochta sóisialta.

**Fíor 11.3 Stádas 66% d'achar na punainne SCT (heicteáir) ag deireadh mí Lúnasa 2023**




Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a I roinnt cásanna, díríonn na tograí ar chuid den láithreán a fhorbairt.

### *Tailte ar cuireadh tograí isteach chun iad a fhorbairt — 13 láithreán*

**11.24** I gcás sé cinn de na láithreáin SCT ar rangaíodh iad in 2019 mar láithreáin a raibh tograí curtha isteach ina leith chun 454 aonad a fhorbairt orthu, tá siad fós ag an gcéim seo agus gan aon dul chun cinn déanta. Dúirt an Ghníomhaireacht Tithíochta go raibh cúrsaí amhlaidh ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear

- gur cuireadh stop leis na tograí forbartha a bhí ann i dtosach agus tograí nua á roghnú i láthair na huaire
- go raibh moill ag baint le tograí forbartha a chomhaontú leis na húdaráis áitiúla agus CTCanna ábhartha, agus
- gurbh éigean athmheasúnú a dhéanamh ar thionscadail áirithe mar gheall ar chostais tógála a bheith ag dul i méid.

**11.25** I gcás seacht láithreán a rangaíodh in 2019 mar láithreáin nach raibh aon phlean forbartha i bhfeidhm ina leith, fuarthas léirithe spéise ina leith idir Deireadh Fómhair 2022 agus Lúnasa 2023. Léirigh údaráis áitiúla spéis i gcúig láithreán a mheastar mianach a bheith iontu 250 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar; léirigh FSS spéis i gcuid de láithreán eile ar mhaith leis ionad leighis a thógáil air agus roghnaíodh láithreán amháin eile le hé a fhorbairt faoi chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí. Agus an scrúdú seo á dhéanamh, níl na tograí go léir ach ag céimeanna an-luath sa phróiseas.

**11.26** Thug an fhoireann scrúdaithe cuairt ar láithreán amháin agus chonaic sí go raibh sé suite gar do scoil áitiúil agus d'fhaiche CLG. Agus trí pháirc ann, tá an láithreán ligthe ar léas le feirmeoir áitiúil ag an nGníomhaireacht Tithíochta faoi láthair. Le linn a gcuairte, chonacthas dóibh go raibh neart bealaí isteach poiblí chuig an láithreán agus puball ann freisin.

### *Láithreáin nach bhfuil aon phlean forbartha ná aon togra curtha isteach ina leith — 39 láithreán*

**11.27** Tá 39 láithreán ann faoi láthair nach bhfuil aon phlean ná togra ann chun iad a fhorbairt, sciar arb ionann é agus beagnach leath phunann an SCT de réir réimse.[1] Ina measc sin tá ocht láithreán faoinar mhol an Ghníomhaireacht Tithíochta nach bhféadfaí dul chun cinn a dhéanamh ar thograí forbartha a cuireadh isteach ina leith roimhe seo. Ó 2019 i leith, rinneadh dhá cheann de na hocht láithreán a athaicmiú le haghaidh pobail agus fiontraíochta, fad is a cuireadh stop leis na sé thogra eile ó tharla gan aon éileamh ar thithíocht a bheith sna ceantair sin sa ghearrthéarma.

**11.28** Maidir le roinnt láithreán nach bhfuil aon phlean i bhfeidhm ina leith, tá siad á ligean ar léas ag an nGníomhaireacht Tithíochta le feirmeoirí áitiúla faoi chomhaontú léasaithe gearrthéarmach (14 láithreán) agus le club CLG áitiúil (aon láithreán amháin). I mí na Bealtaine 2023, d'iarr an Ghníomhaireacht Tithíochta ar CTCanna léirithe spéise a chur isteach i leith15 cinn de na 39 láithreán a fhorbairt. Ní bhfuarthas aon togra oiriúnach, áfach.

**11.29** Dúradh sa scrúdú a rinneadh in 2019 nach raibh aon phlean forbartha ná aon togra i bhfeidhm i gcás ceithre láithreán ar sainaithníodh go raibh siad sa riocht go bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu láithreach.

- De réir meastacháin amháin, bhí dhá láithreán i gCorcaigh a raibh mianach iontu 581 aonad tithíochta sóisialta a fhorbairt orthu. Roghnaíodh codanna den dá láithreán chun forbartha faoi shocrú comhpháirtíochta príobháidí poiblí agus meastar go dtógfaí 200 aonad tithíochta sóisialta orthu san iomlán.
- Tá dhá láithreán i Sligeach agus meastar go raibh mianach iontu 200 aonad tithíochta sóisialta a thógáil orthu faoi phlean 2018. Chuaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta i mbun cainte leis an údarás áitiúil ábhartha agus cuireadh in iúl di nach ndéanfaí an dá láithreán a fhorbairt sa ghearrthéarma. Bheadh gá le hoibreacha bonneagair nach beag a dhéanamh le seirbhísí a sholáthar do na láithreáin sin, gan trácht ar an easpa éilimh ar thithíocht shóisialta sa cheantar.

**11.30** Thug an fhoireann scrúdaithe cuairt ar an dá láithreán i Sligeach, atá suite gar dá chéile, agus chonaic siad go bhfuil an dá láithreán suite in áiteanna iargúlta faoin tuath nach bhfuil iompar poiblí le fáil iontu ná rochtain éasca orthu ó bhaile Shligigh.

1 Áirítear leis seo ocht láithreán pháirteacha ina bhfuil dul chun cinn déanta ar an gcuid eile den láithreán.

**11.31** Thug an fhoireann scrúdaithe cuairt ar thrí láithreán eile nach raibh aon phlean forbartha i bhfeidhm ina leith. Ba léir gur amuigh faoin tuath a bhí láithreán amháin in áit nach raibh tóir rómhór ar thithíocht shóisialta agus deacrachtaí criosaithe ann lena chois. Maidir leis an gcuairt ar láithreán eile, bhain sí le dhá láithreán a bhí buailte ar a chéile, agus úsáid á bhaint as ceann amháin acu mar láthair chun cóiríocht mhodúlach a lonnú ann do theifigh ón Úcráin. Tá na láithreáin i gcóngar baile agus iad criosaithe le haghaidh turasóireachta faoin bplean forbartha údaráis áitiúil is déanaí.

*Bealaí eile inar féidir na láithreáin SCT a úsáid*

**11.32** Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tar éis neart roghanna a chur sa mheá maidir le húsáidí eile a fhorbairt nó a aimsiú i gcás na láithreán nach bhfuil aon phlean forbartha i bhfeidhm ina leith. I mí an Mhárta 2022, chuaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta i mbun cainte le RLCMLÓ d'fhonn láithreáin a aimsiú a d'oirfeadh do chóiríocht shealadach do theifigh Úcránacha a lonnú ann.

**11.33** Roghnaíodh seacht láithreán i dtosach báire ach níl ach ceann amháin acu dulta chomh fada le céim na tógála go fóill.[1] Tá trí láithreán faoi bhreithniú fós fad is a measadh go raibh trí cinn eile mí-oiriúnach de dheasca deacrachtaí a bhaineann le cúrsaí áitiúla agus le bonneagar.

**11.34** I mí an Mheithimh 2022, d'fhostaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta sainchomhairleoir chun staidéar bithéagsúlachta a dhéanamh ar 20 ceann de na 39 láithreán (sciar arb ionann é agus an ceathrú cuid den phunann iomlán SCT geall leis de réir réimse) d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú na láithreán ar sainaithníodh nach bhfuil aon ghá acu le tithíocht shóisialta nó inacmhainne sa ghearrthéarma, nó ina bhfuil deacrachtaí bonneagair ag cur bac ar fhorbairt ann. Dúirt an Ghníomhaireacht Tithíochta go bhfuair sí léirithe spéise ó údaráis áitiúla ina dhiaidh sin i leith trí cinn de na láithreáin sin a fhorbairt.

**11.35** Trí bhíthin an staidéir seo, déanfar measúnú ar luach bithéagsúlachta bonnlíne na láithreán agus an cur chuige is oiriúnaí le hiad a bhainistiú, Tabharfaidh sé treoir, leis, maidir leis na gníomhartha eile atá ag teastáil. Dúirt an Ghníomhaireacht Tithíochta, áfach, nach gcuirfeadh sí aon bheart bithéagsúlachta i bhfeidhm a d'fhéadfadh teacht salach ar fhorbairt amach anseo nó a d'fhéadfadh a bheith ina shiocair le steiriliú na dtailte. An méid sin ag brath ar chloí le haon cheanglas reachtúil maidir le speicis nó gnáthóga faoi chosaint.

**11.36** Táthar ag súil go gcríochnófar an suirbhé faoi mhí Mheán Fómhair 2023, agus é i gceist fionnachtana agus moltaí na tuarascála a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Tithíochta i dtreo dheireadh 2023.

## Costais leanúnacha

**11.37** Dúirt an Roinn gurb é €131.6 milliún an costas iomlán a bhí tabhaithe i leith SCT ag an 31 Nollaig 2022. Rinneadh caiteachas €127.4 milliún san iomlán a mhuirearú ar fho-mhírcheann A.3 (tithíocht údaráis áitiúil) i gcuntas leithreasa na Roinne. Thángthas ar dhifríocht de €4.2 milliún trí fharasbarr fáltas ó cháin mhaoine áitiúil a fhritháireamh in aghaidh roinnt éileamh údaráis áitiúil faoi SCT.

1 Tá cuntas ar an láithreán seo le fáil sa mhír 'Idir lámha' thuas.

### *Luachanna láithreán*

**11.38** Amhail an 31 Lúnasa 2023, tá 60 láithreán SCT fós faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta, agus luach margaidh measta beagán le cois €56 mhilliún acu. Ó 2018 i leith, ghlac an Ghníomhaireacht Tithíochta le beartas ina n-aithnítear punann talún SCT ag luach cóir.

**11.39** Dúirt an Ghníomhaireacht Tithíochta go ndéantar luacháil deisce gach dhá bhliain ar chuid de na láithreáin arb ionann iad le Chéile agus 50% ar a laghad den phunann iomlán talún de réir luach an láithreáin. Tabharfar faoi bheart athluachála iomlán a dhéanamh gach sé bliana i gcás gach láithreáin SCT, agus an chéad bheart athluachála iomlán eile le críochnú in 2024 (críochnaíodh an ceann deireanach in 2018).

### *Morgáistí*

**11.40** Faoi dheireadh 2022, bhí na húdaráis áitiúla tar éis éilimh ar fiú €20.9 milliún iad a chur isteach i leith 26 láithreán SCT faoi mhorgáiste.

**11.41** Bhí iarmhéideanna gan íoc €35.6 milliún san iomlán ag na morgáistí sin amhail an 31 Nollaig 2022. Maidir le costas bliantúil na n-aisíocaíochtaí, measann an Roinn go mbeidh costas €2.7 milliún in aghaidh na bliana ag baint leis, ag brath ar rátaí úis.

### *Cáin ar thalamh arna chriosú chun tithíochta*

**11.42** Agus é tugtha isteach ag an Acht Airgeadais, 2021, is éard is cáin ar thalamh arna chriosú chun tithíochta ná cáin bhliantúil de 3% a ghearrtar ar thalamh atá criosaithe mar thalamh atá oiriúnach do thithe cónaithe a fhorbairt air agus/nó go ndearnadh seirbhísiú air i ndiaidh an 1 Eanáir 2022. Is féidir í a íoc go bliantúil ó mhí na Bealtaine 2024 ar aghaidh. Tá 28 láithreán SCT san iomlán faoi láthair a bheidh faoi dhliteanas i leith na cánach seo agus costas beagnach €1.5 milliún ag baint léi.

### *Úinéireacht dhlíthiúil*

**11.43** Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta le fios nár leo na láithreáin SCT a thuilleadh go dlíthiúil a luaithe a thabharfar tógáil agus gach oibleagáid chonarthach chun críche. É sin ráite, maidir le láithreáin a díoladh le CTCanna, tá coinníollacha ag dul leo a shonraíonn go gcaithfear cothabháil a dhéanamh ar aonaid tithíochta sóisialta chríochnaithe go ceann 30 bliain ar a laghad agus suas le 150 bliain i gcásanna áirithe.

## Conclúidí

### *Baint amach chuspóirí na scéime*

**11.44** Maidir leis na 73 láithreán a glacadh isteach sa scéim SCT, ba iad na húdaráis áitiúla faoi seach a cheannaigh ar dtús iad le bheith mar chuid de chúlsoláthar talún faoi choinne tithíocht shóisialta a fhorbairt amach anseo. Ba ar an mbonn go n-úsáidfí iad chun talamh a cheannach le tithe cónaithe a fhorbairt air a thug an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe iasachtaí do na húdaráis áitiúla. D’fhéach an Roinn chuige gur glacadh gach láithreán isteach sa scéim SCT i ndiaidh don Ghníomhaireacht Tithíochta measúnú a dhéanamh orthu. Níor glacadh isteach sa SCT ach talamh a raibh mianach measartha maith ann ó thaobh tithe cónaithe a fhorbairt air.

**11.45** Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2023, 13 bliana tar éis bhunú na scéime, i gcás beagnach leath phunann talún SCT (de réir réimse), ní raibh aon phlean ná togra i bhfeidhm chun tithíocht shóisialta nó inacmhainne a thógáil air. Cé go ndeachaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta i mbun cainte leis na húdaráis áitiúla, le CTCanna agus le comhlachtaí stáit eile faoi na 39 láithreán sin, níl siad tar éis teacht ar aon rogha inoibrithe go fóill.

**11.46** Dar leis an nGníomhaireacht Tithíochta, tá roinnt cúiseanna leis sin, lena n-áirítear bonneagar a bheith easnamhach, gan tóir rómhór a bheith ann ar thithíocht shóisialta i gceantair áirithe gan trácht ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach le láithreáin ar leith amhail baol tuilte agus saincheisteanna topagrafacha agus criosaithe. Is é rud a tháinig as cuairteanna na foirne scrúdaithe ar roinnt láithreán ná gur deimhníodh gur dócha nach bhfuil siad oiriúnach do thithíocht sóisialta a thógáil orthu.

**11.47** In 2023, choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta staidéar bithéagsúlachta a dhéanamh ar 23 de na 39 láithreán nach raibh pleananna forbartha i bhfeidhm ina leith agus ar aon chúigiú de phunann SCT iad. Dúirt an Ghníomhaireacht Tithíochta nach gcuirfí aon bheart bithéagsúlachta i bhfeidhm a d'fhéadfadh teacht salach ar fhorbairt amach anseo nó a d’fhéadfadh bheith ina shiocair le steiriliú na dtailte. An méid sin ag brath ar chloí le haon cheanglas reachtúil maidir le speicis agus gnáthóga faoi chosaint.

**11.48** D’éirigh leis an scéim SCT féichiúnas roinnt údarás áitiúil a laghdú i leith na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe. Fós féin, agus an chuma air nach bhfuil cuid mhór den achar talún SCT oiriúnach do thithíocht shóisialta de chineál ar bith a thógáil air go ceann i bhfad, is follasach nach féidir leas a bhaint as sciar suntasach den mhaoiniú vótáilte ar úsáideadh é chun na láithreáin SCT a cheannach ó na húdaráis áitiúla d’fhonn cur leis an soláthar tithíochta.

### *Forbairt tithíochta sóisialta*

**11.49** Cé go bhfuil sé d’acmhainn ag punann talún SCT 5,365 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar de réir meastachán a rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta, níor soláthraíodh ach 676 aonad tithíochta sóisialta go dtí seo sna 13 bliana atá an scéim ar an bhfód — soláthraíodh 52 aonad tithíochta sóisialta in aghaidh na bliana, figiúr arb ionann é agus 13% den líon a measadh go bhféadfaí a bhaint amach. Tá 243 aonad tithíochta sóisialta eile ag céimeanna éagsúla den phróiseas tógála.

**11.50** Go dtí deireadh mhí Lúnasa 2023, tá 15 láithreán aistrithe ar ais chuig na húdaráis áitiúla óna bhfuarthas iad agus díoladh sé láithreán eile le tríú páirtithe le haghaidh úsáidí eile. Díoladh ceann de na sé láithreán le forbróir príobháideach agus coinníollacha curtha air tithíocht a fhorbairt laistigh d’achar ama sonraithe.

**11.51** Tá sé beartaithe trí láithreán SCT a dhíol leis an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún ag teannadh ar dheireadh 2023 agus i dtús 2024. Tá cead pleanála faighte ag an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún chun 1,381 aonad tithíochta sóisialta agus inacmhainne a thógáil ar na láithreáin sin — is ionann é sin agus méadú nach mór 50% ar líon na dtithe a measadh a bheith d'acmhainn ag na láithreáin sin nuair a rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta measúnú orthu in 2018.

**11.52** Tá tograí chun forbartha i bhfeidhm i gcás 13 cinn de na láithreáin seo. Ina measc sin bhí sé láithreán a raibh an chéim chéanna bainte amach acu in 2019, ach nach ndearnadh aon dul chun cinn orthu ina dhiaidh sin. De réir phlean 2018 ón nGníomhaireacht Tithíochta, tá sé de mhianach sna láithreáin seo 1,220 aonad tithíochta sóisialta a thógáil orthu.

### *Costas na scéime*

**11.53** Faoi dheireadh 2022, bhí €131.6 milliún caite ar an scéim. Is éard a bhí sa chostas sin ná €111 mhilliún, beagnach, de dheontais chun iasachtaí údaráis áitiúil ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe faoi chéad chéim na scéime a ghlanadh agus €20.9 milliún i bhfoirm tacaíochtaí morgáiste faoin dara céim suas go dtí an t-am i láthair. Is é €35.6 milliún an t-iarmhéid gan íoc ar 26 láithreán faoi mhorgáiste ag deireadh na bliana 2022.

**11.54** Ó mhí na Bealtaine 2024 ar aghaidh, beidh 28 láithreán SCT faoi dhliteanas i leith cáin ar thalamh arna chriosú chun tithíochta, dliteanas a meastar go gcosnóidh sé €1.5 milliún in aghaidh na bliana ar an nGníomhaireacht Tithíochta.

## Iarscríbhinn 11A An dul chun cinn a bhí déanta i leith moltaí a chur chun feidhme amhail mí Lúnasa 2023[a]

| Moladh | Stádas cuir chun feidhme |
|---|---|
| Ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta tréaniarracht a dhéanamh pleananna forbartha a chur i bhfeidhm chomh luath géar agus is féidir i gcás ceithre láithreán a sainaithníodh in 2018 go raibh siad réidh lena bhforbairt láithreach ach nach bhfuil aon phlean forbartha ná aon togra forbartha i bhfeidhm ina leith faoi láthair. | **Ní féidir é a chur chun feidhme a thuilleadh**<br>Chuaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta i mbun cainte leis na húdaráis áitiúla faoi na láithreáin seo a fhorbairt. Agus mianach iontu 200 aonad tithíochta sóisialta a thógáil orthu, tá dhá láithreán i Sligeach a meastar nach bhfuil sé inoibrithe a thuilleadh iad a fhorbairt láithreach, ó tharla oibreacha bonneagair nach beag a bheith de dhíth chun na láithreáin a sheirbhísiú agus gan éileamh rómhór a bheith ann ar thithíocht shóisialta sa cheantar.<br>**Ar siúl**<br>Maidir leis an dá láithreán eile i gCorcaigh, roghnaíodh iad lena bhforbairt faoi chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí. Fós féin, níl leas á bhaint ach as cuid de na láithreáin agus gan ach 100 aonad tithíochta beartaithe de réir na dtograí a fuarthas, b'in titim de 381 aonad le hais na meastachán bunaidh a rinneadh. |
| Ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta iarracht a dhéanamh plean níos fadtéarmaí a fhorbairt i leith gach ceann de na láithreáin a meastar nach bhfuil siad réidh chun forbartha láithreach. Má tá an chosúlacht ar an scéal nach dócha gur féidir tithíocht shóisialta a thógáil orthu san fhadtéarma, ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta na féidearthachtaí eile a chur sa mheá maidir leis na bealaí eile inar féidir leas a bhaint as an talamh ar mhaithe le leas an phobail. | **Ar siúl**<br>Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tar éis dul i mbun cainte leis na húdaráis áitiúla, le CTCanna agus le comhlachtaí stáit eile faoi úsáid na láithreán seo. Níor sainaithníodh aon rogha forbartha inoibrithe maidir le formhór na láithreán.<br>Tá roinnt cúiseanna leis sin, lena n-áirítear bonneagar a bheith easnamhach, gan tóir rómhór a bheith ann ar thithíocht shóisialta i gceantair áirithe gan trácht ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach le láithreáin ar leith amhail baol tuilte agus saincheisteanna topagrafacha agus criosaithe.<br>In 2023, choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta staidéar bithéagsúlachta a dhéanamh ar 23 cinn de na 39 láithreán nach raibh pleananna forbartha i bhfeidhm ina leith agus ar aon chúigiú de phunann SCT iad. Dúirt an Ghníomhaireacht Tithíochta nach gcuirfí aon bheart bithéagsúlachta i bhfeidhm a d'fhéadfadh teacht salach ar fhorbairt amach anseo nó a d'fhéadfadh a bheith ina shiocair le steiriliú na dtailte. An méid sin ag brath ar chloí le haon cheanglas reachtúil maidir le speicis agus gnáthóga faoi chosaint. |
| Tá an talamh SCT á choinneáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta le hé a dhíol. Ina beartais chuntasaíochta, ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta eatramh uasta a shonrú don tréimhse idir athluachálacha a dhéanamh ar thailte a gcoinneáil faoi SCT agus ba cheart dóibh a chur in iúl cathain a dhéanfar an chéad athluacháil eile. | **Curtha chun feidhme**<br>Ó 2018 i leith, ghlac an Ghníomhaireacht Tithíochta le beartas ina n-aithnítear punann talún SCT ag luach margaidh. Iarrtar go ndéanfaí luacháil deisce gach dhá bhliain i gcás láithreán an-luachmhar agus beart luachála mionsonraithe le déanamh gach sé bliana i gcás gach láithreáin. |

Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Moltaí a rinneadh i gCaibidil 12, Dul Chun Cinn faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2019.

## Iarscríbhinn 11B Diúscairt láithreáin SCT

**Fíor 11B.1 Láithreáin SCT ar a bhfuil tógáil tugtha chun críche orthu maille le láithreáin ar díoladh iad amhail an 31 Lúnasa 2023[a,b]**

| Suíomh na talún | Heicteáir | Faighteoir (comhairle cathrach/contae) | An dáta a diúscraíodh é | An aidhm a bhí le hé a dhiúscairt | Aonaid chónaithe críochnaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Bóthar Dhún Táithín, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí | 2.08 as 3.98 | Corcaigh | 2018 | Diúscairt pháirteach: tógadh aonaid tithíochta sóisialta agus aon fhoirgneamh pobail amháin (an chuid eile i bhFíor 11B.3). | 46 |
| Bóthar Áth na Sceire, Áth an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath | 2.80 | Dún Laoghaire – Ráth an Dúin | 2018 | Tógáil tithíochta sóisialta agus ar cíos de réir costais. Cuireadh tús le tógáil i mí an Mheithimh 2019. | 155 |
| Baile an Chradógaigh, an Nás, Co. Chill Dara | 3.58 as 7.93 | Cill Dara | 2019 | Diúscairt pháirteach: tógadh 74 aonad tithíochta sóisialta. Cuireadh tús le tógáil i mí an Mhárta 2019. | 74 |
| Lána Nancy, Claonadh, Co. Chill Dara | 3.7 as 8.49 | Cill Dara | 2019 | Diúscairt pháirteach: tógadh 77 n-aonad tithíochta sóisialta. Cuireadh tús le tógáil i mí na Samhna 2019. | 77 |
| Coill Darach, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí | 2.26 | Corcaigh | 2019 | Aonaid tithíochta sóisialta á dtógáil. Cuireadh tús leis an obair i mí na Nollag 2019. | 50 |
| The Miles, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | 1.99 | Corcaigh | 2019 | Soláthar aonad tithíochta sóisialta. Cuireadh tús le tógáil i mí na Nollag 2019. | 52 |
| Baile Eoghain, Guaire | 0.95 | Loch Garman | 2020 | Tógáil aonad tithíochta sóisialta. | 9 |
| Creagh 'B', Guaire | 0.73 | Loch Garman | 2020 | Tógáil aonad tithíochta sóisialta. | 10 |
| An Charraig | 0.52 | Loch Garman | 2021 | Tógáil aonad tithíochta sóisialta. | 12 |
| Seanbhóthar Chnoc Maí, Port Laoise | 1.03 | Laois | 2021 | Tógáil aonad tithíochta sóisialta. | 33 |
| Bóthar Bhaile an Mhóinín, Co. na Gaillimhe | 0.5 as 2.27 | Cathair na Gaillimhe | 2022 | Soláthar 14 aonad tithíochta sóisialta. | 14 |
| | 1.77 as 2.27 | Cathair na Gaillimhe | 2023 | Soláthar 78 n-aonad tithíochta sóisialta. | 78 |
| Hampton Bhaile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 1.47 as 24.21 | Fine Gall | 2023 | Diúscairt pháirteach: baineadh leas as tógáil mhear chun 20 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar. | 20 |
| Páirceanna an Bhaile (Cois Abhann), | 2.03 as 4.39 | An Mhí | 2023 | Diúscairt pháirteach: tógadh aonaid tithíochta sóisialta. | 40 |

| Suíomh na talún | Heicteáir | Faighteoir (comhairle cathrach/contae) | An dáta a diúscraíodh é | An aidhm a bhí le hé a dhiúscairt | Aonaid chónaithe críochnaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceanannas, Co. na Mí | | | | | |
| **Líon na n-aonad cónaithe a críochnaíodh** | | | | | **670** |

Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nótaí: a Diúscraíodh gach láithreán agus gearradh táille ainmniúil de €10 ina leith.

b Ní áirítear leis seo láithreán amháin ar a bhfuil sé aonad tithíochta sóisialta agus nár aistrigh an Ghníomhaireacht Tithíochta é chuig an údarás áitiúil ábhartha fós.

**Fíor 11B.2 Láithreáin SCT a diúscraíodh agus a bhfuiltear ag súil go mbeidh deireadh le tógáil orthu faoin 31 Lúnasa 2023[a,b]**

| Suíomh na talún | Heicteáir | Faighteoir (comhairle cathrach/contae) | An dáta a diúscraíodh é | An aidhm a bhí le hé a dhiúscairt | Aonaid chónaithe beartaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Lios Uí Mhulláin[b] | 5.02 | An Iarmhí | 2021 | An bealach a réiteach do bhóthar rochtana agus d'aonaid tithíochta a thógáil. Níl an fhorbairt ach ina thús. | 170 |
| Bóthar na Darach Ríoga, Muine Bheag | 0.11 as 0.50 | Ceatharlach | 2022 | Diúscairt pháirteach: tá tógáil aonad tithíochta sóisialta faoi lánseol. Táthar ag súil lena críochnú in 2023. | 6 |

Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nótaí: a Diúscraíodh gach láithreán agus gearradh táille ainmniúil de €10 ina leith.

b I ndiaidh próiseas soláthair a reáchtáil, roghnaíodh comhfhiontar idir dhá chuideachta tógála mar chomhpháirtí tógála. I mí an Mhárta 2022, chuaigh an mháthairchuideachta de chuideachta amháin a bhí páirteach sa chomhfhiontar faoi ghlacadóireacht. Thacaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta leis an tairiscint a chur isteach arís an 31 Márta 2022 agus roghnaíodh comhpháirtí tógála eile.

**Fíor 11B.3 Láithreáin ar diúscraíodh iad do thríú páirtithe le húsáidí eile a bhaint astu amhail an 31 Lúnasa 2023**

| Suíomh na talún | Heicteáir | Faighteoir | Praghas € | An dáta a díoladh é | An aidhm a bhí le hé a dhiúscairt | Dul chun cinn go dtí seo |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bóthar Dhún Táithín, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí | 1.90 as 3.98 | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 248,000 | 2015 | Diúscairt pháirteach: tógáil bunscoile nua. (an chuid eile i bhFíor 11B.1) | Críochnaithe. |
| An Gleann, Co. Luimnigh | 0.52 | Glin Homes for the Elderly Ltd | 25,000 | 2017 | Tógáil tithe do dhaoine scothaosta. | Níl an fhorbairt ach ina tús. |
| Beairic Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara | 0.55 as 5.66 | Comhairle Contae Chill Dara | 10 | 2019 | Diúscairt pháirteach: tógadh ionad fiontraíochta agus nuálaíochta áitiúla. | Cuireadh tús le tógáil i mí na Samhna 2019. |
| An Mhaoilinn, Co. Chorcaí | 1.65 | Grúpa Pobail na Maoilinne | 35,000 | 2020 | Forbairt faiche gníomhaíochtaí pobail. | Cuireadh páirc Astroturf isteach. |
| Cloch Mhic Shíomoin, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí | 1.13 as 3.63 | An Roinn Oideachais | 200,000 | 2022 | Diúscairt pháirteach: tógáil bunscoile nua. | Céim 1 (Réamhdhearadh) amhail an 29 Meitheamh 2023. |
| Lios Uí Mhulláin (Cartún Chruaich & Kilnafaddoge) | 0.48 | Díoladh é le forbróir príobháideach. | 75,000 | 2022 | Díoladh é le forbróir príobháideach. | N/B |

Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

# 12 Bainistíocht stoic in Óglaigh na hÉireann

**12.1** Luacháladh stoic a bhí i gcuntas leithreasa na Roinne Cosanta (an Roinn) ag deireadh na bliana 2022 ar nach mór €255 mhilliún.[1] Bhain mórchuid de na stoic (€254 mhilliún) le hearraí trealaimh mhíleata a bhí i seilbh Óglaigh na hÉireann (féach Fíor 12.1).[2] Bhí na hearraí sin á gcoinneáil i 383 chuntas stórais aonair i 23 láthair ar fud na tíre agus thar lear.[3]

**12.2** Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar bhainistíocht fardail in Óglaigh na hÉireann in 2014. Maidir leis an tuarascáil a d'eascair as an athbhreithniú — *Athbhreithniú ar Bhainistíocht Fardail in Óglaigh na hÉireann* (dá ngairtear tuarascáil Dunning) — tugadh chun críche é i mí na Bealtaine 2014.[4] Sainaithníodh sa tuarascáil roinnt moltaí is féidir a chur chun feidhme ar bhainistíocht fardal agus ar áiríodh leo, inter alia, soláthar, bainistiú, diúscairt/díluacháil, luacháil, agus tuairisciú.

**12.3** Tugadh faoin mbreithniú seo chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialuithe atá i bhfeidhm chun stoic i seilbh Óglaigh na hÉireann a bhainistiú, a luacháil agus cuntas ceart a thabhairt ina leith, agus béim ar leith ann ar mholtaí thuarascáil Dunning a chur chun feidhme. Tugadh cuairt ar chúig láthair (lenar áiríodh ocht stóras míleata) mar chuid den bhreithniú.[5]

## Stoic á gcoinneáil

**12.4** Tá méadú thart ar 26% tagtha ar luach an stoic atá á choinneáil ag Óglaigh na hÉireann ó 2017 i leith. Cé gur tháinig laghdú ar leibhéil stoic thaifeadta sa tréimhse 2012 go 2017, tharla sé sin den chuid is mó de thairbhe glanadh sonraí agus athaicmiú sócmhainní atá ag dul ar aghaidh go fóill.

**12.5** I dtaca le cosaint agus bainistíocht fhardal agus shócmhainní seasta Óglaigh na hÉireann de, tá treoracha, beartais agus nósanna imeachta mar bhonn agus mar thaca acu. Tá Stiúrthóirí Cóir Aonair freagrach as beartais agus nósanna imeachta sonracha a fhorbairt dá sainréimsí. Tá úinéirí cuntais agus oibreoirí sna stórais aonair freagrach as na beartais agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm.

**Fíor 12.1 Luach an stoic mhíleata á choinneáil ag Óglaigh na hÉireann 2012 – 2022[a]**




Foinse: Vóta 36 Cuntais leithreasa na Roinne Cosanta 2012 – 2022

Nóta a Maidir leis an méadú a tháinig ar an bhfardal ag deireadh 2022, tharla sé den chuid is mó de thairbhe gur ceannaíodh méid armlóin nach beag i dtreo dheireadh 2022 agus gur tháinig méadú ar a cuid sealúchas breosla.

1 *Ciorclán 22/2022: Ceanglais maidir le Cuntais Chuí 2022* i gcás stoic athainmnithe mar fhardail.

2 Mar chuid d'Óglaigh na hÉireann tá an tSeirbhís Chabhlaigh, an tAerchór agus an tArmchór. Deighltear an tArmchór arís ina naoi gCór. Tá gach Cór freagrach as réimse sonrach freagrachta.

3 Is éard is stóras míleata ann ná na foirgnimh uile nó láithreacha iata ina gcoinnítear nó ina stóráiltear earraí trealaimh ar le hÓglaigh na hÉireann iad.

4 Ba é an mheitheal faoi chathaoirleacht an Uasail Aidan Dunning, iar-Ard-Rúnaí ar an Roinn ar ar tugadh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tráth a rinne an t-athbhreithniú.

5 Ba iad na láithreacha ar tugadh cuairt orthu ná Baile Dhónaill (Baile Átha Cliath), an tAerchór; Inis Sionnach (Corcaigh), Stórais Theicniúla an Chabhlaigh agus LÉ Samuel Beckett; Campa an Churraigh (Cill Dara), Ordanás agus Cumarsáid; Dún Uí Choileáin (Corcaigh), Cumarsáid agus Leigheas; agus Dún Mhic Aoidh (Baile Átha Cliath), Ceanncheathrú Lóistíochta.

**12.6** Dar leis an Rialtas, coimeádann Óglaigh na hÉireann líon mór d'ábhair stórála éagsúla lena chinntiú go bhfuil siad in ann riar ar riachtanais oibriúcháin leanúnacha agus go bhfuil stoic chuí i bhfeidhm acu le freastal ar riachtanais theagmhasacha i gcomhréir leis na róil a leagann an Rialtas amach d'Óglaigh na hÉireann.

**12.7** Ag deireadh 2022, bhí nach mór 61% (de réir luacha) den stoc míleata iomlán á choinneáil ag an gCór Ordanáis (féach Fíor 12.2).[1] Tá miondealú níos mionsonraithe ar na ceithre Chór a bhfuil an méid stoic is mó acu (de réir luacha) le fáil freisin i bhFíor 12.2.

**Fíor 12.2 Stoic mhíleata de réir Cóir agus de réir cineáil, an 31 Nollaig 2022**




Foinse: An Roinn Cosanta

Nóta: a SEC — Seirbhísí cumarsáide agus faisnéise.

1 Tugann an Cór Ordanáis tacaíocht theicniúil d'Óglaigh na hÉireann maidir le soláthar, stóráil, dáileadh, iniúchadh, cothabháil, deisiú agus diúscairt gach earra trealaimh a bhaineann le hordanás. Tá idir mhionairm, dhiúracáin frith-aerárthaí, threalamh cosanta pearsanta agus éidí a chaitheann pearsanra míleata mar chuid de sin.

**12.8** Taifeadtar stoc ar an modúl fardail de Chóras Chreat Bainistíochta Faisnéise na Roinne (CBF).[1] Tá cód earra Roinne ar leith ag gach earra stoic is féidir a úsáid chun méideanna stoic á gcoinneáil a shainaithint. Tá córas ar leith ag an Aerchór chun taifead a dhéanamh ar a chuid stoc — an Córas um Chothabháil Aerárthaí a Bhainistiú (CCAB).[2]

**12.9** Ní raibh ach rochtain 'amhairc amháin' ag an bhfoireann scrúdaithe ar na liostaí mionsonraithe de stoic atá ar taifead sa CBF, ach ba leor é sin chun iniúchadh a dhéanamh. Dúirt an Roinn go leagann Óglaigh na hÉireann béim mhór ar shlándáil agus go bhfuil beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm acu. Luaigh sí freisin an líon mór earraí slándála atá á gcoinneáil sna stórais (lena n-áirítear airm, armlón agus pléascáin) agus dúirt sí go ndéantar rochtain ar an bhfaisnéis seo a dhianrialú.

### *Láithreacha stoic*

**12.10** Coinnítear tuairim is 70% de stoc Óglaigh na hÉireann i stórais i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara agus sna ceantair máguaird; coinnítear 20% de i stórais i gCorcaigh; agus coinnítear tuairim is 10% i stórais fud fad an chuid eile den tír agus thar lear (féach Fíor 12.3).

**Fíor 12.3 Láithreacha na bpríomhstóras míleata[a,b]**



Foinse: An Roinn Cosanta

Nótaí: a Léirítear i méid an chiorcail an leibhéal stoic (de réir luacha) san áit.

b Ní áirítear stoc á atá á choinneáil thar lear.

1 Tá an Fhoireann R-Ghnó Oracle (eBS) suite laistigh den CBF. Mar chuid den eBS tá modúil amhail fardal, ceannach, sócmhainní seasta agus cothabháil sócmhainní. Baineann pearsanra Óglaigh na hÉireann leas as an eBS chun taifead leictreonach a dhéanamh ar shonraí idirbhirt a bhaineann le príomhfheidhmeanna cuntais stórais mhíleata, i.e., soláthar, stóráil agus leithdháileadh earraí stóras.

2 Tugtar an dá fhigiúr stoic le chéile faoi choinne an chuntais leithreasa bhliantúil.

## Cur chun feidhme mholtaí na tuarascála maidir leis an athbhreithniú ar fhardail

**12.11** Tar éis tuarascáil Dunning a thabhairt chun críche, cuireadh grúpa forfheidhmithe ar bun i mí Iúil 2014 chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na 27 moladh atá sa tuarascáil.[1] Rinneadh cúig mholadh a bhfuil buntábhacht leo agus as a dtagann na moltaí eile go léir a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta.

- beartas bainistíochta stoic a thabhairt isteach; agus íosleibhéil agus uasleibhéil de shealúchais fardail a shainaithint go háirithe
- beartas diúscartha atá sainithe go soiléir a fhorbairt
- tuarascáil bhliantúil chomhordaithe idir an Roinn agus Óglaigh na hÉireann a fhoilsiú
- aghaidh a thabhairt ar chumais na Foirne R-Ghnó (eBS)
- achar ama atá sainithe go soiléir le haghaidh na moltaí a chur chun feidhme.

**12.12** Ag teannadh ar dheireadh mhí na Bealtaine 2015, thuairiscigh an grúpa forfheidhmithe ar thoradh a chuid oibre agus rinne sé breithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cúig mholadh a bhfuil buntábhacht leo a chur i gcrích.[2] Bunaithe ar athbhreithniú ar thuarascáil an ghrúpa, níor léir don fhoireann scrúdaithe cá mhéad díobh a bhí curtha chun feidhme faoi mhí na Bealtaine 2015 de thairbhe gur catagóiríodh roinnt gníomhartha mar chinn a bhí 'idir lámha go fóill' agus nár léir gur luadh spriocdhátaí faoina mbeadh gach moladh curtha chun feidhme.

**12.13** Cuireadh an fhreagracht as na moltaí a chur chun feidhme ar aghaidh chuig an Roinn ansin, ach níor leagadh cúram sonrach ar aon dream faoi leith as monatóireacht a dhéanamh ar aon dul chun cinn a dhéanfaí ó thaobh cur chun feidhme de. Tá ráite ag an Roinn, ag deireadh mhí an Mheithimh 2023, go bhfuil 21 cheann de na 27 moladh i dtuarascáil Dunning curtha chun feidhm go hiomlán (féach Iarscríbhinn 12A) agus go bhfuiltear fós i mbun na moltaí atá fágtha (sé cinn) a chur chun feidhme (féach Fíor 12.4).

1 Sa ghrúpa bhí baill foirne shinsearacha ón Roinn agus ó Óglaigh na hÉireann.

2 *Tuarascáil ar Chonclúidí an Chomhghrúpa Forfheidhmithe agus na nithe a chuir sé chun feidhme – maidir leis an Tuarascáil ar Bhainistíocht Fardail in Óglaigh na hÉireann (Bealtaine 2014).*

**Fíor 12.4 Na moltaí ó thuarascáil Dunning nach raibh curtha chun feidhme go hiomlán faoi mhí an Mheithimh 2023**

| Moladh | Stádas | Tagairt Iarscríbhinn 12A |
|---|---|---|
| **Ardtosaíocht:** Ba cheart plean trealaimh nua d'Óglaigh na hÉireann a thabhairt chun críche ar bhonn práinne, lena n-áirítear obair chun caiteachas Cosanta áirithe a athaicmiú, mar shampla, stoc áirithe a athaicmiú mar shócmhainní. | Tá an plean trealaimh seo curtha chun feidhme. Cé go bhfuil cuid mhór den tionscadal códaithe críochnaithe, tá stop curtha go sealadach leis na gnéithe eile de go dtí go dtabharfar an tionscadal uasghrádaithe eBS chun críche. | 2 |
| **Tosaíocht mheánach:** Athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir bainistíochta fardail atá ann cheana agus ar shocruithe stórála. | Tá an obair seo ar siúl go fóill. Nuair a bheidh tuarascáil an Choimisiúin maidir le hÓglaigh na hÉireann (a foilsíodh i mí Feabhra 2022) curtha chun feidhme, is dóigh go mbeidh tionchar aige sin ar struchtúir bhainistíochta fardail agus ar na socruithe stórála. | 4 |
| **Ardtosaíocht:** Spriocanna soiléire agus torthaí soiléire a chomhaontú maidir le bainistíocht fardail. | Tá beartas nuashonraithe bainistíochta stoic i gcomhair na tréimhse 2023 go 2025 á chur chun feidhme faoi láthair agus tabharfaidh sé sin breis treorach maidir le spriocanna a shocrú, príomhtháscairí feidhmíochta san áireamh. | 6 |
| **Tosaíocht mheánach:** Caithfear cur leis an eBS de réir mar is gá ar mhaithe le gach faisnéis ábhartha a thuairisciú i bhfíor-am agus go cruinn. Déanfar breithniú dáiríre i dtaobh an CCAB a chomhtháthú isteach san eBS. | Tá tuairisciú léargais ar bhogearraí tar éis feabhas a chur ar an tuairisciú a fhaightear ón eBS. Cé go bhfuil an CCAB fós lasmuigh den eBS, tá faisnéis dúnta fardail á giniúint ar bhonn míosúil ó 2021 i leith agus á cur ar taifead san eBS. | 12 |
| **Tosaíocht mheánach:** Maidir le tionscadail éagsúla atá idir lámha chun cóid a ghlanadh suas, ba cheart leanúint díobh agus iad a thabhairt chun críche chomh luath géar agus is féidir. Líon na dtuairiscí catagóire agus earra a chuíchóiriú. | Tá an chuid is mó den ghlanadh sonraí agus den phróiseas códaithe críochnaithe. Tá stop curtha leis go sealadach de bharr an tionscadail uasghrádaithe eBS atá ag dul ar aghaidh go fóill. Tá athaicmiú sócmhainní á mheas i gcomhthéacs ina bhfuil caighdeáin cuntasaíochta rialtais láir agus forbairtí cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe á gcur chun feidhme. | 23 |
| **Tosaíocht mheánach:** Ba cheart don Eagraíocht um Chosaint athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis atá aici i leith teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a fhí isteach i slabhra soláthair Óglaigh na hÉireann le gur féidir lántairbhe a bhaint as cumais TFC ar bhealach a chuireann bonn faoi fheidhmíocht éifeachtúil ar fud an tslabhra soláthair.[a] | Táthar fós i mbun é a chur chun feidhme agus idirchaidreamh á dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le sonraí comhroinnte. Cuirfidh soláthar céimneach Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SBCA) tuilleadh feabhais ar fhorbairtí. | 27 |

Foinse: An Roinn Cosanta agus Iarscríbhinn 12A

Nóta: a San Eagraíocht um Chosaint tá an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann.

## Bainistíocht Stoic

**12.14** Tá 383 chuntas stórais ar leith ann sa chóras CBF ina gcoinnítear taifid maidir le sócmhainní seasta agus stoc.[1,2] Bíonn éagsúlacht ann maidir le réimse agus luach na n-earraí á gcoinneáil i ngach stóras. Ag deireadh 2022, bhí stoc ab fhiú €87 milliún nó 34% de luach iomlán an stoic sa chuntas aonair is mó. Is i gceithre chuntas stórais (1%) a bhí leath an luacha stoic. Ag deireadh 2022, bhí breis agus 60 (16%) cuntas stórais aonair ann a raibh stoc ar luach níos lú ná €10,000 iontu. É sin ráite, dúirt lucht na Roinne gur éirigh leo é sin a laghdú go figiúr faoi bhun 10% de na cuntais stórais faoi mhí na Bealtaine 2023.

**12.15** Dúirt an Roinn gur bunaíodh comhghrúpa idir an Roinn agus Óglaigh na hÉireann, *an Mheitheal Eagrúcháin agus Fofhardail*, in 2020 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ina gcuirtear stórais ar bun, lena n-áirítear an bunús le suíomhanna a roghnú agus na socruithe atá i bhfeidhm chun stórais a bhainistiú; chomh maith le moltaí a dhéanamh faoin gcur chuige is fearr.

**12.16** D'eisigh an grúpa tuarascáil in 2021 inar luadh go raibh dlúthbhaint ann idir líon na gcuntas agus eagrú is leagan amach Óglaigh na hÉireann. Moladh go ndéanfaí laghdú beag ar líon na gcuntas agus cuntais eile a leagan amach ar bhealach nua chomh maith le hiad a athainmniú. Níor cuireadh moltaí an ghrúpa chun feidhme go fóill, áfach.

**12.17** De rogha ar stocáireamh bliantúil a dhéanamh, déantar áirimh thimthrialla i stórais níos mó agus san Aerchór mar mhodh bainistíochta stoic. Tá sé de bhua ag na háirimh sin gur féidir le lucht an stórais leanúint orthu i mbun oibre agus gan aon ghá leis na stórais a dhúnadh chun tabhairt faoi stocáirimh. In áireamh timthrialla, cumann an córas CBF sampla randamach de chóid stoic atá le comhaireamh agus a dheimhniú ar an lá sin. Sa chás nach ionann an líon iarbhír agus an líon atá taifeadta ar an gcóras, déantar é sin a mharcáil ar an gcóras CBF lena fhiosrú.

**12.18** I gcomhréir le conarthaí le roinnt dá soláthraithe, cabhraíonn an tAerchór le stoc de pháirteanna aerárthaí dílsithe a bheith á gcoinneáil ag na soláthraithe ag bunáit Bhaile Dhónaill dá chuid. Déanann fostaí de chuid an soláthraí an stoc a bhainistiú ar an láithreán. Ní áirítear ar an luacháil stoc stoic den sórt seo, agus is ag an bpointe ceannaigh amháin a thugtar cuntas ina leith.

### *Aicmiú stoic*

**12.19** Aicmítear gach earra a choinnítear sna cuntais stórais mhíleata mar shócmhainn sheasta nó mar earra stoic. Is éard is sócmhainní seasta ann ná earraí a bhfuil an chosúlacht orthu go mbainfidh Óglaigh na hÉireann tairbhe astu go ceann tréimhse níos sia ná aon bhliain amháin agus is iondúil go mbíonn luach ceannaigh níos mó ná €1,000 acu. Tá maolú ag an Roinn ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (RCPSPFNA) a bhfuil sé de bhua aige earraí a bhfuil luach chomh híseal le €1,000 acu a thaifeadadh mar shócmhainní.[3]

**12.20** Maidir leis na hearraí a aicmítear mar shócmhainní, leithdháiltear sraithuimhir orthu a thaifeadtar ar an gcóras CBF, agus is féidir gluaiseacht gach earra sócmhainne a rianú leis seo. Is bealach iad taifeadadh earraí mar shócmhainní (e.g., earraí ar díol spéise iad ó thaobh slándála de) chun rianú níos fearr a dhéanamh ar na hearraí seo. Aicmítear gach mion-armra boise mar shócmhainní seasta.

1 Is ionann na cuntais stórais mhíleata agus na cuntais fardail a thaifeadtar ar chóras an Chreata Bainistíochta Faisnéise (CBF). Tugtar fofhardail orthu sin (FFanna).

2 Gairtear earraí fardail d'earraí stoic ar Chóras Bainistíochta Lóistíochta Óglaigh na hÉireann.

3 Faoin maolú, laghdaítear an gnáth-thairseach (€10,000) le haghaidh earraí a thaifeadadh mar shócmhainní ar fud ranna agus oifigí an rialtais láir go €1,000.

**12.21** Má tá sé de mhianach in earraí a bheith in-ídithe, aicmítear mar stoc iad. Féadfar inneall eitleáin nó tanc a áireamh mar earra stoic fiú má tá costas mór ag baint leis — mar shampla áirítear páirt d'fheithicil armúrtha Mowag mar chuid den stoc ag €280,000. Os a choinne sin, is féidir earraí níos lú a bhfuil baint acu le slándáil a áireamh mar shócmhainní seasta faoi choinne slándáil agus monatóireacht a dhéanamh fiú más faoi bhun na tairsí luacha ceannaigh atá siad. Lena ais sin, is amhlaidh, i measc ranna cosanta i ndlínsí eile, a aithnítear páirteanna breise caipitil mar shócmhainní seasta i gcomhréir le cleachtais chuntasaíochta idirnáisiúnta (e.g., Aireacht Cosanta na Ríochta Aontaithe (RA)).[1]

**12.22** Dúirt an Roinn go gcloínn sí leis na sainmhínithe ar stoc agus ar shócmhainní seasta a leagtar amach i dtreoir RCPSPFNA maidir le cuntais leithreasa bhliantúla.

**12.23** Tháinig an fhoireann scrúdaithe ar roinnt earraí ar aicmíodh go mícheart iad — mar shampla, i stóras amháin, taifeadadh meaisíní táthaithe (a luacháladh ag €12,570) á n-úsáid chun deisiúcháin a dhéanamh mar stoc seachas mar innealra.[2]

**12.24** Tháinig an fhoireann scrúdaithe ar roinnt earraí, leis, (e.g., fáisceán hiodrálach agus sábh ciorclach) a bhí, ainneoin iad a bheith in úsáid, fós á n-áireamh mar stoc sa chuntas stórais. Dúirt an Roinn go gcoinnítear earraí dá leithéid ar an gcóras fardail faoi choinne maoirseachta agus cosanta. Os a choinne sin, níltear de nós fardail a aithint ar chlár comhardaithe Aireacht Cosanta na Ríochta Aontaithe ach amháin ón am a fuarthas é go dtí go dtabharfaí amach le húsáid é.

**12.25** Tharraing tuarascáil Dunning aird ar an mbaint atá ag stoc agus sócmhainní seasta leis an obair atá ar siúl go fóill chun earraí a chódú lena chinntiú go n-aicmítear iad mar is ceart agus go luacháiltear iad ar bhealach comhsheasmhach. Moladh sa tuarascáil (in 2014), *inter alia*, go dtabharfaí tionscadail éagsúla fós sa siúl sa réimse seo a thabhairt chun críche chomh luath géar agus is féidir. Fuair an fhoireann scrúdaithe amach go raibh an obair sin fós idir lámha.

### *Luacháil stoic*

**12.26** Suas go dtí 2022, d'úsáid an Roinn cleachtais éagsúla chun na hearraí á gcoinneáil i stoc a luacháil mar a nochtar sa ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta ar glacadh leis le haghaidh vóta na Roinne Cosanta. Dúirt an Roinn go ndearnadh an stoc míleata go léir a luacháil ag meánchostas i gcuntas leithreasa 2022 uaithi.

**12.27** Luacháiltear stoc míleata ag meánchostas ceannaigh na n-earraí á gcoinneáil, agus go ríomhtar é ar bhonn stóras-ar-stóras. Ní dhéantar meánchostas a ríomh de na hearraí ar fud na stóras go léir. Seans gur gá atháireamh a dhéanamh ar an meánchostas sa stóras glactha má bhogtar aon earra stoic idir stórais. Mar gheall air sin, seans go mbeadh éagsúlacht ann maidir leis an luach atá ag na hearraí céanna ar fud na stóras, toisc gur ceannaíodh nó gur aistríodh isteach sa stóras iad ar phraghsanna éagsúla.

**12.28** Sainaithin an Roinn gurbh í an mhodheolaíocht luachála i leith meánchostais an mhodheolaíocht costála fardail is oiriúnaí do stoc míleata agus tá sí in úsáid ó 2006 i leith. Athdheimhníodh in 2017 gurbh í an mhodheolaíocht ab oiriúnaí í, i gcomhthéacs an aistrithe chuig SCBA.[3]

1 *UK Ministry of Defence Annual Report and Accounts 2021-22*.

2 Ba é €95,000 luach an tsampla iniúchta don stóras seo.

3 Ghlac ranna cosanta sa Ríocht Aontaithe agus san Astráil leis an modheolaíocht seo freisin.

**12.29** Roimh 2022, bhíodh sé de nós stoc a luacháil ar an bpraghas ceannaigh bunaidh, beag beann ar cibé a ceannaíodh nó nár ceannaíodh earra stoic eile, ar phraghas difriúil b'fhéidir. Coinníodh an praghas ceannaigh bunaidh ar an gcóras CCAB agus úsáideadh é faoi choinne luachála. Dúirt an Roinn go bhfuil uirlis nua curtha ar fáil lenar féidir luachálacha fardail deiridh a ríomh do stoc an Aerchóir ar bhonn meánchostais.

### *Leibhéil stoic*

**12.30** I mí Eanáir 2015, mar fhreagairt do mholtaí thuarascáil Dunning, ghlac Óglaigh na hÉireann beartas bainistíochta stoic chucu féin i gcomhair na tréimhse 2015 go 2020. Bhí an beartas sin fós i bhfeidhm go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2023, tráth ar tháinig beartas nua i gcomhair na tréimhse 2023 go 2025 in éifeacht.

**12.31** Fearacht bheartas 2015, tá creat rialaithe ar áireamh sa bheartas reatha, rud is féidir le 'húinéirí' agus le feighlithe stoic a úsáid chun a chinneadh conas ba cheart an leibhéal stoic de gach earra á choinneáil a chatagóiriú (féach Fíor 12.5).

**12.32** Bhí sé i gceist le beartas 2015 go leithdháilfí luachanna uimhriúla (is iad sin, uimhreacha íosta agus uimhreacha uasta maidir le gach earra) ag gach leibhéal de na leibhéil stoic.[1,2] Diomaite de na luachanna maidir le harmlón áirithe ar tugadh suntas dóibh le linn cuairt a thabhairt ar an long chabhlaigh, fuair an fhoireann scrúdaithe amach nach raibh na leibhéil stoic íosta agus uasta i bhfeidhm maidir le hearraí stoic.[3]

**Fíor 12.5 Creat stoic – beart rialaithe stoic[a]**




Foinse: An Roinn Cosanta

Nótaí:
a Ní mór bearta cuí rialaithe stoic a úsáid chun gach sealúchas stoic a bhainistiú.
b Is ionann an stoc uasta agus an leibhéal stoic nár cheart a shárú, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla nó de bharr imeacht neamhghnách.
c Is éard is cúlstoc oibríochtúil ann ná an stoc a chaitear go laethúil.
d Is maolán é stoc sábháilteachta idir cúlstoc oibríochtúil agus stoc straitéiseach.
e Is éard is stoc straitéiseach ann ná stoc nach féidir le hÓglaigh na hÉireann déanamh gan é.

1 Bhí beartas na bliana 2015 i bhfeidhm faoin am ar thug an fhoireann scrúdaithe faoina gcuid oibre allamuigh.

2 Is iad na stiúrthóirí soláthair atá freagrach as seo agus iad ina n-úinéirí agus ina sealbhóirí stoic ar fho-mhírchinn soláthair chineachta soláthair.

3 Inis Sionnach (Corcaigh) — LÉ Samuel Beckett.

**12.33** Idir 2014 agus 2015, rinne na Seirbhísí Faisnéise Cumarsáide (SFC) anailís ar gach gné dá ngluaiseachtaí stoic, lena n-áirítear láimhdeachas fardail, agaí tionscanta agus rátaí úsáide. Fuarthas amach nach raibh pleanáil íosta/uasta oiriúnach don fheidhm i gcás go leor earraí stoic SEC de bharr agaí tionscanta an-fhada, síneadh á chur le saolré eacnamaíoch thar shaolré an mhonaróra agus toisc gur chuir monaróirí deireadh le línte táirgthe páirteanna breise áirithe.

**12.34** Dar le hÓglaigh na hÉireann i mí Iúil 2022, cé go ndearnadh iniúchadh agus athbhreithniú ar phleanáil íosta/uasta ar leibhéal an stoic roimhe seo ag leibhéal straitéiseach faoi choinne a úsáide laistigh de Chóras Bainistíochta Lóistíochta Óglaigh na hÉireann, cuireadh stop sealadach leis an tionscnamh sin mar gheall ar ghanntanas foirne agus mar gheall ar bhaill foirne i róil thábhachtacha a bheith ag teacht agus ag imeacht de shíor.

**12.35** Cuireann an beartas bainistíochta stoic nuashonraithe iallach ar gach Cór an beart rialaithe stoic ábhartha a chur chun feidhme, de réir mar is cuí, ar an gcóras bainistíochta stoic a bhaineann go sonrach lena riachtanais rialaithe stoic, faoi cheann dhá mhí dhéag ó dháta an uasghrádaithe, atá le críochnú faoi dheireadh 2023.

### *Príomhtháscairí feidhmíochta*

**12.36** Fearacht an bheartais a bhí i bhfeidhm in 2015, leagtar amach sa bheartas bainistíochta stoic atá ag Óglaigh na hÉireann faoi láthair gur den ríthábhacht é go socraíonn gach stiúrthóir soláthair, i.e., na húinéirí stoic, príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna). Luaitear sa bheartas seo trí PTF ar féidir leas a bhaint astu

- an ráta láimhdeachais fardail
- an céatadán d’orduithe neamhchríochnaithe
- an meán-aga timthrialla ordaithe.

**12.37** Rud eile de, leagadh amach i mbeartas 2015 gur cheart na PTFanna (samplacha) a chur i bhfeidhm ar bhonn uimhreach roinne aonair, is é sin, cóid earraí aonair, agus go gcuirfí sonraí as a riocht dá ndéanfaí earraí stoic a ghrúpáil le chéile. B’fhearr an nós sin a sheachaint mar sin.

**12.38** Cé gur iarradh faisnéis faoi PTFanna mar chuid de na cuairteanna a thug an fhoireann scrúdaithe ar láithreáin, níor cuireadh ar fáil í. Ag an am, dúirt Óglaigh na hÉireann nár den phraiticiúlacht é na PTFanna a chur chun feidhme go fóill, go mór mór toisc go raibh éagsúlacht mhór ann ó thaobh stoic de i measc na gCór go léir, gan trácht ar ráta ard athraithe foirne agus easpa bogearraí anailíseacha a bheith ann. Cé gur úsáideadh PTFanna (samplacha) ar uairibh, tharla sé sin ar bhonn neamhfhoirmiúil (e.g., príomhstórais theicniúla SEC).

**12.39** De réir bheartas 2023, ceanglaítear ar Chóir PTFanna maidir le bainistíocht stoic a shainaithint, a chur chun feidhme agus a thuairisciú go ráithiúil, ag tosú ag deireadh R3 2023.

### *Athraitheas stoic*

**12.40** Bíonn athraitheas le sonrú i gcónaí idir luacháil stoic sa mhodúl fardail den CBF agus i gcóras cuntasaíochta na Roinne. Tháinig an difríocht sin chun cinn le himeacht ama tar éis an córas CBF atá i bhfeidhm faoi láthair a chur chun feidhme in 2006. Le linn cleachtadh inmheánach a dhéanamh in 2012, sainaithníodh roinnt fadhbanna ba bhun leis an athraitheas a dhéanamh níos measa: ba iad sin fabhtanna i mbogearraí, idirbhearta siardhátaithe, cóid lochtacha, slánú agus mí-chatagóiriú.[1]

**12.41** Ba é ba chionsiocair leis an athraitheas, ó thaobh airgeadaíochta de, ná cóid earraí mhíchearta a shannadh do roinnt earraí stoic, is é sin, mí-chatagóiriú. I dtuarascáil deiridh a d'eisigh an fhoireann tionscadail i mí an Mhárta 2014, luadh go raibh an t-athraitheas laghdaithe ó thart ar €14 mhilliún go díreach faoi bhun €400,000. Ag deireadh na bliana 2022, ba é €76,000 an difríocht.

**12.42** Dúirt an Roinn nach raibh aon fhianaise ann gur tharla an fhadhb arís tar éis uasghrádú bogearraí a dhéanamh. Glacann sí leis go bhfuil an fhadhb seo réitithe anois. Luaigh an Roinn go raibh roinnt difríochtaí fágtha ach meastar nach mbeadh tionchar rómhór acu sa chás seo, agus go bhfuil an chothromaíocht neamhréire réasúnta seasmhach.

### *Stoc atá as feidhm*

**12.43** Is gnách go ndéantar stoc atá as feidhm a shainaithint le linn stocáirimh a dhéanamh. Le hé a aicmiú mar stoc atá as feidhm, áfach, caithfidh an Bord Suirbhéireachta é a mheas ar dtús.[2]

**12.44** Ar mhaithe leis an bpróiseas bainistíochta stoic a dhéanamh níos trédhearcaí, moladh i dtuarascáil Dunning go nochtfaí sna ráitis airgeadais luach stoic ar díscríobhadh é le linn na tréimhse. Ó 2013 i leith, tá sé éirithe ina nós an fhaisnéis sin a nochtadh i gcuntas leithreasa bliantúil na Roinne (féach Fíor 12.6).

**Fíor 12.6 Luach an stoic a díscríobhadh, 2013 – 2022**




Foinse: Vóta 36 Cuntais leithreasa na Roinne Cosanta, 2013 – 2022

1 Cuireadh foireann tionscadail ar bun ar a raibh baill foirne na roinne agus baill foirne Óglaigh na hÉireann d'fhonn athraitheas i luach an stoic a iniúchadh.

2 Tá Bord Suirbhéireachta comhdhéanta de thriúr comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a cheaptar chun tuairisc a thabhairt ar an mbail atá ar stoc a mheastar é a bheith as feidhm. Is é an Bord a chinneann cé acu atá nó nach bhfuil an stoc atá idir chamáin inúsáidte, indeisithe nó as feidhm nó cé acu atá nó nach bhfuil níos mó aige ann ná mar is gá.

**12.45** Le linn dóibh cuairt a thabhairt ar an mBunáit Chabhlaigh, fuair an fhoireann scrúdaithe amach, ainneoin go bhfuil long ann a bhfuil cuntais stórais ceangailte leis an gcóras bainistíochta stoic aici, go bhfuil seans ann fós go gcoinnítear idirbhearta in áit eile ar scarbhileog Excel de dheasca fadhbanna nascachta a bheith ann uaireanta.[1]

**12.46** Thrácht an fhoireann iniúchta freisin ar chinneadh a rinneadh chun trí long a bhaint den tseirbhís (LÉ Orla, LÉ Ciara agus LÉ Eithne) agus go raibh méid stoic nach beag á choinneáil ag an mBunáit Chabhlaigh, ar cuireadh i leataobh é chun cothabháil agus seirbhísiú a dhéanamh ar na longa sin.[2]

**12.47** Dúradh leis an bhfoireann scrúdaithe go gcaithfí le sciar cuibheasach mór den stoc á choinneáil sa phríomhstóras cabhlaigh mar stoc atá as feidhm mar gheall ar an gcinneadh chun na longa sin a bhaint den tseirbhís.[3] Rud eile de, is mar chuid den phróiseas díchoimisiúnaithe a thabharfar faoi chuntas stórais a leithdháileadh ar na longa a dhúnadh agus fáil réidh leis na hearraí stoic.

**12.48** Dúirt an Roinn go raibh gá leis an stoc lena chinntiú go raibh na longa inseolta i gcónaí, ar chúiseanna sábháilteachta agus oibríochta, go dtí go mbeadh an cinneadh chun iad a bhaint den tseirbhís déanta. Dúirt sí, fiú tar éis an cinneadh a bheith déanta, go raibh dualgas ann fós cothabháil a dhéanamh ar na longa sin chun go mbeadh siad inseolta go dtí go bhfaighfí réidh leo.[4]

**12.49** Tá seilfré ag earraí stoic amhail armlón. Is beag tóir a bhíonn ar an stoc seo uaireanta toisc nach n-úsáidtear ach sciar beag den armlón go bliantúil le haghaidh riachtanais oiliúna agus seirbhíse. Dúirt an Roinn go gcaithfeadh Óglaigh na hÉireann stoc armlóin straitéisigh agus sábháilteachta a choinneáil chun críocha teagmhasacha i gcomhair na ról a shannann an Rialtas dóibh.

**12.50** Nuair a mheastar earraí a bheith ina stoc atá as feidhm, is iondúil go bhfaightear réidh leo (a luaithe a fhaightear cead chuige sin ón mBord Suirbhéireachta) agus go mbaintear iad den chóras bainistíochta stoic. In amanna, bíonn moill ann idir earraí a shainaithint mar stoc atá as feidhm agus Bord Suirbhéireachta a chríochnú. Mar fhreagairt do thuarascáil Dunning, cuireadh beartas diúscartha i bhfeidhm agus cuireadh rialacháin athbhreithnithe Óglaigh na hÉireann agus nósanna imeachta nua i bhfeidhm.[5] Mar sin féin, tá fadhbanna fós ann maidir le diúscairtí, go háirithe maidir le hearraí barrachais/earraí atá as feidhm a dhiúscairt.

**12.51** Tar éis é a bheith ina údair imní gur thángthas ar earraí cuntais stórais ordanáis agus stoic lasmuigh de bhunáit mhíleata ar díscríobhadh iad le haghaidh diúscartha roimhe seo, rinne aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne iniúchadh ar stóras ar leith i mí na Samhna 2021. Fuarthas amach san iniúchadh go raibh comhpháirteanna ordanáis ann sa stóras a raibh sé beartaithe iad a dhiúscairt ach nár diúscraíodh go fóill, cé gur baineadh den chóras stoic iad.

**12.52** Tháinig roinnt moltaí as an iniúchadh, lena n-áirítear: gach cáipéisíocht stocáirimh a choinneáil; rian iniúchta iomlán a bheith ann le haghaidh diúscartha; féachaint chuige go scriosfaí stoc/go ndiúscrófaí é díreach tar éis Bord Suirbhéireachta a dhéanamh; agus limistéar slán a bheith réidh fad is atáthar ag feitheamh le cinneadh Boird Suirbhéireachta.

**12.53** Dúirt an Roinn, ó rinneadh an t-iniúchadh inmheánach, go bhfuil gníomhartha nach beag déanta chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin, lena n-áirítear conradh a shocrú i gcomhair stialladh miotail; slándáil a neartú nuair atáthar ag diúscairt earraí; agus nósanna imeachta agus rialuithe a fheabhsú don stóras atá idir chamáin.

1 A luaithe a fheabhsaíonn nascacht, déanfar uasghrádú ar an gcóras.

2 Bhí an tAire Cosanta i bhfeighil ag searmanas an 8 Iúil 2022 ina ndearnadh na trí long a dhíchoimisiúnú.

3 Níorbh eol an leibhéal iarbhír stoic atá as feidhm go dtí go mbeidh a anailís críochnaithe ag an mBord Suirbhéireachta.

4 Dúirt an Roinn go bhféadfadh go seolfaí na longa go dtí tsaoráid diúscartha tar éis an anailís ba ghá a bheith déanta ag an mBord Suirbhéireachta.

5 Dúirt an Roinn gur shínigh an tAire na rialacháin athbhreithnithe i mí na Samhna 2022.

**12.54** In 2021, bhunaigh Óglaigh na hÉireann grúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas Boird Suirbhéireachta. Thuairiscigh an grúpa i dtús 2022, agus athruithe sa phróiseas á moladh acu, lenar áiríodh é a cheangal ar chomhaltaí Boird deimhniú a thabhairt nuair a chuirtear moltaí an Bhoird chun feidhme.

**12.55** I mí na Samhna 2022, tugadh isteach rialacháin diúscartha athbhreithnithe, lena n-airítear an ceanglas go gcaithfidh beirt chomhaltaí de chuid an Bhoird Suirbhéireachta a dheimhniú go raibh siad i láthair nuair a diúscraíodh earraí ar moladh iad a dhiúscairt.

### *Dea-chleachtas*

**12.56** Sainaithin an fhoireann scrúdaithe cásanna dea-chleachtais inaistrithe sna próisis bhainistíochta stoic a chleachtann an Roinn Cosanta. Áirítear leo siúd

- an córas CBF, lenar féidir le hÓglaigh na hÉireann a dhéanamh amach an bhfuil an t-earra stoic atá de dhíth á choinneáil in áit eile agus féachaint chuige go n-aistreofar é láithreach
- áirimh thimthrialla lena réitítear an bealach do mhonatóireacht a dhéanamh ar stoc agus é a chomhaireamh ar bhonn leanúnach gan aon ghá le stóras a dhúnadh ar feadh tréimhse fhada chun stocáirimh a éascú
- é de nós ag an Aerchór anois stoic atá faoi stiúir an díoltóra a úsáid, rud a chuireann próisis éifeachtúla bainistíochta fardail chun cinn agus a aistríonn chuig na soláthraithe an riosca bainistíochta a bhaineann le stoic a choinneáil
- níl an oiread chéanna páirteanna breise ag teastáil chun freastal ar riachtanais ó tharla gur féidir le pearsana a bhfuil sainscileanna acu deisiúcháin a dhéanamh ar shócmhainní chomh maith le cinneadh a dhéanamh go bhfuil earra stoic as feidhm
- trédhearcacht sa phróiseas bainistíochta stoic trí stoc a díscríobhadh a nochtadh sa chuntas leithreasa bliantúil.

## Conclúidí agus moltaí

**12.57** Bhí stoc míleata arbh fhiú €254 mhilliún iad á gcoinneáil ag deireadh 2022. Coinnítear stoc i roinnt stóras míleata ar fud na tíre agus déantar idirbhearta sna stórais sin a thaifeadadh i mbreis agus 380 cuntas stórais i gcóras chreat bainistíochta faisnéise na Roinne.

**12.58** Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar bhainistíocht fardail in Óglaigh na hÉireann in 2014. Tuarascáil Dunning an toradh a bhí air sin. Mar chuid den tuarascáil bhí 27 moladh a bhain le réimsí éagsúla. Faoi mhí an Mheithimh 2023, bhí sé mholadh ann nach raibh curtha chun feidhme go hiomlán fós.

**12.59** Táthar ag gabháil do ghlanadh sonraí agus d'earraí á stóráil ag Óglaigh na hÉireann a aicmiú i gceart le blianta beaga anuas. Moladh i dtuarascáil Dunning go dtabharfaí tionscadail sa réimse seo chun críche chomh luath agus is féidir. Níor éirigh leis an Roinn a cuid oibre sa réimse seo a chríochnú go fóill.

#### Moladh 12.1

Ba cheart pé moltaí i dtuarascáil Dunning nach bhfuil curtha chun feidhme go fóill a chur i ngníomh go pras. Ba cheart plean forfheidhmithe a bhfuil spriocanna soláthar agus garspriocanna aige a chur i bhfeidhm.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá 21 mholadh de na 27 moladh i dtuarascáil Dunning curtha chun feidhme faoin am seo. Tá neart oibre déanta i gcás na sé mholadh eile, agus an chuid is mó acu geall le bheith curtha chun feidhme go hiomlán, mar atá leagtha amach i bhFíor 12.4 thuas. Ó eisíodh tuarascáil Dunning, tá roinnt saincheisteanna tagtha chun cinn a thagann salach ar an iarracht chun na moltaí sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear an plean atá ar bun an Roinn Cosanta a aistriú go SCBA (plean a bhí le cur i gcrích in 2018) agus tuarascáil an Choimisiúin maidir le hÓglaigh na hÉireann. Breithneoidh an Roinn agus Óglaigh na hÉireann na moltaí atá fágtha faoi choinne plean a cheapadh chun iad a thabhairt chun críche.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Breithneoidh an Roinn agus Óglaigh na hÉireann na moltaí atá fágtha agus cuirfidh siad plean i leith iad a thabhairt chun críche i bhfeidhm faoi R1 2024.

**12.60** Tháinig an fhoireann scrúdaithe ar roinnt earraí ar aicmíodh go mícheart iad — mar shampla, earraí a bhí fós á n-áireamh mar stoc sa chuntas stórais cé go raibh siad in úsáid.

**Moladh 12.2**

Ba cheart don Roinn breithmheas a dhéanamh ar an nglanadh sonraí agus ar an bpróiseas códaithe atá ar siúl faoi láthair, lena n-áirítear aicmiú sócmhainní lena shainaithint cén fáth go bhfuil mí-aicmiú fós ag tarlú; chomh maith leis an treoir ghaolmhar a nuashonrú lena chinntiú go ndéanfar stoc agus sócmhainní a aicmiú i gceart amach anseo agus go mbainfear as taifid cuntais stórais aon stoc a eisítear lena úsáid.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá an cion trom den ghlanadh sonraí agus den tionscadal códaithe déanta. Tá stop sealadach curtha leis le bliain anuas de bharr uasghrádú atá á dhéanamh ar chóras airgeadais comhtháite na Roinne Cosanta (modúil fardail agus sócmhainní seasta san áireamh) agus atá fós idir lámha. A luaithe a thagann an córas nua i bhfeidhm, cuirfear tús arís leis an obair ar an tionscadal. É sin ráite, caithfidh an tionscadal aghaidh a thabhairt ar na caighdeáin cuntasaíochta rialtais láir atáthar ar tí a fhoilsiú, agus an chosúlacht air go n-eiseofar iad roimh dheireadh na bliana. Mar chuid de na caighdeáin nua sin beidh sainmhínithe agus treoirlínte nua maidir le fardal agus le sócmhainní seasta. Féachfaidh an Roinn chuige go gcuirfear na treoirlínte sin i bhfeidhm.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Cuirfear an moladh seo chun feidhme faoi dheireadh na bliana 2024.

**12.61** I mí Eanáir 2015, mar fhreagairt do mholtaí thuarascáil Dunning, ghlac Óglaigh na hÉireann beartas bainistíochta stoic chucu féin i gcomhair na tréimhse ó 2015 go 2020. Beidh an próiseas sin fós i bhfeidhm go dtí mí na Bealtaine 2023.

**12.62** Maidir le gnéithe de bheartas 2015, amhail uimhreacha stoic a shainiú mar chuid den chreat rialaithe stoic agus príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) á úsáid, níl siad curtha chun feidhme go fóill.

**12.63** Tháinig beartas bainistíochta stoic nua, i gcomhair na tréimhse ó 2023 go 2025, in éifeacht ag deireadh mhí na Bealtaine 2023. Faoin mbeartas nua, caithfear bearta rialaithe stoic a chur chun feidhme (trína ndéantar an leibhéal stoic de gach earra á choinneáil a bhreithniú agus a bhainistiú) faoi cheann dhá mhí dhéag ó uasghrádú córais atá beartaithe. Táthar ag súil go mbeidh sé sin críochnaithe faoi dheireadh 2023. Ceanglaítear leis an mbeartas sin PTFanna a shainaithint, a chur chun feidhme agus a thuairisciú ar bhonn ráithiúil, ag tosú ag deireadh R3 2023.

**Moladh 12.3**

Ba cheart athbhreithnithe a dhéanamh ó am go ham (e.g., go bliantúil) chun a chinntiú go bhfuil riachtanais bheartais á gcur i ngníomh mar a bhí beartaithe agus chun a chinntiú go mbíonn gach gné den bheartas i gcónaí in oiriúint do riachtanais Óglaigh na hÉireann i láthair na huaire agus amach anseo.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá an moladh seo á chur chun feidhme. Tá athbhreithniú déanta ar bheartas bainistíochta stoic Óglaigh na hÉireann agus cuireadh beartas nua i bhfeidhm le déanaí don tréimhse 2023-2025. Ina gcáil mar phríomh-gheallsealbhóirí, ceanglófar ar Stiúrthóirí Cóir tuarascálacha a chur isteach go rialta faoin obair atá déanta acu ar an mbeartas a chur chun feidhme.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Tá an beartas seo á chur chun feidhme faoi láthair agus beidh sé i bhfeidhm go hiomlán é faoi dheireadh 2024.

**12.64** Tá stoc á choinneáil ag Óglaigh na hÉireann i mbreis agus 380 cuntas stórais. Tá stoc ar fiú €87 milliún é sa chuntas is mó agus leath luach an stoic roinnte thar cheithre chuntas. Tá líon mór cuntas ann ina bhfuil stoc nach bhfuil luach rómhór ag baint leis, agus rioscaí slándála gaolmhara agus costais slándála ghaolmhara ag gabháil leo sin.

**12.65** Rinneadh athbhreithniú in 2020/2021 ar an gcaoi ina gcuirtear stórais ar bun, lena n-áirítear an bunús le suíomhanna a roghnú agus na socruithe maidir le stórais a bhainistiú. Aimsíodh san athbhreithniú go raibh dlúthbhaint ag líon na gcuntas le heagraíocht is struchtúr Óglaigh na hÉireann agus moladh líon na gcuntas a laghdú beagáinín; chomh maith le cuntais eile a atheagrú agus athainmniú. Níl na moltaí curtha chun feidhme go fóill, áfach.

**Moladh 12.4**

Maidir leis na moltaí a d’eascair ón athbhreithniú a rinneadh ar an gcaoi ina gcuirtear na stórais ar bun, ba cheart iad a chur i ngníomh go pras. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ó am go chéile freisin ar an ngá atá le líon mór cuntas stórais ar luach íseal a choimeád i mbun feidhme.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Níor cuireadh na moltaí seo chun feidhme go fóill, ó tharla gur dócha go dtiocfaidh athruithe eile ar struchtúr agus eagrú Óglaigh na hÉireann, agus ar an arm go mór mór, de bharr mholtaí an Choimisiúin maidir le hÓglaigh na hÉireann. A luaithe a thugtar cuntas níos soiléire ar an struchtúr atá beartaithe don arm, pléifear an tsaincheist seo arís.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Ní léir fós an amlíne ina mbeartaítear an moladh seo a chur chun feidhme ó tharla go mbeidh tionchar ag an athbhreithniú arna mholadh ag an gCoimisiún ar struchtúr Óglaigh na hÉireann. Cuirfear an moladh chun feidhme faoi cheann bliana ón tráth a dtabharfar an t-athbhreithniú chun críche.

**12.66** Suas go dtí 2022, bhíodh cur chuige neamh-chomhsheasmhach á ghlacadh i leith stoc a luacháil ar fud Óglaigh na hÉireann. Dhéantaí stoc míleata a luacháil ag meánchostas ar bhonn stóras-ar-stóras, fad is a dhéantaí stoc an Aerchóir a luacháil ag an gcostas ceannaigh bunaidh. D'athraigh sé sin in 2022 agus déantar gach stoc míleata a luacháil anois ag meánchostas, nós atá le sonrú i gcuntas leithreasa na Roinne do 2022.

**12.67** Mar fhreagairt do thuarascáil Dunning, tá feabhas curtha ar an gcaoi ina ndéantar stoc as feidhm a díscríobhadh a thuairisciú, mar chuid den chuntas leithreasa bliantúil. Mar sin féin, thángthas ar chásanna inar díscríobhadh earraí stoic ó chóras an chreata bainistíochta faisnéise ach b'amhlaidh nár diúscraíodh na hearraí sin ar bhealach rialaithe.

**12.68** Thug an fhoireann iniúchóireachta inmheánaí faoi athbhreithniú ar stóras ar leith i mí na Samhna 2021, áit nár diúscraíodh go fisiciúil earraí a díscríobhadh cheana féin ón gcóras. Moladh san iniúchadh, *inter alia*, an gá a bhí le: gach cáipéisíocht stocáirimh a choinneáil; rian iniúchta iomlán a bheith ann le haghaidh diúscartha; féachaint chuige go scriosfaí stoc/go ndiúscrófaí é díreach tar éis cinneadh ón mBord Suirbhéireachta; agus limistéar slán a bheith ann le haghaidh stoc a bhfuil cinneadh le déanamh ag an mBord Suirbhéireachta ina leith.

**12.69** Tugadh isteach rialacháin athbhreithnithe diúscartha i mí na Samhna 2022, lena n-airítear an ceanglas go gcaithfidh beirt (den triúr) comhaltaí de chuid an Bhoird Suirbhéireachta a dheimhniú go raibh siad i láthair nuair a diúscraíodh earraí ar moladh iad a dhiúscairt.

**Moladh 12.5**

Ba cheart tabhairt faoi athbhreithniú níos forleithne a dhéanamh ar stórais lena fháil amach cad iad na bunchúiseanna atá ag teacht salach ar dhiúscairt thráthúil fhisiciúil gach earra stoic go pras chomh maith le plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na cúinsí a sainaithníodh.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Thug aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne faoi athbhreithniú ar phríomhstóras, áit nár diúscraíodh go fisiciúil agus go pras earraí a díscríobhadh cheana féin ón gcóras. Aimsíodh san athbhreithniú roinnt cúiseanna taobh thiar de na moilleanna.

Ina theannta sin, tugadh faoi athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas an Bhoird Suirbhéireachta. Mar gheall air sin, leasaíodh rialacháin shonracha lena rialaítear Boird Suirbhéireachta chun aghaidh a thabhairt ar na nósanna imeachta sin, agus shínigh an tAire leagan leasaithe de Rialachán Óglaigh na hÉireann (DFR L7) an 10 Samhain 2022.

Tabharfar faoi athbhreithniú níos leithne ar stórais mar a mholtar. Déanfaidh sé sin forbairt ar fhionnachtana an athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí agus ar fhionnachtana an athbhreithnithe ar an bpróiseas Boird Suirbhéireachta araon.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Cuirfear an moladh seo chun feidhme faoi R2 2024.

### Moladh 12.6

Ba cheart rialú breise a thabhairt isteach sa chaoi is go dtugann baill den Bhord Suirbhéireachta ábhartha deimhniú foirmiúil pras maidir le diúscairt earraí míleata íogaire sula ndéantar na hearraí sin a dhíscríobh ón gcóras bainistíochta stoic. Ba cheart na rialacháin diúscartha a nuashonrú chun na ceanglais sin a chur san áireamh.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá an moladh seo curtha chun feidhme cheana féin a bheag nó a mhór.

Maidir leis an moladh ‘go dtugann baill den Bhord Suirbhéireachta ábhartha deimhniú foirmiúil go pras maidir le diúscairt earraí míleata íogaire sula ndéantar na hearraí sin a dhíscríobh ón gcóras bainistíochta stoic’, is amhlaidh, de réir na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair, a chaithfear gach earra a choinneáil ar an gcóras bainistíochta stoic go dtí go ndiúscrófar iad mar is ceart. Tá treoracha follasacha chuige sin á meas faoi láthair i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá á dhéanamh ar Ordú Óglaigh na hÉireann 01/2014 – *Nósanna Imeachta Cuntasaíochta do Stórais Mhíleata agus do Cheardlanna Míleata*.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Cuirfear an moladh seo chun feidhme faoi R2 2024.

## Iarscríbhinn 12A Measúnú ar an gcaoi ina bhfuil moltaí de chuid thuarascáil Dunning 2014 á gcur chun feidhme

| Príomh-mholtaí[a] | Tosaíocht[c] | Beal. 2015 | Noll. 2016 | Meitheamh 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Tosaíocht uileghabhálach[b]** | | | | |
| 1. Ba cheart foireann bheag thiomanta de phearsanra sibhialta agus Óglaigh na hÉireann a bhunú a bhfuil sé de shainchúram uirthi dlús a chur le moltaí an athbhreithnithe a chur chun feidhme. | **Ard** | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 2. Ba cheart plean trealaimh nua d'Óglaigh na hÉireann a thabhairt chun críche ar bhonn práinne, lena n-áirítear obair chun caiteachas Cosanta áirithe a athaicmiú, mar shampla, stoc áirithe a athaicmiú mar shócmhainní. | **Ard** | 🟡 | 🟡 | 🟡 |
| 3. Ba cheart ráiteas beartais diúscartha nua agus ráiteas bainistíochta stoic nua a chomhaontú. | **Ard** | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| 4. Athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir bainistíochta fardail atá ann cheana agus ar shocruithe stórála. | Meánach | 🟡 | 🟡 | 🟡 |
| 5. Ba cheart an leithdháileadh acmhainní bliantúil a dhéanann focheannasaí agus na próisis maoirseachta fardail atá beartaithe a bheith ag teacht le chéile ar bhealach níos soiléire. | Meánach | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 6. Spriocanna agus torthaí bainistíochta fardail soiléire a chomhaontú. | **Ard** | 🟡 | 🟡 | 🟡 |
| 7. Gach gné de shaolré fardail a choinneáil faoi athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar naisc. | Meánach | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| 8. Ba cheart don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann treoirphlean i leith na moltaí a chur chun feidhme a chomhaontú eatarthu féin tar éis dóibh teacht ar a dtuairim féin faoin athbhreithniú. | **Ard** | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| **Soláthar** | | | | |
| 9. Ba cheart an próiseas soláthair a bheith faoi réir breis comhordaithe straitéisigh faoi stiúir an láir idir an Roinn agus Óglaigh na hÉireann, agus é faoi stiúir ag an bhfoireann bheartaithe nua. | **Ard** | 🟡 | 🟡 | 🟢 |

| Príomh-mholtaí[a] | Tosaíocht[c] | Beal. 2015 | Noll. 2016 | Meitheamh 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Bainistíocht** | | | | |
| 10. Ba cheart don Ghrúpa um Pleanáil Ardleibhéil agus Soláthar (GPAS) ráitis bheartais stoic a fhaomhadh don Armchór, don Aerchór, agus don tSeirbhís Chabhlaigh uile agus iad a chur chun feidhme ar bhonn práinne. | **Ard** | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 11. Ba cheart don Bhord um Stoc atá As Feidhm nó Gan Tóir Rómhór Air luí isteach ar a gcuid oibre agus a gcuid oibre a thuairisciú do GPAS, agus a aird á leagan ar stoc an-luachmhar nach raibh tóir rómhór air le tamall fada. | Meánach | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| 12. Caithfear cur leis an eBS de réir mar is gá ar mhaithe le gach faisnéis ábhartha a thuairisciú i bhfíor-am agus go cruinn. Déanfar breithniú dáiríre i dtaobh an CCAB a ghlacadh isteach san eBS. | Meánach | 🟡 | 🟡 | 🟡 |
| 13. Ba cheart do Stiúrthóirí Cóir freastal go rialta ar chruinnithe den fhoghrúpa nua GPAS maidir le bainistíocht fardail agus le diúscairt fardail. | Meánach | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 14. Ba cheart d'Óglaigh na hÉireann cumarsáid níos fearr a chothú idir feidhmeanna maidir le bainistiú fardail. | **Ard** | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| **Diúscairt** | | | | |
| 15. Féachaint chuige go n-éiríonn GPAS i bhfad níos gníomhaí agus go mbeidh diúscairtí mar chuid de shainchúram na foirne míleata/sibhialta atá beartaithe. Ba cheart foghrúpa de GPAS a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar bhainistiú fardail agus ar dhiúscairt fardail. | **Ard** | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 16. Ba cheart cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas foirmiúil chun farasbarr fardail a shainaithint ar bhealach a bhaineann leas níos mó as próiseas na n-oifigeach teicniúil seachas an Bord Suirbhéireachta. | Meánach | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 17. Ba cheart do Bhrainse Lóistíochta Óglaigh na hÉireann tuarascáil ar dhul chun cinn a dhéanamh go ráithiúil ar na Boird Suirbhéireachta a tionóladh agus iad sin a chur faoi bhráid na foirne beartaithe nua agus ar aghaidh chuig foghrúpa GPAS. | Meánach | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 18. Ba cheart do Bhoird Suirbhéireachta dul i gceann a gcuid oibre agus í a chríochnú laistigh de thréimhse ama shonraithe a leagann foghrúpa GPAS amach dóibh. | **Ard** | 🟡 | 🟢 | 🟢 |

| Príomh-mholtaí[a] | Tosaíocht[c] | Beal. 2015 | Noll. 2016 | Meitheamh 2023 |
|---|---|---|---|---|
| 19. Is cuma más iad na Boird Suirbhéireachta nó grúpa eile ba bhun leo, ba cheart don fhoireann bheartaithe nua cloí go lárnach le gach díscríobh d'fharasbarr fardail atá beartaithe agus na ranna ábhartha éagsúla a chur ar an eolas fúthu. | **Ard** | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 20. Ba cheart tús áite a thabhairt d'earraí barrachais a dhíol mar mhodh chun iad a dhiúscairt. Ba cheart beartas ina leith sin a chomhaontú leis na ranna ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. | **Ard** | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| **Luacháil** | | | | |
| 21. Ba cheart measúnú a dhéanamh láithreach bonn ar cé acu a úsáideadh/a ídíodh nó nár úsáideadh/nár ídíodh fardal i láithreacha réigiúnacha. | **Ard** | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 22. Tá RCPSPFNA agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas cuntasaíochta i leith fardal a luacháil. | Meánach | 🟡 | 🟢 | 🟢 |
| 23. Maidir le tionscadail éagsúla atá idir lámha chun cóid a ghlanadh suas, ba cheart leanúint leo agus iad a thabhairt chun críche chomh luath géar agus is féidir. Ba cheart líon na dtuairiscí catagóire agus earra a chuíchóiriú. | Meánach | 🟡 | 🟡 | 🟡 |
| **Tuairisciú** | | | | |
| 24. Ba cheart foilseachán a dhíríonn ar fhardal a chur i dtoll a chéile go bliantúil (agus Meastacháin a fhoilsiú leis). Ba cheart don fhoilseachán nua faoi fhardal a bheith ar comhréir leis na figiúirí sna cuntais leithreasa ábhartha. | Meánach | 🟡 | 🟡 | 🟢 |
| 25. Ba cheart don fhoireann thiomnaithe atá beartaithe an foilseachán nua a chomhordú fad is faoi GPAS atá sé é a cheadú, agus ba cheart don dá Bhrainse Airgeadais agus don Choiste Bainistíochta Sinsearaí foilseachán meastachán Óglaigh na hÉireann bliantúil a athbhreithniú agus a fhaomhadh. | Meánach | 🟡 | 🟡 | 🟢 |
| 26. Ba cheart figiúr sonrach i leith earraí a díscríobhadh a bheith sa tábla sa chuntas leithreasa maidir le bogadh fardail bliain ar bhliain. | Meánach | 🟢 | 🟢 | 🟢 |

| Príomh-mholtaí[a] | Tosaíocht[c] | Beal. 2015 | Noll. 2016 | Meitheamh 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **Acmhainneacht TFC** | | | | |
| 27. Ba cheart don Eagraíocht um Chosaint athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis atá aici i leith teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a fhí isteach i slabhra soláthair Óglaigh na hÉireann le gur féidir lántairbhe a bhaint as cumais TFC ar bhealach a chuireann bonn faoi fheidhmíocht éifeachtúil ar fud an tslabhra soláthair. | Meánach | ● (buí) | ● (buí) | ● (buí) |

● Curtha chun feidhme ● Curtha chun feidhme go páirteach

Foinse: An Roinn Cosanta

Nótaí:
a Is leagan giorraithe de na moltaí iomlána atá sna sonraí a cuireadh ar fáil anseo. Tá go leor de na moltaí fite fuaite lena chéile agus níl siad comheisiatach ar a chéile.
b Catagóir molta den athbhreithniú.
c Rangú tosaíochta.

# 13 Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

**13.1** Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú

- gur cuireadh an caiteachas a thabhaíonn sí i bhfeidhm chun na gcríoch a chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus
- go gcloíonn a hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis faoina n-airbheartaítear iad a bheith curtha i gcrích.

Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear an dá cheann de na coinníollacha sin.

**13.2** Tá aon íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi théarmaí scéimeanna leasa neamhrialta, dá réir sin. Féadfaidh íocaíochtaí iomarcacha den sórt sin teacht chun cinn mar gheall ar chalaois amhrasta, mar gheall ar fhíricí nua nó fianaise ar nós athrú ar chúinsí an éilitheora nár cuireadh in iúl don Roinn, nó mar gheall ar earráid oifigiúil (féach Iarscríbhinn 13A).

**13.3** Mar gheall ar an leibhéal caiteachais a thabhaíonn an Roinn gach bliain, d'fhéadfadh an Státchiste — a mhaoiníonn Vóta 37 Coimirce Shóisialach — nó an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), a mhaoinítear trí fháltais ranníocaíochta árachais shóisialaigh, a bheith thíos le caillteanas suntasach airgeadaíochta mar gheall ar líon íseal teagmhas earráide, fíricí nua agus/nó calaoise amhrasta, fiú.

**13.4** Thabhaigh an Roinn ollchaiteachas bliantúil arbh fhiú thart ar €20 billiún é ó 2014 go 2019, faoi thart ar 80 scéim agus clár. Mhéadaigh ollchaiteachas bliantúil go €31 billiún sna blianta 2020 agus 2021, rud a léirigh freagairt na Roinne do phaindéim COVID-19, agus bhí tionchair shuntasacha aige sin ar oibríochtaí na Roinne. In 2022, laghdaíodh ollchaiteachas na Roinne go €25 billiún.

**13.5** In 2022, i dteannta caiteachas scéim na Roinne,

- íocadh €696 mhilliún ar chostais riaracháin
- íocadh €951 mhilliún leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna[1]
- íocadh €56 mhilliún i maoiniú deontais leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

### *Suirbhéanna rialaithe*

**13.6** Soláthraítear le straitéis comhlíonta agus frithchalaoise na Roinne clár suirbhéanna ar íocaíochtaí scéime chun an líon íocaíochtaí iomarcacha atá á dhéanamh a dheimhniú. Príomhthomhas é seo ar an rath a bhí ar an Roinn maidir le calaois agus earráid a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh ina híocaíochtaí scéime. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn freisin rioscaí a bhaineann le scéim ar leith agus an gá atá le haon athruithe a dhéanamh ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm a shainaithint.[2]

**13.7** Is éard a bhaineann leis na suirbhéanna ná athbhreithnithe a dhéanamh ar shamplaí randamacha d'éilimh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil na faighteoirí i dteideal na híocaíochtaí atá á bhfáil acu faoi láthair a fháil nó nach bhfuil agus, má tá, cé acu atá nó nach bhfuil na suimeanna cearta á n-íoc leo.

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022*, caibidil 19, Ciste Náisiúnta Oiliúna.

2 I mí na Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an Roinn an mhodheolaíocht le haghaidh suirbhéanna rialaithe ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/modheolaiocht-mhionsonraithe-le-haghaidh-suirbheanna-rialaithe-sa-roinn-coimirce-soisialai/.

### *Modheolaíocht an tsuirbhé rialaithe*

Déanann suirbhéanna rialaithe athbhreithniú ar idir 500 éileamh agus 1,000 éileamh de ghnáth, a roghnaítear go randamach do gach scéim agus tá mar chuspóir acu meastachán a sholáthar — le muinín 95% — ar an leibhéal d'íocaíocht mhícheart ag pointe ama ar leith. Is gnách go léirítear an méid seo a leanas sna suirbhéanna

- an **ollíocaíocht iomarcach** arb ionann í agus luach iomlán aon íocaíochta iomarcaí a sainaithníodh
- an **ghlaníocaíocht iomarcach** ar ina leith a dhéantar coigeartú i dtaobh aistrithe chuig scéimeanna eile i gcásanna inar deimhníodh gur íocadh ní ba mhó le héilitheoir (agus/nó le duine cleithiúnach) ná a dteidlíochtaí ar an scéim a rinneadh a athbhreithniú, ach go raibh teideal acu d'íocaíocht eile coimirce sóisialaí.

Measann an Roinn gurb é an ghlaníocaíocht iomarcach a sainaithníodh an tomhas is cruinne ar an leibhéal d'íocaíocht iomarcach ar scéimeanna.

**13.8** D'fhoilsigh an Roinn dhá shuirbhé rialaithe sa bhliain 2023.

**13.9** Bhí beagnach 82% de chaiteachas scéime iomlán na Roinne sa bhliain 2022 clúdaithe ag suirbhéanna rialaithe a rinneadh le deich mbliana anuas (féach Fíor 13.1). Tháinig méadú suntasach air sin ó 54% de chaiteachas iomlán na scéime in 2021.[1] Is é is cúis leis an méadú ná

- an laghdú ar chaiteachas ar scéimeanna tacaíochta a bhaineann leis an bpaindéim agus nach ndearnadh suirbhé rialaithe orthu[2]
- foilsiú suirbhéanna rialaithe in 2023 ar dhá scéim nach ndearnadh suirbhé orthu le breis agus deich mbliana anuas: an liúntas míchumais (€2 billiún i gcaiteachas in 2022) agus an sochar cuardaitheora poist (€0.475 billiún i gcaiteachas in 2022).

**Fíor 13.1 Clúdach caiteachais scéime a tugadh le suirbhéanna rialaithe[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Clúdach a tugadh le suirbhéanna rialaithe a foilsíodh le deich mbliana anuas (2014 go 2023).

1 Is ionann clúdach suirbhé rialaithe le haghaidh scéimeanna nach mbaineann le COVID-19 agus 85% sa bhliain 2022, i gcomparáid le 77% sa bhliain 2021.

2 Luaigh an Roinn go raibh na scéimeanna a bhain leis an bpaindéim sealadach agus mar sin, gur beag tairbhe a bhainfeadh le suirbhé rialaithe a dhéanamh ar na scéimeanna maidir le leasú ar rialuithe scéime.

## Impleachtaí suirbhéanna rialaithe d'iniúchtaí

**13.10** Léirítear i bhFíor 13.2 an caiteachas in 2022 ar scéimeanna Vóta agus CÁS ar tugadh faoi shuirbhéanna rialaithe ina dtaobh (uair amháin ar a laghad) ó 2014 agus an leibhéal d'íocaíocht neamhrialta a sainaithníodh ag gach suirbhé rialaithe.

**Fíor 13.2 Leibhéal measta d'íocaíochtaí neamhrialta i scéimeanna a bhí ina n-ábhar do shuirbhéanna rialaithe a foilsíodh ó 2014**

| | Scéim (agus dáta tuarascála suirbhé)[a] | Costas na scéime sa bhliain 2022 €m | Leibhéal measta na glaníocaíochta iomarcaí[b] |
|---|---|---|---|
| Scéimeanna atá cistithe ag an Vóta | Sochar linbh (2022) | 2,286 | 1.4% |
| | Liúntas míchumais (2023) | 2,016 | 5.7% |
| | Liúntas cuardaitheora poist (2022) | 1,641 | 7.9% |
| | Pinsean stáit (neamh-ranníocach) (2019) | 1,136 | 6.5% |
| | Liúntas cúramóra (2018) | 993 | 9.1% |
| | Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (2021) | 614 | 5.9% |
| | Íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht (2016) | 361 | 0.6% |
| | Liúntas leasa forlíontach (BASI) (2017) | 122 | 2.6% |
| | Forlíonadh cíosa (2014) | 75 | 6.0% |
| | Cúnamh feirme (2016) | 56 | 12.7% |
| | Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair (2019) | 32 | 3.3% |
| Scéimeanna atá cistithe ag an gCiste Árachais Shóisialaigh | Pinsean stáit (ranníocach) (2017) | 6,564 | 2.1% |
| | Pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh (2014) | 1,725 | 0.7% |
| | Pinsean easláine (2015) | 766 | 1.5% |
| | Sochar breoiteachta (2015) | 614 | 6.0% |
| | Sochar cuardaitheora poist (2023) | 475 | 8.0% |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Ní chuirtear an suirbhé ar shochair theaghlaigh in 2016 ar áireamh mar nár bhain an suirbhé ach leis na tairbhithe nach bhfuil íocaíocht leasa eile á fáil acu agus níorbh ionann iad ach 7% díobh siúd a bhfuil an pacáiste sochar á fháil acu. Scrúdaíodh scéimeanna ina raibh 62% eile d'fhaighteoirí sochair teaghlaigh ó 2016 ar aghaidh — measann an Roinn gurb é an ráta earráide maidir le teidlíocht do na pacáistí sochar do na scéimeanna ar a ndearnadh suirbhé ná 1.3% de réir luacha.

b Is é glaníocaíocht iomarcach luach na n-íocaíochtaí iomarcacha lúide aistrithe chuig scéimeanna eile. Glaníocaíochtaí iomarcacha iad na figiúirí a thaispeántar agus a sainaithníodh i suirbhéanna rialaithe mar chéatadán de luach iomlán na n-íocaíochtaí tacaíochta ioncaim a cuireadh ar áireamh sna cásanna suirbhé.

**13.11** Tá éagsúlacht leathan ann sa leibhéal íocaíochtaí iomarcacha a aimsíodh i suirbhéanna.

- Maidir le scéimeanna atá cistithe ag an Vóta, is idir 0.6% de chaiteachas scéime (íocaíocht teaghlaigh oibre) agus 12.7% de chaiteachas scéime (cúnamh feirme) atá na rátaí measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha.
- Is idir 0.7% (pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh) agus 8% (sochar cuardaitheora poist) atá na rátaí measta glaníocaíochtaí iomarcacha do scéimeanna CÁS.

## Torthaí an tsuirbhé rialaithe is déanaí

### *Liúntas míchumais*

**13.12** Déantar an liúntas míchumais a mhaoiniú ag an Vóta, le caiteachas €2 billiún in 2022. Bhí 158,000 éilitheoir ag fáil íocaíochta i mí na Nollag 2022 agus, amhail mí na Bealtaine 2023, tá an ráta pearsanta suas le €220 in aghaidh na seachtaine.[1] Is liúntas seachtainiúil de réir tástála acmhainne é an liúntas a íoctar le daoine aonair faoi mhíchumas a chuireann srian suntasach ar an éilitheoir obair a dhéanamh a bheadh oiriúnach do dhuine dá n-aois agus a bhfuil a dtaithí agus a gcáilíochtaí acu.[2]

**13.13** I mí Feabhra 2023, d'fhoilsigh an Roinn torthaí suirbhé rialaithe maidir le liúntas míchumais lenar scrúdaíodh 600 éileamh in íocaíocht a roghnaíodh go randamach i mí Aibreáin 2022.[3]

**13.14** Is príomhchoinníollacha scéime nach mór a shásamh iad tástáil leighis ar mhíchumas an éilitheora agus tástáil acmhainne. Dhírigh an suirbhé rialaithe ar scrúdú acmhainní an éilitheora agus ní dhearna sé athbhreithniú ar ghnéithe leighis an éilimh.[4] Luaigh an Roinn go gcuirfí moill suas le 18 mí ar an am chun an suirbhé a chomhlánú dá n-áireofaí athbhreithnithe leighis. Ar a bharr sin, measann an Roinn nach raibh tionchar ábhartha ag an easpa athbhreithnithe leighis ón suirbhé ar thoradh an tsuirbhé i bhfianaise leibhéal measartha íseal na neamhcheaduithe a braitheadh ó ghnáth-athbhreithnithe leighis.[5]

**13.15** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe go raibh 16.4% d'éilitheoirí an liúntais míchumais a ndearnadh suirbhé orthu ag fáil níos mó ná mar a bhí siad ina theideal. Measadh luach na n-íocaíochtaí a bheith cothrom le 5.7% den chaiteachas ar na cásanna a sampláladh.[6] Ní raibh aon teidlíochtaí aitheanta ann i leith íocaíochtaí faoi scéimeanna eile a laghdódh luach na n-íocaíochtaí iomarcacha.

**13.16** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 3.5% de na héilitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu, agus b'ionann na ganníocaíochtaí agus 0.7% de chaiteachas scéime thar gach éileamh a scrúdaíodh.

**13.17** Tá ráta íocaíochta iomarcaí de 5.7% ard, agus cuirtear i gcomparáid é leis an 2.1% a fuarthas i suirbhé rialaithe 2012 ar an scéim chéanna. Luaigh an Roinn roimhe sin nach féidir suirbhéanna rialaithe níos sine a chur i gcomparáid leis na suirbhéanna a rinneadh níos déanaí i ngeall ar dhifríochtaí sa mhodheolaíocht a úsáideadh.

**13.18** Léiríonn Fíor 13.3 na rioscaí a sainaithníodh i suirbhé rialaithe 2023 agus na bearta atá á ndéanamh ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun rialuithe ar an liúntas míchumais a fheabhsú. Tá athrú suntasach tagtha ar na catagóirí riosca agus ar an rangú ó na cinn a sainaithníodh i suirbhé 2012, rud lenar leagadh béim ar an ngá atá le suirbhéanna a dhéanamh arís agus arís eile thar thimthriall níos giorra.

1 Féadfar íocaíochtaí breise a dhéanamh d'aosaigh cháilitheacha agus leanaí cáilitheacha is cleithiúnaigh.

2 Ní mór don éilitheoir a bheith 16 bliana d'aois nó níos sine.

3 Roghnaítear sampla srathach randamach chun a chinntiú go ndéanann an sampla ionadaíocht chruinn ar éilimh in íocaíocht. Rinneadh trí éileamh ón sampla roghnaithe a eisiamh ón athbhreithniú ina dhiaidh sin de bhrí gur measadh an t-éilitheoir a bheith ina dhuine leochaileach.

4 Is féidir le héilitheoir dul ag obair agus teidlíocht a choinneáil i leith cuid den liúntas míchumais nó i leith iomlán an liúntais.

5 Thug an Roinn faoi deara nach raibh ach 17 neamhcheadú ann as na 1,284 athbhreithniú leighis a rinneadh sa bhliain 2022.

6 Ba iad na príomhchúiseanna le ró-íocaíochtaí ná athruithe neamhthuairiscithe ar chúinsí (2.8% de chaiteachas na scéime) agus ceilt thoiliúil fíricí (1.8% de chaiteachas na scéime).

**Fíor 13.3 Liúntas Míchumais — torthaí an tsuirbhé rialaithe agus athruithe ar rialú**

**Riosca na scéime**

- ba lú an seans go mbeadh íocaíocht iomarcach ag éilitheoirí a raibh tástáil acmhainne acu le trí bliana anuas ná éilitheoirí nach raibh tástáil den sórt sin acu (3.4% i gcomparáid le 7.9%)
- ba iad méaduithe in ioncam fostaíochta an éilitheora nó a chéile/a pháirtnéara an chúis ba mhó le híocaíocht iomarcach a bheith braite agus ráta na híocaíochta a bheith laghdaithe[a]
- ba mhó an seans go mbeadh íocaíocht mhícheart ag éilitheoirí a bhí 45 bliana d'aois nó níos sine

**Athruithe chun an réimeas rialaithe a fheabhsú**

- níos mó béime le cur ar shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, le seiceálacha míosúla ar éilitheoirí gan modhanna dearbhaithe, i gcás aosaigh cháilitheacha in íocaíocht agus i gcás athruithe i bhfostaíocht
- baill foirne sa rannóg rialaithe de réimse na scéime chun athbhreithnithe ad hoc a dhéanamh trí shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid
- úsáid Aonad Speisialta Imscrúdaithe na Roinne i gcás réimsí riosca
- méadú in athbhreithnithe rialaithe scéime go 10,000 athbhreithniú do 2023 (ba é 9,500 athbhreithniú an sprioc le haghaidh 2022, agus rinneadh 7,600 athbhreithniú díobh sin)[b]

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Amhail mí an Mheithimh 2023, féadfaidh éilitheoir níos mó ná €165 a thuilleamh in aghaidh na seachtaine (tar éis asbhaint ÁSPC, ranníocaíochtaí pinsin, agus táillí ceardchumainn) agus teidlíocht iomlán á coinneáil ag an am céanna. Déantar méid is comhionann le leath an tuillimh sheachtainiúil idir €165 agus €375 a asbhaint ó theidlíocht an éilitheora, agus asbhaintear méid is comhionann le haon tuilleamh seachtainiúil os cionn €375.

b Luadh i dtuarascáil an tsuirbhé go raibh dúshláin foirne ann sa chéad sé mhí de 2022 mar gheall ar athshannadh sealadach chun dul i ngleic le géarchéim na hÚcráine agus folúntais foirne.

**13.19** I mí na Bealtaine 2023, chuir an Roinn an t-eolas is deireanaí ar fáil maidir le hathruithe chun an réimeas rialaithe a fheabhsú, inar sonraíodh

- go bhfuil Aonad Anailísíochta Gnó na Roinne i bhfeighil roghnú na n-éileamh agus a chinntiú go dtugann na riarthóirí scéime tús áite do na seiceálacha sin
- nach bhfuil sprioc ar bith á leagan síos le haghaidh líon na n-athbhreithnithe ad hoc ina mbaintear úsáid as sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a bheidh le déanamh ag rannóg rialaithe an réimse scéime.

### *Sochar cuardaitheora poist*

**13.20** Déantar an sochar cuardaitheora poist a mhaoiniú ag an CÁS, le caiteachas €0.48 billiún in 2022. Tá sé iníoctha le héilitheoir a bhí fostaithe agus ag íoc ÁSPC ach atá dífhostaithe go hiomlán anois nó atá dífhostaithe ar feadh ceithre lá sa tseachtain ar a laghad. Rinneadh 33,000 éileamh ar íocaíocht amhail mí na Nollag 2022. Amhail mí na Bealtaine 2023, tá an ráta pearsanta suas le €220 in aghaidh na seachtaine agus tá sé iníoctha ar feadh tréimhse naoi mí ar a mhéad.[1]

1 Déantar an ráta pearsanta a laghdú d'éilitheoirí a bhí ag tuilleamh níos lú ná €300 in aghaidh na seachtaine. Féadfar íocaíochtaí breise a dhéanamh le haosaigh cháilitheacha agus leanaí cáilitheacha is cleithiúnaigh

**13.21** I mí Feabhra 2023, d'fhoilsigh an Roinn torthaí suirbhé rialaithe maidir le sochar cuardaitheora poist lenar scrúdaíodh 600 éileamh in íocaíocht a roghnaíodh go randamach i mí Feabhra 2022.

**13.22** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe go raibh 9.7% d'éilitheoirí an tsochair cuardaitheora poist a ndearnadh suirbhé orthu ag fáil níos mó ná mar a bhí siad ina theideal. Measadh gurbh ionann luach na n-íocaíochtaí comhlána iomarcacha agus 8.2% de chaiteachas na scéime ar na cásanna samplacha. Laghdaíodh leibhéal na híocaíochta iomarcaí go glanluach 8% le haistrithe go scéimeanna eile.

**13.23** Rinne an suirbhé rialaithe cúis na n-íocaíochtaí comhlána iomarcacha a rangú mar a leanas

- calaois amhrasta i gcás 5.5% den chaiteachas a sampláladh, le 3.6% i ngeall ar fhaisnéis atá mícheart go hábhartha a bheith curtha ar fáil agus 1.9% i ngeall ar cheilt thoiliúil faisnéise
- fíricí nua (i ngeall ar earráid an chustaiméara) i gcás 2.5% den chaiteachas, le 1.9% i ngeall ar fhaisnéis mhíchruinn a bheith curtha ar fáil agus 0.6% i ngeall ar athrú imthosca nár tuairiscíodh
- earráid oifigiúil freagrach as íocaíocht iomarcach 0.2% den chaiteachas.

**13.24** Fuarthas amach leis an suirbhé rialaithe chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 0.8% d'éilitheoirí an tsochair cuardaitheora poist a ndearnadh suirbhé orthu, agus b'ionann na ganníocaíochtaí agus 0.3% de chaiteachas scéime thar gach éileamh a scrúdaíodh.

**13.25** Is ard atá an ghlaníocaíocht iomarcach de 8%, agus tá comparáid idir í agus an 1.6% a fuarthas i suirbhé rialaithe roimhe seo a foilsíodh sa bhliain 2012. Mar a luaitear thuas, luaigh an Roinn nach féidir suirbhéanna rialaithe níos sine a chur i gcomparáid leis na suirbhéanna a rinneadh níos déanaí i ngeall ar dhifríochtaí sa mhodheolaíocht a úsáideadh.

**13.26** Léiríonn Fíor 13.4 na rioscaí a sainaithníodh i suirbhé rialaithe 2023 agus na bearta atá á ndéanamh ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun rialuithe ar an sochar cuardaitheora poist a fheabhsú.

**Fíor 13.4 Sochar Cuardaitheora Poist — torthaí an tsuirbhé rialaithe agus athruithe ar rialú**

**Riosca na scéime**

- éilimh arna rangú mar chalaois amhrasta a bhain go príomha le mainneachtain fógra a thabhairt don Roinn faoi fhilleadh ar an obair
- mar thoradh ar mhainneachtain gan tuairisc a thabhairt don Roinn faoi thuilleamh céile nó páirtnéara, laghdaíodh íocaíochtaí le haosaigh cháilitheacha, nó cuireadh deireadh leo
- ba lú an seans go mbeadh íocaíocht mhícheart ag éilitheoirí a bhí 55 bliana d'aois nó níos sine
- níorbh fhéidir teagmháil a dhéanamh le héilitheoir i roinnt bheag cásanna[a]

**Athruithe chun an réimeas rialaithe a fheabhsú**

- méadú in athbhreithnithe rialaithe arna chumasú ag filleadh na foirne ó athshannadh[b]
- athstruchtúrú réigiúnach, ionas go mbeidh foireann ag gach réigiún atá tiomnaithe d'athbhreithnithe rialaithe
- úsáid shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a mhéadú le meaitseáil sonraí ag an Aonad Anailísíochta Gnó
- úsáid Aonad Speisialta Imscrúdaithe na Roinne i gcás réimsí riosca, go háirithe i gcás réimsí neamhchónaithe agus oibriú agus éilliú comhthráthach
- athbhreithniú níos tráthúla ar oibrithe ócáideacha
- treoir mhéadaithe le haghaidh na foirne ón Rannán Rialaithe agus le haghaidh éilitheoirí trí chora poist agus idirghníomhaíochtaí leis an Roinn

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a I 13 chás as 600 cás (2.2%) a sampláladh. Rinneadh an íocaíocht i ngach cás díobh sin a fhoirceannadh.

b Rinneadh baill foirne a athshannadh chun dul i ngleic le tionchar na paindéime, le géarchéim na hÚcráine agus leis an aistriú chuig tacaíocht cuardaitheora poist ó éilitheoirí a bhí ar an íocaíocht dífhostaíochta paindéime.

### *Suirbhéanna rialaithe atá le teacht*

**13.27** I mí an Mhárta 2023, chuir an Roinn tús le suirbhéanna rialaithe ar an scéim pinsin Stáit (ranníocaigh) (roghnaíodh sampla de 400 éileamh a bhí á n-íoc i mí Feabhra 2023) agus ar an bpinsean ranníocach baintrí, baintreach fir agus páirtnéara shibhialta mharthanaigh (roghnaíodh sampla de 200 éileamh a bhí á n-íoc i mí Feabhra 2023). Déantar an dá scéim pinsin a mhaoiniú ón gCiste Árachais Shóisialaigh.

**13.28** Tá suirbhé rialaithe rollach á dhéanamh ag an Roinn freisin ar an scéim liúntais do chuardaitheoirí poist agus roghnaíodh an bhaisc is déanaí de 250 éileamh i mí Aibreáin 2023. Táthar ag súil go bhfoilseofar tuarascálacha ar na suirbhéanna rialaithe thuas i mí Eanáir 2024.

**13.29** Is don tréimhse 2019 go 2023 atá straitéis comhlíonta agus frithchalaoise reatha na Roinne. Luaigh an Roinn go gcuirfí tús le hobair ar straitéis athnuaite do na blianta 2024 go 2028 i samhradh 2023 agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh sí críochnaithe faoi dheireadh 2023.

## Tionchar shrianta COVID-19 ar ghnáthrialuithe scéime

**13.30** Déantar an leibhéal measta d'íocaíocht neamhrialta a dheimhnítear i suirbhé rialaithe a thomhas nuair a bhíonn gníomhaíochtaí rialaithe na Roinne ag oibriú mar is gnách.

**13.31** Ó 2020 go 2022, d'imir paindéim COVID-19 tionchar ar chumas na Roinne chun roinnt dá gnáthrialuithe a oibriú ar a scéimeanna nuair a bhí iarratais nua á bpróiseáil agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rialaithe eile d'éilimh a bhí á n-íoc. Bhí an tionchar is déine ann in 2020, ach lean roinnt srianta rialaithe ar aghaidh go dtí 2021 agus 2022 (féach Iarscríbhinn 13B, ina dtugtar nuashonrú ar thrí scéim déag ar tuairiscíodh roimhe seo go raibh rialuithe scéime laghdaithe acu).[1]

**13.32** D'iarr an fhoireann iniúchóireachta ar an Roinn i mblianta roimhe seo liosta a sholáthar de na rialuithe ar fad a raibh tionchar ag srianta COVID-19 orthu, ach ní raibh clár lárnach ag an Roinn de na hathruithe a rinneadh agus mar sin ní raibh sí in ann liosta iomlán a sholáthar. Le linn na hoibre ar iniúchadh 2022, d'aithin an fhoireann rialuithe scéime a raibh tionchar ag COVID-19 orthu nár thuairiscigh an Roinn. Áirítear an méid seo a leanas i measc na n-athruithe a sainaithníodh:

- Scéim Fóirdheontas Tuarastail — cuireadh seiceálacha rialaithe míosúla ar an scéim fóirdheontais tuarastail ar fionraí le linn na paindéime. Déantar an tseiceáil chun a chinntiú nach bhfuil faighteoirí ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh eile freisin agus go bhfuil siad fós i bhfostaíocht. Thosaigh na seiceálacha an athuair in 2022.
- Saorthaisteal — tugadh treoir d'oibritheoirí taistil glacadh le cártaí saorthaistil Cárta Seirbhísí Poiblí (PSC) le dátaí éagtha; cuireadh an suirbhé ar úsáid saorthaistil PSC ar gach bealach bus a oibrítear go príobháideach ar fionraí (do shampla a scrúdaíodh, bhí íocaíochtaí leanúnacha bunaithe ar shuirbhéanna sa tréimhse 2017 go 2019); agus cuireadh monatóireacht ar thurais ar fionraí. Thosaigh na rialuithe sin an athuair in R1 2023.
- Tús — bhí an Roinn ag déanamh athnuachan uathoibríoch ar rannpháirtithe na scéime le linn thréimhse shrianta COVID-19. Cuireadh an gnáthrialú — gan athnuachan uathoibríoch — ar ais i mí na Bealtaine 2023. Ina theannta sin, maidir le Tús agus leis an scéim shóisialta tuaithe araon, níor tharla an mhonatóireacht bhliantúil a rabhthas ag súil léi i 16 cinn de 23 áitreabh de chuid comhlachta forfheidhmithe ó mhí Eanáir 2020 i leith.[2]
- Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) — roimh an bpaindéim, rinneadh measúnuithe acmhainne le linn cuairt cigire leasa shóisialaigh (SWI). Ó bhí mí an Mhárta 2020 ann, bíonn oifigeach breithiúnachta i mbun measúnuithe acmhainne deascbhunaithe ina ionad sin, ach amháin má tá an t-iarratasóir féinfhostaithe (lena n-áirítear feirmeoirí) nó má chreideann oifigeach breithiúnachta go bhfuil gá le cuairt SWI — sna cásanna sin, bíonn cuairt SWI ann. Fanfaidh an méid sin mar réimeas rialaithe amach anseo.
- Liúntas costais laethúla do dhaoine aonair a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta — ó mhí an Mhárta 2020 go lár 2022, aistríodh íocaíochtaí ó íocaíocht postoifige chuig ríomhaistriú airgid, agus ceadaíodh éilitheoirí a íoc nuair a d'aistrigh siad amach as na hionaid chóiríochta ainmnithe d'ainneoin an gnáthrialú a bheith ann. níl an t-éilitheoir incháilithe ach amháin má tá cónaí air/uirthi i lárionad ainmnithe.[3]

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022*, Caibidil 10 Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh.

2 Luaigh an Roinn gur leathnaíodh conarthaí rannpháirtithe uile Tús le linn phaindéim COVID-19 chun an tionchar a bheadh ag rannpháirtithe a d'fhág an scéim a laghdú i gcás nach dócha go n-athrófaí rannpháirtithe dá leithéid go tráthúil agus go raibh na seirbhísí a cuireadh ar fáil riachtanach.

3 Le linn na paindéime, i gcás ina raibh iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta in ann cóiríocht shealadach a fháil le gaol nó ó fhoinse éigin eile chun riosca ionfhabhtaithe COVID-19 a laghdú in ionaid Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (IPAS), d'éascaigh IPAS é sin agus leanadh an liúntas speansais laethúil in íocaíocht. Coinníodh an chóiríocht san ionad de chuid IPAS don iarratasóir.

**13.33** Thug an fhoireann iniúchóireachta dá haird freisin go raibh tionchar ag an ath-leithdháileadh foirne a rinne an Roinn chun dul i ngleic le géarchéim na hÚcráine ar rialuithe scéime áirithe.

- Sochar cuardaitheora poist — tugadh oifigigh gníomhachtaithe in Intreo Dhún Dealgan ar iasacht chun cabhrú le teaghlaigh Úcránacha ó Mhárta 2022 go Meán Fómhair 2022. Mar thoradh air sin, ní raibh gnáthbhearta gníomhachtaithe i bhfeidhm, agus níor cuireadh rialuithe malartacha i bhfeidhm, chun dearbhú a thabhairt go raibh éilitheoirí i ndáiríre ag lorg oibre.
- Liúntas costais laethúil — gnáthrialú is ea go ndéantar athbhreithniú ar éilimh nua tar éis 8-10 mí. Tugtar fógra d’fhoireann na Roinne go huathoibríoch nuair atá an t-athbhreithniú dlite. É sin ráite, níor gníomhaíodh ar na fógraí sin ó thús an chogaidh san Úcráin i mí Feabhra 2022 i leith. De réir rialacha na scéime, níl an t-éilitheoir incháilithe ach amháin má tá cónaí air/uirthi i lárionad ainmnithe.
    - Ó mhí Feabhra 2022 ar aghaidh, níl faisnéis faighte ag an Roinn ó na hionaid chóiríochta chun a dhearbhú go raibh na faighteoirí fós ina gcónaí in ionad agus nach raibh aon rialuithe maolaithe i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2022. É sin ráite, scaipeadh liostaí d’éilitheoirí a fuair stádas cosanta idirnáisiúnta agus dóibh siúd a d'aistrigh cóiríocht chuig na hoifigí Roinne ábhartha.
    - Luaigh an Roinn nach bhfuil sé indéanta a thuilleadh an rialú cónaithe a fhorfheidhmiú i ngach láthair mar gheall ar an méadú gan fasach ar líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a tháinig in 2022. É sin ráite, déantar athbhreithnithe go háitiúil nuair is gá, mar shampla nuair a chuirtear post ar ais toisc nach bhfuil an t-éilitheoir ag a sheoladh cláraithe, cumarsáid ó éilitheoirí ag soláthar seoladh difriúil, íocaíochtaí neamhbhailithe agus athbhreithnithe spriocdhírithe de réir suímh. Tá cleachtais maidir le hobair rialta athbhreithnithe le hathbhreithniú agus le cur chun feidhme in 2023 mar chuid d’athrú i struchtúr foriomlán na Seirbhíse Leasa Pobail.

**13.34** Fuair an fhoireann scrúdaithe amach go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 agus ag géarchéim na hÚcráine ar chumas na Roinne chun gnáthrialuithe beartaithe a oibriú ar a scéimeanna in 2022. É sin ráite, i gcomparáid le 2021, tháinig laghdú suntasach ar mhéid thionchar na paindéime ar an gcuid is mó de scéimeanna le linn 2022, nó réitíodh iad.

## Saincheisteanna eile rialtachta íocaíochtaí leasa shóisialaigh

**13.35** Is teidlíocht de réir tástála acmhainne é an liúntas costais laethúla d’éilitheoirí in ionad cóiríochta ainmnithe. Ceanglaítear ar an Roinn leis an reachtaíocht measúnú acmhainne a dhéanamh tar éis don éilitheoir ioncam a fháil ar feadh 12 sheachtain ar a laghad, agus an liúntas a laghdú nó a stopadh chun aon mhéadú in acmhainní a léiriú. É sin ráite, fuarthas amach leis an iniúchadh nach bhfuil aon mheasúnuithe acmhainne déanta ag an Roinn ar éilitheoirí — ní féidir luach na n-íocaíochtaí neamhrialta a shuíomh mar sin agus níl an Roinn ag comhlíonadh a freagrachtaí reachtúla maidir le hoibriú na scéime.

**13.36** Tá an cinneadh seo tugtha faoi deara ag an Roinn agus luaigh sí go ndéanfadh sí breithniú ar thástáil acmhainne a chur i bhfeidhm d’iarratasóirí idirnáisiúnta ar fhostaíocht. B’ionann agus €19.3 milliún an caiteachas scéime in 2022.

## Conclúidí

**13.37** Agus caiteachas scéime de bhreis is €24 billiún ann sa bhliain 2022, is féidir le leibhéil ísle íocaíochtaí atá níos mó ná teidlíochtaí leasa a bheith mar chailliúintí suntasacha cistí poiblí.

**13.38** Is ábhartha fós atá an leibhéal d’íocaíochtaí neamhrialta a d’aimsigh an Roinn trína clár leanúnach de shuirbhéanna rialaithe ar leibhéal na scéime. Bunaithe ar na torthaí sin, rinne mé tagairt i mo thuarascálacha iniúchta ar chuntas leithreasa 2022 do Vóta 37 Coimirce Shóisialach agus do ráitis airgeadais CÁS 2022 don leibhéal ábhartha neamhrialtachta d’íocaíochtaí scéime.

### *Suirbhéanna rialaithe*

**13.39** Tugtar le fios san fhianaise atá ar fáil gurb ann do phatrún ábhartha íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi go leor scéimeanna leasa. Dearbhaíodh é sin ag leibhéal íocaíochtaí neamhrialta a fuarthas trí na suirbhéanna rialaithe is déanaí a rinne an Roinn ar scéimeanna liúntais míchumais agus sochair cuardaitheora poist (a foilsíodh i mí Feabhra 2023).

**13.40** Bhraith na suirbhéanna a foilsíodh in 2023, agus suirbhéanna eile le blianta beaga anuas, ráta níos airde d’íocaíocht mhírialta ná suirbhéanna roimhe sin ar na scéimeanna céanna a reáchtáladh roinnt blianta ó shin. Luaigh an Roinn nach féidir na rátaí a chur i gcomparáid i ngeall ar fheabhsú sa mhodheolaíocht a úsáideadh i gcaitheamh na mblianta. É sin ráite, léiríonn torthaí leibhéil níos airde d’íocaíocht iomarcach an tábhacht a bhaineann le suirbhéanna rialaithe cothrom le dáta chun an Roinn a chur ar an eolas faoi ráta ró-íocaíochta scéime agus na príomhrioscaí a bhaineann leis.

**13.41** B’ionann 82% agus méid an chaiteachais scéime sa bhliain 2022 ar foilsíodh suirbhéanna rialaithe ina leith le deich mbliana anuas, agus is feabhas suntasach é sin ó 54% in 2021. Ba é foilsiú an dá shuirbhé rialaithe ar scéimeanna le caiteachas ard, agus an laghdú suntasach ar chaiteachas ar scéimeanna chun tionchar phaindéim COVID-19 nach ndearnadh suirbhé orthu a mhaolú, ba mhó a chur feabhas ar an ráta clúdaigh.

### *Tionchar ar ghnáthrialuithe scéime sa Roinn*

**13.42** Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar chumas na Roinne chun cuid dá gnáthrialuithe ar a cuid scéimeanna a oibriú. Leanadh leis an tionchar ar rialuithe i gcás roinnt scéimeanna le linn 2022. Le linn na hoibre ar chuntais 2022, shainaithin an fhoireann iniúchóireachta airgeadais rialuithe scéime breise a raibh tionchar acu nár cuireadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an eolas fúthu roimhe seo.

**13.43** Chinn an fhoireann iniúchóireachta airgeadais freisin go ndeachaigh ath-leithdháileadh foirne chun déileáil le géarchéim na hÚcráine i bhfeidhm ar roinnt rialuithe scéime.

**13.44** I gcomparáid le 2021, tháinig laghdú suntasach ar mhéid thionchar na paindéime ar an gcuid is mó de scéimeanna le linn 2022, nó réitíodh iad. Ba cheart don Roinn leanúint leis an bpróiseas um ghnáthrialuithe ar gach scéim a athbhunú.

## Iarscríbhinn 13A

Íocaíochtaí neamhrialta a chatagóiriú

- Calaois amhrasta — sa chás go bhfuil amhras ann go gcuireann éilitheoir ar íocaíochtaí leasa faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn ar fáil d’aon turas maidir le héileamh nó go mainníonn sé/sí d’aon turas an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a tháinig ar chúinsí (ar nós méadú ar mhaoin nó athrú ar riocht sláinte) a dhéanann difear d’éileamh atá á íoc.
- Earráid éilitheora — nuair a chuir an t-éilitheoir faisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán ar fáil nó nuair a mhainnigh sé/sí athrú ábhartha ar chúinsí a thabhairt le fios, ach nach bhfuil aon intinn chalaoiseach ann i dtaobh an éilitheora.
- Earráid oifigiúil — sa chás go n-íoctar sochair go mícheart i ngeall ar neamhghníomhaíocht, ar mhoill nó ar bhotúin arna ndéanamh ag foireann na Roinne.[1] Sa chás gur tugadh faoin athbhreithniú deireanach ar éileamh breis agus cúig bliana roimhe seo (nó trí bliana roimhe seo i gcás scéimeanna ar aois oibre), déantar an cás a chatagóiriú mar earráid oifigiúil.

1 I gcásanna áirithe, mar gheall ar earráid éilitheora agus oifigiúil, tarlaíonn go bhfaigheann éilitheoirí suim atá níos lú ná mar an tsuim a bhfuil siad ina teideal (ganníocaíocht).

## Iarscríbhinn 13B

**Fíor 13B.1 Tionchair ar ghnáthrialuithe scéime in 2022**

| Scéim (caiteachas 2022) | Méid an tionchair ón bpaindéim in 2021 | Méid an tionchair ón bpaindéim in 2022 |
|---|---|---|
| Pinsean stáit neamhranníocach<br>(€1.1 billiún) | Tháinig feabhas ar rialuithe, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm in 2021. | Tháinig tuilleadh feabhais ar rialuithe ach ní raibh athbhreithnithe deisce, ar príomhrialú iad, i bhfeidhm go luath in 2022 agus bhí ráta níos lú ná an spriocráta nuair a thosaigh siad athuair.<br>Cuireadh in iúl don iniúchadh airgeadais nach raibh aon tionchar ann le linn 2022 agus gur cuireadh tús arís leis na próisis i R3 2021. Rialú caighdeánach a bhí ann go ndéanfar 5% de chásanna a tharchur le haghaidh athbhreithniú deisce ag Cigirí Leasa Shóisialaigh. Cuireadh an rialú sin ar fionraí le linn na paindéime, ach tosaíodh é arís i mí Feabhra 2022 agus tarchuireadh 1% de na cásanna in 2022 — leasaíodh an beartas rialaithe go 1% d'éilimh den sórt sin do 2023. |
| Pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh<br>(€1.7 billiún) | Tháinig feabhas ar rialuithe, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm in 2021. Ní raibh roinnt tuarascálacha rialaithe ar siúl ag an ngnáthmhinicíocht. | Níor áiríodh an caiteachas ar an scéim seo in 2022 sa phlean iniúchóireachta, agus mar sin iarradh nuashonrú ón Roinn. Luaigh an Roinn gur fhill an obair rialaithe ar fad ar leibhéil réamhphaindéime le haghaidh 2022. |
| Liúntas cuardaitheora poist<br>(€1.6 billiún) agus sochar cuardaitheora poist<br>(€0.5 billiún) | Tháinig feabhas ar rialuithe, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm in 2021. | Tháinig tuilleadh feabhais ar rialuithe, ach níor athbhunaíodh roinnt rialuithe ina n-iomláine go dtí Eanáir 2023.<br>Bhí an rialú maidir le fíordheimhniú aitheantais SAFE2 sula n-íoctar éileamh ina shaincheist fós le linn 2022. Ní raibh sé éigeantach clárú do SAFE2 ó mhí an Mhárta 2020. Thosaigh an Roinn ag tabhairt éilitheoirí reatha chuig clárú SAFE2 i mí Aibreáin 2021 agus cuireadh an rialú ar ais mar rialú éigeantach i mí Eanáir 2023. Fuarthas amach le hiniúchadh scéime ar íocaíochtaí 2022 nár sheiceáil an Roinn stair chónaitheachta agus ranníocaíochtaí (gnáthrialú le haghaidh éileamh nua) sular dhámh sí éilimh a aistríodh ón scéim PUP. Luaigh an Roinn gur díríodh ar gach cás aistrithe den sórt sin le haghaidh tinreamh pearsanta go luath chun críocha rialaithe, rud a chinntigh aistriú níos gasta agus níos éifeachtaí go téarmaí caighdeánacha cuardaitheora poist. |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora<br>(€0.6 billiún) | Bhí tionchar ar rialuithe fós — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ar rialuithe ann sa bhliain 2021. | In 2022, bhí na príomhrialuithe ar ais mar a bhíodh.<br>Leis an ngnáthrialú a bhí ar fionraí, bhí sé de cheangal ar gach éilitheoir féindearbhúchán bliantúil incháilitheachta leanúnach a chomhlánú. Chuir an Roinn an rialú sin ar fáil arís i mí an Mhárta 2022. |
| Sochar linbh<br>(€2.3 billiún) | Cuireadh feabhas ar rialuithe maidir le 2020, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm sa bhliain 2021. | In 2022, bhí na príomhrialuithe ar ais mar a bhíodh.<br>Rinneadh 244,000 athbhreithniú rialaithe in 2022 (95% den sprioc 258,000), nach mór cothrom le líon na bliana 2019. Mar chomparáid, in 2021, ní dhearnadh ach 170,000 athbhreithniú rialaithe (72% den sprioc 237,500). |

| Scéim (caiteachas 2022) | Méid an tionchair ón bpaindéim in 2021 | Méid an tionchair ón bpaindéim in 2022 |
|---|---|---|
| Liúntas éadaí agus coisbhirt ar ais ar scoil<br>(€86 mhilliún) | Bhí tionchar ar rialuithe fós le linn 2021 — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe in 2021. | In 2022, bhí na príomhrialuithe ar ais mar a bhíodh.<br>Níor áiríodh an caiteachas ar an scéim seo in 2022 sa phlean iniúchóireachta, agus mar sin iarradh nuashonrú ón Roinn. Luaigh an Roinn go ndearnadh athbhreithnithe rialaithe cáilíochta in 2022 ar 2% de chinntí na scéime — as 56,900 iarratas láimhe a fuarthas agus a próiseáladh in 2022, chuaigh beagnach 1,050 iarratas trí chigireacht rialaithe cáilíochta. Is ionann sin agus an leibhéal roimh an bpaindéim. |
| Liúntas míchumais<br>(€2 billiún) | Cuireadh feabhas ar rialuithe maidir le 2020, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm sa bhliain 2021. | Tháinig feabhas ar phríomhrialuithe le linn 2022 ach níor tháinig siad ar ais ina n-iomláine faoi mhí na Nollag 2022.<br>Tosaíodh athbhreithnithe leighis, nár reáchtáladh in 2020 ná in 2021, athuair in 2022.<br>In 2021, cuireadh moill le cleachtaí meaitseála sonraí agus cuireadh cásanna a dhíriú trí thuairisciú eisceachtaí ar fionraí le linn 2021. In 2022, rinneadh athbhreithniú ar os cionn 1,300 cás (as 3,000 cás) a roghnaíodh lena n-athbhreithniú ag an Aonad Anailísíochta Gnó agus dúnadh 1,500 ceann breise de na cásanna sin in 2023. Mar chomparáid, níor cuireadh ach 500 ceann de 3,000 cás den sórt sin i gcrích in 2021. |
| Liúntas cúramóra<br>(€1 billiún) agus sochar cúramóra<br>(€49 milliún) | Bhí tionchar ar rialuithe fós — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe sa bhliain 2021. | In 2022, bhí na príomhrialuithe ar ais mar a bhíodh.<br>Níor áiríodh an caiteachas ar an scéim seo in 2022 sa phlean iniúchóireachta, agus mar sin iarradh nuashonrú ón Roinn. Luaigh an Roinn go raibh gnáthrialuithe, lena n-áirítear cleachtaí meaitseála sonraí, tosaithe arís faoi mhí Feabhra 2022, lena n-áirítear athbhreithnithe leighis. Sháraigh roinnt athbhreithnithe rialaithe ar chúramóirí agus luach coigiltis rialaithe a gcuid spriocanna le haghaidh 2022 go substaintiúil. |
| Sochar breoiteachta<br>(€0.6 billiún) | Cuireadh rialuithe scéime leasaithe i bhfeidhm chun tionchar na paindéime a mhaolú le linn 2021. | In 2022, bhí na príomhrialuithe ar ais mar a bhíodh.<br>Níor áiríodh an caiteachas ar an scéim seo in 2022 sa phlean iniúchóireachta, agus mar sin iarradh nuashonrú ón Roinn. Luaigh an Roinn gur thosaigh an ghnáthobair rialaithe an athuair i mí an Mhárta 2022. Sannadh acmhainní breise d'obair rialaithe, rud a d'fhág gur sháraigh líon na n-athbhreithnithe rialaithe agus luach na gcoigilteas rialaithe na spriocanna do 2022. |
| Forlíonadh cíosa<br>(€75 mhilliún) | Bhí tionchar ar rialuithe fós — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe sa bhliain 2021. | In 2022, bhí na príomhrialuithe ar ais mar a bhíodh.<br>I mí an Mhárta 2022, tugadh isteach an athuair an gnáthrialú a éilíonn go mbeadh an t-éilitheoir ag íoc cíosa ar feadh sé mhí agus cuireadh tús arís i bhFeabhra 2022 leis an rialú chun cuairteanna baile a dhéanamh. É sin ráite, ní thiomsaíonn an Roinn faisnéis go lárnach ar líon na gcuairteanna tí a tugadh. |
| Béilí scoile<br>(€78 milliún) | Bhí tionchar ar rialuithe fós — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe sa bhliain 2021. | In 2022, bhí na príomhrialuithe ar ais mar a bhíodh.<br>Ag deireadh 2021, ní dhearnadh aon seiceálacha rialaithe cáilíochta maidir le caiteachas 2020 nó 2021. Luaigh an Roinn gur cuireadh na seiceálacha rialaithe sin i gcrích le linn 2022 |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

# 14 Íocaíochtaí ex-gratia le bainisteoirí brainse leasa shóisialaigh

**14.1** Amhail Meitheamh 2023, bhí 56 oifig bhrainse leasa shóisialaigh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) ag láithreacha éagsúla sa Stát.[1] Reáchtáiltear oifigí brainse leasa shóisialaigh go príobháideach, agus tá gach oifig bhrainse sannta d'oifig 'máthair-Roinne', agus is iondúil gurb é sin an t-ionad Intreo is gaire.[2]

**14.2** Is é bainisteoir brainse atá fostaithe mar ghníomhaire de chuid na Roinne a dhéanann gach oifig bhrainse a oibriú agus a bhainistiú, ag obair dó/di faoi chonradh seirbhísí.[3] Tá rochtain ag brainsí ar chórais TF na Roinne, agus déantar a gcuid oibre a chomhtháthú go dlúth le hobair na Roinne. Ceanglaítear ar bhainisteoirí brainse an costas a bhaineann le seirbhís gníomhaireachta a sholáthar, lena n-áirítear pá na foirne agus costais áitribh, a íoc ó na híocaíochtaí a fhaigheann siad ón Roinn.

**14.3** Feidhmíonn bainisteoirí brainse faoi cheann amháin de thrí chineál conartha bhuain (féach Fíor 14.1). Rinneadh athbhreithniú ar théarmaí luach saothair na gconarthaí sin in 2018, tar éis cainteanna idir an Roinn agus ionadaithe na mbainisteoirí brainse, faoi stiúir éascaitheora.[4,5] Dá gcuirfí na conarthaí nua i bhfeidhm, bheadh gá le comórtas oscailte de réir an dlí soláthair reatha. Dúirt an Roinn go ndearna sí athbhreithniú ar gach ceann de na conarthaí sula ndearnadh aon mhodhnú, agus go bhfuair sí comhairle ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus ó Oifig an Ard-Aighne maidir le comhlíonadh na gceanglas soláthair. Seoladh litir inar leagadh amach na socruithe nua chuig gach bainisteoir brainse i mí Aibreáin 2018.[6]

**Fíor 14.1 Conarthaí bainisteoirí brainse, de réir cineáil, Lúnasa 2022**

| Cineál conartha | Coinníollacha conartha | Líon na mbainisteoirí brainse ar conradh[a] | Tréimhse eisiúna |
|---|---|---|---|
| Conradh saoil/conradh neamhiata | Bíonn conradh ag bainisteoir brainse ar feadh a shaoil/a saoil.[b] | 17 | Suas go dtí 1984 |
| Conradh go ham scoir | Coinníonn an bainisteoir brainse an conradh chun an tseirbhís a sholáthar go dtí go sroicheann sé nó sí aois ar leith (65 bliana d'aois, 66 bliana d'aois nó 70 bliain d'aois).[c] | 24 | 1985 go 2007 |
| Conradh cúig bliana | Coinníonn bainisteoir an bhrainse an conradh chun an tseirbhís a sholáthar le linn thréimhse an chonartha. | 14 | 2006 go dtí an lá atá inniu ann |
| Conradh sealadach | Conradh sealadach chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú. | 1 | |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Líon na gconarthaí amhail Lúnasa 2022 nuair a ríomhadh na híocaíochtaí ex-gratia.

b I mí Lúnasa 2022, bhí cúigear bainisteoir brainse idir 66 bliana d'aois agus 69 mbliana d'aois agus deichniúr 70 bliain d'aois nó níos sine.

c Le héifeacht ó Eanáir 1999, tá clásal i gconarthaí buana a thairgtear do bhainisteoirí nua brainse ina leagtar síos aois scoir éigeantach.

1 Bunaíodh oifigí brainse ar dtús faoin *Labour Exchanges Act den bhliain 1909*.

2 Is seirbhís de chuid na Roinne é Intreo a sholáthraíonn pointe teagmhála amháin le haghaidh gach seirbhíse fostaíochta agus gach tacaíochta ioncaim.

3 Tá an raon iomlán seirbhísí a sholáthraíonn oifigí brainse leagtha amach in Iarscríbhinn 14A

4 Roimh 2018, bhí luach saothair athraitheach ag na bainisteoirí brainse, bunaithe ar mhéid na seirbhísí a cuireadh ar fáil — féach Iarscríbhinn 14B.

5 Déanann Cumann na mBainisteoirí Brainse agus Grúpa Ionadaíoch na mBainisteoirí Brainse ionadaíocht do bhainisteoirí brainse i gcainteanna leis an Roinn.

6 Rinne Oifig an Ard-Aighne athbhreithniú ar an litir.

**14.4** Tá sé ráite ag an Roinn go léiríonn an tsamhail íocaíochta athbhreithnithe le haghaidh na mbrainsí aistriú ó cheann atá bunaithe ar líon na n-idirbheart (táille in aghaidh na míre, e.g., in aghaidh an éilimh a phróiseáiltear) go ceann atá bunaithe ar cháilíocht seirbhíse agus ar oiriúnú do bhealaí nua oibre.

**14.5** Faoi na conarthaí leis na bainisteoirí brainse, áirítear sa mhúnla íocaíochta croímhéid luacha saothair sheasta do gach oifig bhrainse. Tá an méid sin bunaithe ar na meáníocaíochtaí a rinneadh le hoifigí brainse in 2017 faoin tsamhail íocaíochta roimhe seo, agus tá trí phríomheilimint ann:

- íocaíocht chaighdeánach €40,000 le gach oifig, beag beann ar a méid
- íocaíocht seirbhísí agus tacaíochta de 80% de luach saothair seasta don oifig, lúide an íocaíocht chaighdeánach €40,000
- íocaíocht leibhéil seirbhíse de 20% den mhéid luach saothair comhaontaithe don oifig, rud is iníoctha as na leibhéil seirbhíse riachtanacha a bhaint amach don tsamhail soláthair seirbhíse fheabhsaithe.[1]

**14.6** Dúirt an Roinn gurbh amhlaidh, tar éis na socruithe nua a thabhairt isteach, a bhí sí i mbun próiseas monatóireachta feidhmíochta trí chigireachtaí agus trí thuairisciú — ba cheart dhá sheiceáil rialaithe agus cigireacht ghinearálta amháin a dhéanamh ar gach brainse in aghaidh na bliana, agus ba cheart ceann amháin ar a laghad de na seiceálacha rialaithe sin a dhéanamh le linn shéasúr an liúntais breosla.[2]

**14.7** Íoctar an sciar deiridh 20% de luach saothair an bhainisteora brainse ar bhonn feidhmíochta, atá mar chuid de na cigireachtaí riachtanacha seo. Níor laghdaigh an Roinn íocaíochtaí le haon oifig bhrainse mar gheall ar mhainneachtain an leibhéal seirbhíse riachtanach a bhaint amach. Dúirt sí nár tháinig an tsaincheist chun cinn maidir leis an íocaíocht leibhéil seirbhíse 20% a choinneáil siar i gcás aon cheann de na hoifigí brainse. Mar sin féin, sna hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 agus 2023, tarraingíodh anuas saincheisteanna maidir le neamhchríochnú cigireachtaí rialaithe agus ginearálta sna hoifigí brainse a ndearnadh athbhreithniú orthu.

**14.8** Chomh maith leis an méid seasta ó thaobh luach saothair de, faigheann oifigí brainse freisin

- táillí in aghaidh na míre as próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar chártaí seirbhísí poiblí, ar chlárú Timpeallachta Creata Fíordheimhnithe Caighdeánaí (SAFE) agus ar leithdháileadh UPSP — €476,000 le 44 bhainisteoir brainse in 2022 (2021: €290,000 le 42 bhainisteoir brainse — méadú 64% bliain i ndiaidh bliana)
- íocaíochtaí as cóiríocht chun freastal ar fhoireann na Roinne a sholáthraíonn seirbhísí fostaíochta, rialaithe nó leasa pobail i limistéar an bhrainse a éascú — €163,000 in 2022 (2021: €166,000)[3]
- íocaíochtaí le bainisteoirí brainse atá ag dul ar scor — €68,000 a íocadh in 2022 le beirt bhainisteoirí brainse a bhí ag dul ar scor (2021: nialas).[4,5]

D'íoc an Roinn €644,000 freisin in 2022 (2021: €631,000) go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le ÁSPC bainisteora brainse (ranníocaíochtaí Aicme A).[6]

1 Baineann na critéir trína ndéantar feidhmíocht a mheasúnú leis an gcaoi a leanann brainse ciorcláin agus le treoracha na Roinne. Ina theannta sin, ní mór cóiríocht oifige brainse a choinneáil ar an gcaighdeán a éilítear le conarthaí reatha agus le forálacha ábhartha.

2 Tagraíonn séasúr an liúntais bhreosla don tréimhse ina n-íoctar liúntas breosla le héilitheoirí. Tosaíonn sé de ghnáth go déanach i mí Mheán Fómhair gach bliain agus críochnaíonn sé i mí Aibreáin.

3 Faomhann lucht bainistíochta áitiúil na Roinne na híocaíochtaí seo.

4 Ghlac oifigí Intreo le cliaint an dá oifig bhrainse a dúnadh.

5 Dúirt an Roinn go bhfuil sé de dhualgas uirthi na híocaíochtaí scoir seo a dhéanamh faoi scéim 1966.

6 Leagtar síos i Lámhleabhar Cánach agus Dleachta na gCoimisinéirí Ioncaim (04-01-19) an próiseas ábhartha. Gearrtar cáin ar ioncam bainisteora brainse mar ioncam féinfhostaíochta (a sheoltar ar ais faoi Sceideal D).

**14.9** I mí an Mheithimh 2018, cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (DPENDPDR) na socruithe leasaithe luach saothair ach dúirt sí gurbh ábhar imní di í an chaoi nach ndeachthas i gcomhairle léi (DPENDPDR) sular thángthas ar an gcomhaontú. Ba choinníoll leis an gceadú nach mbeadh aon chomhaontú ann maidir le leanúint leis an tsamhail nua sin tar éis an 31 Nollaig 2020 agus nár mhór comhairliúchán mionsonraithe a bheith ann sula ndéanfaí aon chinneadh tar éis 2020.

**14.10** Dúirt an Roinn, i bhfianaise imthosca uathúla phaindéim Covid-19 in 2020, gur fheidhmigh sí ar an toimhde go leanfadh ceadú 2020 ar aghaidh go huathoibríoch in 2021 agus 2022, laistigh de na teorainneacha a ceadaíodh roimhe seo. I mí an Mhárta 2023, luaigh an Roinn go raibh sé ar intinn aici ceadú a lorg ó DPENDPDR le haghaidh íocaíochtaí le bainisteoirí brainse in 2023.

## Íocaíochtaí le hoifigí brainse

**14.11** Tá laghdú thart ar aon trian tagtha ó 2015 ar ualach na n-éileamh ar na hoifigí brainse, arna thomhas ag líon na n-éileamh a bhí á mbainistiú ag deireadh na bliana 2015 (féach Fíor 14.2). Mhéadaigh íocaíochtaí in 2018, rud a léiríonn na socruithe leasaithe conartha, agus d'fhan siad measartha seasmhach ina dhiaidh sin. Toisc go bhfuil an ráta íocaíochta socraithe do gach oifig, ní raibh aon athrú ábhartha ar íocaíochtaí chuig oifigí brainse le linn thréimhse na paindéime.

**14.12** Cé go raibh líon níos lú iarratas ar íocaíochtaí cuardaitheora poist le linn na paindéime, dúirt an Roinn gur fhan na hoifigí brainse ar oscailt agus gur ghlac siad le hiarratais ar íocaíocht dífhostaíochta paindéime (PUP), ach nár phróiseáil sí iad.

**Fíor 14.2 Íocaíochtaí le bainisteoirí brainse, 2015 – 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Mar gheall ar struchtúr luach saothair difriúil a bheith ann roimh 2018, ní raibh aon idirdhealú idir luach saothair lárnach agus íocaíochtaí eile don tréimhse ó 2015 go 2017.

**14.13** Ba é méid seasta €16 mhilliún in aghaidh na bliana ó 2016 an buiséad bliantúil le haghaidh íocaíochtaí le hoifigí brainse a chuimsíodh i Vóta 37 Coimirce Shóisialach. Sa tréimhse ó 2018 go 2021, bhí gannchaiteachas idir €1 mhilliún agus €1.4 milliún sa soláthar vótáilte gach bliain.

**14.14** Bhuail an Roinn le hionadaithe na mbainisteoirí brainse i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2022 chun plé a dhéanamh ar bhrúnna airgeadais ar oifigí brainse mar gheall ar mhéaduithe ar chostais mhaireachtála, ar sholáthar seirbhísí, agus ar thacaíochtaí d'éilitheoirí ón Úcráin.

**14.15** Mar fhreagra air sin, d'ullmhaigh an Roinn togra chun íocaíocht aonuaire a dhéanamh le bainisteoirí brainse, mar aitheantas ar an tionchar a bhí ag an méadú ar a gcostas gnó. Bhí faisnéis ann sa togra faoin dearcadh eacnamaíoch ginearálta agus faoi chostais mhaireachtála atá ag ardú. Rinneadh tagairt ann do réamh-mheastacháin bhoilscithe, do mhéaduithe ar an innéacs praghsanna do thomhaltóirí agus do shonraí faoi arduithe ar phraghsanna fuinnimh.

**14.16** Mar sin féin, ní raibh aon anailís mhionsonraithe sa togra ar thionchar na méaduithe ar chostais mhaireachtála ar oifigí brainse, agus ní dhearnadh measúnú ann ar na costais bhreise a thabhaíonn oifigí brainse mar thoradh ar éilimh mhéadaithe ar sheirbhísí a d'eascair as teacht na ndídeanaithe ón Úcráin.

**14.17** Cheap an Roinn modh chun íocaíochtaí aonuaire 'breisithe' a leithroinnt ar gach bainisteoir brainse, bunaithe ar ualach éilimh an bhrainse agus ar líon na n-éilitheoirí ón Úcráin i limistéar oifig an bhrainse. D'fhan an íocaíocht iomlán a leithdháileadh ar na brainsí go léir laistigh de leithdháileadh buiséid foriomlán na Roinne d'oifigí brainse.

**14.18** Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí ex-gratia a rinneadh in 2022 ná €1.425 milliún a bhí idir €16,000 agus €51,000, agus iad leithdháilte ar bhonn dhá chomhpháirt[1]

- €782,000 a leithroinneadh ar bhonn líon éilitheoirí na hoifige brainse (rinneadh íocaíochtaí idir €12,000 agus €18,000 le hoifigí brainse aonair) chun dul i ngleic le brúnna airgeadais méadaithe[2]
- €547,000 a leithroinneadh ar bhonn líon na gcliant Úcránach sa cheantar (rinneadh íocaíochtaí idir €4,000 agus €35,000 le hoifigí brainse aonair).[3]

**14.19** Ní raibh aon oibleagáid ar an Roinn na híocaíochtaí 'breisithe' a dhéanamh faoi théarmaí chomhaontú na bliana 2018. Ina theannta sin, rinne an Roinn na híocaíochtaí seo gan aon anailís mhionsonraithe fhianaisebhunaithe a thacódh le bailíocht na n-íocaíochtaí.

## Ceadú na n-íocaíochtaí ex-gratia

**14.20** Sainmhínítear íocaíocht ex-gratia sna *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ó DPENDPDR mar íocaíocht nach bhfuil dlite go dlíthiúil faoi chonradh nó ar shlí eile agus sonraítear gur gnách go mbíonn ceadú roimh ré ag teastáil le haghaidh íocaíochtaí speisialta den sórt sin agus gur cheart go mbeidís faoi réir nóta sa chuntas leithreasa ábhartha.

**14.21** Níor lorg an Roinn ceadú DPENDPDR i leith na n-íocaíochtaí ex-gratia leis na bainisteoirí brainse ach, tar éis fiosrú iniúchóireachta a dhéanamh, chuir sí nóta ina leith sin ar áireamh aici i gcuntas leithreasa Vóta 37 do 2022.

1 Chuimsigh sé sin íocaíocht €1.329 milliún a rinneadh go díreach le bainisteoirí brainse agus íocaíocht €0.096 milliún a rinneadh leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith ÁSPC.

2 Bunaithe ar ualach éileamh 71,150 éileamh san iomlán arna bhainistiú ag oifigí brainse ag deireadh Mheán Fómhair 2022.

3 Ba é 5,000 líon iomlán na gcliant Úcránach sna hoifigí brainse go léir ag deireadh Mheán Fómhair 2022.

**14.22** Dúirt an Roinn go bhfuil foráil sna conarthaí leis na bainisteoirí brainse go bhféadfaidh an tAire méid an luacha saothair is iníoctha a athrú ag aon tráth agus ba faoin bhforáil sin a thug an Roinn freagairt do na brúnna costais a bhí ar bhainisteoirí brainse. Dúirt an Roinn gur freagairt thomhaiste a bhí in úsáid na n-íocaíochtaí ex-gratia nár neadaigh ardú leanúnach ar tháillí i gcás ina raibh ionchas éigin ann fós go bhféadfadh na méaduithe ar phraghsanna a bheith sealadach.

**14.23** Ina theannta sin, is é dearcadh na Roinne gur as an bhfo-mhírcheann vótáilte ba cheart íocaíochtaí den sórt sin le bainisteoirí brainse a mhaoiniú agus gur fhan an costas iomlán laistigh den mhéid vótáilte faoin bhfo-mhírcheann sin, a raibh ceadú i bhfeidhm ina leith cheana féin.

**14.24** Tá sé ráite ag DPENDPDR go bhfuil sé soiléir i *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* (rannán C2, mír 13) gur ag an Státchiste atá an chéad éileamh ar aon choigilteas ar Vóta agus go bhfuiltear ag súil go ngéillfidh ranna coigiltis den sórt sin seachas iad a choinneáil lena leithdháileadh ar mhíreanna eile caiteachais, ach amháin i gcás go bhfuil ceadú faighte roimh ré ó DPENDPDR.

## Conclúidí agus moltaí

**14.25** Is iad conraitheoirí féinfhostaithe a sholáthraíonn agus a bhainistíonn brainsí leasa shóisialaigh agus is iadsan atá freagrach as na costais a bhaineann le soláthar na seirbhíse, lena n-áirítear costais foirne agus áitribh, a íoc.

**14.26** Rinneadh athbhreithniú ar struchtúr na n-íocaíochtaí le bainisteoirí brainse in 2018 nuair a bhí ualach na gcásanna ag dul i laghad. Bhí na socruithe athbhreithnithe le dul in éag in 2020. Cheadaigh DPENDPDR an socrú athbhreithnithe in 2018, tar éis é a bheith aontaithe idir an Roinn agus bainisteoirí brainse, agus d’iarr sí nach gcuirfí síneadh leis an gcomhaontú gan aon ionchur uaithi.

**14.27** Lean an Roinn de théarmaí leasaithe an chonartha a chur i bhfeidhm in 2021 agus 2022, gan ceadú eile a lorg. Amhail Meitheamh 2023, lean oifigí brainse ag feidhmiú faoi théarmaí chomhaontú na bliana 2018.

### Moladh 14.1

Ba cheart don Roinn dul i dteagmháil le DPENDPDR chun teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige sna cainteanna le bainisteoirí oifige brainse ar théarmaí conartha agus ar shocruithe rialachais maidir le feidhmiú oifigí brainse leasa shóisialaigh amach anseo.

#### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí

Comhaontaítear.

Rachaidh an Roinn i dteagmháil le DPENDPDR chun a chinntiú go bhfuil na ceaduithe agus na socruithe rialachais riachtanacha i bhfeidhm le haghaidh luach saothair ceart do bhainisteoirí brainse. Rachaidh an Roinn i gcomhairle le bainisteoirí brainse sula dtabharfar chun críche aon socruithe athbhreithnithe a mbeadh tionchar acu ar oibriú na n-oifigí brainse.

#### Amlíne don chur chun feidhme

Faoi dheireadh 2023 maidir le meastacháin bhuiséad 2024.

**14.28** I dteannta na n-íocaíochtaí dá bhforáiltear agus a ceadaíodh faoi chomhaontú 2018, rinne an Roinn íocaíochtaí ex-gratia de €1.425 milliún san iomlán le bainisteoirí brainse in 2022. Dúirt an Roinn go ndearnadh na híocaíochtaí breisithe mar fhreagra ar bhrúnna airgeadais ar oifigí brainse mar gheall ar bhoilsciú, agus ar a riachtanaí is a bhí sé seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar d'éilitheoirí ón Úcráin.

**14.29** Maidir leis an togra inmheánach ón Roinn maidir leis an íocaíocht ex-gratia, bhí sé bunaithe ar arduithe ginearálta costais sa gheilleagar, seachas ar mheasúnú mionsonraithe fianaisebhunaithe ar an tionchar a bhí ag méaduithe ar chostais mhaireachtála agus ag an éileamh méadaithe ar seirbhísí in oifigí brainse. Mura bhfuil aon anailís shonrach agus mhionsonraithe den sórt sin ar fáil, is deacair cinneadh a dhéanamh an bhfuil cás bailí ann chun aon íocaíocht bhreise a dhéanamh.

**14.30** Ba mhéadú suntasach iad na híocaíochtaí ex-gratia ar na téarmaí íocaíochta ceadaithe dá bhforáiltear i gcomhaontú 2018. Úsáideadh an méid a íocadh as an maoiniú vótáilte a bhí ar fáil, rud a d’fhágfadh coigilteas don Státchiste murach é. Tá sé soiléir ó na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* nach bhfuil coigilteas den sórt sin ar fáil do bhainisteoirí vóta lena úsáid gan ceadú a fháil roimh ré ó DPENDPDR. Ós rud é nár iarradh cead lena úsáid sa chaoi sin, bhí an caiteachas neamhrialta.

### Moladh 14.2

Ba cheart don Roinn dul i dteagmháil le DPENDPDR chun ceadú a fháil roimh ré le haghaidh aon íocaíochtaí ex-gratia a bheartófar amach anseo.

#### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí

Comhaontaítear.

Cuirfidh an Roinn riail réamhshocraithe i bhfeidhm maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadú íocaíochtaí aonuaire/ex gratia. Cuirfear an riail sin i bhfeidhm i ngach cás seachas cásanna eisceachtúla agus de réir na treorach atá sna *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí.*

Ós rud é nach n-éilítear ceadú den sórt sin i ngach cás sna *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí*, áfach, tá sé tábhachtach roinnt lánrogha a choinneáil agus gan próiseas róthrom a chur i bhfeidhm nuair nach gá é sin a dhéanamh ar chúiseanna soláthair nó rialaithe airgeadais.

Mar shampla, d’fhéadfadh nach mbeadh gá le ceadú i gcásanna ina bhfuil íocaíocht aonuaire ar chostas níos ísle á cur in ionad caiteachas leanúnach, nó ina bhfuil sé ceadaithe laistigh de théarmaí conartha a bhfuil ceadú i bhfeidhm ina leith cheana féin.

Mar sin féin, i ngach cás, beidh íocaíochtaí ex-gratia ar tugadh, nó nár tugadh, ceadú ina leith faoi réir ag síniú ag duine atá ar leibhéal an LeasArd-Rúnaí ar a laghad de réir na leibhéal ceadaithe údaraithe.

#### Amlíne don chur chun feidhme

Le héifeacht láithreach.

## Iarscríbhinn 14A Seirbhísí arna soláthar ag oifigí brainse

Soláthraíonn oifigí brainse na seirbhísí seo a leanas:

- soláthar faisnéise — a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine aonair ar fhaisnéis chruinn, chuimsitheach agus shoiléir a bhaineann le gach scéim agus seirbhís leasa shóisialaigh, lena n-áirítear seirbhísí leasa pobail agus seirbhísí fostaíochta
- éilimh a chur in ord tosaíochta agus práinne agus cabhrú le custaiméirí rochtain a fháil ar scéimeanna agus seirbhísí uile na Roinne Coimirce Sóisialaí
- éilimh a chlárú agus a chothabháil ar na seirbhísí go léir a sholáthraíonn ionaid Intreo — liúntas agus sochar cuardaitheora poist faoi láthair, íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora, cúnamh feirme, cúnamh éisc, íocaíocht sochair do dhaoine 65 bliana d'aois, agus liúntas breosla
- tacú le seirbhísí fostaíochta — seisiúin faisnéise grúpa nó chomhpháirteacha a óstáil do chuardaitheoirí poist
- sláine íocaíochtaí/gníomhaíochtaí rialaithe a chinntiú — oibriú le feidhmeanna rialaithe na Roinne Coimirce Sóisialaí chun a chinntiú go gcuirtear beartais chalaoise agus rialaithe na Roinne i bhfeidhm i gceart
- fíordheimhniú aitheantais — próiseáil a dhéanamh ar iarratais ó chustaiméirí ar Chártaí Seirbhísí Poiblí
- soláthar cóiríochta — áiseanna a chur ar fáil d'fhoireann na Roinne chun bualadh le cliaint 'de réir mar is gá'.

## Iarscríbhinn 14B Conradh bainisteora brainse roimh 2018

Roimh 2018, bhí trí ghné i luach saothair na mbainisteoirí brainse.

- Tuarastal bliantúil caighdeánach: idir €43,199 agus €71,485 in aghaidh na bliana, ag brath ar an ualach éilimh in Oifig an Bhrainse.
- Liúntas Seirbhísí Cisealaithe: idir €2,959 agus €29,411 in aghaidh na bliana, ag brath ar ualach an éilimh agus faoi réir cóiríocht ar chaighdeán leordhóthanach a bheith á cothabháil ag bainisteoirí brainse agus bhíothas ag súil leis go gclúdódh sé gach costas oibriúcháin.
- Costais athraitheacha: ní dhearnadh aon íocaíocht i ndáil le hoifig a fuair níos lú ná 500 éileamh in aghaidh na bliana. Maidir le hoifigí a raibh ualaí éileamh bliantúil níos mó acu, bhí €3,083 le híoc leo don chéad tráinse atá comhdhéanta de líon idir 101 éileamh agus 500 éileamh in aghaidh na bliana agus €7,713 do gach 100 éileamh in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin.

# 15 Ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a ardú

**15.1** Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) íocaíochtaí tacaíochta ioncaim seachtainiúla nó míosúla le thart ar dhá mhilliún éilitheoir, agus maoiníodh caiteachas scéime de €23.9 billiún in 2022 tríd an Vóta le haghaidh Coimirce Shóisialach agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh (SIF).

- Is cúnamh sóisialta den chuid is mó iad scéimeanna arna maoiniú ag an Vóta, agus is gnách go gcuimsítear tástáil acmhainne sna critéir incháilitheachta.
- Tá scéimeanna arna maoiniú ag SIF bunaithe ar árachas sóisialach, i gcás ina bhfuil aon sochair atá dlite bunaithe ar ranníocaíochtaí taifeadta ÁSPC an éilitheora.

**15.2** Eascraíonn íocaíocht iomarcach tacaíochta ioncaim nuair a fhaigheann éilitheoir íocaíocht nach raibh sé nó sí ina teideal nó nuair a sháraíonn leibhéal na híocaíochta a theidlíocht nó a teidlíocht. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, i gcás nár nochtadh acmhainn an éilitheora go hiomlán nuair a bhí iarratas á dhéanamh ar an íocaíocht, I gcás gur athraigh na hacmhainní sin nó cúinsí eile de chuid an éilitheora i ndiaidh thosú na híocaíochta, nó I gcás go ndearna an Roinn earráid agus an acmhainn dhearbhaithe á measúnú.

**15.3** Nuair a shainaithníonn an Roinn cás íocaíochta iomarcaí, féadfaidh sí, más cuí, féachaint le cuid den mhéid a ró-íocadh san am atá caite nó cuid den mhéid a íocadh a fháil ar ais. Déanann sí é sin trí dhliteanas ró-íocaíochta, nó fiachas, a ardú i leith an éilitheora.[1] D'fhéadfadh suimeanna suntasacha a bheith i gceist i gcásanna áirithe, agus mar sin tá sé tábhachtach a áirithiú go sainaithneofar ró-íocaíochtaí go pras. Mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aisghabháil ró-íocaíochta ar éilitheoirí a bhfuil acmhainní teoranta acu, teastaíonn rialuithe iomchuí chun cothroime agus réasúntacht a áirithiú.

**15.4** Déantar scrúdú sa chaibidil seo ar an méid seo a leanas

- treochtaí maidir le ró-íocaíochtaí a ardú
- próisis na Roinne agus a treoir don fhoireann agus d'éilitheoirí maidir le ró-íocaíochtaí
- Comhlíonadh fhoireann na Roinne maidir leis an treoir a d'eisigh an Roinn
- bainistiú na Roinne ar fhiachas éilitheoirí a fuair bás.

Déantar scrúdú i gCaibidil 16 ar phróisis na Roinne nuair a ardaítear ró-íocaíocht, maidir le fiachas ró-íocaíochta a aisghabháil nó a dhíscríobh.

**15.5** Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú sin ar phríomhdhoiciméid agus ar phríomhshonraí a chuir an Roinn ar fáil agus cuireadh agallamh ar na príomhbhaill foirne. Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú freisin ar shampla randamach de chéad cás inar shainaithin an Roinn íocaíocht a bhí de bhreis ar theidlíocht trína hobair ar rialú.

1 Is é sainmhíniú na Roinne ar ró-íocaíocht ná aon mhéid a íocadh de bhreis ar an méid a raibh custaiméir i dteideal é a fháil faoi reacht nó faoi threoirlínte scéime agus a chinn oifigeach breithiúnachta nó duine ainmnithe amhlaidh.

## Cad iad na treochtaí maidir le ró-íocaíochtaí a ardaítear?

**15.6** Le blianta beaga anuas, bhí luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh measartha seasta, agus iad idir €100 milliún agus €125 mhilliún (féach Fíor 15.1). Is dóigh do ró-íocaíochtaí teacht chun cinn ar bhonn níos minice ar scéimeanna arna maoiniú ag an Vóta toisc go bhfuil measúnuithe acmhainne ina bpríomhchoinníoll incháilitheachta ach tá treocht aníos tagtha ar luach ró-íocaíochtaí scéimeanna cúnaimh le blianta beaga anuas.[1] In 2021 agus 2022, bhí méadú suntasach ann ar luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh ar scéimeanna arna maoiniú ag SIF, mar gheall ar ró-íocaíochtaí a ardaíodh ar an íocaíocht dífhostaíochta paindéime go príomha.

**Fíor 15.1 Luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh, Vóta agus SIF, 2018 go 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**15.7** Nuair a bhraitear íocaíocht atá de bhreis ar theidlíocht (íocaíocht iomarcach), féadfaidh an t-oifigeach breithiúnachta

- cinneadh 'dáta reatha' a dhéanamh, rud lena laghdaítear ráta na n-íocaíochtaí amach anseo nó lena gcuirtear deireadh leis an éileamh, ach nach bhféachtar leis na híocaíochtaí iomarcacha san am a chuaigh thart a aisghabháil leis — ní ardaítear aon fhiachas ró-íocaíochta
- cinneadh iardhearcach a dhéanamh, rud lena laghdaítear ráta na n-íocaíochtaí nó lena gcuirtear deireadh leis an éileamh, agus lena bhféachtar leis na híocaíochtaí iomarcacha san am a chuaigh thart a aisghabháil — ardaítear fiachas ró-íocaíochta.

**15.8** Éilíonn an Roinn ar an bhfoireann cúis gach ró-íocaíochta a ardaítear a aicmiú i gceann amháin de cheithre aicmiú (féach Fíor 15.2).

- **Calaois nó calaois amhrasta:** tagann calaois nó calaoise amhrasta chun cinn i gcás ina bhfuil oifigeach breithiúnachta sásta go bhfuil dóthain fianaise ann gur sholáthair an custaiméir faisnéis bhréagach nó mhíthreorach d'aon ghnó nó gur cheil sé nó sí faisnéis ábhartha d'aon ghnó. Beidh éifeacht leis an gcinneadh athbhreithnithe ón dáta a ndeachaigh an fhaisnéis a cuireadh i láthair nó a ceileadh i bhfeidhm ar an ráta íocaíochta (bíonn an cinneadh athbhreithnithe iardhearcach i gcónaí). Is gnách go mbíonn cásanna den sórt sin oiriúnach dá n-ionchúiseamh.[2]
- **Fíricí nó fianaise nua:** tagann sé sin chun cinn i gcás ina dtagann fíricí nó faisnéis nua chun solais ach nach bhfuil aon fhianaise ann go ndearna an t-éilitheoir iarracht d'aon ghnó fíricí nó faisnéis a cheilt ón Roinn.[3] Cinneann an t-oifigeach breithiúnachta dáta éifeachta an chinnidh athbhreithnithe, agus aird á tabhairt aige ar chúinsí an cháis ionas gur féidir cinneadh dáta reatha nó cinneadh iardhearcach dhéanamh.

1 Eisceacht is ea an íocaíocht sochair linbh, ar íocaíocht uilíoch í nach bhfuil aon mheasúnú acmhainne ann ina leith.

2 Le hAlt 302 (a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 (an tAcht), soláthraítear an bunús leis an gcinneadh sin.

3 Le hAlt 302 (b) d'Acht 2005, soláthraítear an bunús leis an gcinneadh sin. Tagraíodh don aicmiú sin roimhe seo mar earráid éilitheora. Áirítear ar shamplaí gur sholáthair éilitheoir faisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán nó go raibh athrú neamhthuairiscithe ann ar chúinsí an éilitheora.

- **Earráid oifigiúil:** tagann earráid oifigiúil chun cinn i gcás inar chuir oifigeach breithiúnachta reachtaíocht i bhfeidhm go mícheart, inar ríomh sé an ráta iníoctha go mícheart, nó inar theip air gníomhú ar fhaisnéis a fuarthas ó éilitheoir.[1] Déanann oifigigh bhreithiúnachta cinneadh dáta reatha de ghnáth, agus mar sin ní ardaíonn siad fiachas ró-íocaíochta in aghaidh an éilitheora.

**Fíor 15.2 Luach na ró-íocaíochtaí arna n-ardú de réir aicmithe, 2018 go 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- **Cás eastáit:** tagann sé sin chun cinn i gcás go dtagann sé chun solais, i ndiaidh bás éilitheora, nár tuairiscíodh nó nár nochtadh acmhainní uile an duine a fuair bás le linn an ama a raibh tacaíocht ioncaim á fáil aige nó aici — d'fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar chalaois amhrasta, fíricí nó fianaise nua — nó toisc go ndearnadh íocaíocht iomarcach de dheasca earráid oifigiúil. Ag brath ar na cúinsí, féadfar ró-íocaíocht a ardú, agus is féidir leis an Roinn an méid a ró-íocadh (cuid de nó é ar fad) a aisghabháil ó eastát an éilitheora a fuair bás.

### *Luach na ró-íocaíochtaí de réir na scéime*

**15.9** Bíonn difríochtaí móra i luach na ró-íocaíochtaí a ardaítear de réir na scéime (féach Fíor 15.3).

- Ardaítear go leor ró-íocaíochtaí ar luach íseal maidir le scéimeanna liúntais agus sochair do chuardaitheoirí poist. Dúirt an Roinn go bhfuil líon ard ró-íocaíochtaí ann mar gheall ar dhaoine a bheith 'ag obair agus éileamh á dhéanamh acu', toisc go bhféadfadh sé nach dtugtar dóthain fógra don Roinn chun íocaíocht a leasú nuair a fhilleann éilitheoir ar an obair.[2]

- Ardaítear níos lú ró-íocaíochtaí ar scéimeanna pinsin ach bíonn meánluach na ró-íocaíochta i bhfad níos airde.

1 Le hAlt 302 (c) d'Acht 2005, soláthraítear an bunús leis an gcinneadh sin. Tagraíodh don aicmiú sin roimhe seo mar earráid de chuid na Roinne.

2 Chuir an Roinn an léiriú seo a leanas ar fáil: tá éilitheoir ag filleadh ar an obair ar an Luan agus cuireann sé nó sí é sin in iúl don Roinn roimh ré ar an Aoine. Toisc go bhfuil an íocaíocht don tseachtain curtha tríd cheana féin, beidh ró-íocaíocht dhá lá nó trí lá mar thoradh air sin, ag brath ar an bhfuil an t-éilitheoir ag fáil liúntas cuardaitheora poist nó sochar cuardaitheora poist.

**Fíor 15.3 Luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh agus meánluach na ró-íocaíochta, de réir na scéime, in 2022**

| Ainm na scéime | Luach na ró-íocaíochtaí arna n-ardú | Meán-ró-íocaíocht |
|---|---|---|
| Pinsean stáit (neamh-ranníocach) | €21.8 milliún | €8,310 |
| Liúntas cuardaitheora poist | €20.7 milliún | €900 |
| Íocaíocht dífhostaíochta paindéime | €17.0 milliún | €4,238 |
| Pinsean stáit (ranníocach) | €7.1 milliún | €1,089 |
| Sochar cuardaitheora poist | €6.9 milliún | €403 |
| Liúntas míchumais | €6.4 milliún | €4,479 |
| Liúntas cúramóra | €6.2 milliún | €10,589 |
| Sochar breoiteachta | €5.7 milliún | €554 |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora | €4.8 milliún | €1,982 |
| Pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir[a] | €3.7 milliún | €1,081 |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Teideal iomlán: Pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh

### *Ró-íocaíochtaí i gcomparáid le coigilteas rialaithe*

**15.10** Tugann an Roinn faoi obair rialaithe chláreagraithe chun íocaíochtaí iomarcacha san am atá thart a shainaithint agus chun íocaíochtaí breise amach anseo a chosc. Úsáideann sí 'coigilteas rialaithe' mar phríomhthomhas feidhmíochta chun an méid atá coigilte aici tríd an obair rialaithe sin a mheas. Maidir le gach réimse scéime, leagann an Roinn síos spriocanna bliantúla maidir le líon na n-athbhreithnithe rialaithe a dhéanfar agus luach an choigiltis rialaithe a dhéanfar.[1] Ní leagann an Roinn sprioc síos maidir le luach na ró-íocaíochtaí a ardófar i mbliain.

**15.11** Measann an Roinn luach an choigiltis rialaithe a bhaintear amach maidir le cás íocaíochta iomarcaí a braitheadh mar shuim díobh seo a leanas

- luach aon fhiachais ró-íocaíochta a ardaíodh
- luach na n-íocaíochtaí iomarcacha amach anseo a meastar go gcuirfí cosc orthu.

**15.12** Ní dhéanann an Roinn coigilteas rialaithe a chomhaireamh ach i gcás go raibh sé cinnte aici athbhreithniú a dhéanamh inar sainaithníodh íocaíocht iomarcach ansin. Ní thaifeadann sí coigilteas rialaithe nuair a thionscain an cliant a sholáthraíonn faisnéis dheonach athbhreithniú.

1 Socraíonn an Roinn na spriocanna sin faoina straitéis um chomhlíonadh agus um fhrithchalaois.

**15.13** Agus luach na n-íocaíochtaí iomarcacha amach anseo ar ar cuireadh cosc á ríomh, cuireann an Roinn iolraitheoir i bhfeidhm ar luach na híocaíochta iomarcaí seachtainiúla/míosúla a sainaithníodh, ar an mbonn go leanfadh sí ar aghaidh murach sin ar feadh tréimhse idir ceithre seachtaine agus 136 seachtaine, ag brath ar an scéim. Mar thoradh air sin, bíonn luach na gcoigilteas rialaithe a thaifeadtar i bhfad níos airde ná luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh (féach Fíor 15.4). Sanntar iolraitheoir níos ísle corruair do chásanna ina laghdaítear an íocaíocht seachas deireadh a chur léi. Leagtar amach in Iarscríbhinn 15A na hiolraitheoirí a úsáidtear do gach scéim. D'fhorbair an Roinn na hiolraitheoirí i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Dúirt an Roinn go n-úsáidtear modheolaíochtaí coigiltis rialaithe comhchosúla sa Ríocht Aontaithe agus san Astráil.

**Fíor 15.4 Luach an choigiltis rialaithe a taifeadadh agus na ró-íocaíochtaí a ardaíodh, 2018 go 2022[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Áirítear ar luach na ró-íocaíochtaí arna n-ardú a thaispeántar anseo na cinn a ardaíodh i ndiaidh athbhreithniú rialaithe agus na cinn a ardaíodh ar chúiseanna eile, mar shampla de bhun faisnéise a chuir éilitheoir ar fáil go deonach.

b Dúirt an Roinn go raibh an laghdú ar choigilteas rialaithe a taifeadadh in 2020 agus 2021 mar thoradh ar shrianta a cuireadh i bhfeidhm le linn phaindéim Covid-19.

**Fíor 15.5 Luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh de bharr athbhreithnithe rialaithe mar chéatadán den choigilteas rialaithe, de réir an réimse scéime in 2022[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ní áirítear i luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh san anailís seo ach ró-íocaíochtaí a ardaíodh de bhun athbhreithniú rialaithe a raibh coigilteas rialaithe mar thoradh air. Léirítear le hanailís gur tháinig thart ar 68% de na ró-íocaíochtaí a ardaíodh as obair rialaithe na Roinne. Ardaíodh an 32% eile de ró-íocaíochtaí de bhun faisnéis ó éilitheoirí — ní bhíonn sé de thoradh ar na cásanna sin go ndéantar coigilteas rialaithe a thaifeadadh.

**15.14** In go leor cásanna ina dtaifeadtar coigilteas rialaithe, bunaítear an luach go hiomlán ar choigilteas amach anseo agus ní ardaítear aon fhiachas ró-íocaíochta gaolmhar (is é sin, cinntí dáta reatha).

**15.15** I bhfianaise na ndifríochtaí sa toradh de réir na scéime a léirítear i bhFíor 15.5, is le hanailís ón Roinn ar shampla éileamh ó scéimeanna éagsúla a thabharfaí léargas ar cé acu a bhaineann na difríochtaí le tréithe dúchasacha scéimeanna éagsúla nó a thagann siad as cur i bhfeidhm lánrogha maidir leis an dóigh a gcuireann oifigigh bhreithiúnachta rialacha cinnidh agus treoirlínte cinnidh arna chur i bhfeidhm.

**15.16** Déanann an Roinn dhá chineál anailíse ar éilimh:

- athbhreithnithe rialaithe, ar athbhreithnithe spriocdhírithe iad a roghnaítear toisc go bhfuil an riosca a bhaineann le híocaíocht iomarcach i gcineálacha cásanna áirithe níos airde ná mar atá ar an meán
- suirbhéanna rialaithe, ar athbhreithnithe iad a roghnaítear go randamach chun leibhéal na híocaíochta iomarcaí atá ag tarlú a chinneadh.[1]

**15.17** Athbhreithnithe rialaithe is ea formhór na n-athbhreithnithe éileamh. Glactar leis go sainaithneofar le hathbhreithnithe rialaithe ráta ró-íocaíochta níos airde ná suirbhéanna rialaithe toisc go roghnaítear na hathbhreithnithe rialaithe ar bhonn riosca bhraite seachas roghnú randamach.

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022*, caibidil 13, Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

**Fíor 15.6 Ráta na n-íocaíochtaí iomarcacha arna sainaithint le hathbhreithnithe rialaithe in 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is scéimeanna ardchaiteachais ar a ndearnadh suirbhé rialaithe le déanaí iad na scéimeanna sonracha a thaispeántar.

**15.18** Is féidir éifeachtúlacht sainaitheanta na Roinne maidir le héilimh ardriosca a mheasúnú trí chomparáid a dhéanamh ar a mhéid a braitheadh leis na hathbhreithnithe rialaithe (spriocdhírithe) coigilteas rialaithe níos minice ná mar a braitheadh iad le roghnú randamach. Maidir leis na ceithre scéim dá dtagraítear i bhFíor 15.6, léiríodh sa chomparáid sin go raibh sainaithint éileamh ardriosca an-éifeachtach do na scéimeanna liúntais cuardaitheora poist agus sochair leanaí. I gcodarsnacht leis sin, ní raibh tástáil rialaithe spriocdhírithe chomh héifeachtach chéanna — ní raibh mórán difríochta idir éilimh a roghnaíodh go randamach agus éilimh spriocdhírithe — maidir leis an bpinsean Stáit neamh-ranníocach agus maidir leis an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora.

### *Feabhas ar rialuithe chun ró-íocaíochtaí a laghdú*

**15.19** Dúirt an Roinn gurb iad seo a leanas na príomhchúiseanna le ró-íocaíocht

- a bheith ag obair agus éileamh á dhéanamh
- íocaíochtaí i ndiaidh bás éilitheora
- athruithe ar acmhainní nár cuireadh an Roinn ar an eolas fúthu.

**15.20** Maidir le bheith ag obair agus éileamh á dhéanamh, dúirt an Roinn go bhfuil béim níos mó á leagan aici ar shonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim ar phá d'fhostaithe, agus déantar seiceálacha míosúla orthu seo

- éilitheoirí nach bhfuil aon tuilleamh dearbhaithe mar acmhainn acu, ach atá le feiceáil ar shonraí tuillimh na gCoimisinéirí Ioncaim
- athruithe ar an ráta ioncaim nár dearbhaíodh
- sonraí fostaíochta d'aosaigh cháilitheacha
- athruithe ar fhostaíocht agus seiceálacha randamacha ar oibrithe ócáideacha.[1]

**15.21** Ní mór básanna in Éirinn a chlárú laistigh de dhá mhí dhéag ar a mhéad. Nuair a chláraítear an bás, ní mór uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (UPSP) an duine a bhásaigh a sholáthar, rud a chuirfidh ar chumas na Roinne an duine a bhásaigh a mheaitseáil le héilimh atá á n-íoc.[2] Tá reachtaíocht á hullmhú faoi láthair chun ceanglas a thabhairt isteach go dtabharfar fógra faoi bhásanna don Ard-Oifig Chlárúcháin laistigh de chúig lá. Beidh ar bhaill teaghlaigh an próiseas clárúcháin a chríochnú laistigh de 28 lá chomh maith. Measann an Roinn má dhéantar an tréimhse fógra/na tréimhsí fógra a ghiorrú go gcuideodh sé le leibhéal na n-íocaíochtaí a dhéantar i ndiaidh do dhuine bás a fháil a laghdú.

**15.22** Chun athruithe ar acmhainní nár cuireadh in iúl don Roinn a bhrath, tá sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim á n-úsáid ag an Roinn agus tá sí ag eisiúint litreacha um athrú ar chúinsí chuig éilitheoirí. Tá an Roinn ag súil le córas uathoibrithe a thabhairt isteach chun litreacha a eisiúint chuig éilitheoirí ar scéimeanna a thástáiltear ó thaobh acmhainne, á mheabhrú dóibh gur gá athruithe ar acmhainn a chur in iúl don Roinn (déantar an próiseas sin de láimh faoi láthair), agus go bhfaighidh gach éilitheoir scéime fógra dá leithéid thar thréimhse blianta ar bhonn timthriallach.

## Ró-íocaíocht a ardú

**15.23** Tá próiseas curtha ar bun ag an Roinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh, a bhféadfadh go n-ardófaí agus go n-aisghabhfaí ró-íocaíocht mar thoradh air, mar atá leagtha amach i bhFíor 15.7.

1 Cuireadh tús le tuairisciú fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim an 1 Eanáir 2019.

2 Tá eastát éilitheora i dteideal íocaíochtaí sé seachtaine i ndiaidh don éilitheoir bhás a fháil i gcúinsí áirithe.

**Fíor 15.7 Próiseas chun ró-íocaíochtaí a shainaithint agus a ardú**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Féadfar éileamh a roghnú le haghaidh athbhreithniú rialaithe mar gheall ar roghnú randamach (e.g., mar chuid de shuirbhé rialaithe), toisc go bhfuil tosca riosca áirithe ann, toisc go ndearnadh nochtadh gan ainm, nó mar chuid de phróiseas deimhnithe bliantúil.

b I gcás gurbh í an Roinn a thionscain an t-athbhreithniú, déanfar coigilteas rialaithe a thaifeadadh. I gcás gurbh é an t-éilitheoir a thionscain an t-athbhreithniú, níor cheart coigilteas rialaithe a ardú.

c Féadfaidh an Roinn agus an t-éilitheoir ráta aisghabhála níos ísle nó níos airde a chomhaontú.

d Mura bhfaightear aon fhreagra i ndiaidh 21 lá, eiseoidh an Roinn litir mheabhrúcháin. Mura mbeidh freagra faighte fós i ndiaidh 14 lá eile, eiseoidh an Roinn litir deiridh ina gcuirfear in iúl go bhféadfaidh an Roinn leas a bhaint as fógra cumhachtaí ceangail.

### *Treoir don fhoireann*

**15.24** Féadfaidh oifigeach breithiúnachta athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn ar ar dámhadh íocaíocht d'éilitheoir, agus féadfaidh sé cinneadh athbhreithnithe a eisiúint i ndáil leis an íocaíocht sin.[1,2] Ceanglaítear ar gach oifigeach breithiúnas neamhspleách a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm an dlí, ach bítear ag súil go mbeidh cur amach aige nó aici ar na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn chun comhsheasmhacht na gcinntí a threisiú. Soláthraíonn Oifig Chomhairleach Cinntí (DAO) na Roinne treoir d'oifigigh maidir le cinntí tosaigh a dhéanamh agus cinntí athbhreithnithe a dhéanamh.[3] I mí Feabhra 2023, sholáthair an Roinn treoir nuashonraithe don fhoireann maidir le ró-íocaíochtaí a bhainistiú.[4]

**15.25** Tá ríomh an mhéid a bheidh le tabhairt ar ais mar ró-íocaíocht teoranta don mhéid a fuair an t-éilitheoir. Ní féidir leis an Roinn ús a ghearradh ar mhéid na ró-íocaíochta ná pionóis a chur i bhfeidhm chun calaois a chosc. Níl aon íosluach a bhféadfar fiachas ró-íocaíochta a ardú ina leith.

**15.26** Tá an treoir ar fáil d'oifigigh ar inlíon na Roinne. Tá modúl oiliúna ar líne ag an Roinn freisin ina gclúdaítear na próisis chinnteoireachta agus cheartais nádúrtha. Anuas air sin, reáchtálann Rannóg Rialaithe na Roinne imeachtaí inmheánacha seó bóthair chun príomhthreoir a chur chun cinn, amhail an gá le réasúnaíocht na gcinntí a thaifeadadh. (Mínítear in Iarscríbhinn 15B na príomhghnéithe ó threoir na Roinne don fhoireann maidir le luach ró-íocaíochta atá le hardú a ríomh.)

**15.27** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar an treoir a cuireadh ar fáil don fhoireann chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta agus chinn sí go raibh an treoir cuimsitheach.

### *Treoir d'éilitheoirí*

**15.28** Is é cuspóir na Roinne, faoina *Straitéis um Chomhlíonadh agus um Fhrithchalaoi*s, faisnéis shoiléir shothuigthe a sholáthar do chustaiméirí chun earráidí a íoslaghdú, trí fheachtais phoiblíochta, trí bhileoga faisnéise, trí shuíomh gréasáin na Roinne agus trí chúnamh a sholáthraíonn an fhoireann.

**15.29** Sonraítear go soiléir i ndoiciméid a shínigh na héilitheoirí nó a seoladh chuig na héilitheoirí ag céim an iarratais agus céim dhámhachtain an éilimh an gá d'éilitheoirí an Roinn a chur ar an eolas má thagann athrú ar a gcúinsí. Sonraítear i litreacha dámhachtana éilimh gur cheart d'éilitheoir an Roinn a chur ar an eolas láithreach faoi athrú ar acmhainní. Maidir leis an scéim pinsean Stáit (neamh-ranníocach) agus leis an scéim liúntais cúramóra, deir an Roinn gur cheart athruithe ar acmhainní a chur in iúl laistigh de thrí mhí, ach ní shonraítear amlínte le haghaidh scéimeanna eile. (Tá tuilleadh faisnéise faoi chumarsáid na Roinne le cliaint tugtha in Iarscríbhinn 15C.)

**15.30** Áirítear an méid seo a leanas le caidreamh spriocdhírithe eile le héilitheoirí

- próiseas athdheimhnithe bliantúil chun teidlíocht íocaíochta a fhíorú d'fhaighteoirí na híocaíochta teaghlaigh i bhfostaíocht, na híocaíochta cúnaimh feirme agus na híocaíochta teaghlaigh aontuismitheora
- athbhreithnithe rialaithe a dhéanamh
- eisítear litreacha deimhnithe incháilitheachta leanúnaí chuig éilitheoirí roinnt de na scéimeanna ranníocacha agus sochar leanaí
- eisítear litreacha um athrú ar chúinsí chuig éilitheoirí phinsean neamh-ranníocach an Stáit.[5]

1 Breithníonn 'oifigigh bhreithiúnachta' údaraithe teidlíocht i leith fhormhór scéimeanna na Roinne. Breithníonn 'duine ainmnithe' teidlíocht i leith liúntais leasa fhorlíontacha. Anseo, úsáidtear an téarma 'oifigeach breithiúnachta' chun an dá ról a chlúdach. I gcás ina ndéantar achomharc in aghaidh cinneadh oifigigh breithiúnachta, beidh cumhachtaí ag oifigeach achomhairc an cinneadh sin a athbhreithniú. Nuair a bheidh sé ceaptha, coinníonn oifigeach breithiúnachta a chumhachtaí go dtí go bhfágfaidh sé nó sí an Roinn agus, mar thoradh air sin, tá go leor d'fhoireann na Roinne ina n-oifigigh bhreithiúnachta údaraithe, ach d'fhéadfadh nach mbeidh siad ag gníomhú sa cháil sin ó lá go lá.

2 Is ionann cinneadh athbhreithnithe agus aon chinneadh maidir le híocaíocht a cheadú, a dhícheadú, a mhéadú nó a laghdú — dírítear sa chaibidil seo ar ró-íocaíochtaí a eascraíonn as cinneadh maidir le híocaíocht a dhícheadú nó a laghdú.

3 Is i mí an Mhárta 2022 an uair dheireanach a nuashonraíodh an treoir.

4 Le bainistíocht ró-íocaíochtaí custaiméirí agus aisghabháil fiachais custaiméara soláthraítear faisnéis chúlra ardleibhéil maidir le ró-íocaíochtaí a ardú agus faisnéis níos mionsonraithe maidir le haisghabháil ró-íocaíochtaí, ar foilsíodh an leagan roimhe seo de i mí Eanáir 2020.

5 Ní athbhreithniú rialaithe iad litreacha um athrú ar chúinsí agus níl aon oibleagáid ar an éilitheoir freagra a thabhairt ach amháin chun fíricí nó fianaise nua nár dearbhaíodh roimhe seo a chur faoi bhráid na Roinne.

**15.31** Dúirt an Roinn go bhfuil próisis uathoibrithe chun litreacha um athrú ar chúinsí a sheoladh á bhforbairt le linn 2023. Déanfar méadú mór mar gheall air sin ar líon na bhfógraí um athrú ar chúinsí a eisítear chuig éilitheoirí faoi íocaíochtaí a thástáiltear ó thaobh acmhainne. Ní chuirtear fógra rialta ná meabhrúcháin in iúl tríd an bhfeidhmchlár MyWelfare.[1]

**15.32** Tá an treoir a chuirtear ar fáil d'éilitheoirí ina treoir chuimsitheach. Mar sin féin, ní choinníonn an Roinn súil ar líon na n-éilitheoirí a fuair cinneadh athbhreithnithe i ndiaidh faisnéis nuashonraithe a sholáthar go deonach don Roinn, agus mar sin ní féidir éifeachtacht na cumarsáide a mheas. Tugtar le fios le líon na ró-íocaíochtaí atá á mbrath, go háirithe mar gheall ar fhíricí nua nó fianaise a tháinig chun solais, nach bhfuil go leor éilitheoirí ar an eolas faoin oibleagáid atá orthu an Roinn a chur ar an eolas in am agus i dtráth nó go bhfuil na héilitheoirí ar an eolas ach go roghnaíonn siad gan an oibleagáid sin a chomhlíonadh.[2]

**15.33** Cuirtear gach éilitheoir ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú ar an gcinneadh a iarraidh ón Roinn agus faoin gceart chun an cinneadh a achomharc chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh (SWAO). Fuarthas sa scrúdú nach ndéantar monatóireacht ar líon na n-achomharc atá bunaithe ar ró-íocaíocht ná ar a dtoradh.[3]

## Comhlíonadh na foirne maidir leis an treoir a d'eisigh an Roinn

**15.34** Don scrúdú seo, rinneamar athbhreithniú ar shampla randamach de 100 cás (as iomlán de 86,000 cás don bhliain 2022) i gcás inar sainaithníodh íocaíocht iomarcach, chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhí treoir na Roinne á comhlíonadh, go háirithe maidir le doiciméadú na réasúnaíochta maidir le cinntí agus fianaise leordhóthanach agus iomchuí a bheith ann chun tacú leis an gcinneadh.[4]

**15.35** Shainaithin an fhoireann scrúdaithe fadhb le 21% de na héilimh a athbhreithníodh.[5] Bhí trí phríomhréimse imní ann sna cásanna sin.

- Níor ardaíodh ró-íocaíocht i ndeich gcás inarbh é measúnú na foirne scrúdaithe gur cheart ró-íocaíocht a bhreithniú. Sna cásanna sin, ní dhearnadh doiciméadú ar an réasúnaíocht a bhí ag an oifigeach breithiúnachta maidir le cinneadh dáta reatha seachas cinneadh iardhearcach a ardú.[6]
  - I dtrí chás nár ardaíodh aon ró-íocaíocht ina leith, ba chosúil gurbh é ba chúis leis sin ná nach bhféadfaí luach na ró-íocaíochta a chinneadh toisc nach raibh an t-éilitheoir i mbun teagmhála leis an Roinn. Mar sin féin, bhí an fhoireann scrúdaithe ábalta a dhearbhú, trí úsáid a bhaint as an eolas a bhí ar fáil don Roinn, go raibh na héilitheoirí sin fós ag obair sa Stát agus mar sin d'fhéadfadh an Roinn tuilleadh oibre a dhéanamh sula gcuirfí na cásanna sin i gcrích.
  - I dtrí chás, bhí méadú níos mó ná €100 in aghaidh na seachtaine tagtha ar acmhainn nochta na n-éilitheoirí.
  - In dhá chás, níor nochtadh méadú ar acmhainn don Roinn nuair a cuireadh tús le fostaíocht ábhartha.
  - I gcás amháin ina raibh an t-éilitheoir ag fáil an PUP, níor ardaíodh aon ró-íocaíocht fós mar gheall ar thionscadal leanúnach ró-íocaíochta a bhaineann go sonrach leis an PUP.

1 Tairseach ar líne is ea MyWelfare (www.mywelfare.ie) le haghaidh seirbhísí leasa shóisialaigh, trínar féidir le héilitheoir iarratas a dhéanamh ar shochair áirithe, sonraí pearsanta a nuashonrú agus ráitis a ordú.

2 I gcás nach bhfuil an t-oifigeach breithiúnachta lánchinnte go raibh an neamhchomhlíonadh d'aon ghnó, aicmeofar an cinneadh athbhreithnithe mar fhíricí nua seachas mar chalaois amhrasta.

3 Déantar monatóireacht ar an ráta achomhairc de réir na scéime ach ní dhéantar monatóireacht ar an gcúis leis an achomharc. Soláthraítear i dTuarascáil Bhliantúil SWAO sonraí ar chás-staidéir aonair lena n-áirítear cásanna arbh é ardú na ró-íocaíochta ba chúis leis an achomharc. *Féach Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2020,* caibidil 10, Bainistíocht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

4 Níor áiríodh sa scrúdú coigilteas rialaithe a taifeadadh maidir leis an scéim íocaíochta teaghlaigh i bhfostaíocht as an sampla — 17% den choigilteas rialaithe go léir a bhain leis an scéim seo ach ba bheag ró-íocaíochtaí a ardaíodh mar thoradh air. Ardaítear coigilteas rialaithe ar an scéim seo nuair a bhíonn ráta laghdaithe iníoctha i ndiaidh don éilitheoir cur isteach ar an íocaíocht arís, mar a cheanglaítear ar gach éilitheoir a dhéanamh gach bliain. Thángthas ar an gconclúid sa scrúdú nach raibh an scéim sin ionadaíoch do scéimeanna eile agus níor áiríodh sa sampla í.

5 In ocht gcinn de na 79 gcás nár ardaíodh aon saincheist ina leith, braitheadh íocaíocht iomarcach ach níl aon bhunús reachtúil ann chun ró-íocaíocht a aisghabháil (baineann cásanna le scéim riaracháin amhail sochair teaghlaigh nó scéim sochair ina bhféadfadh sé go bhfuair an t-éilitheoir bás).

6 Is é an treoir don fhoireann ná nach bhfuil nóta ag teastáil i gcás ina bhfuil próiseas cinnteoireachta uathoibrithe ann (sochar linbh agus deimhniú cáilíochta leanúnaí caighdeánach) agus ar athbhreithnithe leighis amháin.

    - I gcás amháin, sháraigh acmhainn an éilitheora an tairseach incheadaithe reatha ach níor ardaíodh aon ró-íocaíocht toisc go raibh an acmhainn níos lú ná an tairseach mhéadaithe a bhí le teacht.

- I sé chás, níor ardaíodh aon ró-íocaíocht toisc nach raibh an t-éilitheoir rannpháirteach leis an Roinn agus toisc go raibh seans ann go raibh sé/sí tar éis an tír a fhágáil, agus mar sin níorbh fhéidir luach na ró-íocaíochta a mheas. Measann an fhoireann scrúdaithe gur chóir meastachán den ró-íocaíocht, le ríomhanna doiciméadaithe mar fhianaise tacaíochta, a thaifeadadh ionas gur féidir aisghabháil na ró-íocaíochta iarbhír a lorg má lorgaíonn an t-éilitheoir íocaíocht ón Roinn amach anseo.
- I dtrí chás, ardaíodh coigilteas rialaithe in ainneoin gur thosaigh an t-éilitheoir leis an athbhreithniú.
- I gcás amháin, bhí easpa doiciméadachta tacaíochta ar taifead ann chun tacú go soiléir le bunús an chinnidh. Sa chás sin, seans go ndearnadh an cinneadh ceart, ach ní raibh an fhoireann scrúdaithe in ann a mheas go raibh an cinneadh ceart bunaithe ar an bhfianaise tacaíochta a bhí sa chomhad.
- I gcás amháin, bhí easpa fianaise ar íocaíocht iomarcach ar taifead, mar sin níor cheart aon choigilteas rialaithe a ardú.

**15.36** Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara nach raibh roinnt doiciméad a bhí stóráilte ar chóras TF SDM na Roinne (cosúil leis an litir fógra 'ceartais nádúrtha' agus an litir chinnidh a d'eisigh scéimeanna áirithe) le feiceáil i gcónaí ó chóras TF BOMI (níos nua-aimseartha) na Roinne. Mar sin, ní féidir le hathbhreithneoir breathnú ar an doiciméadacht ábhartha ar fad le chéile go héasca. Ar a bharr sin, i gcás nach ndéantar taifead ar an réasúnaíocht le conclúid an oifigigh breithiúnachta, féadfaidh athbhreithneoir neamhspleách ar an bhfaisnéis atá ar fáil teacht ar chonclúid eile — féadfar leibhéil éagsúla tábhachta a chur ar na sonraí éagsúla, rud a fhágfaidh go ndéanfar cinntí ar athbhreithniú nó ar achomharc a chur ar ceal.

### *Monatóireacht na Roinne ar chinntí a rinneadh*

**15.37** Luaigh an Roinn gur chuid den phróiseas oiliúna é go ndéanann bainisteoir athbhreithniú ar gach cinneadh a dhéanann oifigigh bhreithiúnachta atá nuacheaptha nó a bhog go post nua. Laghdaíonn an méid a dhéantar athbhreithniú ar chinntí de réir mar a fhaigheann an t-oifigeach níos mó taithí.

**15.38** Déanann an Rannóg Rialaithe athbhreithniú freisin, go neamhspleách ar bhainistíocht na scéime, ar shampla de thríocha éileamh gach mí thar cheithre scéim a mheastar a bheith mar ardriosca (liúntas míchumais, liúntas cúramóra, liúntas cuardaitheora poist agus íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora) chun a mhéid atá an réasúnaíocht le gan ró-íocaíocht a ardú taifeadta a mheas.

## Íocaíochtaí iomarcacha ar chásanna eastáit

**15.39** D'fhéadfaí fiachas ró-íocaíochta a chur i leith duine éagtha i ngeall ar an méid seo a leanas:

- íocaíochtaí i ndiaidh bhás an éilitheora go dtí go raibh an Roinn ar an eolas faoin mbás[1]
- fiachas a ardaíodh tar éis bhás an éilitheora toisc nár nocht an t-éilitheoir a acmhainn nó a hacmhainn ina hiomláine agus é nó í ag fáil íocaíocht de réir tástála acmhainne

1 I gcás ina bhfuil cleithiúnaí cáilitheach aosaigh nó linbh ag an éilitheoir, féadfaidh eastát an éilitheora a bheith i dteideal leanúint ar aghaidh ag fáil na híocaíochta ar feadh suas le sé seachtaine.

- fiachas a cruinníodh ach nár aisíocadh go hiomlán roimh bhás an éilitheora.

**15.40** Tá luach suntasach ag na ró-íocaíochtaí a ardaíodh tar éis bás éilitheoirí — dá ngairtear 'cásanna eastáit' — agus iad cothrom le thart ar €21 mhilliún in aghaidh na bliana. (féach Fíor 15.2).

### *Íocaíochtaí tar éis báis*

**15.41** Tugann an Phríomh-Oifig Chlárúcháin fógra do réimsí oibriúcháin scéim na Roinne gach lá maidir le básanna cláraithe sa Stát. Mar sin féin, seans nach bhfuil an fhaisnéis sin tráthúil mar is féidir clárú suas le dhá mhí dhéag tar éis an bháis.[1] Mar a luaitear thuas, tá reachtaíocht á hullmhú chun an tréimhse incheadaithe chun clárú báis a chur i gcrích a laghdú go 28 lá. Ar leithligh ón bpróiseas cláraithe básanna, féadfaidh gaolta an éilitheora an Roinn a chur ar an eolas faoin mbás.

**15.42** Leis an reachtaíocht, foráiltear don Roinn íocaíochtaí tacaíochta ioncaim a rinneadh tar éis báis a aisghabháil go díreach ó chuntas bainc an éilitheora inar íocadh iad.[2]

### *Fiachas a ardaíodh tar éis bhás an éilitheora mar gheall ar nochtadh neamhleor acmhainní*

**15.43** Luaigh an Roinn gurb iad seo a leanas na príomhchúiseanna bunúsacha le ró-íocaíochtaí i gcásanna eastáit mar gheall ar nochtadh neamhleor acmhainní:

- neamhdhearbhú nó dearbhú páirteach amháin ó éilitheoirí maidir le luach na sócmhainní, na n-infheistíochtaí nó na sruthanna ioncaim arna sealbhú tráth a n-iarratais tosaigh ar phinsean
- neamhdhearbhú (nó dearbhú páirteach amháin) ó éilitheoirí maidir le hathruithe acmhainne le linn fhad saoil a n-éilimh.

**15.44** I gcás go raibh duine éagtha ag fáil íocaíochta cúnaimh tráth ar bith, ceanglaítear sa reachtaíocht ar ionadaí pearsanta éilitheora éagtha ráiteas sócmhainní eastát an éagaigh a sholáthar don Roinn trí mhí ar a laghad roimh an dáileadh pleanáilte ar aon sócmhainní.[3,4] Cuirtear na ráitis sócmhainní i gcomparáid leis an acmhainn is déanaí a chláraigh an t-éilitheoir. Tá an t-ionadaí pearsanta faoi dhliteanas pearsanta don Roinn sa chás go ndéantar sócmhainní a dháileadh roimh an bhfráma ama trí mhí sin agus go bhfaightear go bhfuil an t-éilitheoir ró-íoctha.

**15.45** Ní fhoráiltear sa reachtaíocht ach do na héilitheoirí sin amháin atá ar íocaíochtaí de réir tástála acmhainne agus ní dhéantar aon fhoráil dá samhail do chásanna inar tháinig ró-íocaíocht chun cinn (seachas íocaíocht tar éis bháis) ar scéim a bhaineann le sochar.

**15.46** Leagtar amach sa chomhfhreagras d'ionadaí pearsanta an éilitheora éagtha, a seoladh chuig an seoladh poist is déanaí den éilitheoir, an riachtanas go gcuirfí an ráiteas sócmhainní faoi bhráid na Roinne. Luaitear i bhfoclaíocht na litreach "Más rud é gur fhág [ainm an duine éagtha], nach maireann, uacht/eastát, ba cheart don ionadaí pearsanta cóip de sceideal na sócmhainní a sheoladh chuig an Roinn, nuair atá sé ar fáil don Rannóg Eastáit". D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé soiléir go leor leis an bhfoclaíocht sin don ionadaí pearsanta go bhféadfaí fiachas a aisghabháil.[5]

1 An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004

2 Alt 340 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

3 Alt 339 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

4 Nuair atá an Roinn sásta go bhfuil a scrúdú ar éileamh an duine éagtha curtha i gcrích agus go bhfuil aon ró-íocaíocht aisghafa, seolfar litir imréitigh chuig ionadaí an duine éagtha, lena dtabharfar cead dói nó di sócmhainní a dháileadh.

5 Luaitear ar an dara leathanach den litir nach mór don ionadaí pearsanta fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire go bhfuil sé ar intinn aige nó aici sócmhainní a dháileadh tráth nach lú ná trí mhí sula ndéantar na sócmhainní a dháileadh.

### *Fiachas a ardaíodh ach nár aisíocadh faoi thráth an bháis*

**15.47** Tá cumhachtaí ag an Roinn, mar a luaitear thuas, a mhéid a bhaineann le haisghabháil fiachais ó éilitheoirí éagtha ar íocaíochtaí cúnaimh. Mar sin féin, ní chuirtear an oibleagáid chéanna ar ionadaí pearsanta éilitheoirí nach bhfuair ach íocaíochtaí sochair leis an reachtaíocht seo. Agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar éilimh do Chaibidil 16 ar aisghabháil ró-íocaíochtaí, thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara cásanna nár tuairiscíodh fiachas reatha a tháinig chun cinn as íocaíocht sochair d'ionadaí pearsanta an éilitheora éagtha agus gur díscríobhadh é ina dhiaidh sin.

**15.48** Tá teorainn ag cumas na Roinne chun ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó eastát éilitheora éagtha sa chás nach mbíonn an t-ionadaí pearsanta i mbun teagmhála leis an Roinn toisc nach féidir leis an Roinn a shainaithint go héasca cé hé an t-ionadaí pearsanta — díscríobhadh fiacha i gcásanna áirithe den sórt sin freisin. Tá sé mar bheartas ag an Roinn taifid phrobháide a sheiceáil sula ndíscríobhtar fiachas, ach ceadaíonn an 'gnáthamh eastát beag' eastáit a bhfuil luach níos lú ná €25,000 orthu a riar gan aon ghá le deonú probháide nó le deonú riaracháin. Mar sin, seans nach mbeidh taifead poiblí den ionadaí pearsanta ann.

### *Úsáid faisnéise probháide chun ró-íocaíochtaí le tairbhithe eastáit a shainaithint*

**15.49** Le híocaíochtaí leasa shóisialaigh de réir tástála acmhainne, breithnítear sócmhainní iomlána éilitheora nuair atá teidlíocht íocaíochta á cinneadh. I gcás go bhfaigheann éilitheoir ar íocaíocht de réir tástála acmhainne oidhreacht ó eastát, d'fhéadfadh go mbeadh riosca nua ró-íocaíochta ann don éilitheoir sin.

**15.50** Ní gnách go gcuirtear sonraí na dtairbhithe ar fáil leis an ráiteas sócmhainní arna chur ar fáil ag ionadaí pearsanta d'éilitheoir éagtha.[1] Mar thoradh air sin, ní fhaigheann an Roinn an fhaisnéis atá riachtanach chun a mheas cibé an faighteoirí íocaíochta de réir tástála acmhainne tairbhithe na hoidhreachta sin, rud a chiallaíonn go mbeadh siad i mbaol ró-íocaíochta níos mó.

**15.51** Luaigh an Roinn nach mór don Roinn oibriú laistigh d'fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí i gcás inar léir na tairbhithe uachta ó na doiciméid a cuireadh isteach, agus mar sin tá úsáid na faisnéise sin chun críocha eile, lena n-áirítear rialú ró-íocaíochtaí, teoranta agus nach é beartas na Roinne é an fhaisnéis sin a úsáid chun críocha den sórt sin.

## Conclúidí agus moltaí

**15.52** B'ionann luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh le blianta beaga anuas agus suim idir €100 milliún agus €125 mhilliún in aghaidh na bliana. Tá laghdú tagtha ar luach na ró-íocaíochtaí arna maoiniú ag an Vóta, ach rinneadh é sin a fhritháireamh trí obair na Roinne chun ró-íocaíochtaí na scéime íocaíochta dífhostaíochta paindéime (PUP) a shainaithint, agus méadú ar ró-íocaíochtaí a ardaíodh i scéimeanna arna maoiniú ag an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) mar thoradh ar an obair sin.

1 Luaitear an fhaisnéis seo ar thuairisceáin chuig an oifig phrobháide.

**15.53** Nuair a shainaithnítear íocaíocht iomarcach le gníomhaíochtaí rialaithe na Roinne, ríomhann an Roinn coigilteas rialaithe chun tionchar a cuid oibre a mheas. Ní shocraíonn an Roinn sprioc do luach na ró-íocaíochtaí is gá a ardú gach bliain. Mar sin féin, socraíonn sí sprioc do luach na gcoigilteas rialaithe a thaifeadfar, lena n-ionchorpraítear luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh trí obair rialaithe a thionscain an Roinn. Ní dhéantar coigilteas rialaithe a thaifeadadh i gcás ina gcuireann éilitheoir tús leis an athbhreithniú.

**15.54** Léiríonn luach na ró-íocaíochtaí a ardaítear, mar chomhréir de luach an choigiltis rialaithe, éagsúlacht shuntasach do scéimeanna éagsúla. Leis sin, d'fhéadfaí léiriú a thabhairt ar shaintréithe scéime éagsúla agus ar an tionchar a bhíonn ag iolraitheoirí éagsúla a chur i bhfeidhm ar scéimeanna éagsúla. Mar sin féin, féadfaidh sé freisin cur i bhfeidhm na lánrogha a thugtar d'oifigigh bhreithiúnachta i réimsí scéime éagsúla a léiriú. Déanann an Rannóg Rialaithe athbhreithniú ar thríocha éileamh gach mí lena sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil an réasúnaíocht gan ró-íocaíocht a ardú á taifeadadh, ach tá próisis eile teoranta ann chun neamhréireachtaí i gcinnteoireacht na n-oifigeach breithiúnachta a shainaithint.

**Moladh 15.1**

Ba cheart don Roinn a hanailís ar éilimh a mhéadú chun a chinntiú go mbíonn cinntí na n-oifigeach breithiúnachta comhsheasmhach idir scéimeanna, cé gur cinntí neamhspleácha iad.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá sé tábhachtach gur cheart go gcoinneodh scéimeanna atá ag brath ar lánrogha a bheith á tabhairt d'oifigigh bhreithiúnachta an lánrogha sin agus bheadh sé míchuí féachaint le srian a chur leis an lánrogha sin.

Is gnách go dtugtar aghaidh ar bhainistiú riosca/rialú cáilíochta ar bhonn cosanta trí bheart

- Is é cáilíocht na hoiliúna agus na treorach a chuirtear ar fáil don fhoireann an chéad bheart cosanta aici. Déanann an Roinn infheistíocht láidir inti sin cheana féin.
- Is é an dara beart cosanta ná rialú agus seiceáil cáilíochta ag an lucht bainistíochta áitiúil/scéime. Chuige sin, déanann an lucht bainistíochta i ngach réimse scéime athbhreithniú rialta ar shampla de gach cinneadh mar bheart rialaithe cáilíochta ar bhonn leanúnach.
- Is í formhaoirseacht sheachtrach an tríú beart cosanta. Bíonn Rannóg Rialaithe lárnach na Roinne cheana féin i mbun cásanna seiceálacha samplacha, chomh maith le feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne.

Chun cáilíocht na gcinntí a fheabhsú tuilleadh, meabhróidh an Rannóg Rialaithe, i gcomhar leis an Oifig Chomhairleach Cinntí, d'úinéirí scéime ábhartha monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na gcinntí chun a chinntiú go gcloítear le beartais chomhaontaithe agus le treoirlínte comhaontaithe, lena n-áirítear Treoirlínte maidir le Ró-íocaíochtaí Custaiméirí a Bhainistiú agus Fiachas Custaiméara a Aisghabháil agus *Treoirlínte maidir le Cinntí Athbhreithnithe agus a nDáta Éifeachta.*

Cuideoidh athruithe atá le teacht ar fheidhmiú na feidhme achomhairc, ina gceanglófar ar an Oifig Achomhairc cúiseanna a thabhairt don Roinn le cén fáth a gcuirtear cinntí ar ceal, chun feabhas a chur ar cháilíocht na gcinntí. (I láthair na huaire, ní gá cúiseanna le cinntí achomhairc a sholáthar d'achomharcóirí ach amháin i gcásanna ina seastar le cinneadh.)

**Amlíne don chur chun feidhme**

As seo amach.

**15.55** Tá éagsúlacht idir na rátaí ag a mbraitear íocaíochtaí iomarcacha le hathbhreithnithe rialaithe atá spriocdhírithe ar riosca, mar a bheifí ag súil leis. Tá athbhreithnithe spriocdhírithe i bhfad níos éifeachtaí ar roinnt scéimeanna ná athbhreithnithe a roghnaítear go randamach. Léirítear leis an anailís go bhfuil an t-athbhreithniú atá spriocdhírithe ar riosca i bhfad níos éifeachtaí ar scéimeanna sochair leanaí agus liúntais cuardaitheora poist ná ar an bpinsean Stáit neamh-ranníocach agus ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora.

**15.56** Tá an treoir a chuirtear ar fáil don fhoireann cuimsitheach. Mar sin féin, feidhmíonn gach oifigeach breithiúnachta a bhreithiúnas nó a breithiúnas féin agus cinneadh á dhéanamh aige nó aici maidir le héileamh. Féadfaidh éilitheoirí achomharc a iarraidh i gcoinne na gcinntí sin, mar sin tá sé ríthábhachtach réasúnaíocht an oifigigh breithiúnachta le cinntí a dhoiciméadú, go háirithe i gcásanna casta.

**15.57** Sonraítear go soiléir sa treoir a chuirtear ar fáil d'éilitheoirí, ar fhoirmeacha iarratais agus litreacha dámhachtana ina dhiaidh sin, an fhreagracht atá ar éilitheoirí an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ina gcúinsí (mar shampla, post nua a thosú nó méadú ar ioncam fostaíochta). Mar sin féin, i bhfianaise líon leantach na ró-íocaíochtaí a bhraitear gach bliain i ngeall ar an Roinn ag teacht ar fhíricí nó fianaise nua, tá sé soiléir go bhfuil mainneachtain ag go leor éilitheoirí a rá leis an Roinn nuair a tharlaíonn athruithe den sórt sin. Féadfaidh sé sin a bheith mar gheall ar easpa feasachta maidir lena n-oibleagáidí nó éilitheoirí atá feasach maidir lena n-oibleagáid ach ag roghnú gan a bheith comhlíontach.

**15.58** D'fhéadfadh rannpháirtíocht éilitheoirí a fheabhsú le plean na Roinne chun an próiseas a uathoibriú maidir le litreacha meabhrúcháin i dtaobh 'athrú cúinsí' a sheoladh chuig éilitheoirí atá ag fáil íocaíochtaí tástála acmhainne. Ní bhaineann an Roinn úsáid as an bhfeidhm MyWelfare faoi láthair chun éilitheoirí a mheabhrú faoina n-oibleagáidí maidir leis an Roinn a chur ar an eolas faoi athrú i gcúinsí.

**Moladh 15.2**

Ba cheart don Roinn níos mó deiseanna chun gníomhú le héilitheoirí a lorg lena chinntiú go mbíonn éilitheoirí go hiomlán feasach faoina bhfreagrachtaí maidir leis an Roinn a chur ar an eolas faoi aon athruithe i gcúinsí. Ba cheart an fhéidearthacht atá ag meabhrúcháin leictreonacha a sheoladh tríd an bhfeidhm MyWelfare a chur san áireamh chun an próiseas a uathoibriú agus chun costais phoist a sheachaint.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Bíonn an Roinn ar an eolas i gcónaí faoin ngá atá le gníomhaíocht rialaithe a chobhsú i gcoinne an ghá chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do dhaoine agus gan cur isteach ar an teidlíocht atá ag duine i leith seirbhíse ná a rochtain leanúnach ar sheirbhís a cheistiú trí ghníomhaíocht rialaithe atá ró-chunórach. Ar an mbonn sin, ag glacadh leis an moladh seo, beidh an Roinn ag iarraidh é sin a dhéanamh ar bhonn a chobhsaíonn luach na 'meabhrúchán' breise i gcoinne an ghá lena chinntiú nach gceisteoimis an ceart atá ag daoine don sochar gan ghá nó imní/eagla a chur ar dhaoine atá spleách ar ár n-íocaíochtaí, agus a bhformhór ag cloí le gach riachtanas.

**Amlíne don chur chun feidhme**

As seo amach.

**15.59** I roinnt cumarsáidí, iarrann an Roinn ar éilitheoirí go gcuirfidís an Roinn ar an eolas faoi athruithe i gcúinsí laistigh de thrí mhí. Má ligtear don achar ama sin, féadfaidh trí mhí de ró-íocaíochtaí tarlú a bheadh mar chaillteanas don Stát nó a bheadh ar an éilitheoir an t-airgead a aisíoc, ag brath ar cé acu a chuirtear cinneadh dáta reatha nó cinneadh cúlghabhálach i bhfeidhm. I gcumarsáidí eile, ní thugann an Roinn amlíne nuair a bhíonn ar an éilitheoir aon athrú i gcúinsí a chur in iúl.

**Moladh 15.3**

Ba cheart don Roinn a éileamh go mbeadh amlíne curtha ina cumarsáid ar fad nuair a bhíonn sí ag cur éilitheoirí ar an eolas faoina bhfreagracht chun an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe i gcúinsí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chearta éilitheoirí. Ba cheart an fad ama soláthartha a íoslaghdú chun an riosca de ró-íocaíochtaí a theorannú.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Ar aon líne leis an reachtaíocht, agus freisin ag brath ar an ngá chun gníomhaíocht rialaithe a chobhsú le héiteas um sheirbhís do chustaiméirí, meabhrófar d'éilitheoirí a bhfreagracht chun an tAire a chur ar an eolas faoi aon athrú ar chúinsí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gcearta chomh luath agus gur féidir.

**Amlíne don chur chun feidhme**

As seo amach.

**15.60** Tá an Roinn ag fiosrú céimeanna chun rialuithe scéime a fheabhsú tríd an am a cheadaítear bás a chlárú sa Stát a laghdú (ag laghdú an riosca d'íocaíochtaí neamh-incháilithe a rinneadh i ndiaidh báis dá réir), ag méadú úsáid sonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim agus ag méadú líon na litreach chuig éilitheoirí ina gcuirtear ar an eolas iad faoina n-oibleagáid chun an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ar chúinsí.

**15.61** Tá oibreacha de chuid na Rannóige Rialaithe chun an cháipéisíocht maidir le réasúnaíocht le cinntí ag leanúint ar aghaidh. Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar shampla 100 cás inar braitheadh barraíocht íocaíochta in 2022 agus bhí imní ann faoin tslí ar caitheadh leis an gcás in 21 chás, a bhain leo seo:

- easpa cáipéisíochta don réasúnaíocht maidir le cinneadh gan ró-íocaíocht a ardú (deich gcás)
- gan aon ró-íocaíocht a thaifeadadh in ainneoin bunfhianaise, ar an mbunús nach raibh an t-éilitheoir ag comhoibriú leis an Roinn agus go raibh an fhéidearthacht ann gur fhág sé/sí an tír (sé chás)
- coigilteas rialaithe a bheith á ardú in ainneoin gur thosaigh an t-éilitheoir leis an athbhreithniú i dtrí chás
- easpa fianaise tacaíochta don chinneadh a rinneadh i gcás amháin
- easpa fianaise tacaíochta do choigilteas rialaithe a ardaíodh i gcás amháin.

**Moladh 15.4**

Ba cheart don Roinn leanúint ar aghaidh lena hiarrachtaí lena chinntiú go ndéantar taifeadadh ar fhianaise shuntasach agus ábhartha agus ar an gcáipéisíocht maidir leis an réasúnaíocht do chinntí ar gach barrachas íocaíochta arna sainaithint agus go sainaithneofar i dtaifid aon ró-íocaíocht fhéideartha a gcaithfear iniúchadh a dhéanamh uirthi más rud é go dtiocfaidh éilitheoir i dteagmháil leis an Roinn sa todhchaí.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá na seiceálacha iarrtha i bhfeidhm cheana féin agus leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh.

**15.62** Tá luach na ró-íocaíochtaí a braitheadh i gcásanna eastáit fós suntasach. I gCaibidil 16, maidir le haisghabháil ró-íocaíochtaí, sainaithníodh cuid shuntasach d'fhiachas atá bainteach le heastát a bheith á díscríobh. Nuair nach mbíonn a fhios ag an Roinn cé hé/hí ionadaí pearsanta an éilitheora éagtha, bíonn aisghabháil na ró-íocaíochtaí dúshlánach. De réir na reachtaíochta, ní foláir d'ionadaí pearsanta an éilitheora éagtha íocaíochtaí cúnaimh ráiteas sócmhainní a chur faoi bhráid na Roinne, ach ní leagann sé an ceanglas céanna síos maidir le héilitheoirí íocaíochtaí sochair.

## Iarscríbhinn 15A Meastacháin coigilteas rialaithe

Áiríonn an Roinn Coimirce Sóisialaí coigiltis rialaithe trí na hiolraí seo a leanas a chur i bhfeidhm leis an mbarrachas íocaíochta seachtainiúla nó míosúla a sainaithníodh, nó cuirtear bunráta i bhfeidhm don chás i gcásanna áirithe. De ghnáth, bíonn an luach iolraithe níos mó nuair a chuirtear foirceannadh le híocaíocht seachas nuair a dhéantar laghdú ar íocaíocht éilitheora.

| Réimse scéime | Foirceannadh na híocaíochta | Laghdú san íocaíocht |
|---|---|---|
| **Scéimeanna íocaíochta seachtainiúla** | | |
| **Cúramóirí** | | |
| Liúntas cúramóra | 136 | 52 |
| Sochar cúramóra | 36 | 52 |
| **Scéimeanna saora agus liúntais** | | |
| Liúntas breosla (liúntas gearrthréimhseach & leasa forlíontach) | 16 | |
| Liúntas Breosla (scéimeanna neamhphinsin) | 26 | |
| Liúntas breosla (pinsin) | 68 | |
| Liúntas maireachtála aonair | 136 | |
| **Scéimeanna breoiteachta** | | |
| Liúntas míchumais | 136 | 52 |
| Sochar míthreorach | 136 | 52 |
| Sochar breoiteachta (deimhniú deireanach) | 32 | |
| Sochar breoiteachta (fionraí shealadach) | 9 | |
| Cumais athbhreithnithe leighis (sochar breoiteachta) | 24 | |
| Pinsean easláine | 136 | 52 |
| Sochar díobhála ceirde | 32 | 52 |
| **Scéimeanna cuardaitheoirí poist** | | |
| Liúntas cuardaitheora poist | 52 | 52 |
| Sochar cuardaitheora poist | 26 | 26 |
| Scéim dreasachta poist pháirtaimseartha | 52 | 52 |
| Liúntas chun filleadh ar an oideachas | 32 | |
| Liúntas um fhilleadh ar an obair | 32 | 32 |
| Cúnamh feirme | 52 | 52 |
| **Sochar máithreachais** | | |
| Sochar máithreachais | 4 | |
| **Teaghlach aontuismitheora** | | |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora | 136 | 52 |
| **Pinsin** | | |
| Pinsean neamhranníocach baintrí (bainteach fir) / (sochair/liúntas) banchéile tréigthe | 136 | 52 |
| Pinsean ranníocach baintrí, baintreach fir nó páirtí shibhialta mharthanaigh | 136 | 52 |
| Pinsean stáit ranníocach | 136 | 52 |

| Réimse scéime | Foirceannadh na híocaíochta | Laghdú san íocaíocht |
|---|---|---|
| Pinsean stáit neamhranníocach | 136 | 52 |
| Íocaíocht ranníocach & neamhranníocach caomhnóra | 136 | 52 |
| Pinsean na ndall | 136 | 52 |
| **Liúntas leasa forlíontach** | | |
| Liúntas leasa forlíontach (BASI) | 32 | 32 |
| Liúntas leasa forlíontach (cíos & forlíontaí eile) | 52 | 52 |
| **Íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht** | | |
| Íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht (an forlíonadh ioncaim theaghlaigh (RIT) roimhe seo) | 52 | 52 |
| **Scéimeanna íocaíochta míosúla** | | |
| **Sochair bainteach le páistí** | | |
| Sochar linbh | 34 (mhí) | 12 (mhí) |
| Liúntas cúram baile | 13 (mhí) | |
| **Scéimeanna íocaíochta bunráta** | | |
| **Cúramóirí** | | |
| Deontas tacaíochta do chúramóirí (an deontas um chúram faoisimh roimhe seo) (gan an iolraitheoir) | | €1,700 |
| **Sochar teaghlaigh agus saorthaisteal** | | |
| Sochar teaghlaigh (gan aon iolraitheoir) | | €580 |
| Saorthaisteal (gan aon iolraitheoir) | | €100 |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

## Iarscríbhinn 15B Treoir maidir le ró-íocaíochtaí arna ndéanamh le foireann na Roinne

Is í treoir na hOifige Comhairlí Cinntí faoi ró-íocaíocht a eisíodh chuig foireann na Roinne ná go mba cheart cinneadh íocaíochta athbhreithnithe a bheith mar thoradh ar ró-íocaíocht ardaithe (is é sin, le bheith cúlghabhálach) i gcás go mbeifí ag súil le réasún go mbeadh an duine ar an eolas faoi na fíricí ábhartha, go mbeifí ag súil le réasún go gcuirfeadh an duine an Roinn ar an eolas faoin staid, agus nach raibh aon earráid ar thaobh na Roinne.

Tá áireamh an mhéid atá le haisghabháil mar ró-íocaíocht teoranta don mhéid a bhí faighte ag an éilitheoir. Níl aon íosluach ann a bhféadfar fiachas ró-íocaíochta a ardú chuige.

Tagraíonn an treoir do na cúinsí seo a leanas nár cheart ró-íocaíocht a ardú iontu

- íocaíocht liúntais leasa fhorlíontaigh fad atáthar ag aistriú ó fháltas scéime leasa shóisialaigh chuig fáltas ioncaim ó fhostaíocht
- íocaíochtaí neamhbhriste nó neamhbhailithe
- leasú idirscéime nuair atá an t-éilitheoir ag bogadh ó scéim amháin chuig scéim eile, fiú má tá an ráta nua níos lú ná an ráta roimhe seo.

### *Áireamh an luacha ró-íocaíochta*

Tá áireamh an mhéid atá le haisghabháil mar ró-íocaíocht teoranta don mhéid a bhí faighte ag an éilitheoir. Níl aon íosluach ann a bhféadfar fiachas ró-íocaíochta a ardú chuige.

I measc na bpríomhchéimeanna a bhaineann le ró-íocaíocht a áireamh tá socrú na cúise leis an mbarrachas íocaíochta agus an dáta ar athraigh cúinsí an éilitheora nó teidlíocht éilitheora i leith íocaíochta atá tagtha chun deiridh.

Ní foláir d'éilitheoir a bheith ar an eolas faoi chinneadh athbhreithnithe ag litir ina leagtar amach cén coinníoll/cé na coinníollacha den reachtaíocht nár comhlíonadh, an chúis nár comhlíonadh an cinneadh, an dáta a bheidh an cinneadh cúlghabhálach i bhfeidhm agus méid na ró-íocaíochta a bheidh le tabhairt ar ais. Tá sé de cheart ag éilitheoir iarratas a dhéanamh ar an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh agus féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.[1]

Féadfar méid ró-íocaíochta a laghdú le léiriú a thabhairt ar an áit a n-aimsítear ró-íocaíocht ar scéim amháin ach go raibh an t-éilitheoir i dteideal íocaíochta faoi scéim eile.[2]

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020,* caibidil 10 Bainistíocht íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

2. Níl aon bhaint aige seo nuair a ardaítear ró-íocaíocht mar thoradh ar chalaois amhrasta.

## Iarscríbhinn 15C Treoir maidir le ró-íocaíochtaí arna ndéanamh le héilitheoirí

### *Ag céim na dámhachtana éilimh*

Ag céim an iarratais, ní foláir d'éilitheoirí a rá 'Tuigim, má bhíonn aon fhaisnéis a thugaimse bréagach nó má theipeann orm aon fhaisnéis ábhartha a nochtadh, go mbeidh orm aon íocaíocht a fhaighim ón Roinn a aisíoc agus go bhféadfaí an dlí a chur orm. Gabhaim orm féin an Roinn a chur ar an eolas láithreach má thagann aon athrú ar mo chúinsí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar mo theidlíocht leanúnach."

Cuirtear éilitheoirí ar an eolas i ngach litir dámhachtana éilimh faoina bhfreagrachtaí maidir leis an Roinn a chur ar an eolas nuair a thagann athrú ar a gcúinsí. Mar shampla, le scéimeanna cúnaimh, ar nós liúntas cuardaitheora poist, díríonn an litir dámhachtana ar athruithe i gcúinsí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar theidlíocht, ar nós athruithe i bhfostaíocht nó méadú ioncaim an éilitheora nó céile/ páirtí sibhialta/ comhchónaitheoir leis/léi , athruithe atá bainteach le leanbh cáilitheach nó le haosach cáilitheach, nó má thosaíonn an t-éilitheoir ag tabhairt faoin oideachas.

Le haghaidh litreacha dámhachtana éilimh ar scéimeanna sochair amhail an Pinsean Ranníocach Stáit, cuirtear liosta eachtraí ar fáil d'éilitheoirí a gcaitheann siad an Roinn a chur ar an eolas fúthu; mar shampla, nuair nach bhfuil an t-éilitheoir ag tabhairt tacaíocht d'aosach cáilitheach a thuilleadh. Cuirtear éilitheoirí ar an eolas gurb amhlaidh, má theipeann orthu aon athruithe a thuairisciú, a fhéadfaidh ró-íocaíocht a bheidh in-aisghafa ag an Roinn teacht chun cinn.

### *Tar éis ró-íocaíocht a bhrath*

I measc bheartais agus nósanna imeachta na Roinne, a leag an Oifig Chomhairleach Cinntí amach, áirítear próiseas sainithe le cumarsáid a dhéanamh le custaiméir i ndiaidh barraíocht íocaíochta a bhrath.

Ullmhaíonn foireann na roinne litir 'ceartais nádúrtha' a dhíríonn ar mhíniú a thabhairt ar chinneadh íocaíochta athbhreithnithe molta, agus ar dheis a thabhairt don éilitheoir ráiteas a dhéanamh. Dúirt an Roinn go bhfuil gach litir saincheaptha (seachas a bheith bunaithe ar theimpléad) mar tá na sonraí difriúil i ngach cás. Ní eiseofar litir ceartais nádúrtha i gcás gur thug an t-éilitheoir an fhaisnéis nua a úsáideadh sa chinneadh íocaíochta athbhreithnithe.

Chuir an Roinn teimpléad le chéile le haghaidh na litreach cinnidh a eisítear chuig an éilitheoir nuair a bhíonn próiseas an cheartais nádúrtha curtha i gcrích, ag cur an éilitheora ar an eolas faoi chinneadh na Roinne, luach na ró-íocaíochta agus a gceart i leith achomhairc. Eisíonn córas TF fáltais fiachais na Roinne litir eile go huathoibríoch i ndiaidh na 21 lá ina leagtar amach an próiseas aisíocaíochta.

Soláthraítear deis do gach éilitheoir ráta aisíocaíochta níos airde nó níos ísle a mholadh mar gheall ar a gcúinsí pearsanta, agus sa chás seo, cruthaítear plean aisghabhála láimhe.

Cuirtear in iúl sa teimpléad litreach cinnidh do gach éilitheoir go bhfanfaidh an fiachas go dtí go mbeidh sé íoctha ina iomláine agus mar chuid den téarnamh, féadfaidh aon teidlíochtaí leasa shóisialaigh amach anseo a laghdú, lena n-áirítear an pinsean Stáit. Molann an Roinn go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh éileamh aici ar eastát duine éagtha atá i bhfiachas sochair shóisialaigh.

# 16 Ró-íocaíochtaí leasa a aisghabháil

**16.1** Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) íocaíochtaí seachtainiúla nó míosúla leasa shóisialaigh le thart ar dhá mhilliún éilitheoir. Bhí an caiteachas iomlán scéime leasa shóisialaigh €23.9 billiún in 2022 maoinithe tríd an Vóta do Choimirce Shóisialach agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS).

**16.2** Tagann ró-íocaíochtaí aníos nuair a fhaigheann éilitheoir íocaíocht nach bhfuil sé/sí ina teideal nó nuair a fhaigheann sé/sí íocaíocht ar mó í ná an tsuim a bhfuil sé/sí ina teideal. Scrúdaítear i gCaibidil 15 cén tslí ar féidir le ró-íocaíochtaí teach chun cinn agus próisis na Roinne maidir le haithint agus cainníochtú a dhéanamh ar an leibhéal fiachais ró-íocaíochta.

**16.3** Ag an 31 Nollaig 2022, bhí fiachas gan íoc €495 mhilliún san iomlán ar an Roinn i ndáil le ró-íocaíochtaí scéime leasa le héilitheoirí. Faoin reachtaíocht, tá sé d'oibleagáid ar an Roinn gach iarracht a dhéanamh chun ró-íocaíochtaí dá leithéid a aisghabháil ina n-iomláine agus cinneadh a dhéanamh faoin modh agus ráta aisíocaíochta, a d'fhéadfaí a dhéanamh trí íocaíocht chnapshuime nó trí íocaíochtaí tréimhsiúla.[1] Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an modh agus ráta aisíocaíochta fiachais ró-íocaíochta, cuireann an Roinn na nithe seo a leanas san áireamh:

- suim na ró-íocaíochta agus na cúinsí inar tháinig sí chun cinn, agus
- aon fhíricí nó cúinsí a bhaineann leis an aisghabháil a tháinig chun solais don Roinn.

**16.4** Dírítear sa tuarascáil seo ar na nithe seo a leanas

- próiseas aisghabhála fiachais na Roinne, lena n-áirítear treoir don fhoireann agus d'éilitheoirí

treochtaí maidir le ró-íocaíochtaí a aisghabhadh, a díscríobhadh agus atá gan íoc

- forfheidhmiú dlíthiúil chun ró-íocaíochtaí a aisghabháil
- anailís ar fhiachais a díscríobhadh le blianta beaga anuas
- saincheisteanna eile a bhaineann le ró-íocaíochtaí.

**16.5** Níor athbhreithníodh sa scrúdú seo ach bainistíocht fiachas a tháinig ó ró-íocaíochtaí scéime leasa príomhshrutha le héilitheoirí. Níor scrúdaíodh ann bainistíocht aon fhiachais eile a d'fhéadfadh an Roinn a ardú, amhail an scéim iomarcaíochta agus dócmhainneachta, nó fiachas a bhaineann leis na scéimeanna sealadacha a bhaineann le Covid-19 (Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá nó Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta) arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim.

**16.6** Athbhreithníodh sa scrúdú príomhdhoiciméid agus príomhshonraí a chuir an Roinn ar fáil agus cuireadh agallamh ar bhaill foirne ábhartha na Roinne lena linn. Ina theannta sin, athbhreithníodh sampla d'fhiachais a díscríobhadh in 2022 chun comhlíonadh bheartas na Roinne a mheas.

1 Ionstraim Reachtúil Uimhir 142 de 2007, Airteagal 243.

## Próiseas aisghabhála fiachais na Roinne

**16.7** Leagtar amach i *Straitéis Comhlíonta agus Frith-Chalaoise* na Roinne na bearta a dhéanann sí chun calaois leasa shóisialaigh agus earráid íocaíochta a chomhrac, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh trí ró-íocaíochtaí a aisghabháil agus trí chásanna calaoise a ionchúiseamh.[1]

**16.8** Déantar taifead ar shuimeanna fiachas ró-íocaíochta agus déantar bainistiú ar ghníomhaíochtaí aisghabhála ar Chóras Cuntasaíochta Fiachas agus Fáltas (DRAS) na Roinne. Déantar leis an gcóras uathoibriú ar go leor gnéithe de na próisis chun ró-íocaíochtaí a aisghabháil agus chun teagmháil a dhéanamh le féichiúnaithe.

**16.9** Tá aisghabháil ró-íocaíochta teoranta don airgead a aithnítear a bheith ró-íoctha. Níl sé de chumas ag an Roinn fíneálacha ná muirir úis a chur i bhfeidhm, is cuma cad is cúis leis an ró-íocaíocht. Ní thabhóidh éilitheoir costais bhreise ach amháin i gcás go bhfuil ionchúiseamh sibhialta nó coiriúil i gceist.

**16.10** Tá go leor modhanna is féidir leis an Roinn a úsáid — ina n-aonar nó le chéile — chun fiachas a aisghabháil, lena n-áirítear:

- asbhaint ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh leanúnacha agus amach anseo[2]
- asbhaint ó riaráistí nó íocaíochtaí faoi scéimeanna eile
- cnapshuim a fháil
- íocaíochtaí rialta nó tráthchoda
- astú tuillimh
- aisghabháil ó eastáit éilitheora éagtha.

**16.11** Tá cur chuige na Roinne maidir le gach aisghabháil ar leith bunaithe go príomha ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-éilitheoir ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh faoi láthair (dá ngairtear ‘duine atá á (h)íoc’). Achoimrítear i bhFíor 16.1 an próiseas aisghabhála fiachais.

**16.12** Tá an Láraonad Fiachais (LAF) freagrach as comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise aisghabhála fiachais sa Roinn, lena ndéantar maoirseacht ar a hoibriú agus a tuairisciú maidir le cúrsaí fiachais éilitheora. Faoin straitéis aisghabhála fiachais, tá LAF amháin freagrach as aisghabháil ró-íocaíochtaí a shaothrú ó éilitheoirí nach bhfuil íocaíocht á fáil acu a thuilleadh ón Roinn. Déanann réimsí scéime bainistíocht ar aisghabháil ró-íocaíochtaí nuair atá íocaíochtaí á bhfáil ag éilitheoirí.

1 Tá ceithre cholún ag an Straitéis Comhlíonta agus Frith-Chalaoise do 2019 go 2023.

- cosaint a dhéanamh ar chalaois agus earráid a bheith ag dul isteach sa chóras, lena n-áirítear trí fhaisnéis a sholáthar do chustaiméirí
- neamhchomlíonadh a dhíspreagadh, trí éilimh a imscrúdú, ró-íocaíochtaí a aisghabháil, agus ionchúiseamh, arna dtacú le hoiliúint foirne agus próisis dearbhú cáilíochta
- cásanna calaoise agus earráide amhrasta a aithint a luaithe is féidir, lena n-áirítear athbhreithnithe éilimh minice
- socruithe rialachais agus formhaoirseachta cuí a bheith i bhfeidhm.

2 Ceadaítear leis an reachtaíocht don Roinn ró-íocaíochtaí a aisghabháil trí 15% den ráta pearsanta a asbhaint ó íocaíochtaí éilimh leanúnacha agus amach anseo. Ní fhéadfar an asbhaint 15% a chur i bhfeidhm i leith íocaíochtaí breise, mar shampla do dhaoine fásta nó leanaí cáilitheacha , fiú más rud é gur tháinig an ró-íocaíocht aníos de bharr na n-íocaíochtaí breise sin. Ní asbhaintear ró-íocaíochtaí ó íocaíocht sochar linbh, seachas i gcás go raibh an scéim sin ina cúis leis an ró-íocaíocht.

**Fíor 16.1 Próiseas aisghabhála ró-íocaíochtaí**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

### *Treoir don fhoireann agus éilitheoirí*

**16.13** Tá an próiseas bainistíochta fiachais casta go leor. Rud úsáideach, tá treoir foilsithe ag an Roinn dá foireann agus d'éilitheoirí leasa shóisialaigh araon maidir le haisghabháil ró-íocaíochtaí.

#### *Treoir don fhoireann*

**16.14** I mí Feabhra 2023, rinneadh nuashonrú ar an treoir is déanaí ón Roinn don fhoireann maidir le bainistíocht ró-íocaíochtaí éilitheoirí agus aisghabháil fiachais. Tugtar sa treoir sin aghaidh ar an bpróiseas le haghaidh aisíocaíocht a ardú ar DRAS; gnéithe atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi cé acu a bhaineann an ró-íocaíocht le hearráid éilitheora, le hearráid oifigiúil nó le calaois amhrasta; tosca maidir le fiachas a dhíluacháil nó a chur ar ceal; an próiseas aisghabhála fiachais; agus cásanna eastáit a bhainistiú.

**16.15** Tá an treoir cuimsitheach, lena n-áirítear tagairtí agus naisc chuig faisnéis fhorlíontach, foirmeacha, agus modúil oiliúna le tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le treoracha a chur i bhfeidhm. Ní mór d'oifigigh bhreithiúnachta breithiúnas a chleachtadh agus na beartais sin á gcur i bhfeidhm, mar sin tá an doiciméadacht maidir leis an réasúnaíocht do chinntí tábhachtach.

**16.16** In 2019, thosaigh Rannóg Rialaithe na Roinne imeachtaí inmheánacha a reáchtáil chun oiliúint a chur ar an bhfoireann rialaithe maidir leis na nósanna imeachta cuí do ró-íocaíochtaí a ardú, maidir leis an doiciméadacht riachtanach agus maidir le córas DRAS a úsáid.[1]

*Treoir d'éilitheoirí*

**16.17** Tá treoir na Roinne maidir le bainistíocht fiachais ró-íocaíochta ar fáil do gach éilitheoir trí na meáin shóisialta éagsúla, agus cuirtear faisnéis chuig éilitheoirí mar chuid de chomhfhreagras maidir le ró-íocaíocht.[2] Tríd is tríd, tá an treoir cuimsitheach, ach d'fhéadfaí an treoir maidir le cásanna eastáit a mheas a bheith débhríoch.[3]

## *Bailiú fiachais — treoir dea-chleachtais*

**16.18** D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (DPENDPDR) treoir dea-chleachtais do chomhlachtaí poiblí maidir le bailiú fiachais in 2017.[4] Tá an treoir bunaithe ar athbhreithniú inar aithníodh príomhthosca ratha do bhainistíocht fiachais.

**16.19** Tá nósanna imeachta aisghabhála fiachais na Roinne sásúil nó go maith go príomha nuair a dhéantar iad a mheas i gcoinne phríomhthosca ratha na treorach ó DPENDPDR.[5] Tharraing an chomparáid leis an treoir aird ar na gnéithe seo a leanas de chleachtas na Roinne, áfach.

- Cé go bhfuil beartais bhainistíochta fiachais i bhfeidhm, is ann do shaincheisteanna maidir le comhlíonadh, go háirithe maidir le doiciméadacht don réasúnaíocht le roinnt cinntí.
- Cé go gceadaítear leis an amharc custaiméara aonair amharc ar an bhfiachas ar fad atá ar fhéichiúnaí aonair le chéile, is le comhpháirt aonair an fhiachais a chaitear le fiachas nuair atá sé i gceist an fiachas a dhíscríobh.[6]
- Tá saincheapadh pleananna bailiú fiachais teoranta agus, tríd is tríd, níl sé bunaithe ar an leibhéal fiachais gan íoc. Tá bailiú ó fhéichiúnaithe a bhfuil íocaíochtaí leasa sóisialach á bhfáil acu faoi láthair teoranta go suas go 15% den ráta íocaíochta pearsanta. I gcás féichiúnaí nach bhfuil íocaíochtaí leasa á bhfáil aige/aici, is é €50 in aghaidh na seachtaine an aisghabháil thréimhsiúil uasta a iarrtar.[7]
- Déantar cumarsáid tríd an bpost go príomha.
- I gcás nach ndéanann féichiúnaí nach bhfuil íocaíocht á fáil aige/aici teagmháil leis an Roinn, tá roghanna forfheidhmithe teoranta. Is roghanna atá dian ar acmhainní iad fógraí astaithe agus imeachtaí sibhialta a shaothrú, a d'fhéadfadh a bheith neamhbharainneach i go leor cásanna.
- Tá raon roghanna íocaíochta ar fáil, lena n-áirítear dochar díreach, buanorduithe, astú tuillimh agus íocaíochtaí cárta dochair. Tá sásra á fhorbairt ag an Roinn faoi láthair chun íocaíochtaí ar an bhfeidhmchlár MyWelfare a chumasú.

1 Cuireadh stop leis na himeachtaí inmheánacha go sealadach le linn na paindéime ach leanadh ar aghaidh leo ar líne i mí Mheán Fómhair 2022. Áirítear sna himeachtaí seo anois faisnéis maidir le hathruithe ar an treoir nuashonraithe maidir le ró-íocaíochtaí a foilsíodh i mí Feabhra 2023.

2 Samplaí de na cainéil seo is ea suíomhanna gréasáin de chuid gov.ie, faisnéis do shaoránaigh, Free Legal Advice Centre, agus X (Twitter roimhe seo).

3 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022*, caibidil 15, Ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a ardú.

4 *Bailiú Fiachais ag Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí – Treoir Dea-chleachtais*, An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (DPENDPDR), 2017.

5 Níor measadh an phríomhthoisc ratha de chuid DPENDPDR maidir le modhanna bailithe tríú páirtí a úsáid a bheith infheidhme maidir le fiachais leasa.

6 Ardaítear comhpháirt fiachais ar leith do gach cás fiachais ar scéim. I gcás go mbaineann ró-íocaíocht le roinnt scéimeanna, ardófar comhpháirt fiachais ar leith do gach scéim.

7 Lorgaítear aisghabháil ró-íocaíochtaí ar lú iad ná €100 láithreach agus ina n-iomláine. Lorgaítear aisghabháil fiachais ró-íocaíochta idir €101 agus €5,000 ó fhéichiúnaithe nach bhfuil íocaíocht á fáil acu ar ráta €20 in aghaidh na seachtaine. Tá rogha ag gach féichiúnaí aontú leis an Roinn maidir le ráta aisíocaíochta níos ísle nó níos airde nó an fiachas a ghlanadh in aon íocaíocht chnapshuime amháin.

- Déantar príomhtháscairí feidhmíochta fiachais a thuairisciú do Bhord Bainistíochta na Roinne. D'fhéadfaí áibhéil a dhéanamh ar luach tuairiscithe an fhiachais is féidir a aisghabháil ó chásanna eastáit i gcás go bhfuil roinnt comhpháirteanna fiachais ag féichiúnaí éagtha, mar ní chaithfear leis na comhpháirteanna ar fad sa tslí chéanna ag an am céanna. Mar shampla, féadfar comhpháirt amháin a dhíscríobh agus féadfar nach gcomhlíonfaidh ceann eile na critéir do dhíscríobh go dáta níos déanaí.

## Treochtaí maidir le haisghabháil fiachais ró-íocaíochta

**16.20** Sa tréimhse ó 2018 go 2022, ar an meán, d'aisghabh an Roinn €76 mhilliún gach bliain. Bhí luach na ró-íocaíochtaí a aisghabhadh seasta go leor sa tréimhse 2018 go 2022, ach beagáinín níos lú ná sprioc na Roinne gach bliain (féach Fíor 16.2).[1] Chuir an Roinn in iúl gur leagadh sprioc dhúshlánach síos lena chinntiú go ndéanfaí gach iarracht aisghabháil a uasmhéadú.

**Fíor 16.2 Sprioccanna aisghabhála fiachais ró-íocaíochta agus torthaí iarbhír[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Foilsítear na spriocanna i Ráiteas Bliantúil agus Straitéis Bhliantúil Spriocanna Straitéis Comhlíonta agus Frith-Chalaoise na Roinne do 2018 go 2023.

**16.21** Ar an meán, 'd'ardaigh' nó d'aithin an Roinn ró-íocaíochtaí dar luach €112 mhilliún gach bliain sa tréimhse 2018 go 2022 (féach Fíor 16.3). Bhí sé sin cothrom le thart ar 0.45% de chaiteachas scéime sa tréimhse sin.

**16.22** Ar an iomlán le linn na tréimhse 2018 go 2022, dhíscríobh nó chealaigh an Roinn ró-íocaíochtaí dar luach €181 mhilliún (€36 mhilliún ar an meán in aghaidh na bliana).[2] Mar aon le haisghabhálacha arbh fhiú thart ar €76 mhilliún in aghaidh na bliana iad, rinne sé sin na ró-íocaíochtaí nua a ardaíodh a fhritháireamh. Ní raibh ach gluaiseacht bheag ann i luach na bhfiachas ró-íocaíochta gan íoc ag deireadh na bliana, a laghdaigh ó €499 milliún ag deireadh 2017 go €495 mhilliún ag deireadh 2022.

1. Ní raibh tionchar ró-mhór ag paindéim Covid 19 ar aisghabháil ró-íocaíochtaí. Ní raibh aisghabhálacha in 2020 agus 2021 ach 8% níos lú ná mar a bhí in 2019.

2 Bhí fiachas a díscríobhadh in 2018, 2019 agus 2021 níos airde ná formhór na mblianta de bharr dhíscríobh baisce an tseanfhiachais a chomhlíon critéir ar leith, mar a cheadaigh DPENDPDR (tá tuilleadh mionsonraí tugtha i mír 16.51). Bheadh luach na ró-íocaíochtaí gan íoc i mí na Nollag 2022 níos airde gan an díscríobh sin.

**Fíor 16.3 Treochtaí fiachais taifeadta 2018 go 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Cuirtear ró-íocaíocht ar ceal nuair atá sé soiléir nár chóir an ró-íocaíocht a ardú, nó gur earráid a bhí i gceist maidir leis an mbealach ar ardaíodh agus ar taifeadadh í. Den fhiachas a díscríobhadh nó a cuireadh ar ceal in 2018 go 2022, díscríobhadh 79% agus cuireadh 21% ar ceal.

### *Comhpháirteanna fiachais agus líon na bhféichiúnaithe*

**16.23** Ag deireadh 2022, bhí 168,335 chomhpháirt fiachais gan íoc ó 134,165 fhéichiúnaí. Ní raibh ach aon chomhpháirt fiachais amháin ag formhór mór na bhféichiúnaithe (83%). Bhí dhá chomhpháirt fiachais ag thart ar dhuine amháin as gach ochtar (12%) de na féichiúnaithe, bhí trí chomhpháirt ag 3% díobh, bhí ceithre chomhpháirt go deich gcomhpháirt ag 1.7% díobh (2,326 fhéichiúnaí) agus bhí 11 chomhpháirt fiachais nó níos mó ag 35 fhéichiúnaí.

**16.24** Mar a luaitear, úsáideadh san anailís don imscrúdú seo na comhpháirteanna aonair fiachais seachas comhpháirteanna a chumasc de réir féichiúnaí. Tugann sé sin léargas níos fearr agus comparáidí níos comhsheasmhaí maidir le haois an fhiachais (is féidir gur ardaíodh comhpháirteanna aonair féichiúnaí thar roinnt blianta) agus luach an fhiachais is inchurtha i leith na scéimeanna ábhartha (is féidir gur ardaíodh comhpháirteanna aonair féichiúnaí thar réimse scéimeanna). I gcás go bhfuil roinnt comhpháirteanna fiachais ag féichiúnaí, cuireann an Roinn aon íocaíochtaí a fhaightear i leith an fhiachais is sine ar dtús, ach measann sí go bhfuil fiachas uile an fhéichiúnaí 'á íoc'.

### *Tráthúlacht aisghabhála*

**16.25** Áirítear roinnt fiachas a braitheadh agus a taifeadadh roinnt blianta ó shin leis an bhfiachas ró-íocaíochta a thaifead an Roinn — de réir luacha, ardaíodh 11% den fhiachas in 2009 agus blianta roimhe agus ardaíodh beagnach 20% de idir 2010 agus 2014 (féach Fíor 16.4).

**Fíor 16.4 Aois an fhiachais ró-íocaíochta ag deireadh 2022, de réir líon na gcomhpháirteanna fiachais agus luacha**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**16.26** Mar a tharlaíonn de ghnáth i gcás fiachais, laghdaíonn cumas na Roinne chun fiachas ró-íocaíochta a aisghabháil de réir mar a théann an fiachas in aois. Léirítear i bhFíor 16.5 an méid aisghabhála fiachais de réir aois an fhiachais in 2022. Laghdaíonn an ráta aisghabhála go suntasach tar éis dhá bhliain, agus an fiachas atá fágtha á aisghabháil ag ráta atá cothrom le thart ar 5% tríd is tríd gach bliain.

**16.27** Léiríonn an ráta aisghabhála cur chuige na Roinne madir le haisghabháil ró-íocaíochtaí,

- áit a bhfaightear íocaíochtaí cnapshuime ó eastáit na bhféichiúnaithe (taobh istigh de chúpla bliain ón bhfiachas a ardú de ghnáth) agus a siarchoinnítear riaráistí de bharr teidlíocht faoi scéim eile
- áit a ndéantar aisghabháil leanúnach fhadtéarmach trí suas go 15% a asbhaint ó íocaíochtaí reatha leasa shóisialaigh reatha an fhéichiúnaí agus aisíocaíochtaí tréimhsiúla atá cothrom le suas go €50 in aghaidh na seachtaine a thógáil ó fhéichiúnaithe nach bhfuil íocaíocht leasa á fáil acu
- áit nach ndéantar roinnt féichiúnaithe aon íocaíochtaí.

**Fíor 16.5 Méid an fhiachais a aisghabhadh le linn 2022, de réir aois na comhpháirte fiachais ina blianta[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Mar shampla, léiríonn pointe '5' ar an ais chothrománach fiachas a cruthaíodh in 2017 (5 bliana roimh 2022) agus a bhí fós gan íoc i dtús 2022. Íocadh 7% den fhiachas gan íoc le linn 2022 agus díscríobhadh 4% den fhiachas gan íoc le linn 2022.

### *Stádas an fhiachais gan íoc*

**16.28** Déanann an Roinn aicmiú ar gach taifead fiachais de réir stádas reatha an fhiachais. Is iad na táscairí a úsáidtear ná

- tá an fiachas gníomhach agus á aisíoc: fuarthas íocaíocht ón bhféichiúnaí sna cúig seachtaine seo a chuaigh thart
- tá an fiachas gníomhach ach níl sé á aisíoc: tá an fiachas gníomhach ach ní dhearna an féichiúnaí aon aisíocaíocht sna cúig seachtaine a chuaigh thart nó tá an féichiúnaí ag aisíoc seanfhiachais
- tá an fiachas ar fionraí: cuireadh an fiachas ar fionraí, a fhágann nach bhfuil aon ghníomhartha aisghabhála i bhfeidhm

**16.29** Tá an Roinn níos rathúla maidir le socruithe aisíocaíochta a chur i bhfeidhm d'fhéichiúnaithe a bhfuil íocaíochtaí leasa á bhfáil acu (féach Fíor 16.6). Is dóchúil go mbeidh socruithe aisíocaíochta i bhfeidhm d'fhiachais a bhaineann le scéimeanna ar leith (mar shampla, scéim teaghlaigh aontuismitheora, liúntas cúramóra) i gcomparáid le cinn eile, amhail íocaíocht dífhostaíochta paindéime, sochar cuardaitheora poist (Fíor 16.7).

**Fíor 16.6 Stádas an fhiachais ró-íocaíochta ag deireadh 2022, de réir féichiúnaí**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Fíor 16.7 Príomhtháscairí do na deich scéim lenar bhain an fiachas is airde, ag deireadh 2022[a]**



| Scéim | Luach an fhiachais €m | Stádas aisíocaíochta, de réir luacha | Aois an fhiachais, de réir % d'fhiachas na scéime | Meánluach comhpháirte fiachais |
|---|---|---|---|---|
| Liúntas cuardaitheora poist | 136 | | | 2,128 |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora | 66 | | | 7,712 |
| Pinsean stáit - neamhranníocach | 45 | | | 16,346 |
| Liúntas míchumais | 44 | | | 9,850 |
| Íocaíocht dífhostaíochta paindéime | 37 | | | 4,195 |
| Liúntas cúramóra | 35 | | | 10,969 |
| Sochar breoiteachta | 20 | | | 958 |
| Sochar cuardaitheora poist | 16 | | | 594 |
| Sochar linbh | 16 | | | 1,908 |
| Pinsean stáit - ranníocach | 12 | | | 2,956 |

**Eochair:**

**Stádas aisíocaíochta, de réir luacha**
- Tá an fiachas gníomhach ach níl sé á aisíoc
- Tá an fiachas gníomhach agus tá sé á aisíoc
- Cuireadh an fiachas ar fionraí/eile[b]

**Aois an fhiachais, de réir luacha**
- <1 bhliain amháin
- 1-3 bliain
- 4-9 bliain
- >9 mbliana

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tá an anailís seo bunaithe ar gach comhpháirt fiachais.

b Áirítear le 'Eile' fiachais a cuireadh ar ceal, a aisíocadh nó a díscríobhadh i gcás nár próiseáladh na hidirbhearta ina n-iomláine faoi mhí na Nollag 2022 —tá luach na n-aicmithe sin níos lú ná 2% de luach iomlán na n-íocaíochtaí a cuireadh ar ceal.

**16.30** Bhí sé níos dóchúla go mbeadh na hiarmhéideanna fiachais ba mhó i gcás aisíocaíochta gníomhaí ag deireadh 2022 ná fiachais ar a raibh luach níos ísle (féach Fíor 16.8). Mar shampla, aicmíodh breis is leath na bhfiachas a raibh a meánluach idir €10,000 agus €50,000 ina bhfiachas 'atá gníomhach agus á aisíoc'. Bhí níos lú ná 40% d'fhiachais a raibh a meánluach idir €1,000 agus €5,000 sa chor céanna. Mar sin féin, mar gheall go bhfuil aisghabháil ró-íocaíochtaí trí asbhaint ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh teoranta do 15% den ráta pearsanta, bheadh an tsuim uasta is féidir a aisghabháil ó ghnáthfhaighteoir leasa in aon bhliain níos lú ná €2,000, mura ndéanann féichiúnaí íocaíocht chnapshuime nó aisíocaíochtaí sceidealta eile. Ag an ráta sin, thógfadh sé cúig bliana chun fiachas €10,000 a ghlanadh, agus thógfadh sé 25 bliana chun fiachas €50,000 a ghlanadh.

**Fíor 16.8 Luach iomlán an fhiachais gan íoc, de réir na suime a bhí gan íoc ag gach féichiúnaí, i mí na Nollag 2022[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a I gcás go bhfuil féichiúnaí ag aisíoc aon chomhpháirte fiachais, aicmíodh gach comhpháirt a bheith gníomhach.

*Fiachas ar fionraí*

**16.31** Sa treoir ón Roinn don fhoireann, foráiltear d'fhiachais a chur ar fionraí in 'imthosca teoranta', mar shampla nuair a dhéantar achomharc i gcoinne cinnidh nó mar gheall ar imthosca maolaitheacha.

**16.32** Cuireadh fiachas ró-íocaíochta nua a ardaíodh idir mí an Mhárta 2020 agus mí an Mheithimh 2021 ar fionraí láithreach mar chuid d'fhreagairt na Roinne do phaindéim Covid-19. Mar gheall air sin, méadaíodh an fiachas ar fionraí go tobann i mí na Nollag 2020. I ndiaidh mhí an Mheithimh 2021, baineadh an fiachas a ardaíodh sa tréimhse sin 'ón bhfionraí' agus thosaigh an Roinn ag cur na bhféichiúnaithe ar an eolas faoi go foirmiúil.

**16.33** Bhí luach an fhiachais ar fionraí i bhfad ní ba lú faoi dheireadh 2022 i gcomparáid leis an tréimhse díreach roimh an bpaindéim (féach Fíor 16.9). Bhí cuid den laghdú sin mar gheall ar dhíscríobh €27 milliún in 2021, rud a cheadaigh DPENDPDR agus a bhain le fiachas a cuireadh ar fionraí roimh 2014, nuair a d'aistrigh an Roinn go dtí an córas DRAS.

**16.34** Soláthraíonn an Roinn ráiteas bliantúil do gach féichiúnaí ar a stádas fiachais reatha, seachas nuair a chuirtear aisghabháil an fhiachais ar fionraí nó nuair a chuirtear cumarsáid leis an bhféichiúnaí ar fionraí. Níor eisíodh ráiteas fiachais bliantúil maidir le fiachas ró-íocaíochta a cuireadh ar fionraí le linn na paindéime, ach eisíodh é nuair a baineadh an fiachas as an bhfionraí.

**Fíor 16.9 Luach an fhiachais ar fionraí, 2018 go 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Forfheidhmiú dlíthiúil chun ró-íocaíochtaí a aisghabháil agus chun calaois a dhíspreagadh

### *Fógraí astaithe agus imeachtaí sibhialta*

**16.35** I gcás nach bhfuil íocaíochtaí á ndéanamh ag féichiúnaí agus nach n-aontaíonn sé/sí sceideal aisíocaíochtaí tréimhsiúla, féadfaidh an Roinn an aisghabháil a lorg trí astú tuillimh nó imeachtaí sibhialta.

**16.36** Féadfaidh an Roinn tús a chur le fógra astaithe le haghaidh fiachais beag beann ar shuim nó cúis na ró-íocaíochta.[1] Roimh mhí na Bealtaine 2023, dhírigh an Roinn ar astuithe tuillimh toisc go bhfuil an fhaisnéis a theastaíonn ar fáil níos éasca, agus níor lorg sí fógra astaithe do chistí a shealbhaítear in institiúid airgeadais. Foráiltear le hastú tuillimh do suas le 15% a asbhaint ó thuilleamh ar bhonn leanúnach leis an bhfostóir reatha — má athraíonn an féichiúnaí fostóir, ní foláir don Roinn próiseas astaithe nua a thosú.

**16.37** Idir 2016 agus 2022, forghníomhaíodh 129 bhfógra astaithe[2]

- aisíocadh fiachais €746,000 go hiomlán mar gheall ar 24 fhógra astaithe
- tá 76 fhógra astaithe maidir le fiachas €1,538,000 gníomhach, agus €207,000 á aisghabháil ó mhí na Nollag 2022
- níl 29 bhfógra astaithe maidir le fiachas €933,000 gníomhach níos mó — b'ionann an fiachas a aisghabhadh sna cásanna sin agus €61,000.[3]

**16.38** Dúirt an Roinn gur laghdaíodh úsáid na bhfógraí astaithe i rith na paindéime, ach rinne tionscadal a bunaíodh sa bhliain 2022 athbhreithniú ar bheagnach 4,000 cás féideartha agus dá bharr sin, faoi mhí na Bealtaine 2023,

1 Féadfar fógra astaithe a fhorghníomhú i leith phá nó thuarastal an fhéichiúnaí nó i leith cistí a shealbhaíonn an féichiúnaí in institiúidí airgeadais.

2 Áirítear leis na figiúirí seo orduithe astaithe a forghníomhaíodh faoi mhí an Mheithimh 2017 in 31 chás dar luach iomlán €952,000 (ar aisghabhadh €369,000 de).

3 Féadtar le horduithe a bheith neamhghníomhach ar chúiseanna éagsúla, amhail bás an fhéichiúnaithe nó athrú fostóra.

- eisíodh 158 bhfógra astaithe, ar eisíodh 70 ceann díobh in 2022 (atá ar áireamh sa líon thuas) agus ar eisíodh na 88 gcinn eile díobh in 2023
- chuir thart ar 1,300 duine de na féichiúnaithe sin tús le haisíocaíochtaí a dhéanamh sular forghníomhaíodh fógra astaithe
- ceaptar nach bhfuil thart ar 2,500 cás oiriúnach faoi láthair d'fhógra astaithe mar gheall ar thuilleamh uireasach an fhéichiúnaí.

**16.39** Dúirt an Roinn go bhfuil an próiseas reachtúil maidir le fógraí astaithe a fhorghníomhú dian ar acmhainní agus go maireann sé suas le dhá mhí. I rith 2022, bhí naonúr ball foirne ag obair go lánaimseartha ar fhógraí astaithe, ach cuireadh ochtar ball foirne eile leo faoi mhí na Bealtaine 2023.

**16.40** I gcásanna ionchúisimh shibhialta, déantar scrúdú ar chumas an duine an fiachas a aisíoc. Is é beartas na Roinne nach dtugann sí faoi chaingean shibhialta mura bhfuil aon dóchúlacht ann go n-aisghabhfaí an fiachas atá dlite, mar shampla i gcás go bhfuil an féichiúnaí spleách ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus nach bhfuil aon sócmhainní ná ioncam eile aige/aici.[1] Tá sé bliana ag an Roinn chun tús a chur le himeachtaí.[2]

**16.41** Le blianta beaga anois, is é beartas na Roinne fógra astaithe a bhreithniú nuair a theipeann ar fhéichiúnaí teagmháil shásúil a dhéanamh leis an Roinn. Níor tharla aon ionchúisimh shibhialta maidir le haisghabháil fhiachais ó 2016 ar aghaidh. Mar sin féin, sa bhliain 2023, thosaigh an Roinn ar athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna ina bhféadfadh imeachtaí sibhialta a bheith cuí — rinneadh athbhreithniú ar 103 chás, agus thosaigh 14% d'fhéichiúnaithe ag aisíoc nuair a cuireadh in iúl dóibh go raibh imeachtaí sibhialta á mbreithniú. Bhí an t-athbhreithniú sin fós ar siúl i mí Aibreáin 2023.

### *Ionchúiseamh Coiriúil*

**16.42** Is é beartas na Roinne cásanna a bhreithniú d'ionchúiseamh coiriúil nuair a bhíonn fianaise láidir ann ar chalaois. Ba é an sprioc bhliantúil a bhí ag an Roinn sa tréimhse 2018 go 2022 ná 500 cás a bhreithniú in aghaidh na bliana (féach Fíor 16.10).[3]

1 Nuair a fhaigheann féichiúnaí íocaíocht leasa shóisialaigh, déantar asbhaintí leanúnacha ó na híocaíochtaí sin.

2 Ní foláir imeachtaí a thosú laistigh de shé bliana ón 'gcúis chaingne' — is féidir leis sin a bheith ar an dáta a dhéanann oifigeach breithiúnachta nó oifigeach achomhairc cinneadh, an íocaíocht is déanaí, nó nuair a admhaíonn an féichiúnaí an fiachas. Do chásanna eastáit, tosaíonn an teorainn sé bliana nuair a fhaigheann an Roinn sceideal sócmhainní.

3 Leagtar an sprioc amach i *Straitéis Comhlíonta agus Frith-Chalaoise na Roinne do 2019 go 2023*. Eisíonn an Roinn tuarascáil bhliantúil ina léirítear an chaoi ar sásaíodh na spriocanna bliantúla éagsúla (tuarascáil 2021).

**Fíor 16.10 Líon na gcásanna a breithníodh agus a tarchuireadh lena n-ionchúiseamh, 2016 go 2022.**

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcásanna a breithníodh lena n-ionchúiseamh | N/B[a] | N/B[a] | 435 | 505 | 315 | 274 | 425 |
| **Líon na gcásanna a seoladh lena n-ionchúiseamh** | | | | | | | |
| An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) [2005][b] | 181 | 170 | 101 | 114 | 62 | 30 | 121 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil [2001][c] | 160 | 130 | 74 | 86 | 82 | 49 | 38 |
| **Líon iomlán na gcásanna a seoladh lena n-ionchúiseamh** | **341** | **300** | **175** | **200** | **144** | **79** | **159** |
| **Cásanna a seoladh lena n-ionchúiseamh mar % de na cásanna a breithníodh** | **N/B** | **N/B** | **40%** | **40%** | **46%** | **29%** | **37%** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí a Níl sonraí inchomparáide ar fáil. Roimh 2018, thomhais an Roinn na cásanna a cuireadh isteach lena n-ionchúiseamh seachas na cásanna a breithníodh lena n-ionchúiseamh.

b Cuirtear cásanna féideartha faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) [2005] ar aghaidh go hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun imeachtaí a eisiúint. Is iad na pionóis uasta ná fíneáil suas le €13,000 agus/nó trí bliana sa phríosún. I measc na gcásanna sin, tá cásanna ina mainníonn éilitheoirí athruithe i gcúinsí a chur in iúl, ina ndéanann siad dearbhuithe bréagacha d'aon ghnó nó a ina gcuireann siad fíricí ábhartha faoi cheilt, ina gcuireann siad bac ar chigire leasa shóisialaigh; nó ina mainníonn siad ranníocaíochtaí árachais a mheastar a bheith dlite a íoc.

c Seoltar cásanna a d'fhéadfaí a imscrúdú faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, go dtí an Garda Síochána lena n-imscrúdú tuilleadh sula dtarchuirtear iad go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú chun cás dlí a thabhairt. Áirítear leis na cineálacha cásanna sin pearsanú; uimhir seirbhíse poiblí a mhí-úsáid; sochair nó cúnamh atá ar fáil do chónaitheoirí amháin a éileamh le linn cónaí lasmuigh den Stát; calaois; ráitis bhréagacha ábhartha a dhéanamh; doiciméadacht bhréagach a úsáid chun íocaíocht leasa a fháil; doiciméid a mhí-úsáid nó a scriosadh go mídhleathach; athchiontú; ceilt d'aon ghnó, meabhlaireacht, comhcheilg nó éilliú.

**16.43** Nuair a tharchuirtear cás chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit lena ionchúiseamh, bíonn na pionóis a ghearrann an chúirt sa bhreis ar aisghabháil na ró-íocaíochtaí a dhéanann an Roinn. Thar an tréimhse 2016 go 2022, cuireadh 853 chás[1] i gcrích os comhair na cúirte mar a leanas:

- gearradh fíneáil i 404 chás (47%)
- cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm i 198 gcás (23%)
- gearradh pianbhreith choimeádta in 81 (10%) chás (cuireadh an phianbhreith ar fionraí i 64 de na cásanna sin)
- pionóis eile (amhail seirbhís phobail nó deonú ordaithe tráthchoda) i 64 chás (8%)
- caitheadh amach, díbheadh nó aistarraingíodh na cásanna i 106 chás (12%)

1 Mar gheall ar an am a thógfadh sé ionchúiseamh a bhreith os comhair na cúirte, níl cohórt na gcásanna a ndéantar ionchúiseamh orthu mar an gcéanna leis an gcohórt a tharchuirtear lena n-ionchúiseamh.

## Fiachas a dhíscríobh

**16.44** Is é beartas na Roinne fiachas a dhíscríobh chun críocha cuntasaíochta nuair a mheastar nach bhfuil sé indéanta ná barainneach níos mó an fiachas a aisghabháil, nó má tá sé chun leas an phobail déanamh amhlaidh. Áiríonn leis sin na cásanna seo a leanas:

- tacaítear san fhianaise atá ar fáil lena chinneadh go bhfuil cumas aisíoca an fhéichiúnaí teoranta
- d'eascair an ró-íocaíocht mar gheall ar bhotún a rinne oifigeach de chuid na Roinne agus, mar gheall ar a cineál, ní bheadh suim na ró-íocaíochta ar eolas ag an éilitheoir
- nár oibrigh an Roinn de bhun faisnéis a fuair sí laistigh d'achar ama réasúnta, agus ró-íocadh éilitheoir dá bharr.

**16.45** Nuair a dhéantar fiachas a dhíscríobh, fanann taifead ar an bhfiachas ar chomhad an éilitheora agus féadfar é a aisghabháil tráth níos déanaí go fóill. Nuair a aisghabhann an Roinn an fiachas ina dhiaidh sin, freaschuirtear an díscríobh fiachais (cuirtear ar ceal é)

### *Díscríobh a cheadú*

**16.46** Tá próisis bhaisce agus próisis láimhe araon i gceist le fiachas ró-íocaíochta a aisghabháil. I rith 2022, dhíscríobh an Roinn 9,917 gcomhpháirt fiachais dar luach €11.1 milliún mar a leanas:

- díscríobhadh 6,933 fhiachas (70%) dar luach €7.5 milliún (meánluach €1,100) trí phróisis bhaisce
- díscríobhadh 2,984 fhiachas (30%) dar luach €3.5 milliún (meánluach €1,200) trí athbhreithniú láimhe cás ar chás a rinne oifigeach údaraithe ar idirbhearta.

#### *Díscríobh baisce fiachais*

**16.47** Cheadaigh DPENDPDR don Roinn fiachas a dhíscríobh in imthosca ina meastar nach féidir an fiachas a aisghabháil iontu, mar shampla[1]

- meastar nach féidir fiachas a aisghabháil má bhaineann sé le féichiúnaithe atá marbh le roinnt blianta, nuair atá an fiachas sean, agus nuair nach ndearnadh aon aisghabháil le blianta fada
- tá comhpháirteanna fiachais ró-íocaíochta faoi luach tairsí i gcás nach meastar go mbeadh aisghabháil barainneach agus nach bhfuil an féichiúnaí ag fáil íocaíochta ón Roinn faoi láthair (seachas sochar leanaí) nó ag aisíoc fiachais.

**16.48** Don phróiseas um dhíscríobh baisce fiachais, roghnaíonn lucht bainistíochta an Láraonaid Fiachais (LAF) cásanna bunaithe ar chritéir shainiúla. Faomhann an Príomhoifigeach in LAF liostú na gcásanna, ach ní theastaíonn uaidh/uaithi údarú ó Bhord Tionscadail Rialaithe nó Bord Bainistíochta na Roinne. Níl aon teorainn ann ar luach na bhfiachas aonair a dhíscríobhtar faoin bpróiseas seo.

1 Ní raibh an Roinn in ann cóip de phionós tarmligthe in 1991 de chuid na Roinne Airgeadais (ag an am), rud a leagann amach an critéar maidir leis an gcaoi a bhféadtar fiachas a dhíscríobh, a thabhairt don fhoireann bhreithnithe. I mí Lúnasa 2023, thug DPENDPDR cead tarmligthe don Roinn le go leanfaidís ar aghaidh le fiachais a dhíscríobh ar an gcritéar céanna ar bhain an Roinn úsáid as roimhe seo.

**16.49** Cuireann an Roinn DPENDPDR ar an eolas faoi fhiachais a dhíscríobhtar faoin bpróiseas um dhíscríobh baisce fiachais. I mí Lúnasa 2022, chuir an Roinn in iúl do DPENDPDR faoi fhiachas a díscríobhadh in 2020 agus 2021, agus d'aithin DPENDPDR é sin i mí Feabhra 2023. Chomh maith leis sin, tugann an Roinn faoi thionscadail díscríofa spriocdhírithe ar ina leith is gá don Roinn ceadú sainiúil roimh ré a fháil ó DPENDPDR.[1]

**16.50** Sa bhliain 2017, mhol an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na fiachais gan íoc i dtaca le cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé barainneach iad a lorg bunaithe ar a luach agus ar a mhéid a d'fhéadfaí an fiachas, go háirithe seanfhiachas, a aisghabháil.[2]

**16.51** Dúirt an Roinn gur oibrigh sí le DPENDPDR le haghaidh trí dhíscríobh shonracha ar sheanfhiachas (in 2018, 2019, agus 2021), lenar áiríodh 50,000 comhpháirt fiachais dar luach €99 milliún (féach Fíor 16.11). Ní raibh aon díscríobh den chineál sin sa bhliain 2022 agus dúirt an Roinn nach dtuarann sí níos mó díscríbhinní sonracha den chineál sin go luath amach anseo mar cumasaíonn na próisis fiachais atá i bhfeidhm do LAF an fiachas a bhainistiú ar bhealach cuí agus aisghabháil a uasmhéadú an tráth céanna.

**Fíor 16.11 Díscríobh sonrach fiachais ó 2018 go 2022**

| Bliain | Líon na gcásanna | Vóta | CÁS | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | €m | €m | €m |
| 2018 | 33,290 | 28.9 | 12.6 | 41.5 |
| 2019 | 7,802 | 26.5 | 3.8 | 30.3 |
| 2020 | — | — | — | — |
| 2021 | 9,595 | 23.7 | 3.5 | 27.2 |
| 2022 | — | — | — | — |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Díscríobh láimhe fiachais*

**16.52** Féadfaidh oifigeach breithiúnacha de chuid na Roinne athbhreithniú a dhéanamh ar chás aonair agus comhpháirt fiachais a dhíscríobh don chás sin.[3] Nuair a cheaptar oifigeach breithiúnachta, coinníonn sé/sí an t-údarás chun fiachas a dhíscríobh fad atá sé/sí ag obair don Roinn.

**16.53** Socraíonn an Roinn teorainneacha maidir le luach an fhiachais a bhféadfar é a dhíscríobh de réir gach gráid — cuireann rialuithe TF na teorainneacha sin i bhfeidhm. Déantar taifead ar gach díscríobh ar an gcóras DRAS agus is é beartas na Roinne nach mór cúis an díscríofa a thaifeadadh go soiléir, agus imthosca an díscríofa léirithe go soiléir. Mar sin féin, níl oifigigh bhreithiúnachta srianta, tríd an gcóras TF, ó fhiachas a dhíscríobh ar scéim nach bhfuil aon fhreagracht orthu aisti.

**16.54** Tá na nithe seo a leanas i measc na rialuithe eile atá i bhfeidhm

- beartas Roinne á rá gur cheart gach díscríobh láimhe a údarú trí theimpléad díscríofa caighdeánach a chomhlánú
- ó mhí an Mheithimh 2020, athbhreithniú ag an Láraonad Fiachais (LAF) ar 5% den díscríobh láimhe ar fad, chun a mhéid a chomhlíonann siad beartais na Roinne a mheas.

1 Níl na díscríbhinní seo clúdaithe faoin gcritéar ceadaithe, agus mar sin ní foláir ceadú sainiúil a fháil ó DPENDPDR.

2 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2016, caibidil 17*, Bainistíocht íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

3 Is leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, arna leasú, a fhoráiltear d'fhiachas a dhíscríobh cás ar chás.

### *Cén leibhéal fiachais a díscríobhadh le blianta beaga anuas?*

**16.55** Idir 2016 agus 2022, díscríobhadh €149 milliún san iomlán i riocht ró-íocaíochtaí — €111 mhilliún ón Vóta agus €37 milliún do CÁS. Tá tionchar na dtionscadal díscríofa baisce ar ina leith a theastaíonn ceadú sonrach in 2018, 2019 agus 2021 soiléir sna luachanna díscríofa bliantúla (féach Fíor 16.12).

**Fíor 16.12 Luach na ró-íocaíochtaí a díscríobhadh don Vóta agus don Chiste Árachais Shóisialaigh, 2016 go 2022.**




Foinse: Cuntais Leithreasa na Roinne Coimirce Sóisialaí agus ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**16.56** Léirítear i bhFíor 16.13 na réimsí scéime ar ina leith a tháinig fiachas a díscríobhadh in 2022 chun cinn. Bhain an chuid is mó den fhiachas a díscríobhadh in 2022 le líon beag scéimeanna. Shonraigh an Roinn go mbaineann 85% de chásanna díscríofa i ndáil leis an bpinsean Stáit (ranníocaíoch agus neamhranníocach) agus an scéim liúntas míchumais le bás an éilitheora, agus tá 87% de chásanna díscríofa ar an scéim liúntas cuardaitheora poist faoi bhun thairseach íseal-luacha.

**Fíor 16.13 Fiachas a díscríobhadh in 2022, Vóta agus an Ciste Árachais Shóisialaigh**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

*Anailís ar chásanna aonair inar díscríobhadh fiachas*

**16.57** Rinne foireann an scrúdaithe athbhreithniú ar shampla de 100 cás de dhíscríobh fiachais ró-íocaíochta a taifeadadh i rith 2022 chun comhlíonadh an bheartais Roinne a mheas. Den chéad 25 chás díscríofa a roghnaíodh go randamach, bhí naoi gcinn (36%) faoi bhun na tairsí incheadaithe le haghaidh díscríobh íseal-luacha. Rinneadh scrúdú ar 75 chás díscríofa eile a roghnaíodh go randamach, nár cuireadh díscríobh íseal-luacha san áireamh iontu. Díscríobhadh 63% san iomlán den sampla tríd an bpróiseas um dhíscríobh baisce.

**Fíor 16.14 Príomhfhionnachtana na tástála samplaí ar dhíscríobh fiachais ró-íocaíochta**

Níor tugadh forbhreathnú ar stádas iomlán fiachais an fhéichiúnaí, agus mar gheall air sin tháinig roinnt torthaí míloighciúla chun cinn. Mar shampla, maidir le féichiúnaí éagtha, d'fhéadfadh gur díscríobhadh comhpháirt seanfhiachas mar cheann nach bhféadfaí a aisghabháil mar gheall ar dheacracht le hairgead a aisghabháil ón eastát, ach d'fhéadfadh nár díscríobhadh comhpháirteanna eile d'fhiachas an fhéichiúnaí chéanna an tráth céanna toisc go raibh siad níos deireanaí.

Ar aon dul le tuarascálacha roimhe[a], bhí easpa doiciméadachta ann i seacht gcás chun tacú leis an bhfiachas bunaidh. I gcás gur ceistíodh an fiachas (ag an bhféichiúnaí nó a (h)ionadaí), díscríobhadh é in dhá chás, agus in dhá chás eile, tugadh aisíocaíochtaí don fhéichiúnaí nó d'eastát an fhéichiúnaí. Bhain na cásanna sin le doiciméadacht neamhleor, áfach, le fiachais a ardaíodh sular foilsíodh na tuarascálacha roimhe.

As 36 chás de dhíscríobh láimhe, níorbh ann don fhoirm teimpléid riachtanach maidir le 50% de na cásanna. I 17 gcinn de na 18 gcás nárbh ann don aighneacht iontu, áfach, bhí nóta cáis ann (a bhí an-ghairid i roinnt cásanna) maidir leis an díscríobh, mar shampla chun taifead a dhéanamh ar an údarás chun an fiachas a dhíscríobh.

I gcás amháin, d'fhéach an Roinn le ró-íocaíocht (€900) a aisghabháil a tharla idir dáta an bháis agus an dáta a tugadh fógra don Roinn faoin mbás. Níor fhéach an Roinn, áfach, le fiachas atá bainteach le sochar a aisghabháil a bhí dlite cheana nuair a bhásaigh an t-éilitheoir agus a sháraigh €10,000. Rinneadh an fiachas deireanach sin a dhíscríobh ina dhiaidh sin in 2022. Rinneadh an ró-íocaíocht níos lú a aisghabháil ó aturnae an duine éagtha tar éis roinnt blianta.[b]

Foráiltear leis an reachtaíocht go bhféadfaidh an Roinn íocaíochtaí le héilitheoirí a aisghabháil sna seachtainí tar éis an bháis (go dtí gur cuireadh ar an eolas í faoin mbás) ón institiúid airgeadais (bainc nó An Post de ghnáth) ar íocadh na cistí léi. Níor lorg an Roinn na haisíocaíochtaí sin, áfach, in aon cheann de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu. In dhá chás, freisin, lorg an Roinn na cistí sin ón institiúid airgeadais ach ní raibh sí in ann iad a aisghabháil toisc nárbh fhéidir léi deimhniú báis a chur ar fáil.

In ocht gcinn de na cásanna a scrúdaíodh, díscríobhadh fiachais toisc nach ndearna aturnae nó ionadaithe pearsanta an fhéichiúnaí éagtha i dteagmháil leis an Roinn. Níorbh ann d'aon fhianaise á léiriú gur lorg an Roinn tuilleadh plé sular díscríobhadh na fiachais sin i dtrí chás, seachas a sheiceáil ar cuireadh probháid i gcomhad.

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Caibidil 17, *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2016*, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (2017) agus *Fair Recovery*, Oifig an Ombudsman (2019).

b Cealaíodh an fiachas níos lú toisc gur chomhlíon sé na critéir lena chur ar áireamh sa díscríobh baisce — tugadh an fiachas ar ais nuair a fuarthas an íocaíocht.

*Ceachtanna a d'fhoghlaim an Roinn*

**16.58** Mhol an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste roimhe sin don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na cúiseanna a taifeadadh le fiachas a dhíscríobh agus a shuí cé acu is gá nó nach gá cleachtais agus nósanna imeachta a athbhreithniú le haisghabháil a fheabhsú agus ar an gcaoi sin an leibhéal díscríofa amach anseo a íoslaghdú.[1]

**16.59** Ní dhearna an Roinn athbhreithniú foirmiúil ar na cúiseanna nárbh fhéidir roinnt fiachais a aisghabháil agus ar díscríobhadh é. Chuir an Roinn in iúl go bhfuil sonraí sna treoirlínte ar ró-íocaíochtaí faoi na príomhchúiseanna nárbh fhéidir fiachas a aisghabháil. Ina measc siúd tá: cruatan airgeadais/sóisialta; leochaileacht custaiméara; easpa doiciméadachta chun tacú leis an ró-íocaíocht bhunaidh; agus cinnteoireacht neamhleor.

## Saincheisteanna eile

**16.60** I dteannta ró-íocaíochtaí a thagann chun cinn i ngnáthchúrsa an ghnó, féadann ró-íocaíochtaí teacht chun cinn mar thoradh ar eachtraí sonracha.

***Sochar breoiteachta***

**16.61** Rinneadh ró-íocaíochtaí le héilitheoirí na scéime sochar breoiteachta mar thoradh ar dhá mhainneachtain shonracha i ndáil le rialú riaracháin.

*Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar aistriú an chórais TF*

**16.62** Tháinig ró-íocaíochtaí €11.4 milliún chun cinn i ndáil le 11,800 éilitheoir mar thoradh ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn nuair a aistríodh an scéim sochar breoiteachta chuig córas TF nua, le linn na tréimhse ó mhí Lúnasa 2018 go lár 2019. Ardaíodh é sin mar fhiachais ró-íocaíochta in 2019.[2]

**16.63** Amhail mí na Nollag 2022, shonraigh an Roinn, as an €11.4 milliún de na ró-íocaíochtaí atá dlite mar thoradh ar aistriú an chórais TF, go bhfuil €5.1 milliún (45%) gan íoc fós.

- D'aisíoc 4,600 féichiúnaí €3.6 milliún san iomlán den fhiachas bunaidh.
- I dtaobh €2.2 milliún breise, aisíocadh €1 mhilliún (44%) agus tá aisíocaíochtaí á ndéanamh faoi láthair ag 1,300 féichiúnaí.
- I dtaobh €3.1 milliún d'fhiachais a bhí dlite ó 2,300 féichiúnaí, aisíocadh €750,000 (24%) go páirteach ach níl an t-iarmhéid gan íoc á aisíoc faoi láthair ag na féichiúnaithe.
- As na fiachais bhunaidh €1.7 milliún de chuid 1,300 féichiúnaí, aisíocadh €230,000 (13%) ach tá an t-iarmhéid curtha ar fionraí — shonraigh an Roinn go n-áirítear leis sin cásanna inar cuireadh moill ar aisíocaíocht mar gheall ar phaindéim Covid-19 ach a mheastar a bheith tugtha chun críche faoi dheireadh 2023.[3]
- Díscríobhadh €0.8 milliún le haghaidh 2,200 féichiúnaí.[4]

*Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar bhabhta íocaíochta a rinneadh faoi dhó*

**16.64** Rinneadh ró-íocaíochtaí €2.4 milliún le 11,000 éilitheoir i mí na Nollag 2019, toisc go ndearnadh babhta íocaíochta a sceidealú faoi dhó. Ardaíodh na cásanna sin mar fhiachas ró-íocaíochta i dtús 2020.

1 *Féach Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2016, caibidil 17*, Bainistíocht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

2 Shonraigh an Roinn gurbh ann do 1,325 chás eile dar luach €1.5 milliún a ardaíodh i dtosach mar fhiachais ró-íocaíochta ach a bhfuarthas amach nárbh íocaíochtaí cearta iad nuair a rinneadh athbhreithniú orthu, agus mar sin cealaíodh an fiachas ró-íocaíochta.

3 Bhí na cásanna sin laghdaithe go 1,000 cás, agus luach €1.3 milliún gan íoc orthu, faoi dheireadh mhí Aibreáin 2023.

4 Tharla sé sin go príomha in 2021 tar éis ceadú a fháil ó DPENDPDR.

**16.65** Bhí an Roinn níos rathúla ó thaobh fiachas a aisghabháil de i ndáil leis an bhfiachas a d'eascair ón íocaíocht dhúblach. As an bhfiachas €2.4 milliún a ardaíodh, aisghabhadh €2 mhilliún (83%), agus tá €0.35 milliún gan íoc ó 1,500 féichiúnaí nach bhfuil ag aisíoc faoi láthair. Tá €50,000 eile fós gan íoc ó fhéichiúnaithe atá ag aisíoc (b'ionann an ró-íocaíocht bhunaidh sna cásanna sin agus €130,000). B'ionann an fiachas a díscríobhadh i ndáil le híocaíochtaí dúblacha agus €70,000 (3% den iomlán).

### *Íocaíocht dífhostaíochta paindéime*

**16.66** Cuireadh tús leis an scéim íocaíochta dífhostaíochta paindéime (ÍDP) i mí an Mhárta 2020 agus dúnadh an scéim (agus aistríodh na héilitheoirí a bhí fágtha, nuair ab incháilithe, ón scéim) i mí Aibreáin 2022. Caitheadh tuairim is €9.2 billiún ar an scéim ÍDP sa tréimhse 2020 go 2022. Thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc roimhe seo ar na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm do ÍDP agus ar an mbaol go ndéanfaí ró-íocaíochtaí le héilitheoirí.[1] I ndáil le héilitheoirí ÍDP a bhí fostaithe in 2020, fuarthas amach sa tuarascáil nach raibh níos mó ná 9% de shampla d'éilitheoirí incháilithe don íocaíocht a fuarthas ar an dáta ar a ndearnadh tástáil. Níorbh fhéidir leis an scrúdú teacht ar chonclúid, ag an am sin, maidir le héilitheoirí féinfhostaithe.

**16.67** B'ionann suim iomlán na ró-íocaíochtaí faoin scéim ÍDP a ardaíodh go mí na Nollag 2022 agus €50.5 milliún (0.5% de chaiteachas na scéime), agus astu siúd

- baineann €8.6 milliún (9,400 cás) le nochtaí deonacha don Roinn agus aisghabhadh 99% de na ró-íocaíochtaí sin
- Baineann €41.9 milliún (10,500 cás) le cinneadh athbhreithnithe ag an Roinn, agus aisghabhadh 13% de na ró-íocaíochtaí sin.[2] Measann an Roinn go bhfuil calaois i gceist i thart ar 10% de na cásanna sin.

**16.68** In 2022, shonraigh an Roinn go bhfuil sé de rún aici cásanna a athbhreithniú i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus cuirfear tús leis an bpróiseas sin faoi thús Ráithe 4 de 2022.

**16.69** I mí Aibreáin 2023, shonraigh an Roinn go bhfuil béim á leagan anois ar fhorluí 'oibre agus éilimh' idir ÍDP agus fostaíocht. I ndáil le héilitheoirí arbh fhostaí iad, rinneadh anailís fhairsing ar thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim chun forluí den sórt sin a aithint. Tá 14,000 cás aitheanta ag an anailís sin go dtí seo agus aisghabháil fhéideartha €47 milliún ag gabháil leo. Tá tuilleadh anailíse ar siúl le haghaidh éilitheoirí ÍDP a raibh níos mó ná fostóir amháin acu.

**16.70** Mheas an Roinn go n-aithneofaí thart ar 20,000 cás san iomlán, lena ngabhann aisghabháil fhéideartha €70 milliún. Tá sé beartaithe ag an Roinn tosú ag scríobh chuig sampla de na héilitheoirí sin i mí Mheán Fómhair 2023. Ina theannta sin, aithníodh 58,000 cás (ach níor measadh aon suim aisghabhála fhéideartha) nach ann do thaifead árachais shóisialaigh ina leith — áirítear leis sin cásanna inar éiligh an duine an íocaíocht ÍDP ach nach raibh sé/sí incháilithe agus cásanna a bhaineann le saincheist comhlíonta cánach ar ina leith a mainnigh an duine nó a f(h)ostóir na tuairisceáin chuí a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

**16.71** Maidir le héilitheoirí féinfhostaithe, dhírigh an Roinn ar dhaoine nach bhfuil aon taifead árachais shóisialaigh (ceanglas um incháilitheacht ÍDP) acu roimhe a aimsiú. Cé gur aithníodh roinnt cásanna den sórt sin, tá obair ar siúl chun cuntas a thabhairt i dtuairisceáin chuig na Coimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin.

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020*, caibidil 11, Rialuithe ar íocaíocht dífhostaíochta phaindéim Covid-19.

2 Díscríobhadh fiachas ró-íocaíochta €14,300.

## Conclúidí agus moltaí

**16.72** Ceanglaítear ar an Roinn féachaint le ró-íocaíochtaí a aisghabháil atá déanta le héilitheoirí agus tá roinnt uirlisí ar fáil di chun an aisghabháil sin a chumasú. Sa *Straitéis Comhlíonta agus Frith-Chalaoise 2019 go 2023* de chuid na Roinne, socraítear an cur chuige, príomhtháscairí feidhmíochta agus príomhspriocanna, agus é mar théamaí lárnacha ró-íocaíochtaí a chosc, neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh agus a bhrath agus cuntas a thabhairt i bhfeidhmíocht.

**16.73** Bíonn nósanna imeachta na Roinne leordhóthanach nó go maith de ghnáth nuair a dhéantar measúnú orthu de réir na bpríomhthosca ratha atá leagtha amach sa treoir dea-chleachtais a d'eisigh DPENDPDR i dtaobh aisghabháil fiachais ag comhlachtaí poiblí. Tá roinnt deiseanna ann chun feabhsú breise a bhaint amach ina leith sin. Mar shampla, bainistítear fiachas éilitheoirí éagtha ar bhonn comhpháirteanna fiachais, cé gur cheart an fiachas go léir den sórt sin a mheas a bheith in-aisghabhála ón eastát nó do-aisghabhála — mar thoradh air sin, laghdaítear iontaofacht na luachála ar roinnt fiachais gan íoc. In athbhreithniú ar shampla d'éilimh, aithníodh freisin nach gcloíonn baill foirne i gcónaí le treoir na Roinne chun taifead a dhéanamh ar na cúiseanna le díscríobh agus úsáid á baint as foirm teimpléid shainordaithe.

### *Treochtaí maidir le fiachas ró-íocaíochta*

**16.74** Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí fiachas iomlán gan íoc €495 mhilliún ar an Roinn a bhain le ró-íocaíochtaí scéime le héilitheoirí. Níl athrú mór tagtha ar shuim iomlán an fhiachais gan íoc le cúig bliana anuas. Sna cúig bliana sin, as gach Euro de ró-íocaíocht nua a ardaíodh, aisghabhadh suim is comhionann le thart ar dhá thrian agus díscríobhadh aon trian.

**16.75** Ní raibh tionchar mór ag paindéim Covid-19 ar luach iomlán an fhiachais ró-íocaíochta a aisghabhadh gach bliain, d'ainneoin fiachas nua a ardaíodh i rith na paindéime a chur ar fionraí i rith na paindéime — tharla sé sin mar thoradh ar asbhaintí leanúnacha ó éilimh atá á n-íoc agus lena ngabhann tréimhse fhadtéarmach aisghabhála.

**16.76** Maidir le cion mór d'fhéichiúnaithe, níl siad ag aisíoc a bhfiachais leis an Roinn. Príomhthosca a bhíonn taobh thiar de rath na Roinne maidir le ró-íocaíochtaí a aisghabháil is ea aois an fhiachais, cibé acu an bhfuil íocaíocht á fáil ag an éilitheoir ón Roinn faoi láthair agus luach an fhiachais. Mar thoradh air sin, is ríthábhachtach tráthúlacht bhearta na Roinne chun aisghabháil ró-íocaíochtaí a bhrath agus a thionscnamh. Tá luach ard fiachais ag gabháil le roinnt scéimeanna, agus go háirithe an scéim liúntas cuardaitheora poist agus an scéim íocaíochtaí teaghlaigh aontuismitheora, nach bhfuil go leor de á aisíoc agus a bhfuil cion mór de níos sine ná ceithre bliana.

### *Anailís ar fhiachas a díscríobhadh*

**16.77** I mí Lúnasa 2023, thug DPENDPDR cead tarmligthe don Roinn fiachas a dhíscríobh a chomhlíon critéir áirithe — chuaigh sé sin in ionad ceada ó 1991 lenar rialaíodh socruithe i mblianta roimhe. Díscríobh baisce a bhí i thart ar 70% d'fhiachais a díscríobhadh i gcás gur comhlíonadh na critéir sin.

**16.78** San anailís ar shampla d'fhiachais a díscríobhadh in 2022, fuarthas amach go raibh easpa doiciméadachta ann i gcáschomhaid agus freisin gur teoranta atá bearta na Roinne nuair nach dtéann an t-éilitheoir i dteagmháil leis an Roinn agus nuair nach bhfuil íocaíocht á fáil acu faoi láthair ón Roinn. Ba léir sin ach go háirithe i gcás líon na bhfiachas cáis eastáit a díscríobhadh. Agus í ag plé le cásanna eastáit, tá bonn reachtach ag an Roinn chun fiachais ró-íocaíochta a aisghabháil a bhaineann le híocaíochtaí cúnaimh ach níl na cumhachtaí céanna aici maidir le híocaíochtaí sochair.

**16.79** Tá bearta déanta ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí roimhe seo maidir le treoir do bhaill foirne agus éilitheoirí a chur ar an eolas faoi luach an fhiachais trí ráiteas bliantúil. Níl aghaidh tugtha ag an Roinn, áfach, ar an moladh roimhe sin anailís a dhéanamh ar na cúiseanna nárbh fhéidir an fiachas a aisghabháil agus ar ghá é a dhíscríobh ina dhiaidh sin. Má dhéantar sin, d'fhéadfadh go dtabharfaí bonn eolais faoi leasuithe ar bheartais agus nósanna imeachta agus go laghdófaí an gá le díscríobh amach anseo.

**Moladh 16.1**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar na cúiseanna a taifeadadh le díscríobh fiachais agus a shuí cibé acu an gá cleachtais agus nósanna imeachta a athbhreithniú chun aisghabháil a fheabhsú agus ar an gcaoi sin leibhéal an díscríofa a laghdú amach anseo.

**Freagairt an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tá nósanna comhaontaithe i bhfeidhm ag an Roinn maidir le díscríobh fiachais agus coinneoidh sí oiriúnacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta sin faoi athbhreithniú. Déanfar an t-athbhreithniú foirmiúil a iarradh leis an moladh i Ráithe 1 de 2024 agus tabharfar tuairisc air do Bhord Chlár Rialaithe agus do Bhord Bainistíochta na Roinne nuair a bheidh sé tugtha chun críche.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Ráithe 1 de 2024.

### *Aisghabháil fiachais ró-íocaíocht a eascraíonn as eachtraí sonracha*

**16.80** Maidir le ró-íocaíochtaí a tháinig chun cinn ar an scéim sochar breoiteachta le blianta beaga anuas, tá thart ar

- €5.5 milliún (49%) den fhiachas ró-íocaíochta deimhnithe aisghafa ag an Roinn a tháinig chun cinn mar thoradh ar dheacrachtaí leis an aistriú chuig córas TF nua, agus tá 7% breise den fhiachas sin díscríofa aici.
- tá an fiachas ró-íocaíochta go léir, beagnach, aisghafa aici a d'eascair ó íocaíocht dhúblach faoin scéim i mí na Nollag 2019.

**16.81** Tá anailís á déanamh fós ag an Roinn ar íocaíochtaí le héilitheoirí fostaithe agus féinfhostaithe ÍDP, chun ró-íocaíochtaí féideartha a aithint. I gcás go ndearna éilitheoirí nochtadh deonach faoi ró-íocaíocht faoi mhí na Nollag 2022, tá an ró-íocaíocht iomlán €8.6 milliún ar fad aisghafa ag an Roinn, beagnach.

**16.82** D'aithin an Roinn ró-íocaíochtaí ÍDP i 10,500 cás dar luach €41.9 milliún faoi mhí na Nollag 2022, ach ní raibh ach 13% de sin aisghafa aici amhail mí Aibreáin 2023. Ina theannta sin, tá anailís á déanamh ag an Roinn ar chásanna chun a aithint cá háit ar tharla forluí idir ÍDP agus fostaíocht, agus measann sí go bhféadfadh go n-aithneofaí suas le 20,000 cás lena mbainfeadh aisghabháil fhéideartha €70 milliún. Tá sé ar intinn ag an Roinn scríobh chuig sampla de na cásanna sin ó mhí Mheán Fómhair 2023. Tá anailís á déanamh ag an Roinn ar chásanna ar ina leith nach raibh taifead árachais shóisialaigh ag faighteoir ÍDP roimhe sin ach a dhearbhaigh sé/sí go raibh siad ina f(h)ostaí nó féinfhostaithe.

### Moladh 16.2

Ba cheart don Roinn aithint agus ardú an fhiachais ró-íocaíochta maidir le ÍDP a bhrostú, mar gheall ar an deacracht a bhaineann le seanfhiachas a aisghabháil agus le fiachas a aisghabháil ó fhéichiúnaithe nach bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil acu faoi láthair.

#### Freagairt an Oifigigh Cuntasaíochta

Comhaontaítear.

Mar gheall ar mhéid na n-íocaíochtaí ÍDP, agus os cionn 29 milliún íocaíocht i gceist leo, a léiríonn an cur isteach gan choinne ar an ngeilleagar agus an tsochaí, is tionscadal casta é sin. Tá obair ag dul ar aghaidh.

#### Amlíne don chur chun feidhme

Meastar go gcríochnófar an obair sin faoi dheireadh na bliana 2024.

# 17 Athbhreithniú achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh

**17.1** Ceanglaítear leis an dlí ar an Aire Coimirce Sóisialaí athbhreithniú achtúireach a choimisiúnú agus a fhoilsiú ar riocht airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh (an Ciste) gach cúig bliana ar a laghad.[1] Is é cuspóir an athbhreithnithe measúnú a dhéanamh ar a mhéid is dóichí go mbeadh na ranníocaíochtaí leis an gCiste in ann íocaíocht réamh-mheasta na sochar amach anseo a chomhlíonadh. Áiríodh san athbhreithniú ar sheasamh an Chiste amhail an 31 Nollaig 2020 réamh-mheastacháin ó 2021 go 2076.[2]

**17.2** Taispeántar na réamh-mheastacháin 'bunch//áis' tuarascála (an meastachán is fearr) le haghaidh fáltais agus caiteachas bliantúil an Chiste i bhFíor 17.1. Réamh-mheastar san athbhreithniú go mbeidh easnamh bliantúil méadaitheach sa Chiste ó 2034 go dtí deireadh na tréimhse réamh-mheasta (2076) agus go mbeidh gá le fóirdheontais ón Státchiste san fhadtéarma chun riachtanais chaiteachais leanúnaigh a chomhlíonadh in éagmais aon athruithe ar rátaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC). Réamh-mheastar san athbhreithniú easnamh de €10 billiún sa bhliain faoi 2050, ag ardú go €16 billiún sa bhliain faoi 2060 agus €20 billiún sa bhliain in 2070 (nuair nach gclúdódh fáltais réamh-mheasta ach 63% den chaiteachas réamh-mheasta).[3] Léiríonn an t-easnamh an méid ba ghá don Chiste a fháil mar fhóirdheontas bliantúil ó chánachas ginearálta sa bhliain.

**17.3** Maidir le haschur eacnamaíoch foriomlán an Stáit, meastar go n-ardóidh easnamh an Chiste ó 2.4% de OIN* in 2050, go 3.3% in 2060 agus 4.1% in 2076.[4,5]

**17.4** Is é an phríomhchuid de chaiteachas an Chiste ná caiteachas a bhaineann le pinsin, agus meastar go n-ardófar é ó 73% de chaiteachas an Chiste in 2022 go 80% in 2035 agus 85% faoi 2050.

**Fíor 17.1 Fáltais réamh-mheasta agus caiteachas réamh-mheasta an Chiste, 2020 go 2076[a]**




Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh amhail an 31 Nollaig 2020

Nóta: a Áiríodh san athbhreithniú réamh-mheastachán do gach bliain go dtí 2035 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

1 A cheanglaítear faoi Alt 10 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

2 Críochnaíodh an t-athbhreithniú i mí Mheán Fómhair 2022.

3 Is i dtéarmaí fíorphraghais 2022 atá na luachanna seo.

4 Sainmhíníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) OIN* mar tháscaire atá deartha chun éifeachtaí domhandaithe a bhfuil tionchar díréireach acu ar thomhas gheilleagar na hÉireann a eisiamh.

5 Deir an t-athbhreithniú gur dócha go mbeidh difríocht i gcleachtas idir an t-eispéireas iarbhír agus na meastacháin is fearr mar gheall ar thosca amhail athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch, déimeagrafaic, rialú, agus tosca eacnamaíocha, oibriúcháin agus eile. Mar sin, ní mór a aithint go mbeidh na torthaí iarbhír difriúil, b'fhéidir go hábhartha, uathu siúd atá ina ngné dhílis de na luachanna a thugtar.

## Boinn tuisceana a úsáideadh san athbhreithniú

**17.5** Tá fáltais agus caiteachas ionchais an Chiste bunaithe ar na boinn tuisceana a dhéantar maidir le tosca mar fhás eacnamaíoch, boilsciú, líon na ndaoine a oibríonn agus líon na ndaoine a fhaigheann sochair. Léirítear i bhFíor 17.2 conas a rinneadh san athbhreithniú réamh-mheastachán go n-athródh na boinn tuisceana le linn na tréimhse athbhreithnithe (go dtí 2076).

**Fíor 17.2 Príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh in athbhreithniú achtúireach an Chiste[a]**

| Toisc | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 go 2076 |
|---|---|---|---|---|
| **Boinn tuisceana eacnamaíocha agus lucht saothair** | | | | |
| OTI | 4.4% | 4% | 3.8% | 1.5% go 1.8% |
| OIN* | 3.1% | 3.2% | 3.3% | 1.5% go 1.8% |
| Boilsciú | 3% | 2.2% | 2.1% | 2% |
| Fás fíorthuillimh | 2.3% | 2.2% | 2.1% | 1.2% go 1.5% |
| Fás fostaíochta | 2.1% | 1.7% | 1.7% | 0% go 0.9% |
| Ráta dífhostaíochta | 5.4% | 5.2% | 4.9% | 6.4% go 6.8% |
| **Boinn tuisceana déimeagrafacha** | | | | |
| Daonra | 5 mhilliún duine in 2020, ag ardú go 5.9 milliún duine in 2040, 6.4 milliún duine in 2060 agus 6.6 milliún duine faoi 2076 | | | |
| Glan-imirce | 33,000 duine in 2019, ag titim ina dhiaidh sin go 19,000 duine in 2030, 14,000 duine in 2050 agus 10,000 duine in 2070 | | | |
| Ráta torthúlachta | 1.78 go 1.81 sa tréimhse 2019 go 2076 | | | |
| Ionchas saoil ag an mbreith | In 2019, fir = 81.1, mná = 84.8, faoi 2050 f/b = 84.6/88.3, faoi 2070 f/m = 86.8/90.4 | | | |
| Cóimheas tacaíochta pinsinéirí | 4.4 in 2020, ag titim ina dhiaidh sin go 2.9 in 2040, 2.1 in 2060 agus 1.9 faoi 2076 | | | |

Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh amhail an 31 Nollaig 2020

Nóta: a Úsáideadh san athbhreithniú meastacháin 2022 maidir le hioncam agus caiteachas agus réamh-mheastacháin ghearrthéarmacha (2023 go 2025) arna leagan amach ag an Roinn Airgeadais san *Uasdátú ar an gClár Cobhsaíochta* (SPU) d'Aibreán 2022. Bhí na boinn tuisceana atá mar bhonn agus thaca ag na réamh-mheastacháin fhadtéarmacha (2026 agus blianta ina dhiaidh sin) bunaithe ar réamh-mheastacháin ón gCoimisiún Eorpach a bhí mar bhunús le *Tuarascáil Aosaithe 2021*. Tá tosca feabhsaithe básmhaireachta bunaithe ar réamh-mheastacháin daonra Eurostat. D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais boinn tuisceana eile a úsáideadh.

### *Boinn tuisceana a úsáideadh in athbhreithnithe Ciste roimhe sin*

**17.6** Ó 2000 i leith, rinneadh athbhreithnithe achtúireacha ar staid airgeadais an Chiste gach cúig bliana. Chuimsigh na hathbhreithnithe go seasta roinnt catagóirí boinn tuisceana, agus tá éagsúlacht ag baint le cinn eile (féach Iarscríbhinn 17A). Forbraíodh formáid na n-athbhreithnithe freisin, agus tá níos mó mionsonraí tugtha sna hathbhreithnithe níos déanaí ná mar a bhí san athbhreithniú in 2000.

**17.7** Meastar go n-athróidh táscairí áirithe sa ghearrthéarma, agus ina dhiaidh sin go n-aistreofar iad chuig ráta fadtéarmach a bhí comhsheasmhach sna hathbhreithnithe. Áirítear leo siúd

- boilsciú praghsanna fadtéarmach ag 2% (luachanna eile in úsáid sa ghearrthéarma) in aghaidh na bliana
- fás fadtéarmach fíorthuilleamh ag 1.5% in aghaidh na bliana
- ráta dífhostaíochta (san fhadtéarma) de 6.2% go 6.4%
- rátaí torthúlachta (san fhadtéarma) de 1.75 go 2 leanbh in aghaidh na mná.

**17.8** Ba iad seo a leanas príomhathruithe i mboinn tuisceana níos fadtéarmaí

- fíor-OTI de 1.5% go 1.8% in athbhreithniú 2020, i gcomparáid le 1.5% go 2.2% in athbhreithniú 2015; in 2020, d'úsáid an t-athbhreithniú fás OIN* mar phríomh-bhonn tuisceana
- d'athraigh réamh-mheastacháin glan-imirce idir líon diúltach 21,500 duine (glan-eis-sreabhadh) agus 40,000 duine (glan-insreabhadh) thar athbhreithnithe.

### *Boinn tuisceana a úsáideann eintitis eile san earnáil phoiblí in Éirinn*

**17.9** Ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí a bhfuil scéimeanna pinsean acu athbhreithnithe a dhéanamh ar staid airgeadais na scéimeanna pinsin — áirítear leis sin raon comhlachtaí a ndéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu, mar ollscoileanna, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Teagasc.

**17.10** Chun críocha an scrúdaithe seo, rinneamar comparáid idir na boinn tuisceana a d'úsáid breis agus 30 comhlacht earnála poiblí chun réamh-mheastachán a dhéanamh ar dhliteanais scéime pinsean leis na boinn tuisceana d'athbhreithniú 2020 ar an gCiste, mar a léirítear i bhFíor 17.3. Léiríonn an anailís go bhfuil na boinn tuisceana a úsáideadh san athbhreithniú ar an gCiste laistigh den raon luachanna a úsáideann comhlachtaí san earnáil phoiblí go ginearálta.

**Fíor 17.3 Comparáid idir boinn tuisceana a úsáideann an Ciste agus comhlachtaí earnála poiblí**

| Bonn tuisceana | Bonn tuisceana fadtéarma an Chiste | Raon bonn tuisceana ag comhlachtaí earnála poiblí[c] |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe tuarastail | 3.2% go 3.5%[a] | 2.7% go 4.65% |
| Ráta boilscithe | 2% | 1.9% go 2.7% |
| Ráta lascaine | 3.5%[b] | 2.25% go 4.3% |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an tAthbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh amhail an 31 Nollaig 2020

Nótaí:
a Cuimsíonn ráta méadaithe tuarastail an athbhreithnithe (3.2% go 3.5%) an ráta fáis 'fíorthuillimh' (1.2% go 1.5%) móide tionchar an bhoilscithe ionchasaigh (2%).
b Cuimsíonn ráta lascaine ainmniúil an athbhreithnithe (3.5%) 'fíor-ráta' lascaine (1.5%) móide tionchar an bhoilscithe ionchasaigh (2%).
c Baineadh na boinn tuisceana a d'úsáid comhlachtaí eile san earnáil phoiblí as cuntais a raibh bliain airgeadais a tháinig chun deiridh in 2022 acu.

### *Cóimheas tacaíochta pinsinéirí*

**17.11** Is príomhthomhas é an cóimheas tacaíochta pinsinéirí ar chumas an Chiste a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh agus léiríonn sé tionchar rátaí torthúlachta, ionchais saoil agus athróg eile. Meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach air sin, ó thart ar 4.4 ranníocóir árachaithe in aghaidh an phinsinéara in 2020, go timpeall 2.3 ranníocóir árachaithe in aghaidh an phinsinéara in 2050. Mar thoradh air sin, réamh-mheastar go n-ardóidh caiteachas a bhaineann le pinsin ó 59% d'fháltais iomlána ÁSPC in 2022, go 81% faoi 2035 agus faoi 117% faoi 2050.

### *Réamh-mheastacháin imirce*

**17.12** Luaitear san athbhreithniú go bhfuil boinn tuisceana ar imirce ar an ngné mhodheolaíoch is deacra de na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha mar gheall ar luaineacht ard stairiúil le himeacht ama agus idir tíortha — tacaíonn Fíor 17.4 leis an tuairim sin, áit a dtaispeántar na réamh-mheastacháin imirce atá san áireamh i ngach athbhreithniú. Sna samhlacha a úsáideann Eurostat chun réamh-mheastacháin inimirce agus eisimirce a tháirgeadh, a chomhcheanglaítear chun glan-imirce a fhail, cuirtear san áireamh treochtaí imirce san am atá caite, na sonraí is déanaí, tosca déimeagrafacha bunúsacha chomh maith le boinn tuisceana faoi fhorbairtí amach anseo ar shreafaí imirce.

**Fíor 17.4 Réamh-mheastacháin glan-imirce bliantúla, de réir dáta athbhreithnithe, agus imirce iarbhír 2000 go 2030**




Foinse: Athbhreithnithe achtúireacha ar an gCiste Árachais Shóisialaigh

### *Anailís íogaireachta*

**17.13** Mar gheall ar an éiginnteacht bhunúsach i mboinn tuisceana atá mar bhonn agus thaca ag réamh-mheastacháin fhadtréimhseacha, chuimsigh an t-athbhreithniú roinnt tástálacha íogaireachta sa bhreis ar an mbunchás, chun freagrúlacht thorthaí an réamh-mheastacháin d'athruithe ar phríomhbhoinn tuisceana bunúsacha a chainníochtú.

**17.14** Ba iad seo a leanas na cásanna maicreacnamaíocha agus déimeagrafacha agus na príomhbhoinn tuisceana samhaltaithe éagsúla

- athruithe torthúlachta
- ionchas saoil
- imirce
- margadh an tsaothair
- rátaí fáis tuillimh
- cásanna díobhálacha agus suaitheadh (mar shampla tionchar na coinbhleachta san Úcráin).

**17.15** Bhí an tionchar is suntasaí ar na réamh-mheastacháin mar thoradh ar athruithe ar rátaí torthúlachta agus ar rátaí fáis fíorthuillimh.

#### *Rátaí torthúlachta*

**17.16** Tá sé réamh-mheasta go mbeidh an ráta torthúlachta in Éirinn gan athrú den chuid is mó, ag ardú de réir a chéile ó 1.78 in 2019 go 1.81 faoi 2076, atá faoi bhun an ráta athsholáthair nádúrtha.[1] Mar a léirítear i bhFíor 17.5, má bhí an ráta torthúlachta 20% níos airde ar feadh thréimhse an réamh-mheastacháin, is é an t-easnamh réamh-mheasta in 2076 ná €19 billiún seachas na €24.9 billiún a glacadh leis sa bhunchás — laghdaítear an t-easnamh de bharr ionchas níos mó daoine aonair a bhíonn ag obair agus a chuireann leis an gCiste.

**Fíor 17.5 Íogaireacht easnamh réamh-mheasta an Chiste d'athrú ar rátaí torthúlachta**




Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh amhail an 31 Nollaig 2020

1 Is éard atá i dtorthúlacht leibhéal athsholáthair ná an leibhéal torthúlachta ag a dtagann daonra go beacht ina áit féin ó ghlúin go glúin. I dtíortha forbartha, glactar le torthúlacht leibhéal athsholáthair mar 2.1 leanbh in aghaidh na mná.

### *Fás fíorthuillimh*

**17.17** Bíonn an tionchar réamh-mheasta is mó ar an gCiste ag athruithe ar bhoinn tuisceana maidir le fás fíorthuillimh. Cé go mbeadh ranníocaíochtaí níos airde mar thoradh ar fhás tuilleamh réamh-mheasta, tá sé seo nasctha le fás ar leibhéil íocaíochta pinsin.

**17.18** Is é bonn tuisceana an bhuncháis ná go bhfásann fíorthuilleamh ag ráta bliantúil de 1.5% san fhadtéarma. I gcomparáid leis sin, dá méadódh fíorthuilleamh ag 2% in aghaidh na bliana ina ionad sin, is é an t-easnamh réamh-mheasta €32.1 billiún in 2076 seachas an t-easnamh de €24.9 billiún atá réamh-mheasta faoin mbunchás. É sin ráite, toisc go bhfuiltear ag súil go méadóidh (nó go laghdóidh) fás eacnamaíoch (i dtéarmaí ollioncaim náisiúnta*) ag an ráta céanna le fíorthuilleamh, ní athraíonn an t-easnamh mar chéatadán ollioncaim náisiúnta*.

**Fíor 17.6 Athróidh íogaireacht an easnaimh Ciste réamh-mheasta i bhfás fíorthuillimh.**




Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialta amhail an 31 Nollaig 2020

### *Athróga eile*

**17.19** Tá níos lú tionchair ar easnamh an Chiste réamh-mheasta nuair a chuirtear éagsúlacht i mboinn tuisceana eile. Mar shampla,

- mar thoradh ar athruithe ar ionchas saoil (méadú bliana amháin nó laghdú dhá bhliain), bíonn tionchar 2076 de thart ar easnamh atá €2 billiún níos airde/níos ísle
- mar thoradh ar athruithe ar imirce réamh-mheasta – suas 50% nó síos 50% faoi seach – bíonn easnamh níos ísle de €5 billiún faoi 2076 nó easnamh níos airde de €3.4 billiún
- ba é a bhí sna hathraithis meastacháin ar an margadh saothair ná go mbeadh an ráta fostaíochta 2% níos airde san fhadtéarma (laghdú thart ar €0.9 billiún ar easnamh 2076) nó 2% níos ísle (méadú €0.9 billiún ar an easnamh); measadh san athbhreithniú freisin go laghdódh méadú 10% ar an ráta fostaíochta dóibh siúd atá 55 bliana d'aois go 74 bliana d'aois an t-easnamh in 2076 faoi €1.2 billiún.

### *Cásanna díobhálacha féideartha agus eachtraí suaite*

**17.20** I ndáiríre, tá na tosca a bhfuil tionchar acu ar staid airgeadais an Chiste nasctha le chéile ar go leor bealaí, agus tá siad níos dóichí le bogadh i dteaglamaí éagsúla. Dá bharr sin, ríomhadh tionchair na gcásanna díobhálacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann (eachtraí suaite) mar chuid den athbhreithniú achtúireach freisin. Ba iad na suíomhanna féideartha a measadh ná

- an choimhlint san Úcráin a bheith mar chúis le boilsciú níos airde, dífhostaíocht níos airde agus fás eacnamaíoch níos ísle[1]
- cúlú eacnamaíochta ilbhlianta (2023 go 2027) a bheith mar chúis le fás eacnamaíoch níos ísle, le dífhostaíocht níos airde agus le fáltais níos ísle ó ÁSPC
- cúlú eacnamaíochta ilbhlianta agus an choimhlint san Úcráin a bheith ag leanúint ar aghaidh
- an cás an-díobhálach féideartha ina mbeadh an choimhlint san Úcráin agus an cúlú eacnamaíochta ag leanúint ar aghaidh, rud a bheadh mar chúis le fás eacnamaíoch a bheadh níos ísle go buan san fhadtéarma.

**17.21** I gcás an cháis an-díobhálach fhéideartha, tarlaíonn easnamh bliantúil sa bhreis eile de €14.4 billiún in 2076 (féach Fíor 17.7).

**Fíor 17.7 Tionchar dhá chás dhíobhálacha féideartha ar an gCiste, 2020 go 2076**




Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialta amhail an 31 Nollaig 2020

1 Tá an t-athbhreithniú bunaithe ar mheastacháin an tionchair a chuirtear san áireamh in *Uasdátú ar an gClár Cobhsaíochta* ón Roinn Airgeadais.

## Fóirdheontais an Chiste le blianta beaga anuas

**17.22** I gcás go sáraíonn caiteachas an Chiste na fáltais in aon bhliain, tá laghdú ar luach chúlchistí an Chiste. I gcás gur caitheadh cúlchistí an Chiste, íocadh fóirdheontas ón Vóta chun a chinntiú go leantar ar aghaidh ag íoc teidlíochtaí sochar.

**17.23** Caitheadh cúlchistí carntha an Chiste in 2008-2010, tar éis an chúlaithe eacnamaíochta. Sna blianta 2010 go dtí 2015, rinneadh fóirdheontais Státchiste den mhéid €7.4 billiún leis an gCiste. D'fhill an Ciste ar ais ar bharrachas in 2016 agus faoi dheireadh 2019, bhí cúlchistí de €3.9 billiún carntha aige. Úsáideadh na cúlchistí sin ar fad in 2020 agus in 2021 chun dul i ngleic le tionchar phaindéim Covid-19, agus bhí fóirdheontas den mhéid €2.6 billiún de dhíth in 2021. In 2022, sháraigh fáltais isteach sa Chiste caiteachas faoi thart ar €2.1 billiún.

**Fíor 17.8 Cúlchistí carntha agus fóirdheontais, 2005 go 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**17.24** Tá sé réamh-mheasta ag gach athbhreithniú achtúireach ar an gCiste a foilsíodh go dtí seo go mbeidh easnamh bliantúil méadaitheach in acmhainní an Chiste san fhadtéarma, rud a léiríonn an bhuntreocht de bhrúnna déimeagrafacha atá ag dul i méid. Mar sin féin, tá ráta an mhéadaithe in easnamh réamh-mheasta an Chiste — mar a léirítear i mbunchás i ngach réamh-mheastachán — maolaithe go mór thar na hathbhreithnithe i ndiaidh a chéile (féach Fíor 17.9). Léiríonn na réamh-mheastacháin tionchar na n-athruithe reachtaithe i mbeartas agus úsáid bonn tuisceana éagsúil ag léiriú an dearcaidh is deireanaí ar threochtaí fadtéarmacha déimeagrafaigh, margaidh fostaíochta agus eacnamaíochta.

**Fíor 17.9 Meastacháin easnamh an Chiste, sa bhliain 2060, de réir athbhreithnithe**




Foinse: Athbhreithnithe achtúireacha den Chiste Árachais Shóisialta

## Leasú ar chóras pinsin an Stáit

**17.25** I mí Mheán Fómhair 2022, d'fhógair an tAire Coimirce Sóisialaí leasuithe (féach Aguisín 17B) ar chóras pinsean an Stáit, lena n-áirítear

- aistriú cur chuige 'ranníocaíochtaí iomlána', áit a n-úsáidtear an líon iomlán de ranníocaíochtaí ÁSPC a íocadh, seachas nuair a íocadh iad, chun teidlíochtaí pinsin duine aonair a ríomh[1]
- tabhairt isteach aois sholúbtha pinsin nua.[2]

**17.26** Mheasúnaigh an t-athbhreithniú tionchar na n-athruithe atá ar feitheamh agus a cuireadh san áireamh i bhfógra an Stáit um leasú ar an bpinsean ar easnaimh an Chiste sa todhchaí, chomh maith le tagarmharcáil tuillimh réitithe d'íocaíochtaí pinsin a thabhairt isteach.[3] Thuar an t-athbhreithniú go mbeadh an t-easnamh bliantúil, faoi 2076, thart ar €1.5 billiún níos lú faoi na socruithe nua (cás eile).

**Fíor 17.10 Tionchar leasuithe ar an bpinsean a fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2022**




Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialta amhail an 31 Nollaig 2020

## Conclúidí

**17.27** Tugann an t-athbhreithniú achtúireach tréimhsiúil ar an gCiste Árachais Shóisialta (an Ciste) réamh-mheastachán mionsonraithe ar fháltais agus caiteachas an Chiste, atá de dhíth chun eolas a dhéanamh do phlé ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach ionchais an Chiste.

**17.28** Úsáideann na boinn tuisceana a úsáideadh in athbhreithniú 2020 réamh-mheastacháin ó Eurostat agus ón gCoimisiún Eorpach, iad sin a d'úsáid an Roinn Airgeadais san *Uasdátú ar an gClár Cobhsaíochta* uaithi san áireamh. Tá boinn tuisceana an athbhreithnithe taobh istigh de réimse na mbonn tuisceana a úsáideann comhlachtaí earnála poiblí nuair a dhéantar athbhreithnithe chun costas a ndliteanas pinsin sa todhchaí a mheas.

1 Mhol an Coimisiún Pinsean an t-aistriú cur chuige ranníocaíochtaí iomlána agus tá sé mar aidhm leis pinsean ranníocach duine a ailíniú níos gaire leis na ranníocaíochtaí a ndéanann sé nó sí. Tosóidh an t-aistriú i mí Eanáir 2025 ar bhonn céimnithe thar 10 mbliana.

2 Ó mhí Eanáir 2024, beidh an rogha ag daoine leanúint ar aghaidh ag obair go dtí 70 bliain d'aois ar chomaoin pinsin níos airde.

3 Nascann tagarmharcáil tuillimh réitithe méaduithe sa todhchaí ar íocaíochtaí pinsin le méaduithe ar mheántuilleamh.

**Fíor 17.11 Barrachas/easnamh iarbhír agus réamh-mheasta fáltas an Chiste, 2000 go 2030[a]**




Foinse: Athbhreithnithe achtúireacha ar an gCiste Árachais Shóisialta

Nóta: a Tosaíonn na sonraí do gach athbhreithniú ag an luach aitheanta do bhliain an athbhreithnithe (e.g., 2020) de réir mar a fhoilsítear na hathbhreithnithe suas go dtí dhá bhliain tar éis dheireadh an tréimhse sin.

**17.29** Léiríonn réamh-mheastacháin gach athbhreithnithe an staid agus an beartas a bhí i bhfeidhm ag tráth áirithe. Athraíonn boinn tuisceana thar am chun athruithe i mbeartas a léiriú, chomh maith le hathruithe maicreacnamaíocha. Cuireann an t-athbhreithniú is deireanaí in iúl nach bhfuil sé dóchúil go dtiocfaidh réamh-mheastacháin fhadtéarmacha i láthair dáiríre agus cuireann sé béim ar an bhfíoras gur cheart díriú ar threochtaí coibhneasta agus ar an difríocht i dtorthaí faoi chásanna féideartha éagsúla.

**17.30** Nuair a dhéantar comparáid idir réamh-mheastacháin roimhe seo le torthaí, tá an chuma ar an scéal gur éirigh níos fearr leis an gCiste sna deich mbliana anuas ná mar a réamh-mheasadh sna hathbhreithnithe do 2000, 2005 agus 2010, d'ainneoin thionchar na géarchéime 2008 agus phaindéim Covid-19 (féach Fíor 17.11).

**17.31** Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar na réamh-mheastacháin maidir le feidhmíocht an Chiste sa ghearrthéarma, léiríonn an t-athbhreithniú is déanaí go mbeidh easnamh bliantúil méadaithe ann ó thart ar 2034, agus go mbeidh fóirdheontas athfhillteach méadaithe ón Vóta chuig an gCiste ag teastáil, agus gach rud eile mar an gcéanna, ó thart ar 2043 ar aghaidh.

## Aguisín 17A Boinn tuisceana a úsáideadh in athbhreithnithe

| Bonn tuisceana | 2000 | 2005 | 2010 | 2015 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Boinn tuisceana eacnamaíochta agus lucht saothair** | | | | | |
| OTI | | | | ✓ | ✓ |
| OTN | | ✓ | ✓ | | |
| OIN* | | | | | ✓ |
| Boilsciú praghsanna | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Fás fíorthuillimh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ráta dífhostaíochta | ✓ | | | ✓ | ✓ |
| Fostaíocht | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Boinn tuisceana déimeagrafacha** | | | | | |
| Ionchas saoil | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Glan-imirce | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Torthúlacht | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

Foinse: Athbhreithnithe achtúireacha ar an gCiste Árachais Shóisialta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Aguisín 17B Leasuithe ar chóras pinsin Stáit a fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2022

- aois an phinsin Stáit a choinneáil ag 66 bliana d'aois agus aois nua sholúbtha pinsin a thabhairt isteach: ó mhí Eanáir 2024 ar aghaidh, beidh an rogha ag daoine leanúint le bheith ag obair suas go dtí 70 bliain d'aois ar chomaoin pinsin níos airde
- mar a mhol an Coimisiún Pinsean, bogadh chuig 'Cur Chuige um Ranníocaíochtaí Iomlána' le haghaidh teidlíochtaí pinsean daoine aonair a ríomh ar bhonn céimithe thar 10 mbliana ag tosú i mí Eanáir 2024
- beidh soláthar breisithe Pinsean Stáit do chúramóirí fadtéarmacha le tabhairt isteach ó Eanáir 2024 ar aghaidh — éilitheoirí a raibh orthu éirí as obair thar thréimhse fhada chun aire a thabhairt do dhuine eile, tabharfar aitheantas dóibh sa chóras pinsin
- tabharfaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta bearta isteach lena gceadófar d'fhostaí, ach nach gcuirfear iallach air nó uirthi leis, fanacht i bhfostaíocht go dtí aois an phinsin Stáit
- tabharfar rochtain d'oibrithe ar sheirbhís ráitis ranníocaíochtaí ÁSPC gach bliain ar bhealach a gcuirfidh ar a gcumas a dteidlíochtaí a thuiscint
- tabharfar aghaidh ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais pinsin Stáit trí mhéaduithe incriminteacha de réir a chéile ar rátaí árachais shóisialaigh le himeacht ama — socrófar leibhéal agus ráta an mhéadaithe ar rátaí árachais shóisialaigh ar bhonn struchtúrtha gach 5 bliana, ag fáil eolais ó thoradh an athbhreithnithe achtúirigh reachtúil
- gealltanas chun dearadh scéime a fhiosrú lena modhnófaí an íocaíocht sochair atá ann faoi láthair do dhaoine 65 bliana d'aois chun íocaíocht sochair a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil in ann, tar éis saol fada oibre a mhaireann 40 bliain nó níos mó, fanacht ag obair i mblianta luatha a 60idí.

# 18 Maoiniú agus tuairisciú airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**18.1** Seoltar maoiniú deontais an Státchiste le haghaidh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) trí Vóta 38 Sláinte gach bliain. B'ionann suim iomlán na n-íocaíochtaí ón Vóta Sláinte le FSS in 2022 agus €23.3 billiún, lena gcuimsítear gnéithe maoinithe caipitil agus neamhchaipitil araon. Is ionann maoiniú deontais vótáilte agus formhór fháltais FSS gach bliain. Ní thagann ach thart ar 4% de mhaoiniú bliantúil iomlán FSS ó ioncam 'dílis' eile, e.g., fáltais a eascraíonn as táillí ar othair le haghaidh seirbhísí.

## Maoiniú: acmhainní FSS a chinneadh

**18.2** Ceanglaítear ar an Aire Sláinte (an tAire) leis an dlí 'fógra cinnidh' foirmiúil a chur faoi bhráid FSS i leith gach bliana cuntais. Tá suimeanna cinnidh maoinithe caipitil agus neamhchaipitil faoi réir próisis éagsúla chun iad a fhaomhadh.

- **Cinneadh maoinithe caipitil:** Ní mór don Aire faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (an tAire Caiteachais Phoiblí) a lorg agus a fháil sula ndéanann sé cinneadh faoin maoiniú caipitil atá ar fáil do FSS don bhliain.
- **Cinneadh maoinithe athfhilltigh:** Luaitear in alt 30A(1) den Acht Sláinte 2004 (an tAcht Sláinte) go gcinnfidh an tAire "*an t-uasmhéid glanchaiteachais neamhchaipitil a fhéadfaidh an Fheidhmeannacht a thabhú do bhliain airgeadais.*"[1] Luaitear san Acht freisin go bhféadfaidh an tAire *"cinneadh alt 30A(1) a leasú trí uasmhéid an ghlanchaiteachais neamhchaipitil a d'fhéadfadh an Fheidhmeannacht a thabhú don bhliain airgeadais nó do chuid den bhliain airgeadais lena mbaineann an cinneadh a athrú."*[2] Nuair a bheidh sé leasaithe, "*beidh feidhm* [ag an méid sin] *agus beidh éifeacht aige arna leasú amhlaidh."*

**18.3** In 2022, b'ionann luach an chinnidh maoinithe athfhilltigh agus €22.5 billiún.

### *Cistí a thabhairt do FSS*

**18.4** Tá an maoiniú a aistrítear ón Vóta Sláinte chuig FSS, trí dheontas ón Roinn Sláinte (an Roinn), faoi réir an phróisis leithreasaí agus vótálann an tOireachtas air.

**18.5** Mar sin féin, i gcás FSS, is é an méid sa litir chinnidh an méid ábhartha i.e., an t-ioncam don bhliain a bhfuil FSS ag súil go bailí go gcuirfidh an Roinn ar fáil dó.

### *Athbhreithnithe ar chinntí*

**18.6** Foráiltear leis an Acht Sláinte go bhféadfaidh an tAire na méideanna cinnidh a choigeartú má mheastar gur gá é sin. Féadfar roinnt fógraí cinnidh a eisiúint, de réir mar a cheadófar athruithe maoinithe leantacha. Go ginearálta, cheadaigh an próiseas athbhreithnithe seo don Roinn na méideanna cinnidh agus na méideanna maoinithe a eisítear chuig FSS ón Vóta gach bliain a ailíniú go hiomlán.

**18.7** Eisíodh an fógra cinnidh tosaigh do 2022 chuig FSS i mí na Samhna 2021, agus eisíodh roinnt cinntí athbhreithnithe suas go dtí Bealtaine 2023. Chuir an cinneadh athfhillteach athbhreithnithe i mí na Nollag 2022 méadú €1.78 billiún leis an maoiniú athfhillteach do 2022.

1 Ciallaíonn 'Feidhmeannacht' Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte arna bunú faoi alt 6 den Acht Sláinte 2004.

2 Alt 30A(1) den Acht Sláinte 2004, arna chur isteach ag alt 7 den Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014. Alt 30A(1) arna leasú ina dhiaidh ag alt 23 den Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022. Tháinig an t-acht sin i bhfeidhm an 1 Márta 2023.

**Fíor 18.1 Fógraí cinnidh maoinithe ón Aire Sláinte do FSS, bliain airgeadais 2022**

| Dáta na litreach | Athfhillteach (lena n-áirítear luach coinnithe siar)[a] | Athfhillteach (seachas luach coinnithe siar) | Leithdháileadh caipitil |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| 2 Samhain 2021 | 20,683 | 20,519 | 1,045 |
| 15 Meitheamh 2022 | 20,682 | 20,522 | 1,045 |
| 23 Nollaig 2022 | 22,458 | 22,362 | 1,160 |
| 22 Feabhra 2023 | 22,458 | 22,362 | 1,145 |
| 17 Bealtaine 2023[b,c] | N/B[d] | N/B | 1,249 |

Foinse: An Roinn Sláinte

Nótaí:
a Choinnigh an Roinn €164 mhilliún siar chun tionscnaimh shonracha a leagadh amach i litreacha mhí na Samhna 2021 agus mhí an Mheithimh 2022 a mhaoiniú. Áiríodh leis an leithdháileadh athbhreithnithe i litreacha mhí na Nollag 2022 agus mhí Feabhra 2023 €96 mhilliún den mhaoiniú a choinnigh an Roinn roimhe seo.

b Eisíodh litir leasaithe chun maoiniú caipitil tugtha anonn de €104 mhilliún ó 2021 a sainaithníodh le linn an iniúchta ar ráitis airgeadais 2022 FSS a áireamh.

c Bhí toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí ag teastáil don athrú i leithdháileadh caipitil.

d Tugadh faoi deara i litir mhí na Bealtaine 2023 nach raibh aon athrú ar an leithdháileadh athfhillteach glan de €22,458 mhilliún don bhliain.

**18.8** I ndiaidh mhí na Nollag 2022, rinne dhá litir chinnidh eile leasuithe ar na cinntí maoinithe caipitil agus níor athraigh siad an cinneadh athfhillteach. Eisíodh an fógra cinnidh deiridh ar mhaoiniú caipitil an 17 Bealtaine 2023 chun €104 mhilliún de thabhairt ar aghaidh ó 2021 nach n-áirítear i litreacha roimhe sin, a sainaithníodh le linn an iniúchta ar ráitis airgeadais FSS 2022, a áireamh (féach Fíor 18.1).[1] Bhí faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí ag teastáil don athrú sin toisc gur athrú ar an gcinneadh caipitil a bhí ann.

## Tuairisciú airgeadais: maoiniú FSS a thabhairt i gcuntas

### *Ráitis airgeadais FSS*

**18.9** Aithníonn FSS na méideanna cinnte (idir mhéideanna caipitil agus mhéideanna athfhillteacha) ina ráitis airgeadais bhliantúla atá bunaithe ar fhabhruithe mar ioncam deontais Státchiste. Faoin gcóras fabhruithe, aithníonn FSS a ioncam deontais sa bhliain a thuilltear é, is cuma cén uair a íocann an Roinn na cistí.

**18.10** Aithníonn bonn fabhruithe na cuntasaíochta caiteachas FSS nuair a tabhaíodh é, i.e,. nuair a tharla an t-idirbheart bunúsach agus tá oibleagáid ann an dliteanas a urscaoileadh. Is féidir le huainiú na n-eis-sreafaí airgid i leith na n-oibleagáidí a bheith thar thréimhse níos leithne ná an bhliain chuntais, a fhágann go gceanglaítear ar FSS oibleagáidí a tabhaíodh ach atá le híoc fós ag deireadh na bliana a aithint.

**18.11** B'ionann an caiteachas a tabhaíodh agus a cuireadh de mhuirear ar ráiteas ioncaim agus caiteachais FSS do 2022 agus €23.4 billiún. Tar éis ioncam acmhainne dílse agus easnamh na bliana roimhe sin a chur san áireamh, ba é an t-easnamh oibriúcháin a tuairiscíodh don bhliain ná €185 mhilliún.

1 Is féidir teacht ar ráitis airgeadais FSS do 2022 anseo.

### *Féichiúnaí maoinithe deontais á aithint ag FSS*

**18.12** In 2021, bhí glandifríocht de €25 mhilliún ann idir méideanna na litreach cinnidh a d'aithin FSS mar ioncam agus an méid maoinithe a eisíodh ón Vóta. I gcomhréir le prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta fabhraithe, d'aithin FSS féichiúnaí don mhéid sin.

**18.13** Bhí an ghlandifríocht idir na méideanna cinnidh do 2022 agus an maoiniú a tarraingíodh níos suntasaí fós, agus í cothrom le €438 milliún. Mar thoradh air sin, aithníodh féichiúnaí maoinithe deontais de €464 mhilliún i ráiteas an FSS faoin staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022.

### *Cuntas leithreasa an vóta Sláinte*

**18.14** Tuairiscíonn an Roinn de réir an phróisis meastachán i gcuntas leithreasa bliantúil san fhormáid agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a ordaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí. Toisc go bhfuil córas bunaithe ar airgead tirim i bhfeidhm ag na ranna rialtais, íoctar maoiniú deontais agus tugtar cuntas air de réir mar a bhíonn sé dlite. Níl na méideanna nach bhfuil dlite go fóill san áireamh.[1]

**18.15** I gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta atá bunaithe ar airgead tirim le haghaidh cuntas leithreasa, ní aithnítear sa ráiteas faoi staid airgeadais an Vóta go bhfuil aon dliteanas ann do FSS maidir le maoiniú deontais ag deireadh 2022. Mar sin féin, nochtar i nóta leis an gcuntas leithreasa aitheantas FSS d'fhéichiúnaí de €464 mhilliún.

### *Easnamh carntha FSS*

**18.16** Tá easnamh carntha ag an FSS ó bunaíodh í in 2005. Tháinig an t-easnamh tosaigh de €838 milliún chun cinn mar gheall ar chaiteachas údaraithe a thabhaigh na boird sláinte a bhí ann roimhe nár soláthraíodh na deontais airgid dó ó Vóta 38 Sláinte nuair a bunaíodh FSS. Mar sin, cé gur chaith na boird sláinte an t-airgead roimh 2005, tá sé mar chuid den easnamh a thugann FSS anonn gach bliain.

**18.17** Ó 2005 ar aghaidh, tá nithe áirithe tar éis difear a dhéanamh don easnamh sin, lean n-áirítear:

- Gníomhaireachtaí comhchuimsithe FSS a bhí ag iompar easnaimh charntha freisin
- coigeartuithe cuntasaíochta teicniúla, lena n-áirítear fabhrú íocaíochta saoire, agus
- easnaimh a tabhaíodh thar thréimhse roinnt blianta.

Thaifead FSS barrachas suntasach de €200 milliún in 2020, rud a laghdódh an t-easnamh carntha dá gcoimeádfaí é. Mar sin féin, d'ordaigh an tAire do FSS na cistí sin a ghéilleadh.

**18.18** Ag deireadh 2022, bhí easnamh carntha de €1.24 billiún ag FSS le haghaidh caiteachais a tabhaíodh cheana féin, a mbeidh maoiniú ag teastáil uaidh ar deireadh chun freastal ar an dliteanas.

1 Éilítear le *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* go gcaithfidh maoiniú deontais do chomhlacht Stáit i mbliain airgeadais a bheith ceadaithe ag an Oireachtas ar an gcéad dul síos. Léirítear é sin sa bheartas cuntasaíochta, nach gceadaíonn fabhrú maoinithe deontais sa ráiteas faoi staid airgeadais an vóta.

## Grúpa Formhaoirseachta an Bhuiséid Sláinte

**18.19** Bunaíodh Grúpa Formhaoirseachta an Bhuiséid Sláinte (HBOG) in 2019 mar chuid de phlean chun socruithe le haghaidh formhaoirseachta a fheabhsú i gcás caiteachas sláinte. Tá an grúpa faoi chathaoirleacht na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (RCPSPFNA) agus tá sé comhdhéanta d’oifigigh shinsearacha ó RCPSPFNA, ón Roinn Sláinte agus ó FSS. Is é a phríomhchuspóir ná monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chaiteachas sláinte agus ar sholáthar foirne; agus gníomhú mar mheicníocht luathrabhaidh d'aon diallais. Bíonn cruinniú ag an ngrúpa gach mí.

**18.20** I measc na socruithe formhaoirseachta eile tá tuarascálacha míosúla feidhmíochta airgeadais a chuireann an Roinn isteach chun formhaoirseacht níos fearr a dhéanamh ar threochtaí caiteachais agus foirne; agus tuarascálacha ráithiúla caiteachais chun an Rialtas a choinneáil ar an eolas faoi staid iomlán an chaiteachais sláinte. Toisc go ndéanann an Roinn cuntas ar bhonn airgid thirim agus go ndéanann FSS cuntas ar bhonn fabhruithe, tá próifílí airgid ag gabháil leis na tuarascálacha caiteachais atá bunaithe ar fhabhruithe.

**18.21** Sainaithníodh in athbhreithniú RCPSPFNA ar HBOG i mí Eanáir 2023 go leor gnéithe dearfacha maidir le rannpháirtíocht HBOG in 2022.[1] Mar sin féin, fuarthas amach leis freisin go raibh soláthar réamhaisnéisí cuimsitheacha caiteachais don bhliain iomlán an-teoranta agus nár moladh aon bhearta bainistíochta caiteachais don ghrúpa mar fhreagairt do theacht chun cinn brúnna lárnacha lár na bliana. Leis an athbhreithniú, sainaithníodh roinnt gníomhaíochtaí, lena n-áirítear clár oibre don bhliain 2023 agus sainaithint bealaí feabhsaithe chun formhaoirseacht níos éifeachtaí a dhéanamh.

**18.22** Chinn an fhoireann scrúdaithe nach dtaifeadtar i miontuairiscí HBOG aon phlé ar an litir chinnidh mholta i mí na Nollag 2022, ná ar thionchar an mhéid cinnidh atá le cur san áireamh sa litir sula n-eiseofar í. Luaigh RCPSPFNA gur ábhar reachtúil é an litir chinnidh idir an Roinn Sláinte agus FSS, nach mbaineann le HBOG, agus gurb é príomhfhócas HBOG ná bainistiú caiteachais sa bhliain.

**18.23** Luaigh RCPSPFNA freisin, nuair a tháinig sé ar an eolas faoin difríocht idir an méid sa litir chinnidh agus an méid vótáilte i mí an Mhárta 2023, gur ardaigh sé a ábhair imní roinnt uaireanta le HBOG agus mar chuid de rannpháirtíochtaí déthaobhacha ina dhiaidh sin leis an Roinn Sláinte.

## Tuarascáil na hOifige Buiséid Parlaimintí

**18.24** Ceanglaítear ar FSS freagra foirmiúil a thabhairt ar litir chinnidh an Aire gach bliain mar aon le plean seirbhíse náisiúnta mionsonraithe. Leis sin, leagtar amach tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí seachadta seirbhíse FSS don bhliain atá le teacht, agus an méid cinnidh/na méideanna cinnidh á chur/á gcur san áireamh.

**18.25** In 2018, d’fhoilsigh an Oifig Buiséid Pharlaiminteach (PBO) páipéar faisnéise ar an gcaidreamh idir plean seirbhíse náisiúnta FSS agus an Vóta Sláinte.[2] Ba iad seo a leanas conclúidí an pháipéir sin *inter alia*:

- Tá an creat cuntasachta do chaiteachas faoi FSS don Dáil thar a bheith casta agus teicniúil agus chuirfeadh soiléiriú breise le ról maoirseachta na Dála.
- Is é an príomhriachtanas maidir le feabhas a chur ar an gcreat cuntasachta ná cé chomh héasca agus is féidir na taifid feidhmíochta, bhuiséadacha agus

1 *Athbhreithniú: Grúpa Formhaoirseachta an Bhuiséid Sláinte – Eanáir 2023.*

2 *Plean Seirbhíse Náisiúnta FSS agus a Chaidreamh leis an Vóta Sláinte* (Páipéar faisnéise 14 de 2018).

chuntasaíochta éagsúla a d'ullmhaigh FSS agus an Roinn Sláinte a chur i gcomparáid agus/nó a chomhcheangal.

- Is deacair torthaí na n-athruithe i gcuid amháin den chreat a chainníochtú agus a mheas mar gheall ar thuairisciú feidhmíochta agus airgeadais ar bhoinn éagsúla — Is í an phríomhdhifríocht ná an difríocht idir cuntasaíocht atá bunaithe ar fhabhruithe agus cuntasaíocht atá bunaithe ar airgead.
- Chun éifeachtúlacht fhormhaoirseacht na Dála ar an Vóta a mhéadú, ba cheart comhréiteach ar leithdháileadh ioncaim agus caiteachais an phlean seirbhíse náisiúnta leis na haguisíní táscacha a ghabhann leis na *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí* a thíolacadh don Dáil mar chuid dá grinnscrúdú ar na *Meastacháin Athbhreithnithe* don Vóta.
- Is uirlis fhíor-riachtanach don lucht déanta beartas iad sonraí bainistíochta míosúla agus ráithiúla agus tuarascálacha feidhmíochta, agus ba cheart iad a tháirgeadh go rialta.

**18.26** Cé nach bhfuil an leibhéal maoinithe atá le cur ar fáil do FSS — mar a fógraíodh sa litir chinnidh — leagtha amach go leithleach sna Meastacháin Athbhreithnithe, luadh sa pháipéar gur moladh athchóirithe é ailíniú na gclár sa Vóta ó bhí an *Tuarascáil Considine* ann in 2008 ar a laghad.[1] Luadh sa pháipéar ó PBO gurb amhlaidh, in éagmais aon ailínithe den sórt sin, a d'fheabhsódh tuairisciú a réitíonn an caiteachas reatha vótáilte le réimsí seirbhíse an phlean seirbhíse náisiúnta an creat cuntasachta do chaiteachas sláinte.

**18.27** Mar fhreagra ar fhiosrúcháin ar na gníomhartha a rinneadh mar fhreagairt do thorthaí na hOifige Buiséid Parlaimintí, dúirt an Roinn an méid seo a leanas:

- Aithnítear go maith an ceanglas atá ar an gcóras sláinte caiteachas agus cúrsaí buiséadacha a thuairisciú ar bhealach níos trédhearcaí agus níos sorochtana, ach chuir córais oidhreachta tuairiscithe airgeadais FSS agus an chastacht fhoriomlán laistigh den chóras sláinte bac air sin.
- Cé go ndeachaigh an chéad chéim de Chóras Comhtháite Bainistíochta Airgeadais (IFMS) nua FSS beo i mí Iúil 2023, tógfaidh sé roinnt blianta sula mbeidh an córas curtha i bhfeidhm go hiomlán ar fud FSS.
- Bhí sé i gceist an Vóta Sláinte do 2024 a athstruchtúrú de réir línte tuairiscithe feidhmíochta ach b'éigean é sin a chur siar go dtí 2025 chun freastal ar thionchar na réigiún sláinte nua a bhí le tabhairt isteach ó 2025 ar aghaidh.
- Áirítear leis na *Meastacháin Athbhreithnithe* don Vóta Sláinte anois príomhtháscairí feidhmíochta táscacha mionsonraithe breise agus leithdháiltí maoinithe ar réimsí seirbhíse aonair.

**18.28** Thug an Roinn agus FSS araon le fios go bhfuil roinnt línte caiteachais suntasacha ann a léirítear i bhfo-mhírchinn leithleacha i Vóta na Roinne; agus ar a soláthraíonn FSS sonraí don Roinn. Luaigh an Roinn go bhfuil sí i dteagmháil le FSS chun breathnú ar conas níos mó soiléireachta a bhaint amach maidir le plean seirbhíse náisiúnta FSS a nascadh leis na *Meastacháin Athbhreithnithe.*

**18.29** Luaigh FSS freisin go gcuirfidh an IFMS, le himeacht ama, go dearfach leis an bpróiseas tuairiscithe.

1 *Staidéar ar shaincheisteanna cuntasaíochta ar leith a bhaineann le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS),* Meán Fómhair 2008.

## Tuairimí na nOifigeach Cuntasaíochta

### *An Roinn Sláinte*

**18.30** Tá caidreamh leanúnach ag an Roinn le FSS agus le RCPSPFNA maidir le tuairisciú airgeadais ó FSS, lena chinntiú go dtugtar cuntas ceart ar airgead vótáilte agus go dtugtar an leibhéal ceart iniúchta dó. Leanfaidh an Roinn lena cuid oibre chun na próisis sin a fheabhsú.

### *FSS*

**18.31** Oibríonn FSS go dlúth leis an Roinn ar thimthriall tuairiscithe comhaontaithe, lasmuigh de struchtúr HBOG, chun faisnéis airgeadais thráthúil a sholáthar bunaithe ar fheidhmíocht reatha agus riachtanais airgid thirim. I gcaitheamh na tréimhse 2021 go 2022, chloígh FSS leis an socrú tuairiscithe sin formhór an ama; agus sa chás go raibh moilleanna tuairiscithe ann, bhain siad le saincheisteanna sonracha agus cuireadh in iúl go cuí iad. Freisin, le linn 2022, chuir FSS ath-réamhaisnéisí rialta ar fáil agus bhí rannpháirtíocht fhairsing trí na próisis um leibhéal ionchais seirbhíse agus um an bplean seirbhíse náisiúnta.

### *An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe*

**18.32** Cuimsítear leis an bpríomhchreat lena rialaítear an próiseas buiséadaithe agus bainistíochta caiteachais, a bhaineann le gach caiteachas poiblí, na meastacháin athbhreithnithe, na meastacháin fhorlíontacha agus an tAcht Leithreasa, a ndéanann an tOireachtas vótáil orthu ar fad. Is ábhar do Bhord FSS ráitis airgeadais bhliantúla FSS agus is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne atá freagrach as cuntas leithreasa na Roinne Sláinte.

**18.33** Tá próisis bhunaithe ann, lena n-áirítear HBOG, lena gcumasaítear rannpháirtíocht láidir idir RCPSPFNA, an Roinn Sláinte agus FSS chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chaiteachas sláinte. Díríonn na próisis sin ar mhonatóireacht agus rialú a dhéanamh ar an gcaiteachas an-suntasach agus an soláthar foirne an-suntasach san earnáil sláinte, agus braitheann siad ar thuairisciú cruinn, tráthúil agus trédhearcach ón Roinn Sláinte

## Conclúidí

**18.34** Faoin Acht Sláinte, 2004 (arna leasú), cinneann an tAire Sláinte (an tAire) na hacmhainní a bheidh ar fáil do FSS. Tá sé de cheangal ar an Aire toiliú a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí chun an méid maoinithe caipitil a bheidh le cur ar fáil do FSS gach bliain a chinneadh. Mar sin féin, ní cheanglaítear ar an Aire de réir an dlí toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, nó aon aonáin nó próisis eile, a fháil chun maoiniú neamhchaipitil (athfhillteach) FSS a chinneadh, cé go bhfuil sé sin i bhfad níos mó ná an méid maoinithe caipitil.

**18.35** Feidhmíonn na ceanglais reachtaíochta sin a bhíonn ag plé le hacmhainní FSS a chinneadh i gcomhar leis an bpróiseas leithreasaí agus meastachán de réir mar a chuirtear an maoiniú do FSS trí Vóta 38 Sláinte. Nuair a dhéanann an tOireachtas vótáil air, féadfaidh an Roinn Sláinte (an Roinn) na cistí a aistriú chuig FSS, trí íocaíochtaí deontais ar feadh na bliana de ghnáth.

**18.36** Baineann an Roinn úsáid as córas atá bunaithe ar airgead tirim agus atá i bhfeidhm faoi láthair do na ranna rialtais agus a dhéanann cuntas ar idirbhearta na bliana, san fhormáid agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a ordaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí. Ní thugtar chun cuntais sa chóras sin ach na méideanna a íocadh faoi dheireadh na bliana.

**18.37** Chomh fada le 2021, bhí na deontais a íocadh le FSS ón Vóta Sláinte ailínithe go hiomlán, tríd is tríd, leis an gcinneadh a leag an tAire Sláinte síos.

**18.38** Déanann FSS cuntas ar a ioncam agus ar a caiteachas sa bhliain faoi chóras atá bunaithe ar fhabhruithe. Déantar ioncam a leithdháiltear nó a thuilltear agus caiteachas a tabhaíodh sa bhliain a thabhairt i gcuntas faoin gcóras sin, is cuma cathain a fhaightear nó a íoctar cistí.

**18.39** Aithnítear i ráitis airgeadais FSS don bhliain 2022 an méid athfhillteach iomlán arna chinneadh ag an Aire de bheagnach €22.5 billiún mar chuid dá ioncam don bhliain. Faoi dheireadh na bliana 2022, b'ionann an t-airgead iarbhír a eisíodh ón Vóta Sláinte chuig FSS agus díreach os cionn €22 billiún — €438 milliún níos lú ná an méid a cuireadh ar áireamh i litir chinnidh mhí na Nollag ach ar aon dul go ginearálta le meastacháin fhaofa an Oireachtais.

**18.40** Mar thoradh air sin, tá an glanioncam de €438 milliún nár íocadh le FSS faoi dheireadh na bliana 2022 ar áireamh mar fhéichiúnaí i ráitis airgeadais FSS do 2022. Is ionann an féichiúnaí iomlán atá aitheanta ag FSS agus €464 mhilliún, lena n-áirítear €25 mhilliún atá dlite i leith 2021.

**18.41** Ní chuimsíonn ráiteas faoi staid airgeadais an Vóta Sláinte an dliteanas sin, ag teacht le forálacha dlíthiúla maidir le leithreasú bliantúil an Oireachtais ar mhaoiniú vótáilte.

**18.42** B'ionann an caiteachas a tabhaíodh agus a cuireadh de mhuirear ar ráitis airgeadais FSS agus €23.4 billiún. Tar éis ioncam acmhainne dílse agus easnamh na bliana roimhe sin a chur san áireamh, ba é an t-easnamh oibriúcháin don bhliain ná €185 mhilliún.

**18.43** Ag deireadh 2022, b'ionann easnamh carntha FSS agus €1.24 billiún — €838 milliún de a fuair sé le hoidhreacht nuair a bunaíodh é le haghaidh caiteachas údaraithe arna thabhú ag na boird sláinte a bhí ann roimhe. I ndeireadh na dála, beidh maoiniú ag teastáil ó FSS chun freastal ar an dliteanas mar go bhfuil an caiteachas tabhaithe cheana féin.

**18.44** In ainneoin leibhéal an idirchaidrimh idir RCPSPFNA, an Roinn agus FSS, trí bhíthin chruinnithe HBOG go háirithe, ní raibh sé ar eolas ag RCPSPFNA go dtí mí an Mhárta 2023 gur sháraigh an leithdháileadh do 2022 a leagadh amach sa litir chinnidh chuig FSS an méid a d'fhormheas an tOireachtas.

**18.45** Tá ailíniú níos fearr idir plean seirbhíse náisiúnta FSS agus an Vóta Sláinte ina mholadh le haghaidh athchóirithe ó foilsíodh *Tuarascáil Considine* in 2008. Mhol PBO freisin feabhsuithe agus ailíniú níos fearr ar na córais bhuiséadaithe agus tuairiscithe in 2018.

**18.46** Bhí tionchar go dtí seo ag córais oidhreachta tuairiscithe airgeadais FSS agus ag castacht fhoriomlán an chórais sláinte ar thuairisciú caiteachais agus ar chúrsaí buiséid ar bhealach níos trédhearcaí agus níos sorochtana. Táthar ag súil go gcuirfear feabhas ar an bpróiseas tuairiscithe le rolladh amach an Chórais Chomhtháite Bainistíochta Chomhtháite nua de chuid FSS.

**18.47** Cé go bhfuil an córas comhtháite á chur i bhfeidhm, tá athbhreithniú ar struchtúr an Vóta á phleanáil do mheastachán 2025 chun ailíniú níos fearr a bhaint amach idir plean seirbhíse náisiúnta FSS agus an Vóta Sláinte.

# 19 An Ciste Náisiúnta Oiliúna

**19.1** Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Oiliúna (NTF) leis an Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000 (an tAcht), mar chiste tiomnaithe chun tacú le hoiliúint a dhíríonn ar an bhfostaíocht. Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (an Roinn) freagrach as acmhainní an chiste a bhainistiú agus a úsáid, agus as an tuairisciú airgeadais bliantúil gaolmhar.

**19.2** Foráiltear in alt 7 den Acht go bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh as an gciste i leith scéimeanna a bhunaítear chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- scileanna na ndaoine atá fostaithe faoi láthair a ardú
- oiliúint a chur ar fáil do dhaoine ar mian leo scileanna a fhoghlaim chun dul i mbun fostaíochta, nó
- faisnéis a sholáthar maidir le riachtanais reatha, nó riachtanais ar dóigh go dteastóidh siad amach anseo, le haghaidh scileanna sa gheilleagar.

**19.3** Maoinítear an Ciste Náisiúnta Oiliúna trí thobhach ar fhostóirí a bhailítear trí árachas sóisialach pá-choibhneasa (ÁSPC). B'ionann ioncam an chiste in 2022 agus €951 mhilliún, agus bhí barrachas €269 milliún ann don bhliain. Faoi dheireadh 2022, bhí barrachas €1.372 billiún carntha sa chiste.

**19.4** Rinneadh an scrúdú sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na tosca is cúis leis an mbarrachas carntha, agus ar an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le cur chun feidhme na moltaí chun an Ciste Náisiúnta Oiliúna a athchóiriú.[1]

## An Ciste Náisiúnta Oiliúna a mhaoiniú

**19.5** Foráiltear san Acht do mhaoiniú an Chiste Náisiúnta Oiliúna trí thobhach a ghearradh ar fhostóirí i ndáil le fostaithe áirithe. Tá an tobhach socraithe faoi láthair ag ráta 1% de thuilleamh ináirithe i ndáil le fostaithe i bhfostaíochtaí ÁSPC d'Aicme A agus d'Aicme H lena mbaineann thart ar 75% de na fostaithe árachaithe go léir. Is iad na fostóirí a íocann an tobhach, i.e., ní asbhaintear as ioncam comhlán na bhfostaithe é.

**19.6** Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim an tobhach mar chuid den chóras bailithe ÁSPC agus tarchuirtear é i dteannta na bhfáltas ÁSPC chuig an gCiste Árachais Shóisialaigh (SIF) a mbainistíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) é. Gach bliain, déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí anailís staidrimh ar na sonraí bailithe ÁSPC chun na fáltais a chionroinnt idir an Ciste Árachais Shóisialaigh agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna.

**19.7** Tá méadú suntasach tagtha ar ioncam a leithdháiltear ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna le blianta beaga anuas (féach Fíor 19.1). Bhí ioncam an Chiste Náisiúnta Oiliúna in 2022 (€951 mhilliún) níos mó ná dhá oiread an mhéid a tuairiscíodh in 2017 (€436 mhilliún). Tá an méadú sin mar thoradh ar thionchair an lín níos airde daoine i bhfostaíocht, na méaduithe ar thuilleamh ináirithe agus na méaduithe ar an ráta tobhaigh le chéile.

**19.8** Is gnách go mbíonn ioncam an chiste comh-thimthriallach, ag méadú le linn tréimhsí ardfhostaíochta agus ag laghdú nuair a thiteann na leibhéil fostaíochta. Leis an méadú ar an líon fostaithe sa Stát, méadaítear an bonn ioncaim ar a bhféadfar an tobhach a ghearradh. Bhí 490,000 níos mó daoine fostaithe in 2022 ná mar a bhí in 2015, arbh ionann é agus méadú 24%.

1 Rinneadh athbhreithniú ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna in 2018 agus, in 2019, d'fhoilsigh an Roinn plean cur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na 14 mholadh a rinneadh san athbhreithniú.

**Fíor 19.1 Ioncam NTF agus an líon daoine a bhí fostaithe, 2015 go 2022**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Suirbhé ar an Lucht Oibre. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Léirítear an líon daoine a bhí fostaithe ar an leibhéal náisiúnta chun comhthéacs a sholáthar. Baineann an tobhach NTF le tuilleamh ináirithe fostaithe ÁSPC d'Aicme A agus d'Aicme H, a mheastar a bheith cothrom le 75% de na fostaithe árachaithe go léir.

### *Méaduithe ar an ráta tobhaigh*

**19.9** In 2016, sholáthair an Sainghrúpa um Maoiniú don Ardoideachas Amach Anseo tuarascáil (tuarascáil Cassells) ina ndearnadh iniúchadh ar mhaoiniú inbhuanaithe fadtéarmach an ardoideachais.[1] Mhol an Grúpa go ndéanfaí méadú ar phríomh-mhaoiniú na hearnála ardoideachais go €600 milliún in 2021, ag ardú go €1 billiún in 2030. Mhol sé freisin go méadófaí an ráta tobhaigh NTF mar mhodh chun go ndéanfaidh fostóirí ranníocaíocht i gcomhair an mhéadaithe ar mhaoiniú an ardoideachais.

**19.10** Mar chuid den phróiseas buiséadach bliantúil, méadaíodh ráta an tobhaigh faoi 0.1% in aghaidh na bliana i ngach bliain de na blianta 2018 go 2020, ó ráta bonnlíne 0.7% in 2017 (féach Fíor 19.2). Is ionann é sin agus méadú 42% idir an ráta tobhaigh a cuireadh i bhfeidhm in 2017 agus an ráta tobhaigh a cuireadh i bhfeidhm ó 2020 ar aghaidh.[2]

**Fíor 19.2 Ráta an tobhaigh a gearradh ar thuilleamh ináirithe (fostaithe ÁSPC d'Aicme A agus d'Aicme H), 2017 go 2020**

| Bliain | Ráta an tobhaigh |
|---|---|
| 2020 agus ina dhiaidh sin | 1.0% |
| 2019 | 0.9% |
| 2018 | 0.8% |
| 2000 go 2017 san áireamh | 0.7% |

Foinse: An tAcht um Chiste Náisiúnta Oiliúna. 2000, agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, 2017 go 2019. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Foilsíodh *Investing in national ambition: a strategy for funding higher education*, i mhí an Mhárta 2016.

2 Cuireadh na méaduithe ráta chun feidhme trí na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, 2017 go 2019.

## Scéimeanna arna maoiniú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna

**19.11** Is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a leithdháileann an maoiniú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, de réir fhorálacha an Achta. Cinntear an leithdháileadh go ginearálta mar chuid den phróiseas meastachán bliantúil. Níl an Ciste Náisiúnta Oiliúna ina chuid de vóta na Roinne ach cuirtear i láthair é mar iarscríbhinn leis na meastacháin fhoilsithe.[1]

**19.12** Is féidir raon leathan cineálacha scéimeanna a mhaoiniú faoi théarmaí an Achta. Tá sé beartaithe leis sin solúbthacht maidir le freagairt do dhálaí eacnamaíocha agus an mhargaidh saothair a éascú. Déantar caiteachas ón gCiste Náisiúnta Oiliúna a chatagóiriú go príomha mar seo a leanas: caiteachas chun tacú le daoine atá i bhfostaíocht; agus caiteachas chun tacú le daoine atá ag lorg fostaíochta.[2] Sa chleachtas, leithdháiltear maoiniú NTF go ginearálta mar fhreagra ar athruithe ar na rátaí dífhostaíochta (féach Fíor 19.3).

**19.13** Maoinítear cláir oiliúna ón gCiste Náisiúnta Oiliúna trí roinnt comhlachtaí is deontaithe. Is iad an tÚdarás um Ard-Oideachas agus SOLAS príomhfhaighteoirí mhaoiniú NTF le blianta beaga anuas, agus baineann níos na 90% de na leithdháiltí bliantúla leo. Áirítear leis an maoiniú sin an costas a bhaineann le printíseachtaí/cúrsaí oiliúna a sholáthar, liúntais oiliúna a íoctar le printísigh (agus cláir eile dá bhfaightear maoiniú ó NTF laistigh de SOLAS), soláthar ardoideachais a dhírítear ar fhiontair agus an ‘tionscnamh caipitil dhaonna’ (féach Iarscríbhinn 19A).

**Fíor 19.3 Leithdháileadh caiteachais NTF agus ráta dífhostaíochta, 2002 go 2022**




Foinse: Cuntais airgeadais NTF, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Suirbhé ar an Lucht Oibre. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Agus na meastacháin agus na tuairiscí maidir le caiteachas vótáilte á gcur i láthair, cuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta , agus Athchóirithe (DPENDPDR) an Ciste Árachais Shóisialaigh agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna san áireamh san ollchaiteachas vótáilte iomlán de ghnáth. Ní leithreasaí vótáilte iad seo, ach tá DPENDPDR den tuairim go dtugtar léargas níos cruinne ar chaiteachas iomlán an Rialtais má chuirtear san áireamh.

2 Leithdháiltear méid beag maoiniúcháin freisin i gcomhair taighde ar sholáthar scileanna.

**Fíor 19.4 Caiteachas NTF in aghaidh an deontaí, 2015 go 2022**




Foinse: Ráitis airgeadais bhliantúla NTF, 2015 go 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**19.14** Tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar an gcaiteachas a leithdháiltear ón gCiste Náisiúnta Oiliúna sa tréimhse 2017 go 2022 (féach Fíor 19.4). Tá méadú tagtha ar an maoiniú bliantúil a leithdháiltear ar an Údarás um Ard-Oideachas ó 10% de chaiteachas bliantúil NTF in 2017 (€37 milliún) go breis agus 46% in 2022 (€314 mhilliún). Léirítear leis sin an cinneadh a rinneadh ioncam breise ó mhéaduithe ar rátaí tobhaigh a úsáid chun maoiniú suntasach a sholáthar don earnáil ardoideachais.

### *Monatóireacht agus formhaoirseacht ar dheontaithe*

**19.15** De réir an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, ceanglaítear ar an Roinn comhaontú maoirseachta agus comhaontú soláthair feidhmíochta a bheith i bhfeidhm aici le comhlachtaí stáit atá faoina coimirce. Déantar comparáid i bh Fíor 19.5 idir na socruithe formhaoirseachta agus tuairiscithe atá i bhfeidhm leis na trí phríomhfhaighteoir a fuair maoiniú NTF.

**19.16** Comhlánaíonn (na deontaithe) athbhreithnithe deireadh bliana ar fhoirm chaighdeánaithe. Cuimsítear i ngach ceann díobh faisnéis faoi chuspóir na dtionscnamh maoinithe, achoimre ar an gcaiteachas pleanáilte agus ar an gcaiteachas iarbhír agus dearbhú go mbaineann an méid seo a leanas leis an deontaí NTF

- chloígh sé nó sí leis na coinníollacha a shanntar do leithdháileadh an mhaoinithe ón NTF agus
- d'úsáid sé nó sí na cistí de réir fhorálacha an Achta.

**Fíor 19.5 Monatóireacht agus formhaoirseacht ar dheontaithe do 2022**

| Deontaí | Leithdháilte €000 | An dtagraíonn an comhaontú formhaoirseachta don NTF? | Sásra tuairiscithe le haghaidh maoiniú NTF |
|---|---|---|---|
| An tÚdarás um Ardoideachas | 313,591 | Ní thagraíonn | Athbhreithniú deireadh bliana maidir le gach clár a mhaoinítear tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna |
| SOLAS | 299,281 | Tagraíonn | Gan aon tuairisciú díreach ar chláir a mhaoinítear ón gCiste Náisiúnta Oiliúna<br>Tagairtí don Chiste Náisiúnta Oiliúna curtha san áireamh i dtuarascáil bhliantúil fhoilsithe SOLAS |
| Skillnet Ireland | 51,155 | Tagraíonn | Tuairisciú comhdhlúite athbhreithnithe deireadh bliana ar spriocanna arna leagan amach sa chomhaontú soláthair feidhmíochta. |

Foinse: An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**19.17** D'aimsíomar easpa comhsheasmhachta sna sásraí formhaoirseachta agus tuairiscithe atá i bhfeidhm do na comhlachtaí a fhaigheann maoiniú NTF, áfach.

- Roimh 2023, níor thagair na comhaontuithe maoirseachta bliantúla agus na comhaontuithe soláthair feidhmíochta a bhí i bhfeidhm idir an Roinn agus an tÚdarás um Ard-Oideachas go sonrach do mhaoiniú NTF, in ainneoin go bhfuair an tÚdarás um Ard-Oideachas os cionn €1 billiún ón gCiste Náisiúnta Oiliúna ó bhí 2019 ann. Mar sin féin, tugadh isteach tagairtí NTF i gcomhaontuithe 2023. Dúirt an Roinn go ndéantar tagairt i gcomhaontú soláthair feidhmíochta 2023 leis an Údarás um Ard-Oideachas do riar cistí ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, agus do spriocanna a bhaineann leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna.
- Chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas athbhreithniú deireadh bliana ar leith ar fáil do gach clár a mhaoinítear ón gCiste Náisiúnta Oiliúna. Toisc nach raibh aon tagairt do tháscairí feidhmíochta NTF nó spriocanna gaolmhara sa chomhaontú soláthair feidhmíochta idir an Roinn agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (roimh chomhaontú 2023), áfach, tá sé deacair an soláthar tuairiscithe don bhliain a mheas.
- Ní dhéanann SOLAS athbhreithnithe deireadh bliana chun tuairisc a thabhairt don Roinn maidir le húsáid na gcistí ón gCiste Náisiúnta Oiliúna. Ina ionad sin, braitheann an Roinn ar a monatóireacht mhíosúil ar tharraingtí anuas maoinithe SOLAS agus ar fhaisnéis arna foilsiú ag SOLAS ina chuntais bhliantúla chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na gcistí ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.

**19.18** Faigheann SOLAS meascán de mhaoiniú ón Státchiste agus de mhaoiniú NTF. Ní féidir a shainaithint go héasca ó thuarascáil bhliantúil SOLAS conas a leithdháileadh maoiniú NTF ina gcláir ar fad. Dúirt an Roinn go ndéantar monatóireacht ar an gcaiteachas a leithdháiltear ar SOLAS trí dhlúthchaidreamh leanúnach oibre na Roinne le SOLAS.

**19.19** Ní dhéanann SOLAS dearbhú sainráite gur cuireadh na cistí NTF i bhfeidhm do na húsáidí a bhí beartaithe dóibh. Leagtar amach sa chomhaontú formhaoirseachta atá i bhfeidhm le SOLAS, don tréimhse 2022-2025, freagracht SOLAS as maoiniú NTF a bhainistiú i gcomhréir le ceanglais bheartas reatha an Chiste Náisiúnta Oiliúna. Shonraigh an Roinn go rachadh sí i dteagmháil le SOLAS lena chinntiú go n-áireofar deimhniú dearbhaithe maidir le caiteachas NTF i dtuarascálacha bliantúla a sholáthróidh SOLAS amach anseo.

## Barrachas NTF

**19.20** I dtréimhse oibríochta an chiste, tuairiscíodh barrachas ioncaim thar chaiteachas i ngach bliain seachas ceithre bliana. Ba í an bhliain 2014 an bhliain dheireanach a bhí an caiteachas níos mó ná an t-ioncam, tráth a tuairiscíodh easnamh de €7.9 milliún (féach Iarscríbhinn 19B).

**19.21** Mar a léirítear i bhFíor 19.6, tá barrachas carntha deireadh bliana de €1.37 billiún in 2022 níos mó ná seacht n-uaire níos mó ná mar a taifeadadh in 2015 (€184 mhilliún). Tá méadú tagtha ar ioncam níos tapúla ná mar atá ar chaiteachas, agus faoi 2022 bhí caiteachas comhionann le 72% díreach den ioncam bliantúil. Dúirt an Roinn go bhfuil sé tuartha go leanfaidh an barrachas ag fás go €1.5 billiún ag deireadh 2023 agus go bhféadfadh sé fás go €2 billiún faoi 2025, bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha.

**19.22** Tá gá le leibhéal stuama cúlchistí sa Chiste Náisiúnta Oiliúna chun cosaint ar neamhchinnteachtaí an timthrialla eacnamaíoch agus chun a áirithiú go mbeidh dóthain acmhainní ar fáil chun cláir a sholáthair nuair is gá. Bheadh go leor i leibhéal barrachais de bheagnach €1.4 billiún ag deireadh na bliana 2022, áfach, chun caiteachas iomlán 2022 a mhaoiniú faoi dhó, agus tá sé níos mó ná an méid a theastaíonn le haghaidh cúlchiste stuama.

**Fíor 19.6 Ioncam, caiteachas agus barrachas carntha NTF 2015 go 2022**




Foinse: Ráitis airgeadais bhliantúla NTF, 2015 go 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**19.23** Ceanglaítear leis an Acht gur cheart airgead atá chun creidmheasa don chiste, nach bhfuil ag teastáil chun freastal ar an gcaiteachas reatha, a choinneáil i gcuntas infheistíochta an chiste.[1] Ag an 31 Nollaig 2022, tugadh an barrachas carntha ar iasacht do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (trí cheannach nótaí Státchiste). Leis an iasachtú gearrthéarmach sin, coinnítear leachtacht an chiste ar bun agus íoslaghdaítear nochtadh riosca na sócmhainní.

**19.24** Tugtar comparáid i Fíor 19.7 idir ioncam agus caiteachas réamh-mheasta NTF (de réir na meastachán tosaigh) agus an toradh iarbhír le blianta beaga anuas. Go dtí 2019, bhí an leibhéal barrachais a baineadh amach ag teacht den chuid ba mhó leis an leibhéal a bhí beartaithe. Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar ioncam a bailíodh mar gheall ar laghdú ar an líon fostaithe, agus ar chaiteachas mar gheall ar laghdú ar áiteanna oiliúna i bpearsa arna maoiniú.

**19.25** In 2021 agus 2022 araon, sháraigh ioncam na leibhéil réamhaisnéise, agus bhí an caiteachas ní b'ísle ná mar a bhí measta. Níl fadhb ar bith ag baint leis an maoiniú breise, ach baineann fadhb leis an easnamh sa soláthar pleanáilte oiliúna.

**19.26** Admhaíonn an Roinn go bhfuil an leibhéal reatha barrachais carntha os cionn an leibhéil a theastaíonn chun maoiniú clár a choinneáil ar bun i dtréimhse meathlaithe eacnamaíoch. Ina theannta sin, ghlac sí leis nach bhfuil an méadú leanúnach ar bharrachas ina staid inbhuanaithe. Chuir sí tograí chun cinn maidir leis an gcaiteachas a mhéadú trí phróisis na meastachán bliantúil. Mar chuid de phróiseas 2024, chuir an Roinn plean isteach chuig an rialtas chun caiteachas NTF a mhéadú trí thionscnaimh oiliúna a dhírítear ar riachtanais scileanna amach anseo agus ar mhaoiniú níos fairsinge don earnáil ardoideachais.

**Fíor 19.7 Ioncam, caiteachas agus barrachas réamhaisnéise agus iarbhír, 2015 – 2022**




Foinse: Ráitis airgeadais bhliantúla NTF, 2015 go 2022, agus Meastacháin le haghaidh na Seirbhísí Poiblí, 2015 go 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Déanann an tAire Airgeadais cuntas infheistíochta an Chiste a bhainistiú agus a rialú.

### *An barrachas a chaitheamh*

**19.27** Tá caiteachas measta NTF san áireamh laistigh d'uasteorainn chaiteachais na Roinne, agus déantar é a thuairisciú mar chuid de chaiteachas iomlán an rialtais. In 2022, b'ionann caiteachas réamh-mheasta NTF agus €765 mhilliún. B'ionann é sin agus 25% d'uasteorainn phríomhchaiteachais na Roinne le haghaidh 2022, agus thart ar 1% de phríomhchaiteachas an rialtais a bhí réamh-mheasta don bhliain sin.[1]

**19.28** Le leibhéil mhéadaithe chaiteachais arna maoiniú ó bharrachas carntha NTF, mhéadófaí caiteachas na Roinne agus, dá réir sin, mhéadófaí caiteachas iomlán an rialtais, mura ndéanfaí é a fhritháireamh le laghdú ar chaiteachas in áiteanna eile. Dá bhrí sin, ní mór pleananna chun barrachas NTF a chaitheamh a bhreithniú i gcomhthéacs bheartas buiséadach agus rialacha fioscacha an Aontais Eorpaigh.[2,3]

## Athchóiriú ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna

**19.29** Mar chuid de chinneadh an Rialtais an ráta tobhaigh a mhéadú, tugadh gealltanas go ndéanfaí athchóiriú ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna. In 2017, chuir an Roinn tús le próiseas comhairliúcháin le fostóirí agus, ina dhiaidh sin, choimisiúnaigh sí athbhreithniú neamhspleách ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna (athbhreithniú 2018).

**19.30** Rinneadh iniúchadh in athbhreithniú 2018 ar oibriú reatha NTF agus leagadh béim ann ar cheithre phríomhréimse athchóirithe (féach Fíor 19.8). Rinneadh 14 mholadh mhionsonraithe thar na ceithre réimse sin san athbhreithniú. Leagtar amach in Iarscríbhinn 19C stádas reatha gach ceann de na moltaí.

**Fíor 19.8 Amlíne na n-athchóirithe atá beartaithe**

| Bliain | Tuarascáil / imeacht | Athchóirithe arna moladh |
|---|---|---|
| **2016** | *Investing in National Ambition* (Tuarascáil Cassells) | Raon feidhme an Chiste Náisiúnta Oiliúna a leathnú chun tacaíocht níos fearr do chláir ardoideachais a chuimsiú ann.<br>An tobhach a mhéadú chun tacú leis sin. |
| **2017** | Próiseas comhairliúcháin fostóirí | Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna.<br>Caiteachas breise agus athfhócasaithe a chur ar chláir a bhaineann le fostóirí.<br>An Ciste Náisiúnta Oiliúna a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais fostóirí.<br>Samhlacha nua um maoiniú san ardoideachas agus breisoideachas agus san oiliúint ina gcuimsítear comhaontuithe feidhmíochta a bheidh ailínithe le tosaíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. |
| **2018** | *Athbhreithniú ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna* | Leasú ar threo an Chiste Náisiúnta Oiliúna amach anseo.<br>Leas a bhaint as an gCiste Náisiúnta Oiliúna chun tacú le hinfheistíocht san ardoideachas.<br>Feabhas a chur ar rannpháirtíocht fiontar agus ar an ionchur i dtosaíochtaí an Chiste Náisiúnta Oiliúna.<br>Feabhas déanta ar an monatóireacht/meastóireacht a dhéantar ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Bunaithe ar réamhaisnéisí arna leagan amach i meastacháin athbhreithnithe 2022 agus i dtuarascáil caiteachais buiséid 2022.

2 Is é an beartas buiséadach reatha de réir *Ráiteas Eacnamaíoch an tSamhraidh, Iúil 2023*, ná an fás ar leibhéil chaiteachais an rialtais (idir 2023 agus 2024) a theorannú go 6.1%.

3 Áirítear le rialacha fioscacha an Aontais Eorpaigh faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis riail um thagarmharcáil caiteachais ina bhfuil an ráta fáis ar chaiteachas an rialtais ag ráta um fhás eacnamaíoch ionchasach meántéarmach tíre nó faoi bhun ráta um fhás eacnamaíoch ionchasach meántéarmach tíre.

**19.31** Tar éis athbhreithniú 2018 a fhoilsiú, forbraíodh agus foilsíodh plean cur chun feidhme. Ba é ab aidhm leis an amlíne a leagadh amach sa phlean ná aghaidh a thabhairt ar mhórchuid na moltaí in 2018 agus 2019, i dtreo is go mbeadh gach athchóiriú comhaontaithe curtha i bhfeidhm roimh chinntí caiteachais na bliana 2020 a dhéanamh. Bhí sé sin ag teacht leis an méadú ar an ráta tobhaigh a chur i bhfeidhm go hiomlán.

**19.32** Fuarthas amach sa scrúdú go bhfuil fianaise ann i dtrí cinn de na ceithre phríomhréimse go bhfuil na hathchóirithe a bhí beartaithe curtha i gcrích.

- Dhírigh na moltaí ar threo NTF amach anseo, agus baineadh leas as an gciste chun infheistíocht a dhéanamh san ardoideachas, agus leanfar den nós sin tríd an bpróiseas meastachán bliantúil agus trí leithdháileadh caiteachais ón gciste.
- Tá feabhas curtha ar rannpháirtíocht fiontar agus tuairimí lucht fiontar a chur san áireamh i dtosaíochtaí an NTF. Cuireadh grúpa comhairleach NTF ar bun in 2018, agus ionadaí thar ceann na bhfostóirí mar chathaoirleach air. Roinntear tuairimí an ghrúpa chomhairligh NTF mar chuid den phróiseas meastachán trí bhíthin nóta comhairle a eisítear chuig an Roinn.

**19.33** Fós féin, díríodh leis na moltaí ar an bpríomh-athchóiriú deiridh — is é sin, feabhas a chur ar an monatóireacht agus an meastóireacht a dhéantar ar NTF — agus níl dul chun cinn déanta ina leith de réir na n-amlínte a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme. Dúirt an Roinn go bhfuil na nithe seo idir lámha go fóill.

### *Feidhmíocht NTF a thomhas*

**19.34** Ó 2018 i leith, tá sé de nós ag an Roinn tuarascáil bhliantúil a chur le chéile ina leagtar amach na leithdháiltí caiteachais, na spriocanna agus na táscairí do gach clár a fhaigheann cistiú ó NTF. Baineann na spriocanna agus na táscairí a chuirtear ar áireamh i dtuarascálacha bliantúla NTF le leibhéil ionchuir agus gníomhaíochta a thomhas. Mar shampla, mar chuid de na tuarascálacha, tugtar faisnéis faoi chaiteachas iarbhír i gcomparáid le caiteachas measta, agus líon iarbhír na n-áiteanna ar scéimeanna ar ghlac daoine leo /ar chláraigh daoine lena n-aghaidh i gcomparáid le huimhreacha spriocdhírithe.

**19.35** Luadh in athbhreithniú 2018 go raibh slata tomhais feidhmíochta de dhíth le go mbeadh bonn fianaise ann chun bonn eolais a chur faoi bheartú tosaíochta chaiteachais NTF. Moladh san athbhreithniú freisin gur cheart slata tomhais a dhíriú ní hamháin ar leibhéil ghníomhaíochta, ach ar thorthaí agus ar thionchair chomh maith. I measc na gcineálacha méadrachta a moladh bhí

- ráta dul chun cinn i measc oiliúnaithe post a fháil
- minicíocht na socrúchán fostaíochta
- torthaí maidir le dul chun cinn san oideachas
- deimhniú nó cáilíochtaí arna bhaint nó arna mbaint amach ag oiliúnaithe mar chuid d'oiliúint chistithe
- ráta críochnaithe cúrsaí oiliúna.

**19.36** I measc na ngníomhartha a comhaontaíodh i ndiaidh athbhreithniú 2018, beartaíodh tuarascáil mheastóireachta NTF a fhoilsiú ar bhonn bliantúil ó 2020 ar aghaidh le gur féidir cur chuige spriocbhunaithe a ghlacadh i leith cláir a chistiú. Níor cuireadh é sin i ngníomh go fóill.

**19.37** Tá meastóireacht fhoirmiúil idir lámha go fóill nó tá sí críochnaithe i gcás roinnt clár cistithe ag NTF. É sin ráite, is iad na deontaithe a choimisiúnaíonn na hathbhreithnithe meastóireachta sin. Ní raibh baint ar bith ag an Roinn le roghnú na gclár le hathbhreithniú a dhéanamh orthu, agus níl lámh aige sa phróiseas meastóireachta. Tá ráite ag an Roinn go ndéanann sí athbhreithniú ar thorthaí agus moltaí na meastóireachtaí agus go ndéanann sí aon saincheist bheartais a eascraíonn astu a mheas.

## Conclúidí agus moltaí

**19.38** Tá méadú tagtha ar ioncam NTF le blianta beaga anuas as siocair níos mó daoine a bheith fostaithe, méaduithe ar an ráta tobhaigh agus ioncaim ag dul i méid. Méadaíodh an ráta tobhaigh le linn na tréimhse 2018-2020 ach, maidir leis na hathchóirithe a bhí beartaithe a dhéanamh in éineacht leis sin, thóg sé níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil chun iad a chur i bhfeidhm.

**19.39** Maidir le cistiú NTF a leithdháiltear ar earnáil an ardoideachais trí bhíthin an Údaráis um Ard-Oideachas, tháinig méadú faoi dheich air le blianta beaga anuas. É sin ráite, ní raibh táscairí feidhmíochta bainteach leis an NTF, ná spriocanna gaolmhara, le sonrú sa chomhaontú formhaoirseachta agus sa chomhaontú soláthair feidhmíochta atá i bhfeidhm leis an Údarás um Ard-Oideachas.

**19.40** Rud eile de, faigheann SOLAS sciar suntasach de chistiú NTF gach bliain (44% in 2022), ach níl aon phróiseas tuairiscithe i bhfeidhm idir an Roinn agus SOLAS maidir leis an úsáid a bhaintear as cistí NTF.

### Moladh 19.1

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe soláthair feidhmíochta atá i bhfeidhm le gach ceann de dheontaithe NTF chun a chinntiú go bhfuil spriocanna NTF sonracha curtha san áireamh acu. Ba cheart don Roinn deimhin a dhéanamh de go bhfuil nasc tuairiscithe soiléir ann idir athbhreithnithe deireadh bliana agus na spriocanna a comhaontaíodh sna comhaontuithe soláthair feidhmíochta.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Comhaontaítear.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar na comhaontuithe soláthair feidhmíochta atá i bhfeidhm le comhlachtaí ata faoina coimirce — SOLAS, Skillnet Ireland agus na comhaontuithe seirbhíse le deontaithe NTF eile.

#### Amlíne don chur chun feidhme

Ráithe 1 2024

**19.41** Tá barrachas carntha ag NTF de €1.372 billiún amhail an 31 Nollaig 2022, suim airgid atá méadaithe go mór ó 2015 i leith. Tá an Roinn á thuar go leanfaidh an barrachas ag méadú go fóill.

**19.42** Admhaíonn an Roinn go bhfuil an barrachas carntha iomarcach i gcomórtas leis an méid airgid atá de dhíth chun maoiniú clár a choinneáil ag leibhéal sásúil i dtréimhse ina bhfuil meath ag teacht ar an ngeilleagar. Fós féin, seans go gcuirfidh beartais bhuiséadacha agus fhioscacha AE srian ar na pleananna atá beartaithe an barrachas carntha a chaitheamh.

**19.43** Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach seachtrach ar NTF ina ndearnadh roinnt moltaí agus tá formhór na moltaí curtha i bhfeidhm faoin am seo tríd an bpróiseas meastachán bliantúil agus trí leithdháileadh an mhaoinithe. É sin ráite, is beag dul chun cinn atá déanta i dtaobh na moltaí lena ndírítear ar fheabhas a chur ar an monatóireacht agus an meastóireacht a dhéantar ar NTF.

**19.44** Níl cur chuige caighdeánach ná sraith chaighdeánach slat tomhais feidhmíochta ag NTF chun éifeachtacht a fheidhmíochta féin nó feidhmíocht a chuid comhlachtaí is deontaithe a mheas. Maidir leis an méadracht feidhmíochta a úsáideann NTF faoi láthair, tá sí bunaithe ar ionchur nó ar ghníomhaíochtaí agus ní ar thorthaí/ar aschur.

**Moladh 19.2**

Ba cheart do NTF sraith méadrachta caighdeánacha a fhorbairt le cur i gcomórtas lena fheidhmíocht fhoriomlán féin agus feidhmíocht na gcomhlachtaí a fhaigheann cistiú uaidh le gur féidir a gcuid éifeachtachta a mheas. Ba cheart do na cineálacha méadrachta feidhmíochta a fhorbraítear a dhíriú ar éifeachtacht chaiteachas NTF trí thorthaí a thomhas seachas leibhéil ghníomhaíochta i scéimeanna/ cláir agus líon na ndaoine a ghlacann páirt i scéimeanna.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear

Tuigeann an Roinn go bhfuil cineálacha méadrachta feidhmíochta dírithe ar leibhéil ghníomhaíochta faoi láthair, agus nach n-áirítear leo méadracht a thomhaiseann torthaí ó thaobh dul chun cinn de ar bhain rannpháirtithe an chláir amach iad. Mar chuid de chomhchlár taighde na Roinne i gcomhar le ESRI [an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta] don tréimhse 2022-2024, rachaimid i mbun plé lenár gcomhpháirtithe maidir le sraith cineálacha méadrachta a fhorbairt le bheith mar bhonn faoin meastóireacht leanúnach a dhéanfar ar NTF.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Ráithe 3, 2024

**19.45** Rinneadh meastóireacht ar roinnt clár arna gcistiú ag NTF trí bhíthin athbhreithnithe ar choimisiúnaigh na deontaithe féin iad. É sin ráite, ní raibh baint ar bith ag an Roinn maidir leis na cláir a roghnaíodh chun meastóireacht a dhéanamh orthu, agus ní léir cén gníomh, más ann dó, a dhéanfaidh an Roinn tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha meastóireachta.

## Iarscríbhinn 19A Caiteachas an Chiste Náisiúnta Oiliúna, in aghaidh an deontaí 2015 – 2022

| Deontaithe | Cláir/ Scéimeanna | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Oiliúint do dhaoine atá fostaithe** | | | | | | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | ÚAO — Springboard+ | — | — | — | — | 6,888 | 27,550 | 25,113 | 31,050 |
| | UAÓ — Printíseacht | — | 435 | 4,286 | 32,000 | 37,000 | 44,000 | 44,000 | 59,599 |
| SOLAS | Printíseacht | 42,600 | 54,665 | 65,599 | 86,650 | 122,954 | 112,480 | 106,696 | 150,191 |
| | Socrúchán Oibre SOLAS | — | — | — | 1,500 | 2,900 | 2,900 | 2,900 | 2,900 |
| | Fostaí agus FGL[a] | 2,800 | 2,799 | 2,800 | 3,000 | 12,893 | 20,300 | 13,241 | 15,386 |
| Skillnet Ireland | Clár Líonraí Oiliúna | 12,636 | 12,636 | 16,380 | 19,530 | 27,649 | 35,549 | 35,449 | 45,706 |
| GFT Éireann | Deontais oiliúna don lucht tionscail | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| Fiontraíocht Éireann | Deontais oiliúna don lucht tionscail | 3,500 | 3,500 | 3,500 | 3,500 | 3,500 | 3,500 | 3,500 | 3,500 |
| The Wheel | Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha | 375 | 375 | 375 | 375 | 600 | 900 | 1,140 | 1,140 |
| Institiúid Innealtóirí na hÉireann | Fostaí agus FGL | 75 | 75 | 75 | 75 | 250 | 250 | 400 | 400 |
| SPEE[b] | Nuálaíocht maidir le Scileanna Réigiúnacha | — | — | — | 445 | 544 | 292 | 294 | 539 |
| **Oiliúint do dhaoine ar thóir poist** | | | | | | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | Soláthar ardoideachas atá dírithe ar fhiontair | — | — | 5,598 | 37,000 | 120,100 | 177,587 | 148,352 | 152,555 |
| | Springboard | 22,438 | 20,438 | 26,753 | 30,170 | 27,550 | 20,888 | 10,238 | 10,388 |
| | Cúrsa Tiontaithe Scileanna TFC | 5,000 | 7,380 | — | — | — | — | — | — |
| | Tionscnamh um Chaipiteal Daonna | — | — | — | — | — | 46,883 | 60,000 | 60,000 |
| SOLAS | Oiliúint Fostaíochta a Chur ar Dhaoine | 212,008 | 216,266 | 218,489 | 187,738 | 130,485 | 132,626 | 126,996 | 130,174 |
| | SDOG [Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais][c] | 6,000 | 6,000 | — | — | — | — | — | — |
| | Momentum OMSCO [Oideachas Margaidh Saothair & Ciste Oiliúna][d] | 11,800 | 5,100 | 834 | — | — | — | — | — |
| Skillnet Ireland | Cláir Líonraí Oiliúna | 3,564 | 3,564 | 1,820 | 2,170 | 2,351 | 5,449 | 5,449 | 5,449 |
| An Ciste Eorpach um Dhomhandú | An Ciste Eorpach um Dhomhandú | — | 180 | 75 | — | — | — | — | — |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | Deontais Tacaíochta Oiliúna | 3,200 | 2,900 | 2,486 | 2,223 | 2,169 | 1,203 | 1,812 | 2,352 |
| | Oiliúint Fostaíochta Pobail | 4,200 | 4,200 | 4,200 | 4,200 | 4,200 | 3,336 | 3,147 | 3,684 |
| | Clár Socrúcháin Taithí Oibre | — | — | — | — | — | — | 103 | 819 |
| Nithe ilghnéitheacha | Taighde NTF/Nithe ilghnéitheacha | 79 | 5 | 19 | — | — | — | — | — |

| Deontaithe | Cláir/ Scéimeanna | 2015 €000 | 2016 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2019 €000 | 2020 €000 | 2021 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Faisnéis a sholáthar faoi riachtanais scileanna** | | | | | | | | | |
| SOLAS | An tAonad Taighde um Scileanna agus Margadh an tSaothair | 370 | 370 | 480 | 480 | 480 | 580 | 580 | 630 |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 336 | 278 | 343 | 460 | 483 | 448 | 523 | 487 |
| Pleanáil Scileanna agus Plé le Fiontair | Fóraim um Scileanna Réigiúnacha | — | — | — | 845 | 1,047 | 1,154 | 1,201 | 1,349 |
| Nithe ilghnéitheacha | Taighde NTF agus nithe ilghnéitheacha | — | — | — | — | — | 3 | — | — |

Foinse: An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a FGL Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.
b SPEE Pleanáil Scileanna agus Plé le Fiontair.
c SDOG Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais.
d OMSCO Ciste Oideachais agus Oiliúna Margaidh Saothair.

## Iarscríbhinn 19B Ioncam, caiteachas agus barrachas NTF go deireadh 2023

| Bliain | Ioncam | Caiteachas | Barrachas bliantúil/ (easnamh) | Barrachas carntha |
|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m |
| 2001 | 200 | 169 | 31 | 31 |
| 2002 | 241 | 205 | 36 | 68 |
| 2003 | 252 | 234 | 18 | 86 |
| 2004 | 275 | 277 | (1) | 84 |
| 2005 | 330 | 313 | 17 | 101 |
| 2006 | 374 | 353 | 21 | 122 |
| 2007 | 433 | 395 | 39 | 161 |
| 2008 | 419 | 399 | 20 | 181 |
| 2009 | 375 | 366 | 8 | 189 |
| 2010 | 310 | 395 | (85) | 104 |
| 2011 | 400 | 326 | 74 | 178 |
| 2012 | 318 | 341 | (23) | 155 |
| 2013 | 350 | 349 | 1 | 156 |
| 2014 | 339 | 347 | (8) | 148 |
| 2015 | 370 | 334 | 36 | 184 |
| 2016 | 399 | 344 | 54 | 238 |
| 2017 | 436 | 357 | 78 | 317 |
| 2018 | 572 | 415 | 157 | 473 |
| 2019 | 774 | 507 | 267 | 740 |
| 2020 | 718 | 641 | 77 | 817 |
| 2021 | 879 | 594 | 285 | 1,103 |
| 2022 | 951 | 681 | 269 | 1,372 |
| 2023[a] | 1,021 | 901 | 120 | 1,492 |

Foinse: Cuntais bhliantúla an Chiste Náisiúnta Oiliúna. Cé go bhféadfadh an chuma a bheith air uaireanta nach bhfuil na hiomláin ag teacht lena chéile, níl i gceist leis sin ach slánú.

Nótaí: a Meastacháin Athbhreithnithe 2023.

## Iarscríbhinn 19C Stádas mholtaí thuarascáil athbhreithnithe sheachtraigh 2018 ag deireadh mhí Lúnasa 2023

| # | Moladh | Stádas ag deireadh mhí Lúnasa 2023 |
|---|---|---|
| **Leasú ar threo an Chiste Náisiúnta Oiliúna amach anseo** | | |
| 1. | Tá gá le treo a shocrú do NTF mar shócmhainn straitéiseach náisiúnta, le díriú ar infheistiú sna riachtanais atá gar do mhargadh an tsaothair, agus le hidirghabhálacha spriocdhírithe ar mhaithe le tacú le hoiliúint fiontraíochta agus daoine a ullmhú do dheiseanna fostaíochta a thapú. | Forbraíodh an Comhaontú le haghaidh Scileanna i gcomhairle le grúpa comhairleach NTF agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Cuireadh an páipéar faoi bhráid Roinn an Taoisigh le haghaidh a bhreithnithe. |
| 2. | Ba cheart tús áite a thabhairt do chuid de bharrachas NTF ar mhaithe le tacú le tuilleadh airgid a chaitheamh ar ardoideachas agus ar oiliúint agus ar scileanna do mhargadh an tsaothair, ag brath ar spás fioscach a bheith ar fáil chuige sin. | Agus €300 milliún á riar ag an Údarás um Ard-Oideachas i gcaitheamh 2020 – 2024, tá an Tionscnamh um Chaipiteal Daonna i mbun infheistíocht a thabhairt a dhíríonn ar chur le hacmhainneacht san ardoideachas i bhfoirm clár atá dírithe ar scileanna a dearadh chun freastal ar riachtanais scileanna tosaíochta. |
| 3. | Ba cheart níos mó béime a leagan ar thacú le hoiliúint ionchuideachta le bheith mar bhonn faoi tháirgiúlacht agus inniúlacht nuálaíochta a mhéadú, go háirithe in FBManna, lena n-áirítear tionscnamh píolótach nuálach a thabhairt isteach le cuspóirí athdhírithe NTF a chur san áireamh. | Ó seoladh é in 2018, táthar tar éis cur go mór le Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh i bhfoirm maoiniú sa bhreis agus tacaíochtaí breise do FBManna le cur ar a gcumas infheistiú i riachtanais scileanna ar leith a fhorbairt i measc a luchta saothair agus ina n-earnálacha tionscail.<br>Cuireadh leis an tacaíocht a thugtar do Skillnet Ireland sa riocht is gur mhéadaigh líon na gcuideachtaí a bhfuair cúnamh uaidh go 24,747 gcinn in 2022.<br>Lena chois sin, tugann clár 12 sheachtain MentorWork de chuid Skillnet tacaíochtaí spriocdhírithe do FBManna. |
| 4. | Ba cheart cistiú NTF do bhreisoideachas agus d'oiliúint le haghaidh cláir fostaíochta faoi bhun Leibhéal 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a athdháileadh ar an Státchiste agus cláir atá gar do mhargadh an tsaothair a chur ina n-áit. | An próiseas tugtha chun críche — cláir Iar-Ardteistiméireachta aistrithe go cistiú NTF ó 2023 ar aghaidh. |
| **Leas a bhaint as NTF chun tacú le hardoideachas** | | |
| 5. | Ba cheart feidhm a bhaint as NTF chun tacú le cláir scileanna atá gar do mhargadh an tsaothair i réimsí inar sainaithníodh riachtanais scileanna. | Táthar tar éis cur go mór leis an tacaíocht a thugtar do chláir ardoideachais atá dírithe ar fhiontraíocht agus tacaíocht tugtha do 44,500 rannpháirtí in 2022. |
| 6. | I bprionsabal, ba cheart do NTF cláir iomlána a mhaoiniú seachas caiteachas ginearálta a pháirtmhaoiniú. San ardoideachas, ba cheart do NTF roinnt clár a mhaoiniú ina n-iomláine dála mar a rinneadh in 2018 seachas méideanna beaga de pháirtmhaoiniú a sholáthar le haghaidh réimse i bhfad níos leithne de chláir ardoideachais. Ba cheart na cláir chistithe sin a shainaithint go soiléir gach bliain. | Cuirtear líon na mac léinn sna réimsí scileanna sainaitheanta san áireamh i líon iomlán na mac léinn ar thug an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar ais ina leith ar bhonn bliantúil. In 2022, díríodh an cistiú ar na réimsí riachtanas scileanna seo a leanas: seirbhísí airgeadais, tógáil, eolaíocht agus innealtóireacht, agus TFC. |
| 7. | Ba cheart do NTF uasoiliúint a chistiú mar théama spriocdhírithe i gcláir cistithe iomaíoch ardoideachais. | Tá 84 institiúid ardoideachais i gcomhar le 427 gcomhpháirtí fiontair páirteach i dtionscadail aonair agus chomhoibríocha, an Tionscnamh um Chaipiteal Daonna san áireamh. |

| # | Moladh | Stádas ag deireadh mhí Lúnasa 2023 |
|---|---|---|
| **Feabhas a chur ar rannpháirtíocht fiontar agus a gcuid tuairimí a chur san áireamh i dtosaíochtaí NTF** | | |
| 8. | Cé go nglactar leis go gcaithfear cloí le ceanglais reachtacha maidir le cláir chaiteachais phoiblí, fós féin ba cheart bearta a chur i bhfeidhm chun an chaoi ina gcuirtear tuairimí fiontar san áireamh i gcúrsaí rialachais agus in ord tosaíochta infheistíochtaí NTF a fheabhsú go mór. | Grúpa comhairleach NTF curtha ar bun chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas plé le fiontair. Roinntear tuairimí an ghrúpa sa phróiseas meastachán leis an Aire. |
| 9. | Ba cheart breis comhroinnte agus comhordaithe faisnéise a thabhairt isteach ar fud na gclár ar mhaithe le cur le glacadh na bhfostóirí leis. | Tá leathanach gréasáin tiomnaithe á thabhairt chun críche faoi láthair.<br>Foilsíodh athbhreithniú ar ghairmthreoir de chuid Indecon in 2019 agus cuireadh tascfhórsa cur chun feidhme ar bun.<br>Tá ionad ilfhreastail de chuid Right Course á fhorbairt faoi láthair.<br>Tá obair idir lámha go fóill ar chur chuige lena mbeadh aon tairseach amháin ann don tairiscint scileanna ina hiomláine.<br>Tá ardán SmartChoices forbartha ag SOLAS chun tacú le naisc chuig roghanna oideachais agus oiliúna sna Boird Oideachais agus Oiliúna ar shuíomh gréasáin na Lár-Oifige Iontrála (CAO).<br>Grúpa idir-rannach curtha ar bun d'fhonn straitéis uileghabhálach a fhorbairt i leith gairmthreoir ar feadh an tsaoil. |
| 10. | Ba cheart próiseas struchtúrtha a chur i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh ar thuairimí faoi NTF ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó chomhlachtaí ionadaíocha a chur faoina bhráid roimh chinntí caiteachais bliantúla a dhéanamh. | Éascaithe ag Grúpa Comhairleach an NTF |
| 11. | Ba cheart machnamh a dhéanamh ar ghrúpa comhairleach NTF a bhunú, agus ionadaí thar ceann fostóirí mar chathaoirleach air, chun moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Scileanna Náisiúnta. | Grúpa Comhairleach NTF bunaithe in 2019. |
| **Feabhsuithe ar an gcaoi ina ndéantar monatóireacht agus meastóireacht ar NTF** | | |
| 12. | Ba cheart don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais tuarascáil mheastóireachta NTF a eagrú agus a fhoilsiú gach bliain ina ndéantar samhaltú frithfhíorasach ar thionchair na gclár. | I bhfianaise éagsúlacht na gclár a fhaigheann cistiú ó NTF, measann an Roinn go bhfuil saincheisteanna suntasacha modheolaíochta agus teicniúla le hiniúchadh mar chuid de theacht ar an gcur chuige ceart lena chinntiú go mbeadh tuarascáil mheastóireachta NTF éifeachtach. Trí bhíthin comhchlár taighde don tréimhse 2022–2024, rinne an Roinn plé leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta chun sraith méadrachta a fhorbairt le bonn a chur faoin meastóireacht a dhéanfar ar NTF.<br>Mar chuid den chreat foriomlán den mhonatóireacht agus den mheastóireacht atá á ndéanamh ar NTF, tá comhaontuithe seirbhíse aonair chomh maith le comhaontuithe soláthair feidhmíochta ann le gníomhaireachtaí cistithe. Déantar spriocanna a choigeartú ar bhonn bliantúil chun méid an mhaoinithe ar fáil ag an am agus feidhmíocht roimhe seo a chur san áireamh. Déanann gníomhaireachtaí cistithe meastóireachtaí ar chláir aonair agus tá teacht ag NTF orthu sin. |

| # | Moladh | Stádas ag deireadh mhí Lúnasa 2023 |
|---|---|---|
| 13. | Ba cheart cur le méadracht feidhmíochta le go dtacódh sí le monatóireacht fheabhsaithe a dhéanamh ar thorthaí na gclár uile a fhaigheann maoiniú ó NTF. Ba cheart slata tomhais a bheith mar chuid den mhéadracht le gur féidir torthaí dul chun cinn a rianú, lena n-áirítear<br>• dul ar aghaidh chuig fostaíocht<br>• dul chun cinn san oideachas, an cineál deimhnithe a baineadh amach san áireamh<br>• cá bhfaightear post agus an leantar leis tar éis páirt a ghlacadh i gclár<br>• Rátaí críochnaithe. | Tuigeann an Roinn go bhfuil cineálacha méadrachta feidhmíochta dírithe ar leibhéil ghníomhaíochta faoi láthair, agus nach n-áirítear leo méadracht a lena dtomhaistear torthaí ó thaobh dul chun cinn de ar bhain rannpháirtithe an chláir amach iad. Táthar ag súil, mar chuid den chomhchlár taighde i gcomhar le ESRI don tréimhse 2022–2024 go dtabharfaidh ESRI comhairle maidir le méadracht atá dírithe ar dhul chun cinn a fhorbairt. |
| 14. | Ba cheart tús áite a thabhairt do dhlús a chur faoi fheabhsú sonraí le bonn eolais a chur faoin meastóireacht a dhéanfar ar NTF. | Tá sé i gceist ag an Roinn na socruithe atá i bhfeidhm chun sonraí a bhailiú agus a roinnt a phlé le faighteoirí maoinithe. Déanfaidh an Roinn aon saincheist a mheas a thagann chun cinn i gcomhthéacs a straitéise sonraí féin agus tairbhe na sonraí a bhailítear ó thaobh feidhmíocht a mheas i gcomórtas le méadracht shainaitheanta de. |

Foinse: An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

# Ioncaim an Stáit

# 20 Measúnacht a dhéanamh ar Cháin Mhaoine Áitiúil agus í a bhailiú

**20.1** Tháinig Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) isteach ar mhaoine chónaithe sa Stát sa bhliain 2013 faoin Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (an tAcht). Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as CMÁ a bhailiú.

**20.2** Tá an méid CMÁ atá le híoc gach bliain bunaithe ar luach margaidh na maoine amhail an dáta luachála.[1] Mar gheall gur cáin fhéinmheasúnaithe í, tá úinéir na maoine freagrach as measúnú a dhéanamh ar luach margaidh reatha a mhaoine ar an dáta luachála ábhartha.

**20.3** Cinneadh leis an gcéad dáta luachála an 1 Bealtaine 2013 an méid CMÁ a bhí le híoc ón 1 Iúil 2013 go Nollaig 2016. Nuair a tháinig an cháin isteach, bhí sé i gceist go mbeadh ar úinéirí tí athluacháil a dhéanamh ar a mhaoine gach trí bliana, i.e., 2016, 2019, etc. I ndiaidh athbhreithnithe a dhéanamh ar CMÁ sna blianta 2015 agus 2019, áfach, cuireadh siar an dáta luachála go dtí an 1 Samhain 2020.[2] Mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda, cuireadh siar an athluacháil arís agus tharla sí i mí na Samhna 2021. Mar thoradh air sin, leagadh amach ag an gcéad dáta luachála, mar a bhí an 1 Bealtaine 2013, an méid dliteanas CMÁ do gach bliain ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2021.

**20.4** I gcomhthráth le próiseas athluachála 2021, rinneadh roinnt athruithe ar an mbealach a n-oibríonn CMÁ. Foráladh do na hathruithe seo a leanas leis an Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú), 2021

- Socraíodh an 1 Samhain 2021 mar dháta luachála nua do chuspóirí CMÁ don tréimhse 2022 go 2025, agus athbhreithniú le déanamh ar luachálacha maoine gach ceithre bliana seachas gach trí bliana.
- Rinneadh bandaí luachála áirithe a leathnú faoi 75% ón mbliain 2022 ar aghaidh.[3]
- Cuireadh deireadh le roinnt díolúintí ar íocaíocht CMÁ (e.g., le haghaidh maoine áirithe a ceannaíodh sa bhliain 2013 agus tithe in eastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe) agus tugadh maoine a tógadh ó 2013 i leith isteach sa mhuirear den chéad uair.
- Méadaíodh teorainneacha ioncaim chun a bheith i dteideal iarchur íocaíochta CMÁ agus laghdaíodh ús a ghearrtar ar íocaíochtaí curtha siar ó 4% go 3%.

**20.5** Rinneadh athruithe oibriúcháin chomh maith ar na cúinsí nuair atá imréiteach á lorg ó na Coimisinéirí Ioncaim roimh mhaoin chónaithe a dhíol nó a aistriú chun dara tréimhse luachála a chur san áireamh.

**20.6** Idir na blianta 2013 agus 2022, bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim díreach os cionn €4.7 billiún — thart ar €470 milliún ar an meán gach bliain (féach Fíor 20.1). Léiríonn na fáltais roinnt difríochtaí suntasacha i méideanna réamhíocaíochtaí agus riaráistí CMÁ. Chonacthas borradh ar réamhíocaíochtaí sa bhliain 2021 maidir le dliteanais 2022 — 200,000 íocaíocht bhreise, i gcomparáid le 2020 nó 2022. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina léiriú ar rannpháirtíocht dhíreach cáiníocóirí i luachálacha maoine a athdhearbhú i mí na Samhna 2021.

1 Is éard atá i gceist le luach margaidh ná praghas a d'aontófaí idir díoltóir toilteanach agus ceannaitheoir toilteanach atá ag déanamh idirbheart ar neamhthuilleamaí. Is ionann an dáta luachála agus an dáta a ndéantar tagairt dó nuair atá luach inchánach maoine cónaithe le bunú.

2 Cáin mhaoine áitiúil a dhearadh (Tuarascáil Thornhill), 2015, agus an tAthbhreithniú ar Cháin Mhaoine Áitiúil, ag grúpa athbhreithnithe idir-rannach sa bhliain 2019.

3 Leagtar amach in Iarscríbhinn 20A na bandaí luachála agus muirir don chéad tréimhse luachála agus don dara tréimhse luachála.

**20.7** Tá leibhéal suntasach íocaíochta riaráistí CMÁ ann chomh maith, go háirithe sna blianta 2014, 2016 agus 2022, nuair ab ionann riaráistí agus 10%–15% d'fháltais fhoriomlána.[1] Leag na Coimisinéirí Ioncaim an borradh ar riaráistí sa bhliain 2016 ar chlár comhlíonta CMÁ uathoibrithe nua a thabhairt isteach agus, sa bhliain 2022, ar ghníomhaíocht comhlíonta a atosú i ndiaidh phaindéim Covid-19.

**Fíor 20.1 Fáltais cánach maoine áitiúla, 2013 – 2022**




Foinse: Cuntais Ciste Ioncaim, 2013 go 2022

## Díriú an scrúdaithe

**20.8** Rinneadh scrúdú cheana féin ar oibriú na srianta thar CMÁ agus rinneadh tuairisciú air sa bhliain 2014.[2] Mar gheall ar na hathruithe suntasacha ar CMÁ a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an mbliain 2022, breithníodh go raibh sé in am athscrúdú a dhéanamh ar oibriú na srianta sin. Dá bharr sin, díríonn an tuarascáil seo ar shrianta na gCoimisinéirí Ioncaim orthu seo:

- iomláine bhunachar sonraí na maoine cónaithe
- cruinneas na luachálacha a dhearbhaigh cáiníocóirí
- bailiúchán CMÁ atá le híoc ag daoine freagracha ar bhealach tráthúil.

## Iomláine chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim

**20.9** Tá sé dúshlánach bunachar sonraí atá go hiomlán suas chun dáta a choinneáil ar an scála atá i gceist do mhaoine cónaithe, a mbeidh méid athruithe i gceist leis gach bliain, agus, i gcás na hÉireann, a bhfuil seoltaí neamhuathúla ann.

**20.10** Nuair a tugadh CMÁ isteach sa bhliain 2013, ní raibh bunachar sonraí iomlán reatha de na maoine cónaithe go léir agus dá n-úinéirí ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim. Dá bhrí sin, d'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim roinnt foinsí sonraí seachtracha chun a gclár maoine a chur le chéile, lena n-áirítear

- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
- an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
- soláthraithe fóntais ar leith, mar shampla, BSL
- GeoDirectory.[3]

1 Bhain cuid mhór (64%) den fhigiúr riaráistí don bhliain 2014 le riaráistí an mhuirir teaghlaigh a bhí iníoctha ó mhí Eanáir 2012. Ón 1 Iúil 2013, d'athraigh aon mhuirear teaghlaigh go CMÁ agus iad iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.

2 Féach an *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2013*, caibidil 15, Cáin Mhaoine Áitiúil.

3 Is seirbhís í an GeoDirectory, a bunaíodh i gcomhpháirt le An Post agus Tailte Éireann, agus lena soláthraítear bunachar sonraí atá geochódaithe de gach foirgneamh a fhaigheann post sa Stát. Is gníomhaireacht stáit in Éirinn atá freagrach as clárúcháin maoine, luacháil maoine agus seirbhísí mapála náisiúnta é Tailte Éireann. Bunaíodh é an 1 Márta 2023 tríd an Údarás Clárúcháin Maoine, an Oifige Luachála agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a chumasc.

**20.11** D'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim sonraí óna bhfoinsí inmheánacha féin, lena n-áirítear a gcórais don dleacht stampála leictreonach agus faoiseamh cánach ag an bhfoinse don fhaoiseamh úis morgáiste.

**20.12** Amhail mí Lúnasa 2023, bhí díreach os cionn dhá mhilliún maoin chónaithe ann i gclár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim.

### *Sonraí i seilbh Ranna eile/comhlachtaí eile Stáit*

**20.13** Tá sonraí ag roinnt ranna rialtais maidir le maoine cónaithe, lena n-áirítear an Phríomh-Oifig Staidrimh, agus an córas Éirchóid atá faoi úinéireacht na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Chuir an dá cheann eolas ar fáil don fhoireann scrúdaithe maidir le líon na maoine ar a gcláir maoine agus an chaoi ar bunaíodh agus a gcoinnítear iad.

**20.14** Léiríonn comparáid idir clár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim agus bunachair sonraí náisiúnta eile difríocht suas go 5% idir líon na maoine cónaithe i mbunachar sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh agus i mbunachair sonraí Éirchóid agus meastachán maoine cónaithe na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Fíor 20.2).

**Fíor 20.2 Cláir maoine cónaithe, 2022**[a]




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. An Phríomh-Oifig Staidrimh. An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Nóta: a Na Coimisinéirí Ioncaim amhail mí an Mhárta 2022, an Phríomh-Oifig Staidrimh amhail mí Aibreáin 2022 agus Éirchód amhail Ráithe 1 2022.

### *Clár seoltaí daonáirimh*

**20.15** Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh daonáirimh thréimhsiúla ar an daonra agus ar thithíocht, gach cúig bliana de ghnáth. Úsáideann sé a Chlár Seoltaí Daonáirimh chun na foirmeacha daonáirimh a chur ar fáil. Is ionann an Clár Seoltaí Daonáirimh ón daonáireamh roimhe sin agus an pointe tosaigh do gach timthriall daonáirimh agus cuirtear leis le sonraí ón mbunachar sonraí GeoDirectory. Comhcheanglaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh sonraí breise ó fhoinsí seachtracha, laistigh de chreat an Achta Staidrimh, 1993, chun an clár a dhearbhú agus a fheabhsú. Áirítear le foinsí seachtracha *inter alia*

- an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
- Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath
- údaráis áitiúla

- Fáilte Ireland
- An tÚdarás um Ardoideachas agus ollscoileanna
- An Garda Síochána
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann
- Bunachar sonraí foirgneamh Prime2 de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.

**20.16** Fuarthas sa daonáireamh is déanaí, an 3 Aibreán 2022, gur tháinig méadú 5% ar an soláthar tithíochta idir 2016 agus 2022, agus é comhdhéanta de 2,112,121 theach. Tá an soláthar tithíochta sainithe anois mar líon iomlán áiteanna cónaithe buana a bhí ar fáil ar mhaithe le háitíocht ag am an daonáirimh. Tá sé comhdhéanta den chuid is mó de thithe príobháideacha, tithe saoire, tithe folmha agus árasáin fholmha.

**20.17** Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara go bhfuil sé doiligh comparáid dhíreach a dhéanamh idir clár seoltaí daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh agus clár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim, mar tá na critéir a úsáidtear sa dá cheann difriúil. Mar shampla, áirítear le critéir na Príomh-Oifige Staidrimh áiteanna cónaithe ar nós tithe soghluaiste agus saoráidí cúraim cónaithe comhroinnte a d'fhéadfadh a bheith díolmhaithe ó CMÁ nó gan a bheith faoi dhliteanas CMÁ.

*Bunachar sonraí Éirchóid*

**20.18** Tá maoin intleachtúil atá faoi úinéireacht an stáit ó An Post, ó Thailte Éireann agus ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i mbunachar sonraí Éirchóid, arna rochtain tríd an mbunachar sonraí GeoDirectory. Úsáidtear faisnéis atá sa bhunachar sonraí GeoDirectory chun Éirchóid a shannadh agus an bunachar sonraí Éirchóid a fhorbairt agus déantar í a uasdátú gach mí. Amhail uasdátú ráithe 1 2022, bhí 2,285,580 seoladh maoine le hÉirchód ar an mbunachar sonraí Éirchóid. As na cinn sin, bhain 2,112,376 cinn le maoine cónaithe.

**20.19** B'ionann an difríocht idir clár na gCoimisinéirí Ioncaim agus an bunachar sonraí Éirchóid ag ráithe 1 2022 agus os cionn 100,000 maoin, nó thart ar 5%, toisc go bhfuil íosdifríochtaí ann anois idir bunachar sonraí Éirchóid agus bunachar sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh.

**20.20** I mí Dheireadh Fómhair 2022, fuarthas amach trí chomparáid idir na maoine a cuireadh le bunachar sonraí Éirchóid agus clár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim sa 12 mhí roimhe sin, go raibh beagnach 4,000 maoin ar bhunachar sonraí Éirchóid nach raibh ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim. Chinn na Coimisinéirí Ioncaim nár léirigh na maoine sin 'maoine cónaithe' faoi théarmaí an Achta Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú), 2021, mar ní raibh siad ináitrithe go fóill. Cuireann An Post maoine le bunachar sonraí GeoDirectory chun an tÉirchód a fháil. Teastaíonn Éirchód ó go leor soláthraithe seirbhíse, mar réitíonn sé na dúshláin shuntasacha a bhaineann le 35% de mhaoine uile sa Stát a chomhroinneann seoltaí neamhuathúla a shainaithint. Ní bhaineann dliteanas CMÁ i mbliain féilire ach amháin le maoine a bhí ináitrithe an 1 Samhain den bhliain roimhe sin.

### *Difríochtaí idir bunachair sonraí*

**20.21** I mí Dheireadh Fómhair 2022, bunaíodh Grúpa Tras-Rannach an Chláir Náisiúnta Maoine Cónaithe le hionadaithe ó na Coimisinéirí Ioncaim, ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Dhírigh na téarmaí tosaigh tagartha ar thuiscint níos fearr a fhorbairt ar na cúiseanna a bhaineann leis na difríochtaí sna bunachair sonraí cónaithe.

**20.22** Dhearbhaigh na Coimisinéirí Ioncaim gur tháinig feabhas ar an ngrúpa agus go bhfuil sé mar líonra luachmhar anois lena ngabhann aschuir fhollasacha ghaolmhara. Mar shampla, bhain an Phríomh-Oifig Staidrimh úsáid as sonraí Líonraí BSL chun tuarascáil a tháirgeadh i mí Feabhra 2023 ar chomharthaí áite cónaithe foilmhe, agus í bunaithe ar ídiú leictreachais de réir méadair, agus d'éascaigh an grúpa comhoibriú lena chinntiú go n-úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim an mhodheolaíocht chéanna agus a réamhchlár cánach ar thithe folmha á bhunú.

**20.23** Mhol na Coimisinéirí Ioncaim go leasófaí na téarmaí tagartha don ghrúpa ionas go leanfaidh sé ar aghaidh ag teacht le chéile agus ag comhoibriú ar bhonn leanúnach.

### ***An clár maoine a choinneáil***

**20.24** Agus an CMÁ mar cháin fhéinmheasúnaithe, braitheann na Coimisinéirí Ioncaim, ar an gcéad dul síos, ar fhógraí ó úinéirí maoine nuair atá athrú ann ar chúinsí maidir lena maoin, e.g., athrú úinéireachta nó athrú úsáide. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú dá bharr na fógraí sin i ngach cás chun caighdeán agus cruinneas an chláir maoine a fheabhsú agus chun an riosca go dtiocfaidh dúblaigh chun cinn a laghdú. Mar shampla, i roinnt cásanna, d'fhéadfadh an bheirt chéilí maoin a chlárú astu féin, nó d'fheadfadh tógálaí agus an t-úinéir nua maoin a chlárú faoi réir díolacháin. Chomh maith le heolas a fuarthas ó úinéirí tí, úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim nuashonruithe dleachta stampála leictreonacha óna gcórais féin chun cúnamh a thabhairt lena gclár maoine a uasdátú.

**20.25** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go sainaithnítear maoine breise ó réimse foinsí ar bhonn leanúnach. Áirítear leo sin cuardaigh le haghaidh forbairtí nua, seiceálacha fíorúla ar eastáit tithíochta atá ann cheana le húsáid a bhaint as léarscáileanna Google agus fógraí maidir le húinéirí maoine faoi dhliteanas nua nuair a chláraíonn siad a maoin ar líne. Cé gur cuireadh maoine breise leis an gclár maoine i ndiaidh na seiceálacha sin, ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an uimhir a cuireadh leis a dhearbhú toisc nach gcoinnítear sonraí ar an obair sin.

**20.26** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim tionscadail áirithe chomh maith chun cruinneas agus iomláine a gcláir maoine a fheabhsú (féach Fíor 20.3). Cé go bhfuil sé mar aidhm ag an tionscadal sonraí atá ar an gclár cheana a fhíorú, is féidir leo rannchuidiú le maoine ar cheart dóibh a bheith ar an gclár a shainaithint.

**Fíor 20.3 Tionscadail ioncaim chun a clár maoine a uasghrádú[a]**

| Tionscadal | Toradh |
|---|---|
| **Tionscadal Éirchóid, Deireadh Fómhair 2020 – Meán Fómhair 2021**<br>Thart ar 829,000 maoin (42%) ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim gan Éirchód. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim cleachtadh meaitseála sonraí idir an GeoDirectory agus a gclár maoine. | Amhail mí Lúnasa 2023 — Bhí 89% de mhaoine ar an gclár maoine meaitseáilte le hÉirchód. Agus é mar chuspóir an chleachta Éirchóid a shainaithint do mhaoine atá ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim cheana féin, níor sainaithníodh mórán maoine faoi dhliteanas nua. |
| **Liosta GeoDirectory, Iúil – Lúnasa 2021**<br>Rinne na Coimisinéirí Ioncaim cleachtadh meaitseála idir an GeoDirectory agus a gclár maoine — sainaithníodh 1,411 chás a raibh tuilleadh oibre ag teastáil uathu. | 57 maoin bhreise atá cláraithe do CMÁ.<br>Shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim gur measadh nach raibh ach ceann amháin de na maoine sin faoi dhliteanas, agus ba cheart é a bheith cláraithe, le héifeacht ó mhí na Bealtaine 2013. Bhí na maoine eile faoi dhliteanas ó mhí na Samhna 2021. |
| **Liosta do-áitrithe, Lúnasa – Deireadh Fómhair 2021**<br>Baineadh liosta de 16,136 chás ag a raibh marcóir 'do-áitrithe' ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim chun athbhreithniú a dhéanamh orthu. | Sainaithníodh san athbhreithniú 361 chás nár measadh a thuilleadh go raibh siad do-áitrithe, agus tá siad faoi dhliteanas CMÁ ón mbliain 2022 ar aghaidh. D'fhan na 15,775 chás a bhí fágtha ar an gclár maoine agus marcóir 'do-áitrithe' orthu. |
| **Liosta dleachta stampála ar cuireadh deireadh leis, Lúnasa – Meán Fómhair 2021**<br>Rinneadh athbhreithniú ar liosta de 6,621 mhaoin inar cuireadh doiciméad dleachta stampála isteach ó bhí 2013 ann, agus uimhir aitheantais maoine ar cuireadh deireadh léi á úsáid. | Rinneadh 329 maoin chónaithe ar cuireadh deireadh leo a athghníomhachtú agus bhí siad faoi dhliteanas CMÁ ón mbliain 2022 ar aghaidh.<br>Ní raibh sonraí ar fáil go héasca lena dheimhniú an raibh aon cheann de na maoine sin faoi dhliteanas CMÁ sa bhliain 2013, ach níor sainaithníodh a leithéid de chás i spotseiceáil. |
| **Maoine a bhfuil stádas do-áitrithe acu, Eanáir 2023, cuireadh céim 1 i gcrích i mí an Mhárta 2023, tá céim 2 ag dul ar aghaidh faoi láthair[b]**<br>Tá thart ar 18,000 maoin marcáilte mar mhaoine do-áitrithe ar an gclár maoine — roghnaíodh 200 ceann acu sin a bhí pleanáilte chun athbhreithniú a dhéanamh orthu leis an aidhm comhlíonadh a sheiceáil leis na critéir atá de dhíth chun stádas do-áitrithe a choinneáil. | Rinneadh athbhreithniú ar 243 chás ar an iomlán.<br>Glacadh le 88 (36%) maoin a ndearnadh athbhreithniú orthu go raibh siad ag comhlíonadh na gcritéar do stádas maoine do-áitrithe; chuir 59 gcáiníocóir (24%) tuairisceáin isteach nó rinne siad gníomh chun comhlíonadh a bhaint amach agus ní dhearna 96 cháiníocóir (40%) teagmháil ar bith. |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim tionscadail CMÁ áirithe a chur i gcrích sa bhliain 2022 mar gheall ar chórais agus próisis a chur i bhfeidhm chun freastal ar a n-oibleagáidí maidir leis an bpróiseas athluachála an bhliain sin.

b Tá an tionscadal seo á chur i gcrích faoi láthair chun ullmhúchán a dhéanamh do thabhairt isteach na Cánach Tithe Folmha.

## Ráta comhlíonta íocaíochta CMÁ

**20.27** B'ionann an ráta comhlíonta íocaíochta CMÁ a thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim é don bhliain 2022 agus 97% (féach Fíor 20.4). Léiríonn sé sin filleadh ar na rátaí comhlíonta íocaíochta a tuairiscíodh idir 2015 agus 2019, i ndiaidh dóibh titim go 94% agus 93% sa bhliain 2020 agus 2021.

**Fíor 20.4 Ráta comhlíonta íocaíochta CMÁ a thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim, 2013 go 2022**




Foinse: Tuarascálacha bliantúla ó na Coimisinéirí Ioncaim

**20.28** Foilsíonn na Coimisinéirí ráta comhlíonta íocaíochta CMÁ do gach bliain ina dtuarascáil bhliantúil, a chuirtear ar fáil i ráithe 2 den bhliain dár gcionn, agus léiríonn sé an staid ag an bpointe sin. D'fhéadfadh méadú teacht ar na rátaí comhlíonta do bhlianta aonair le himeacht ama mar thoradh ar na cláir um chomhlíonadh a dtugann na Coimisinéirí Ioncaim fúthu.

**20.29** Áirítear le gnáthghníomhaíocht comhlíonta don CMÁ litreacha comhlíonta uathoibrithe a eisiúint, agus a n-oibleagáidí á gcur i gcuimhne d'úinéirí tí. Níor eisíodh litreacha uathoibrithe sa bhliain 2020 ná sa bhliain 2021 mar gheall ar ghnáthghníomhaíocht forfheidhmithe na gCoimisinéirí Ioncaim a chur ar fionraí mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Tharla sé sin i gcomhthráth le laghdú 3%-4% ar rátaí comhlíonta íocaíochta a tuairiscíodh do na blianta sin agus comparáid á déanamh idir iad agus an bhliain 2019.

**20.30** Thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim arís le litreacha comhlíonta uathoibrithe a eisiúint chuig úinéirí tí sa bhliain 2022, lena n-áirítear dóibh siúd a raibh tuairisceáin le cur isteach acu agus/nó íocaíochtaí fós le híoc acu do na blianta 2020 agus 2021. Mar thoradh air sin, rinneadh íocaíochtaí CMÁ maidir le riaráistí, agus tháinig méadú ar rátaí comhlíonta íocaíochta do na blianta 2020 agus 2021 go 98% amhail mí Lúnasa 2023.

### *Ráta comhlíonta íocaíochta CMÁ a ríomh*

**20.31** Leagtar amach i bhFíor 20.5 bunús ríomh an ráta comhlíonta íocaíochta CMÁ don bhliain 2022. Cuirtear ar áireamh sa ráta

- beagnach 176,000 mhaoin a d'íoc CMÁ agus nach gá dóibh tuairisceán a chur isteach — údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe
- beagnach 24,000 íocaíocht a fuarthas, cé nár comhdaíodh aon íocaíochtaí CMÁ
- díreach os cionn 45,000 maoin, áit a bhfuil socrú íocaíochta bliantúlaithe i bhfeidhm, cé nár cuireadh tuairisceán CMÁ isteach
- thart ar 10,000 maoin mheasta a nglactar leis go mbeadh íocaíocht mar thoradh orthu, cé nach bhfuil an phróiseáil curtha i gcrích go fóill.

**Fíor 20.5 Ráta comhlíonta CMÁ a ríomh don bhliain 2022, amhail mí Lúnasa 2023**

| | | |
|---|---|---|
| Maoine atá cláraithe ar Chóras Clárúcháin Custaiméara | 2,018,671 | |
| Lúide maoine do-áitrithe a sainaithníodh | (19,089) | 1,999,582 |
| Maoine ar ina leith a cuireadh tuairisceán isteach agus a rinneadh íocaíocht | | 1,697,245 |
| **Ráta comhlíonta a íocadh agus a cuireadh isteach go hiomlán** | | **85%** |
| Meastachán cásanna gearáin neamhphróiseáilte[a] | 10,000 | |
| Maoine faoi úinéireacht údaráis áitiúil | 148,578 | |
| Maoine na gcomhlachtaí tithíochta ceadaithe | 27,336 | 1,883,159 |
| **Ráta comhlíonta tuairisceáin** | | **94%** |
| Íocaíocht a fuarthas gan aon tuairisceán go fóill | 23,868 | |
| Maoine íocaíochta bliantúlaithe | 45,536 | 1,952,563 |
| **Ráta comhlíonta íocaíochta** | | **98%** |
| **Neamh-rannpháirtithe** | **47,019** | **2%** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Amhail mí Lúnasa 2023, bhí thart ar 60,000 mír oibre a bhain le CMÁ ar siúl nó ag fanacht ar aird. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim measuimhir ar áireamh maidir le míreanna oibre sa ríomh chun ionadaíocht a dhéanamh d'úinéirí tí a bhféadfadh gur chuir siad tuairisceán/íocaíocht isteach acu atá curtha ar áireamh leis na míreanna oibre, ach nach ndearna na Coimisinéirí Ioncaim é/í a phróiseáil go fóill.

**20.32** Faoi mhí Lúnasa 2023, ní dhearnadh teagmháil le húinéirí thart ar 47,000 maoin a sainaithníodh a bheith faoi dhliteanas (is ionann é sin agus 2% de na maoine faoi dhliteanas). Bunaithe ar an muirear CMÁ €225 in aghaidh na maoine don bhanda luachála ar an meán (banda 2), d'fhéadfadh nár bailíodh beagnach €11 mhilliún i bhfáltais CMÁ mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh don bhliain 2022. Beidh aon mhéideanna CMÁ gan íoc ina mhuirear ar an maoin i gcónaí.

## Cruinneas luachálacha maoine

**20.33** Mar cháin fhéinmheasúnaithe, tá dualgas ar úinéirí maoine a maoin (nó a maoine) a luacháil ar an dáta luachála reachtúil, chun críocha CMÁ. Dearbhaítear an praghas trí thagairt a dhéanamh do bhandaí luachála atá sonraithe sa dlí.

**20.34** Sa bhliain 2013, d'fhorbair na Coimisinéirí Ioncaim treoir luachála idirghníomhach ar líne chun cuidiú le húinéirí maoine luach margaidh a maoine (nó a maoine éagsúla) a fháil amach. Chuir sé sin banda luachála measta ar fáil do mhaoine cónaithe i ngach limistéar, amhail Bealtaine 2013. Déanann an treoir luachála eolas don 'fhógra meastacháin' a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim chuig úinéirí maoine ag an am sin.[1] Níor mhaolaigh banda luachála measta na gCoimisinéirí Ioncaim an fhreagracht atá ar úinéirí maoine as a maoin a luacháil, agus cuireadh an banda fógartha as áit ar thuairisceán atá comhdaithe ag an úinéir maoine a bheith curtha isteach.

**20.35** B'ionann an dara dáta tagartha luachála agus mí na Samhna 2021, atá in éifeacht don dliteanas CMÁ do na blianta féilire 2022 go 2025, agus an dá bhliain san áireamh. Ceann de na hathruithe ar an réimeas CMÁ a cuireadh chun feidhme leis an Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú), 2021, ba ea coigeartú na mbandaí CMÁ agus na méideanna íocaíochta gaolmhara, mar gheall ar mhéadú suntasach ar phraghsanna tí ó bhí 2013 ann, agus é mar rún aige nach mbeadh aon mhéadú ann ar dhliteanas CMÁ úinéirí tí.[2] Cuireadh oiriúnuithe ar an ráta CMÁ iníoctha chun feidhme dá réir a chéile.[3] Cé nach raibh sé mar aidhm ghinearálta fáltas CMÁ comhiomlán a mhéadú, bhíothas ag súil le méadú éigin ar an bhfáltas, toisc nach raibh díolúintí áirithe a bhí i bhfeidhm don tréimhse 2013-2021 ar fáil ón mbliain 2022, agus gur éirigh le roinnt maoine a bhí lasmuigh den mhuirear do CMÁ faoi dhliteanas na cánach den chéad uair riamh ón mbliain 2022.

**20.36** Bhain an t-athrú a rinneadh ar na bandaí luachála go ginearálta le méadú 75% ar na tairseacha, bandaí bunaithe ar ghluaiseachtaí in innéacs praghsanna maoine cónaithe (RPPI) bliantúil na Príomh-Oifige Staidrimh ón mbliain 2013 go 2020. Shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim, mar gheall ar riachtanas do leasuithe reachtaíochta, chomh maith leis an ngá le hullmhuithe riachtanacha teicniúla agus riaracháin, bhí cinntí ón Rialtas ar athruithe ar na bandaí luachála ag teastáil chomh luath agus is féidir chun ullmhacht do dháta athluachála mhí na Samhna 2021 a chinntiú.

**20.37** In ainneoin na treochta fadtéarmaí a léiríodh san RPPI, níor áiríodh leis an méadú ar na bandaí CMÁ réamh-mheastachán chun iarracht a dhéanamh cur san áireamh a dhéanamh ar an méadú breise ar phraghsanna maoine ar dócha go dtarlódh sé idir an tréimhse tagartha ar a raibh na bandaí nua bunaithe agus dáta luachála mhí na Samhna 2021 (féach Fíor 20.6 thíos).

**20.38** Cé nach raibh na sonraí don bhliain 2021 ar fáil ag an am a rinneadh an cinneadh na bandaí a leathnú, is féidir a fheiceáil i sonraí ina dhiaidh sin ón bPríomh-Oifig Staidrimh

- go léirítear sa RPPI bliantúil gur tháinig, ar an meán, méadú thart ar 90% ar phraghsanna maoine cónaithe ón mbliain 2013 go 2021
- go léirítear sa RPPI míosúil gur tháinig méadú thart ar 111% ar phraghsanna maoine cónaithe ó mhí na Bealtaine 2013 go mí na Samhna 2021.[4]

1 Is éard atá i gceist le 'fógra meastacháin' ná banda luachála measta a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm go dtí go gcomhdaíonn an t-úinéir tí tuairisceán.

2 Ráiteas ón Aire Airgeadais ar fhoilsiú an Bhille Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú), 2021, Meitheamh 2021 (féach anseo).

3 Agus na muirir CMÁ don chéad 11 bhanda fós mar an gcéanna, tháinig méadú ar na méideanna iníoctha i gcás maoine i mbandaí luachála níos airde.

4 Molann an Phríomh-Oifig Staidrimh go mbeifí cúramach agus ciall á baint as athruithe míosúla a d'fhéadfadh luaineacht ghearrthéarmach iarmharach a léiriú seachas bunathrú ar threochtaí praghais níos fadtéarmaí.

**Fíor 20.6 Innéacs praghsanna maoine cónaithe míosúil, Eanáir 2012 go Bealtaine 2023**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**20.39** Mar gheall gur tháinig méadú níos mó ar mheánphraghsanna tithe, mar a rianaigh RPPI de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh, idir na dátaí luachála ná na bandaí CMÁ, d'fhéadfadh líon suntasach maoine a chláraigh i mbanda amhail mí na Bealtaine 2013 a bhogadh suas go banda níos airde amhail mí na Samhna 2021. Mar shampla, dá mba rud é gur tháinig méadú i luach ar mhaoin le luach i lár bhanda 2 i mí na Bealtaine 2013, i gcomhréir leis na meánphraghsanna margaidh, bheadh sé díreach laistigh d'uasteorainn bhanda 2 amhail mí na Samhna 2021 (féach Fíor 20.7). Bheadh maoin i lár bhanda 3 sa bhliain 2013 os cionn uasteorainn bhanda 3 i mí na Samhna 2021. Ar an mbonn sin, d'fhéadfaí a bheith ag súil go mbogfadh maoine le luachanna in uas-leatha fhormhór bhandaí CMÁ sa bhliain 2013 suas go dtí an chéad bhanda eile i mí na Samhna 2021.

**20.40** Ní bheifí ag súil go mbeadh coigeartú aníos ag teastáil ó mhaoine atá cláraithe i mbanda 1, mar gheall gur tháinig méadú 100% ar uasteorainn an bhanda sin (ó €100,000 go €200,000) do luacháil Shamhain 2021. Mar thoradh air sin, bheifí ag súil go bhfanfadh maoine sa bhanda seo, le luach margaidh suas go thart ar €95,000 i mí na Bealtaine 2013, i mbanda 1 i ndiaidh na hathluachála.

**20.41** Agus é mar dhualgas ar na cáiníocóirí banda luachála a maoine a dhearbhú bunaithe ar luach margaidh a maoine amhail mí na Samhna 2021, tugann an neamhréir idir an banda ag leathnú agus an ghluaiseacht sa RPPI míosúil le fios go mbeadh leibhéal suntasach uasghrádú maoine — ag bogadh go banda CMÁ níos airde — ann don tréimhse 2022 go 2025, agus méadú iarmhartach ann ar fháltais bhliantúla chomhiomlána CMÁ.

**20.42** Nuair a fógraíodh na hathruithe ar an réimeas CMÁ, lena n-áirítear leathnú na mbandaí, i mí an Mheithimh 2021, bhí sé measta (bunaithe ar shamhaltú eacnamaíoch) go bhfanfadh 53% d'úinéirí tí laistigh den bhanda luachála céanna; go mbogfadh 11% síos banda amháin ar a laghad, agus go mbogfadh 36% d'úinéirí tí suas banda amháin nó níos mó.[1]

1 Ráiteas ón Aire Airgeadais, 2 Meitheamh 2021, anseo.

**Fíor 20.7 Tionchar an mhéadaithe i bpraghsanna maoine idir mí na Bealtaine 2013 agus mí na Samhna 2021 ar luachálacha banda**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**20.43** Agus sonraí atá ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim á n-úsáid, bhí an fhoireann scrúdaithe ag iarraidh a fháil amach, maidir leis na maoine a dhearbhaigh i mbandaí luachála 1 go 3 i mí na Bealtaine 2013 (thart ar 1.46 milliún maoin), cár dearbhaíodh iad i mí na Samhna 2021. Fuaireamar amach gur tháinig méadú os cionn 40% ar líon na maoine i mbanda 1 (ó 526,257 maoin go 740,685 mhaoin) idir 2013 agus 2022.

**20.44** Baineann an chuid is mó den mhéadú seo le maoine (208,555 mhaoin) a bhog ó bhanda 2 (CMÁ €225) sa bhliain 2013 síos go banda 1 (CMÁ €90) sa bhliain 2022 (féach Fíor 20.8).

**Fíor 20.8 Áit a raibh maoine, a dearbhaíodh i mbandaí 1, 2 agus 3 sa bhliain 2013, sa bhliain 2022**




Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar shonraí atá ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim

**20.45** Tá sé soiléir go n-imríonn tosca seachas gluaiseachtaí praghais margaidh ghinearálta tionchar ar luach maoine cónaithe aonair. D'fhéadfadh rátaí athraithe praghais maoine a bheith difriúil idir réigiúin. D'fhéadfadh méadú suntasach ar an luach a bheith mar thoradh ar shíneadh, ar iarfheistiú ar chúiseanna éifeachtúlachta fuinnimh nó ar fheabhsuithe eile. Os a choinne sin, d'fhéadfadh titim ar luach a bheith mar thoradh ar chothabháil easnamhach, ar dhamáiste don mhaoin nó ar thionchair dhiúltacha ar thaitneamhachtaí in aice láimhe. Mar sin féin, cé go dtéann na tosca sin i bhfeidhm ar luach na maoine a ndéantar iad a thrádáil, is dócha go mbeidh gluaiseachtaí ar phraghsanna margaidh mar an gcomhartha is fearr atá ar fáil maidir leis an gcaoi ar bhog luachanna maoine ar an iomlán.

**20.46** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur ábhar beartais a bhí i leathnú na mbandaí agus, mar sin de, gurb é an ról atá acu ná an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chur chun feidhme agus, sa chás seo, rinneadh an reachtaíocht a leasú de bhun cinneadh beartais.

### *Luachálacha a fhíorú ag na Coimisinéirí Ioncaim*

**20.47** Is éard a bhí i gceist leis an 'bhfógra meastacháin' a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim ná banda luachála measta do gach maoin, seachas measúnú iarbhír ar luach margaidh na maoine. Déanann cáiníocóirí a maoin a fhéindearbhú agus (sa chuid is mó de chásanna) í a luacháil laistigh de bhanda luachála, a d'fhéadfadh a bheith difriúil ó bhanda luachála measta na gCoimisinéirí Ioncaim don mhaoin sin.[1] Níl aon cheanglas ar cháiníocóirí fianaise tacaíochta a chur isteach agus iad ag dearbhú luacháil éagsúil.

**20.48** Rinne na Coimisinéirí Ioncaim anailís ar luachálacha 2013 a thug úinéirí maoine ar ais agus a úsáideadh chun íocaíochtaí CMÁ a chinneadh ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2021 agus fuarthas amach

- gur fhéinmheasúnaigh 43% d'úinéirí maoine an luacháil chéanna a bhí san fhógra meastacháin ó na Coimisinéirí Ioncaim
- gur fhéinmheasúnaigh 57% dóibh banda luachála éagsúil — tháinig 41% ar ais le luacháil níos ísle agus tháinig 16% ar ais le luacháil níos airde.[2]

**20.49** Rinneadh anailís chomhchosúil ar luachálacha 2021 agus fuair na Coimisinéirí Ioncaim amach

- gur fhéinmheasúnaigh 65% d'úinéirí maoine an luacháil chéanna a bhí san fhógra meastacháin ó na Coimisinéirí Ioncaim
- gur fhéinmheasúnaigh 35% dóibh banda luachála éagsúil — tháinig 22% ar ais le luacháil níos ísle agus tháinig 13% ar ais le luacháil níos airde.[3]

**20.50** I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim na fionnachtana ó anailís a rinne siad, ag cur an mheánbhanda luachála CMÁ a thuairiscigh úinéirí maoine don CMÁ 2022-2025 i gcomparáid leis na meánphraghsanna díola do mhí Mheán Fómhair 2021, de réir limistéar údaráis áitiúil.[4] Ar an leibhéal náisiúnta, b'ionann an meánbhanda luachála don CMÁ agus banda 2 (€200,001 – €262,500) agus b'ionann an meánphraghas díolachán de réir na Príomh-Oifige Staidrimh agus €295,000 — thart ar 12% níos airde ná uasteorainn bhanda 2.[5]

**20.51** Fuarthas amach in anailís na gCoimisinéirí Ioncaim gur thit meánphraghas díola mhí Mheán Fómhair 2021 laistigh den mheánbhanda luachála CMÁ a tuairiscíodh i 25 limistéar údaráis áitiúil. Sna sé limistéar eile, bhí an meánphraghas díola suas le 13% níos airde ná teorainn uachtarach an mheánbhanda luachála a tuairiscíodh.[6]

**20.52** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuiltear ag súil le difríochtaí idir luachálacha CMÁ (Samhain 2021) agus meánphraghsanna díola na Príomh-Oifige Staidrimh (Meán Fómhair 2021) i bhfianaise chineál an dá fhoinse sonraí agus difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith i saintréithe na maoine arna ndíol. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim freisin go dtugtar muinín le torthaí na hanailíse sin go ndearna úinéirí maoine iarrachtaí réasúnta chun an banda luachála cuí dá maoin a chinneadh.

1 Ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025, maidir le luachanna maoine os cionn €1.75 milliún, ceanglaítear ar úinéirí luacháil iarbhír a dhearbhú ar measadh í ag 0.1029% ar an gcéad €1.05 milliún den luach, ag 0.25% den chion den luach idir €1.05 milliún agus €1.75 milliún agus ag 0.3% den chion den luach margaidh dearbhaithe os cionn €1.75 milliún.

2 *Luacháil Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) don tréimhse 2022 – 2025, Páipéar Teicniúil, Straitéis Ioncaim*, an Brainse Meastóireachta agus Tuairiscithe, Meán Fómhair 2021.

3 *Uasdátú ar Staidreamh na Cánach Maoine Áitiúil (CMÁ)*, réamhanailís ar luachálacha, Aibreán 2022.

4 *Uasdátú ar Staidreamh na Cánach Maoine Áitiúil (CMÁ)*, réamhanailís ar éagsúlachtaí, Nollaig 2021.

5 Bhí meánphraghas díolacháin na Príomh-Oifige Staidrimh de €295,000 bunaithe ar 4,300 díolachán i mí Mheán Fómhair 2021.

6 Cathair Bhaile Átha Cliath (13%), contae Chorcaí (12%), Cill Mhantáin (7%), Baile Átha Cliath Theas (6%), Dún Laoghaire/Ráth an Dúin (4%) agus Uíbh Fháilí (4%).

### *Díol nó aistriú maoine*

**20.53** Nuair a bhíonn maoin á díol nó á haistriú, ceist thábhachtach díchill chuí don cheannaitheoir is ea a dheimhniú go bhfuil gach oibleagáid CMÁ ar an maoin ceart agus cothrom le dáta. Beidh aon dliteanas gan íoc as CMÁ neamhíoctha, nó gearríoctha, fós ina dhliteanas a bhaineann leis an maoin.

**20.54** Braitheann na céimeanna a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim chun maoin a 'imréiteach' maidir le dliteanas CMÁ ar an bpraghas díola, i gcoibhneas le tairseacha a coigeartaíodh le himeacht ama. Is féidir le himréiteach chun críocha CMÁ a bheith 'ginearálta' nó 'sonrach'. Suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021, bhí imréiteach ginearálta i bhfeidhm i gcás

- go raibh an praghas díola níos lú ná €350,000, nó
- nach raibh an praghas díola níos mó ná 50% d'uasteorainn an bhanda luachála CMÁ a dearbhaíodh má tá an mhaoin suite lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, nó 80% maidir le maoine atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.[1]

I gcás go raibh praghas díola na maoine níos mó ná na teorainneacha a leagtar síos le haghaidh imréiteach ginearálta, moltar do cheannaitheoirí iarratas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar imréiteach sonrach. D'fhéadfadh go mbeadh gá le faisnéis bhreise a sholáthar le míniú a thabhairt ar an bhfáth ar tháinig méadú ar luach maoine, e.g., costais shuntasacha athchóirithe a tabhaíodh ó 2013 i leith.

**20.55** Ní chaithfear iarratais a chur isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar imréiteach ginearálta. Ina ionad sin, is féidir le duine faoi dhliteanas rochtain a fháil ar an gcóras CMÁ ar líne agus an stair íocaíochta ar a dtaispeántar go bhfuil gach oibleagáid CMÁ don mhaoin cothrom le dáta a phriontáil. Is féidir é sin a sholáthar don duine a bheidh ag ceannach na maoine (nó don aturnae) mar dheimhniú go bhfuil díoltóir na maoine comhlíontach go hiomlán chun críocha CMÁ.

**20.56** Taispeántar i bhFíor 20.9 tionchar an mhéadaithe ar phraghsanna tithe ar na tairseacha imréitigh shonraigh do mhaoin a luacháladh ag lárphointe (€225,000) bhanda 4 €200,001-€250,000 i mí na Bealtaine 2013. Agus úsáid á baint as innéacs praghais maoine míosúil na Príomh-Oifige Staidrimh, tháinig méadú thart ar 104% ar an meánphraghas ar mhaoin lárphointe i mBaile Átha Cliath agus 114% lasmuigh de Bhaile Átha Cliath faoi mhí na Samhna 2021. Cé gur méadaíodh na tairseacha le haghaidh imréiteach sonrach i mí Mheán Fómhair 2017 ó 50% go 80% do mhaoin atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, coinníodh an tairseach le haghaidh maoine lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ag 50%. Léirítear leis sin gurbh amhlaidh — dá mbeadh sé os cionn praghas €350,000 — gur mhó an seans go sáródh díolachán maoine cónaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath an tairseach imréitigh shonraigh, i bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh ar phraghsanna tithe ón gcéad dáta luachála.

1 De réir na dtreoirlínte maidir le CMÁ a bhí i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2017 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021 maidir le díol nó aistriú úinéireachta maoine cónaithe ábhartha (féach anseo ).

**Fíor 20.9 Tionchar na méaduithe ar phraghsanna tithe ar mhaoine bhanda 4 i mBaile Átha Cliath agus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, Bealtaine 2013 go Bealtaine 2023**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**20.57** Rinneadh athbhreithniú ar na tairseacha imréitigh shonraigh don tréimhse 2022-2025, agus ní dhéantar idirdhealú a thuilleadh idir maoine i mBaile Átha Cliath agus maoine lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Seachas sin, dírítear sna coinníollacha an raibh maoin faoi dhliteanas CMÁ an 1 Bealtaine 2013 nó nach raibh maoin faoi dhliteanas ach ó 2022 i leith.[1] Caithfidh praghas díola na maoine a bheith os cionn €350,000 fós, sula mbeidh imréiteach sonrach ag teastáil.

1 Mínítear na nósanna imeachta um imréiteach don tréimhse 2022-2025 anseo.

**20.58** Tá oibleagáid reachtúil ar úinéirí maoine cónaithe (seachas údaráis áitiúla, i gcúinsí áirithe) tuairisceán dleachta stampála a chomhlánú agus a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim ina mbeidh mionsonraí faoi aon díolachán nó aistriú maoine. Toisc go ndéantar oibleagáidí dleachta stampála ar dhíol maoine nó ar aistriú maoine a dhealú ó oibleagáidí CMÁ, ní ceanglas dlíthiúil é ar dhíoltóir imréiteach (ginearálta nó sonrach) a iarraidh ar na Coimisinéirí Ioncaim sula dtabharfar an díolachán chun críche.

**20.59** Mar sin féin, ós rud é go mbaineann aon dliteanas CMÁ gan íoc le maoin, agus go bhféadfaí í a aistriú chuig úinéir nua, iarrtar imréiteach mar chuid den dícheall cuí sula gcuirtear an díolachán i gcrích de ghnáth. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurbh amhlaidh i gcleachtas nár cheart d'aturnae an cheannaitheora díolachán a thabhairt chun críche go dtí go mbeadh an próiseas imréitigh CMÁ curtha i gcrích lena chinntiú go bhfaigheadh an ceannaitheoir sócmhainn neamhualaithe. Tá a fhios ag na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, gur athraíodh úinéireacht 861 mhaoin in 2022 lenar bhain dliteanais CMÁ gan íoc. Maidir leis an tsaincheist gur theip ar roinnt aturnaetha na hoibleagáidí imréitigh CMÁ a chomhlíonadh leis an Dlí-Chumann, tharraing na Coimisinéirí Ioncaim anuas í leis an Dlí-Chumann agus d'eisigh an Dlí-Chumann nóta dá chomhaltaí ar an ní sin i mí an Mheithimh 2023.

**20.60** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar shampla spriocdhírithe de 43 mhaoin lenar bhain praghsanna díola os cionn €350,000 — 28 gcinn a díoladh in 2019 agus 15 cinn a díoladh in 2022 — a baineadh as sonraí dleachta stampála agus a chomhlíon na critéir maidir le himréiteach sonrach. Ba é ab aidhm don athbhreithniú a chinneadh ar iarradh imréiteach sonrach ar na Coimisinéirí Ioncaim sular díoladh na maoine agus ar sholáthair an cáiníocóir doiciméid tacaíochta leordhóthanacha chun tacú lena n-iarratas.

**20.61** Maidir le cúig mhaoin, ní raibh feidhm ag imréiteach sonrach maidir leis an díol a bhí á athbhreithniú mar gheall ar dhíol na maoine roimhe sin sa tréimhse 2013-2021. Socraítear an t-imréiteach sa chéad díolachán maoine/aistriú maoine sa tréimhse luachála ábhartha. In dhá cheann de na cúig chás, bhí imréiteach ginearálta i bhfeidhm maidir leis an gcéad díolachán, agus mar sin bhí sé i bhfeidhm freisin maidir le díolacháin na maoine sin ina dhiaidh sin. Rinneadh iarratas ar imréiteach sonrach, agus deonaíodh é, tráth an chéad díolacháin sna trí chás eile.

**20.62** Rinneadh iarratas ar imréiteach sonrach do 19 maoin agus deonaíodh é.

- Dhá mhaoin — tháinig méadú banda amháin ar an mbanda CMÁ a dearbhaíodh in 2013 mar chuid de phróiseas an imréitigh shonraigh. Cuireadh ús ar na riaráistí i bhfeidhm i gcás amháin ach níor cuireadh i bhfeidhm é sa chás eile. Sa chás nár íocadh ús, ba é thart ar €120 an t-ús a bhí dlite (don tréimhse 2013 go 2017).
- Maoin amháin — tháinig méadú dhá bhanda ar luacháil dhearbhaithe 2022 don mhaoin mar chuid de phróiseas an imréitigh shonraigh. Sa chás sin, fógraíodh an luacháil mhéadaithe do na Coimisinéirí Ioncaim agus íocadh an CMÁ gaolmhar go hiomlán laistigh den bhliain reatha. Dá bhrí sin, ní raibh aon ús infheidhme.
- Dhá mhaoin — níor íocadh CMÁ agus an muirear teaghlaigh as na maoine roimh dhíolachán 2019. Íocadh an CMÁ gan íoc, an muirear teaghlaigh agus an t-ús mar chuid de phróiseas an imréitigh shonraigh.
- Maoin amháin — leasaigh an t-úinéir tí an dearbhú CMÁ a rinneadh in 2013 ó bhanda 4 go banda 5 agus d'íoc sé an CMÁ breise a bhí dlite. Rinne an t-úinéir tí iarratas ar imréiteach sonrach ansin agus deonaíodh é. Níor íocadh ús dar luach €295 a bhí dlite don tréimhse 2013 go 2021 sa chás sin.

**20.63** Ní dhearnadh iarratas ar imréiteach sonrach i gcás 12 cheann de na maoine. Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go gcuirfí na cásanna sin ar áireamh ina gclár oibre 'díolta gan imréiteach', arb é atá i gceist leis ná scríobh chuig na díoltóirí agus iarratas ar imréiteach agus doiciméid tacaíochta don díolachán a iarraidh. Bhí suim €1,400 gan íoc i gceist le ceann de na cásanna sin a bhí dlite don mhuirear teaghlaigh ó bhí 2012 ann.[1] Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé beartaithe acu muirear a ardú as sin.

**20.64** Maidir le seacht maoin a díoladh in 2022, rinne úinéir na maoine na luachálacha CMÁ dearbhaithe a leasú ar an gcóras CMÁ ar líne roimh an díolachán. Sna seacht gcás uile, íocadh dliteanais bhreise CMÁ i riaráiste; agus cé go raibh ús i bhfeidhm i gceithre cinn de na cásanna, níor íocadh go hiomlán é ach i gcás amháin agus níor íocadh ach go páirteach é i gcás eile.

**20.65** Cé go bhfuil córais CMÁ agus dleacht stampála na gCoimisinéirí Ioncaim nasctha ionas go ndéanfar sonraí úinéireachta maoine a nuashonrú i gcás go ndéantar maoin a dhíol/a aistriú, thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara nach bhfuil siad nasctha chun críocha luachála. Fágann sé sin nach mbíonn brath nó fógra uathoibrithe ar bith i gceist nuair a bhíonn difríochtaí suntasacha ann idir na bandaí luachála dearbhaithe agus praghsanna díola iarbhír na maoine, agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le himscrúdú a dhéanamh ina leith sin.

## Na daoine faoi dhliteanas a shainaithint

**20.66** Go ginearálta, bíonn úinéir maoine freagrach as CMÁ a íoc. Bíonn tiarnaí talún faoi dhliteanas CMÁ maidir le maoine ar léas gearrthéarmach. I gcásanna go bhfuil léas os cionn fiche bliain, áfach, beidh an léasaí faoi dhliteanas i leith íocaíochta.[2]

**20.67** Nuair a gheofar tuairisceán dleachta stampála, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim úinéirí nár sainaithníodh roimhe seo a shainaithint. Ní fhíoraítear an úinéireacht i ngach cás aonair nuair a fhaightear íocaíocht nó tuairisceán CMÁ toisc go bhfuil CMÁ ina cháin fhéinmheasúnaithe. I gcás go gcinneann oibrí cásanna go dteastaíonn dearbhú úinéireachta agus athbhreithniú á dhéanamh ar chás CMÁ, úsáidtear réimse foinsí lena n-áirítear

- Clárlann na Talún/Clárlann na nGníomhas
- taifid dleachta stampála
- Taifid le haghaidh Cáin Fáltas Caipitiúil (CAT)
- Taifid le haghaidh Cáin Ghnóchan Caipitiúil (CGT).

**20.68** Tá údaráis áitiúla agus comhlachtaí ceadaithe tithíochta faoi dhliteanas CMÁ freisin maidir le tithíocht shóisialta atá á rialú acu, mura bhfuil díolúine i bhfeidhm. Mar sin féin, tá gach maoin de chuid údaráis áitiúla agus de chuid comhlachtaí ceadaithe tithíochta faoi dhliteanas CMÁ atá bunaithe ar bhanda luachála 1, beag beann ar shuíomh nó luach margaidh na maoine.

### *Údaráis áitiúla agus comhlachtaí ceadaithe tithíochta*

**20.69** Déantar aon údarás áitiúil is tríocha agus seacht gcomhlacht tithíochta cheadaithe a chatagóiriú mar 'sár-úsáideoirí' de chuid an chórais CMÁ. Tá 'uimhir aitheantais sár-úsáideora' shonrach ag gach úinéir dá leithéid chun críocha riaracháin CMÁ agus, in ionad tuairisceáin aonair a chur isteach maidir le gach maoin, cuireann siad scarbhileoga isteach ina liostaítear a stoc tithíochta ar an mórchóir.

1 Ba é €200 an muirear teaghlaigh in aghaidh an aonaid chónaithe. Baineann an muirear sin le seacht n-aonad.

2 Is é an t-aon eisceacht air sin ná nuair is údarás áitiúil nó comhlacht ceadaithe tithíochta é an léasaí, agus sa chás sin beidh an tiarna talún faoi dhliteanas CMÁ a íoc i gcónaí beag beann ar cá fhad a mhaireann an léas.

**20.70** Níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar aturnaetha a ghníomhaíonn thar ceann údaráis áitiúla maidir le maoin a cheannach doiciméid stampála a chomhdú. Mar thoradh air sin, braitheann na Coimisinéirí Ioncaim ar údaráis áitiúla liostaí iomlána cruinne a chur isteach. Tá foireann thiomnaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim a oibríonn leis na húdaráis áitiúla maidir lena ndliteanais CMÁ. Cuireann údaráis áitiúla liostaí bliantúla faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim chun maoine cónaithe a ceannaíodh nó a díoladh a shainaithint. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurb amhlaidh, mar gheall ar an rannpháirtíocht shuntasach leanúnach leis na húdaráis áitiúla chun maoine faoina n-úinéireacht a fhíorú, a mheastar go bhfuil clár na maoine a mheastar ina ‘stoc tithíochta údaráis áitiúil’ cruinn.

### *Maoine nach bhfuil nasctha*

**20.71** Ba cheart do gach maoin a thaifeadtar ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith nasctha le húinéir atá faoi dhliteanas. Ó mhí Iúil 2017 i leith, áfach, bhí 42,000 maoin nach bhfuil nasctha ar an gclár, agus fiachas comhfhreagrach CMÁ de €19.2 milliún ag baint leo. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, rinne na Coimisinéirí Ioncaim tionscadal a dhírigh ar mhaoin nach raibh aon úinéir faoi dhliteanas aige, a raibh mar thoradh air gur laghdaíodh líon na maoine nach raibh nasctha go 1,944 mhaoin ó mhí Eanáir 2020 i leith, lenar bhain fiachas comhfhreagrach díreach os cionn €1 mhilliún.

**20.72** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar mhaoin nach raibh nasctha in 2021 ó mhí na Bealtaine 2022 (nuair a bhí 1,523 cinn ann) agus fuarthas amach go raibh 95% acu ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim ó bhí 2013 ann. Bhí CMÁ íoctha go hiomlán le haghaidh 30 maoin agus, faoi mhí Iúil 2022, bhí úinéirí nasctha ag na Coimisinéirí Ioncaim i 28 gcinn de na cásanna sin. Rinneadh iarrachtaí úinéireacht a dheimhniú maidir leis an dá chás eile, ach tá na cásanna sin ar oscailt fós. Bhí 1,377 maoin nach raibh nasctha ann amhail Lúnasa 2023 agus bhí díreach os cionn €1 mhilliún d’fhiachas comhfhreagrach CMÁ ag baint leo.

### *Maoine atá díolmhaithe*

**20.73** Cé go bhfuil roinnt aicmí de mhaoine cónaithe díolmhaithe ó CMÁ a íoc, caithfidh duine faoi dhliteanas tuairisceán CMÁ a chur isteach chun díolúine a éileamh. Mar gheall ar athruithe a tugadh isteach in 2021, ní raibh feidhm ag roinnt díolúintí a thuilleadh. Mar thoradh air sin, maidir le tithe áirithe a bhí díolmhaithe nó lasmuigh den mhuirear sa tréimhse 2013 go 2021 (i gcás maoine a tógadh i ndiaidh 2013), tháinig siad faoin muirear don CMÁ den chéad uair riamh in 2022.

**20.74** De réir na gCoimisinéirí Ioncaim, bhí thart ar 137,020 maoin faoi dhliteanas CMÁ den chéad uair riamh ón 1 Eanáir 2022 i leith. Is é €34 mhilliún an toradh breise measta CMÁ le haghaidh 2022 ó mhaoine nua agus maoine a bhí díolmhaithe roimhe seo.

**20.75** Bhí beagnach 34,000 maoin dhíolmhaithe ar chlár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim faoi chatagóirí éagsúla in 2022 (féach Fíor 20.10).

**Fíor 20.10 Catagóiriú maoine díolmhaithe do 2022[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí:
a Áirítear leis an 34,000 díolúine beagnach 14,000 maoin atá faoi úinéireacht údarás áitiúil agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe.
b Cuimsítear in 'Eile' 842 dhíolúine, mar shampla, a bhaineann le tithe altranais, le gníomhaíochtaí áineasa carthanúla agus le maoine taidhleoireachta.

**20.76** Scrúdaíodh sampla randamach de 20 maoin dhíolmhaithe do 2022 lena mheas an raibh an díolúine réasúnach. Níor sainaithníodh aon saincheisteanna maidir le 18 maoin. Maidir le maoin amháin, dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go ndearnadh an díolúine (arna éileamh ar an mbonn gur le carthanas/comhlacht poiblí é le haghaidh riachtanais speisialta) a éileamh go mícheart, rud a raibh dliteanas CMÁ de €791 mar thoradh air. Íocadh an méid iomlán móide ús ó shin. Maidir leis an maoin eile, ní raibh feidhm ag an díolúine a thuilleadh mar go bhfuair úinéir bunaidh na maoine bás. Bhí dliteanas CMÁ €90 ann mar thoradh air sin, atá le híoc fós.

## Bailiú tráthúil an dliteanais CMÁ

**20.77** Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim réimse roghanna chun CMÁ a íoc ar fáil. Féadfaidh duine faoi dhliteanas rogha a dhéanamh íocaíocht shingil a dhéanamh nó a (h)íocaíochtaí a scaipeadh thar thréimhse bliana. Braitheann an dáta faoina gcaithfear an íocaíocht CMÁ a íoc ar an rogha íocaíochta a roghnófar.

**20.78** Rinneadh athbhreithniú ar thráthúlacht na n-íocaíochtaí a rinneadh le haghaidh sampla de 20 maoin agus níor sainaithníodh saincheisteanna ar bith in 18 gcás. Maidir le dhá chás ina raibh íocaíochtaí déanacha i gceist, cuireadh ús i bhfeidhm agus íocadh é i gcás amháin agus ba cheart méid beag úis (níos lú ná €10) a bheith curtha i bhfeidhm ar an gcás eile ach níor cuireadh i bhfeidhm é.

**20.79** Sa chleachtas, ní ghearrtar ús ach i gcás ina ndéileálann oibrí cásanna go díreach le cásanna. Feidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim lánrogha, trí fhorálacha cúraim agus bainistíochta a chur i bhfeidhm, maidir le muirearú úis agus, chun é sin a éascú, ní chuirtear ús i bhfeidhm go huathoibríoch ar íocaíochtaí déanacha. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim, i dtromlach na gcásanna, go mbeadh an t-ús féideartha dlite níos lú ná €20.

### *Íocaíocht a iarchur*

**20.80** Féadfar iarchur iomlán nó páirteach CMÁ a éileamh má chomhlíonann úinéir na maoine critéir áirithe. Toisc nach ionann iarchur agus díolúine, tá CMÁ iníoctha ag dáta níos déanaí agus beidh sé fós ina mhuirear ar an maoin go dtí go n-íoctar í. Fabhraíonn ús ar an méid neamhíoctha ar feadh thréimhse an iarchuir. Bhí ús ag ráta 4% i bhfeidhm sa tréimhse 2013 go 2021. Ó mhí Eanáir 2022, laghdaíodh an ráta úis go 3% in aghaidh na bliana. Athraíonn fad an iarchuir ag brath ar chatagóir an iarchuir atá á chur i bhfeidhm agus ar chúinsí an úinéara tí a bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici ar an iarchur.

**20.81** Mar a léirítear i bhFíor 20.11, bhí díreach os cionn 10,000 éileamh ar iarchur iomlán cánach maoine in 2022 agus beagnach 76% díobh á n-éileamh ar fhorais tairseach ioncaim. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfíoraíonn siad an chatagóir éilimh sin toisc gur cáin fhéinmheasúnaithe í, agus tá dualgas ar an duine faoi dhliteanas a dheimhniú go gcomhlíonann sé/sí critéir chatagóir an iarchuir atá á éileamh. Maidir le gach catagóir iarchuir eile, áfach, deimhníonn na Coimisinéirí Ioncaim an incháilitheacht.

**Fíor 20.11 Catagóirí iarchuir dá ndearnadh éileamh le haghaidh maoine lán-iarchurtha in 2022**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

## Conclúidí agus moltaí

**20.82** I ndiaidh CMÁ a thabhairt isteach in 2013, d'fhorbair na Coimisinéirí Ioncaim clár suntasach de mhaoine cónaithe go tapa. Toisc gur cuireadh síneadh le tréimhse bailíochta na luachála tosaigh ar mhaoin, agus toisc nach ndearnadh mórán athraithe ar na rátaí íocaíochta, tá fáltais CMÁ seasmhach go leor ó shin i leith, agus iad cothrom le thart ar €470 milliún sa bhliain ar an meán.

**20.83** Is iad na príomhdhúshláin do na Coimisinéirí Ioncaim agus fáltais CMÁ á rialú acu ná an méid seo a leanas a chinntiú

- iomláine — déantar gach maoin atá dlite don cháin a shainaithint agus a chlárú i gcórais bhainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim
- cruinneas — déanann cáiníocóirí gach maoin a shainaithnítear a luacháil ag an luach margaidh cuí
- bailiú tráthúil — bailítear gach dliteanas CMÁ ag an am cuí, fiosraítear aon iarchur nó díolúintí a éilítear ar chúiseanna cuí, agus téitear sa tóir ar dhliteanais gan íoc agus ar ús a ghearrtar.

### *Iomláine an chláir*

**20.84** Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2023, bhí díreach os cionn dhá mhilliún maoin chónaithe i gclár maoine na gCoimisinéirí Ioncaim. Léirítear le comparáid idir é sin agus bunachar sonraí Eircode agus bunachar sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh go bhfuil athraitheas 5% ann idir líon na maoine cónaithe.

**20.85** Cuireadh grúpa oibre idirghníomhaireachta ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2022 a dhírigh ar réiteach agus sioncrónú na mbunachar sonraí. Is cleachtadh úsáideach é sin, go háirithe i gcomhthéacs athruithe déimeagrafacha agus méadú ar fhorbairt aonad tithíochta.

### *Ráta comhlíonta*

**20.86** Thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim ráta ard comhlíonta íocaíochta don CMÁ i gcónaí — thart ar 97%-98% le haghaidh fhormhór na mblianta — ina dtuarascáil bhliantúil. Bhí laghdú ar an ráta comhlíonta íocaíochta a tuairiscíodh le haghaidh 2020 agus 2021, nuair ab ionann é agus 94% agus 93% faoi seach den mhéid dliteanais a fuarthas. Tharla an laghdú sin ar chomhlíonadh íocaíochta ag an am céanna a cuireadh obair comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim ar fionraí mar gheall ar an bpaindéim.

**20.87** Is féidir leis na rátaí comhlíonta leanúint ar aghaidh ag méadú le himeacht ama mar thoradh ar na cláir chomhlíonta a dtugann na Coimisinéirí Ioncaim fúthu. Mar shampla, nuair a tosaíodh clár comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim arís in 2022 (i ndiaidh chur isteach phaindéim Covid-19), cuimsíodh ann iad siúd a raibh tuairisceáin amuigh agus/nó íocaíochtaí amuigh acu le haghaidh 2020 agus 2021. Mar thoradh ar an obair comhlíonta sin, tháinig méadú go 98% ar na rátaí comhlíonta le haghaidh 2020 agus 2021 i mí Lúnasa 2023. Tá sé sin comhsheasmhach le bailiú riaráistí suntasacha CMÁ in 2022.

**20.88** Ó mhí Lúnasa 2023 amach, b'ionann an figiúr do neamh-rannpháirtithe i leith CMÁ le haghaidh 2022 agus thart ar 47,000 neamh-rannpháirtí (2%). Bunaithe ar mhuirear CMÁ de €225 in aghaidh na maoine don mheánbhanda luachála (banda 2), tugtar le tuiscint leis sin go bhféadfadh beagnach €11 mhilliún a bheith i gceist le fáltais CMÁ nár bailíodh fós mar thoradh ar neamhchomhlíonadh le haghaidh 2022. Beidh aon mhéideanna CMÁ gan íoc ina muirear ar an maoin i gcónaí.

### *Cruinneas na luachálacha*

**20.89** Leathnaíodh na bandaí luachála CMÁ don tréimhse luachála nua 2022-2025 chun an méadú suntasach ar phraghsanna tithe ó 2013 a aithint, agus á chinntiú — mar chuspóir beartais — nach mbeadh aon mhéadú ar a ndliteanas CMÁ ag formhór na n-úinéirí tí. Tugadh maoine a bhí díolmhaithe roimhe seo isteach sa chóras cánach den chéad uair ó 2022 i leith freisin.

**20.90** Tríd is tríd, bhain an t-athrú a rinneadh ar na bandaí luachála le méadú 75% ar na tairseacha bandaí, bunaithe ar ghluaiseachtaí in innéacs praghsanna maoine cónaithe bliantúil na Príomh-Oifige Staidrimh ó 2013 go 2020. Go bunúsach, ba é sin an méadú a tharla idir lár 2013 agus lár 2020. Níor cuimsíodh sa choigeartú réamh-mheastachán ar an treocht chun cuntas a thabhairt ar an méadú breise ar phraghas maoine ar dóigh go dtarlódh sé suas go dtí dáta luachála mhí na Samhna 2021. Mar thoradh air sin, níor tháinig leathnú na mbandaí CMÁ go hiomlán le luach margaidh na maoine cónaithe i mí na Samhna 2021.

**20.91** Cé go dtugtar le fios leis na harduithe praghais a tháinig ar mhaoine cónaithe go dtí mí na Samhna 2021 go mbeifí ag súil le 'huasrátáil' shuntasach ar luachálacha chun críocha CMÁ, ní cosúil gur tharla sé sin. Fuarthas amach le hanailís a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ar luachálacha 2021 a thuairiscigh úinéirí maoine go ndearna 65% díobh féinmheasúnú ar an mbanda luachála céanna a bhí san fhógra meastacháin ó na Coimisinéirí Ioncaim. Thuairiscigh 22% eile d'úinéirí maoine luacháil níos ísle.

**20.92** Fuarthas amach le hanailís ar na maoine a dearbhaíodh i mbandaí luachála 1, 2 agus 3 in 2013 chun an banda a dearbhaíodh in 2022 a shuíomh gur tháinig méadú os cionn 40% ar líon na maoine a dearbhaíodh sa bhanda is ísle, eadhon banda 1. Bhain formhór an mhéadaithe le maoine a bogadh síos ó bhanda 2.

### *Aistriú maoine cónaithe*

**20.93** I gcás go ndéantar maoin a dhíol nó go n-aistrítear a húinéireacht ar shlí eile, bíonn deis ag na Coimisinéirí Ioncaim tástáil a dhéanamh agus iad féin a shásamh go bhfuil na hoibleagáidí CMÁ ar fad cothrom le dáta. Ábhar caighdeánach díchill chuí do cheannaitheoirí maoine is ea comhlíonadh dliteanais CMÁ atá cothrom le dáta. Cé go gcaithfear dleacht stampála a íoc ar dhíolachán, ní oibleagáid dhlíthiúil é imréiteach a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim do dhliteanais CMÁ sula ndéanfar maoin a dhíol nó a aistriú.

**20.94** Is féidir le himréiteach chun críocha CMÁ a bheith 'ginearálta' nó 'sonrach'. Ní chaithfear iarratas a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh imréiteach ginearálta. Ina ionad sin, faigheann an ceannaitheoir (nó gníomhaire) rochtain ar an gcóras CMÁ ar líne agus priontálann sé/sí scáileán na staire íocaíochta lena thaispeáint go bhfuil gach oibleagáid CMÁ don mhaoin cothrom le dáta. Mura bhfuil feidhm ag na coinníollacha maidir le himréiteach ginearálta, is féidir iarratas ar imréiteach sonrach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim.

**20.95** Is féidir le díoltóir maoine na bandaí luachála CMÁ a dearbhaíodh roimhe seo a leasú roimh an díolachán ionas go mbeidh imréiteach ginearálta i bhfeidhm. Is féidir an CMÁ breise a thagann chun cinn a íoc, gan teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus ní chuirfear ús i bhfeidhm go huathoibríoch. Is féidir maoin a dhíol freisin gan imréiteach sonrach a fháil, fiú nuair a sháraítear na tairseacha ábhartha — fuarthas go raibh sé sin amhlaidh in 12 cheann de na 43 dhíolachán maoine a athbhreithníodh.

**20.96** Cé go bhfuil córais dleachta stampála agus CMÁ na gCoimisinéirí Ioncaim nasctha i dtéarmaí sonraí úinéireachta maidir le díol nó aistriú maoine a nuashonrú, níl siad nasctha chun críocha luachála.

**Moladh 20.1**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim smaoineamh ar an gcomaoin díola a thaifeadtar ar a gcóras dleachta stampála a nascadh leis an bhfaisnéis luachála a thaifeadtar ar a gcóras CMÁ. Dhéanfaí cásanna a nótáil leis sin ina bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an stair CMÁ.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Ní bheidh ach luach teoranta i gceist le nascadh na luachanna tráth na stampála le dátaí luachála CMÁ toisc go mbeidh difríocht ann idir an praghas díola a thaifeadtar nuair a stampáiltear maoin agus an luacháil maoine a sholáthraítear ag na dátaí luachála faoi seach ar chúiseanna éagsúla, mar shampla, luaineacht i bpraghsanna maoine, nó feabhsuithe ar mhaoin. Le cleachtadh den sórt sin, áfach, d'fhéadfaí aimhrialtachtaí ábhartha a shainaithint agus, chuige sin, déanfar cleachtadh láimhe chun an luach a bhaineann le comaoin díola dleachta stampála a nascadh le luachálacha CMÁ a chinneadh sula mbreithneofar córas uathoibrithe.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Tionscnóidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú de láimh i gcéad leath 2024 chun breathnú ar aimhrialtachtaí luachála a eascraíonn as tuairisceáin a stampáil mar aitheantóir riosca i ndara leath 2024.

### *Díolmhú do mhaoine ó CMÁ a íoc*

**20.97** Rinne duine aonair díolúine a éileamh go mícheart le haghaidh 'carthanas/comhlacht poiblí faoi úinéireacht le haghaidh riachtanais speisialta'. Níor ardaíodh aon neamhréireacht chun oibrithe cásanna a chur ar an eolas faoi i gcórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Moladh 20.2**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim smaoineamh ar na córais a nuashonrú ionas nach féidir díolúintí a éileamh ach nuair is infheidhme maidir le cohórt áirithe úinéirí maoine atá cláraithe go cuí, mar shampla, comhlachtaí poiblí/carthanais.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Níl an chost-éifeachtúlacht atá i gceist le forbairt córas comhréireach leis an riosca lena mbaineann. As 10,982 dhíolúine a éilíodh, d'éiligh daoine aonair 83 cinn díobh. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim clár um shainaithint thréimhsiúil rioscaí de láimh chun feidhme chun daoine aonair a bhfuil díolúine CMÁ á éileamh acu go mícheart a shainaithint. Rachfar i dteagmháil leis na daoine aonair sin lena staid a cheartú.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Láithreach

Tá seiceálacha de láimh tionscanta ag na Coimisinéirí Ioncaim chun éilimh mhíchearta ar dhíolúine a shainaithint.

### *Íocaíocht CMÁ a iarchur*

**20.98** Féadfar iarchur iomlán nó páirteach CMÁ a éileamh má chomhlíonann úinéir na maoine critéir áirithe. Beidh dliteanas CMÁ ina mhuirear ar an maoin go dtí go n-íocfar é agus go bhfabhrófar ús ar an méid neamhíoctha. Tá cúig chatagóir iarchuir ann, ach bunaítear an chatagóir is coitianta a úsáidtear ar thairseacha ioncaim. Ní sheiceálann na Coimisinéirí Ioncaim ioncam úinéirí maoine lena dheimhniú go bhfuil siad laistigh de na tairseacha ioncaim a leagtar síos chun iarchur a éileamh. Maidir le gach catagóir iarchuir eile, ní mór foirm iarratais (tagairt CMÁ 2) a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim agus incháilitheacht a fhíorú.

**Moladh 20.3**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim breithniú ar chleachtadh cúlghabhálach comhlíonta i gcás go ndéantar éileamh ar iarchur ar fhorais tairseach ioncaim, mar shampla, cros-seiceáil uathoibrithe ar a gcórais féin chun ioncam an úinéara maoine a dhearbhú.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim seiceáil comhlíonta rioscadhírithe i bhfeidhm ar chásanna inar éilíodh iarchur na tairsí ioncaim cheana. Tugtar faoi deara

- gur éiligh níos lú ná 1% (13,247) den bhonn cáis CMÁ iarchur faoi mhí Iúil 2023 don tréimhse 2022 – 2025 agus
- go gcuirfear an muirear CMÁ i leith na maoine i gcónaí agus go mbeidh sé iníoctha nuair a aistreofar an mhaoin chuig úinéir nua.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Láithreach

Thionscain na Coimisinéirí Ioncaim seiceálacha de láimh chun cásanna nach bhfuil an t-iarchur ar fhorais ioncaim bailí a thuilleadh a shainaithint. Go dtí go bhfaighfear toradh na seiceálacha sin, breithneoidh na Coimisinéirí Ioncaim an chost-éifeachtúlacht a bhaineann le forbairt TF chun leibhéil ioncaim a chros-seiceáil go huathoibríoch i gcás go mbeidh iarchur i bhfeidhm in ionad an phróisis seiceála de láimh. Déanfar na breithnithe sin i ndara leath 2024 nuair a bheidh torthaí an phróisis seiceála de láimh ar fáil.

## Iarscríbhinn 20A Bandaí luachála agus muirir don chéad tréimhse luachála agus don dara tréimhse luachála

| Uimhir an bhanda luachála | Banda luachála ó mhí na Bealtaine 2013 go deireadh 2021 | Bunráta muirir CMÁ | Banda luachála ó 2022 go 2025 | Bunráta muirir CMÁ |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| 1 | 0 – 100,000 | 90 | 0 – 200,000 | 90 |
| 2 | 100,001 – 150,000 | 225 | 200,001 – 262,500 | 225 |
| 3 | 150,001 – 200,000 | 315 | 262,501 – 350,000 | 315 |
| 4 | 200,001 – 250,000 | 405 | 350,001 – 437,500 | 405 |
| 5 | 250,001 – 300,000 | 495 | 437,501 – 525,000 | 495 |
| 6 | 300,001 – 350,000 | 585 | 525,001 – 612,500 | 585 |
| 7 | 350,001 – 400,000 | 675 | 612,501 – 700,000 | 675 |
| 8 | 400,001 – 450,000 | 765 | 700,001 – 787,500 | 765 |
| 9 | 450,001 – 500,000 | 855 | 787,501 – 875,000 | 855 |
| 10 | 500,001 – 550,000 | 945 | 875,001 – 962,500 | 945 |
| 11 | 550,001 – 600,000 | 1,035 | 962,501 – 1,050,000 | 1,035 |
| 12 | 600,001 – 650,000 | 1,125 | 1,050,001 – 1,137,500 | 1,189 |
| 13 | 650,001 – 700,000 | 1,215 | 1,137,501 – 1,225,000 | 1,408 |
| 14 | 700,001 – 750,000 | 1,305 | 1,225,001 – 1,312,500 | 1,627 |
| 15 | 750,001 – 800,000 | 1,395 | 1,312,501 – 1,400,000 | 1,846 |
| 16 | 800,001 – 850,000 | 1,485 | 1,400,001 – 1,487,500 | 2,064 |
| 17 | 850,001 – 900,000 | 1,575 | 1,487,501 – 1,575,000 | 2,283 |
| 18 | 900,001 – 950,000 | 1,665 | 1,575,001 – 1,662,500 | 2,502 |
| 19 | 950,001 – 1,000,000 | 1,755 | 1,662,501 – 1,750,000 | 2,721 |
| 20[a] | Níos mó ná €1 mhilliún | €1,800+ | Níos mó ná €1.75 milliún | €2,830+ |

Nóta: a Maidir le 2013-2021, maidir le luachanna maoine os cionn €1 mhilliún, ceanglaíodh ar úinéirí luacháil iarbhír a dhearbhú ar measadh í ag 0.18% ar an gcéad €1 mhilliún agus ag 0.25% ar an gcuid den luach os cionn €1 mhilliún. Ó 2022 go 2025, maidir le luachanna maoine os cionn €1.75 milliún, ceanglaítear ar úinéirí luacháil iarbhír a dhearbhú ar measadh í ag 0.1029% ar an gcéad €1.05 milliún den luach, ag 0.25% den chion den luach idir €1.05 milliún agus € 1.75 milliún agus ag 0.3% ar an gcion den luach margaidh dearbhaithe os cionn €1.75 milliún.

# 21 Scéim Stórasaithe Fiachais Cánach na gCoimisinéirí Ioncaim

**21.1** Nuair a thosaigh paindéim Covid-19 i mí an Mhárta 2020 bhí inmharthanacht go leor gnólachtaí i mbaol díreach ar an bpointe. Cuireadh iallach ar chuideachtaí dúnadh, nó ar a laghad a gcuid trádála a theorannú, ar aon dul le srianta a tugadh isteach chun leas sláinte poiblí. An 13 Márta 2020, d'fhógair na Coimisinéirí Ioncaim bearta chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide a raibh deacrachtaí sreafa airgid acu mar thoradh ar an bpaindéim. Chuimsigh na bearta ús ar íocaíochtaí deireanacha as dliteanais áirithe a chur ar fionraí, an ghníomhaíocht ar fad um fhorfheidhmiú fiachas a chur ar fionraí agus an stádas imréitigh cánach a shíneadh. Mhol na Coimisinéirí Ioncaim do cháiníocóirí leanúint orthu ag leagan isteach tuairisceán cánach in am, ar bhonn na meastachán ab fhearr, i gcás gur gá.

**21.2** Ar an 2 Bealtaine 2020, d'fhógair an Rialtas tabhairt isteach na scéime um stórasú fiachais cánach chun tacú le cáiníocóirí a ndeachaigh Covid-19 i bhfeidhm orthu. Aithníodh go mbeadh sé deacair do roinnt gnólachtaí a gcuid dliteanas cánach leanúnach a íoc de réir mar a thiocfadh siad chun cinn. Tugadh isteach an scéim chun go bhféadfaí fiachas a bhí bainteach le srianta na paindéime a chur siar nó a 'stórasú'.

**21.3** De réir na scéime, d'fhéadfaí íocaíocht dliteanas cánach incháilithe a chur siar ar feadh tréimhse de 12 mhí tar éis don ghnólacht tosú ar an ngnáth-thrádáil arís. Ní raibh feidhm ag an scéim ach maidir leo seo

- Cáin Bhreisluacha (CBL)
- ÍMAT (fostóra)
- dliteanais cánach ioncaim áirithe
- aon ró-íocaíochtaí ag na Coimisinéirí Ioncaim faoin Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Phá (SFSP) agus faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF).[1]

**21.4** Baineann trí thréimhse ar leithligh le feidhmiú na scéime

- tháinig deireadh le tréimhse a haon an 31 Nollaig 2021[2]
- bhí tréimhse a dó ar siúl idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2022
- thosaigh tréimhse a trí an 1 Eanáir 2023 agus leanfaidh sí ar aghaidh go mbeidh an fiachas íoctha.

**21.5** Níor carnadh ús ar an bhfiachas a rinneadh a stórasú idir tréimhse a haon agus tréimhse a dó, ar choinníoll gur fhan an cáiníocóir sa socrú stórasaithe agus gur chomhlíon sé coinníollacha áirithe maidir le comhdú leanúnach tuairisceán agus oibleagáidí um íocaíocht cánach. Tá ráta laghdaithe úis de 3% in aghaidh na bliana iníoctha ar an bhfiachas a rinneadh a stórasú le haghaidh thréimhse a trí (i.e., ag tosú an 1 Eanáir 2023).[3]

1 Ag an gcéim idirthréimhseach den Scéim SFSP (an 26 Márta go dtí an 3 Bealtaine 2020) bhí ró-íocaíochtaí le fostóirí 'curtha san áireamh' le go bhféadfaí tacaíocht a sholáthar go tapa. Maidir le fostóirí a raibh iarmhéid iníoctha acu tar éis réiteach SFSP agus a bhí incháilithe le leas a bhaint as an scéim um stórasú fiachais, d'fhéadfaidís an méid a bhí iníoctha a stórasú.

2 Cuireadh tús le tréimhse a haon an 1 Eanáir 2020 le haghaidh dliteanais CBL, an 1 Feabhra 2020 le haghaidh dliteanais ÍMAT fostóra agus an 31 Deireadh Fómhair 2020 le haghaidh dliteanais cánach ioncaim (le haghaidh custaiméirí a chuireann tuairisceáin pháipéir i gcomhad) nó an 10 Nollaig 2020 (le haghaidh cáiníocóirí a dhéanann comhdú trí mheán ROS). Bhí feidhm ag stórasú SFSP le ró-íocaíochtaí a tháinig chun cinn an 26 Márta 2020 nó tar éis an dáta sin agus bhí feidhm ag SFPF maidir le ró-íocaíochtaí an 1 Meán Fómhair 2020 nó tar éis an dáta sin.

3 Gearrtar ús ar fhiachas nach bhfuil stórasaithe ag ráta de 8% go 10% in aghaidh na bliana, ag brath ar an dliteanas ceannteidil cánach.

**21.6** I mí na Nollag 2021, chuimsigh athruithe ar an tréimhse um stórasú fiachais síneadh ar an tréimhse ina bhféadfaí dliteanais chánach a stórasú ar choinníoll go gcomhlíonfaí critéir áirithe. Chun leas a bhaint as an síneadh, ba ghá do cháiníocóirí

- bheith incháilithe cheana don scéim um stórasú fiachais, agus
- éileamh bailí a bheith déanta acu ar scéim tacaíochta ábhartha Covid- 19 de chuid an Rialtais le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Aibreán 2022.

**21.7** Bhain an síneadh le dáta deiridh na chéad tréimhse, i.e, an 31 Nollaig 2021. Cheadaigh sé sin do ghnólachtaí incháilithe leanúint ar aghaidh ag stórasú dliteanais chánach go dtí an 30 Aibreán 2022. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí na dliteanais a choinneáil 'stórasaithe' ar bhonn saor ó ús ar feadh tréimhse 12 mhí go dtí an 30 Aibreán 2023. Cuirtear ráta úis laghdaithe de 3% in aghaidh na bliana i bhfeidhm tar éis an dáta sin.

**21.8** Ag deireadh mhí Iúil 2023, bhí díreach os cionn 60,000 gnólacht/duine aonair ag baint leas as an scéim um stórasú fiachais agus €1.9 billiún san iomlán d'fhiachais stórasaithe. (féach Fíor 21.1).

**21.9** Dírítear san iniúchadh seo orthu seo

- na próisis a bhí i bhfeidhm lena chinntiú nach bhfuair ach siadsan a bhí incháilithe rochtain ar an scéim agus nach ndearnadh ach fiachas a bhí bainteach leis na ceannteidil chánach incháilithe a stórasú
- bainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim ar na méideanna fiachais a bhí stórasaithe lena chinntiú go n-uasmhéadófar an méid fiachais a íocfar.
- an obair chomhlíontachta a rinne na Coimisinéirí Ioncaim lena chinntiú go gcloíonn na gnólachtaí/na daoine aonair atá ag baint leas as an scéim fós le coinníollacha na scéime.

**Fíor 21.1 Méideanna fiachais stórasaithe, de réir rannóg na gCoimisinéirí Ioncaim, Iúil 2023**

| Rannóg | Líon na ngnólachtaí/na ndaoine aonair | Iomlán an fhiachais stórasaithe €m | Meánluach fiachais € |
|---|---|---|---|
| Gnó | 55,775 | 1,207 | 21,636 |
| Pearsanta | 2,587 | 19 | 7,460 |
| Fiontair Mheánmhéide | 1,550 | 587 | 378,423 |
| Gnólachtaí Corparáideacha Móra agus Cásanna Móra – Daoine Móracmhainne | 109 | 116 | 1,069,530 |
| **Iomlán** | **60,021** | **1,929** | **32,141** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim, Réamhstaitisticí faoi Scéimeanna Tacaíochta Covid-19, Iúil 2023

## Rochtain a fháil ar an scéim

**21.10** Is iad seo na coinníollacha nach mór do ghnólachtaí/dhaoine aonair cloí leo le cáiliú i gcomhair rochtana ar an scéim um stórasú fiachais

- cuirtear tuairisceáin chánach reatha i gcomhad, fiú más ionann an dliteanas agus nialas, nó mura féidir dliteanais sa tréimhse ábhartha a íoc ag an am
- íoctar gach dliteanas cánach a thagann chun cinn tar éis atosú ar ghnáth-thrádáil de réir mar a thagann siad chun bheith dlite.

**21.11** I gcás go raibh cáiníocóir cánach ag iarraidh dliteanais cánach ioncaim a stórasú, ba ghá dearbhú a dhéanamh agus é ag comhdú a thuairisceáin bhliantúil (Foirm 11), go rabhthas ag súil go mbeadh an t-ioncam iomlán le haghaidh 2020 agus 2021, de réir mar is infheidhme, 25% ar a laghad níos lú ná an t-ioncam iomlán le haghaidh 2019.

### *Rochtain uathoibríoch ar an scéim*

**21.12** I gcomhréir leis an reachtaíocht don scéim um stórasú fiachais, maidir le gach cáiníocóir a mbainistíonn Rannóga Gnó agus Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim iad, deonaíodh iontráil uathoibríoch sa scéim dóibh le haghaidh CBL, ÍMAT (fostóir), SFSP agus SFPF.[1]

**21.13** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar shampla de 20 gnólacht/duine aonair ó Rannóga Gnó agus Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim lena dheimhniú go raibh siad ag cloí le coinníollacha na scéime, agus ar an mbealach sin ag coinneáil a n-incháilitheachta. Fuarthas leis an athbhreithniú go raibh an 20 cás go léir in ord ceart — chomhlíon siad coinníollacha ábhartha na scéime agus níor bhain an fiachas a bhí stórasaithe ach leis na ceannteidil chánach incháilithe.

### *Iarratais ar iontráil sa scéim*

**21.14** Áit a raibh gnólacht/duine aonair a bhainistíonn Rannóg na bhFiontar Meánmhéide (RBMM), Rannóg na gCuideachtaí Corparáideacha Móra (RCCM) nó Rannóg na gCásanna Móra – Daoine Móracmhainne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ag iarraidh rochtain a fháil ar an scéim, ba ghá iarraidh shonrach a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim (le roinnt eisceachtaí).[2] Bhí gach cás le hathbhreithniú ag na Coimisinéirí Ioncaim sular deonaíodh rochtain ar an scéim don iarratasóir. Ba ghá an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar ar fhoirm a bhí le comhlánú agus le cur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim

- sonraí faoin bhfiachas cánach de réir cheannteideal cánach
- achoimre ar chás an ghnólachta mar thacaíocht don iarratas ar rochtain ar an scéim
- achoimre ar na deacrachtaí airgeadais reatha atá ag an ngnólacht
- deimhniú go bhfuil gach tuairisceán cánach suas le dáta.

**21.15** Níor shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim do cháiníocóirí cánach cén doiciméadacht tacaíochta ba cheart a chur ar fáil mar thacaíocht d'iarratas ar rochtain ar an scéim. Faoin ngnólacht/duine aonair a bhí sé aon doiciméadacht a chur isteach a mheas siad go dtabharfaí fianaise léi ar an gcor chun donais a bhí ag an ngnólacht. D'fhéadfaí doiciméadacht tacaíochta bhreise a lorg ón gcáiníocóir mar chuid d'athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar an iarratas ar rochtain ar an scéim.

1 Tá láimhdeachas bliantúil de níos lú ná €3 mhilliún ag na cásanna go léir a bhainistíonn Rannóga Gnó agus Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim.

2 Má d'aistrigh gnólacht/duine aonair ó Rannóga Gnó nó Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim go rannóg CCM, CCM-DMA nó FBMM le linn na paindéime, ceadaíodh do na cáiníocóirí sin a n-iontráil uathoibríoch sa scéim a choinneáil. Freisin, má bhí dliteanais cánach ioncaim á stórasú ag gnólacht/duine aonair a bhí á bhainistiú ag an CCM, CCM-DMA nó FBMM, ní raibh sé ina cheangal foirm iarratais a leagan isteach.

**21.16** Leis an scrúdú, rinneadh athbhreithniú ar shampla de 20 gnólacht/duine aonair ó RFBMM, RGCM agus RGCM-DMA lena shocrú cibé acu ar cuireadh an fhoirm, má éilíodh foirm, faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim chun rochtain ar an scéim a iarraidh. Deimhníodh leis an athbhreithniú freisin nár bhain na fiachais a bhí stórasaithe ach leis na ceannteidil chánach a bhí incháilithe don scéim. Fuarthas go raibh na cásanna samplacha in ord.

**21.17** Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara nárbh ann do theimpléad do chásoibrí de chuid na gCoimisinéirí chun mionsonraí a thaifeadadh faoin athbhreithniú a rinneadh le tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta, cé go ndearnadh athbhreithniú mionsonraithe ar fhianaise ábhartha.

## Socruithe íocaíochtaí céimnithe

**21.18** Fiú ar ghnáthchúinsí, soláthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim socrú íocaíochta céimnithe (SIC) do cháiníocóirí a mbíonn deacrachtaí acu freastal ar a gcuid dliteanas cánach de réir mar a thagann siad chun bheith dlite.

**21.19** Is féidir le cáiníocóirí iarratas a dhéanamh trí sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) le haon fhiachas atá clúdaithe ag an scéim stórasaithe a chomhdhlúthú isteach i socruithe íocaíochta atá ann cheana (roimh phaindéim Covid-19). Le tabhairt isteach na scéime um stórasú fiachais, rinneadh leasuithe freisin ar na rialacha SIC agus ar an áis SIC ar líne chun cabhrú le gnólachtaí/daoine aonair a raibh deacrachtaí sreafa airgid acu mar thoradh ar dhúnadh gnólachtaí nó coinníollacha trádála thar a bheith srianta le linn na paindéime (féach Fíor 21.2).

**Fíor 21.2 Athruithe sealadacha ar an bpróiseas SIC le linn phaindéim Covid-19 agus ar an tréimhse aisghabhála, atá léirithe i dtreoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh cáiníocóirí**

| Rialacha SIC | Roimh phaindéim Covid-19 | Le linn phaindéim Covid-19 agus na tréimhse aisghabhála |
|---|---:|---:|
| Fad an SIC | 36 mhí | 60 mí |
| Líon na n-iarchur íocaíochta ceadaithe – thar shaolré an tsocraithe | 3 huaire | 6 huaire |
| Fad na sosanna íocaíochta | 6 mhí | 12 mhí |
| Doiciméadacht tacaíochta | Doiciméadacht áirithe a bheith éigeantach ag brath ar luachanna fiachais | Doiciméadacht a bheith iarrtha ar bhonn cáis ar chás |
| SIC comhdhlúite | Neamhbhainteach | Saoráid nua le fiachas stórasaithe agus fiachas nach bhfuil stórasaithe a chomhdhlúthú in SIC reatha |
| Líon na n-íocaíochtaí teipthe ceadaithe[a] | 3 | 10 |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Tarlaíonn sin nuair a chealaítear dochar díreach nó nuair nach bhfuil sé íoctha ar dháta asbhainte.

**21.20** I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhógair na Coimisinéirí Ioncaim síneadh ar an scéim um stórasú fiachais mar aitheantas ar thionchar na géarchéime maidir le costais fuinnimh. Ciallaíonn an síneadh go bhfuil go dtí an 1 Bealtaine 2024 ag cáiníocóirí seachas an 1 Eanáir 2023 le dul isteach in SIC nó a bhfiachas a íoc.

**21.21** Ceanglaítear ar gach cáiníocóir ag a bhfuil dliteanais stórasaithe neamhíoctha os cionn €500 SIC a bheith i bhfeidhm acu leis na Coimisinéirí Ioncaim nó a bhfiachas a íoc faoin 1 Bealtaine 2024. Níl aon oibleagáid ar cháiníocóirí íocaíocht a dhéanamh ná socruithe a bheith i bhfeidhm chun a bhfiachas stórasaithe a íoc go dtí an dáta sin. Ag deireadh mhí Iúil 2023, bhí 5% (€99 milliún) de luach an fhiachais stórasaithe faoi réir SIC comhaontaithe, lena mbaineann thart ar 2,200 ceann de na 60,000 gnólacht/duine aonair atá páirteach sa scéim.[1]

### *Iarratais SIC a athbhreithniú*

**21.22** Ceanglaítear ar cháiníocóirí ar mian leo leas a bhaint as SIC foirm iarratais a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí trí mheán ROS. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar gach iarratas ar SIC agus faomhtar é nó diúltaítear dó agus aird tugtha ar chritéir socraithe e.g.

- go bhfuil gach tuairisceán cánach comhdaithe agus suas le dáta
- go bhfuil an fiachas níos mó ná €500, lena n-áirítear pionóis agus ús
- tá íocaíocht síos déanta de 25% ar a laghad den dliteanas iomlán atá gan íoc, lena n-áirítear cáin agus ús (nó 40% áit a bhfuil imréiteach cánach á lorg ag an gcáiníocóir).

**21.23** Roghnaigh an fhoireann scrúdaithe sampla de 20 SIC le hathbhreithniú chun a dheimhniú gur cuireadh isteach foirm iarratais SIC agus go ndearnadh íocaíocht síos chuí. Dheimhnigh an t-athbhreithniú an méid seo a leanas

- maidir le seacht gcinn den 20 cás a athbhreithníodh, níor cuireadh isteach foirm iarratais.
- bhí 17 gcinn de na híocaíochtaí síos a rinneadh faoi bhun na gcéatadán ábhartha atá sonraithe i dtreoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim.

**21.24** Mar fhreagra ar na fionnachtana, shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim

- gur maolaíodh an ceanglas éigeantach chun doiciméadacht tacaíochta a chur isteach le haghaidh gach iarratais SIC d'fhonn a aithint gur cuireadh isteach go mór le linn shrianta sláinte Covid-19 ar rochtain ar ghníomhairí agus ar sheirbhísí cuntasaíochta ábhartha chun doiciméadacht mar fhoirmeacha iarratais, chuntais bhainistíochta, etc., a chomhlánú.
- gur sholúbthacht bhreise a tugadh isteach le haghaidh SICeanna í an áis chun glacadh le híocaíochtaí síos laghdaithe ar bhonn cáis ar chás. Tugtar faoi deara freisin agus iarratais SIC á n-athbhreithniú ag cásoibrithe, go dtarraingítear aird cáiníocóirí ar an bhfíric go mbeidh coigiltis úis mar thoradh ar íocaíocht síos níos mó agus ar fhad níos giorra don SIC. Cé nach ndearnadh treoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh cáiníocóirí atá faoi réir an phróisis SIC a nuashonrú lena shonrú go bhféadfaí glacadh le híocaíochtaí síos laghdaithe, rinneadh an córas iarratais ar líne don SIC a leasú chun é sin a léiriú.

1 Ag deireadh mhí Iúil 2023, bhí dliteanais de níos lú ná €500 ag díreach os cionn 25,000 ceann de na gnólachtaí/na daoine aonair sin, mar sin ní bheadh gá le SICeanna.

### *Ús ar fhiachas stórasaithe*

**21.25** Cheadaigh an scéim um stórasú fiachais íocaíocht a chur siar maidir le fiachas cánach áirithe. Níor tharraing an fiachas cánach ús ar bith ar feadh tréimhse shainithe, agus ina dhiaidh sin tá ráta úis laghdaithe i bhfeidhm. Áirítear ús i ngach SIC. Leagtar amach sa SIC méid an fhiachais, ús carntha agus ús réamh-mheasta ar na híocaíochtaí ionchais le linn shaolré an tsocraithe. Le haghaidh fiachas stórasaithe, bhí an t-ús réamh-mheasta inmhuirir ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh (nó ón 1 Bealtaine 2023 má bhain sé leis an scéim shínte). Le haghaidh cáiníocóirí a bhfuil SIC i bhfeidhm acu, áirítear ús carntha de 3% go huathoibríoch san íocaíocht mhíosúil sceidealaithe mar chuid den SIC.

**21.26** Maidir le gach íocaíocht eile fiachais stórasaithe, shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim nach féidir ús a ríomh ach amháin nuair atá íocaíocht iomlán faighte le haghaidh tréimhse stórasaithe.[1] Sna cásanna sin, nuair a bheidh méid an fhiachais stórasaithe íoctha ag an gcáiníocóir (gan aon mhuirear úis a áireamh), ní gá don chásoibrí ach dhá bheart a chur i gcrích de lámh leis an muirear úis a ardú agus le fógra a thabhairt don cháiníocóir faoin méid úis atá iníoctha. Ní mór don chásoibrí

- paraiméadair áirithe a chur isteach i seirbhís bainistíochta fiachais (SBF) na gCoimisinéirí Ioncaim (e.g., cineál cánach, mionsonraí faoin tréimhse) ionas go bhféadann an córas SBF an t-ús is infheidhme a ríomh le haghaidh gach tréimhse, agus
- fógra a eisiúint chuig an gcáiníocóir lena ndeimhnítear an muirear úis atá iníoctha.

**21.27** Tá sé dearbhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim nár cuireadh tús fós le muirir úis a eisiúint chuig cáiníocóirí a bhfuil an fiachas cánach iomlán íoctha acu le haghaidh tréimhse stórasaithe, ach táthar ag súil go dtosófar i Meán Fómhair 2023 é.

## Cásanna cúlghairthe agus cásanna a tugadh ar ais

**21.28** Chun fanacht faoi réir na scéime um stórasú fiachais, ní mór do ghnólachtaí/dhaoine aonair leanúint orthu ag comhdú tuairisceáin chánach ábhartha agus ag íoc dliteanais reatha de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Mura gcloítear leis na coinníollacha sin, is féidir an stádas stórasaithe a chúlghairm agus tagann na dliteanais go léir chun bheith dlite le híoc láithreach. Sa chás go dtugann cáiníocóirí a aisghaireadh ón scéim aghaidh ar a gcuid neamhchomhlíonta ina dhiaidh sin, áfach, is féidir leo a iarraidh go dtabharfaí a stádas stórasaithe ar ais. Ní mór tabhairt ar ais sa scéim a bheith faofa ag an oifigeach maoirseachta ábhartha in Aonad na gCoimisinéirí Ioncaim um Bainistíocht Fiachas.[2]

**21.29** Ag deireadh mhí Iúil 2023, ba ann do nach mór 12,000 gnólacht/duine aonair, agus fiachais acu de €310 milliún san iomlán (le haghaidh tréimhsí a bhí stórasaithe roimhe sin), ar aisghaireadh a stádas stórasaithe mar thoradh ar neamhchomhlíonadh choinníollacha na scéime. Astu siúd, maidir le 559 gcás (a chlúdaigh fiachais de €58 milliún), tugadh ar ais a stádas stórasaithe nuair a dhearbhaigh na Coimisinéirí Ioncaim gur tugadh aghaidh ar na saincheisteanna neamhchomhlíonta.

1 Déantar ús ar fhiachas stórasaithe dóibh siúd nach bhfuil faoi réir SIC a ríomh go hiardhearcach nuair is eol dáta(í) na híocaíochta iomláine. Ní féidir líon na laethanta ón dáta dlite (1 Eanáir 2023 nó 1 Bealtaine 2023) go dtí an dáta íocaíochta a ríomh agus ús a ghearradh ag an ráta laethúil is infheidhme go dtí an dáta sin. Tá sé difriúil le SIC nuair is eol dáta gach íocaíochta míosúla ag an tús, toisc go n-aontaítear ar sceideal íocaíochta leis an gcáiníocóir, rud a chiallaíonn gur féidir an t-ús 3% a chur ar áireamh go huathoibríoch sa sceideal íocaíochtaí SIC.

2 I bhformhór na gcásanna, tá an t-oifigeach maoirseachta ábhartha don chinneadh maidir le tabhairt ar ais ag grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin san Aonad um Bainistíocht Fiachas, a fhéadann dul i gcomhairle le gráid níos sinsearaí san Aonad, de réir mar a theastaíonn.

**21.30** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar shampla de 15 cháiníocóir a tugadh ar ais sa scéim. Féachadh san athbhreithniú lena dheimhniú gur tugadh aghaidh ar an neamhchomhlíonadh agus gur faomhadh an t-iarratas ar thabhairt ar ais ag an leibhéal cuí sna Coimisinéirí Ioncaim sular tugadh an gnólacht/an duine aonair ar ais sa scéim.

- Fuarthas go raibh ocht gcás in ord.
- Maidir le sé chás, bhí an tabhairt ar ais sa scéim in ord, ach ní dhearnadh an faomhadh riachtanach a thaifeadadh ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Sa chás eile a ndearnadh athbhreithniú air, tugadh an custaiméir ar ais i gceart sa scéim, ach deonaíodh an síneadh ar stórasú trí bhotún go dtí an 1 Meán Fómhair 2023, atá lasmuigh de pharaiméadair na scéime. I gcomhréir le treoir na gCoimisinéirí Ioncaim, is é an síneadh is deireanaí is féidir a dheonú é síneadh go dtí an 30 Aibreán 2023. Mar gheall ar an síneadh go dtí Meán Fómhair 2023, ní fhabhródh an cáiníocóir ús ar an bhfiachas stórasaithe go dtí i ndiaidh an dáta sin. Tá sé dearbhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim gur tháinig sé sin chun cinn mar thoradh ar earráid ionchuir ag cásoibrí agus gur ceartaíodh taifead an cháiníocóra sin. Rinneadh an CBF a nuashonrú i mí an Mhárta 2023 lena chinntiú go bhfuil cásoibrithe srianta go ceann amháin de dhá dháta bhailí a roghnú maidir le dáta deiridh thréimhse a dó, i.e., an 31 Nollaig 2022 nó an 30 Aibreán 2023.

## Bainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim ar fhiachas stórasaithe

**21.31** Léirítear i bhFíor 21.3 (thíos) gluaiseachtaí i luach an fhiachais stórasaithe ó tugadh isteach an scéim.

**21.32** Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim gur sainaithníodh, maidir le €85 mhilliún d'fhiachas a bhí stórasaithe roimhe sin ag 956 ghnólacht, nach féidir é a bhailiú, go príomha mar thoradh ar chúiseanna amhail leachtú, scrúdaitheoireacht, féimheacht agus scoireadh den trádáil. Baineadh na gnólachtaí sin agus an fiachas gaolmhar ón scéim um stórasú fiachais.

**Fíor 21.3 Luach comhiomlán an fhiachais stórasaithe, Bealtaine 2020 – Iúil 2023**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

**21.33** Ag deireadh mhí Iúil 2023, bhí díreach os cionn €1.9 billiún d'fhiachas stórasaithe le haghaidh 60,000 gnólacht/duine aonair. Tá iarmhéideanna fiachais níos mó ná €50,000 ag timpeall 10% de na gnólachtaí/daoine aonair, agus is ionann na fiachais sin agus nach mór 85% de mhéid iomlán an fhiachais stórasaithe (féach Fíor 21.4). Bhí meándliteanais stórasaithe de €2.5 milliún ag na 247 gcáiníocóir is mó.

**Fíor 21.4 Líon na ngnólachtaí/na ndaoine aonair a bhfuil iarmhéideanna fiachais os cionn €50,000 acu, deireadh mhí Iúil 2023**

| Raon luacha an fhiachais | Líon na ngnólachtaí/na ndaoine aonair | Luach €m | Meánluach fiachais € |
|---|---|---|---|
| €50,001 go €100,000 | 2,519 | 177 | 70,244 |
| €100,001 go €500,000 | 2,804 | 586 | 208,899 |
| €500,001 go €1,000,000 | 382 | 263 | 687,353 |
| > €1,000,000 | 247 | 615 | 2,489,061 |
| **Iomlán** | **5,952** | **1,641** | **275,548** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

**21.34** I mí Iúil 2023, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le feachtas for-rochtana chun plé le cáiníocóirí a bhfuil iarmhéideanna fiachais de níos mó ná €50,000 acu. agus é mar aidhm pleananna íocaíochta a shocrú, agus aird tarraingthe ar na coigiltis úis a eascraíonn ó íocaíocht luath agus, áit ab fhéidir, socruithe íocaíochta a shocrú in 2023 agus i dtús 2024. Déantar an plé sin trí mheán feachtas gutháin, ag tosú leis na 629 ngnólacht/nduine aonair a bhfuil fiachais a sháraíonn €500,000 acu. Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara go bhfuil plé dearfach déanta le cáiníocóirí suas go dtí seo ach toisc nach bhfuil aon oibleagáid tosú ar íocaíocht go dtí an 1 Bealtaine 2024, cinneann go leor acu leanúint ar aghaidh ag iarchur a bhfiachais go dtí an dáta sin.

**21.35** Fiosraíodh sa scrúdú cé acu a dhéanann nó nach ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim anailís ar na sonraí atá acu chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar conas a d'athraigh seasaimh airgeadais cáiníocóirí mar thoradh ar an bpaindéim agus cibé acu ar aithin siad aon treochtaí sonracha/aon chohóirt sonracha cáiníocóirí a bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí acu a gcuid fiachas a íoc.

**21.36** Shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim go mbainistíonn a gcóras CBF comhlíonadh cánach na gcustaiméirí go léir ar bhonn leanúnach agus go dtarraingíonn sé aird ar dheacrachtaí comhlíonta de réir mar a thagann siad chun cinn. Is é an próiseas sin a úsáidtear do bhonn iomlán na gcásanna beag beann ar an earnáil agus is féidir táscairí maidir le cén chaoi a bhfuil ag éirí le gnólacht a thomhas, ar an gcéad dul síos, ag a chumas a chuid oibleagáidí reatha cánach a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad dlite. Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara go bhféadann sé sin a léiriú freisin an bhfuil gnólacht ag teacht ar ais chuige féin tar éis na paindéime agus a mhéid a d'fhéadfadh go mbeadh deacracht airgeadais aige fós atá ag dul i bhfeidhm ar inmharthanacht bhunúsach an ghnólachta. Déantar faireachán ar rátaí comhlíonta de réir na spriocanna a shocraítear i dtús na bliana, agus úsáidtear iad siúd faoi seach le faireachán a dhéanamh ar threochtaí comhlíonta.

## Gníomhaíocht na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le bainistíocht fiachais

**21.37** I mí an Mhárta 2019, thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach córas nua, Seirbhísí Bainistíochta Fiachais (SBF) le tacú lena mbainistíocht fiachais cánach. Déantar anailís leis an gcóras ar an mbonn cásanna cáiníocóirí chun neamhchomhlíonadh a shainaithint agus cuirtear tús le bearta chun aon fhadhbanna comhlíonta a chur i gceart maidir le comhdú tuairisceán agus íocaíochtaí cánach atá dlite ag cáiníocóirí. Cuimsíonn sé na seiceálacha agus na bearta comhlíonta seo a leanas.

- Meastacháin CBL — i gcás nach gcomhdaítear tuairisceán le haghaidh tréimhse, gineann agus eisíonn an córas meastachán chuig an gcáiníocóir le haghaidh na tréimhse atá i gceist.
- Éilimh — eisítear iarratas ar íocaíocht chuig an gcáiníocóir i gcás go gcomhdaítear tuairisceán ach nach bhfuil an t-iarmhéid íoctha fós tar éis an dáta dlite.
- Éilimh dheiridh — eisítear fógra éilimh deiridh chuig an gcáiníocóir i gcás nach bhfuil iarmhéid íoctha fós tar éis gur éileamh nó meastachán a eisiúint agus tréimhse chuí ama d’imeacht thart.
- Athbhreithniú forfheidhmithe — gintear iarratas ar athbhreithniú le haghaidh cásoibrithe i gcás ina bhfuil tréimhse áirithe ama imithe thart ó eisíodh fógra éilimh deiridh agus nach bhfuil iarmhéid íoctha fós.

**21.38** I mí an Mhárta 2020, nuair a thosaigh tionchar eacnamaíoch na paindéime ag dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí, d’fhógair na Coimisinéirí Ioncaim go gcuirfí a gcuid gníomhaíochta um fhorfheidhmiú fiachais ar fionraí. Dá réir sin, níor eisíodh aon fhógraí ar mheastacháin ná éilimh ar íocaíocht chuig cáiníocóirí ag a raibh fiachais neamhíoctha.

**21.39** Ag deireadh 2020, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús arís le fiachas a bhailiú le haghaidh cáiníocóirí áirithe ar meas sé go raibh baol níos airde neamhchomhlíonta ag gabháil leo. Leathnaíodh an obair comhlíonta sin i mí an Mhárta 2021 chun gníomhaíochtaí forfheidhmithe fiachais a chuimsiú le haghaidh cáiníocóirí a raibh deacrachtaí comhlíontachta ag gabháil leo agus a bhí ag feidhmiú sna hearnálacha ba lú a bhí buailte ag an bpaindéim. Leanadh den chur chuige sin go dtí mí Aibreáin 2022 nuair, toisc gur cuireadh deireadh le srianta sláinte poiblí, a d’fhill na Coimisinéirí Ioncaim ar bhailiúchán caighdeánach fiachais le haghaidh cáiníocóirí a mbainistíonn RFBMM agus RGCM iad. I mí Lúnasa 2022, thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim arís ar an mbailiúchán caighdeánach fiachais le haghaidh na gcustaiméirí eile sna Rannóga Gnó agus Pearsanta. Cé nach raibh cáiníocóirí a bhí ag baint leas as stórasú fiachais faoi réir na seiceálacha caighdeánacha um fhorfheidhmiú fiachais le linn na tréimhse sin, d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim meabhrúcháin chuig na cáiníocóirí siúd maidir lena gcuid oibleagáidí faoin scéim. Áit ar sainaithníodh neamhchomhlíonadh chritéir na scéime agus nár tugadh aghaidh air go tráthúil, baineadh cáiníocóirí den scéim agus ag an bpointe sin bhí siad faoi réir bailiúchán caighdeánach fiachais i ndáil lena bhfiachas.

### *Bearta comhlíonta le haghaidh cáiníocóirí ag a bhfuil fiachas stórasaithe*

**21.40** Tá creat idirghabhála comhlíonta i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim trína sholáthraítear freagairt chéimnithe d’iompraíocht cáiníocóra, ó dheiseanna do cháiníocóirí féin-athbhreithniú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt go deonach ar aon deacrachtaí a shainaithnítear, suas go tabhairt faoi smachtbhannaí coiriúla le haghaidh cásanna lena mbaineann calaois thromchúiseach nó seachaint thromchúiseach. Leagtar amach i bhFíor 21.5 na leibhéil idirghabhála sa chreat.

**Fíor 21.5 Leibhéil idirghabhála comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim**

| Leibhéal idirghabhála | Cur síos | Samplaí de bhearta na gCoimisinéirí Ioncaim | Nochtadh cáilitheach[a] |
|---|---|---|---|
| Leibhéal 1 | Is é is aidhm leis tacú le comhlíonadh trí mheabhrú do cháiníocóirí faoina gcuid oibleagáidí agus deis a thabhairt dóibh earráidí a chur i gceart gan fiosrúchán níos doimhne. | ▪ Fógraí meabhrúcháin faoi thuairisceáin chánach gan íoc<br>▪ Iarraidh ar fhéin-athbhreithniú a dhéanamh | Nochtadh cáilitheach gan iarraidh |
| Leibhéal 2 | Is é is aidhm leis aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh agus is é atá i gceist leis athbhreithnithe rioscabhunaithe ar shonraí a thugann an cáiníocóir ina chuid tuairisceán. | ▪ Athbhreithniú riosca[b]<br>▪ Iniúchadh | Nochtadh cáilitheach iarrtha |
| Leibhéal 3 | Déantar é i gcás ina measann na Coimisinéirí Ioncaim, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, go bhféadfadh gur tharla seachaint thromchúiseach cánach nó dleachta nó go bhféadfadh go ndearnadh cion Ioncaim agus go bhféadfadh go dtiocfadh ionchúiseamh coiriúil as. | Imscrúdú | — |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Is é atá i nochtadh cáilitheach faisnéis a thugann cáiníocóir do na Coimisinéirí Ioncaim mura bhfuil a gcuid ioncaim nó gnóthachan go léir tuairiscithe aige nó má tá earráid déanta aige ar a thuairisceán cánach. D’fhéadfadh go ndéanfaí nochtadh cáilitheach gan iarraidh nó tar éis é a iarraidh. Is é atá i nochtadh cáilitheach gan iarraidh nochtadh a dhéantar uair ar bith sula n-eisítear litir fógartha iniúchta ó na Coimisinéirí Ioncaim, nó sula dtosaítear fiosrúchán. Is é atá i nochtadh cáilitheach iarrtha nochtadh a dhéantar tar éis fógra a fháil faoi iniúchadh ag na Coimisinéirí Ioncaim.

b Is é atá in athbhreithniú riosca idirghabháil spriocdhírithe chun iniúchadh a dhéanamh ar riosca nó líon beag rioscaí ar thuairisceán cánach.

### *Fógraí meabhrúcháin faoi thuairisceáin chánach gan íoc*

**21.41** Idir mí na Samhna 2020 agus mí an Mhárta 2022, d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim ceithre fhógra ar leithligh chuig gach gnólacht/duine aonair ag a bhfuil fiachas stórasaithe. Meabhraíodh sna fógraí do na gnólachtaí/na daoine aonair faoi na critéir chun fanacht sa scéim um stórasú fiachais (i.e., tuairisceáin chánach le comhdú in am agus cánacha reatha a íoc de réir mar a thagann siad chun bheith dlite) agus chuir siad ar an eolas iad faoi aon tuairisceáin nach raibh déanta acu. Freisin, tugadh spriocdháta iontu dóibh le tuairisceáin ar bith nach raibh déanta a bheith comhdaithe agus suas le dáta acu.

**21.42** I mí na Bealtaine 2022, d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim ‘fógra deiridh’ chuig gnólachtaí/daoine aonair nach raibh gníomh glactha acu faoin uair sin le haghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna neamhchomhlíonta a ardaíodh sna litreacha fógartha roimhe sin. Sonraíodh sa litir go gcaillfeadh an gnólacht/duine aonair tairbhí na scéime mura ndéanfaí na tuairisceáin nach raibh déanta fós a chomhdú laistigh de dheich lá, i.e., bheadh an fiachas iníoctha láithreach agus bheadh feidhm ag na rátaí úis caighdeánacha de 8% agus 10% le héifeacht ó dháta dlite tosaigh na híocaíochta.

*Iarraidh ar fhéin-athbhreithniú a dhéanamh*

**21.43** I mí Mheán Fómhair 2022, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim litir fógartha Leibhéal 1 chuig gach cáiníocóir a bhí incháilithe don scéim um stórasú fiachais nó a bhí ag glacadh páirt inti cheana. Leis an bhfógra, tugadh deis dheireanach dóibh féin-athbhreithniú a dhéanamh agus nochtadh cáilitheach gan iarraidh a dhéanamh maidir le haon dliteanais bhreise nach raibh nochta le haghaidh thréimhse a haon. Ba ghá an nochtadh a dhéanamh, agus gach dliteanas gaolmhar a chainníochtú, faoin 31 Eanáir 2023. Cuireadh na dliteanais ansin leis an stórasú fiachais. Má shainaithnítear aon dliteanais bhreise le haghaidh thréimhse a haon tar éis an 31 Eanáir 2023, aisghairfear na socruithe stórasaithe. Ciallaíonn sé sin go mbeidh gach dliteanas le haghaidh thréimhse a haon (cáin, ús agus dliteanais) dlite le bailiú láithreach.

**21.44** Chuir 29 gcáiníocóir isteach nochtaí cáilitheacha gan iarraidh ar spriocdháta an 31 Eanáir 2023 nó roimh an dáta sin. Tá 15 cinn (as an 29 gcás) dúnta ag na Coimisinéirí Ioncaim, agus glacadh dhá cheann déag isteach sa scéim stórasaithe mar nochtaí cáilitheacha dar luach iomlán €526,000. Sna trí chás eile, níor measadh an fhaisnéis mar nochtadh cáilitheach toisc gur bhain sé le dliteanais chánach a bhí cainníochtaithe agus aitheanta cheana nó le tuairisceán nach raibh an dáta dlite do chomhdú ina leith imithe thart go fóill. Tá na ceithre cinn déag dé chásanna eile fós idir lámha.

## Conclúidí agus moltaí

**21.45** Tionscnamh an-suntasach ba ea an scéim um stórasú fiachais cánach le tacú le cáiníocóirí a raibh éifeacht mhór ag srianta phaindéim Covid-19 ar a gcuid gnólachtaí agus ioncaim. De réir na scéime, d'fhéadfaí íocaíocht dliteanas cánach incháilithe a chur siar saor ó ús ar feadh tréimhse, agus más gá, leas a bhaint ina dhiaidh sin as 3% go dtí íocaíocht.

**21.46** Ag deireadh mhí Iúil 2023, bhí díreach os cionn 60,000 gnólacht/duine aonair ag baint leas as an scéim um stórasú fiachais agus €1.9 billiún san iomlán d'fhiachais stórasaithe. Laghdú a bhí ansin ó leibhéal buaice d'fhiachas stórasaithe de dhíreach os cionn €3 billiún.

**21.47** Baineadh cáiníocóirí áirithe den scéim stórasaithe toisc gur mhainnigh siad na coinníollacha a chomhlíonadh, agus tógadh líon beag ar ais chuig an scéim nuair a bunaíodh comhlíonadh arís.

**21.48** Baineadh fiachais dar luach iomlán €85 mhilliún den stórasú, agus é sainaitheanta nár dhócha go mbaileofaí iad, e.g., mar thoradh ar imeachtaí um leachtú nó scrúdaitheoireacht.

**21.49** Is ionann an méid fiachais stórasaithe atá bailithe go dtí deireadh mhí Iúil 2023 agus tús maith i dtreo an méid iomlán fiachais sa stóras a laghdú.

***Rialuithe ar iarratas a dhéanamh ar an scéim***

**21.50** Deonaíodh iontráil uathoibríoch sa scéim do cháiníocóirí a bhainistíonn Rannóga Gnó agus Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim agus ba ghá do ghnólachtaí/dhaoine eile ar scála níos mó iarratas a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim le páirt a ghlacadh inti.

**21.51** Fuarthas amach san athbhreithniú ag an bhfoireann scrúdaithe ar 20 iarratas ar rochtain ar an scéim go raibh foirm iarratais leagtha isteach i ngach cás nuair a éilíodh déanamh amhlaidh. Thug an fhoireann iniúchta faoi deara, áfach, nárbh ann do theimpléad do chásoibrí de chuid na gCoimisinéirí chun sonraí a thaifeadadh faoin athbhreithniú a rinneadh le tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta.

**Moladh 21.1**

Le haghaidh aon scéimeanna um fhaoiseamh sealadach nó éigeandála amach anseo, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim machnamh a dhéanamh ar ghlacadh le teimpléad singil bunaithe ar threoirlínte/choinníollacha na scéime aonair chun cásoibrithe a éascú le mionsonraí a thaifeadadh faoi aon athbhreithnithe a rinneadh agus cinntí gaolmhara a ghlacadh.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Le haghaidh scéimeanna amach anseo, áit gur gá agus gur cuí déanamh amhlaidh, forbróidh na Coimisinéirí Ioncaim próiseas cuí le taifead a dhéanamh ar athbhreithnithe arna ndéanamh agus ar an mbonn don chinneadh deireanach. Cosúil le cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim le linn ghéarchéim Covid-19, is é an cur chuige a ghlacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim amach anseo é cothromaíocht chuí a chinntiú idir luas, solúbthacht agus freagrúlacht agus rialachas trédhearcach agus éifeachtach.

**Amlíne don chur chun feidhme**

Ní bheidh gá leis ach i gcás scéimeanna faoisimh éigeandála amach anseo.

### *Socruithe íocaíochta céimnithe*

**21.52** Ceanglaítear ar gach cáiníocóir a bhfuil dliteanais stórasaithe neamhíoctha acu socrú íocaíochta céimnithe (SIC) a bheith i bhfeidhm acu leis na Coimisinéirí Ioncaim nó a bhfiachas a íoc faoin 1 Bealtaine 2024. Faoi dheireadh mhí Iúil 2023, bhí 4% (€99 milliún) de luach an fhiachais stórasaithe faoi réir SIC comhaontaithe.

**21.53** Ceanglaítear de réir threoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh cáiníocóirí foirm iarratais SIC agus íocaíocht síos a dhéanamh atá comhionann le 25% de mhéid iomlán an fhiachais, lena n-áirítear aon ús nó pionóis fhabhraithe (nó íocaíocht síos de 40% i gcás ina bhfuil imréiteach cánach á lorg ag an gcustaiméir). Tugadh faoi deara le tástáil shamplach a rinne an fhoireann scrúdaithe maidir le seacht gcinn den 20 cás a rinneadh a athbhreithniú, nach raibh foirm iarratais leagtha isteach ag an gcáiníocóir, agus go raibh 17 gcinn de na híocaíochtaí síos faoi bhun na gcéatadán a bhí sonraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. Mar fhreagra, shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh na háiseanna chun glacadh le híocaíocht síos laghdaithe agus le níos lú doiciméadachta tacaíochta ar bhonn cáis ar chás i measc roinnt gnéithe solúbthachta a tugadh isteach le haghaidh SICeanna i ndáil le fiachais chánach a bhí clúdaithe faoin scéim um stórasú cánach. Is tábhachtach go ndéanfadh na Coimisinéirí Ioncaim a gcuid treoirlínte le haghaidh cáiníocóirí a leasú go pras chun léiriú a dhéanamh aon athruithe a rinneadh ar rialacha na scéime lena chinntiú nach bhfuil aon easpa soiléireachta ann i measc rannpháirtithe ionchais nó iarbhír na scéime.

**21.54** Ba cheart socrú luath fiachais cánach stórasaithe, trí íocaíochtaí síos agus trí phleananna íocaíochta a thosú, a spreagadh, agus ba cheart go mbeadh billí úis laghdaithe do cháiníocóirí i gceist dá bharr.

### *Ús ar fhiachas stórasaithe*

**21.55** Cheadaigh an scéim um stórasú fiachais íocaíocht a chur siar maidir le fiachas cánach áirithe. Níor tharraing an fiachas cánach ús ar bith ar feadh tréimhse shainithe, agus i ndiaidh sin tá ráta úis laghdaithe i bhfeidhm. I gcomhréir le rialacha na scéime, tá an t-ús réamh-mheasta inmhuirir ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh (nó ón 1 Bealtaine 2023 má bhain sé leis an scéim shínte).

**21.56** Le haghaidh cáiníocóirí a bhfuil SIC i bhfeidhm acu, áirítear ús carntha de 3% go huathoibríoch san íocaíocht mhíosúil sceidealaithe mar chuid den SIC. Le haghaidh gach íocaíochta eile i ndáil le fiachas stórasaithe, ní féidir ús a ríomh ach amháin nuair atá íocaíocht iomlán as tréimhse stórasaithe faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim. Cé go ndéanann an córas SBF an t-ús infheidhme ón 1 Eanáir 2023 (nó ón 1 Bealtaine 2023 i gcás na scéime sínte) a ríomh go huathoibríoch agus go n-ardaíonn sé muirir úis ar thaifead an chustaiméara dá bharr, próiseas láimhe atá i gceist le fógra a thabhairt don cháiníocóir faoin ráta úis atá iníoctha agus níl sé tosaithe fós. Tá sé dearbhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go dtosófar i mí Mheán Fómhair 2023 ar mhuirir úis a eisiúint chuig cáiníocóirí a bhfuil an fiachas cánach iomlán íoctha acu le haghaidh tréimhse stórasaithe.

### *Gníomhaíocht comhlíonta ioncaim*

**21.57** Tá creat idirghabhála comhlíonta i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim trína sholáthraítear freagairt chéimnithe d'iompraíocht cáiníocóra, ó dheiseanna do cháiníocóirí féin-athbhreithniú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt go deonach ar aon deacrachtaí a shainaithnítear, suas go tabhairt faoi smachtbhannaí coiriúla le haghaidh cásanna lena mbaineann calaois thromchúiseach nó seachaint thromchúiseach.

**21.58** Tá gníomhaíocht comhlíonta i dtaca leis an scéim um stórasú fiachais dírithe ar cháiníocóirí a mheabhrú faoina gcuid oibleagáidí agus deis a thabhairt dóibh earráidí a cheartú.

**21.59** Mar thoradh ar iarraidh ag na Coimisinéirí Ioncaim chuig gach cáiníocóir sa scéim um stórasú fiachais féin-athbhreithniú a dhéanamh agus nochtadh cáilitheach gan iarraidh a dhéanamh faoi aon dliteanais bhreise nach raibh nochta le haghaidh thréimhse a haon, glacadh le €526,000 breise d'fhiachas sa scéim.

# 22 Caillteanais cánach corparáide

**22.1** Bíonn cuideachtaí faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ar gach brabús a shaothraítear ó ioncam nó ó ghnóthachain. Tá cuideachtaí i mbun gnó in Éirinn inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide ag ráta de 12.5% ar bhrabús saothraithe ó ghníomhaíochtaí trádála.[1] Má thuairiscíonn cuideachta caillteanas trádála i dtréimhse chuntasaíochta, féadfaidh sí an caillteanas sin a úsáid chun faoiseamh a fháil ó cháin chorparáide a íoc ar bhealaí éagsúla (féach Fíor 22.1).

**Fíor 22.1 Faoiseamh caillteanais trádála**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**22.2** Go ginearálta, féadfar caillteanais trádála a chur in aghaidh bhrabús na tréimhse reatha, a ghéilleadh do chuideachtaí an ghrúpa, a fhritháireamh in aghaidh brabús de thréimhse cuntasaíochta roimhe seo ar comhfhad léi nó a tugadh ar aghaidh agus a fritháiríodh in aghaidh ioncaim ón ngnó céanna i dtréimhsí cuntasaíochta amach anseo gan srian. Féadfar caillteanas trádála a úsáid ar bhonn luacha, leis, in aghaidh ioncam neamhthrádala nó gnóthachain den tréimhse chuntasaíochta reatha nó roimhe sin.

**22.3** Lena chois sin, féadann cuideachta an cháin is iníoctha aici a laghdú ach éileamh a dhéanamh ar liúntais chaipitil ar chaiteachas caipitil a thabhaigh sí ar chineálacha áirithe sócmhainní gnó agus áitribh, lena n-áirítear gléasra agus innealra, mótarfheithiclí agus foirgnimh thionsclaíocha, etc.[2] Is iondúil go ríomhtar liúntais chaipitil de réir méid cothrom ar ghlanchostas na sócmhainne gnó nó an áitribh. Tá sé de rogha ag cuideachtaí na hasbhaintí sin a úsáid chun an faoiseamh cánach i leith caiteachais a thabhaítear ar shócmhainn chaipitil a leathadh thar roinnt blianta cánach, ag brath ar chineál agus saolré úsáideach na sócmhainne.[3] Tugtar liúntais chaipitil nach n-úsáidtear sa bhliain (cé is moite de liúntais chaipitil imfhálaithe áirithe) ar aghaidh mar chaillteanais trádála go dtí an chéad bhliain eile.

**22.4** Díreofar sa scrúdú seo orthu seo:

- Treochtaí i gcaillteanais cánach corparáide
- obair fíoraithe ar thug na Coimisinéirí Ioncaim fúithi maidir le hiarmhéideanna caillteanais cánach corparáide

1 Tá feidhm ag ráta cánach níos airde de 25% i leith gníomhaíochtaí infheistíochta, gníomhaíochtaí cíosa agus gníomhaíochtaí neamhthrádala eile, agus i leith gníomhaíochtaí áirithe peitriliam, mianadóireachta agus idirbheart talún. Gearrtar cáin ar ghnóchain chaipitiúla inmhuirir a bheag nó a mhór ag ráta de 33%.

2 Tá éilimh ar liúntais chaipitil ar 'shócmhainní doláimhsithe sonraithe' faoi réir ceanglais bhreise agus coinníollacha breise i gcomparáid leosan ar shócmhainní inláimhsithe. Coinníoll amháin den sórt sin is ea nach féidir liúntais chaipitil le haghaidh sócmhainní doláimhsithe sonraithe a asbhaint ach amháin ó ioncam a saothraíodh ó 'ghníomhaíochtaí ábhartha', e.g., bainistiú agus forbairt a dhéanamh ar shócmhainní doláimhsithe sonraithe agus ar dhíolacháin a dtagann an chuid is mó dá luach ó úsáid sócmhainní doláimhsithe sonraithe agus leas a bhaint astu sin.

3 Féadfaidh cuideachta éileamh a dhéanamh ar liúntas caipitil luathaithe (LCL) de 100% ar na nithe seo a leanas: trealamh atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear feithicilí leictreacha agus breosla mhalartaigh, feithicilí gáis agus trealamh athbhreoslaithe nó trealamh i naíolann nó in ionad aclaíochta a chuireann cuideachta ar fáil dá cuid fostaithe Féadfar éileamh a dhéanamh ar LCL an chéad bhliain ina n-úsáidtear an tsócmhainn sa ghnáthchúrsa gnó.

- dlús sealadach a cuireadh faoi fhaoiseamh i leith caillteanais cánach corparáide
- an úsáid a mbaineann na Coimisinéirí Ioncaim as na sonraí atá ar fáil faoi chaillteanais cánach corparáide chun críocha pleanála agus réamhaisnéisithe.

## Treochtaí i gcaillteanais cánach corparáide

**22.5** Maidir leis na caillteanais cánach corparáide a bhí ar fáil sna cúig bliana suas go dtí 2021, níor tháinig athrú rómhór orthu. In 2021, bhí thart ar €242 billiún de chaillteanais ar fáil le fritháireamh i gcoinne brabúis, arb é atá ann €228 billiún de chaillteanais tugtha ar aghaidh agus €14 billiún de chaillteanais na bliana reatha (féach Fíor 22.2). D'fhéadfadh sé sin méideanna an bhrabúis sa todhchaí ar a ngearrtar cáin chorparáide a laghdú amach anseo, rud arb ionann é agus laghdú thart ar €30 billiún ar fháltais ó cháin chorparáide don Státchiste amach anseo.

**Fíor 22.2 Caillteanais trádála a bhí ar fáil, 2017 – 2021[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Is í 2021 an bhliain is deireanaí a bhfuil sonraí cánach corparáide ar fáil ina leith. Tá tuairisceáin cánach corparáide do 2022 le cur isteach laistigh de naoi mí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta.

### *Caillteanais cánach corparáide atá ar fáil lena bhfritháireamh*

**22.6** I mí Aibreáin 2023, thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh €35 billiún de na caillteanais a tugadh ar aghaidh go 2021 ina n-éilimh ag cuideachtaí a bhí faoi leachtú nó cuideachtaí nár dhócha, ar chúis éigin eile, go mbainfidís leas as na caillteanais sin go deo. Ba chuideachtaí san earnáil airgeadais a thaifead tromchuid an mhéid sin. [1]

**22.7** Bhí caillteanais de €228 billiún a tugadh ar aghaidh i ndáil leis an mbliain chánach 2021 ar fáil do thuairim is 63,200 cuideachta. Maidir leis na caillteanais sin a tugadh ar aghaidh, ba iad cuideachtaí a rinne éileamh ar chaillteanais a thabhairt ar aghaidh ar feadh cúig bliana nó níos mó a thabhaigh 90% díobh.[1]

**22.8** Sa chás gur cruthaíodh caillteanas trádála le liúntais chaipitil, nó gur chuir siad le caillteanas cuntasaíochta, i dtréimhse chuntasaíochta agus gurb amhlaidh a thugtar an caillteanas sin ar aghaidh, ní dhéanann córais na gCoimisinéirí Ioncaim idirdhealú idir liúntais chaipitil nár úsáideadh agus caillteanais a tugadh ar aghaidh.

1 *Cáin chorparáide — íocaíochtaí 2022 agus tuairisceáin 2021*, na Coimisinéirí Ioncaim, Aibreán 2023.

**22.9** I mí an Mheithimh 2018, mhol an Coiste um Chuntais Phoiblí do na Coimisinéirí Ioncaim gur cheart dóibh

- nósanna imeachta a chur chun feidhme chun anailís a dhéanamh ar chaillteanais a thugtar ar aghaidh chun idirdhealú a dhéanamh idir iad siúd a bhaineann le caillteanais trádála agus iad siúd a bhaineann le liúntais chaipitil nár úsáideadh, agus
- tabhairt faoi anailís aoise a dhéanamh ar chaillteanais reatha a thugtar ar aghaidh agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar anailís dá leithéid ar bhonn tráthrialta agus go córasach.[1]

**22.10** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don fhoireann scrúdaithe go gcaithfí athrú reachtach a dhéanamh sula bhféadfaidís ceachtar den dá mholadh a chur i bhfeidhm. Mhaígh siad nach bhfuil aon bhunús sa dlí cánach ar ar féidir idirdhealú a dhéanamh idir an chuid de chaillteanas trádála atá inchurtha i leith liúntais chaipitil agus an chuid nach bhfuil — chun críocha cánach, caitear leis mar mhéid ilchodach amháin.

**22.11** Maidir leis an anailís aoise, luaigh na Coimisinéirí Ioncaim

- nach leagtar amach sa reachtaíocht reatha aon ord inar cheart caillteanais trádála a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe a fhritháireamh, seachas á lua nach mór iad a úsáid i gcoinne na chéad bhrabúis a bheidh ar fáil ón trádáil chéanna
- gurb amhlaidh, ós rud é nach bhfuil aon treoir sa dlí maidir le caillteanais a thugtar ar aghaidh faoi threoir na bliana ina dtabhaítear iad a shruthú, nach bhfuil aon bhunús ar ar féidir iallach a chur ar cháiníocóirí anailís aoise a thabhairt ar chaillteanais a tugadh ar aghaidh mar ní bhaineann sé le hábhar ó thaobh ríomh a ndliteanais cánach de
- gurb amhlaidh, ós rud é nach bhfuil aon bhunús sa reachtaíocht le caillteanas a shruthú in aghaidh na bliana agus nach gceanglaítear ar cháiníocóirí anailís aoise a thabhairt, nach féidir lena gcórais anailís aoise a dhéanamh ar chaillteanas trádála a thugtar ar aghaidh.

### *Caillteanais cánach corparáide a úsáideadh*

**22.12** Cé nach mór do chuideachta caillteanais a thaifeadadh a ndearnadh éileamh orthu ar a dtuairisceán cánach corparáide (CT1), ní ceadmhach caillteanas trádála a úsáid ach amháin má tá dliteanas cánach corparáide cuí ann le fritháireamh ina choinne. Leagtar amach i bhFíor 22.3 méid na gcaillteanas ar úsáid cuideachtaí iad le linn na tréimhse 2017 go 2021 agus iad cionroinnte thar na gcaillteanas tugtha ar aghaidh agus an bhliain reatha. Cé is moite de 2020 — bliain inar ísligh an tsuim faoi bhun €10 billiún — níor tháinig athrú rómhór ar na caillteanais chánach corparáide ar úsáid cuideachtaí iad ó 2017 i leith idir beagán le cois €14 billiún sa bhliain sin go tuairim is €12 billiún in 2021.

1 *Iniúchadh ar ábhair a bhaineann le fáltais ó cháin chorparáide*, an Coiste um Chuntais Phoiblí, Meitheamh 2018.

**Fíor 22.3 Caillteanais trádála a úsáideadh, 2017 – 2021**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

### *Anailís earnála*

**22.13** In 2021, bhí beagán le cois €415 billiún de chaillteanais cánach corparáide agus de liúntais chaipitil ar fáil le fritháireamh i gcoinne brabúis (2020: €377 billiún). Chuimsigh sé sin

- caillteanais tugtha ar aghaidh de €228 billiún
- caillteanais na bliana reatha de €14 billiún
- Liúntais chaipitil na bliana reatha ar fiú €173 billiún iad ina n-iomláine.

**22.14** Leagtar amach i bhFíor 22.4 sonraí faoin úsáid a baineadh as na caillteanais agus na liúntais chaipitil a bhí ar fáil in 2021, de réir earnála.

**Fíor 22.4 Meastachán ar na caillteanais agus na liúntais chaipitil a bhí ar fáil, úsáidte agus neamhúsáidte, ag deireadh na bliana 2021**

| Earnáil | Caillteanas agus liúntais chaipitil ar fáil in 2021 €bn | Úsáidte in 2021 €bn | | Neamhúsáidte ag deireadh 2021 €bn | Líon na gcuideachtaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais | 108.3 | 6.7 | 6% | 101.6 | 4,390 |
| Gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta | 85.0 | 18.3 | 22% | 66.7 | 5,899 |
| Monaraíocht | 82.7 | 57.4 | 69% | 25.3 | 4,618 |
| Faisnéis agus cumarsáid | 41.0 | 12.0 | 29% | 29.0 | 6,175 |
| Tógáil | 10.7 | 1.0 | 9% | 9.7 | 11,227 |
| Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola | 36.0 | 8.1 | 23% | 27.9 | 10,140 |
| Iompar agus stóráil | 11.9 | 0.5 | 4% | 11.4 | 2,156 |
| Eile | 39.9 | 7.4 | 19% | 32.5 | 26,711 |
| **Iomlán** | **415.5** | **111.4** | **27%** | **304.1** | **71,316** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Líon na gcuideachtaí a thug caillteanais ar aghaidh*

**22.15** D'úsáid beagnach 29,000 cuideachta caillteanais cánach corparáide ina dtuairisceán do 2021. Ní raibh beagnach leath an mhéid €228 billiún a tugadh ar aghaidh go 2021 ar fáil ach do 26 chuideachta, cothrom le €4.4 billiún ar an mheán in aghaidh na cuideachta. Lena hais sin, bhí caillteanais arbh fhiú €5.1 billiún iad ar fáil do na 57,000 cuideachta, beagnach, a bhí fágtha. B'in meán de thart ar €90,000 in aghaidh na cuideachta (féach Fíor 22.5).

**Fíor 22.5 Dlús na gcaillteanas cánach corparáide a tugadh ar aghaidh in 2021**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

### *Anailís ar chuideachtaí a raibh caillteanais mhóra cánach corparáide acu*

**22.16** Cé go bhfuil cion mór de chaillteanais chánach corparáide ar fáil i láthair na huaire le fritháireamh i gcoinne dliteanais cánach corparáide amach anseo, tá laghdú éigin tagtha air sin ón uair dheireanach a thuairiscigh mé i leith an ábhair seo.[1] In 2016, ba iad na 24 chuideachta is mó sa tír ba chúis le pas níos mó ná leath na gcaillteanas a bhí ar fáil lena bhfritháireamh ag an am sin (€296 billiún) (féach Fíor 22.6). Tá sé sin laghdaithe go 45% de na caillteanais a bhí ar fáil (€415 billiún) in 2021.

**Fíor 22.6 Caillteanais agus liúntais chaipitil ar fáil lena bhfritháireamh, 2016 agus 2021**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**22.17** Mar chuid den scrúdú seo, rianaíomar na 24 chuideachta a raibh na caillteanais ba mhó acu in 2016 chun an staid ina raibh siad in 2021 a fháil amach. Bhí dhá chuideachta dhéag de na cuideachtaí a raibh na caillteanais ba mhó acu in 2016 fós i measc na 24 chuideachta ba mhó caillteanas in 2021. Ar an dá chuideachta dhéag nach raibh i measc na 24 chuideachta ba mhó caillteanas in 2021, bhí brabús á dhéanamh ag naoi gcinn acu agus caillteanais á n-úsáid acu, bhí ceann eile brabúsach agus éileamh á dhéanamh aige ar liúntais chaipitil in 2021, chuir ceann eile CT1 isteach do 2021 ach é á rá nach ndearna sé brabús trádála ar bith, agus ní raibh cuideachta eile i mbun trádála a thuilleadh.

## Fíorú na gcaillteanas cánach corparáide a tugadh ar aghaidh

**22.18** Tá roinnt gnéithe ag baint leis an gcóras atá ag na Coimisinéirí Ioncaim chun luach na gcaillteanas a thugann cuideachtaí ar aghaidh a dheimhniú.

- Is iondúil go mbíonn athbhreithniú ar aon chaillteanas a tugadh ar aghaidh mar chuid d'idirghabhálacha comhlíonta cánach corparáide.
- Déantar caillteanais a scrúdú mar chuid d'athbhreithniú ar rioscaí a dhéantar go bliantúil ar mhórghrúpaí a ghlacann páirt sa Chreat Comhlíonta Comhoibríoch (CCC).[2]
- Aon uair a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim iarrataí ar aisíocaíochtaí cánach corparáide agus ar imréiteach leachtaithe, tá seans ann go ndéanfaí caillteanais tugtha ar aghaidh a scrúdú.

1 Caibidil 19 '*Caillteanais cánach corparáide*', *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2017.*

2 Agus iad comhdhéanta de 1,252 chuideachta atá cláraithe le haghaidh cánach corparáide, ghlac 119 ngrúpa páirt sa CCC [Creat Comhlíonta Comhoibríoch].

**22.19** Rinne na Coimisinéirí Ioncaim 14,810 idirghabháil comhlíonta cánach corparáide idir 2019 agus 2022. Mar chuid de chóras bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim, stóráiltear nótaí ó oibrí cásanna leithleacha mar aon le tuairisc idirghabhála ina dtugtar cuntas ar gach cás. Is iondúil go mbíonn an fhaisnéis seo i bhfoirm téacs shaoir seachas réimsí réamhshainithe a d'fhéadfaí a úsáid mar bhonn ar féidir staitisticí a bhaint as. Fágann sé sin go gcaithfí athbhreithniú de láimh a dhéanamh ar gach cás le líon na gcásanna a ndearnadh athbhreithniú caillteanas orthu a dheimhniú.

**22.20** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil a gcur chuige i leith comhlíonta curtha in oiriúint do dhul i ngleic le rioscaí féideartha nó atá ann cheana ar fud a mboinn cásanna roinnte, agus bealach difriúil ag gach rannóg i leith cásanna a bhainistiú. Mar shampla, ar an méid €223 billiún, beagnach, de chaillteanais a tugadh ar aghaidh in 2021 (diomaite díobh sin a bhain le trádálacha eiscthe)

- ba í Rannóg na Mórchorparáidí a bhainistigh 80% díobh, nó tuairim is €178 billiún[1]
- bhain 12% díobh, nó thart ar €27 billiún, le cáiníocóirí a bhí á mbainistiú ag Rannóg na bhFiontar Meánmhéide agus
- bhain an 8% eile, nó €18 billiún, le cáiníocóirí a bhí á mbainistiú ag an Rannóg Gnó.

### *Rannóg na Mórchorparáidí*

**22.21** Is measúnuithe riosca cás-sonraigh an príomh-mhodh a úsáideann Rannóg na Mórchorparáidí (RMC) chun luach na gcaillteanas a thugtar ar aghaidh a dheimhniú di féin. Níl in athbhreithniú ar chaillteanais ach gné amháin a bhreithnítear le linn measúnú riosca a dhéanamh agus is féidir go scrúdaítear an méid seo a leanas lena linn

- éilimh ghrúpa ar fhaoiseamh (lena n-áirítear siméadracht idir caillteanais géillte agus caillteanais éilithe)
- aon srianta ar chaillteanais a d'fhéadfaí teacht chun cinn, e.g., i gcás comhdú déanach.

**22.22** Is den ghnáthchleachtas é athbhreithniú a dhéanamh ar na caillteanais deiridh in aon bhliain amháin agus na caillteanais tosaigh an bhliain dár gcionn mar chuid de mheasúnú riosca cás-sonraigh. É sin ráite, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach ndéantar é sin a dhoiciméadú i gcónaí toisc gurb é is aidhm le measúnú riosca ná riosca do cháin a shainaithint. I gcás nach sainaithnítear aon riosca cánach, ní gnách go ndéantar an measúnú riosca a dhoiciméadú.

**22.23** Is é RMC a dhéanann tionscadail shonracha chomhlíonta ar chaillteanais a thugtar ar aghaidh in earnálacha áirithe.

- In 2019 agus 2021, rinneadh dhá thionscadal ar an earnáil léasaithe aerárthaí. Díríodh ar na caillteanais a tugadh ar aghaidh ag deireadh 2016 agus 2017 a réiteach le caillteanais a tugadh ar aghaidh i dtús 2017 agus 2018. Tá liúntais chaipitil shonracha sa bhreis ag eintitis san earnáil seo nach luaitear ar an bhfoirm CT1, rud a fhágann nach féidir caillteanais tugtha ar aghaidh a réiteach ar bhonn na faisnéise a fhaightear sa tuairisceán amháin. Rinne na tionscadail athbhreithniú ar 25 chuideachta agus is é an toradh a bhí orthu ná gur cuireadh srian de €358 milliún (10% d'iomlán na gcaillteanas a tugadh ar aghaidh) ar iomlán na gcaillteanas a thug na cuideachtaí ábhartha ar aghaidh, i riocht is gur bailíodh €45 mhilliún sa bhreis i dtoradh cánach. Rinneadh leasuithe ar an CT1 don bhliain 2021 agus do bhlianta ina dhiaidh sin chun go bhféadfaí na liúntais chaipitil bhreise shonracha sin a thuairisciú ar leithligh ar an bhfoirm.

1 Ó Mhí Dheireadh Fómhair 2015 i leith, is iad Rannóg na Mórchorparáidí a phléann le grúpaí a bhfuil láimhdeachas bliantúil is mó ná €190 milliún acu nó a bhfuil íocaíochtaí cánach is mó ná €18 milliún acu in aghaidh na bliana.

- Sa bhliain 2021, cuireadh tús le tionscadal chun bailíocht na gcaillteanas sna blianta 2017 agus 2018 a scrúdú i 30 cuideachta agus na caillteanais is airde in dhá bhrainse LCD. Cuireadh céim a haon i gcrích, agus srian curtha ar chaillteanais a bhfuil luach beagnach €18 milliún orthu (1% de chaillteanais iomlána a tugadh ar aghaidh) agus shaothraigh sé €2.2 milliún sa bhreis. Tá céim a dó fós ag dul ar aghaidh agus díríonn sí ar bhailíocht na gcaillteanas sna blianta 2019 agus 2020 ar mó iad ná €5 mhilliún agus a rinne grúpaí a éileamh agus a ghéilleadh. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go ndéanfar moltaí, má thagann siad chun cinn, i dtaca leis an dá chéim nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích.

### *Rannóg na bhFiontar Meánmhéide*

**22.24** Agus idirghabháil comhlíonta cánach corparáide á cur i gcrích agus caillteanais á dtaispeáint sa tuairisceán/sna tuairisceáin, déanann Rannóg na bhFiontar Meánmhéide athbhreithniú ar na caillteanais le haghaidh aon chomhartha riosca. Mar chuid den athbhreithniú seo, iarrtar sceideal caillteanas. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go ndéantar taifead sa tuarascáil idirghabhála ar na conclúidí maidir le cúrsaí faoi athbhreithniú riosca, lena n-áirítear caillteanais.[1]

**22.25** Le linn ráithe 3 den bhliain 2022, thosaigh ceann de na brainsí MED cleachtadh chun anailís a dhéanamh ar na caillteanais a tugadh ar aghaidh chuig na blianta 2017 go 2021 maidir leis an 261 chás a bhainistigh an brainse sin agus a leithéid de chaillteanais léirithe ar na foirmeacha CT1 ábhartha. Cuireadh céim a haon den chleachtadh sin i gcrích i mí Aibreáin 2023 agus, cé nach bhfuarthas aon difríocht nó difríocht a bhíothas in ann a réiteach go héasca i 192 cheann (beagnach 75%) de na cásanna, luaigh an cleachtadh na fadhbanna seo a leanas maidir le cuid de na foirmeacha

- earráidí tras-scríbhinne agus ríomha[2]
- níor chuir gníomhairí/cáiníocóirí an painéal caillteanas i gcrích ina iomláine (ag fágáil an bhosca 'tabhair ar aghaidh' folamh).

**22.26** Luadh chomh maith i gcleachtadh mhí Aibreáin 2023 gurb amhlaidh, i gcásanna ina bhfuil caillteanais ann ón mbliain reatha, nach ligeann an fhoirm CT1 do réiteach na gcaillteanas a tugadh ar aghaidh ag deireadh bliana amháin, agus iad sin tugtha ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile. Luadh sa tuarascáil ón mbrainse MED ar an athbhreithniú gur cheart réimse breise a chur le foirm CT1 chun caillteanais iomlána a tugadh ar aghaidh sa chéad bhliain eile a ghabháil, seachas iarmhéid na gcaillteanas a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an t-athrú seo ar fhoirm CT1 á meas don chéad tréimhse eile (CT1 2024), ach go bhfuil an cumas chun an t-athrú a chur chun feidhme faoi réir beartú tosaíochta agus faoi réir acmhainní TF a bheith ar fáil.

1 In athbhreithniú riosca, déantar rioscaí a bhaineann le caillteanais cánach corparáide na bliana reatha agus caillteanais trádála agus neamhthrádála a tugadh ar aghaidh a mheas.

2 Earráidí tras-scríofa amhail digití as áit nó fágtha ar lár ó uimhir. Earráidí sa ríomh amhail uimhir chomhpháirte a fhágáil ar lár, í a bheith le feiceáil i CT1 ach gan a bheith curtha san áireamh agus an t-iarmhéid á ríomh.

**22.27** Tosaigh an brainse MED lena mbaineann le céim a dó den chleachtadh, inar scrúdaíodh 69 gcás ar sainaithníodh ina leith sa chleachtadh tosaigh go mbeadh athbhreithniú níos mionsonraithe ag teastáil. Bhí an t-athbhreithniú leantach in ann an chúis leis an neamhréir a fháil amach i 93% de na cásanna sin. Luaigh i dtuarascáil mhí an Mheithimh 2023 ar an athbhreithniú leantach go bhfuil easpa tuisceana ag roinnt cáiníocóirí/gníomhairí maidir le réimsí áirithe ar thuairisceán CT1 agus ba é sin ba chúis leis na hearráidí ionchuir. Mar thoradh air sin, moladh go bhféadfaí aghaidh a thabhairt air sin dá mba rud é go mbailíochtódh na Coimisinéirí Ioncaim na figiúirí ar thuairisceáin CT1. Sainaithníodh san athbhreithniú chomh maith cúig chás lena ngéarú trí athbhreithniú riosca a dhéanamh.

### *Athbhreithniú ar chaillteanais cánach corparáide ag foireann iniúchóireachta airgeadais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

**22.28** Mar chuid d'iniúchóireacht airgeadais Fháltas Ioncaim an Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, scrúdaigh an fhoireann iniúchóireachta airgeadais sampla de 15 chás, áit a raibh na caillteanais a tugadh ar aghaidh ó thuairisceáin CT1 2019 éagsúil ó na caillteanais a tugadh ar aghaidh i dtuairisceáin CT1 2020.

- Tugadh míniú ar naoi gcás, agus difríochtaí €975 mhilliún ann, trí thosca amhail difríochtaí malairte eachtraí, muirir, liúntais chaipitil, faoiseamh grúpa agus caillteanais luachbhunaithe a chur san áireamh.
- Bhain dhá chás, arbh ionann a ndifríochtaí agus €294 mhilliún san iomlán, le heintitis sa tionscal leasaithe aerárthaigh, áit ina bhfuil liúntais chaipitil bhreise shuntasacha nár cuireadh san áireamh iad ar fhoirm CT1 don bhliain faoi athbhreithniú. Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, go ndearnadh leasuithe ó shin ar fhoirm CT1 don bhliain 2021 agus do bhlianta ina dhiaidh sin chun cuimsiú na liúntas caipitil breise atá sonrach don tionscal a éascú.
- Earráidí ionchuir ag cáiníocóirí/gníomhairí a bhí mar chúis le ceithre chás, arbh ionann a ndifríochtaí agus €12 mhilliún san iomlán. Réitigh an cáiníocóir ceann de na cásanna sin agus tá na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint ar aghaidh ag obair leis na cáiníocóirí/na gníomhairí ábhartha maidir le haghaidh a thabhairt ar na trí chás atá fágtha.

## Géarú sealadach a cuireadh faoi fhaoiseamh i leith caillteanais cánach corparáide

**22.29** Rinneadh foráil in alt 11 den Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020, do ghéarú sealadach ar fhaoiseamh i leith chaillteanais cánach corparáide do chuideachtaí mar thacaíocht sreabhaidh airgid. Leis an bhforáil, ligeadh do chuideachtaí caillteanais trádála a mheas maidir le tréimhsí cuntasaíochta áirithe a ndeachaigh srianta Covid-19 i bhfeidhm orthu agus éileamh sealadach a dhéanamh chun suas go 50% de na caillteanais sin a thabhairt ar ais in aghaidh bhrabús inchánach na tréimhse cuntasaíochta roimhe sin ar bhonn luathaithe. Ba é an toradh a bhí air sin ná aisíocaíocht ar roinnt cánach corparáide nó an cháin chorparáide ar fad a íocadh don tréimhse roimhe sin nó laghdú ar an méid cánach corparáide ab iníoctha don tréimhse sin. Ba é an lá deireanach a bhíothas in ann éileamh a dhéanamh ar an bhfaoiseamh sin ná an 30 Bealtaine 2022.

**22.30** Cuirtear sonraí ar fáil i bhFíor 22.7 ar líon iomlán na n-éileamh a fuair na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh caillteanais luathaithe agus líon na gcaillteanas agus na n-aisíocaíochtaí luathaithe a éilíodh.

**Fíor 22.7 Faoiseamh luathaithe i leith caillteanais**

| Bliain[a] | Cineál | Líon na n-éilitheoirí | Caillteanais a éilíodh €m | Aisíocaíochtaí luathaithe a éilíodh €m |
|---|---|---|---|---|
| **2019** | Cuideachtaí a raibh brabús trádála acu | 247 | 479.8 | 60.0 |
| | Cuideachtaí a raibh trádálacha eiscthe acu[b] | 30 | 2.7 | 0.6 |
| | **Iomlán** | **277** | **482.5** | **60.6** |
| **2020** | Cuideachtaí a raibh brabús trádála acu | 106 | 89.8 | 11.2 |
| | Cuideachtaí a raibh trádálacha eiscthe acu[b] | 23 | 1.2 | 0.2 |
| | **Iomlán** | **129** | **91.0** | **11.4** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Léirítear i sonraí 2019 caillteanais 2020 a tugadh ar ais in aghaidh bhrabús 2019. Léirítear i sonraí 2020 caillteanais 2021 a tugadh ar ais in aghaidh bhrabús 2020.

b Is ionann trádáil eiscthe agus trádáil atá comhdhéanta d'oibríochtaí trádála, nó de ghníomhaíochtaí trádála, ar oibríochtaí eiscthe iad, ar nós talamh a thrádáil nó a fhorbairt, mianraí oibre a thrádáil nó trádáil a bhaineann le gníomhaíochtaí peitriliam.

**22.31** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurb amhlaidh, maidir leis na 24 éileamh a ndearna LCD bainistíocht orthu (díreach faoi bhun 6% d'éilimh ar fhaoiseamh i leith caillteanais), a cuireadh na brainsí earnála ar an eolas maidir leis na héilimh sin nuair a tháinig siad chun cinn agus a osclaíodh idirghabhálacha ar an bhformhór.

**22.32** Níl aon chritéir thiomnaithe ann maidir le héilimh a roghnú i leith faoiseamh caillteanais luathaithe ar cháin chorparáide le hathbhreithniú ag cásoibrithe. Faoi mar atá amhlaidh i gcás na n-aisíocaíochtaí cánach corparáide ar fad, féadfar éilimh ar fhaoiseamh i leith caillteanais a chur faoi bhráid na foirne próiseála trí na rialacha caighdeánacha maidir le mír oibre i gcóras na gCoimisinéirí Ioncaim um Próiseáil Cánachais Chomhtháite.[1] Más rud é go ndéanann cáiníocóir tuairisceán cánach corparáide a chur isteach nó a leasú agus go bhfuil aisíocaíocht le híoc, is féidir mír oibre a chruthú bunaithe ar an méid atá i gceist leis an aisíocaíocht.

**22.33** Maidir le hidirghabhálacha comhlíonta ar ghéarú sealadach i leith faoiseamh caillteanais, dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim gur cuireadh fiche idirghabháil i gcrích, agus iad comhdhéanta de thrí theagmháil comhlíonta, de thrí bhreithiúnas agus de 14 cheist gné.[2] Ní bhfuarthas aon toradh (de cháin bhreise a bhí dlite) ón obair comhlíonta sin a rinneadh ar bheagnach 5% de chásanna de réir uimhreach agus 87% de réir luach na n-aisíocaíochtaí luathaithe iomlána a éilíodh.

## Pleanáil agus réamhaisnéisiú

**22.34** Is cuid lárnach de bhuiséadú foriomlán na hearnála poiblí é réamhaisnéisiú cruinn ar ioncam cánach. Tá freagracht ar an Roinn Airgeadais as réamhaisnéisí cánach a mheas agus a fhoilsiú gach bliain, rud a dhéantar le cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim.[3] Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé doiligh an tionchar amach anseo ar chaillteanais ar fháltais cánach corparáide a réamhaisnéisiú, toisc go mbraitheann an úsáid amach anseo ar bhrabúsacht amach anseo agus an cumas atá ag cuideachtaí chun aon chaillteanas atá ar fáil dóibh a úsáid.

1 Is ionann mír oibre agus 'cúis' a chruthaigh córas próiseála na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh fadhb áirithe a sainaithníodh ar thuairisceán nó taifead cáiníocóra a bhfuil athbhreithniú cásoibrí ag teastáil uaidh.

2 Is ionann teagmháil comhlíonta agus idirghabháil ag na Coimisinéirí Ioncaim a bhféadfadh go mbeadh seiceálacha agus dúshláin agus teagmháil dhíreach leis an gcáiníocóir agus/nó an gníomhaire i gceist léi chun comhlíonadh a scrúdú, cé nach bhfuil sí ag leibhéal iniúchóireachta.

3 Úsáideann an Roinn Airgeadais réamh-mheastacháin ar ollbharrachas oibriúcháin, i.e., brabúsacht, meastacháin ar thionchar na mbeart buiséid agus athruithe eile ar bheartais, chomh maith le faisnéis a tháinig ó na Coimisinéirí Ioncaim chun fáltais cánach corparáide a réamhaisnéisiú.

**22.35** Tá cáin chorparáide thar a bheith comhchruinnithe, leis an gcuid is mó d'fháltais íoctha ag líon beag cuideachtaí agus earnálacha. Mar thoradh air sin, bíonn tionchar suntasach ag forbairtí atá sonrach don chuideachta agus don earnáil, atá deacair le tuar. Don bhliain 2021, laghdaigh caillteanais trádála cánach corparáide a úsáideadh, na fáltais chánach chuig an Státchiste faoi dhíreach os cionn €1.5 billiún, agus déanann na caillteanais charntha atá fágtha ionadaíocht do laghdú féideartha i mbailiú cánach amach anseo de dhíreach os cionn €30 billiún. Dá bhrí sin, is príomhpháirt de réamhaisnéisiú í úsáid caillteanas amach anseo.

**22.36** Thuairiscigh mé roimhe seo nach ndearnadh caillteanais cánach corparáide a réamhaisnéisiú leo féin. Mar fhreagra air sin, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go raibh meastacháin do bhlianta amach anseo bunaithe ar fháltais ó bhlianta roimhe sin ar ghlanbhonn, agus caillteanais mar chuid bhunúsach den bhonn cánach do cháin chorparáide.[1] Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim chomh maith gurbh amhlaidh, dá mba rud é go ndéanfaí caillteanais nua shuntasacha a thabhú sa bhonn cánach, a bheadh na Coimisinéirí Ioncaim ag súil leis sin a ghabháil trí na gnáthchainéil agus go ndéanfadh siad meastacháin a athrú dá réir sin.

**22.37** Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go leantar leis an gcur chuige céanna a ghlacadh chun fáltais cánach corparáide a réamhaisnéisiú, toisc go meastar gurb é an modh is oiriúnaí é. Mar chuid den phróiseas réamhaisnéisithe, tugann na Coimisinéirí Ioncaim aird áirithe ar úsáid na gcaillteanas ag na deich ngrúpa is mó.[2] Gach bliain, iarrtar ar na deich ngrúpa is mó aon athrú suntasach ar a gcuid íocaíochtaí cánach sa bhliain réamhaisnéise a réamhaisnéisiú chomh maith le haon chúis a bhaineann leis atá mar bhonn faoi na hathruithe sin, mar shampla, mar gheall ar úsáid caillteanais mhéadaithe. Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuair siad aon fhreagra inar tugadh le fios go bhfeidhmíonn caillteanais mar thoisc a théann i bhfeidhm ar éagsúlachtaí in íocaíochtaí cánach ag na grúpaí sin.

**22.38** Leagtar amach i bhFíor 22.8 réamhaisnéisí maidir le cáin chorparáide i gcomparáid le glanfháltais don tréimhse 2011 go 2022. Chuimsigh an éagsúlacht bhliantúil ó réamhaisnéis ó 3% go 50% suas go dtí an bhliain 2016. Tháinig feabhas ar chruinneas an réamhaisnéisithe le blianta beaga anuas, áfach, agus glanfháltais laistigh de 10% den réamhaisnéis le linn na tréimhse 2017 go 2022.

1 Caibidil 19 '*Caillteanais chánach corparáide', Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2017.*

2 Tá cur síos déanta ar na deich ngrúpa is mó ag na Coimisinéirí Ioncaim mar na deich gcáiníocóir corparáide is mó. Sa bhliain 2022, bhí na deich ngrúpa is mó freagrach as thart ar 60% de na fáltais cánach corparáide.

**Fíor 22.8 Fáltais cánach corparáide i gcomparáid le réamhaisnéisí, 2010 – 2022[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Comparáid idir glanfháltais cánach corparáide a ndearnadh taifead orthu nuair a fuair na Coimisinéirí Ioncaim iad go próifílí cánach ón Roinn Airgeadais atá bunaithe ar fháltais i gcuntas an Státchiste.

## Conclúidí agus moltaí

**22.39** Maidir le leibhéal na gcaillteanas cánach corparáide a tugadh ar aghaidh a bhí ar fáil sna cúig bliana suas go dtí 2021, níor tháinig athrú rómhór orthu. Ag deireadh na bliana 2021, bhí thart ar €242 billiún de chaillteanais chánach corparáide carntha ar fáil le haghaidh fritháireamh in aghaidh brabús. Is ionann é sin agus laghdú féideartha suntasach ar fháltais cánach corparáide amach anseo, agus é cothrom le tuairim is €30 billiún.

**22.40** Caillteanais cánach corparáide a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin atá i gceist le caillteanais trádála a tabhaíodh agus liúntais chaipitil nár úsáideadh do chuideachtaí i mbun infheistíochta. Faoin reachtaíocht reatha, níl aon difríocht ann, chun críche cánach, idir an chuid de chaillteanas trádála atá inchurtha i leith liúntais chaipitil agus an chuid nach bhfuil. Dá réir sin, ní féidir an t-iarmhéid idir foinsí na gcaillteanas seo a tugadh ar aghaidh a shainaithin go héasca.

**22.41** Níor cuireadh chun feidhme moltaí a rinne an Coiste um Chuntais Phoiblí sa bhliain 2018 maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir caillteanais trádála agus liúntais chaipitil nár úsáideadh agus anailísí aoise rialta a dhéanamh ar chaillteanais a tugadh ar aghaidh. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go mbeadh athruithe reachtaíochta ag teastáil chun na moltaí sin a chur chun feidhme.

**22.42** Bhí caillteanais a tugadh ar aghaidh sa bhliain 2021 thar a bheith comhchruinnithe agus ní raibh ach 28 gcuideachta freagrach as leath an iomláin, beagnach.

**22.43** Maidir le trí thionscadal comhlíonta mhóra ar chaillteanais cánach corparáide a rinne Rannóg na Mórchorparáidí ó bhí 2019 ann, bhí méid €47 milliún sa bhreis i bhfáltais cánach corparáide mar thoradh orthu. Maidir le cleachtaí comhlíonta eile a rinneadh chun réiteach a dhéanamh ar dhifríochtaí a tháinig chun cinn idir figiúr na gcaillteanas a tugadh ar aghaidh ó bhliain amháin leis na caillteanais a tugadh ar aghaidh sa chéad bhliain eile, cé go raibh siad in ann teacht ar chúis leis an neamhréir i bhformhór na gcásanna, rinneadh roinnt fadhbanna a chur in iúl.

### Moladh 22.1

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim próiseas a thabhairt isteach chun imscrúdú a dhéanamh ar chásanna ina dtagann éagsúlachtaí suntasacha chun cinn idir caillteanais cánach corparáide a thug cuideachta ar aghaidh ó bhliain amháin agus na caillteanais a thug sí ar aghaidh sa chéad bhliain eile.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Comhaontaítear.

Tá sé beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim mír oibre a thabhairt isteach chun éagsúlacht shuntasach a mharcáil i gcaillteanais CT1 a tugadh ar aghaidh ó bhliain amháin i gcomparáid le caillteanais a tugadh ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile. Cé go bhfuil go leor cúiseanna bailí ann leis na héagsúlachtaí sin, mar shampla, gluaiseachtaí ráta malairte nó athstruchtúrú grúpa, cinnteofar le cruthú na míre oibre sin go ndéanfaidh cásoibrí athbhreithniú ar chaillteanais nuair a thagann éagsúlacht shuntasach chun cinn.

#### Amlíne don chur chun feidhme

I gcás CT1 2024, roimh ráithe 4 den bhliain 2024.

**22.44** Reáchtáil na Coimisinéirí Ioncaim ón mbliain 2020 scéim géaraithe shealadaigh ar fhaoiseamh i leith caillteanais chánach corparáide, rud a tugadh isteach leis an Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020, chun tacú le cuideachtaí a bhí neamhbhrabúsach mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19. Íocadh aisíocaíochtaí cánach comhiomlána de €72 mhilliún a tháinig as níos mó ná 400 éileamh a cuireadh isteach maidir leis na tréimhsí trádála 2020 agus 2021. Níor tháinig aon toradh cánach breise as fiche idirghabháil comhlíonta (5% de réir lín agus 87% de réir luacha) a rinne Rannóg na Mórchorparáidí maidir leis an scéim.

# Nithe eile

# 23 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**23.1** Ceanglaítear le halt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) (Acht 1990), ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choimeád den airgead ar fad a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur isteach go bliantúil lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ar an iniúchadh a chríochnú, caithfidh GBCN na cuntais agus na tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara a chur isteach chuig an Aire, a chaithfidh iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**23.2** Ar leithligh, ceanglaítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisciú do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna arna gcur i gcuntas ag GBCN gach bliain. Is í seo an tuarascáil do 2022.

## Cuntais GBCN 2022

**23.3** Seo a leanas na cuntais arna n-iniúchadh faoi alt 12 d'Acht 1990

- Fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ciste Bhanc Taisce an Phoist
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ISIF)
- Ciste eascró Apple na hÉireann[1]
- Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla).

**23.4** Ar leithligh, ullmhaíonn GBCN ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin (faoi Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001) agus an Chiste Carbóin (faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007). Foilsíonn GBCN iad sin i dteannta na gcuntas eile (alt 12) a fhoilsíonn sé.

**23.5** Tá iniúchadh déanta ar na cuntais le haghaidh 2022. Eisíodh mo thuarascáil ar na hiniúchtaí an 15 Bealtaine 2023.

1 Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022,* caibidil 24 Feidhmíocht chiste eascró Apple na hÉireann.

## Struchtúr, costais agus foireann na gníomhaireachta

**23.6** Ó bunaíodh GBCN i 1990, forbraíodh é ina eagraíocht chasta ag a bhfuil feidhmeanna iomadúla a chlúdaíonn níos mó ná a bhunról agus a phríomhról maidir le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú (féach Fíor 23.1). Déanann Fíor 23.2 achoimre ar dháileadh chostais GBCN thar na feidhmeanna.

**23.7** Faoi dheireadh 2022, bhí 773 bhall foirne ar fad ag obair in GBCN ar bhonn coibhéise lánaimseartha, ar fud na bhfeidhmeanna agus na ngníomhaíochtaí difriúla (féach Fíor 23.3).

**Fíor 23.1 Feidhmeanna Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh ghníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna/eintitis seo.

b Sna réimsí feidhmiúla de mhaoiniú Stáit agus bainistiú fiachais agus seirbhís bainistithe státchiste, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh Chiste na gCuntas Díomhaoin, Chiste Bhanc Taisce an Phoist agus an Fiachas Náisiúnta na hÉireann.

C Tá an Scéim Ráthaíochta Dliteanais Incháilithe (RDI) dúnta anois. Níl ráthaíocht tugtha do níos mó dliteanas faoin RDI, leis an eisceacht dóibh siúd a thagann chun cinn ó leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (CÉRB). Faoi mar atá an próiseas leachtaithe ag íoc 100% do chreidiúnaithe neamhurraithe faoi láthair, ní raibh aon éileamh ann le déanaí faoin scéim RDI maidir le CÉRB.

d Aistríodh €2 billiún chuig Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) ó Phríomh-Chiste an Státchiste i mí na Samhna 2022.

### Fíor 23.2 Costais oibríochtaí, de réir réimse gnó, 2019 — 2022

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Aonaid ghnó GBCN** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 12.3 | 12.6 | 12.4 | 13.4 |
| An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | 15.2 | 16.0 | 17.2 | 18.4 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 28.5 | 28.1 | 29.2 | 31.7 |
| NewERA | 6.0 | 5.8 | 6.1 | 6.8 |
| Aonad Baincéireachta (An Rannóg Chomhairleach Scarsheilbhe agus Maoinithe, an Roinn Airgeadais) | 3.9 | 1.8 | 2.2 | 4.4 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 12.6 | 11.3 | 11.6 | 2.7 |
| **Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 40.7 | 33.9 | 30.2 | 26.2 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 5.9 | 6.2 | 6.5 | 7.8 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann | 5.3 | 5.0 | 6.0 | 6.2 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **130.4** | **120.7** | **121.4** | **127.5** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

### Fíor 23.3 Dáileadh foirne GBCN ag deireadh na bliana, 2019 — 2022[a]

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Aonaid ghnó GBCN** | | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 23 | 23 | 23 | 24 |
| An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | 47 | 53 | 59 | 66 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 156 | 166 | 170 | 170 |
| NewERA | 25 | 26 | 29 | 29 |
| Aonad Baincéireachta (An Rannóg Chomhairleach Scarsheilbhe agus Maoinithe, an Roinn Airgeadais) | 11 | 9 | 8 | 11 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 64 | 67 | 67 | 66 |
| **Feidhmeanna corparáideacha GBCN** | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 133 | 145 | 143 | 145 |
| Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchóireacht inmheánach | 43 | 48 | 55 | 59 |
| Riosca | 20 | 20 | 20 | 23 |
| Eile | 3 | 1 | 1 | 2 |
| **Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 210 | 174 | 145 | 110 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 23 | 28 | 32 | 38 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann | 21 | 27 | 31 | 31 |
| **Iomlán** | **779** | **787** | **783** | **773** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nóta: a Tá na figiúirí bunaithe ar choibhéisí lánaimseartha.

## Pá atá bainteach le feidhmíocht

**23.8** Cuirtear ar áireamh soláthar d'íocaíocht roghnach atá bainteach le feidhmíocht i dtromlach na gconarthaí fostaithe ag GBCN Tá Coiste Luach Saothair GBCN freagrach as méid iomlán an phá atá bainteach le feidhmíocht don GBCN a fhaomhadh i gcaitheamh bliana, agus as dámhachtainí aonair molta a fhaomhadh i dtreo baill d'fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin (FBF) GBCN. Déanann an Príomhfheidhmeannach dámhachtainí íocaíochta atá bainteach le feidhmíocht le haghaidh fostaithe faoi bhun leibhéal FBF a fhaomhadh tar éis d'fhochoiste de chuid an FBF athbhreithniú a dhéanamh orthu.

**23.9** Seo a leanas na daoine atá páirteach i bhfoireann FBF - an Príomhfheidhmeannach, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin, Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, an Príomhoifigeach Daoine, an Príomhoifigeach Dlí, Stiúrthóir an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, Stiúrthóir na Bainistíochta Maoinithe agus Fiachais, Stiúrthóir na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus NewERA, agus an Ceannasaí Baincéireachta (atá ar iasacht don Roinn Airgeadais).

**23.10** Rinneadh íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht de €2.2 milliún (2021: €2.22 milliún) do 239 bhfostaí le haghaidh 2022 (2021: 231), agus íocadh €130,000 do chúigear ball den FBF (2021: €195,000 do sheisear ball den FBF). Ní bhfuair Príomhfheidhmeannach GBCN aon íocaíocht atá bainteach le feidhmíocht i ndáil le 2022.

### *Gníomhaireachtaí a fhaigheann tacaíocht*

**23.11** I dteannta a oibríochtaí féin, sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann (HBFI), agus soláthraíonn sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar bhonn aisghabháil costas. Tá a bhord féin ag gach ceann de na heintitis a fhaigheann tacaíocht agus tá sé cuntasach ar leithligh do Dháil Éireann.

**23.12** Deonaíodh íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht de €565,000 ar bhaill foirne GBCN a sannadh do ghníomhaireachtaí eile le haghaidh 2022, mar seo a leanas:

- GNBS €341,000 (2021: €371,000)
- SBCI €136,000 (2021: €85,000)
- HBFI €88,000 (2021: €55,000).

### *Soláthar foirne fheidhmeanna an chórais baincéireachta*

**23.13** Tugadh foireann GBCN atá bainteach le soláthar feidhmeanna córais baincéireachta ar iasacht don Rannóg Chomhairleach Scairsheilbhe agus Maoinithe sa Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith. Ar ordachán ón Aire, is é GBCN a íocann na costais ghaolmhara foirne agus comhairleoirí gairmiúla.

**23.14** Bhí na costais ar thabhaigh GBCN iad in 2022 i ndáil leis an Rannóg Chomhairleach Scairsheilbhe agus Maoinithe cothrom le €4.4 milliún (2021: €2.2 milliún). Athghabhadh costais comhairleoirí gairmiúla de €2.7 milliún (2021: €nialas) in 2022 ó na forais airgeadais chuí.

## Príomhoibríochtaí GBCN in 2022

**23.15** Baineann na príomhfhorbairtí in oibríochtaí GBCN in 2022 leo seo

- laghdú €5.9 billiún (2.5%) ar leibhéal an ollfhiachais náisiúnta
- méadú suntasach san ús a íocadh le Ciste Bhanc Taisc an Phoist i dtaca le hairleacain 'bealaí agus modhanna' don Státchiste
- méadú €0.5 billiún ar luach measta na nglansócmhainní de chuid an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
- diúscairt an chuid eile de scairsheilbh an Stáit i mBanc na hÉireann, agus tuilleadh laghdaithe i scairsheilbh an Stáit i nGrúpa AIB cpt
- €2 billiún a aistríodh chuig Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)
- leanúint den treocht aníos i ndliteanas teagmhasach measta na n-éileamh atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

## Fiachas náisiúnta

**23.16** Is í príomhfheidhm GBCN ná iasachtaí a fháil thar ceann an Aire agus chun fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú, atá mar an fiachas iomlán amuigh de thuras na huaire de chuid an Státchiste.[1]

**23.17** An 31 Nollaig 2022, ba é méid iomlán an fhiachais náisiúnta ná €231,236 mhilliún, síos ó €237,177 milliún ag deireadh 2021 (féach Fíor 23.4). Bhí an laghdú €5,941 mhilliún (nó 2.5%) in 2022 ina mhórchúis leis an laghdú i gcothromaíocht bannaí rialtas na hÉireann.

**23.18** Bhí costais seirbhísithe fiachais a íocadh in 2022 cothrom le €3,841 mhilliún agus áiríodh leo glanús íoctha, táillí idirbheart agus costais oibriúcháin. In ainneoin an laghdaithe san fhiachas náisiúnta, bhí costais seirbhísithe fiachais 2.6% níos airde ná 2021, rud a bhris an treocht anuas ó 2015 i leith. Go príomha, bhí an méadú sin mar gheall ar ús 'bealaí agus modhanna' de €146 mhilliún in 2022 (2021: nialas) agus ar an bhfilleadh ar thimpeallacht ráta úis dhearfaigh, a bhí ina chúis le méadú ar ús íoctha ar pháipéar gearrthréimhseach. Fritháiríodh cuid den mhéadú sin le laghdú ar ús íoctha ar chatagóirí eile d'fhiachais náisiúnta. Mar shampla, laghdaíodh ús íoctha ar iasachtaí chláir AE faoi bhreis is €100 milliún.

1 Féach alt 1 d'Acht 1990.

**Fíor 23.4 Fiachas náisiúnta agus costais seirbhísithe fiachais, 2008 — 2022**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**23.19** Bhí sé beartaithe ag GBCN ar dtús idir €10 billiún agus €14 billiún a charnadh i maoiniú bannaí le linn 2022, ar aon dul lena chuspóirí athmhaoinithe fiachais, *inter alia.* I mí Meán Fómhair 2022, dhearbhaigh GBCN gur chuir sé a chlár maoinithe i gcrích don bhliain le breis is 7 mbilliún bannaí fadtréimhseacha eisithe aige. Léirigh an cinneadh sin láidreacht staid airgeadais an Státchiste mar aon le barrachas an Státchiste a bhí tuartha le haghaidh 2022. Eisíodh €0.1 billiún breise trí cheantanna bannaí neamhiomaíocha, rud a d'fhág go raibh an eisiúint iomlán bannaí sa bhliain cothrom le €7.1 billiún. Bhí toradh meáin ualaithe de 1.1% agus aibíocht meáin ualaithe de 14.8 bliain ag an maoiniú bannaí san iomlán.

**23.20** Chomh maith leis sin, thiomsaigh GBCN €0.2 billiún breise i bhfiachas fadtéarmach in 2022 eile faoina Chlár Nótaí Meántéarmacha Euro (NMTE). Bhí dhá láithriú phríobháideacha ar ráta seasta ann a raibh aibíochtaí idir 60 agus 100 bliain acu mar aon le meántoradh a bhí díreach os cionn 2%. Leis sin, tógadh méid iomlán na hiasachtaíochta fadtéarmaí in 2022 go €7.3 billiún.

### *Iasachtaíochtaí gearrthéarmacha*

**23.21** Ceannaíonn mórchomhlachtaí an rialtais agus údaráis áitiúla le cúlchistí airgeadais páipéar gearrthéarmach go minic ó GBCN mar mhodh chun airgead a choimeád nach bhfuil ag teastáil ar an bpointe. Is ionann é sin agus cuid d'iasachtaíocht GBCN, atá aitheanta mar chuid den fhiachas náisiúnta anseo.

**23.22** Ag an 31 Nollaig 2022, coimeádadh fiachas €9.9 billiún i bpáipéar gearrthéarmach trí nótaí Státchiste de €7.5 billiún agus trí nótaí lárnacha cisteáin de €2.4 billiún, agus eisíodh an tromlach acu (€9.7 billiún) chuig comhlachtaí Rialtais — €7.8 billiún chuig comhlachtaí agus cistí rialtais láir, €1.4 billiún chuig údaráis áitiúla agus an t-iarmhéid chuig comhlachtaí eile san earnáil phoiblí. [1]

**23.23** Méadaíodh páipéar gearrthéarmach a eisíodh chuig comhlachtaí earnála poiblí faoi €6.1 billiún idir dheireadh na bliana 2018 agus deireadh na bliana 2022, rud a léiríonn carnadh i leibhéil na n-iarmhéideanna airgeadais a bhailíonn le chéile i gcistí roinne agus i gcláir chomhardaithe comhlachtaí poiblí (féach Fíor 23.5).

1 Baintear úsáid as nótaí cisteáin lárnaigh (CTN) agus as nótaí Státchiste (EXN) mar chineál fiachais páipéir ghearrthéarmaigh le haghaidh iasacht idir-rialtais den chuid is mó.

**Fíor 23.5 Comhdhéanamh páipéir ghearrthéarmaigh a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí ag deireadh na bliana 2018 agus 2022**

| Catagóir | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Comhlachtaí Rialtais Láir | 3,361 | 7,177 | 4,553 | 4,166 | 7,841 |
| Údaráis áitiúla | — | — | — | — | 1,359 |
| Comhlachtaí earnála poiblí i gcorparáidí neamhairgeadais agus airgeadais | 229 | 162 | 556 | 376 | 523 |
| **Páipéar gearrthéarmach iomlán chuig comhlachtaí poiblí** | **3,590** | **7,339** | **5,109** | **4,542** | **9,724** |
| Páipéar gearrthéarmach iomlán chuig comhlachtaí neamhphoiblí | 2,803 | 2,659 | 8,918 | 5,224 | 186 |
| **Páipéar gearrthéarmach iomlán** | **6,393** | **9,998** | **14,027** | **9,766** | **9,910** |
| Céatadán de pháipéar gearrthéarmach a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí | 56% | 73% | 36% | 47% | 98% |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

## Ciste Bhanc Taisce an Phoist

**23.24** Is iad fáltais ó thaiscí Bhanc Taisce an Phoist (POSB) an phríomhfhoinse maoinithe do Chiste Bhanc Taisce an Phoist (an Ciste). Tuairiscítear iarmhéideanna an chuntais taisce mar dhliteanais don Chiste.

**23.25** Baintear úsáid as taiscí POSB i mbealaí difriúla (féach Fíor 23.6).

- Tugtar airgead barrachais sa Chiste ar iasacht don Státchiste mar airleacain ‘bealaí agus modhanna’ — is dliteanas Státchiste é sin atá mar chuid den fhiachas náisiúnta. Ag deireadh 2022, bhí airleacain don Státchiste mar 81.3% de shócmhainní an Chiste.
- Infheistítear roinnt cistí i mbannaí rialtas na hÉireann mar chuid de phunann trádála banna thánaistigh.
- Baintear úsáid as roinnt cistí chun maoiniú gearrthéarmach a sholáthar don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) agus don Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) ar mhaithe lena ngníomhaíochtaí a mhaoiniú — ní ghearrtar aon chostais úis/mhaoiniúcháin ar GÉS ná ar GAFN i ndáil leis na socruithe sin.
- Baintear úsáid as roinnt cistí chun iasachtaí cisteáin lárnaigh a sholáthar do chomhlachtaí ainmnithe amhail na húdaráis áitiúla agus comhlachtaí stáit neamhthráchtála eile ar théarmaí tráchtála (lena n-áirítear muirearú úis) de réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

**23.26** Faoi na treoirlínte ón Aire, ceadaítear do GBCN ús ‘bealaí agus modhanna’ a íoc sa mhéid atá de dhíth chun cúlchistí POSB a choimeád thar thairseach €5 mhilliún.[1] In 2022, d’íoc an Státchiste ús €146 mhilliún (2021: nialas) ar airleacain ‘bealaí agus modhanna’ lena chinntiú go bhfanann taiscí coinnithe an Chiste thar an tairseach, go bunúsach mar gheall ar laghdú luacha chóir infheistíochtaí banna an Chiste. Roimh 2022, íocadh ús ‘bealaí agus modhanna’ den uair dheireanach in 2011 (€124 mhilliún).

1 *Treoirlínte ón Aire do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar bhainistiú laethúil an fhiachais náisiúnta, a eisíodh de bhun Alt 4 (4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.*

**Fíor 23.6 Sreabhadh cistí POSB agus comhdhéanamh iarmhéideanna ag deireadh bliana, 2022**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**23.27** Is iad ús faighte agus infheistíochtaí ar luach cóir na bpríomhfhoinsí ioncaim don Chiste. Méadaíodh caillteanas na n-infheistíochtaí ar luach cóir go suntasach in 2022. Tríd an gcaillteanas, léiríodh an méadú suntasach i bhfáltais i gcaitheamh na bliana thar chuar toraidh rialtas na hÉireann, a bhí ina chúis le dímheas praghsanna bannaí, a bhí mar thoradh ar an dóigh nach raibh an Ciste in ann a chostais a chlúdach (lena n-áirítear íocaíocht táillí seirbhíse le haghaidh An Post), gan ús ioncaim 'bealaí agus modhanna' (féach Fíor 23.7).

**23.28** Le blianta beaga anuas, tháinig laghdú freisin ar rátaí úis margaidh mar aon le laghdú ar an ús a íocadh le coigilteoirí ar a dtaiscí sa Chiste. Mar sin féin, d'fhan na táillí oibríochtúla a bhí iníoctha le An Post réasúnta seasmhach idir 2019 agus 2022 (€29.2 milliún in 2022 san iomlán.) Ba é an toradh deiridh ná gur thabhaigh an Ciste easnamh gach bliain idir 2020 go dtí 2022.

**Fíor 23.7 Ioncam agus caiteachas agus barrachas/(easnamh) an Chiste, 2019 – 2022[a]**







Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist, 2020 go 2022

Nóta: a I ráitis airgeadais 2020, áiríodh athrú i mbeartas cuntasaíochta d'infheistíochtaí an Stáit idir chostasluach agus mhargadhluach cóir a bhí ina chúis le leasú i mbliain roimhe seo trínar athshonraíodh an t-easnamh a tuairiscíodh in 2019 de €2.1 milliún go dtí barrachas de €6.2 milliún. Tá barrachas athshonraithe 2019 ar áireamh thuas.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

**23.29** Is é is an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ) ann ná ciste forbartha ceannasach a bhfuil sainordú reachtúil aige chun infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach a dearadh chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus d'fhostaíocht in Éirinn.[1]

**23.30** Tá sócmhainní ISIF á gcoimeád in dhá phunann.

- Tá an **phunann ordaithe infheistíochta** faoi réir ag ordacháin a thugann an tAire Airgeadais.[2]
- Tá an **phunann lánroghnach infheistíochta** comhdhéanta d'infheistíochtaí a rinneadh de réir ailt ábhartha Acht 2014, áit a ndéanann GBCN sócmhainní CISÉ (seachas infheistíochtaí spriocdhírithe) a shealbhú nó a infheistiú ar bhonn tráchtála.

**23.31** Ag an 31 Nollaig 2022, bhí glansócmhainní de €15 billiún (2021: €14.5 billiún) i seilbh CISÉ. Is é a bhí sna glansócmhainní ná €6.3 billiún sa phunann ordaithe, méadaithe ó €4.8 billiún ag deireadh 2021; agus €8.7 billiún sa phunann lánroghnach, laghdaithe ó €9.6 billiún ag deireadh 2021 (féach Fíor 23.8).

**23.32** Ó 2014 i leith, d'fhás an phunann lánroghnach go measartha ó thaobh luacha de, ó €7.2 billiún ag deireadh 2014 go dtí €8.7 billiún ag deireadh 2022. Go bunúsach, tá sé sin mar gheall ar ghnóthachain infheistíochta de thart ar €2 billiún, ar fritháiríodh cuid de i gcoinne an ghlanaistrithe chaipitiúil chuig tionscnaimh eile Rialtais, agus chuig Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) san áireamh.

### *Diúscairtí scairshealbh i mbainc*

**23.33** Ó 2014 i leith, laghdaíodh an glanluach sócmhainní a coimeádadh sa phunann ordaithe de 58%. Go bunúsach, tá an laghdú ar an luach — ó €15 billiún in 2014 go €6.3 billiún in 2022 — mar gheall ar dhíolachán na scaireanna in AIB Group plc (AIB) agus I mBanc na hÉireann (BOI), agus an t-aistriú ina dhiaidh sin d'fháltais díolacháin chuig an Státchiste. Ag deireadh 2022, bhí na sócmhainní sa phunann sin comhdhéanta d'infheistíochtaí iarmharacha in AIB go príomha.

**23.34** Ag an 23 Meán Fómhair 2022, d'fhógair an tAire Airgeadais gur críochnaíodh plean trádála scaireanna BOI inar laghdaíodh scairsheilbh ordaithe an Stáit go nialas (ó 8% ag deireadh 2021). Diúscraíodh 83 mhilliún scair BOI san iomlán i gcaitheamh 2022, rud a shaothraigh glanfháltais de €508 milliún. Ag deireadh 2022, níor choimeád an Stát aon scairsheilbh in BOI.

**23.35** I gcaitheamh 2022, thug an tAire Airgeadais ordachán do GBCN chun scairsheilbh an Stáit in AIB a laghdú, trí phlean trádála scaireanna; trí pháirt a ghlacadh i gclár aischeannaigh scaireanna AIB; agus go deireanach trí phróiseas luathaithe 'tógála leabhar'. Dhiúscair CISÉ 409 milliún scair AIB san iomlán i gcaitheamh na bliana, rud a shaothraigh glanfháltais de €1,051 mhilliún. Leis sin, laghdaíodh scairsheilbh an Stáit in AIB ó 71.12% go 56.8% at deireadh na bliana.

**23.36** Aistríodh chuig an Státchiste in 2022 €1,355 mhilliún san iomlán a cruinníodh ó dhiúscairtí scaireanna in BOI agus in AIB.

1 Bunaíodh CISÉ i mí na Nollag 2014, de bhun an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014. (Acht 2014). Arl á a bhunaithe, tháinig sócmhainní agus dliteanais an iar-Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CCNP) chun a bheith ina sócmhainní agus ina ndliteanais de chuid CISÉ.

2 Déantar foráil le hAlt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire ordachán a thabhairt do GBCN maidir le sealbhú agus bainistíocht infheistíochta ordaithe, le cleachtadh aon cheart vótála a ghabhann le haon infheistíocht ordaithe, nó le diúscairt infheistíochta ordaithe.

**Fíor 23.8 Luach ghlansócmhainní CISÉ, 2014 - 2022**




Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, 2014 go 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh na Paindéime*

**23.37** I mí na Bealtaine 2020, thug an tAire Airgeadais ordú do CISÉ ciste €2 billiún a chur ar fáil, rud ar ar tugadh Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh na Paindéime (CCTP). Suas lena dhúnadh foirmiúil i mí an Mheithimh 2022, rinne an CCTP iarracht — ar bhonn tráchtála — tacaíocht a thabhairt d'fhiontair mheánmhéide agus mhóra in Éirinn a raibh tionchar ag paindéim Covid-19 orthu, agus béim á leagan ar fhiontair ag a bhfuil breis is 250 fostaí fostaithe nó ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil sa bhreis ar €50 milliún. D'oibrigh an CCTP mar fhophunann de chuid phunann lánroghnach CISÉ de réir shainchúram reachtúil CISÉ.

**23.38** Luaigh GBCN gur faomhadh 42 infheistíocht thar an tréimhse ina raibh an CCTP ann, agus ceangaltas €1.3 billiún san iomlán ann. Luaigh sé freisin nach ndearnadh rianú ar shochar/feidhmíocht an CCTP ar leithligh, ach tá sé léirithe sna figiúirí iomlána don CISÉ.

### *Straitéis infheistíochta athbhreithnithe*

**23.39** I mí an Mheithimh 2022, seoladh straitéis infheistíochta CISÉ, agus díriú á leagan ar cheithre phríomhthéama infheistíochta: an aeráid; tithíocht agus cumasú infheistíochtaí; cuideachtaí dúchasacha a uas-scálú; agus bia agus talmhaíocht.[1] Gheall CISÉ €823 mhilliún in infheistíochtaí in 2022, dá raibh €543 mhilliún bainteach leis na ceithre théama infheistíochta tosaíochta (féach Fíor 23.9).[2] I dtéama na tithíochta agus an chumasaithe infheistíochtaí, áirítear tionscnaíocht chun €500 milliún a infheistiú i gcláir dhifriúla sna cúig chathair réigiúnacha — Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge agus Cill Chainnigh.

1 Tá solúbthacht ag an straitéis nua don CISÉ chun infheistíocht a dhéanamh taobh amuigh de na ceithre théama agus chun aghaidh a thabhairt ar theagmhais mhaicreacnamaíocha nach rabhthas ag súil leo, amhail paindéim Covid-19.

2 Baineann ceangaltais téamaí neamhthosaíochta le straitéisí leagáide (e.g., infheistíochtaí cobhsaíochta an CCTP).

**Fíor 23.9 Infheistíocht CISÉ, de réir téama, in 2022**




Foinse: Tuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2022

### *Síolchiste Nuálaíochta na hÉireann*

**23.40** Lainseáladh Síolchiste Síl Nuálaíochta na hÉireann freisin in 2022 le luach de €90 milliún, agus é comhdhéanta de thrí infheistíocht €30 milliún ó gach páirtí ciste — CISÉ, Ciste Infheistíochta na hEorpa agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, trí Fhiontraíocht Éireann.

**23.41** Díreoidh an ciste a infheistíocht ar chomhlachtaí luathchéime ardfháis in Éirinn a bhfuil síolchaipiteal á lorg acu chun a n-oibríochtaí gnó a uas-scálú. Díreoidh an clár freisin ar thacaíocht a thabhairt do phríomhthosaíochtaí amhail fiontraíocht ban, forbairt réigiúnach agus inbhuanaitheacht.

## Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)

**23.42** Bunaíodh Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) (NSRF) — an 31 Deireadh Fómhair 2019 nuair a cuireadh tús feidhme leis an Acht um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla), 2019 (Acht NSRF).

**23.43** Faoi Acht NSRF, ní foláir don Aire Airgeadais suim fhorordaithe €500 milliún a íoc ó Phríomh-Chiste an Státchiste chuig NSRF gach bliain idir 2019 go dtí 2023, an dá bhliain sin san áireamh, mura socródh an tOireachtas a mhalairt.[1] Ceadaítear ranníocaíocht atá níos mó ná an tsuim fhorordaithe.

**23.44** An 15 Samhain 2019, aistríodh €1.5 billiún ó NSRF chuig CISÉ. An 28 Deireadh Fómhair 2020, aistarraingíodh an tsuim iomlán €1.5 billiún chun cúnamh a thabhairt do phráinnfhreagairt an rialtais do phaindéim Covid-19. Ba é nialas iarmhéid an chiste le linn an chuid eile de 2020 agus 2021. De bhun rún a rith an tOireachtas, níor íocadh an tsuim fhorordaithe chuig NSRF sa bhliain 2020 ná sa bhliain 2021, mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla cruthaithe arbh iad an Breatimeacht agus paindéim Covid-19 ba chúis leo.

**23.45** Ag teacht sna sála ar rún eile ón Dáil an 27 Meán Fómhair 2022, aistríodh suim chomhiomlán €2 billiún chuig NSRF ón bPríomh-Chiste an 1 Samhain 2022. Ag deireadh 2022, bhí glansócmhainní de €2.006 billiún ag NSRF — infheistíodh €2 billiún i nótaí Státchiste, agus ioncam úis de €6 mhilliún.

1 D'fhéadfadh an tOireachtas, ar mholadh ón Aire Airgeadais an 1 Samhain nó tar éis an data sin i mbliain ar leith, rún a rith lena ligfí don Aire gan an tsuim fhorordaithe a íoc isteach sa Chiste don bhliain sin.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**23.46** Bainistíonn GBCN éilimh a bhaineann le díobháil phearsanta, lena n-áirítear faillí chliniciúil, agus éilimh tríú páirtí a bhaineann le damáiste do réadmhaoin thar ceann an Stáit agus thar ceann údaráis tharmligthe Stáit. Lena chois sin, tá ról bainistíochta riosca aige, ina dtugann sé comhairle agus cabhair d'údaráis Stáit chun a neamhchosaint ar éilimh a laghdú. Chomh maith leis sin, déanann sé breithniú agus bainistiú ar éilimh costais tríú páirtí i gcoinne an Stáit agus údaráis tharmligthe Stáit, a eascraíonn as gach catagóir éileamh. Agus na feidhmeanna sin á gcur i gcrích, tugtar 'an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS)' ar GBCN.

### *Socrú éileamh in 2022*

**23.47** In 2022, d'íoc GÉS dámhachtainí agus costais éilimh ghaolmhara ab fhiú €551 mhilliún san iomlán — 7% níos mó ná an bhliain roimhe (2021: €513 mhilliún).[1] Aisghabhann GÉS na suimeanna sin ó údaráis roghnaithe atá faoi dhliteanas i dtaca le héilimh a bhainistíonn GÉS thar a gceann.

**23.48** I dteannta na gcostas socrúcháin, thabhaigh GBCN €31.7 milliún (2021: €29.2 milliún) i gcostais riaracháin a bhain le cur i gcrích fheidhmeanna GÉS. Tá na costais riaracháin sin curtha san áireamh i gcostais riaracháin GBCN, a mhuirearaítear ar an bPríomh-Chiste. Ní lorgaíonn GBCN aisíoc na gcostas sin ó údaráis tharmligthe Stáit.

**23.49** Tá an costas measta a bhaineann le héilimh amuigh a shocrú ag éirí níos mó ag ráta seasta (féach Fíor 23.10). Tá an dliteanas amuigh ag deireadh 2022 measta ag GÉS a bheith cothrom le €4.96 billiún — nach mór ceithre huaire go leith níos mó ná an dliteanas amuigh ag deireadh 2012.[2]

**Fíor 23.10 Dliteanas measta éileamh amuigh ag deireadh na bliana, 2012 — 2022**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**23.50** Socraíodh thart ar 3,082 éileamh in 2022 — síos ó 4,100 éileamh in 2021. Bíodh is gur tháinig laghdú ar líon na n-éileamh arna mbainistiú ag GÉS ag deireadh na bliana, is figiúr ard fós é (féach Fíor 23.11 Ag deireadh 2022, bhí 11,204 éileamh faoi bhainistíocht, lena n-áirítear 1,795 éileamh mar chuid de mhaischaingne (ginearálta agus cliniciúil).

1 Cuimsítear ann gach dámhachtain agus costas a íocadh faoi na scéimeanna ginearálta agus cliniciúla slánaíochta agus gach costas eile ar íoc Aonad na gCostas Dlíthiúil iad — lena n-áirítear costais Bhinse.

2 Baineann €745 mhilliún den dliteanas measta amuigh ag deireadh na bliana le horduithe eatramhacha agus 'íocaíochta tréimhsiúla'.

**Fíor 23.11 Éilimh a fuarthas agus a socraíodh gach bliain, agus éilimh faoi bhainistíocht, ag deireadh na bliana, 2012 — 2022**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**23.51** Ba le comhlachtaí earnála sláinte (lena n-áirítear FSS agus an Roinn Sláinte) a bhain 93% den dliteanas measta amuigh ag deireadh 2022, agus bhí dhá earnáil eile (Ceartas agus Cosaint, agus Oideachas) freagrach as 4.5% eile (féach Fíor 23.12).

**Fíor 23.12 Cion den dliteanas measta amuigh le haghaidh gach earnála údarás Stáit, ag deireadh 2022**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:

a Cuimsíonn an earnáil sláinte FSS, an Roinn Sláinte agus na comhlachtaí atá faoina coimirce, agus comhlachtaí príobháideacha agus deonacha pobail.

b Cuimsíonn Ceartas agus Cosaint Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus comhlachtaí áirithe eile.

c Tá éilimh Tusla curtha ar áireamh sa chatagóir Eile, toisc go dtiteann Tusla faoi choimirce an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

### *Dlíthíocht CervicalCheck*

**23.52** Faoi dheireadh 2022, fuair an GÉS fógra de 379 n-éileamh a bhain leis an gclár CervicalCheck de chuid FSS (deireadh 2021: 340 éileamh).[1] Cuimsítear ansin 78 n-éileamh a bhain le díobháil shíceolaíoch ó bhaill teaghlaigh le mná a bhain leas as an gclár seo.

**23.53** I gcaitheamh 2022, rinneadh 116 éileamh CervicalCheck, rud a thug líon iomlán na gcásanna a rinneadh faoi dheireadh 2022 go dtí 181 chás.[2] Tá na costais iomlána anaithnid toisc go bhfuil formhór na n-éileamh socraithe ag na saotharlanna bainteach leis na cásanna aonair, agus luaigh GBCN nach mbeadh, i dtromlach na gcásanna, sonraí aige ar na híocaíochtaí socraithe a rinne na saotharlanna sin. Cuirtear idirghabháil ar fáil nuair is féidir chun éilimh a shocrú ar bhealach neamhsháraíochta, cé go bhféadfadh nach mbeadh sé sin faoi stiúir GÉS i gcónaí.

**23.54** Tá an Binse CervicalCheck i mbun feidhme ó mhí na Nollag 2020 i leith, soláthartha mar chóras malartach ar na cúirteanna chun éilimh a thagann chun cinn a phróiseáil. Dhún an Binse an fháil iarratas an 26 Iúil 2022, agus 25 chás ar glacadh leo ann. Cuireadh clabhsúr le gach cás faoin tráth sin, agus thángthas ar réiteach le cuid acu. Chríochnaigh an Binse le héisteachtaí cásanna ag deireadh mhí Iúil 2023. Fágtar faoi na gearánaigh i ngach cás a chinneadh cibé acu ar mhian leo éilimh a thabhairt chuig an mBinse nó iad a chur trí na cúirteanna. I gcás gearánaigh a chur éilimh faoi bhráid an Bhinse, coimeádann siad an ceart chun achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte.

### *Éilimh phairilise ceirbrí*

**23.55** Bhí éilimh a bhain le pairilis cheirbreach a fuarthas ó 2012 i leith freagrach as nach mór €1.3 billiún (26%) den dliteanas measta a bhí fós amuigh ag deireadh na bliana 2022. Socraíodh roinnt éileamh thar an tréimhse 2012 go dtí 2022 ar chostas iomlán €621 mhilliún (lena n-áirítear costais dhlíthiúla (gníomhaireacht/gearánaí) de €66 mhilliún).[3]

**23.56** Cuireadh 182 éileamh pairilise ceirbrí san iomlán isteach idir 2012 agus 2022 agus bhí 138 gcinn díobh fós gníomhach ag deireadh 2022. Ba é meánlíon na n-éileamh a fuarthas gach bliain thart ar 17 gcinn in aghaidh na bliana. Mar sin féin, is féidir leis an eatramh ama idir tarlú an teagmhais phairilise ceirbrí agus éileamh a chur isteach faoi a bheith suntasach, agus breis is deich mbliana imithe thart i roinnt cásanna (féach Fíor 23.13).

1 Áiríonn na 379 n-éileamh cásanna Binse

2 Mar gheall ar fhógraí ina dhiaidh sin do GÉS ó na Saotharlanna, tá líon na n-éileamh CervicalCheck difriúil ó na figiúirí a tuairiscíodh i dtuarascáil bhliantúil GBCN in 2022.

3 Éilimh a fuarthas ó 2012 i leith mar a taifeadadh ar an gCóras Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas (NIMS) iad. Is uirlis bhainistíochta riosca ceann go ceann rúnda é NIMS ar fhorbair GÉS í agus a n-úsáideann údaráis Stáit í chun tuairisc a thabhairt do GÉS ar theagmhais agus ar mhaithe lena gcuspóirí bainistíochta teagmhas agus riosca féin.

**Fíor 23.13 Uainiú na dteagmhas pairilise ceirbrí le haghaidh éilimh a fuarthas, 2012 — 2022**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta a Léiríonn na sonraí 182 éileamh a fuarthas a bhí bainteach le pairilis cheirbreach sa tréimhse ó 2012 go dtí 2022.

**23.57** Tá breis is 93% de chostais éileamh pairilise ceirbrí bainteach le teagmhais a tharla sa 19 gcinn déag d'aonad/ospidéal máithreachais Stáit, agus déileálann siad ar fad le líon an-difriúil breitheanna gach bliain.

### *Íocaíochtaí míchearta*

**23.58** Nochtar i ráiteas GBCN faoi rialú inmheánach go ndearnadh trí íocaíocht déag mhíchearta in 2022, arbh fhiú €690,000 san iomlán iad (2021: 15 cinn arbh fhiú €346,000 san iomlán iad). Sheas na híocaíochtaí míchearta sin do 0.1% de na híocaíochtaí uile sa bhliain (de réir lín agus de réir luacha araon). Aisghabhadh gach íocaíocht go hiomlán, agus níor eascraíodh aon ghlanchaillteanas. Is próisis de láimh iad cuid de na próisis ghnó a mbaineann GÉS úsáid astu chun soláthraithe a íoc, agus bíodh is gur tháinig rialuithe agus nósanna imeachta feabhsaithe isteach chun an riosca gnó aolmhar a mhaolú, tharla na híocaíochtaí míchearta sin toisc nach ndearnadh seiceálacha suntasacha ar na hidirbhearta.

**23.59** Luaigh GBCN go bhfuil sé tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na próisis agus na rialuithe atá i bhfeidhm chun líon na mbotún a laghdú sa réimse seo. In 2023, rinne sé athbhreithniú inmheánach ó cheann ceann ar an bpróiseas íocaíochta chun teacht ar níos mó beart féideartha chun an timpeallacht rialaithe ar fad a neartú. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar thorthaí agus moltaí an athbhreithnithe.

### *Eisceachtaí soláthair agus finnéithe saineolacha*

**23.60** In 2022, rinne an GBCN íocaíochtaí ar luach iomlán €7.1 milliún (gan CBL a áireamh) (2021: €6.15 milliún, gan CBL a áireamh) i dtaobh earraí/seirbhísí a bhí faoi réir eisceachtaí soláthair arna bhfaomhadh i gcomhréir le *Beartas Soláthair* agus *Nós Imeachta Soláthair* GBCN.

**23.61** D'fhan leibhéal iomlán an tsoláthair neamhiomaíoch ag GBCN ar leibhéal réasúnta comhsheasmhach le sé bliana anuas. Mhéadaigh an cion den chaiteachas a bhaineann le finnéithe saineolacha arna gcoinneáil ag GÉS bliain i ndiaidh bliana i gcaitheamh na tréimhse céanna (féach Fíor 23.14). Tá méadú faoi dhó tagtha ar na costais as finnéithe saineolacha a sholáthar go neamhiomaíoch ó 40% d'iomlán na n-eisceachtaí soláthair in 2017, go 81% in 2022. Freisin d'éirigh punann éileamh an Stáit níos mó agus níos casta i gcaitheamh an ama sin.

**23.62** Cuireann GÉS a chuid finnéithe saineolacha in dhá chatagóir leathana — finnéithe i ndáil le cúis agus dliteanas (e.g., finnéithe leighis agus innealtóra), agus finnéithe i ndáil le candam agus fíric (e.g., finnéithe achtúireacha). Ní dhéanann GÉS finnéithe i ndáil le cúis agus dliteanas a sholáthar go hiomaíoch toisc go meastar go dtiocfadh leibhéal breise de riosca dlíthíochta chun cinn de thoradh phróiseas soláthair den sórt sin i ndáil le neamhspleáchas na bhfinnéithe sin.

**23.63** Thabhaigh GÉS costais finnéithe saineolacha de €5.76 milliún (2021: €4.99 milliún) in 2022. Dúirt GÉS nach gcoimeádann sé miondealú ar na costais de réir chatagóir na bhfinnéithe.

**23.64** Cuireadh painéal chun finnéithe saineolacha ailtireachta ar fáil agus astu féin, cuireadh trí phainéal le haghaidh soláthraithe seirbhíse imscrúdaitheoirí príobháideacha ar fáil a bhain le finnéithe maidir le candam agus fíric mar gheall ar phróisis tairisceana iomaíche, i mí an Mhárta 2023.

**Fíor 23.14 Eisceachtaí soláthair GBCN, 2017 - 2022**




Foinse: Ráitis Airgeadais de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2017 go 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Aisíocaíocht GÉS*

**23.65** Faigheann GÉS cistí ar iasacht ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist (POSB) chun costais nó socruithe a chlúdach thar ceann na n-údarás tarmligthe Stáit. Aisghabhtar gach costas ó na húdaráis tharmligthe Stáit, aisíocann GÉS Ciste POSB ar bhonn rialta i gcaitheamh na bliana, gan aon chostas airgeadais a bheith tabhaithe.[1]

**23.66** D'eisigh GBCN sonrasc mhí na Samhna le haghaidh aisíocaíocht le FSS an 2 Nollaig 2022, agus d'eisigh sé sonrasc mhí na Nollag an 21 Nollaig 2022. D'íoc FSS íocaíochtaí don dá mhí araon, arbh fhiú €114 mhilliún iad, an 29 Nollaig 2022.[2] Le lá oibre amháin fágtha ag deireadh na bliana (30 Nollaig), ní raibh GBCN in ann ach cuid den fháltas a aistriú chuig Ciste POSB roimh an 31 Nollaig 2022. Aistríodh iarmhéid an fháltais (€74 mhilliún) chuig Ciste POSB i mí Eanáir 2023.

1 Alt 16 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000

2 Dúirt GÉS nach mbeidís seo measta mar fháltais dhéanacha ó FSS.

**23.67** Dúirt GBCN go n-oibreodh sé le FSS maidir le tráthúlacht íocaíochtaí ag deireadh na bliana, cé go measann sé nach bhfuil aon fheabhsuithe próisis ar leith ag teastáil.

# 24 Feidhmíocht chiste eascró Apple na hÉireann

**24.1** Is ciste ilbhilliún euro é ciste eascró Apple na hÉireann a choinnítear faoi théarmaí comhaontaithe fhoirmiúil idir an tAire Airgeadais (an tAire) agus Apple Sales International Limited agus Apple Operations International Limited (dá ngairtear Apple go comhpháirteach ina dhiaidh seo), ar feitheamh thoradh deiridh na n-agóidí dlíthiúla in aghaidh na gcinntí ó imscrúdú Státchabhrach a rinne an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún).[1]

**24.2** Déanann an tAire agus Apple formhaoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste i gcomhpháirt. Tharmlig an tAire a fheidhmeanna ina leith sin chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN).

## Bunús an chiste eascró

**24.3** I mí an Mheithimh 2014, thionscain an Coimisiún próiseas um imscrúdú foirmiúil ar na tuairimí cánach a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim do Apple i 1991 agus in 2007.[2] I mí Lúnasa 2016, d'eisigh an Coimisiún an cinneadh uaidh go rabhthas den tuairim gur thug Éire Státchabhair neamhdhleathach do Apple.[3]

**24.4** D'ordaigh an Coimisiún d'Éirinn an Státchabhair líomhnaithe a aisghabháil ó Apple, móide ús a bhain le tréimhse deich mbliana ó 2003 go 2014.[4]

**24.5** Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim gur €13.1 billiún móide ús de €1.2 billiún an Státchabhair líomhnaithe a bhí le bailiú trí thagairt a dhéanamh don chinneadh ón gCoimisiún. Rinne Rialtas na hÉireann agus Apple araon achomharc in aghaidh an chinnidh ón gCoimisiún ach d'aontaigh siad mar sin féin go gcoinneofaí na méideanna aisghafa i gciste eascró go dtí go dtabharfaí an próiseas dlíthiúil chun críche. D'aistrigh Apple €14.3 billiún isteach sa chuntas eascró in 2018.[5]

**24.6** I mí Iúil 2020, chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an cinneadh ón gCoimisiún, gur thug Éire Státchabhair neamhdhleathach do Apple, ar neamhní. Thaisc an Coimisiún achomharc i gcoinne an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta.

**24.7** I mí na Bealtaine 2023, reáchtáil Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) éisteacht ó bhéal i dtaobh achomharc an Choimisiúin. Is é an chéad bheart eile a dhéanfar sa phróiseas ná tuairim an Abhcóide Ghinearálta a fhoilsiú, atá sceidealta lena foilsiú ar an 9 Samhain 2023. Eiseoidh an CJEU a bhreithiúnas tar éis an dáta sin.

## Formhaoirseacht agus bainistíocht ar an gciste

**24.8** Trí na cistí aisghafa a chur i gciste eascró, ligtear do na páirtithe eascró (an tAire agus Apple) a chinneadh i gcomhpháirt conas a infheistítear na cistí sin go dtí go dtabharfaidh an CJEU breithiúnas críochnaitheach agus go gcinnfear úinéir deiridh an chiste.

1 I mí Aibreáin 2023, ghabh Apple atheagrú corparáideach air féin trína ndéanfaí Apple Operations Europe Limited (AOE) mar chuid dá mháthairchuideachta chorpraithe, Apple Operations International Limited (AOI), faoi na forálacha ábhartha d'Acht na gCuideachtaí, 2014. De bhun an chumaisc, ghlac AOI cearta, oibleagáidí, agus dliteanais uile AOE air féin.

2 Dhírigh an t-imscrúdú ar a fháil amach ar thug na tuairimí sin aon bhuntáiste d'fhochuideachtaí Apple Ireland i gcoibhneas le hiomaitheoirí, sa chaoi is go mbeidís ina Státchabhair.

3 Cinneadh ón gCoimisiún maidir le Státchabhair SA.38373 an 30 Lúnasa 2016.

4 Airteagal 9, Caibidil V, de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004. Is é cás Apple na hÉireann an aisghabháil Státchabhrach is mó a ordaíodh riamh.

5 Tá na figiúirí sa tuarascáil seo slánaithe.

**24.9** Leagtar amach sa chreatghníomhas a comhaontaíodh idir an tAire agus Apple na socruithe mionsonraithe dlí lena rialaítear an chaoi ar cheart an ciste a bhainistiú agus conas a dhéanfar airgead a scaoileadh ón gciste eascró nuair is gá.[1] Déantar achoimre ar na socruithe i leith formhaoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar an gciste in Iarscríbhinn 24A.

### *Gníomhaire eascró/taisceánach agus bainisteoirí infheistíochta*

**24.10** Ar ordachán ón Aire, rinne GBCN formhaoirseacht ar na próisis soláthair agus ceapacháin chun gníomhaire eascró/taisceánach agus bainisteoirí infheistíochta a cheapadh le haghaidh an chiste. Tar éis próisis tairisceana iomaíocha a reáchtáil, ceapadh gníomhaire eascró/taisceánach agus triúr bainisteoirí infheistíochta in 2018, agus é i gceist go leanfaidís ina róil fad is ann don chiste, faoi réir cearta foirceanta luaith.

**24.11** Dá réir sin, beidh na conarthaí i bhfeidhm ach amháin agus go dtí go bhfoirceannfar iad de réir a dtéarmaí faoi seach, lena bhféadfar soláthar seirbhíse a chinntiú i rith na tréimhse go dtí go ndéanfar cinneadh deiridh in CJEU maidir le bailíocht an chinnidh ón gCoimisiún.

## Straitéis infheistíochta

**24.12** Tá na prionsabail infheistíochta agus na paraiméadair infheistíochta don chiste eascró leagtha amach sa bheartas infheistíochta. Is é cuspóir an bheartais infheistíochta ná luach caipitiúil an chiste a chaomhnú a mhéid is féidir i bhfianaise na ndálaí margaidh atá i réim. ‘Íseal’ atá an inghlacthacht riosca chomhaontaithe i leith an chiste eascró, agus ní cheadaítear infheistíochtaí ach in urrúis a bhfuil leibhéal íseal riosca bhunúsaigh acu, amhail urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte ar urrúis ghearrthéarmacha nó mheántéarmacha iad. Déanann an coiste infheistíochta athbhreithniú ó am go chéile ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an beartas infheistíochta fós oiriúnach.[2] Luaigh GBCN nach ndearnadh aon athrú ar an mbeartas infheistíochta go dtí seo.

**24.13** Tá an ciste eascró gan chosaint ar rioscaí éagsúla margaidh, leachtachta agus creidmheasa. Féachann an clár bainistíochta riosca don chiste le héifeachtaí díobhálacha féideartha na rioscaí ar a fheidhmíocht airgeadais a íoslaghdú.

**24.14** Is iad na bainisteoirí infheistíochta a dhéanann bainistíocht agus monatóireacht ar rioscaí. Déanann an gníomhaire eascró/taisceánach monatóireacht neamhspleách ar an dóigh a mbíonn na bainisteoirí infheistíochta ag comhlíonadh a sainorduithe agus tuairiscíonn siad do GBCN agus Apple ar bhonn laethúil. Tá na sainorduithe a eisítear chuig na bainisteoirí infheistíochta comhsheasmhach leis an mbeartas infheistíochta don chiste. Déanann an coiste infheistíochta breithniú ar chomhlíonadh an bheartais infheistíochta ar bhonn ráithiúil. Tionóltar cruinnithe rialta idir an coiste infheistíochta agus na bainisteoirí infheistíochta chun feidhmíocht na mbainisteoirí infheistíochta agus feidhmíocht an chiste eascró fhoriomláin a athbhreithniú.

1 Leasaíodh an creatghníomhas agus cuireadh leis i dtús mhí an Mhárta 2023 d’fhonn an cumasc idir AOE agus AOI a éascú agus le go leanfaí leis na socruithe comhaontaithe i leith an chiste eascró tar éis an cumasc a bheith curtha i gcrích. Féach nóta ciumhaise 1 thuas.

2 Agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) mar chathaoirleach air, tá triúr ionadaithe ó GBCN agus triúr ionadaithe ó Apple ar an gcoiste infheistíochta.

## Feidhmíocht an chiste eascró

**24.15** Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITAnna), de réir mar a threoraíonn an tAire.[1,2] Déantar luacháil ar shócmhainní airgeadais uile an chiste eascró ar luach cóir, arb é an luach margaidh luaite é i ndeireadh na trádála ar dháta dheireadh na tréimhse.

**24.16** De réir an bheartais infheistíochta, infheistítear an ciste eascró in urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte atá ainmnithe in euro, nó coinnítear é mar airgead tirim agus mar choibhéisí airgid thirim. Cuimsítear in urrúis ioncaim sheasta bannaí ceannasacha, cuasacheannasacha agus corparáideacha. Cuimsítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile (a bhfuil aibíocht de thrí mhí nó níos lú acu).

**24.17** Ag an 31 Nollaig 2022, bhí sócmhainní arbh fhiú €13,376 milliún san iomlán iad á gcoinneáil sa chiste eascró, agus infheistíodh 82% díobh sin i sócmhainní airgeadais agus coinníodh 18% díobh in airgead agus i gcoibhéisí airgid. Is athrú nach beag é seo i gcomparáid le deireadh na bliana 2021, am a raibh sócmhainní iomlána deighilte idir 96% díobh a bheith ina sócmhainní airgeadais agus 4% díobh a bheith ina n-airgead agus ina gcoibhéisí airgid.

**24.18** Baineadh €259 milliún ó luach ghlansócmhainní an chiste in 2022 go dtí gurbh é €13,374 milliún an méid a bhí fágtha (2021: €13,633 milliún).[3] Ba é ba bhun leis an laghdú ar luach a tharla don bhliain ná an méadú suntasach a tháinig ar thorthaí ar fud margaí domhanda ioncaim sheasta, agus costais a bhain leis an gciste a fheidhmiú.

**24.19** Thabhaigh an ciste eascró costais oibríochta de €6 mhilliún in 2022 (2021: €6 mhilliún) a bhaineann go príomha le táillí na mbainisteoirí infheistíochta agus an ghníomhaire eascró/an taisceánaigh.

**24.20** Léirítear i bhFíor 24.1 an ghluaiseacht i nglansócmhainní an chiste gach bliain, ó 2018 go 2022.

**Fíor 24.1 Gluaiseacht i nglansócmhainní an chiste — 2018 go 2022**




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2018 go 2022

.

1 Toisc gur tharmlig an tAire na feidhmeanna infheistíochta, tá ceangal ar GBCN faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna léasú), ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú a ndéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu, agus a gcuirfear faoi bhráid Thithe an Oireachtais (i ndiaidh an iniúchta).

2 Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de réir alt 28(5) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

3 Is ionann an difríocht idir iomlán na sócmhainní maille le hiomlán na nglansócmhainní agus dliteanais an chiste atá le híoc ag deireadh na bliana.

## Iarscríbhinn 24A Formhaoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht ar an gciste eascró[a,b,c]




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2022. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Is é ról Bhanc Nua-Eabhrac Mellon, Brainse Londain (BNYM), mar ghníomhaire eascró agus mar thaisceánach ná cuntais bainc eascró/urrús a oscailt agus a chothabháil chomh maith leis na cistí eascró a shealbhú, a chur i bhfeidhm agus a réadú de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha den chomhaontú gníomhaire eascró/taisceánaigh.

b Tá na bainisteoirí infheistíochta - Amundi Asset Management, BlackRock (An Ísiltír) BV agus Goldman Sachs Asset Management International - freagrach as bainistíocht infheistíochtaí de réir sainordú bainisteora infheistíochta chun caipiteal an chiste a chaomhnú a mhéid is féidir i bhfianaise dhálaí reatha an mhargaidh.

c Tá an ciste eascró á shealbhú ag BNYM, mar ghníomhaire eascró agus mar thaisceánach. Is é an tAire agus Apple Sales International Limited in éineacht le Apple Operations International Limited a dhéanann maoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste eascró trí bhíthin coiste infheistíochta. Is é an tAire Airgeadais an t-úinéir tairbhiúil ar feadh fhad an chiste eascró de réir an chreatghníomhais eascró chomhaontaithe.

# 25 Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

**25.1** Bunaíodh Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 (an tAcht), chun measúnuithe neamhspleácha a sholáthar ar phleananna agus réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais agus chun plé poiblí a threorú ar ábhair eacnamaíocha agus bhuiséadacha.

## Cuntais Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

**25.2** Is é Cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí an t-oifigeach atá freagrach as a ráitis airgeadais a ullmhú agus a chur i láthair lena n-iniúchadh.[1] Faoin Acht, ceanglaítear ar an gComhairle Bhuiséadach cuntais ar fháltais agus ar chaiteachas a choinneáil san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire) agus iad a chur isteach lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann siad.[2] Ar chríochnú an iniúchta, ní mór cóip de na cuntais agus den tuarascáil iniúchóra a thabhairt don Aire, agus é de dhualgas air nó uirthi ar a s(h)eal é a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**25.3** Ar leithligh, ceanglaítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thugann an Chomhairle Bhuiséadach chun cuntais gach bliain. Is í seo an tuarascáil do 2022.

**25.4** Rinneadh iniúchadh ar chuntais na Comhairle Buiséadaí do 2022, agus eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh an 19 Meán Fómhair 2023.

**25.5** Is deimhin liom go dtugtar sna cuntais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle Buiséadaí ag deireadh 2022 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain.

## Maoiniú

**25.6** Maoinítear an Chomhairle Bhuiséadach ó Phríomh-Chiste an Státchiste, faoi réir méid ‘uasteorann’ bliantúil atá innéacsaithe de réir boilscithe.[3] B’ionann an uasteorainn mhaoinithe a bhí bunaithe ar airgead tirim do 2022 agus €854,000 (2021: €834,000) agus tharraing an Chomhairle Bhuiséadach cistí dar luach €730,000 (2021: €648,000) sa bhliain.[4]

**25.7** B’ionann ioncam na Comhairle Buiséadaí don bhliain agus €904,000 (2021: €836,000) nuair a thugtar cuntas ann ar bhonn fabhraithe.[5]

**25.8** B’ionann caiteachas reatha na Comhairle Buiséadaí agus €901,000 in 2022 (2021: €836,000).

**25.9** B’ionann costais tuarastail agus 51% den chaiteachas in 2022. Bhain an ghné ba mhó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle Buiséadaí le táille riaracháin a bhí iníoctha leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) i leith costais cóiríochta oifige agus seirbhísí tacaíochta in 2022, arbh ionann iad agus thart ar €126,000 san iomlán.

1 D’éirigh an tUasal Sebastian Barnes (ECFE) as mar Chathaoirleach ar an gComhairle Bhuiséadach ag deireadh mhí an Mheithimh 2023. Tá an tOllamh Michael McMahon ceaptha mar Chathaoirleach gníomhach ar an gComhairle, go dtí go dtabharfar an próiseas chun Cathaoirleach nua a roghnú chun críche.

2 Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102.

3 Foráiltear le mír 9 den sceideal a ghabhann leis an Acht don fhoinse maoinithe agus socraítear léi an leibhéal bunlíne caiteachais don Chomhairle ar thosach feidhme (an 31 Nollaig 2012) ag €800,000.

4 Cuireann an Roinn Airgeadais Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh i bhfeidhm agus an uasteorainn d'aon bhliain á cinneadh aici. Ba é 2.4% an ráta ICPT a úsáideadh chun uasteorainn na bliana 2022 a ríomh, bunaithe ar thuairisceán ICPT na bliana 2021.

5 Cinntear ioncam agus caiteachas faoin gcoinbhinsiún cuntasaíochta fabhraithe, agus tá an uasteorainn mhaoinithe bunaithe ar airgead tirim.

## Athbhreithniú piaraí

**25.10** De réir an phlean straitéisigh 2020–2022 uaithi, choimisiúnaigh an Chomhairle Bhuiséadach an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar fheidhmiú na Comhairle Buiséadaí maidir lena sainordú faoin Acht, lena struchtúir rialachais, le cé chomh héifeachtach agus a chuireann sí a cuid oibre in iúl agus le tionchar a cuid oibre. Ba é sin an dara hathbhreithniú seachtrach neamhspleách ar an gComhairle Bhuiséadach.[1]

**25.11** Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa athbhreithnithe i mí Feabhra 2021.[2]

**25.12** Fuarthas amach san athbhreithniú gur fheidhmigh an Chomhairle Bhuiséadach go maith de réir caighdeáin idirnáisiúnta, agus í ag comhlíonadh na bprionsabal nó na gcaighdeán i mbeagnach gach réimse nó ag feidhmiú os a gcionn. Luadh san athbhreithniú gur chuidigh an Chomhairle Bhuiséadach le bainistíocht bhuiséadach a neartú in Éirinn trí uirlisí nua a fhorbairt chun comhlíonadh rialacha buiséadacha a mheas agus chun an timthriall eacnamaíoch a thomhas. Fuarthas amach san athbhreithniú go léiríonn an Chomhairle leibhéil arda trédhearcachta maidir lena modheolaíochtaí agus go meastar í a bheith neamhspleách agus neamhchlaonta.

**25.13** Rinneadh roinnt moltaí thar shé réimse san athbhreithniú: buiséad, ceannaireacht, ceanglais rialachais, rochtain ar fhaisnéis, soláthar foirne agus saincheisteanna buiséadacha meántéarmacha agus fadtéarmacha.

**25.14** Ag teacht sna sála ar mholtaí na tuarascála, d’aithin an Chomhairle Bhuiséadach 28 ngníomhphointe molta. Chinn an Chomhairle gan dhá mholadh a chur i bhfeidhm, agus, maidir leis na 26 mholadh atá fágtha, tá sí den tuairim go bhfuil cur chun feidhme 14 acu faoina rialú díreach, ach nach bhfuil aon smacht aici ar chur chun feidhme 12 cheann eile.

**25.15** Tá an Chomhairle Bhuiséadach i mbun na moltaí atá faoina rialú a chur i bhfeidhm, fad is atá saincheisteanna eile á bplé aici leis an Rialtas. Tá deich gcinn de na moltaí atá faoi rialú díreach na Comhairle curtha i bhfeidhm go hiomlán, agus tá obair idir lámha chun na ceithre mholadh eile a chur i bhfeidhm.

**25.16** Maidir leis an 12 mholadh nach bhfuil faoi rialú díreach na Comhairle, tá ceithre cinn acu curtha i bhfeidhm go hiomlán amhail Lúnasa 2023. Leanfaidh an Chomhairle den phlé atá ar siúl aici leis an Roinn Airgeadais maidir le cur i bhfeidhm seacht moladh eile. Chinn an Chomhairle gan tabhairt faoi athrú reachtach a moladh lena n-aistreofaí ról an duine chuntasaigh ó Chathaoirleach na Comhairle go ceann Rúnaíocht na Comhairle.

**25.17** D’fhoilsigh an Chomhairle plean straitéiseach nua (2023–2025) i mí Eanáir 2023. Is é an sprioc straitéiseach atá aici don tréimhse ná gach gné dá sainordú a chur i gcrích, is é sin, réamhaisnéisí oifigiúla, staid fhioscach an Rialtais agus comhlíonadh na rialach buiséadaí a mheas; chomh maith le glacadh le réamhaisnéisí maicreacnamaíocha oifigiúla. Tugtar gealltanas leis an bplean straitéiseach go gcuirfidh an Chomhairle tús leis an gcéad athbhreithniú seachtrach eile ar a cuid oibríochtaí in 2026.

1 Rinneadh an t-athbhreithniú seachtrach roimhe sin in 2015.

2 Tá na tuarascálacha athbhreithnithe sheachtraigh do 2015 agus do 2021 le fáil ag www.fiscalcouncil.ie/.